



Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Tuarascáil Bhliantúil

Cuntais na Seirbhísí Poiblí

2008

Curtha faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir Ailt 3(11) de Acht an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2009

Ullmhaíodh an tuarsacáil ar bhunús na doiciméadachta faisnéise agus na mínithe a fuarthas ó Ranna agus Oifigí Rialtais a ndéantar tagairt dóibh sa Tuarascáil.

Seoladh dréachtanna de mhíreanna ábhartha na Tuarascála chuig na Ranna agus Oifigí Rialtais lena mbaineann agus iarradh a gcuid tuairimí orthu. Nuair is cuí coimsíodh na tuairimí sin sa leagan deiridh den Tuarascáil.


An English language version of this report is also available (Prn. A9/0587).

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí – 2008

Tá sé mar dhualgas orm faoi Alt 33 den Bhunrecht tuairisciú chuig Dáil Éireann ag tréimhsí ainmnithe de réir an dlí.

Faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá sé de dhualgas orm m'iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála na Ranna agus na nOifigí agus cuntais fáltais ioncaim an Stáit a thuairisciú chuig Dáil Éireann tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair sa bhliain tar éis na bliana lena mbaineann na cuntais sin.

Cuirim i láthair mo Thuarascáil do 2008 de réir Alt 3 den Acht thuasluaite.



Seán Ó Buachalla
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Meán Fómhair 2009

Clár

Torthaí Airgeadais	3
Bainistíocht Vóta	7
Fiachas Náisiúnta.....	11
Tiomantais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha	23
Pinsin na Seirbhíse Poiblí	37
An tAontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2008	43
Bearta Cobhsaíochta Baincéireachta.....	51
Soláthar Poiblí	65
Deireadh á chur le Mórhionscadail ICT.....	75
Bailiúchán Ioncaim	85
Seiceálacha agus Imscrúduithe na Coimisinéirí Ioncaim.....	99
Clár Iniúchta Randamach - Ioncaim	109
Measúnú, Anailís agus Próifiliú Riosca na gCoimisinéirí Ioncaim	119
Aschur agus Feidhmíocht Luachála.....	129
Sibhialú an Gharda Síochána	137
Soláthar i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.....	149
Foirgneamh na gCúirteanna Breithiúnais Choiriúla	171
Mapáil Dhigiteach san Údarás um Chlárú Maoine	191
Infheistíocht i gCreidmheas Carbóin	203
Maoiniú Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla	215
Pleanáil Bhunscoile	223
Cúnamh Oifigiúil Forbartha.....	235
Líonraí Achair Cathrach	243
Feidhmíocht Eagraíochta sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	253
An Scéim Feabhsaithe Feirme	265
Dliteanais faoin Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme a Iarchur.....	273

Ceannach Amach an Naisc Thiar.....	281
An Misean go dtí Sead.....	287
Caiteachas ar Leas Sóisialach	297
Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh sa Bhreis ar Theidlíocht.....	305
Athbhreithniú ar Chásanna Ró-Íocaíochta Leasa Shóisialaigh	313
Taifeadadh agus Aisghabháil.....	319
Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh.....	319
Athbhreithniú ar Íocaíochtaí Cuardaitheora Poist.....	327
Aistriú Feidhmeanna Leasa	335
An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid	343
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála.....	359
Bainistiú Ioncam Othar Príobháideach	377
Tomhas Feidhmíochta agus Feabhsúchán sa HSE.....	391
Cur i bhfeidhm Chonradh na gComhairleoirí Leighis	419
Seirbhís Otharcharranna Bhaile Átha Cliath.....	429
Feidhmeanna agus Feidhmiú NTMA.....	443
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean.....	447
Aguisíní	453

Caibidil 1 Rialtas Láir

Torthaí Airgeadais

Torthaí Airgeadais

1.1 Ba é €42.54 billiún ioncam iomlán an rialtais láir i 2008. Ba ioncam cánach de €40.78 billiún an chuid ba mhó de seo. Ba é €55.25 billiún caiteachas an rialtais láir i 2008 agus glan-easnamh Státhiste de €12.71 billiún i 2008 mar thoradh air.

1.2 Tá toradh foriomlán na bhfáltas agus an chaiteachais ar phríomhghníomhaíochtaí an rialtais láir leagtha amach i Fíor 1.

Fíor 1 Fáltais agus Caiteachas an Státhiste, 2007 agus 2008

	2007		2008	
	€bn	€bn	€bn	€bn
Fáltais				
Fáltais Chánach		47.25		40.78
Fáltais Eile				
Ioncam Neamhchánach	0.64		0.85	
Aisíocaíochtaí ar lasachtaí	0.75		0.75	
Fáltais Chaipitil	0.20	1.59	0.16	1.76
Fáltais Iomlána an Státhiste		48.84		42.54
Caiteachas				
Glancaiteachas a vótáladh		44.61		49.31
Caiteachas Eile				
Fónamh d'Fhiachas Náisiúnta	1.68		1.61	
Ranníoca an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean	1.62		1.69	
Íocaíochtaí leis an AE	1.57		1.59	
Lasachtaí a eisíodh	0.74		0.74	
Íocaíochtaí Eile	0.24	5.85	0.31	5.94
Caiteachas Iomlán an Státhiste		50.46		55.25
Barrachas/(Easnamh) na bhFáltas i gcomparáid le Caiteachas		(1.62)		(12.71)

Foinse: Cuntas an Státhiste 2007, 2008.

1.3 Tá gluaiseachtaí maidir le hiarmhéideanna an Státhiste a bhaineann le torthaí airgeadais an rialtais láir leagtha amach i Fíor 2.

Fíor 2 Gluaiseachtaí maidir le hIarmhéideanna an Stáitchiste, 2007 agus 2008

	2007		2008	
	€bn	€bn	€bn	€bn
Iarmhéid an Stáitchiste an 1 Eanáir				
Cuntas Stáitchiste an Bhainc Cheannais	3.59		4.00	
Taiscí Tráchtála	—	3.59	0.49	4.49
Gluaiseacht sa Bhliain				
Glan-lasacht/(Aisiocaíochtaí) an Stáitchiste sa Bhliain	2.52		30.28	
Barrachas/(Easnamh) na bhFáltais i gcomparáid le Caiteachas	(1.62)	0.90	(12.71)	17.57
Iarmhéid an Stáitchiste an 31 Nollaig				
Cuntas Stáitchiste an Bhainc Cheannais	4.00		21.27	
Taiscí Tráchtála	0.49	4.49	0.79	22.06

Foinse: Cuntais Airgeadais 2007, 2008

Mórdhliteanais agus Mórshócmhainní an Stáitchiste

1.4 Déileálann na caibidilí seo a leanas le príomhdhliteanais fhadtéarma an Stáit an 31 Nollaig 2008.

- Léiríonn Caibidil 3 gurbh ionann an glanfhiachas náisiúnta ag parluachanna infhuascailte agus €50.4 billiún ag an dáta sin
- Nochtann Caibidil 4 gurbh ionann na tiomantais neamhíoctha ag praghsanna dheireadh na bliana 2008 faoi chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideach agus €4.27 billiún
- Bhí €108 billiún breise fabhráithe i ndáil le pinsin na seirbhíse poiblí. Tá déileáilte leis sin i gCaibidil 5.

1.5 Ba é €16.1 billiún luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, a tomhasadh ag praghsanna margaidh, an 31 Nollaig 2008. Déileálann Caibidil 42 leis an gciste seo.

1.6 Nochtann na Cuntais Airgeadais, a ndéantar iad a iniúcadh ar leithligh, mion-sreabhadh airgid, mion-sócmhainní agus mion-dliteannais an rialtais láir.

Caibidil 2 Rialtas Láir

Bainistíocht Vóta

Bainistíocht Vóta

2.1 Soláthraíonn Dáil Éireann airgead do ghnáthsheirbhísí rann agus oifigí Rialtais trí mheastacháin a cheadú ar na suimeanna a theastaíonn le haghaidh na seirbhísí sin i rith gach bliana agus éifeacht reachtúil á tabhairt do na meastacháin sin in Acht Leithreasa bliantúil.

2.2 Déantar foráil do chaiteachas faoi shraith ‘vótaí’. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a chur ar fáil do gach vóta. Ní mór don chuntas leithreasa mionsonraí a sholáthar ar an táirgeacht don bhliain i gcomparáid leis an tsuim a sholáthraíonn Dáil Éireann.

2.3 Léiríonn Aguisín A – Fíor 150 an tsuim a sholáthair (nó a leithreasaigh) Dáil Éireann faoi gach vóta do 2008. B’ionann an tsuim iomlán a leithreasaíodh maidir le seirbhísí 2008¹ agus €54.6 billiún. Is éard a bhí sa tsuim sin

- deontais soláthair arbh ionann iad agus €50.05 billiún ar an iomlán
- leithreasaí i gcabhair, ar fáltais iad ar féidir a choimeád agus a úsáid chun speansais an vóta ábhartha a íoc, a bhfuil €4.47 billiún ar an iomlán i gceist leo
- €126 milliún maoinithe chaipitiúil ar an iomlán a soláthraíodh ach nár caitheadh in 2007 agus a tugadh ar aghaidh, le comhaontú an Aire Airgeadais, le caitheamh ar sheirbhísí caipitiúla in 2008.

2.4 Ba é €53.8 billiún an tsuim a chaith na ranna agus na hoifigí in 2008. Bhí €49.3 billiún i gceist leis an nglanchaiteachas tar éis na leithreasaí i gcabhair réadaithe a ghlacadh san áireamh, arbh ionann iad agus €4.5 billiún.

2.5 Ba é €879 milliún an glanbharrachas don bhliain ar fud na vótaí go léir. Cheadaigh an tAire Airgeadais do ranna agus oifigí €50 milliún den tsuim sin a thabhairt ar aghaidh go dtí 2009 chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú. Dlíodh an t-iarhmhéid — €829 milliún — a ghéilleadh don Státhiste. Léirítear na suimeanna a dlíodh a ghéilleadh nó a tugadh ar aghaidh chuig 2009 do gach vóta in Aguisín A – Fíor 151 .

Conclúidí

Bhí na Ranna agus oifigí go léir in ann cúrsaí a láimhseail laistigh dá ndáiltí reachtúla. Dá bhrí sin, ní raibh aon vóta barrachais in 2008, agus barrachais á dtaifeadadh ag na vótaí go léir bunaithe ar a n-ollchaiteachas agus ar a nglanchaiteachas chomh maith, tar éis na leithreasaí i gcabhair a ghlacadh san áireamh.

Géilleadh Iarmhéideanna – 2007

2.6 Faoi socraíochta cuntasaíochta vóta, ní mór aon bharrachas cistí a leithreasaíodh a ghéilleadh don Státhiste. Déantar é seo sa bhliain roimh ré i gcleachtas.

¹ Cuireadh na leithreasaí i gcrích san Acht Leithreasa 2008.

Conclúidí — Géilleadh a rinneadh in 2007

B'ionann na hiarmhéideanna a bhí dlite le géilleadh as na vótaí do na seirbhísí poiblí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus €494 milliún. Deimhním leis seo, gur géilleadh na hiarmhéideanna seo go cuí.

Cuntais Stoic agus Stórála

2.7 Faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, ceanglaítear orm imscrúdú a dhéanamh ar cuntais stoc agus stórála rann agus oifigí. Déantar an t-imscrúdú seo mar chuid den iniúchadh ar na Cuntais Leithreasa.

Conclúidí – Cuntais Stoc agus Stórála

Tá imscrúdú déanta ar chuntais stoic agus stórála rann agus oifigí a raibh torthaí sásúla go ginearálta air.

Fáltais Bhreise Státhchiste

2.8 Bailíonn ranna agus oifigí rialtais suimeanna áirithe nach mbaineann le vótaí. In 2008, tharchuir ranna agus oifigí €147.7 milliún den mhéid a ainmnítear mar Fáltais Bhreise Státhchiste chuig an Lárchiste. Leagtar amach na suimeanna a tharchuir na hOifigigh Chuntasaíochta in Aguisín A – Fíor 152.

Caibidil 3 Rialtas Láir

Fiachas Náisiúnta

Fiachas Náisiúnta

3.1 Déantar an Fiachas Náisiúnta a tuairiscíodh i ráitis airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) i ndiaidh sócmhainní leachtacha a ghlacadh san áireamh. Leagann Fíor 3 amach comhdhéanamh an Fhiachais Náisiúnta in ollluachanna agus glanluachanna le trí bliana anuas.

Fíor 3 Fiachas Náisiúnta na hÉireann 2006 - 2008

Bliain	2006	2007	2008
	€m	€m	€m
Ollfhiachas Náisiúnta	39,505	42,047	72,457
Sócmhainní Leachtacha	(3,588)	(4,487)	(22,059)
Glanfhiachas Náisiúnta	35,917	37,560	50,398

Nóta: Luaitear an Fiachas Náisiúnta ag parluachanna infhuascailte (luachanna ainmniúla).

3.2 Mhéadaigh an Glanfhiachas Náisiúnta faoi €12.8 billiún idir 2007 agus 2008, ar úsáideadh €12.7 billiún de chun maoinithe d'Easnamh an Stáitchiste don bhliain².

3.3 B'ionann glanluach reatha³ an Ghlanfhiachais Náisiúnta ag deireadh 2008 agus €52.5 billiún (€38.6 billiún ag deireadh 2007).

An Fiachas Rialtais Ghinearálta

3.4 Chomh maith le hiasachtaí a tuairiscíodh i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta, tagann dliteanais fiachais eile chun cinn de bhun gníomhaíocht iasachta eile. Leagtar an gaol idir an Ollfhiachas Náisiúnta agus an Fiachas Rialtais Ghinearálta⁴ (GGD) mar a leagtar amach i Fíor 4.

² Baineann an €0.1 billiún atá fágtha go príomha leis na héifeachtaí maidir le bannaí a eisiúint ag lascaine ar an luach ainmnithe agus gluaiseachtaí ráta malairte eachtraí.

³ Léiríonn glanluach reatha an fhiachais iomlán na sreafaí airgid go léir amach anseo (idir ús agus phríomhshuim) a lascaíodh agus na rátaí margaidh cuí á n-úsáid ag deireadh na bliana. Beidh sé difriúil ón tsuim ainmnithe a mhéid is a bhíonn an ráta cúpóin a tabhaíodh difriúil ón ráta margaidh ag an dáta luachála.

⁴ Is é an Fiachas Rialtais Ghinearálta beart caighdeánaithe féichiúnais rialtais an AE agus na dliteanais go léir a áirítear faoin bhFiachas Náisiúnta á nglacadh san áireamh, gan aon sócmhainní leachtacha a fhritháireamh, chomh maith le dliteanais ghníomhaireachtaí Stáit neamhthráchtála agus údarás áitiúil. Ina theannta sin, áirítear air, comhbhailiú an úis fabhráithe ar iasachtaí áirithe rialtais, go háirithe ar Scéimeanna Coigilteas an Rialtais.

Fíor 4 Ollfhiachas an Rialtais 2006 - 2008

Bliain	2006	2007	2008
	€m	€m	€m
Ollfhiachas Náisiúnta	39,505	42,047	72,457
Dliteanais fiachais eile	4,651	5,519	7,712
Fiachas Rialtais Ghinearálta	44,156	47,566	80,169

3.5 Is éard atá i nDliteanais Fiachais eile, raon iasachtaí ag Comhlachtaí Stáit agus rialtas áitiúil, sócmhainní bainteacha, chomh maith le hoibleagáidí airgeadais an Stáit. Tugtar achoimre orthu i Fíor 5 don trí bliana seo caite.

Fíor 5 Dliteanais Fiachais Eile^a 2006 - 2008

Deireadh na Bliana	2006	2007	2008
	€m	€m	€m
Comhlachtaí Stáit neamhthráchtála (lena n-áirítear Gníomhaíocht Airgeadais Tithíochta)	3,461	4,703	5,897
Iarmhéideanna agus Taisc In-Rialtais	(2,761)	(2,840)	(3,116)
Taisc Chiste Bainc Oifig an Phoist (seachas bannaí rialtais)	1,478	1,205	1,618
Fiachas Rialtais Áitiúil (seachas fiachas dlite don rialtas láir)	807	947	924
Mona	588	653	697
Ús Fabhráithe ar Scéimeanna Coigilteas	1,033	780	653
Ceannach Amach an Naisc Thiar ^b	—	—	546
Ús Fabhráithe ar Fhiachas	—	24	489
Ilghnéitheach	45	47	4
Iomlán	4,651	5,519	7,712

Nótaí:

- a Díorthaítear Dliteanais Fiachais Eile go príomha ón réamhthuaisceán don AE a rinneadh i mí Mhárta 2009 faoi na rialacha airgeadra aonair.
- b Féach Caibidil 27 Ceannach Amach an Naisc Thiar.

3.6 Mar chéatadán den GDP⁵ b'ionann an Fiachas Rialtais Ghinearálta (GGD) agus 44% ag deireadh 2008 (25% ag deireadh 2007). Bhí bailiú na n-acmhainní leachtacha arbh ionann iad agus 12% den GDP amhail an 31 Nollaig 2008, i gceist le gné mhór den mhéadú fiachais.

3.7 Meastar go méadóidh an cóimheas GGD/GDP⁶ go dtí 77% faoi 2013 mar thoradh ar iasachtaíocht shuntasach bhreise déanta ag an Státchiste. Déantar an meastachán sin a ríomh sula n-áirítear an fiachas eisithe i leith na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar cháilíocht na sócmhainní iasachta atá i seilbh na n-institiúidí airgeadais.

Iasachtaí faighte ag an nGníomhaireacht

3.8 Fuair an Ghníomhaireacht €30.4 billiún sa bhreis ar iasacht in 2008. Cuireadh €22 billiún de na hiasachtaí iomlána ar taisce, go príomha leis an mBanc Ceannais, a raibh méadú €17.6

⁵ Is beart caighdeánach é cóimheas an Fhiachais Rialtais Ghinearálta (GGD) i gcomparáid leis an Olltáirgeacht Intíre (GDP) a cuireadh i bhfeidhm chun críocha airgeadra aonair.

⁶ Mar a measadh sa Cháinainéis Fhorlíontach do 2009.

billiún ar na sócmhainní leachtacha i seilbh ag deireadh na bliana mar thoradh air sin. Leagtar amach príomhghnéithe an fhiachais a cruinníodh in 2008 i Fíor 6.

Fíor 6 Fiachas a Cruinníodh in 2008

Cineál Iasachta	Fáltais Iasachta	
	€m	
Eisiúintí Bannaí Nua	10,929	Eisíodh dhá mhórbhanna in 2008 - eisíodh banna aon bhliain déag lenar bhain luach ainmnithe €7 billiún ag toradh 4.51% - Eisíodh banna trí bliana lenar bhain luach ainmnithe €4 billiún ag toradh 4.028%.
Clár Páipéir Thráchtála	18,425	Faoi gclár Páipéir Thráchtála, cruinníonn an Ghníomhaireacht cistí gearrthéarmacha ó na margaí airgid idirnáisiúnta, ag rátaí ísle úis de ghnáth. Féadtar na hiasachtaí sin a fháil i raon airgeadra, ach déantar gach iasacht neamh-euro a mhalartú ar ais láithreach go euro agus conarthaí malairte eachtraí á n-úsáid.
Scéim Coigilteas an Rialtais agus Banc Coigilteas Oifig an Phoist	1,129	Mheall Scéimeanna Coigilteas méadú mór i dtáisc in 2008. Fuarthas €680 milliún i rith mhí Mheán Fómhair, sular fógraíodh scéim an Rialtais um ráthaíocht na mbanc an 30 Meán Fómhair 2008.

3.9 Is éard atá san Fhiachas Náisiúnta raon gnéithe éagsúla iasachtaíochta lena mbaineann próifíil éagsúla aibíochta. Leagann Fíor 7 amach miondealú an Fhiachais i mórchineálacha a chomhchodanna.

Fíor 7 Comhdhéanamh an Ollfhiachais Náisiúnta (i dtéarmaí ainmnithe)

Ag deireadh	2007	2008	Meitheamh 2009
	€m	€m	€m
Bannaí Rialtais – aibíocht níos faide ná bliain amháin	30,947	41,863	57,453
Fiachas Eile Meántéarmach/Fadtéarmach – aibíocht níos faide ná bliain amháin	615	483	670
Fiachas Gearrthéarmach – aibíocht níos giorra ná bliain amháin	3,286	21,783	27,555
Iasachtaí ón Aire Airgeadais ^a	2,258	2,605	2,079
Scéimeanna Coigilteas an Rialtais – aibíocht suas go dtí 5½ bliana	4,941	5,723	6,531
Ollfhiachas Náisiúnta	42,047	72,457	94,288

Nóta:

a Baineann príomhghné na hiasachta seo le Ciste Coigilteas Oifig an Phoist.

3.10 Bhí athrú suntasach tagtha ar an Ollfhiachas Náisiúnta faoi dheireadh 2008 sa mhéid gurbh ionann an fiachas gearrthearma i.e. fiachas lenar bhain aibíocht níos giorra ná bliain amháin, agus 30%, i gcomparáid le 8% ag deireadh 2007.

3.11 Faightear an chuid is mó den Fhiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach ar iasacht i bhfoirm bhannaí rialtais lena mbaineann aibíochtaí éagsúla, arbh é aon bhliain déag an ceann ba fhaide acu sin ag deireadh 2008. Cuireann Fíor 8 próifíl aibíochta bhannaí an rialtais i gcomparáid ag deireadh 2007, 2008 agus ag deireadh mhí an Mheithimh 2009.

Fíor 8 Próifíl Aibíochta Bhannaí an Rialtais

Fad	2007	2008	Meitheamh 2009
	€m	€m	€m
Faoi bhun 5 bliana	5,939	15,931	15,895
Idir 5 bliana agus 10 mbliana	11,927	11,857	27,574
Os cionn 10 mbliana	13,080	14,075	13,984
Iomlán	30,947	41,863	57,453


3.12 Is éard atá i bhfiachas gearrthéarmach, ar fiachas é lena mbaineann aibíocht níos giorra ná bliain amháin, go príomha iasachtaí faoi Chlár Páipeir Thráchtála na Gníomhaireachta. Cuireann Fíor 9 próifíl aibíochta an fhiachais ghearrthearmaigh i gcomparáid ag dátaí éagsúla.

Fíor 9 Próifíl Aibíochta an Fhiachais Ghearrthearmaigh

Fad	2007	2008	Meitheamh 2009
	€m	€m	€m
Faoi bhun mí amháin	2,376	3,880	6,833
Idir mhí amháin agus trí mhí	711	5,518	11,673
Idir trí mhí agus sé mhí	198	5,803	6,963
Os cionn sé mhí	1	6,582	2,086
Iomlán	3,286	21,783	27,555

3.13 Tá méadú tagtha ar iasachtaí gearrthéarmacha le dhá bhliain anuas, de réir mar a léirítear i Fíor 10. Sheol an Gníomhaireacht clár nua an Bhille Stáchtiste i mí Mhárta 2009, a bhfuil iasachtaí gearrthéarmacha i gceist leis.

Fíor 10 Leibhéal na niasachtaí Gearrthéarmacha le linn na tréimhse 2007 go dtí mí an Mheithimh 2009



Bunceisteanna an Iniúchta

Thug an Ghníomhaireacht €22 billiún amach in iasachtaí, go príomha i bhfoirm fiachais ghearrthéarmaigh, os cionn an méid a dteastaíonn láithreach chun an t-easnamh buiséid don bhliain 2008 a íoc. Lorg mé míniú ón Oifigeach Cuntasaíochta ar chomhchruinniú na n-iasachtaí agus na céimeanna a bhí glactha ag an nGníomhaireacht chun aon noctuithe breise agus rioscaí a d'eascair as sin a bhainistiú.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

3.14 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur thuar Cáinainéis 2008 Ceanglas Iasachta Státchiste (EBR) díreach faoi bhun €5 billiún. De réir mar a d'imigh an bhliain ar aghaidh, léirigh réamhaisnéisí na Gníomhaireachta go sárófaí an sprioc sin agus, sa chás sin, b'ionann an táirgeacht agus beagnach €13 billiún. Ina theannta sin, d'éirigh na margaí caipitil, a bhí luaineach ó mhí Lúnasa 2007 i leith, i bhfad níos measa ó mhí Mheán Fómhair 2008 tar éis chliseadh Lehman Brothers. Thug an Ghníomhaireacht fógra don Roinn i mí Iúil 2008 nach raibh an sprioc-iarmhéid airgid €5 billiún a leagadh amach sa Treoirlíne Aireachta ag teacht leis an easnamh Státchiste a bhí ag teacht chun cinn. D'athraigh an Roinn an treoirlíne go foirmiúil i mí na Nollag 2008 *'i bhfianaise na gcoinníollacha sna margaí airgeadais ag an am seo...go heisceachtúil, nach mbeidh feidhm ag aon teorainn fhoirmiúil maidir le hiarmhéideanna airgid iomlána ag deireadh 2008'*.

3.15 D'fhonn na rioscaí leachtachta a bhí ag teacht chun cinn a bhainistiú, bhain an Ghníomhaireacht úsáid as margaí fiachais ghearrthéarmaigh chun 'ciste feachtais' airgid a chruinniú sa Státchiste. Chosain sé sin an Státchiste ar roinnt bealaí

- In ainneoin mheath mear na n-airgeadas poiblí, bhí airgead tirim ar fáil ag an Státchiste i gcónaí chun freastal ar a oibleagáidí. Tugann na hiarmhéideanna airgid léiriú do na margaí freisin go raibh ar chumas na hÉireann dliteanais gan aon choinne a bhain leis an ngéarchéim bhaincúireachta a íoc chomh maith le dliteanais theagmhásacha a glacadh faoi scéim ráthaíocht na mbanc.
- Tuaradh go mbeadh díreach os cionn €20 billiún i gceist le EBR 2009. Chomh maith leis sin, bhí banna €5 billiún le fuascailt. Chabhraigh comhchruinniú iarmhéideanna airgid le huainiú na n-iasachtaí in 2009, a chinntigh go raibh an Ghníomhaireacht in ann cistí a chur le chéile de réir mar a thagann deiseanna chun cinn gan a bheith orthu dul isteach sa mhargadh le linn tréimhsí a bhí go háirithe tubaisteach.

3.16 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur maoiníodh EBR €12.7 billiún go príomha, trí €11 billiún i mbannaí meántéarmacha agus fadtéarmacha agus fáлтаis €1.2 billiún i Scéimeanna Coigilteas an Rialtais. Úsáideadh páipéar gearrthéarma amháin, a bheag nó a mhór chun an t-iarmhéid airgid a mhéadú d'fhonn rioscaí leachtachta a bhainistiú agus d'fhonn solúbthacht a chur ar fáil ó thaobh uainiú saincheisteanna fadtéarmacha de. Luaigh sé nár bhain suntas leis an tionchar ar chostais iasachtaí a bhain le hiarmhéideanna airgid a mhéadú toisc gur fritháiríodh an t-ús iasachta méadaithe den chuid is mó leis an ús taisce infhaighte. Measann an Ghníomhaireacht gurbh ionann an costas breise glanús agus €21.8 milliún nuair a tomhasadh ar bhonn fabhrúithe é.

3.17 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta chomh maith gur cuireadh an méadú ar iasachtaí gearrthéarmacha i gcrích chun rioscaí a laghdú agus a bhainistiú sna réimsí seo a leanas

- Riosca leachtachta, go háirithe maoiniú agus rioscaí athsholáthair
- Riosca comhchruinnithe maidir le hinfeisteoirí, agus
- Riosca Fioscach, ar riosca é a bhaineann leis an Státchist a thiomnú do rátaí úis ardaithe don téarma níos faide.

3.18 Tá roinnt nósanna imeachta nua tugtha isteach ag an nGníomhaireacht chun tuairisciú agus bainistíocht a dhéanamh ar an riosca leachtachta, lena n-áirítear nósanna imeachta breise um próifiliú agus tuairisciú leachtachta. Seoladh clár Bille Státchiste i mí Mhárta 2009 mar fhreagairt ar éileamh láidir infheisteoirí agus é mar aidhm na foinsí iasachtaí gearrthéarmacha a éagsúlú agus rochtain a fháil ar infheisteoirí nua sa mhargadh páipéir thráchtála a raibh sé mar aidhm aige sin an riosca comhchruinnithe a laghdú. Tugadh clár breise iasachtaí gearrthéarmacha isteach freisin, is é sin. Clár Páipéir Thráchtála SAM a seoladh i mí Iúil 2009.

Costais Seirbhíse Fiachais

3.19 Tá €2.1 billiún (2007: €2.1 billiún) i gceist leis an gcostas seirbhísí fiachais a nochaítear i gcuntais na Gníomhaireachta don bhliain 2008, nuair a dhéantar é a thomhas ar bhonn airgid thirim. Áirítear aistriú €488m (2007: €466m) air sin, áfach ó chistí reatha chuig ciste fiachmhúchta chun fiachas a aisíoc, rud a thugann an costas reatha seirbhíse go dtí €2 billiún (2007: €1.6 billiún). Folaíonn tomhas na gcostas sin ar bhonn airgid thirim, eifeacht na n-oibleagáidí seirbhísithe, áfach, a fabhraíodh faoi dheireadh na bliana ach a bhí le comhlíonadh fós.

3.20 Nuair a dhéantar an costas seirbhíse fiachais a thomhas ar bhonn fabhruithe a aithníonn na costais a tabhaíodh in ionad na cinn sin a íocadh, is ionann an costas seirbhísithe do 2008 agus €2.1 billiún (2007: €1.6 billiún). Léiríonn Fíor 11 miondealú an chostais seirbhíse fiachais de réir mar a tomhasadh ar bhonn fabhruithe. Tarlaíonn an méadú ar ús iníoctha mar thoradh an méadú ar iasachtaí in 2008. Gearradh táillí ar iasachtaí go príomha mar thoradh ar tháillí ar scéimeanna coigilteas a bhí ag méadú de réir leibhéal na dtascí sna scéimeanna, agus táillí méadaithe banna sindeacáite de bharr méid breise na heisiúna agus na rátaí táille níos airde.

Fíor 11 Costais Seirbhíse Fiachais a Tomhasadh ar Bhonn Fabhruithe

Deireadh na Bliana	2007 €m	2008 €m
Ús Iníoctha (glan ó ús infhaighte ar thaisc)	1,571	1,970
Costais riaracháin na gníomhaireachta le haghaidh iasachtaí	9	11
Táillí ar iasachtaí	26	33
Iomlán	1,606	2,014

3.21 Feidhmítear freagracht laethúil na Gníomhaireachta as an bhFiachas Náisiúnta a fháil ar iasacht agus bainistíocht a dhéanamh air de réir na dtreoirilínte a thugann an tAire Airgeadais. Comhaontaítear spriocanna mionsonraithe tagarmharcála agus rialacha tomhais feidhmíochta lena Roinn. Cuireann an córas tagarmharcála comhaontaithe feidhmíocht na Gníomhaireachta i gcomparáid le sprioc thagarmharcála chomhaontaithe maidir lena gníomhaíochtaí bainistíochta fiachais.

3.22 Ceaptar gnólacht chuntasóirí chun iniúchad neamhspleách a dhéanamh ar na torthaí tagarmharcála. Léiríonn na torthaí fíoraithe do 2008 gur sháraigh an Gníomhaireacht a tagarmharcáil faoi €130 milliún maidir leis an mbainistíocht a rinne sé ar an bhFiachas Náisiúnta.


Costais Bainistíochta Fiachais Amach Anseo

3.23 Laghdaigh an meánchostais a bhain le seirbhísí an Fhiachais Náisiúnta ó 8.5 faoin gcéad i 1991 go dtí 3.5 faoin gcéad in 2008 mar thoradh ar mheascán fachtóirí, lena n-áirítear an treocht anuas i rátaí úis domhanda, rátálacha feabhsaithe na hÉireann, tionscnaimh bhainistíochta fiachais na Gníomhaireachta agus rannpháirtíocht na hÉireann sa limistéar euro. Le blianta beaga anuas,

áfach, tá íosghrádú déanta ag roinnt gníomhaireachtaí rátála creidmheasa ar rátáil fiachais na hÉireann.

3.24 Le blianta beaga anuas, lean torthaí⁷ ar bhannaí rialtas na hÉireann torthaí an Ghearmáin go han-dlúth. Thosaigh difríocht nó raon difríochta sna torthaí ag méadú le déanaí agus, go suntasach ó mhí Mheán Fómhair 2008 ar aghaidh, tar éis an choir chun donais sna margaí idirnáisiúnta nuair a chlis *Lehman Brothers* agus fógairt scéim ráthaíocht na mbanc ag an Rialtais. Léiríonn Fíor 12 toradh ar bhannaí tagarmharcála deich mbliana d'Éirinn, don Ghearmáin agus bascaed de thíortha i limistéar an Euro ó thús 2008 i leith.

Fíor 12 Raon Difríochtaí sa Toradh ar Bhannaí Tagarmharcála Deich mBliana



3.25 Beidh thart ar €81 billiún i gceist le hiasachtaí nua atá le fáil ag an nGníomhaireacht chun easnaimh ionchais bhuiséid le linn na tréimhse 2009 go dtí 2013 a líonadh, bunaithe ar réamhaisnéisí sa Cháinainnéis Forlíontach do 2009. Chomh maith leis sin, beidh ar an nGníomhaireacht fiachas a aibeoídh roimh dheireadh 2013 a mhaoiniú, rud a thabharfaidh an t-ollcheanglas maoinithe go dtí €97 billiún thar an tréimhse sin⁸. Ní áirítear air sin, aon fhiachas a eiseofar i leith na mbeart a fógraíodh chun aghaidh a thabhairt ar cháilíocht shócmhainní iasachta institiúidí airgeadais na hÉireann.

3.26 Réamh-mheasadh go méadódh an t-ús ionchais ar Fhiachas Náisiúnta din tréimhse go dtí 2013 go dtí 4.2% den GDP, bunaithe ar choinníollacha a bhí ann ag am na Cáinainnéise Forlíontaí in 2009. D'fhéadfaí tionchar a imirt ar an gcostas iasachta, le costais seirbhísithe méadaithe a eascroidh as an t-éileamh ó iasachtóirí ar thorthaí méadaithe chun rioscaí braite a mhaolú, chomh maith leis an tionchar a imríonn méid féin na hiasachta. Chuirfeadh tionchar na méaduithe ar raon difríochtaí an toraidh €3.5 billiún ar a laghad, le costas an tseirbhísithe fiachais suas go dtí 2013, bunaithe ar leibhéil reatha. Is dócha go n-athróidh an réamh-mheastachán sin, áfach, le linn na tréimhse cúig bliana, mar thoradh ar fhachtóirí cosúil le bainistíocht fhioscach, feidhmíocht eacnamaíoch, seintimint ginearálta mhargaidh, braistintí riosca mhargaidh a bhaineann le iasachtú

⁷ Is é an toradh seo go dtí aibíocht bhanna nua-eisithe an ráta lascaire ag a gcothromófar luach reatha na sreafaí airgid go léir amach anseo leis an bpraghas eisithe. Is tomhas níos fearr e ar fhiorchostas iasachtaí ná an ráta cúpóin. Tagraíonn eisitheoirí bannaí do bhannaí áirithe mar 'bhannaí tagarmharcála' a chuireann caighdeán ar fáil le costas agus praghas na mbannaí a thomhas.

⁸ Is mar seo atá an staid ag deireadh 2008 agus ní ghlacann sé aon bhanna nua a eisíodh ón dáta sin agus a aibeoídh roimh dheireadh 2013 san áireamh.

idir tíortha éagsúla, fachtóirí ginearálta soláthair agus éilimh sa mhargadh agus éileamh infheisteora ar uirlisí áirithe airgeadais.

Bunceisteanna an Iniúchta

Spreagann an raon difríochta sa toradh banna údair imní maidir leis an tionchar ar chostais seirbhíse fiachais. D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta faoi chéimeanna ar bith atá á nglacadh chun tionchar torthaí banna a mhaolú. D'fhiosraigh mé faoin dul chun cinn ata á dhéanamh chomh maith maidir leis na hiasachtaí breise a fháil chun an staid bhuiséadaithe ionchais a íoc.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

3.27 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíocht go raibh roinnt céimeanna glactha ag an nGníomhaireacht chun aghaidh a thabhairt ar na tioscaí a eascraíonn as an raon difríochta sa toradh banna, lena n-áirítear

- Tionscnaimh mhargaíochta agus cur i láthair infheisteora
- clár an Bhille Státhchiste a thabhairt isteach
- clár nua Páipéir Thráchtála SAM a thabhairt isteach.

3.28 Leathnaíodh an phunann trádála tánaistí⁹ chomh maith chun leachtacht a threisiú i margadh banna Rialtas na hÉireann. Tá sé mar aidhm aige seo, chomh maith le tiomantais ó dhéileálaithe príomhúla do luachan bhannaí na hÉireann sna margáí tánaisteacha laistigh de raonta sonraithe tairisceana is ofrála, chun indíoltacht na mbannaí a fheabhsú, rud a imreoidh dea-thionchar ar phraghsanna torthaí bannaí.

3.29 Luaigh sé chomh maith, go raibh €21.9 billiún bailithe le chéile ag an nGníomhaireacht i maoiniú meántéarmach agus fadtéarmach go dtí deireadh mhí Iúil 2009, arbh ionann é agus 87% d'iomlán an chineáil iasachta sin a lorgaíodh don bhliain. Chomhbhailigh na trí shindeacáitiú €16 billiún ar an iomlán. Fuarthas an €5.9 billiún eile trí chúig cheant. Nuair a ghlactar iasachtú faoi na scéimeanna miondíola san áireamh, bhí 92% den cheanglas maoinithe iomlán do 2009 comhchruinnithe ag an NTMA faoi dheireadh mhí Iúil. Chruinnigh clár nua an Bhille Státhchiste cistí suntasacha gearrthéarmacha chomh maith, agus beagnach €15 billiún gan íoc ag deireadh mhí Iúil. Chruinnigh Páipéar Tráchtála SAM €1.3 billiún, ar seoladh é ar éileamh láidir an 22 Iúil 2009, le linn a chéad sheachtaine. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht leanúint ar aghaidh lena ceantanna banna míosúla agus chun leas a bhaint as an margadh sindeacáite cibé uair a mheasfaidh sí a bheith cuí é sin a dhéanamh.

⁹ Coinníonn an Gníomhaireacht feidhm trádála tánaistí a dhéanann trádáil ar a bannaí le rannpháirtithe eile margaidh d'fhonn leachtacht a sholáthar don mhargadh.

Conclúidí

Tá méadú tagtha ar Ollfhiachas Náisiúnta na hÉireann an 31 Nollaig 2008 chuig €72.5 billiún ó €42 billiún ag deireadh 2007. Míníodh gné den mhéadú sin trí chomhchruinniú straitéiseach acmhainní leachtacha, ag féachaint d'éilimh bhainistíochta fiachais in 2009 agus bainistíocht rioscaí leachtacha. Mhéadaigh éilimh mhaoinithe mar thoradh ar theacht chun cinn easnamh buiséid agus costas beart cobhsúcháin bainc. Méadóidh na héilimh seo as a dtiocfaidh glan-iasachta de thart ar €81 billiún suas go dtí 2013 (sula gcuirtear maoiniú a bhaineann leis an ngníomhaireacht bhainistiú sócmhainní beartaithe san áireamh) i gcomhar le fórsaí margaidh, na costais iasachta le linn an mheántearma.

Caibidil 4 An Rialtais Láir


Tiomantais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

Tiomantais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

4.1 Is éard is Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP) ann ná socrú idir comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach maidir le bonneagar poiblí agus/ nó seirbhísí poiblí a sheachadadh.

4.2 Meastar go bhfuil na tiomantais iomlána gan íoc de chuid ranna agus gníomhaireachtaí an rialtais láir maidir le tionscadail PPP conraithe ag os cionn €4.27 billiún. Léirítear dáileadh na dtiomantas seo de réir earnála i Fíor 13.

Fíor 13 Tiomantais Gan Íoc de chuid Ranna agus Gníomhaireachtaí an Rialtais Láir faoi Chonarthaí PPP ag deireadh 2008



Nóta:

- a Baineann na suimeanna a léirítear maidir le tionscadail na n-údarás áitiúil le tiomantais gan íoc de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i dtreo an costais chaipitil maidir le tionscadail PPP na n-údarás áitiúil. Níl tiomantais faoi chonarthaí na n-údarás áitiúil ábhartha, a n-íocfar as a gcuid buiséad féin amach anseo, san áireamh leo sin.

4.3 Léirítear caiteachas go dtí deireadh na bliana faoi chonarthaí ar leith i Fíor 14. Léirítear na tiomantais gan íoc faoi gach tionscadal ar leith chomh maith.

Nádúr Socruithe PPP

4.4 Go hiondúil, áirítear conradh foirmiúil idir gníomhaireacht rialtais agus comhpháirtí príobháideach le tionscadal PPP, agus déanann an comhpháirtí príobháideach, na saoráidí sonraithe agus/nó seirbhísí in imeacht shaolré an chonartha, a sheachadadh. De ghnáth is 25 go 45 bliain a bhíonn i gceist, ag brath ar scóp an tionscadail. Roinntear rioscaí tionscadail, a mbíonn mar ghné de gach tionscadal fadtréimhseach, idir comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, ag brath ar cén comhpháirtí a bheidh sa staid is fearr chun iad a bhainistiú. I bhformhór na gcásanna, bíonn na sócmhainní i seilbh na gníomhaireachta rialtais urraithe, nó faigheann sí iad, ag deireadh na tréimhse chonartha.

4.5 I dtéarmaí na dtiomantas airgeadais a ndeachaigh na comhlachtaí poiblí ina mbun, tá tionscadail PPP in Éirinn sna trí príomhfhoirmeacha seo a leanas

- **Íocaíocht Aonadach** — seo nuair a dhéanann an ghníomhaireacht phoiblí urraithe íocaíochtaí rialta (go míosúil, go ráithiúil nó go bliantúil) thar téarma an chonartha leis an gcomhpháirtí san earnáil phríobháideach, faoi réir ag feidhmíocht sásúil maidir le saoráidí comhaontaithe a sholáthar go dtí an caighdeán riachtanach. Go hiondúil, tá cuid den méid íocaíochta aonadach seo (nó istigh go hiomlán) seasta in imeacht shaolré an chonartha, agus an chuid eile ag athrú de réir praghsanna ag luainiú (an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí de ghnáth). Athraíonn an deighilt idir gnéithe seasta agus athraitheacha ó thionscadal go tionscadal.
- **Lamháltas** — leis an gcineál seo socraithe, íocann úsáideoirí na seirbhíse táillí don chomhpháirtí san earnáil phríobháideach e.g. tiománaithe ag baint úsáide as bóithre dola. Féadfaidh an Stát ranníocaíocht tosaigh i dtreo na gcostas caipitil maidir le hinfrastruchtúr a sholáthar. Nuair a sháraíonn íocaíochtaí úsáideora na leibhéil réamh-mheasta, d'fhéadfadh scóp a bheith ann do bharrachas ioncaim a bheadh le roinnt idir na comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.
- **Sócmhainn-bhunaithe** — sa chineál tionscadail seo, áirítear leis an ranníocaíocht ón earnáil phoiblí foráil do shócmhainn (talamh de ghnáth), agus déanann an comhpháirtí an tsócmhainn a fhorbairt e.g. tionscadail tithíochta sóisialta/inacmhainne/príobháideach. Ar deireadh, braitheann formhór an mhaoinithe don chineál tionscadal seo ar dhíolacháin nó ar chíosanna ar an margadh maoine oscailte. Go hiondúil, ní mhaireann tionscadail den sórt sin i bhfad (cúig go seacht mbliana) i gcomparáid le tionscadail lamháltais nó tionscadail íocaíochta aonadach.

Béim na Tuarascála

Tiomsaíodh an tuarascáil seo chun foinse eolais inrochtaine a sholáthar maidir leis na tiomantais airgeadais a ndeachaigh gníomhaireachtaí Stáit ina mbun.

4.6 Leagann Fíor 14 amach an caiteachas go dtí deireadh 2008 maidir le mórtionscadail PPP chomh maith leis na tiomantais ghaolmhara.

4.7 Tugann Iarscríbhinn A leis an gCaibidil seo mionsonraí achoimre ar na conarthaí a bhí ar bun in 2008 agus rangaíonn sé iad i dtéarmaí na ngnéithe atá le seachadadh ag an gcomhpháirtí san earnáil phríobháideach.

4.8 D'fhéadfadh go mbeadh roinnt nó gach ceann díobh seo a leanas san áireamh sna heilimintí laistigh de scóip an tionscadail

D **leagan amach** na seirbhíse/infrastruchtúir

B sócmhainní caipitil **a thógáil**/a chruthú/a leathnú/a athchóiriú

F **airgeadas** a sholáthar (e.g. gnáthscaireanna agus iasachtaí príobháideacha a sholáthar/a dhaingniú, muirir úsáideora a bhailiú)

O sócmhainní **a fheidhmiú** (e.g. bainistíocht a éascú, foireann seirbhíse a fhostú)

M sócmhainní **a chothabháil** in imeacht shaolré an chonartha.

San Iarscríbhinn, déantar cur síos, go minic, ar scóp tionscadail trí úsáid a bhaint as giorrúcháin. Mar shampla, baineann na gnéithe ar fad atá luaite thuas le tionscadal a dhéantar cur síos air trí úsáid a bhaint as an giorrúchán DBFOM.

Fíor 14 Caiteachas go dtí deireadh 2008 agus Tiomantais Gan Íoc maidir le Conarthaí Mórtionscadal PPP, de réir Gníomhaireachtaí na hEarnála Poiblí agus Tionscadal^a

Údaras Urraithe/Ainm an Tionscadail	Dátaí na bPríomhthionscadal			Caiteachas			
	Conradh Sínithe	Tosach na Seirbhíse	Deireadh an Chonartha	Roimh 2008	2008	Tiomantais Amach Anseo	Luach Iomlán Réamh-Mheasta an Chonartha
				€m	€m	€m	€m
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta							
Beart Scoileanna Píolóta PPP	Samhain 2001	2003	2027	63.6	10.7	208.7	283.0
Coláiste Muirí	Feabhra 2003	2004	2029	36.8	8.8	146.1	191.7
Scoil Cheoil Chorcaí	Meán Fómhair 2005	2007	2032	11.0	8.2	199.6	218.8
An tSeirbhís Chúirteanna							
Na Cúirteanna Breithiúnais Choiriúla	Aibreán 2007	2009	2034	—	—	615.1	615.1
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta							
Ionad Náisiúnta Comhdhála	Aibreán 2007	2010	2035	—	—	725.3	725.3

Nóta:

- a Measadh na suimeanna tiomantais bunaithe ar an mbonn tuisceana go mbeidh boilsciú ag meán de 2% sa bhliain thar an saolré atá fágtha ag gach tionscadal. Áirítear CBL ar gach suim (mura bhfuil a mhalairt luaite).

Údaras Urraithe/Ainm an Tionscadail	Dátaí na bPríomhthionscadal			Caiteachas			
	Conradh Sínithe	Tosach na Seirbhíse	Deireadh an Chonartha	Roimh 2008	2008	Tiomantais Amach Anseo	Luach Iomlán Réamh-Mheasta an Chonartha ^b
				€m	€m	€m	€m
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta							
Cill Choca/Cionn Átha Gad	Márta 2003	2005	2033	164.4	4.0	9.7	178.1
Seachbhóthar Thiar Dhún Dealgan	Feabhra 2004	2005	2034	—	0.2	0.6	0.8
Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí	Meitheamh 2004	2006	2034	85.7	5.2	63.8	154.7
Seachbhóthar Chathair Phort Láirge	Aibreán 2006	2009	2036	65.7	28.8	111.2	205.7
Tollán Luimnigh	Lúnasa 2006	2010	2041	64.6	51.0	143.4	259.0
Cluain Aodha/Ceanannas	Aibreán 2007	2010	2052	—	111.2	616.2	727.4
Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe	Aibreán 2007	2010	2037	7.0	11.5	358.8	377.3
M7/M8 Port Laoise	Meitheamh 2007	2010	2037	—	15.0	69.7	84.7
Uasghrádú an M50	Meán Fómhair 2007	2007	2042	—	—	1,006.0	1,006.0 ^c

Nótaí:

b Maidir le conarthaí lamháltais de chuid an NRA, léiríonn Luach Iomlán Réamh-Mheasta an Chonartha na híocaíochtaí iomlán a mheasfar a n-íocfar leis na comhlachtaí PPP lena mbaineann in imeacht shaolré an chonartha. Baineann na comhlachtaí seo leas as muirir úsáideoirí chomh maith a chuidíonn lena gcostais caipitil agus oibríochta.

c Gan CBL san áireamh.

Údaras Urraithe/Ainm an Tionscadail	Dátaí na bPríomhthionscadal			Caiteachas			
	Conradh Sínithe	Tosach na Seirbhíse	Deireadh an Chonartha	Roimh 2008	2008	Tiomantais Amach Anseo	Luach Iomlán Réamh-Mheasta an Chonartha
				€m	€m	€m	€m
An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ^d							
Tionscadail Chóireála Séarachais							
Fearas Cóireála Chuan Bhaile Átha Cliath	Márta 2001	2003	2024	na	194.8	14.6	209.4
Fearas Cóireála Loch Garman	Iúil 1999	2004	2026	na	18.3	—	18.3
Fearas Cóireála Chorcaí	Nollaig 2001	2004	2027	na	65.2	—	65.2
Fearas Cóireála Bhaile Brigín/na Sceirí	Meán Fómhair 2004	2006	2028	na	23.8	—	23.8
Grúpa Fearais Cóireála Thiobraid Árann Theas	Márta 2003	2007	2029	na	11.9	0.1	12.0
Fearas Cóireála Dhún Garbháin	Aibreán 2004	2007	2029	na	11.5	—	11.5
Fearas Cóireála Shligigh	Meán Fómhair 2006	2008	2030	na	18.0	—	18.0
Grúpa Fearais Cóireála Dhún na nGall (A)	Meitheamh 2006	2008	2030	na	22.8	1.3	24.1
Fearas Cóireála Phort Láirge	Meán Fómhair 2006	2009	2032	na	18.0	4.8	22.8
Fearas Cóireála Phort Laoise	Nollaig 2006	2009	2031	na	16.0	2.6	18.6
Grúpa Fearais Cóireála Sráidbhailte na Mí	Deireadh Fómhair 2007	2010	2032	na	12.3	6.5	18.8
Fearas Cóireála An Mhuilinn Chearr	Aibreán 2008	2010	2032	na	6.4	9.6	16.0

Nóta:

^d Níl caiteachas/tiomantais na n-údaras áitiúil san áireamh sna sonraí caiteachais/tiomantais. Ní raibh an Roinn in ann sonraí caiteachais a chur ar fáil go leithleach do 2008 agus do bhlianta roimhe sin.

Údaras Urraithe/Ainm an Tionscadail	Dátaí na bPríomhthionscadal			Caiteachas			
	Conradh Sínithe	Tosach na Seirbhíse	Deireadh an Chonartha	Roimh 2008	2008	Tiomantais Amach Anseo	Luach Iomlán Réamh-Mheasta an Chonartha
				€m	€m	€m	€m
An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ^d (ar lean)							
Fearas Cóireála Chaisleán an Bharraigh	Meán Fómhair 2008	2010	2032	na	1.3	10.1	11.4
Fearas Cóireála Sheangánaí	Meán Fómhair 2008	2010	2034	na	6.7	45.4	52.1
Fearas Cóireála Chill Mhantáin	Meán Fómhair 2007	2009	2031	na	10.9	2.6	13.5
Scéim Chóireála Uisce							
Tionscadal Cóireála Uisce Clareville	Nollaig 2006	2010	2030	na	22.5	—	22.5
Tionscadail Fhorbartha Ceantair							
Athfhorbairt Fatima Mansions	Meitheamh 2004	2006	2009	—	—	—	—
Forbairt Chuan na gCloch Liath	Nollaig 2007	2012	2012	—	—	—	—

Nóta:

- d Níl caiteachas/tiomantais na n-údaras áitiúil san áireamh sa sonraí caiteachas/tiomantais. Ní raibh an Roinn in ann sonraí caiteachais a chur ar fáil go leithleach do 2008 agus do bhlianta roimhe sin.

Iarscríbhinn A

Cur síos ar Thionscadail Reatha PPP i ngach Roinn

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Chomhaontaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, go dtí deireadh 2008, conarthaí maidir le trí thionscadal PPP i réimse an oideachais. Ba ionann an tiomantas gan íoc faoi na conarthaí seo agus €554.4 milliún amhail an 31 Nollaig 2008.

- **Beart Scoileanna Píolóta PPP (DBFOM)** — Chomhaontaigh an Roinn conartha i Samhain 2001 le Comhpháirtíocht Phoiblí/Phríobháideach na Scoileanna (Éire) Teo maidir le scoileanna nua dara leibhéal a sholáthar ag na cúig láthair seo (Cluain Eois, Dún Mánmhaí, Tobar an Choire, Baile an Chollaigh agus an tSionainn), ag freastal ar iomlán de 3,475 dalta. Thosaigh na scoileanna ag feidhmiú i dtús na bliana 2003 agus rithfidh an conradh ar feadh 25 bliain ón dáta sin.
- **An Coláiste Muirí Náisiúnta (DBFOM)** — I mí Feabhra 2003, chuaigh an Roinn i mbun chonartha 25-bliain le Focus Education (NMC) Ltd chun coláiste tríú leibhéal oideachais agus oiliúna maidir le staidéar ar an tSeirbhís Chabhlaigh agus ar an gCabhlach Trádála a sholáthar agus a fheidhmiú. Tá sé d'acmhainn ag an gColáiste freastal ar 750 mac léinn lánama i mbliain acadúil ar bith agus thosaigh sé ag feidhmiú i nDeireadh Fómhair 2004. Sa bhreis ar na híocaíochtaí aonadacha atá á n-íoc ag an Roinn, íocann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí muirir pasála maidir le fóntais.
- **Scoil Cheoil Chorcaí (DBFOM)** — Chuaigh an Roinn i mbun chonartha i Meán Fómhair 2005 maidir le tógáil foirgnimh nua do Scoil Cheoil Chorcaí, atá mar chuid d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Thosaigh an foirgnimh ag feidhmiú i lár 2007, agus is féidir leis freastal ar thart ar 400 mac léinn tríú leibhéal lánaimseartha agus 2,500 mac léinn páirtaimseartha. Sa bhreis ar na híocaíochtaí aonadacha atá á n-íoc ag an Roinn, íocann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí muirir pasála maidir le leictreachas agus gás.

An tSeirbhís Chúirteanna

- **Na Cúirteanna Breithiúnais Choiriúla (DBFOM)** — Chuaigh an tSeirbhís Chúirteanna i mbun chonartha 25-bliain le Comhpháirtíocht Babcock agus Brown Ltd CCC in Aibreán 2007 chun foirgneamh cúirte a sholáthar a bhfreastalódh ar gach gnó de chuid na Cúirte Choiriúla i gceantar Bhaile Átha Cliath. Beidh 22 seomra cúirte, oifigí riaracháin agus breithiúnais, córais chúrsaíochta poiblí, giúiré, breithiúnach agus coimeáda ar leithligh agus áiteanna chun príosúnaithe a choimeád sa bhfoirgneamh 23,000 méadar cearnach seo. Beidh cóiríocht ar fáil do Chomhairle an Bharra sa bhfoirgneamh chomh maith. Faoin gconradh, cuirfidh comhpháirtí na hearnála príobháidí raon seirbhísí ar fáil lena n-áirítear cothabháil foirgnimh, seirbhísí fáiltithe agus deisce cabhrach, bainistiú slándála agus tráchta, glanadh, póirtéireacht agus athghrafaic, teicneolaíocht seomra cúirte agus riarachán fóntais a sholáthar agus a fheidhmiú. Beidh costais fóntais, agus costais lónadóireachta agus feighlíochta giúire sa bhreis ar an muirear íocaíochta aonadach. Meastar go dtosódh an coimpléasc ag feidhmiú faoi mí na Samhna 2009.

An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

- **Ionad Náisiúnta Comhdhála (DBFOM)** — Cheadaigh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta conradh 25-bliain, a ndeachaigh Oifig na nOibreacha Poiblí agus Ionad Comhdhála Spencer Dock Bhaile Átha Cliath Teo ina bhun in Aibreán 2007 chun mórshaoráid chomhdhála a sholáthar agus a fheidhmiú. Beidh sé d'acmhainn ag an Ionad

freastal ar chomhdhálacha ina mbeidh suas le 8,000 toscaire. Áireofar air sin, halla ina mbeidh 2,000 suíochán, 22 seomra cruinnithe ilchuspóra agus thart ar 4,500 méadar cearnach de spás taispeántais agus cóisire solúbtha, chomh maith le saoráidí tacaíochta preasa agus toscaire gaolmhara agus spásanna fónais ginearálta. Meastar go n-osclóidh an t-ionad sa bhliain 2010.

Is í an chuideachta PPP a bheidh freagrach má theipeann ar an ionad an t-éileamh teilgthe a bhaint amach agus cuirfear íocaíochtaí aonadacha laghdaithe i bhfeidhm ar an gcuideachta mar thoradh dá réir.

Ba ionann an tiomantas iomlán gan íoc faoin gconradh seo agus €725.3 milliún amhail an 31 Nollaig 2008 (€380 milliún i dtéarmaí Ghlanluach Reatha).

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Soláthraíodh na scéimeanna PPP maidir le forbairt na mótarbhealaí faoi chonarthaí lámhaltais de thréimhsí athraitheacha 30 go 45 bliain. Tá an NRA ag cur ranníocaíocht ar fáil do chostais caipitil maidir le formhór na dtionscadal. Aisghabháilfidh an lámháltóir na costais tógála atá fágtha agus na costais oibríochta leanúnach trí dholaí a bhailiú.

Ba ionann an tiomantas iomlán gan íoc faoin na gconarthaí seo agus €2.38 billiún amhail an 31 Nollaig 2008.

Bainfidh an NRA leas as scair ioncaim de na scéimeanna ar fad. Braitheann an scair ioncaim seo ar na leibhéil tráchta ar na scéimeanna éagsúla agus tá sé iníoctha i rith tréimhse an lámhaltais. Meastar gurb ionann na luachanna ioncaim maidir le scéimeann PPP agus €1.7 billiún. Chomh maith leis sin, measann an tÚdarás gurb é €1.04 billiún an méid airgid a bheidh sa ghlanioncam dolaí sa tréimhse suas go dtí Márta 2020, ag fabhrú as dolú an M50, bailithe faoi chonradh ar leith.

- **Cill Choca/Cionn Átha Gad (lámháltas)** — Áiríodh leis an tionscadal an tógáil a rinne Eurolink Motorway Operation Ltd ar 39 cileaméadar de mhótarbhealach, a osclaíodh do thrácht i Nollaig 2005. Ritheann an lámháltas go dtí 2033. Fuair an NRA €0.5 milliún ón lámháltóir in 2008 i bhfoirm scair ioncaim. Ba ionann na fáltais iomlána faoin gconradh suas go dtí deireadh na bliana 2008 agus €1.1 milliún.
- **Seachbhóthar Thiar Dhún Dealgan (lámháltas)** — Tá an tionscadal comhdhéanta den tógáil a rinne Celtic Roads Group (Dún Dealgan) Ltd ar stráice 11 cileaméadar de mhótarbhealach an M1, le 8 cileaméadar breise de thaobh-bhóithre agus ceangailtí gaolmhara. Osclaíodh an bóthar do thrácht i nDeireadh Fómhair 2005. Áirítear ar an tionscadal chomh maith, 42 cileaméadar den mhótarbhealach atá ann cheana féin (Seachbhóthar Dhún Léire agus Mótarbhealach Dhún Léire/Dhún Dealgan) agus saoráidí dola ar Mhótarbhealach an M1 a fheidhmiú agus a chothabháil. Ritheann an conradh go dtí Feabhra 2034. Fuair an NRA €1.4 milliún ón lámháltóir in 2008 i bhfoirm scair ioncaim. Ba ionann na fáltais iomlána faoin gconradh suas go dtí deireadh na bliana 2008 agus €24.3 milliún. In 2008, rinne an NRA idirphlé maidir le hathrú sa chonradh chun tírdhreachú breise a sholáthar. Ba ionann an luach comhaontaithe do na hoibreacha seo agus €712,000 (gan CBL san áireamh), a bhfreastalóidh an NRA air.
- **Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí (lámháltas)** — Áiríodh leis an tionscadal seo, ar bhealach an N8 Corcaigh go Baile Átha Cliath, obair thógála de chuid DirectRoute (Mainistir Fhear Maí) Ltd ar stráice 18 cileaméadar de bhóthar ar a bhfuil droichid, íosbhealaí agus athailíniú bóithre. Ósclaíodh an bóthar i nDeireadh Fómhair 2006 agus ritheann lámháltas PPP na cuideachta, maidir leis an mbóthar agus na saoráidí dola gaolmhara, a fheidhmiú agus a chothabháil, go dtí Feabhra 2034.

- **Seachbhóthar Chathair Phort Láirge (Iamháltas)** — Áirítear leis an tionscadal seo foráil de chuid Celtic Roads Group Ltd do 23 cileaméadar de dhébhealach, droichead thar Abhainn na Siúrach agus thart ar 4 cileaméadar de aonbhealach. Áirítear leis an tionscadal chomh maith, 11 cileaméadar de oibreacha tógála bóthar coimhdeach, athailíniú iarnróid de 2 cileaméadar agus timpealláin éagsúla. Meastar go gcríochnófar an seachbhóthar roimh an am a bhí leagtha amach dó agus go n-osclofar é i ndeireadh 2009. Ritheann Iamháltas PPP na cuideachta, maidir leis an mbóthar agus na saoráidí dola gaolmhara, a fheidhmiú agus a chothabháil, go dtí Aibreán 2036.
- **Tollán Luimnigh (Iamháltas)** — Áirítear leis an tionscadal seo foráil de chuid DirectRoute (Luimneach) Ltd do thrasbhealach tolláin faoi Abhainn na Sionainne, do thógáil débhealaigh nua de thart ar 10 cileaméadar, agus naiscbhóithre agus taobh-bhóithre gaolmhara. Meastar go n-osclofar an Tollán in 2010. Ritheann Iamháltas PPP na cuideachta, maidir leis an mbóthar agus na saoráidí dola gaolmhara, a fheidhmiú agus a chothabháil, go dtí Lúnasa 2041.
- **Cluain Aodha/Ceanannas (Iamháltas)** — Tá an tionscadal PPP seo mar an scéim bhóthair aonair is mó faoin bPlean Forbartha Náisiúnta/ Iompar 21, lena n-áirítear obair thógála de chuid Eurolink Motorway Operations (M£) Ltd ar os cionn 110 cileaméadar de bhóithre. Áireofar leis, réimse mótarbhealaigh dolaithe de thart ar 47 cileaméadar, a théann thar Dún Seachlainn, an Uaimh agus Ceanannas, agus athailíniú/feabhsuithe ar bhóithre áitiúla/réigiúnacha. Ritheann Iamháltas PPP na cuideachta, maidir leis an mbóthar agus na saoráidí dola gaolmhara, a fheidhmiú agus a chothabháil, go dtí Aibreán 2052. Meastar go n-osclofar an scéim do thrácht in 2010.
- **Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe (Iamháltas)** — Forálann an Scéim seo do thógáil de chuid cuibhreannas ICON (Iamháltas an N6 Teo) ar 58 cileaméadar de mhótarbhealach dolaithe ar bhealach Gaillimh go Baile Átha Cliath. Ritheann Iamháltas PPP na cuideachta, maidir leis an mbóthar agus na saoráidí dola gaolmhara, a fheidhmiú agus a chothabháil, go dtí Aibreán 2037. Meastar go n-osclofar an scéim do thrácht in 2010.
- **M7/M8 Port Laoise (Iamháltas)** — Áirítear leis an scéim seo foráil Celtic Roads Group (Port Laoise) Ltd do 41 cileaméadar de mhótarbhealach agus thart ar 18 cileaméadar de bhóithre eile, chomh maith le hacomhal mhótarbhealaigh. Ritheann Iamháltas PPP na cuideachta, maidir leis an mbóthar agus na saoráidí dola gaolmhara, a fheidhmiú agus a chothabháil, go dtí Meitheamh 2037. Meastar go n-osclofar an scéim do thrácht in 2010.
- **Uasghrádú an M50¹⁰** — Chomhaontaigh an NRA conradh PPP in Meán Fómhair 2007 le Cuibhreannas ICON (M50 Concessions Ltd) chun bealach an M50 a uasghrádú. Is éard atá i gceist ná 24 ciliméadar den M50 a leathnú ó charrbhealach dhá lána go dtí carrbhealach trí lána i ngach treo, lena n-áirítear uasghrádú acomhal. Ghlac an chuideachta PPP freagracht láithreach ar oibriú agus cothabháil an M50 iomlán ó acomhal mótarbhealaí an M1 go dtí nasc an M11. Faoi théarmaí an chonartha, íocfaidh an NRA íocaíochtaí aonadacha míosúla chuig an gcuideacht PPP suas go dtí 2042, ar fiú €1 milliún iad ag praghsanna an lae inniu. Táthar ag súil go mbeidh na oibreacha uasghrádaithe críochnaithe in iomlán faoi dheireadh 2010.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil

Ceadaíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil tionscadail PPP na n-údarás áitiúil, agus thug sí tacaíocht airgeadais do go leor de na tionscadail trí ranníocaíochta maoinithe caipitil a sholáthar. Tá na húdaráis áitiúla lena mbaineann tiomanta do thuilleadh íocaíochtaí faoi na conarthaí.

10 Tuairiscíonn Caibidil 27 ar an bPlean atá ann conradh Iamháltas dolaí Nasc-Thiar an M50 a cheannach amach.

Tá tionscadail PPP na n-údarás áitiúil le luach caipitil de €20 milliún nó níos mó, liostáilte thíos. Deir an Roinn go bhfuil conarthaí comhaontaithe ag údaráis áitiúla le comhpháirtithe san earnáil phríobháideach do 47 tionscadal PPP breise le luach caipitil de níos lú na €20 milliún an ceann. Astu seo, tá 34 acu ag feidhmiú.

Áiríodh le formhór na mórthionscadal a fuair cúnamh caipitil ón Roinn foráil d' fhearaí cóireála mar chuid de scéimeanna príomhdhreaenála ceantair. Go hiondúil, áirítear le tionscadail chóireála uisce/séarachais na n-údarás áitiúil, roinnt gnéithe ar leith lena n-áirítear stáisiún pumpála, córais bhailiúcháin agus fearais cóireála, le conarthaí/conraitheoirí ar leith do gach gné. Bhreithnigh an Roinn nach mbeadh ach na conarthaí maidir le fearais cóireála feiliúnach do sholáthar faoin mhodúl PPP, mar gur is sa chás sin amháin a raibh poitéinseal ann do dhearadh agus do mhodhanna tógála nuálach.

Ba ionann na tiomantais iomlána a bhí fós gan íoc faoi na conarthaí seo amhail an 31 Nollaig 2008 agus €97 milliún.

- **Fearas Cóireála Chuan Bhaile Átha Cliath (DBM)** — Críochnaíodh tógáil an fhearaí cóireála, atá leagtha amach chun freastal ar dhaonra de 1.64 milliún, i Meitheamh 2003. Faoi dheireadh 2008, chuir an Roinn maoiniú de €195 milliún ar fáil, amach as leithroinnt iomlán de €209 milliún. Cé gur cuireadh an fearas i bhfeidhm, bhí fadhbanna seasta ann ó thaobh bolaidh de, agus bhí ar ABA, comhpháirtí na hearnála príobháidí, aghaidh a thabhairt orthu. De bharr easaontas idir na caighdeáin bolaidh a fhorordaítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus na doiciméid chonartha don fhearas, níor bhain an fhreagracht maidir le réiteach na faidhbe leis an gcuibhreannas amháin agus d'íoc an conraitheoir agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath araon as réiteach na faidhbe. Meastar go bhfaighidh an trealamh rialaithe bolaidh a suiteáladh réidh leis an núis bholaidh sa cheantar.
- **Fearas Cóireála Loch Garman (DBOM)** — Chríochnaigh Cuibhreannas Brent tógáil an fhearaí cóireála, atá ar a chumas freastal ar dhaonra de 30,000, i Meán Fómhair 2004. Tá an fearas ag feidhmiú anois. Thug an Roinn a leithroinnt maoinithe iomlán — €18.3 milliún — don tionscadal.
- **Fearas Cóireála Chorcaí (DBOM)** — Chríochnaigh Cuibhreannas Degermont tógáil an fhearaí cóireála, atá ar a chumas freastal ar dhaonra de 413,000, i Meán Fómhair 2004. Tá an fearas ag feidhmiú anois. Thug an Roinn a leithroinnt maoinithe iomlán — €65.2 milliún — don tionscadal.
- **Fearas Cóireála Bhaile Brigín/na Sceirí (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, tógáil, feidhmiú agus cothabháil de chuid Earthtech Ireland Ltd ar fhearas cóireála séarachais le cumas tosaigh freastal ar dhaonra de 30,000. Tá deis ann chun cumas an fhearaí a leathnú chun freastal ar dhaonra de suas le 100,000, más gá. Thosaigh an fearas ag feidhmiú i Meán Fómhair 2006. Thug an Roinn a leithroinnt maoinithe iomlán — €23.8 milliún agus aisghabháilfidh sí €0.4 milliún ó ghnéith neamh-PPP eile den mhórthionscadal.
- **Grúpa Fearais Cóireála Thiobraid Árann Theas (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, seacht bhfearas cóireála séarachais atá ann cheana féin a uasghrádú agus tógáil de chuid Earthtech Ireland ar chúig cinn nua. D'fhreastalódh comhchumas na bhfearas ar riachtanas daonra de suas le 123,100. Thosaigh an fearas ag feidhmiú in 2007. Thug an Roinn beagnach an €12 milliún leithroinnthe iomlán don tionscadal.
- **Fearas Cóireála Dhún Garbhán (DBOM)** — Chríochnaigh cuibhreannas ABV tógáil an fhearaí cóireála, atá ar a chumas freastal ar dhaonra de 35,000 i mí Iúil 2007. Tá an fearas ag feidhmiú anois. Thug an Roinn a leithroinnt maoinithe iomlán — €11.5 milliún agus aisghabháilfidh sí €0.2 milliún ó ghnéith neamh-PPP eile den mhórthionscadal.

- **Fearas Cóireála Shligigh (DBOM)** — Chríochnaigh Anglian Water International tógáil an fhearais cóireála, atá ar a chumas freastal ar dhaonra de 47,000 i nDeireadh Fómhair 2008. Tá an fearas ag feidhmiú anois. Thug an Roinn a leithroinnt maoinithe iomlán — €18 milliún — don tionscadal.
- **Grúpa Fearais Cóireála Dhún na nGall (A) (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, tógáil, feidhmiú agus cothabháil de chuid cuibhreannais faoi stiúir Veolia, ar thrí fhearas cóireála séarachais (i mBaile Dhún na nGall, i mBéal Átha Seanaidh agus i Ros Neamhlach). Tá comhcumas na bhfearas leagtha amach chun freastal ar riachtanas dhaonra d'iomlán 22,000. Thosaigh an fearas ag feidhmiú i Meitheamh 2008. Suas go dtí deireadh 2008, bhí iomlán de €22.8 milliún tugtha ag an Roinn don tionscadal as leithroinnt iomlán de €24.1 milliún.
- **Fearas Cóireála Phort Láirge (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, tógáil, feidhmiú agus cothabháil de chuid Anglian Water International ar fhearas cóireála atá ar chumas freastal ar dhaonra de 100,000. Meastar go dtosóidh an fearas ag feidhmiú roimh Lúnasa 2009. Suas go dtí deireadh 2008, bhí iomlán de €18 milliún tugtha ag an Roinn don tionscadal as leithroinnt iomlán de €22.8 milliún.
- **Fearas Cóireála Phort Laoise (DBOM)** — Chríochnaigh cuibhreannas Earthtech/Bowen Construction tógáil an fhearais cóireála, atá ar a chumas freastal ar dhaonra de 39,000 i Márta 2009. Tá an fearas ag feidhmiú anois. Suas go dtí deireadh 2008, bhí iomlán de €16 milliún tugtha ag an Roinn don tionscadal as leithroinnt iomlán de €18.6 milliún.
- **Grúpa Fearais Cóireála Sráidbhailte na Mí (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, tógáil, feidhmiú agus cothabháil de chuid cuibhreannais EPS, ar fhearais cóireála do sheacht mbaile i gCo. na Mí. D'fhreastalódh comhcumas na bhfearas ar riachtanas daonra de suas le 5,000. Meastar go dtosóidh an fearas ag feidhmiú in 2010. Suas go dtí deireadh 2008, bhí iomlán de €12.3 milliún tugtha ag an Roinn don tionscadal as leithroinnt iomlán de €18.8 milliún.
- **Fearas Cóireála An Mhuilinn Chearr (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, tógáil, feidhmiú agus cothabháil de chuid Veolia Water Ireland ar fhearas cóireála séarachais le cumas tosaigh freastal ar dhaonra de 30,000 ag ardú laistigh de thrí bliana chuig cumas dóthanach do dhaonra de 55,000. Meastar go dtosóidh an fearas ag feidhmiú faoi Mheán Fómhair 2010. Suas go dtí deireadh 2008, bhí iomlán de €6.4 milliún tugtha ag an Roinn don tionscadal as leithroinnt iomlán de €16 milliún.
- **Fearas Cóireála Chaisleán an Bharraigh (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, tógáil, feidhmiú agus cothabháil de chuid Veolia Water ar fhearas cóireála séarachais atá ar a chumas freastal ar dhaonra de 35,000. Meastar go dtosóidh an fearas ag feidhmiú faoi Shamhain 2010. Suas go dtí deireadh 2008, bhí iomlán de €1.3 milliún tugtha ag an Roinn don tionscadal as leithroinnt iomlán de €11.4 milliún.
- **Fearas Cóireála Sheangánaí (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, tógáil, feidhmiú agus cothabháil de chuid Sisk, Dragados agus Drace ar fhearas cóireála séarachais atá ar a chumas freastal ar dhaonra de 103,000. Meastar go dtosóidh an fearas ag feidhmiú in 2010. Suas go dtí deireadh 2008, bhí iomlán de €6.7 milliún tugtha ag an Roinn don tionscadal as leithroinnt iomlán de €52.1 milliún.
- **Fearas Cóireála Chill Mhantáin (DBOM)** — Áirítear leis an tionscadal seo, tógáil, feidhmiú agus cothabháil de chuid Veolia Water Ireland ar fhearas cóireála séarachais atá ar a chumas freastal ar dhaonra de 34,000. Meastar go dtosóidh an fearas ag feidhmiú in 2009. Suas go dtí deireadh 2008, bhí iomlán de €10.9 milliún tugtha ag an Roinn don tionscadal as leithroinnt iomlán de €13.5 milliún.

Go dtí seo, cheadaigh agus mhaoinigh an Roinn tionscadal cóireála uisce amháin ag baint úsáid as struchtúr PPP.

- **Tionscadal Cóireála Uisce Clareville (DBOM)** — Chuaigh Comhairle Chathair Luimnigh i mbun chonartha le Cuibhreannas Veolia Water/Ascon i Nollaig 2006 chun fearas cóireála uisce a thógáil, a fheidhmiú agus a chothabháil chun freastal ar riachtanais Chathair Luimnigh agus an ceantair máguaird. Beidh sé ar chumas an fheara, atá le bheith críochnaithe in Earrach 2010, thart ar 100,000 méadar ciúbach d'uisce a chóireáil gach lá. Thug an Roinn an leithroinnt maoinithe iomlán — €22.5 milliún — don tionscadal.

Cheadaigh an Roinn chomh maith, dhá thionscadal PPP sócmhainn bunaithe lena mbaineann forbairt áise/tráchtála/cónaithe.

- **Athfhorbairt Fatima Mansions (DBF)** — Áiríodh leis an tionscadal seo conradh a comhaontaíodh i Meitheamh 2004 idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus cuibhreannas Elliot/Moritz, conradh inar sholáthar an t-údarás áitiúil, talamh a raibh d'ísealdlús don fhorbróir phríobháideach, in éiric 150 aonad tithíochta sóisialta, roinnt saoráidí pobail agus ranníocaíocht airgeadais don Chomhairle Cathrach. Bheartaigh an fhorbróir an tionscadal a mhaoiniú trí úsáid a bhaint as cuid den talamh chun 70 aonad tithíochta inacmhainne agus 395 aonad a fhorbairt le díol ag rátaí an mhargaidh. Céim 1 den tionscadal — 110 aonad tithíochta sóisialta a sholáthar — críochnaíodh an chéim seo ag tús 2006 agus tá na haonaid a soláthraíodh áitithe anois. Céim 2 — tithíocht inacmhainne agus tithíocht ag ráta margaidh agus na haonaid sóisialta atá fágtha a sholáthar — tá an chéim seo fós ar bun agus tá sí le críochnú faoi Dheireadh Fómhair 2009. Áirítear leis an athfhorbairt chomh maith, 500 méadar cearnach de spás fiontair, 2,890 méadar cearnach de ionad pobail, os cionn 3,000 méadar cearnach de spás tráchtála, ionad áineasa agus infrastruchtúr ginearálta agus oibreacha tírdhreachaithe a sholáthar.
- **Forbairt Chuan na gCloch Liath (DBOF)** — Chomhaontaigh Comhairle Chontae Chill Mhantáin téarmaí conartha i Nollaig 2007 le Cuibhreannas Sispar maidir le tionscadal PPP a bhaineann le 341 aonad cónaitheach, thart ar 5,600 méadar cearnach de spás tráchtála a fhorbairt agus beart muirí 230 a fheidhmiú le tréimhse lamháltais 30-bliain. Chomh maith leis sin, cuirfear infrastruchtúr poiblí ar fáil lena n-áirítear cuan nua, cearnóg phoiblí, saoráidí clubanna pobail, cosaint Chósta agus oibreacha bainistiú trá. Áirítear leis an gconradh, socrú maidir le hioncam a roinnt idir Sispar agus an Chomhairle. Tá sé seo comhdhéanta de ghnéithe athraitheacha agus seasta. Faoin gcomhaontú, fuair an chomhairle €3 billiún in 2008 mar chuid den ghné seasta. Beidh suim bhreise iníoctha ar chríochnú an tionscadail.

Caibidil 5 Rialtas Láir

Pinsin na Seirbhíse Poiblí

Pinsin na Seirbhíse Poiblí

5.1 Clúdaíonn scéimeanna Pinsean¹¹ sa tseirbhís phoiblí os cionn 300,000 ball foirne agus os cionn 100,000 pinsinéir agus cleithiúnaí. Is scéimeanna sochair shainithe iad beagnach gach ceann de scéimeanna pinsean na seirbhíse poiblí, a bhfuil na sochair phinsin iníoctha faoi, bunaithe ar leibhéal an tuarastail deiridh ag an dáta scoir agus, go ginearálta, bronnar méaduithe iarscoir de réir méaduithe pá le ceadú an Aire Airgeadais.

Tuarascáil Speisialta

5.2 Shínigh mé Tuarascáil Speisialta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí an 21 Lúnasa 2009 tar éis imscrúdú a rinneadh faoi Alt 9 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, agus cuireadh chuig an Aire Airgeadais é. Cuirfidh an tAire an tuarascáil faoi bhráid Dháil Éireann laistigh de thrí mhí.

Dlitéanas Fabhraithe do Phinsin

5.3 Measadh gurbh ionann luach fabhraithe dhliteanais phinsin na Seirbhíse Poiblí amhail an 31 Nollaig 2008 agus thart ar €108 billiún. Cuireadh luach €1.9 billion¹² ar shócmhainní a bhí i seilbh laistigh de scéimeanna pinsean maoinithe ag an dáta sin. Meastar, tar éis na sócmhainní sin a ghlacadh san áireamh chomh maith le comhréir de luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF), gurb é €101 billiún glanluach reatha na ndlitéanas pinsin sin a fabhraíodh go dtí an dáta seo. Déantar cur síos i Fíor 15 ar chomhdhéanamh an olldliteanais de réir eárnála, chomh maith le líon na mball foirne, na bpinsinéirí agus pinsinéirí coinnithe lena mbaineann an dlitéanas.

5.4 Léiríonn an dlitéanas fabhraithe a tuairiscíodh i Fíor 15 luach reatha na n-íocaíochtaí ionchais pinsin sa todhchaí a rinneadh le baill foirne na seirbhíse poiblí agus a gcleithiúnaithe i leith na seirbhíse go dtí seo, chomh maith leis an dlitéanas iomlán do na híocaíochtaí go léir amach anseo a rinneadh le pinsinéirí reatha agus a gcleithiúnaithe agus le hiarfhostaithe le pinsin choinnithe. Cuimsítear pinsin ghairme do sheirbhísigh phoiblí amháin faoin bhfigiúr, agus ní chuimsítear dlitéanas an Stáit i leith pinsin Leasa Shóisialaigh do ceachtar acu sin san eárnáil phríobháideach ná san eárnáil phoiblí. Leathfar amach na híocaíochtaí pinsin comhbhailithe a eascraíonn as na dliteanais, thar 60 bliain nó níos faide amach sa todhchaí. Bunaítear an figiúr dliteanais fabhraithe ar sheirbhís go dtí seo agus baintear úsáid as pointí tuarastail na foirne ag an dáta luachála. Ní ghlacann sé luach saothair inphinsin sa todhchaí a d'fhéadfadh eascairt ó incrimintí nó ó san áireamh.

¹¹ Cuimsíonn scéimeanna pinsean príomhscéim aoisliúntais de ghnáth, chomh maith le scéim ranníocach chéilí agus leanaí.

¹² Áirítear air seo, sócmhainní lena mbaineann luach €1.7 billiún, a bheidh le n-aistriú ina dhiaidh sin chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean faoi reachtaíocht a aghaidh in 2009.

Fíor 15 Dliteanais Phinsin Fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2008

Earnáil	Olldliteanas	Líon na mBall Foirne ag Fónamh	Líon na bPinsinéirí	Líon na gCásanna Pinsin Coinnithe
	€ m			
Státseirbhís	13,518	38,600	14,800	4,600
Sláinte	22,892	112,500	29,500	46,200
An Garda Síochána	8,342	13,400	7,800	—
Oifigigh Phríosúin	1,246	3,300	900	—
Óglaigh na hÉireann	8,574	9,500	11,700	—
Múinteoirí ^a	28,167	57,400	17,700	11,000
CGOanna agus ITanna	6,009	21,100	4,700	4,200
Ollscoileanna	4,832	14,000	2,800	5,400
Comhlachtaí Státurraithe Neamhthráchtála	6,560	12,200	7,000	1,700
Sealbhóirí Oifige Bunreachtúla, Aireachta agus Breithiúnacha	785	400	600	—
Údaráis Áitiúla ^b	7,499	34,900	15,900	1,100
Iomlán	108,424	317,300	113,400	74,200
Sócmhainní	(1,865)			
Glandliteanas don tSeirbhís Phoiblí	106,559			
Aon trian den Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ^c	(5,381)			
Glandliteanas shócmhainní dáilte an NPRF	101,178			

Nótaí:

- a Áirítear air seo, múinteoirí bunscoile, múinteoirí iar-bhunscoile, cúntóirí riachtanas speisialta agus baill foirne nach múineann i scoileanna.
- b Ba chleachtadh teoranta a bhí sa mheastachán d'údaráis áitiúla bunaithe ar choibhneasachtaí a tógadh ó Thuarascáil an Choimisiúin um Pinsean na Seirbhíse Poiblí (2000).
- c Amhail an 31 Nollaig 2008, cuireadh luach €16,142 milliún ar an NPRF. Dáileadh aon trian den tsuim sin go barúlach ar chostas pinsin na Seirbhíse Poiblí agus dáileadh dhá thrian ar chostas pinsean an Stáit.

5.5 Bunaítear an ráta lascaire a úsáidtear chun luach reatha na n-íocaíochtaí ionchais amach anseo a ríomh ar chaighdeán cuntasáíochta a d'eisigh Bord Chaighdeán Cuntasáíochta na Seirbhíse Poiblí Idirnáisiúnta, IPSAS 25, i mí Feabhra 2008. Cé nach dtiocfaidh an caighdeán i bhfeidhm go dtí mí Eanáir 2011, measadh gurbh iad a fhorálacha an bonn ba chúil chun dliteanais phinsin na earnála poiblí a ríomh.

5.6 Imríonn raon toimhdí atá spleách ar choinníollacha ag an am a dhéantar na meastacháin tionchar ar ríomh an dliteanais fabhraithe. Is dócha go mbeidh an-chuid de na toimhdí eacnamaíocha, go háirithe, faoi réir inathraitheachta sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Mar shampla, laghdódh an éifeacht a bhainfeadh leis an ráta lascaire a úsáidtear a mhéadú faoi 0.5% an dliteanas fabhraithe ó €108 billiún go dtí €99 billiún. D'imreodh laghdú ar an ráta lascaire tionchar comhchosúil sa treo eile.

Maoiniú Scéimeanna Pinsean

5.7 Déantar an chuid is mó de scéimeanna pinsean na seirbhíse poiblí a mhaoiniú ar bhonn íoc mar a thuilltear, agus costas bliantúil na bpinsean á íoc ón ioncam reatha sa bhliain íocaíochta. Is scéimeanna maoinithe iad líon beag acu i roinnt comhlachtaí Státturraithe agus ollscoileanna.

5.8 Déanfar sócmhainní an chuid is mó de na cistí pinsean a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, le hachtú an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) i mí an Mheithimh 2009. B'ionann sócmhainní na scéimeanna aistrithe ag deireadh 2008 agus thart ar €1.7 billiún, chomh maith le dliteanais lenar bhain luach €3 billiún. I ndiaidh an aistrithe, íocfar dliteanais ar bhonn íoc mar a thuilltear.

5.9 Cuirtear ranníocaíochtaí pinsin, lena n-áirítear an Asbhaint Phinsin-Choibhneasta¹³ a tionscnaíodh le déanaí, i bhfeidhm mar ioncam reatha san chuid is mó de na cásanna. Déantar na ranníocaíochtaí sin a thaifead faoin gceannteideal leithreasaí i gcabhair den Vóta cuí agus sanntar iad ansin chun críocha caiteachais reatha, in ionad a ríomh mar ghlan i gcoinne íocaíochtaí pinsin. Cuirtear asbhaintí pinsin ó bhaill foirne Chomhlachtaí Stáit i bhfeidhm do chuspóirí reatha.

Cuntasaíocht maidir le Pinsin

5.10 Faoin gcur chuige airgeadbhunaithe i Leith na cuntasaíochta costais phinsin Stáit a oibrítear i Ranna agus Oifigí, ní chuimsítear costas fabhráithe na bpinsean a thuilleann baill foirne sna Cuntais Leithghabhála. Ina ionad sin, cuirtear na híocaíochtaí pinsin chun cuntais mar mhuirear don Vóta Aoisliúntais lárnach agus bíonn feidhm ag socraíochtaí analógacha maidir le baill foirne FSS, múinteoirí, Gardaí agus Óglaigh na hÉireann, leis na Vótaí ábhartha ag léiriú íocaíochtaí pinsean sna hearnálacha sin.

5.11 Baineann comhlachtaí Státturraithe neamhthráchtála agus ollscoileanna úsáid as cuntasaíocht fabhráithe maidir le ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, ina ndéantar an costas glanphinsin don bhliain chuntais a thomhas agus a thuairisciú sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus i ndlíteanais charntha chomhlán agus déantar aon chistí bainteacha a thaifead ina gCláir Chomhardaithe.

Conclúidí

Áirítear san torthaí mionshonraithe, atá leagtha amach i dTuarascáil Speisialta 68 a cuireadh faoi bhráid an Aire Airgeadais le cur i láthair Dháil Éireann,

- Amhail an 31 Nollaig 2008, bhí €108 billiún fabhráithe i leith oibleagáidí an Stáit do na phinsin na seirbhíse poiblí.
- Tiocfaidh ardú suntasach ar an ualach pinsin thar na 50 bliain amach romhainn. Faoi láthair is ionann na glanphinsin a íoctar agus 0.5% den GNP. Ardóidh sé sin le himeacht ama go dtí 1.8% ag glacadh leis go leanfar leis an asbhaint nua a bhaineann le pinsean a tugadh isteach in 2009.

¹³ Thug an Rialtas isteach Aisbhaint Phinsin Choibhneasta do bhaill foirne sa tSeirbhís Phoiblí faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009. Rinneadh na hasbhaintí a chur i bhfeidhm ón 1 Márta 2009.

Caibidil 6 Rialtas Láir

An tAontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2008

An t-Aontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2008

6.1 Maoinítear buiséad an Aontais Eorpaigh lena acmhainní féin agus roinnt fáltais eile. Cuimsítear na nithe seo a leanas faoina acmhainní féin

- fáltais dleachtanna custaim, dleachtanna talmhaíochta agus tobhaigh siúcra lúide coinneáil 25% chun costais bhailiúcháin a íoc (16% d'ioncam iomlán an AE)
- acmhainn féin CBL-bhunaithe faoina dtoibhítear céatadán a gcomhaontaítear air gach bliain ar bhonn CBL na mballstát go léir (16% den ioncam eile)
- acmhainn féin bunaithe ar ollioncam náisiúnta (GNI¹⁴) faoina dtoibhítear an céatadán céanna ar GNI gach ballstát de réir rialacha an AE (67% den ioncam iomlán)
- fáltais eile i mbuiséad an AE, lena n-áirítear ús, aisíocaíochtaí agus aon bharrachas a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe (1% den ioncam iomlán).

6.2 Chuir Éire €1.6 billiún le buiséad an AE do 2008. Léirítear comhghnéithe an iomláin seo i Fíor 16.

Fíor 16 Ranníocaíocht na hÉireann le Buiséad an AE 2008

Gné Ranníocaíochta	Bonn Cinnidh 2008 ^a	Suim €000
Acmhainní Féin Traidisiúnta	75%den iomlán a fuarthas sa Státchiste	201,697
Ranníocaíocht CBL-bhunaithe	0.3311% den bhonn CBL bunaithe	260,066
Ranníocaíochta GNI-bhunaithe	0.6440% de GNI bunaithe	983,931
Sásra Ceartúcháin an Ríochta Aontaithe ^b		141,015
Iomlán		1,586,709

Nótaí:

- a Is iad na rátaí a cuireadh i láthair do ranníocaíochtaí CBL agus GNI na cinn sin a comhaontaíodh ag tús na bliana buiséid. Féadfaidh athrú teacht orthu sin i rith na bliana de réir mar a chomhaontófar buiséid leasaithe.
- b Ó 1985 i leith, tá aisíocaíocht pháirteach faighte ag an Ríocht Aontaithe dá ranníocaíochtaí le buiséad an AE. Déantar an aisíocaíocht a mhaoiniú le ranníocaíochtaí ó bhallstáit eile i gcomhréir lena gcéatadán náisiúnta GNI AE.

6.3 Leagtar amach na híocaíochtaí a rinneadh le buiséad an AE le cúig bliana anuas i Fíor 17.

¹⁴ Is é GNI an GDP lúide ioncam príomhúil infíochta ag aonaid chónaitheacha le haonaid neamhchónaitheacha móide ioncam príomhúil infhaighte ag aonaid chónaitheacha ón gcuid eile den domhan.

Fíor 17 Ranníocaíocht na hÉireann le Buiséad an AE 2004 - 2008

Bliain	Íocaíocht Bhliantúil € billiún
2004	1.2
2005	1.5
2006	1.5
2007	1.6
2008	1.6
Iomlán 2004-2008	7.4

Foinse: An Roinn Airgeadais

6.4 Tá íocaíochtaí déanta ag an AE le hÉirinn i ngach ceann de na cúig bliana seo caite mar a leagtar amach i Fíor 18.

Fíor 18 Fáltais na hÉireann ó Chistí Bhuiséad an AE 2004-2008

Bliain	Fáltais Bhliantúla € billiún
2004	2.6
2005	2.4
2006	2.2
2007	2.1
2008	2.1
Iomlán 2004-2008	11.4

Foinse: An Roinn Airgeadais

6.5 Fuarthas fáltais €2.1 billiún ón AE in 2008 ó Chistí agus Cláir áirithe an AE de réir mar a sonraíodh i Fíor 19. D'úsáid Éire na fáltais roimhe sin in 2008 ar an mbealach seo a leanas

▪ Suimeanna vótailte ag Dáil Éireann	€467,600,000
▪ Íocaíochtaí Príomh-Chiste	€129,900,000
▪ Íocadh go díreach le Gníomhaireachtaí agus Tairbhithe Forfheidhmiúcháin	€1,464,000,000

Fíor 19 Fáltais na hÉireann 2008 de réir Foinse

Foinse Fháltais AE	Suim €000	Úsáid Chistí an AE		
		Vótaí €000	Príomh-Chiste €000	Díreach ^a €000
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) ^b	127,700		127,700 ^c	
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF)	1,450,300			1,450,300 ^d
An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD)	355,000	355,000		
An Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGGF) – Treoraíocht	9,000	9,000		
Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) ^b	79,900	79,900		
An Ciste Comhtháthaithe (CF)	—	—	—	—
Eile	39,600	23,700	2,200	13,700
Iomlán	2,061,500	467,600	129,900	1,464,000

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí:

- a Coimeádtar na fáltais seo go leithleach ó chistí Stáit nó Vótáilte agus íocadh le faighteoirí iad thar ceann an AE.
- b Áirítear ar an méid thuas fáltais ón gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas arbh ionann iad agus €9.1 milliún agus €5.3 milliún faoi seach.
- c Áirítear ar an bhfigiúr ERDF €14.2 milliún i réamhíocaíochtaí ón gCoimisiún AE do chlár faoin gCreatlach Airgeadais Ilbhliantúil 2007-2013 le haghaidh oibriú Bhuiséad an AE, de réir mar a ghlac an Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2007. Coimeádtar an t-airgead i gcuntas fionraí go dtí go dtosaíonn an leithdháileadh cistí sa chlár.
- d Is iad na príomhchodanna íocaíochtaí Feirme Aonair (€1.3 billiún) agus íocaíochtaí Athstruchtúraithe Siúcra (€149 milliún).

6.6 Is éard atá sa €39.6 milliún i bhFáltais Eile an AE, mar a leagtar amach i bh**Error!**
Reference source not found., na cistí a mionsonraítear i Fíor 20.

Fíor 20 Fáltais AE Réamh-mheasta ó Fhoinsí Eile

Foinse Fháltais Eile AE	Suim €000	Úsáid Chistí an AE		
		Vótaí €000	Príomh-Chiste €000	Díreach €000
An Ionstraim Airgeadais um Threoraíocht lascaigh (FIG)	11,500	11,500		
Cosaint lascaigh/ Caomhnú agus Bainistíocht lascaigh	1,200	1,200		
Ciste lascaigh na hEorpa (EFF)	2,900	2,900		
Ciste Tréidliachta	8,100	8,100		
Clár Oideachais	12,800			12,800
EEA/TENanna/Eile	2,200		2,200	
CSO – Fáltais <i>Eurostat</i>	400			400
LIFE +	500			500
Iomlán	39,600	23,700	2,200	13,700

Foinse: An Roinn Airgeadais

Caiteachas Neamh-Incháilithe agus Ceartúcháin Airgeadais

6.7 Agus éilimh a cuireadh isteach á sheiceáil tá an fhéidearthacht ann go bhfuil caillteanas ann don Státchiste ag eascairt ó thorthaí iniúchta. Nuair a thagtar ar an tátal (de chuid an Choimisiúin agus Iniúchóirí ECA) go bhfuil caiteachas neamh-incháilithe san áireamh in éileamh do chistí AE, féadfaidh an Coimisiún na méideanna sin a dhícheadú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Coimisiún ceartúcháin airgeadais a fhorchur mar thoradh ar laigí rialaithe inmheánaigh a fuarthas le linn iniúchta. Féadfaidh siad sin a bheith ina gceartúcháin chainníochtúla shonracha a bhaineann le hoibríocht aonair, ina gceartúcháin eachtarshuite ina nglactar leis gur tharla an neamhrialtacht níos leithne ar fud bearta nó clár, nó ceartúcháin bhunráta nuair nach mbíonn toradh sháru rialaithe cainníochtúil.

Iniúchadh ar Chistí AE

6.8 Tá cur i bhfeidhm Chistí AE faoi réir iniúchta a dhéanann aonaid rialaithe a bunaíodh go speisialta, seirbhísí iniúcháireachta Choimisiún an AE, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (ECA) agus m'Oifig féin.

Aonaid Rialaithe

6.9 Bunaíodh údaráis iniúcháireachta, ar a dtugtar Aonaid Rialaithe Airgeadais sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tugann aonad tiomnaithe rialaithe laistigh d'Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia faoin bhfeidhm sin do chlár foraoiseachta agus iascaigh. Is aonad neamhspleách é gach údarás iniúcháireachta a chuireann tuairim bhliantúil ar fáil do Choimisiún an AE maidir le feidhmiú córas rialaithe agus dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachais. Leanann an t-údarás iniúcháireachta straitéis iniúcháireachta ar tugadh fógra ina taobh don Choimisiún, agus cuireann sé tuarascálacha bliantúla ar fáil dá dtorthaí iniúcháireachta, lena n-áirítear aon easnaimh i mbainistíocht agus rialú.

6.10 Déanann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia riaradh ar na comhchistí talmhaíochta – EAFRD agus EAGF. Tá obair Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne mar bhonn eolais ag dearbhu na bainistíochta ar éifeachtacht na rialuithe. Soláthraíonn gnólacht iniúchóirí tráchtála, a cheaptar go tréimhsiúil tar éis próiseas tairiscintí poiblí, deimhniú bliantúil neamhspleách agus tuarascáil ar rialuithe inmheánacha do Choimisiún an AE.

Iniúchtaí a dhéanann Coimisiún an AE

6.11 Tugann seirbhísí iniúcháireachta Choimisiún an AE faoi roinnt iniúchtaí gach bliain sna Ballstáit ar scéimeanna maoinithe ag an AE agus rialuithe bainteacha.

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

6.12 Ceanglaítear ar an ECA, ráiteas bliantúil urrúis (tuairim iniúcháireachta) a thabhairt maidir le hiontaofacht Chuntais an Aontais Eorpaigh agus dlíthíocht agus rialtacht na n-idirbheart a bhaineann leis na cuntais sin. Le linn dóibh na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, tugann baill foirne ECA cuairt ar Bhallstáit chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir bhainistíochta, córais rialaithe a thástáil agus chun imscrúdú mionsonrach a dhéanamh ar shampla iarratas a rinneadh mar thacaíocht íocaíochtaí tairbhíthe deiridh. Déanann socraíochtaí idirchaidrimh soláthar do chuariteanna ECA ar Éirinn atá le heagrú ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an comhfhreagras go léir, lena n-áirítear torthaí iniúcháireachta ECA agus cuirtear freagairtí bainistíochta chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le tarchur chuig an gcomhlacht iniúchta. Déantar na torthaí a chorprú mar chuid de thuarascáil bhliantúil an ECA tar éis comhairliúcháin leis an údarás deimhniúcháin.

Iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

6.13 I gcás ina bhfuil cistí an AE faighte ag Roinn nó Comhlacht Stáit a ndearna an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh air, déantar iniúchadh ar fháltas agus cur i bhfeidhm na gcistí ar an modh céanna le cistí náisiúnta agus le gach idirbheart eile atá déanta ag an gcomhlacht sin. Féachtar, mar chuid den phleanáil iniúcháireachta, do thascanna iniúcháireachta atá déanta ag comhlachtaí eile, lena n-áirítear an ECA agus an comhlacht deimhniúcháin do thacaíochtaí talmhaíochta. Áirítear ar an obair iniúcháireachta, tástáil chomhlíonadh na rialacha náisiúnta atá trasuite ó Threoracha agus Rialacháin an AE. Tá an próiseas trasuimh lasmuigh de shainchúram an iniúchta, áfach.

Caibidil 7 Rialtas Láir

Bearta Cobhsaíochta Baincéireachta

Bearta Cobhsaíochta Baincéireachta

7.1 Deacrachtaí i margadh tithíochta na Stáit Aontaithe i 2006 agus 2007 ba bhun le nochtadh fadhbanna eile i margáí airgeadais mórtimpeall an domhain. Géarchéim airgeadais domhanda a bhí de thoradh air seo a dhíríonn ar inní faoi shócmhainneacht institiúidí airgeadais agus lagú sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear iasachtú a urraíodh ar tháirgí airgeadais teimhneacha agus coimpléascacha. In Éirinn, tháinig na fadhbanna chun cinn i Meán Fómhair 2008, nuair a tháinig inní tromchúiseach chun cinn faoi chobhsaíocht chóras baincéireachta na hÉireann. Ó shin, tá an Rialtas tar éis sraith bearta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar chobhsaíocht na hearnála airgeadais a athbhunú, taisceoirí a chosaint agus forais chreidmheasa a spreagadh agus a chumasú chun iasachtú a atosú.

7.2 Bhí úsáid cistí poiblí i gceist i gcuid de na bearta cobhsaíochta baincéireachta a cuireadh i bhfeidhm, ó fhoinsí cúlcistí poiblí carnacha nó iasachtaí Stáit méadaithe. D'fhág ráthaíochtaí i leith dliteanas baincéireachta gur nochtadh an Stát do dhliteanas theagmhach an-suntasacha.

Béim na Tuarascála

Tiomsaíodh an chaibidil seo chun forbheithniú a thabhairt ar na príomhbhearta a feidhmíodh, agus ar na tionchair airgeadais go dáta.

Comparáid Idirnáisiúnta Bhearta Cobhsaíochta

7.3 Ta bainc cheannais ina lán tíortha tar éis scála a ngnáthoibríochtaí a mhéadú go suntasach mar thaca le leachtú forais airgeadais. Mar shampla, tá an Banc Ceannais Eorpach tar éis a thacaíocht d'fhorais airgeadais a leathnú ó lár 2007, trí fhadú na tréimhse iasachta ar dtús, agus ó Dheireadh Fómhair 2008, trí mhéadú ar an méid comhiomlán de sholáthar leachtaithe.

7.4 Anuas ar oibríochtaí taca leachtaithe bainc cheannais, tá a lán tíortha tar éis tuilleadh tacaíochta speisialta dá n-earnálacha airgeadais a chur ar fáil, nó d'fhógair go bhfuil sé i gceist acu é seo a dhéanamh. Ar na príomhchineálacha bearta a cuireadh i bhfeidhm tá

- **inteilgin chaipitil isteach in institiúidí airgeadais** — tá a lán tíortha tar éis athchaipitliú a dhéanamh ar bhainc, go háirithe iad sin a mheastar a bheith tábhachach go sistéamach
- **ceannach sóchmainne agus iasacht dhíreach** — tá rialtais agus roinnt banc ceannais tar éis sócmhainní neamhleachtaithe a cheannach ó fhorais airgeadais agus/nó tá iasachtaí díreacha substaintiúla curtha ar fáil acu
- **tacaíocht speisialta bainc cheannais/státchiste** — tá bainc cheannais tar éis línte creidmheasa a chur ar fáil d'fhorais airgeadais, tá urrúis sócmhainne agus páipéar tráchtála ceannaithe agus tá siad tar éis dul i mbun babhtála sócmhainní
- **ráthaíochtaí do dhliteanas na hearnála airgeadais** — tá ráthaíochtaí curtha ar fáil do thaiscí bainc, iasachtaí idirbhanc agus, i gcás áirithe, bannaí
- **ráthaíochtaí taiscí** — ardaíodh teorainneacha scéime ráthaíochta taiscí a bhí in áit roimh an ghéarchéim airgeadais, i bhformhór na dtíortha.

7.5 Cuireann Fíor 21 sonraí de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta i láthair a léiríonn raon agus scála na mbearta a chuir geilleagair shárfhorbartha ar fáil suas go dtí lár Bhealtaine 2009. Léirítear na sonraí i dtéarmaí céatadán den Olltáirgeacht Intíre (GDP) chun comparáid den scála gabhálacha a éascú.

Fíor 21 Meastacháin Tacaíochta de chuid an IMF don Earnáil Airgeadais i dtíortha Roghnaithe, ag lár Bhealtaine 2009, (mar chéatadán de GDP)

	Instealladh Caipitil	Ceannach Sócmhainní/ lasacht Díreach	Tacaíocht ón mBanc Ceannais le tacaíocht an Státchiste	Soláthairtí Leachtaithe Speisialta ón mBanc Ceannais	Ráthaíochtaí Dlíteanais	Airgeadú ^a Aitheantais Rialtais ^a
	%	%	%	%	%	%
An Astráil	—	0.7	—	—	8.8	0.7
An Ostair	5.3	3.5	—	—	26.6	8.9
An Bheilg	4.8	—	—	—	26.4	4.8
Ceanada	0.9	8.8	—	1.9	13.5	9.8
An Fhrainc	1.4	1.3	—	—	16.4	1.6
An Ghearmáin	3.8	0.4	—	—	18.0	3.7
An Ghréig	2.1	3.3	—	—	6.2	5.4
Éire	5.4	—	—	—	261.0	5.4
An Iodáil	0.8	—	—	2.5	—	0.8
An tSeapáin	2.4	11.4	—	1.2	7.3	0.8
An Chóiré	2.5	5.0	—	0.2	12.7	0.3
An Ísealtír	3.4	2.8	—	—	33.9	6.2
An Iorua	2.0	15.8	—	—	—	15.8
An Phortaingéil	2.4	—	—	—	12.0	2.4
An Spáinn	—	4.6	—	—	18.3	4.6
An tSualainn	2.1	4.8	—	15.4	47.5	5.2
An Eilbhéis	1.1	—	—	7.2	—	1.1
An Ríocht Aontaithe	3.9	13.8	12.8	—	51.1	18.9
Na Stáit Aontaithe	4.6	2.3	0.7	41.9	31.4	7.5

Foinse: Nóta Seasamh Foirne IMF SPN/09/13, Impleachtaí físcach na Géarchéime Airgeadais agus an Gheilleagair Dhomhanda, Meitheamh 2009.

Nóta:

a Lena n-áirítear gnéithe tacaíochta a tuairiscíodh sna chéad trí cholún a mbaineann eisíocaíochtaí aitheantais rialtais leo.

7.6 Léiríonn an patrún i Fíor 21 go ndearna tíortha difriúla roghanna difriúla faoi na bearta is cuí ar chóir a úsáid chun tacú lena n-earnálacha airgeadais faoi seach.

7.7 Is cosúil, bunaithe ar shonraí IMF, go raibh airgeadú aitheantais rialtais na hÉireann suas go lár Bhealtaine 2009 (5.4% de GDP) suntasach ach gan a bheith eisceachtúil i dtéarmaí coibhneasta. Bhí an Iorua agus an Ríocht Aontaithe tar éis leibhéil cuid mhór níos airde tacaíochta aitheantais rialtais a chur ar fáil, ar ionann agus 16% agus 19% de GDP, faoi seach.


7.8 Ceapann an Roinn Airgeadais gur bhain an IMF úsáid as meastachán mícheart de ráthaíochtaí na hÉireann do dhliteanais na hearnála airgeadais agus na sonraí á dtiomsú acu, agus dá bharr sin go raibh líon na ráthaíochta dliteanais a léirigh an IMF rómheasta. De réir meastachán na Roinne b'ionann luach dliteanais na bhforas creidmheasa faoi chumhdach ag ráthaíochtaí Stáit agus 164% de GDP ag deireadh Márta 2009. Fágann sé seo luach taiscí custaiméara faoi chumhdach ag an Scéim Ráthaíochta Taiscí as an áireamh. Ina theannta sin, dúirt an Roinn cé go bhfuil ráthaíocht dhliteanais forais chreidmheasa na hÉireann foirmiúil agus go mbeidh ceangal dlí ag gabháil leo, go bhfuil rialtais i roinnt tíortha eile tar éis tiomantais a thabhairt a bhfuil foclaíocht láidir ag dul leo, cé nach bhfuil siad chomh foirmiúil céanna, atá níos congaráí ó thaobh scóipe agus intinne do ráthaíocht na hÉireann ná mar ar léir ón seasamh dlithiúil foirmiúil.

Tacaíocht Leachtaithe an Bhainc Ceannais/An Chórais Eorpach

7.9 Tá an Banc Ceannais, ag feidhmiú thar cheann an Chórais Eorpach Bhanc Ceannais (Eurosystem), tar éis maoiniú substaintiúil a chur ar fáil chun tacú le leachtú na hearnála baincéireachta, i bhfoirm iasachta le cúltaca comhthaobhachta. Go praiticiúil, tá sé tar éis an oiread leachtaithe a chur ar fáil agus a lorg na bainc, mar aon le liosta na sócmhainní inghlactha mar chomhthaobhacht a leathnú amach.

7.10 Mar a léiríonn Fíor 22, mhéadaigh iasacht an Chórais Eorpach Bhanc Ceannais go dtí forais chreidmheasa ó €38 billiún ag deireadh Mheithimh 2008, go €130 billiún ag deireadh Mheithimh 2009.

Fíor 22 Iasacht an Bhainc Ceannais/An Chórais Eorpach d'fhorais chreidmheasa, Eanáir 2008 go Meitheamh 2009



Foinse: Feasachán Staitisticí Míosúil an Bhainc Ceannais

Síneadh na Scéime Ráthaíochta Taiscí

7.11 Cuireadh Scéim Ráthaíochta Taiscí i bhfeidhm i 1995, a thug éifeacht do Threoir AE 94/19/CE. Faoin scéim, tugadh ráthaíocht chúitimh theoranta do thaisceoirí áirithe i bhforais chreidmheasa, i gcás go ndeachaigh an foras (na forais) faoi leachtú. Bhí leibhéal na cosanta a cuireadh ar fáil teoranta don íosmhéid a ceadáíodh faoin Treoir AE. Ó 31 Nollaig 1999, bhí

leibhéal an chúitimh teoranta do €20,000, nó 90%, cibé acu is lú, de thaiscís i gcuntais reatha, i gcuntais taisce phrapéilimh, agus i gcuntais taisce théarmacha, in aon cheann de na forais.

7.12 Ceanglaítear ar fhorais faoi réir forálacha na Scéime airgead a chur i dtaisce i gCuntas Cosanta Taiscís arna riaradh ag an mBanc Ceannais/Rialtóir Airgeadais. Ó cuireadh tús leis an Scéim socraíodh an taisce is gá a choinneáil sa chuntas i ngach foras ag leibhéal 0.2% de luach iomlan taiscís custaiméaraí reatha leis an bhforas, ní luach na dtaiscís ráthaithe amháin.

7.13 Ag deireadh 2008, bhí thart ar 50 foras creidmheasa faoi réir forálacha na Scéime. Bhí iarmhéid €669 milliún sa Chuntas Cosanta Taiscís (ó €526 milliún ag deireadh 2007).

7.14 I gcás go ndéanfaí leachtú ar fhoras creidmheasa, is é an Banc Ceannais a dhéanfaidh freastal ar an gcéad dul síos ar éilimh ó thaisceoirí, agus úsáid á baint as acmhainní an Chuntais Chosanta Taiscís. Dhéanfaí freastal ar aon easnamh o Lárachiste an Stáitchiste. D'úsáidfí íocaíochtaí ina dhiaidh sin isteach sa Chuntas Cosanta Taiscís ó fhorais chreidmheasa a bhí fós ann, chun na taiscís riachtanacha a chur ar ais arís, leis an Stáitchiste a aisíoc.

7.15 Ní dhearnadh aon éileamh faoin Scéim seo ó thráth a tionscanta.

7.16 Ag éirí as imní dealraitheach tomhaltóra faoi shlándáil a dtaiscís i bhforais chreidmheasa, d'fhógair an Rialtas roinnt leasuithe ar an Scéim Ráthaíochta Taiscís ar 20 Meán Fómhair 2008. Áirítear orthu seo

- méadú láithreach ar an teorainn chúitimh ó €20,000 tg €100,000 in aghaidh an taisceora incháilithe in aghaidh an fhorais
- deireadh á chur leis an gceangaltas faoina shlánódh an taisceoir 10% ar a laghad d'aon chaillteanas
- leathnú amach na scéime chun taiscís in os cionn 400 comhar creidmheasa a chumhdach — roimhe seo, bhí taiscís roinnt comhair chreidmheasa faoi chumhdach scéime cosanta taiscís neamhreachtúil a bhí níos teoranta.

7.17 Tar éis an fhógra faoi athruithe a bhí beartaithe ar an Scéim Ráthaíochta Taiscís, chuir an AE tús le líon leasuithe eile ar na scéimeanna seo. Áirítear orthu seo an ghnáth-theorainn ama d'íocaíocht chúitimh faoi na scéimeanna a laghdú ó thrí mhí go 20 lá oibre.

7.18 Ritheadh Acht na Seirbhísí Airgeadais (An Scéim Ráthaíochta Taiscís) 2009 ar 18 Meitheamh 2009 chun soláthar do na hathruithe riachtanacha. D'ardaigh ionstraim reachtúil a tháinig in éifeacht ar 30 Meitheamh 2009 an teorainn ráthaithe go €100,000 agus rinne foráil do laghdú na teorann ama d'íocaíocht éilimh le héifeacht ó thús 2011. Cuirfidh ionstraim reachtúil eile na hathruithe riachtanacha maidir le comhair chreidmheasa i bhfeidhm.

An Scéim Ráthaíochta Bainc

7.19 Fógraíodh Scéim na bhForais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (dá dtagraítear mar an Scéim Ráthaíochta Bainc) ar dtús ar 30 Meán Fómhair 2008. Cuireann sé ráthaíocht Stáit dhá bhliana ar fáil i leith gach taisce i seacht bhforas creidmheasa, sa mhéid is nach bhfuil siad faoi chumhdach scéimeanna ráthaíochta taiscís atá ann cheana sa Stát nó i ndlínsí eile, agus do dhliteanais áirithe eile de chuid na bhforas. Tá an Scéim deonach ach cuirtear téarmaí agus coinníollacha áirithe i bhfeidhm ar na forais atá rannpháirteach ann. Orthu seo áirítear

- íocaíochtaí muirear ráithiúla don Stáitchiste i leith na ráthaíochta thar shaolré na Scéime
- ceanglas ar gach ceann de na forais faoi chumhdach beirt stiúrthóirí leasa phoiblí a cheapadh ar a mboird ó phainéal atá ainmnithe ag an Rialtas

- teorainneacha ar luach saothair oifigeach sinsearach baine
- maoirseacht reachtúil níos déine ar na forais faoi chumhdach, lena n-áirítear tuairisciú stuamachta níos minicí (tuairiscí laethúla ar leachtú) agus breathnóirí buana ar an láthair de chuid an Rialtóra Airgeadais (e.g. ag freastal ar chruinnithe coistí creidmheasa).

Dlíteanais faoi chumhdach Ráthaíochta faoin Scéim Ráthaíochta Baine

Is iad seo na dlíteanais faoi chumhdach na Scéime

- gach ***taisce mhiondóla agus chorparáideach*** (a mhéid nach bhfuil faoi chumhdach scéimeanna cosanta taiscí atá ann cheana féin in Éirinn nó in aon dlínse eile) — san áireamh anseo tá aon iarmhéid chreidmheasa le forais faoi chumhdach a eascraíonn as airgead a fágadh in aon chuntas nó ó idirbhearta baincéireachta agus a bhfuil oibleagáid ar an bhforas creidmheasa é a aisíoc; aon fhiachas dá leithéid á fhianú le teastas atá eisithe ag foras creidmheasa; agus airgead i gcuntais scaireanna le cumainn fhoirgníochta
- ***taiscí idirbhaine*** (seachas iasacht idirghrúpa a fháil, agus seachas aon fhiachas atá ag dul don Bhanc Ceannais Eorpach ag éirí as oibríochtaí airgeadais an Chórais Eorpaigh)
- ***fiachas neamhurráithe sinsearach*** — lena n-áirítear gach urrús a bhfuil tosaíocht acu chun tosaigh ar gach fofiachas neamhurráithe sa rangú d'íocaíocht i gcás mainneachtana. Cuimsíonn sé ionstraimí fiachais mar: páipéir ghearrthéarmacha; nótaí meántéarmacha (seasmhacha nó comhlúthacha); ionstraimí fiachais inmhalartaithe nó in-chomhshóite; áiseanna iasachta; táirgí fiachais neamhurráithe struchtúrtha (lena n-áirítear nótaí nasctha le ráta úis, nótaí nasctha leis an mboilsciú, nótaí cothromas-nasctha, nótaí tráchtearraí-nasctha agus nótaí nasctha le hairgeadra eachtrach); agus neamhchosaint chriostalaithe faoi chonarthaí díorthacha tar éis aon ghlanluacháil a chur san áireamh.
- ***urrúis faoi chumhdach sócmhainní***
- ***fofhiachas dátaithe*** (íosleibhéal 2) — Is fiachas é seo a bhfuil dáta aibíochta nó fuascailte sonracha aige, in aghaidh fiachais 'shuthain' nach bhfuil aon aibíocht sheasmhach aige. Tá sé fo-ordaithe in aghaidh fiacha eile, rud a chiallaíonn go dtabharfaí onóir dó tar éis na fiacha sin dá ndéanfaí foras creidmheasa a fhoirceannú. Is rangú é an téarma 'íosleibhéal 2' a úsáidfear chun críocha rialála.

7.20 Léiríonn Fíor 23 luach iomlán measta na ndlíteanas faoi chumhdach na ráthaíochta ag deireadh gach ráithe ó cuireadh tús leis an Scéim. Léiríonn sé freisin luach measta na dtaiscí sna forais atá rannpháirteach sa Scéim a bhí faoi chumhdach na Scéime Ráthaíochta Taiscí.¹⁵

¹⁵ Tá cuid de dhlíteanais na bhforas creidmheasa faoi chumhdach na Scéime Ráthaíochta Taiscí, ní dhearctar air seo mar ráthaíocht Stáit.

Fíor 23 Luch measta dliteanas ráthaithe forais chreidmheasa faoi chumhdach, Nollaig 2008 go Meitheamh 2009

	Cumhdach na Scéime Ráthaíochta Taiscí ^a € billiún	Cumhdach na Scéime Ráthaíochta Bainc € billiún	Luach iomlán dliteanas ráthaíochta forais atá faoi chumhdach € billion
Deireadh Nollag 2008	84.4	344.5	428.6 (D/F le deimhniú)
Deireadh Mhárta 2009	83.7	299.1	382.8
Deireadh Mheithimh 2009	81.6	264.9	346.5

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta:

a Baineann le taiscí incháilithe amháin sna forais faoi chumhdach na Scéime Ráthaíochta Bainc.

7.21 Forálann an Scéim don Aire Airgeadais luach comhiomlán na ndliteanas faoi chumhdach a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil. Tá ceanglas ar na forais chreidmheasa faoi chumhdach figiúirí iniúchta a chur ar fáil do shuimeanna na ndliteanas faoi chumhdach ag deireadh gach ráithe. Thóg sé roinnt ama ar an Roinn Airgeadais, na forais chreidmheasa agus a n-iniúcháirí aontú faoi shainmhíniú agus modheolaíochtaí comhsheasmhacha. Cuireadh an chéad lear de na figiúirí iniúchta faoi bhráid na Roinne in Iúil 2009. Tá sé i gceist ag an Roinn tuarascáil a fhoilsiú ar luach na ndliteanas faoi chumhdach a luaithe agus a bheidh sraith iomlán sonraí iniúchta ar fáil.

Íocaíochtaí Préimhe Ráthaithe

7.22 Forálann an Scéim Ráthaíochta do gach ceann de na forais faoi chumhdach muirir ráithiúla i leith ráthaíochta a ndliteanas a íoc. Tá sé i gceist leis seo méid chuí a aisghabháil ó na forais lena mbaineann, i leith an chostais airgeadais agus an riosca a thabhaigh an Stát nuair a chuir sé an ráthaíocht ar fáil.

7.23 Tá an tsuim fhoriomlán atá le haisghabháil trí mhuirir bunaithe ar chostas méadaithe measta fiacha Rialtais a mhaoiniú mar thoradh ar an ráthaíocht a sholáthar. Go praiticiúil, tá deacracht ann tionchar na ráthaíochta ar chostais mhaoinithe Rialtais a scaradh ó thionchar fachtóirí eile, go háirithe sna cúinsí margaidh eisceachtúla atá i réim faoi láthair. Le linn bheith ag cinneadh na suime seo, cuireadh san áireamh freisin cumas na bhforas faoi chumhdach íoc as na muirir, ag cur na cúinsí as a d'eascair an gá an ráthaíocht a thabhairt isteach, san áireamh.

7.24 Bunaithe ar chomhairle ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, ghlac an Roinn Airgeadais leis go dtiocfadh ardú idir 0.15% agus 0.3% ar chostas maoinithe fiacha an Rialtais de thoradh na ráthaíochta, agus chinn sí gur chóir go mbaileofaí thart ar €500 milliún in aghaidh na bliana ar feadh dhá bhliain, ó na forais faoi chumhdach.

7.25 Bhí an tsamhail ar glacadh léi chun dáileadh an mhuirir idir na forais faoi chumhdach a ríomh, bunaithe ar rátálacha creidmheasa fadtéarmacha mar tháscairí de phróifíl riosca na bhforas aonair. Tá ceanglas ar gach foras an tsuim atá le híoc gach ráithe a ríomh, agus an tsuim a fhóir ag iniúcháirí seachtracha na bhforas. Cé is moite den chéad ráithe d'fheidhmiú na ráthaíochta, tá ceanglas ar na forais an muirear a íoc laistigh de chúig lá oibre ó thosach na ráithe.

7.26 Tá cuntas speisialta curtha ar bun ag an mBanc Ceannais ina lóisteáiltear na muirir atá íoctha ag na forais faoi chumhdach. Tá sé seo a choinneáil mar chúltaca d'aon íocaíochtaí atá le déanamh faoin scéim. Íocfar aon iarmhéid atá fanta ag dul as feidhm na Scéime leis an Státchiste. Léiríonn Fíor 24 na suimeanna a íocadh isteach i gcuntas na Scéime Ráthaíochta go dáta.

Fíor 24 Íocaíochtaí muirear ráthaíochta ó fhorais faoi chumhdach, ráithe 4 2008 go ráithe 2 2009

	Íocaíocht don Ráithe	Íocaíocht charnach ag deireadh na Ráithe
	€m	€m
Ráithe 4 2008	110	110
Ráithe 1 2009	115	225
Ráithe 2 2009	70	295

Foinse: An Roinn Airgeadais

7.27 Forálann an Scéim Ráthaíochta don Aire Airgeadais, dá rogha féin, athbhreithniú a dhéanamh ar na muirir a ghearrtar ar fhorais faoi chumhdach. Ní dhearnadh athbhreithniú ar na muirir go dáta.

7.28 Thug forais faoi chumhdach tiomantais ina gcuid gníomhas glactha ráthaíochta faoi seach an tAire a shlánú i leith aon íocaíochtaí a rinneadh faoin ráthaíocht, agus costais eile a tabhaíodh a thabhairt ar ais (e.g. costais riaracháin).

Athbhreithniú na Scéime

7.29 Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim Ráthaíochta Bainc in Aibreán 2009. Baineadh de thátal as seo, cé gur éirigh leis an Scéim ina chuspóir láithreach chun géarchéim baincéireachta sistéamach a chosc, go bhfuil seasamh leachtaithe chóras baincéireachta na hÉireann faoi strus i gcónaí. Shocraigh an t-athbhreithniú, toisc go mbeadh deireadh leis an ráthaíocht laistigh de thréimhse gearr go maith, gurb shin ceann de na cúiseanna nach raibh na forais faoi chumhdach ábalta maoiniú fadtéarmach a fháil ó na margáí. Ar an taobh eile, fuarthas amach go soláthraíonn an chuid is mó de na scéimeanna ráthaíochta a tugadh isteach i mballstáit eile an AE, cé go rabhdar níos lú ó thaobh scóipe, ionstraimí ráthaíochtaí fiachais laistigh de thréimhse aibíochta shonraithe e.g. cúig bliana ón dáta eisithe go aibíocht. Shocraigh an t-athbhreithniú go raibh réasún ann chun leanúint ar aghaidh leis an Scéim Ráthaíochta Bainc, agus go raibh gá le ráthaíocht a thabhairt isteach le haghaidh saincheisteanna fiachais a raibh aibíocht suas le cúig bliana aici.

7.30 Léirigh an Rialtas go bhfuil sé i gceist aige, faoi scéim nua, ráthaíocht Stáit a chur in áit do shaincheisteanna urraí fiachais le aibíochtaí suas le cúig bliana aici sa todhchaí. Meastar go gcuirfí fiacha faoi chumhdach na ráthaíochta seo in áit fiacha faoi chumhdach na Scéime Ráthaíochta Bainc, agus mar sin nach gcuirfidís le stoc foriomlán dliteanas ráthaithe.

Athchaipitliú na mBanc

7.31 Mar gheall ar fhócas margaidh méadaithe ar sheasamh caipitil na mbanc amach sa bhliain 2008, choimisiúnaigh an Rialtóir Airgeadais PriceWaterhouseCoopers chun measúnú neamhspleách ar leabhair iasachtaí agus seasamh caipitil na bhforas creidmheasa faoi chumhdach na Scéime Ráthaíochta. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe, shocraigh an Rialtas i Nollaig 2008 cuidiú le hathchaipitliú foras creidmheasa áirithe trí shealúchas príomhscaireanna.

7.32 Ar na bainc a bhí san áireamh sa mholadh athchaipitlithe bhí AIB, Banc na hÉireann agus an Banc Angla-Éireannach, agus soláthar tosaigh €5.5 billiún molta. Tar éis tuilleadh anailíse a rinne PriceWaterhouseCoopers, shocraigh an Rialtas An Banc Angla-Éireannach a náisiúnú.

7.33 Rinne PriceWaterhouseCoopers agus Jones Lang La Salle, cuideachta luachálaithe neamhspleách, tuilleadh oibre freisin maidir le luach phunanna iasachta réadmhaoín-bhunaithe AIB agus Bhanc na hÉireann. Bunaithe ar an obair sin, ardaíodh an soláthar athchaipitlithe molta don dá bhanc i bhFeabhra 2009 go dtí iomlán €7 billiún.

7.34 Maoiníodh an t-athchaipitliú ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, €4 billiún ag teacht as acmhainní reatha an Chiste agus €3 billiún á sholáthar trí thús-ualú ranníochtaí an Stáit don Chiste do 2009 agus 2010. Rinneadh an maoiniú a infheistiú i bpríomhscaireanna agus bundíbhinní seasta 8% iníoctha in aghaidh na bliana. Íocfar díbhinní isteach sa Chiste.¹⁶

7.35 Rinneadh soláthar don infheistíocht mholta ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean trí reachtaíocht phríomha, a ritheadh ar 5 Márta 2009¹⁷. Chun ullmhú don infheistíocht, rinne Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean cleachtadh dícheall cuí mionsonraithe maidir leis an dá bhanc, le cabhair PriceWaterhouseCoopers agus daoine nach iad.

7.36 Ag cruinnithe ginearálta urghnácha AIB agus BOI ina dhiaidh sin, chomhaontaigh scairshealbhoirí le téarmaí agus coinníollacha an athchaipitlithe. Tharla an infheistíocht i mBanc na hÉireann ar 31 Márta 2009.

7.37 Roimh an infheistíocht bheartaithe in AIB, threoraigh Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean próiseas díchill chuí a shocraigh, i gcásanna samplacha struis as cuimse áirithe, go bhféadfaí go gcaithfí caipiteal Shraith Lárnach 1 AIB a neartú tuilleadh. Tar éis idirphlé, tháinig an tAire Airgeadais agus an banc ar an tuairim go mbeadh sé cuí go neartódh AIB a sheasamh caipitil le €1.5 billiún eile, sa bhreis ar infheistíocht €3.5 billiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. Mar chuid den phróiseas seo chuaigh AIB i mbun oibríochta chun fiacha a cheannach i Meitheamh 2009 rud a chuir thart ar €1 billiún lena sheasamh caipitil. Tharla an infheistíocht in AIB ar 13 Bealtaine 2009.

7.38 D'íoc na bainc táille shocráithe €30 milliún an ceann a baineadh as méid na hinfheistíochta ar chur i gcrích na mbearta gnó infheistíochta faoi seach.

Náisiúnú an Bhainc Angla-Éireannaigh

7.39 Tar éis an mholta i Nollaig 2008 go ndéanfaí athchaipitliú ar an mBanc Angla-Éireannach, d'fhág easpa shoiléir mhuinín margaidh sa bhanc agus inní a bhí ag fás faoi rialachas an bhainc, gur shocraigh an Rialtas i gcinneadh a rinneadh ar 15 Eanáir 2009 an banc a chur i seilbh an Stáit.

7.40 Tugadh éifeacht don náisiúnú trín Acht um an mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach 2009, a síníodh ar 21 Eanáir 2009. Tá an banc faoi réir rialaithe ón Rialtóir Airgeadais i gcónaí agus ní mór dó ceanglais chaipitil rialacháin agus leachtaithe a chomhlíonadh.

7.41 Is 'institiúid faoi chumhdach' i gcónaí é an Banc Angla-Éireannach faoi théarmaí na Scéime Ráthaíochta Bainc. Tá tacaíocht ag an mbanc freisin i litir shócúlachta a d'eisigh an tAire Airgeadais ar 30 Meán Fómhair 2008 ag tabhairt tacaíochta d'iasacht an Bhainc Angla-Éireannaigh ón mBanc Ceannais faoin gCóras Eorpach.

¹⁶ Tá cur síos ar phríomhghnéithe na meicníochta infheistíochta i gCaibidil 42, a dhéanann tuairisciú ar fheidhmiú an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.

¹⁷ An tAcht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha 2009.

Luacháil Scaireanna

7.42 Forálann an tAcht do cheapadh measúnóra chun féachaint ar chóir do scairshealbhóirí an Bhanc Angla-Éireannaigh, ag dáta an náisiúnaithe, cúiteamh a fháil i leith a scaireanna a cailleadh, agus más cóir, suim chothrom a chinneadh. Má chineann an measúnóir gur chóir cúiteamh a íoc, cuirfear scéim ar bun chun an íocaíocht a dhéanamh. Sonraíonn an tAcht go n-íocfar an cúiteamh as cistí an Bhainc Angla-Éireannaigh, má tá sé ar fáil. Mura bhfuil, déanfar aon íocaíochtaí cúitimh a ndéanfar, as an Lárchiste.

7.43 Níor ceapadh measúnóir go fóill chun ceist íocaíochtaí cúitimh a scrúdú.

Athchaipitliú an Bhainc Angla-Éireannaigh

7.44 Rinneadh measúnú inmheánach mionsonraithe ar leabhar fiachais an Bhainc Angla-Éireannaigh don tréimhse ag tarraingt ar dheireadh Mhárta 2009, agus rinne PriceWaterhouseCoopers athbhreithniú neamhspleách air. Mar thoradh air seo aithníodh go raibh lagú an-substaintiúil ar iasachtaí áirithe, rud a d'fhág go raibh caillteanais réamhchánacha €4.1 billiún i gcuntais leathbhliana an bhainc ag deireadh Bhealtaine 2009

7.45 Ag éirí as na caillteanais, d'fhógair an tAire go gcuirfeadh sé caipiteal €4 billiún ar fáil don bhanc, faoi réir ag faomhadh AE. Bhí cuid den instealladh caipitil le húsáid ag an mbanc chun fo-iasachtaí áirithe gan íoc a cheannach ar ais ó shealbhóirí bannaí, ag lacáiste suntasach ar pharlúach. Fuarthas faomhadh AE d'instealladh caipitil an Rialtais ar 26 Meitheamh 2009.

7.46 Ar 29 Meitheamh 2009, chuir an Rialtas caipiteal ar fáil don bhanc trí cheannach gnáthscaireanna i mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach Teoranta go luach €3 billiún. Íocadh an tsuim seo as an Lárchiste, faoi Alt 6 (9) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008.

7.47 Meastar go gcuirfidh an Rialtas tuilleadh caipitil suas go dtí €1 billiún tar éis comhaontú faoi théarmaí cláir faoina athcheannóidh an banc a fhiacha. Ar 9 Iúil 2009, d'fhógair an banc go bhfuil sé i gceist aige tairiscint a dhéanamh ar urraí a bhfuil luach ainmiúil €3.05 billiún acu.

Ceannach Sócmhainní Airgeadais

7.48 Baineann cuid mhór den imní faoi cháilíocht sócmhainní i mbainc na hÉireann le iasachtaí a tugadh chun idirbhearta réadmhaoine a mhaoiniú, go háirithe iasacht d'éadail talún agus forbairt in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. D'fhág cliseadh luachanna réadmhaoine go raibh lagú in iasachtaí gaolmhara agus amhras maidir le luach iasachtaí le tacaíocht sócmhainní.

7.49 Ag éirí as scrúdú a rinne comhairleoir¹⁸ ar roghanna chun déileáil le sócmhainní lagaithe, d'fhógair an Rialtas ar 7 Aibreán 2009 go mbunódh sé Gníomhaireacht Bhainistiú Sócmhainní Náisiúnta (NAMA) ar an mbunús gurb shin é an bealach is éifeachtaí chun cobhsaíocht a thabhairt do chóras baincéireachta na hÉireann. Tá sé i gceist go gceannóidh an ghníomhaireacht talamh mar aon le iasachtaí gaolmhara agus forbartha ó na bainc, na sócmhainní amhrasacha á mbaint óna gcláir chomhardaithe ar an mbealach seo. Meastar go bhfeabhsóidh sé seo a gcumas maoiniú a fháil ó mhargaí airgeadais agus go n-éascóidh sé iasachtaí don gheilleagar.

7.50 Ceann de na dúshlán níos deacra a bhainfidh le feidhmiú samhail NAMA ná teacht ar an luach cuí ar chóir don ghníomhaireacht íoc as na hiasachtaí réadmhaoine a bhfaighidh sí. Meastar

¹⁸ An Dr Peter Bacon.

go bhfuil thart ar €80 go €90 billiún i luach leabhair na n-iasachtaí atá le n-aistriú. Ach ní bheidh an luach leabhair á íoc ag NAMA, rud a fhágann go mbeidh ar na bainc chásmhara caillteanas a aithint in a gcuntais ar aistriú na n-iasachtaí go NAMA.

7.51 Déanfar íocaíochtaí do na bainc trí eisiúint bannaí rialtais nó bannaí rialtas-urraithe díreach chuig na bainc. Braitheann luach na mbannaí a eiseofar ar an bpróiseas luachála iasachtaí agus mar sin caithfear é a chinneadh.

7.52 Is ar NAMA, as a dheireadh, a fhaibhroidh ioncaim ó na socmhainní a fhaightear, agus an fáltas óna ndíolachán. Má bhíonn brabús déanta ag NAMA faoin am a chuirfear deireadh leis, is ar an Stát a fhaibhroidh sé. Má chríochnaíonn NAMA agus caillteanas aige as a dheireadh, tá sé i gceist ag an rialtas tobhach a chur i bhfeidhm ar na bainc chun an t-easnamh a fháil ar ais.

7.53 Feidhmeoidh NAMA faoi choimirce Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Tá na hullmhúcháin tosaigh don ghníomhaireacht, lena n-áirítear dréachtadh na reachtaíochta cuí, á mbainistiú ag grúpa stiúrtha comhdhéanta d'ionadaithe na Roinne Airgeadais, Oifig an Ard-Aighne agus NTMA. Tá Stiúrthóir Bainistíochta eatramhach ceapaithe leis an bpróiseas forfeidhmithe a threorú.

7.54 Foilsíodh an reachtaíocht chun foráil do bhunú NAMA agus mbreithnóidh an tOireachtas í i bhfómhar 2009.

Leasú Rialála

7.55 Táthar tar éis teip na gcóras rialála chun forbairt chleachtais bhaincéireachta ardriosca a shrianadh, a aithint mar fhochúis leis an ngéarchéim airgeadais dhomhanda. Dá thoradh seo tá athruithe á ndéanamh ar chórais rialála i mórchuid dlínsí.

7.56 Géaraíodh ar mhaoirseacht na mbanc ó tugadh isteach Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais). Forálann an Scéim do bhaint dhíreach ardaithe le gach ceann de na forais faoi chumhdach agus do shocruithe tuairiscithe nua, lena n-áirítear soláthar teastais chomhlíonta Scéime ó na forais faoi chumhdach iad féin agus óna n-iniúcháirí seachtracha.

7.57 Ar 18 Meitheamh 2009, d'fhógair an Rialtas go raibh sé i gceist acu foras rialála singil lán-chomhtháite a bhunú, ar a dtabharfaí Coimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann. Tíocfaidh sé seo in áit struchtúir bhord an Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Rialála Airgeadais atá ann faoi láthair. Beidh Coimisiún molta an Bhanc Ceannais faoi chathaoirleacht Ghobharnóir an Bhanc Ceannais agus beidh sé freagrach as maoirsiú cuideachtaí aonair agus cobhsaíocht an chórais airgeadais i gcoitinne.

7.58 Cruthófar dhá phost ardleibhéil laistigh de Bhanc Ceannais na hÉireann mar chomhaltaí ex-officio an Choimisiúin.

- Beidh Ceannaire Mhaoirsiú Airgeadais ag tuairisciú don Choimisiún ar fheidhmeanna agus ar chuspóirí maoirseachta agus rialála an struchtúir nua. Tá an próiseas earcaíochta do Cheannaire Mhaoirsiú Airgeadais ar siúl cheana féin.
- Déanfaidh Ceannaire Baincéireachta Ceannais tuairisciú ar ghníomhaíocht feidhmeanna baincéireachta ceannais (seachas iad sin a bhaineann le ról neamhspleách an Ghobharnóra faoin gCóras Eorpach agus faoi struchtúr ECB).

7.59 Tá sé i gceist go dtacóidh leathnú suntasach ar chumas rialála laistigh den struchtúr nua leis na leasaithe eagraíochtúla. Ceapfar foireann bhreise substaintiúil leis na scileanna, leis an taithí agus le saineolas margadh-bhunaithe chun freastal ar chuspóirí na struchtúr nua. Beidh an

saineolas acu sin a earcaítear chun earnáil na seirbhísí airgeadais idirnáisiúta a rialáil. Tá an Rialtóir Airgeadais ag díriú ar athruithe gnó i bhfianaise phróiseas athbheithnithe gnó.

7.60 Déanfar an ról oideachais agus eolais tomhaltóra atá á fheidhmiú faoi láthair laistigh de Stiúrthóireacht an Tomhaltóra sa Rialtóir Airgeadais, a athshannadh go dtí an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, atá le cónascadh leis an Údarás Iomaíochta.

7.61 Thug an Rialtas le fios go bhfuil sé i gceist aige cur le freagracht na struchtúr rialála nua don Oireachtas agus na próisis do mheasúnú agus do dhearbhu cáilíochta feidhmíochta rialála a neartú.

Costais Riaracháin

7.62 Agus na bearta dírithe ar chobhsaíocht na hearnála baincéireachta á bhforbairt agus á bhfeidhmiú, chuathas go mór i muinín seirbhísí comhairleoirí eacnamaíochta, airgeadais agus dlí. Bhí sé seo riachtanach mar gheall ar na saincheistanna thar a bheith teicniúla a tháinig chun cinn, agus mar gheall ar an ngá gnéithe den obair a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse ghearr. D'fhág práinn na hoibre freisin go raibh sé riachtanach roinnt seirbhísí a fháil gan dul i muinín próiseas iomaíocha. Tabhaíodh costais inmheánacha suntasacha maidir le daoine den fhoireann a bhí ag plé le dearadh agus le feidhmiú bearta cobhsaíochta freisin.

7.63 Suas go deireadh Bhealtaine 2009, bhí an Roinn Airgeadais tar éis iomlán €3.9 milliún a íoc le Arthur Cox, Dlíodóirí, do chomhairle dlí maidir leis an Scéim Ráthaíochta Bainc, athchaipitliú na mbanc agus náisiúnú an Bhainc Angla-Éireannaigh. Go deireanach i mí Iúil 2009 shonraisc an Roinn na forais chreidmheasa faoi chumhdach na Scéime Ráthaíochta le haghaidh iomlán thart ar €2.5 milliún i leith costais inghnóthaithe, lena n-áirítear €1.6 milliún i leith costais dlí.

7.64 Tá costais an Aire Airgeadais a bhaineann le náisiúnú an Bhainc Angla-Éireannaigh inghnóthaithe ón mbanc faoi Alt 33 den Acht um an mBanc-Chorparáid Angla-Éireannaí 2009. Mhaígh an Roinn go gcuirfidh siad isteach ar na costais in am trátha. Arís eile tá foráil sa chomhaontú d'athchaipitliú an Bhainc Angla-Éireannaigh go gcúiteoidh an banc a chostais a bhaineann le cur chun feidhme an chomhaontaithe leis an Aire. Tá na costais seo á gcur le chéile faoi láthair agus gearrfar iad nuair a bheidh an próiseas athchaipitlithe tugtha chun críche.

7.65 D'íoc an Rialtóir Airgeadais iomlán €2.95 milliún le PriceWaterhouseCoopers agus €0.84 milliún eile do Jones Lang LaSalle do sheirbhísí comhairleoireachta réadmhaoine agus airgeadais maidir leis an Scéim Ráthaíochta Bainc. Rinne an Rialtóir Airgeadais táillí €3.4 milliún in iomlán a thobhach ar na forais chuí suas go dtí deireadh Nollag 2008.

7.66 Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tar éis iomlán €7.3 milliún a íoc le Merrill Lynch le haghaidh comhairle faoi bhaincéireacht infheistíochta.

Conclúidí

Bhí na spriocanna i gcoitinne ag an raon gníomhaíochtaí a rinneadh agus na bearta a chuir gníomhaireachtaí Stáit i bhfeidhm chun cobhsaíocht na hearnála airgeadais a athbhunú, taisceoirí a chosaint agus forais chreidmheasa a spreagadh agus a chumasú chun iasachtaí a thabhairt amach arís.

Suas go dtí deireadh Mheithimh 2009, bhí an Stát tar éis iomlán €10 billiún a chaitheamh go díreach ar bhearta cobhsaíochta baincéireachta. Chuimsigh sé seo

- €3.5 billiún a infheistíodh i bpríomhscaireanna Bhanc na hÉireann
- €3.5 billiún a infheistíodh i bpríomhscaireanna AIB
- €3 billiún a infheistíodh sa Bhanc Angla-Éireannach atá i seilbh an Stáit.

Meastar go ndéanfar €1 billiún eile a infheistiú sa Bhanc Angla-Éireannach go luath.

Anuas ar an gcaiteachas a tabhaíodh, tá an Stát tar éis tiomantais airgeadais an-substaintiúil a ghlacadh chucu. Ag deireadh Mheithimh 2009, bhí dliteanais forais chreidmheasa faoi chumhdach urraithe Stáit €265 billiún in iomlán.

Caithfear cinneadh a dhéanamh go fóill faoi impleachtaí airgeadais an NAMA molta don Stát.

Caibidil 8 Rialtas Láir

Soláthar Poiblí

Soláthar Poiblí

8.1 Ní mór soláthar earraí agus seirbhísí ag ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí a dhéanamh de réir cheanglas AE agus ceanglas rialála náisiúnta, agus arna threorú ag treoir phraiticiúil a eisíonn an Roinn Airgeadais ó am go ham. Go ginearálta, tá oibleagáid ar ghníomhaireachtaí Rialtais chun próiseas iomaíoch a leanúint, a dhéantar ar mhodh oscailte, oibiachtúil agus trédhearcach. Meastar go ndéanfar an soláthar poiblí ar an luach is fearr mar thoradh air sin.

8.2 Leagann treoracha AE ceanglais fógraíochta agus nósanna imeachta amach do chonarthaí os cionn tairsigh áirithe dar luach áirithe. Ceadáítear nósanna imeachta nach bhfuil chomh foirmiúil le haghaidh conarthaí nó ceannachán atá faoi bhun na luachanna tairsigh. Mar shampla

- Féadtar soláthairtí nó seirbhísí a chosnaíonn níos lú ná luach €5,000 a cheannach ar bhonn meastachán briathartha ó sholáthraí iomaíoch amháin nó níos mó.
- Féadtar soláthairtí nó conarthaí seirbhísí lena mbaineann luach idir €5,000 agus €50,000 a bhronnadh ar bhonn freagairtí ar shonraíochtaí a cuireadh ar aghaidh ar fhacs nó ríomhphost chuig trí sholáthraí nó soláthróir seirbhíse ar a laghad.

8.3 Spreag leasú na nósanna imeachta soláthair in 2002 bunú Aonad an Bheartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí (NPPPU) laistigh den Roinn Airgeadais, a phléann le beartas, reachtaíocht agus eagrú soláthair. Déanann an NPPPU anailís chomh maith ar thuairisceáin a rinne ranna agus oifigí chuige go mbeidís ag dul in árach ar thairiscintí neamhiomaíocha. Le linn dó é seo a dhéanamh, lorgaíonn sé treochtaí a aithint chun an chúis taobh thiar díobh a chinneadh agus a bhreathnú an mbeadh gá le gníomh ar bith a ghlacadh. Cuirtear na tuairisceáin sin ar aghaidh chuig m'Oifig chomh maith.

Eisceachtaí ó Iomaíochas

8.4 Ceadáítear socruithe eisceachtúla faoi rialacha soláthair náisiúnta agus AE i gcoinníollacha teoranta. Déanann Ciorclán ón Roinn Airgeadais 40/2002 cur síos ar an bpróiseas atá le leanúint sna cásanna sin, ina molann ranna agus oifigí Rialtais conarthaí a bhronnadh gan próiseas iomaíoch.

8.5 Faoi nós imeachta Chiorclán 40/2002, ceanglaítear go ndéanfaidh Iniúchadh Inmheánach na roinne/oifige ábhartha, nó oifigeach sinsearach cuí¹⁹, nach raibh bainteach sa phróiseas soláthair, athbhreithniú ar chonarthaí molta lena mbaineann luach os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) nach bhfuil faoi réir an phróisis iomaíoch, sula mbronnfar iad. Ceanglaíonn an Ciorclán chomh maith ar

- Oifigigh Chuntasaíochta chun ráiteas bliantuil a chur le chéile maidir le conarthaí neamhiomaíocha, agus é a chur ar aghaidh chuig m'Oifig faoin 31 Márta an bhliain dár gcionn. Ba chóir don tuairisceán seo mionsonraí a thabhairt faoi ábhar nó cuspóir an chonartha, an luach a bhaineann leis agus na cúiseanna nár úsáideadh próiseas iomaíoch
- ar gach roinn/oifig chun clár lárnach conarthaí neamhiomaíocha cothrom le dáta a choimeád
- ar gach roinn/oifig chun Oifigeach Soláthair a ainmniú le faisnéis i leith na gconarthaí sin a shaincagadh.

¹⁹ D'eisigh an Roinn Airgeadais forlón leis an gCiorclán 40/2002 i mí Iúil 2003, a sholáthar treoir d'oifigigh a bhí ag déanamh athbhreithnithe ar an gcás a bhain le bronnadh na gconarthaí molta sin.

Béim an Iniúchta

Cuireadh an tuarascáil seo le chéile chun cuntas a thabhairt ar an gcaiteachas a ndearbhaítear go ndearnadh é in 2008, de bhun conarthaí a síníodh gan dul in árach ar na próisis soláthair iomaíocha. Cuireann sé anailís ar fáil ar na cúiseanna dearbhaithe maidir le cén fáth nár leanadh próiseas iomaíoch sna cásanna sin. Leagtar amach tuairimí an NPPPU agus déantar cur síos ar athruithe molta deireanacha ar na nósanna imeachta.

Scóip Chur i bhFeidhm Chiorclán 40/2002

8.6 Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ceann de mhórchéannaitheoirí soláthairtí agus seirbhísí an Stáit. Cé gur maoiníodh le vóta í, ní áirítear í laistigh de scóip Chiorclán 40/2002. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear uirthi tuairisceáin bhliantúla a chur ar aghaidh maidir le ceannacháin shuntasacha earraí agus seirbhísí, i gcás inar modh neamhiomaíoch é soláthar.

8.7 In 2006²⁰, luaigh an Roinn Airgeadais go raibh sé beartaithe aici scóip an Chiorclán a leathnú chuig HSE, agus scríobh sí chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí leis an leathnú sin a mholadh. Chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí in iúl don Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009 go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag HSE anois a chuimsíonn nósanna imeachta an Chiorcláin. Meastar go mbeidh feidhm acu sin maidir le soláthairtí ar tugadh fúthu do 2009 agus na blianta ina dhiaidh sin. Níl faisnéis ar fáil faoi leibhéal an soláthair neamhiomaíoch ag HSE (agus a gníomhaireachtaí) in 2008.

Réim an tSoláthair Neamhiomaíoch

8.8 Léiríonn na tuairisceáin bhliantúla soláthair neamhiomaíoch do 2008 ó ranna agus oifigí gur tugadh íocaíochtaí a rinneadh in 2008 faoi 508 conradh chun críche gan aon iomaíocht. B'ionann luach iomlán na gconarthaí a tuairiscíodh in 2008 agus €82.8 milliún. Léiríonn Fíor 25 líon na gconarthaí agus an caiteachas iomlán conartha a nochtaíodh sna tuairisceáin roinne.

8.9 Tháinig méadú ar líon agus luach na n-íocaíochtaí soláthair neamhiomaíoch a tuairiscíodh in 2008 i gcomparáid le blianta roimhe sin. Ba é 192 líon iomlán na gconarthaí a tuairiscíodh in 2006, lenar bhain comhluach díreach faoi €22 milliún. Is dócha gur toradh é an méadú ar líon agus luach na gconarthaí a tuairiscíodh in 2008, go páirteach ar a laghad, ar thuairisciú níos cuimsithí ná a rinneadh le linn na mblianta roimhe sin.

²⁰ Tuarascáil Bhliantúil 2006, Caibidil 1.2 – Eisceachtaí ó Nósanna Imeachta Ginearálta i Soláthar Poiblí

Fíor 25 Conarthaí Tuairiscithe a Bronnadh gan Iomaíocht, 2008

Roinn/Oifig	Líon cásanna	Caiteachas iomlán conartha €m
Seirbhís Phríosúin na hÉireann	193	27.7
Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	6	13.4
Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí	61	7.7
Garda Síochána	38	7.7
Roinn Cosanta	42	4.4
Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	4	2.8
An tSeirbhís Chúirteanna	21	2.6
Na Coimisinéirí Ioncaim	17	2.6
Oifig na nOibreacha Poiblí	18	1.9
Roinn Airgeadais	2	1.7
Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	13	1.6
Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha	11	1.2
Roinn Sláinte agus Leanaí	8	1.2
Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	9	1.0
Roinn Gnóthaí Eachtracha	8	1.0
Eile ^a	57	4.3
Iomlán	508	82.8

Nóta:

a Bhí 13 tuairisceáin nialais déanta ag ranna agus oifigí.

Cúiseanna le Soláthar Neamh-Iomaíoch

8.10 Leagann Fíor 26 amach na príomhchúiseanna a tugadh sna tuairisceáin déanta ag na ranna agus oifigí, ag míniú cén fáth nár úsáideadh próisis iomaíocha sa phróiseas soláthair.

Fíor 26 Cúiseanna a luadh le himeacht ó Úsáid an Phróisis Iomaíoch

Cúis	Líon Cásanna	Luach na gConarthaí €m
Práinn	23	13.8
Ceannachán earraí dílseánaigh	121	18.8
Soláthraí oiriúnach aonair	83	12.5
Sainseirbhís/taithe le déanaí le soláthraí	52	9.1
Síneadh/tar-rolladh conartha reatha	127	17.5
Breathnuithe slándála	11	1.5
Cúiseanna eile	91	9.6
Iomlán	508	82.8

Eisceacht Phráinne — €13.8 milliún

8.11 Is féidir coinníollacha teacht chun cinn ó am go ham, ina gceanglaítear ar ranna agus oifigí freagairt a thabhairt ar imeachtaí go práinneach. Is í an réasúnaíocht a bhaineann leis an eisceacht

sna cásanna seo go d'fhéadfadh nach mbeadh dóthain ama le próiseas soláthair iomaíoch, i gcás ina gceanglaítear earraí agus seirbhísí a sholáthar. D'fhéadfadh chomh maith, ar chúiseanna rúndachta, nach bhfuil próiseas poiblí nó próiseas forleathan ag teacht le huasbhainistíocht an ghnó phoiblí lena mbaineann.

8.12 Ar an dul in árach suntasach ar sholáthar neamhiomaíoch faoin eisceacht seo in 2008, áiríodh an méid seo a leanas

- Rinneadh íocaíochta leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia i ndáil le seirbhísí chun déileáil le soláthairtí muiceola éillithe le dé-ocsain ag deireadh 2008. Chosain an bailiúchán, rindreáil agus scriosadh ábhair faoin scéim aisghairme muiceola agus an scéim diúscartha muiceola agus eallaigh €10.2 milliún.
- Chosain na ceapacháin chomhairleoirí dlí a chuir an Roinn Airgeadais i gcrích chun cabhrú le forbairt na mbeart cobhsúcháin bhaincéireachta agus ullmhú na reachtaíochta baintí thart ar €1.6 milliún in 2008.
- Ceapachán comhairleoirí airgeadais déanta ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun comhairle a thabhairt maidir le hiarratas a dhéanamh ar sholáthar cabhrach Stáit do chuideachta *Waterford-Wedgewood*, ag costas €226,000.

Eisceacht na nEarraí Dílseánaigh — €18.8 milliún

8.13 Go ginearálta, baineann ceannacháin neamhiomaíoch earraí dílseánaigh le táirgí brandáilte nó eisiacha. I roinnt cásanna, áirítear ar na soláthairtí sin, cothabháil earraí nó seirbhísí a fuarthas roimhe cheana, uasghráduithe nó ceannacháin bhreise. Tagann sé sin de réir Threoir 2004/18/CE an AE, a dhéanann éascaíocht d'údaráis chonraitheoireachta chun conarthaí poiblí a bhronnadh trí mhodh idirbheartaithe, i gcás ina bhféadfaí an Conradh a bhronnadh amháin ar oibrí eacnamaíoch áirithe, ar chúiseanna teicniúla nó ealaíonta, nó ar chúiseanna a bhaineann le cosaint cheart eisiach. Tagann soláthar earraí dílseánaigh, mar a dtugtar orthu, chun cinn nuair a roghnaítear earraí sonracha brandáilte chun riachtanas a chomhlíonadh. Féadfaidh sé teacht chun cinn freisin nuair is mian srian a chur ar líon na n-earraí éagsúla atá in úsáid ar mhaithe le simplíocht chothabhála nó iompar páirteanna spártha.

8.14 Bhain 32 cás de na 121 cás ceannacháin earraí dílseánaigh atá sna tuairisceáin roinnt do 2008, le ceannacháin déanta ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann dár luach €6.8 milliún; bhain 28 cás le ceannacháin déanta ag an Garda Síochána dár luach €5.1 milliún agus bhain 24 cás le ceannacháin déanta ag Óglaigh na hÉireann a chosain €2.2 milliún. Bhain na hearraí dílseánaigh a ceannaíodh, go ginearálta, le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide nó le córais theicniúla, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le córais armán nó feithiclí speisialta. I gcás ina sonraíonn ranna agus oifigí earraí dílseánaigh, d'fhéadfaí an poitéinseal a bhaineann le luach ar airgead a fháil ar phróiseas soláthair iomaíoch a chailleadh. Leagann an scála maidir le ceannachán earraí dílseánaigh béim chomh maith ar an tábhacht i leith costais lánsaoil a bhreathnú nuair a bhíonn soláthairtí teicniúla á phleanáil.

Eisceacht an tSoláthraí Oiriúnaigh Aonair — €12.5 milliún

8.15 Baineann an chatagóir seo le soláthairtí i gcás ina measann ranna agus oifigí nach bhfuil ach soláthraí oiriúnach amháin a chuirfidh an tseirbhís éilithe ar fáil. In 2008, tabhaíodh caiteachas faoi 83 conradh soláthraí aonair, ag comhchostas €12.5 milliún.

8.16 Sampla den chineál seirbhísí a soláthraíodh ar an mbealach sin ab ea ceapachán na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ag costas €330,000, chun raon seirbhísí éagsúla, lena n-áirítear anailís ar an tionchar a imríonn athruithe buiséid ar leibhéil bhochtaineachta, agus samhail sochair chánach na

hInstitiúide, próifiliú daoine ar an mbeochlár agus anailís ar an bPlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta.

8.17 Cheap an Roinn Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia conraitheoir chun raon seirbhísí a sholáthar ar feadh cúig bliana ag costas iomlán €3 milliún le haghaidh fhorbairt agus fheidhmiú an Líonra Tuaithe Náisiúnta²¹. Cé go raibh tús curtha le próiseas iomaíoch go teicniúil, bhí sé iomaíoch don Roinn, mar thoradh ar an tairiscint aonair, chun caitheamh leis mar chonradh a tháinig faoi théarmaí an Chiorcláin.

Eisceacht i dtaobh Sainseirbhíse nó Taithí le Déanaí ar an Soláthraí — €9.1 milliún

8.18 Tuairiscíodh líon mór cásanna inar mheas ranna agus oifigí go bhfreastalófaí is fearr ar a leas trí chonarthaí a shíniú inar úsáid siad seirbhísí daoine aonair nó gnólachtaí le déanaí, nó inar aithin siad, gan dul in árach ar phróisis iomaíocha, daoine nó gnólachtaí ar chomhlíon a saineolas na riachtanais a bhí acu. Ní chuireann sé sin an fhéidearthacht as an áireamh go d'fheadfadh go mbeadh soláthraithe eile oiriúnach ann. Áirítear ar na samplaí

- Ceapachán fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá imithe ar scor chun comhairleacht a dhéanamh don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (ag costas €107,000) agus don Roinn Sláinte (ag costas €45,000), bunaithe ar a dtaithí gharimiúil roimhe sin.
- Ceapachán cuideachta a bhfuil cáil uirthi go hidirnáisiúnta ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun an t-orgán sa Séipéal Ríoga i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ag costas €136,000.
- Ceapachán comhairligh, ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, ag costas €103,000, chun céim 1 de shainbhunachar sonraí na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a dhearadh, chun aistriú sonraí a thabhairt chun críche agus táirgí bogearraí tástáilte a sheachadadh.

Eisceacht i dtaobh Síneadh/Tar-rolladh Conarthaí — €17.5 milliún

8.19 Maidir le líon suntasach na gconarthaí a tuairiscíodh, bhí baint ag síneadh nó tar-rolladh conarthaí reatha d'earraí nó seirbhíse leo. Bhí roinnt de na conarthaí a síneadh nó a tar-rolladh bun le roinnt blianta anuas.

8.20 Ar na fírinne a thuairiscigh ranna agus gníomhaireachtaí, ar leanúint ar aghaidh le socrúithe conartha, áiríodh

- bhí taithí ábhartha ag conraitheoir a fuair sé nó sí ó bhaint roimhe sin leis an roinn
- bhí an cumas is fearr sa chonraitheoir chun na hearraí/seirbhísí éilithe a sholáthar gan aon chostas breise míchuí don Státchiste
- ní raibh se indéanta dul chuig an margadh mar thoradh ar dheacrachtaí soláthair foirne.

8.21 Baineann beagnach na conarthaí go léir sa chatagóir seo le soláthar seirbhísí. Áirítear ar na samplaí

- Síneadh a rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar chonradh comhairleoireachta, ag costas €150,000, le haghaidh soláthar sheirbhísí gairmiúla cuntasóra chun obair a dhéanamh ar chóras bainistíochta airgeadais na Roinne

²¹ Is cuid den Chlár Tuaithe Náisiúnta (RDP) é an Líonra Tuaithe Náisiúnta d'Éirinn 2007-2013. Is é an cuspóir atá leis eagraíochtaí a bhfuil baint acu le forbairt tuaithe a nascadh chun éascaíocht a dhéanamh do mhalartú taithí agus faisnéise.

- bronnadh sínte ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ag costas €437,000, chun a thuilleadh oibre a dhéanamh ar chóras bainistíochta acmhainní daonna na Roinne.

8.22 Níor taifeadh méid tar-rolta na gconarthaí a bhí faoi réir na bpróiseas iomaíoch ó thus sna tuairisceáin. Is é an príomhríosca a thagann chun cinn sa chatagóir seo nach ndéanfaí tástáil ar an margadh ar bhonn rialta agus mar thoradh air sin, nach mbeadh luach maith ar airgead á ghnóthú.

Breathnuithe Slándála — €1.5 milliún

8.23 Bhí teorainn ar iomaíocht ar mhaithe le slándáil i roinnt cásanna a tuairiscíodh sna tuairisceáin, lena n-áirítear cásanna inar

- cheap Oifig na nOibreacha Poiblí conraitheoirí chun oibreacha slándála a dhéanamh ar áiteanna cónaithe príobháideacha roinnt breitheamh, ag costas iomlán €347,000
- cheap an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí conraitheoirí gléasra ar cíós agus saineolaithe suirbhéireachta láithreáin, ag costas iomlán €303,000, chun suirbhéanna agus tochailtí láithreáin a dhéanamh i Muineachán agus Cill Mhantáin thar ceann an Choimisiúin um Shuíomh Taisí Íospartach.

Cúiseanna Eile — €9.6 milliún

8.24 Tuairiscíodh 91 cás maidir le conarthaí a bhronnadh ar roinnt cúiseanna éagsúla. Bhronn Seirbhís Phríosúin na hÉireann 81 conradh acu sin ag costas iomlán €8.5 milliún. Bhronn líon mór acu sin maidir le ceannachán áitiúil earraí agus seirbhísí áitiúla, cosúil le seirbhísí glantacháin, lónadóireachta agus iompair, chomh maith le ceannach teilifíseán agus trealamh leictreach.

Tuairimí Aonad an Bheartas Náisiúnta um Sholáthar Phoiblí

8.25 Thug an NPPPU faoi deara, bunaithe ar an anailís a rinne sé ar thuairisceáin 2008, gur féidir roinnt den soláthar neamhiomaíoch a chur i leith coinníollacha a bhí eisceachtúil go soiléir ach is údar inní é ardleibhéal an tsoláthair neamhiomaíoch agus shíneadh na gconarthaí.

8.26 Luaigh an NPPPU go mbeidh go mbeidh gné bhreithiúnais go minic maidir le cad a bheadh i gceist le soláthar neamhiomaíoch inchosanta nach féidir ach an t-údaras conraitheoireachta a dhéanamh. In 2003, chuir sé treoir ar fáil d'oifigí a bhí ag déanamh athbhreithnithe faoi na cásanna ar féidir iad a bhreathnú mar 'coinníollacha eisceachtúla inchosanta' le dul in árach ar nósanna imeachta neamhiomaíocha. Leag sé béim ar an gcóras agus béim chomh maith ar an ngá le comhlíonadh trí Choiste Chonarthaí an Rialtais, a bhfuil ionadaithe ar na ranna agus oifigí is mó fála soláthair mar chuid de. Rinne sé obair leantach air sin, le meabhrúcháin go raibh tuairisceáin bhliantúla le cur ar aghaidh, nó go raibh siad déanach, de réir gá. Ar an iomlán, tá an NPPPU sásta go gcuireann bearta Chiorclán 40/2002, chomh maith le cur i gcrích na ngnáthfheidhmeanna cuntasachta agus iniúchóireachta, teorainn shuntasach ar an méid a théitear in árach ar sholáthar neamhiomaíoch neamh-inchosanta.

8.27 Tá an NPPPU sásta, go bhfuil na rialuithe riachtanacha á gcur i bhfeidhm ag ranna agus oifigí go ginearálta, i gcás ina molann siad dul in árach ar sholáthar neamhiomaíoch. Ina theannta sin, tarraingíonn an próiseas taifeadta agus tuairiscithe aird ar threochtaí agus réimsí lena mbaineann inní. Mar shampla, aithníodh líon suntasacha cásanna in athbhreithnithe inmheánacha ar sholáthar neamhiomaíoch sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus i Seirbhís Phríosúin na hÉireann, inar chóir soláthar iomaíoch a úsáid. Tá aghaidh á tabhairt ar

mhéid a théitear in árach ar sholáthar neamhiomaíoch agus tá athruithe ar nósanna imeachta curtha i bhfeidhm.

Tionscnaimh um Fheabhsú Soláthair

8.28 Tá beartas leasaithe ar fheidhmeanna an tsoláthair phoiblí á chur chun cinn ag an Roinn Airgeadais. Mar chuid den leasú sin, ceanglaítear ar ranna agus oifigí a ghlacann páirt i bhfeidhm soláthair shuntasaigh imscrúdú a dhéanamh ar a bpróifíl cheannachaáin agus pleananna soláthar chorparáidigh a chur le chéile chun na nósanna imeachta soláthair is cuí a aithint. Ceann de na cuspóirí a bhaineann leis sin is ea méid an chaiteachais aon uaire nó lasmuigh de chonradh a laghdú.

8.29 Measadh ar dtús go n-oibreodh an NPPPU de réir láraonaid oibríochta soláthair, ach ní raibh sé sin bunaithe an uair sin. Bhí sé beartaithe láraonad a bhunú le tacú le gníomhaíocht soláthair a rinne gníomhaireachta poiblí.

8.30 In 2008, rinneadh cinneadh chun dul ar aghaidh le bunú Aonaid Náisiúnta um Oibríochtaí Soláthair Phoiblí (NPPPU), bunaithe san OPW, agus le dul in ionad Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais. Ba í scóip phleanáilte tosaigh an NPPPU, tacú le soláthar ag ranna lárnacha rialtais, ach glacadh cinneadh ina dhiaidh sin chun í a shíneadh ar mhaithe le soláthar déanta ag údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí, oideachas tríú leibhéal agus an earnáil sláinte a thabhairt san áireamh.

8.31 Bunaíodh an NPPPU i mí Mhárta 2009. Tá forbairt tosaigh á déanamh air de réir mar atá feidhmeanna/ceannoifig OPW á n-aistriú chuig Baile Átha Troim, Co. na Mí, áit a lonnófar é.

Ról an NPPPU

- Socruite lánacha soláthair na hearnála poiblí a chur i bhfeidhm d'earraí agus seirbhísí coitianta (seachas tógáil) lena n-áirítear trealamh ríomhaireachta, feithiclí, trucaí, breosla, leictreachas, etc.
- Feidhmiu mar 'ionad barr feabhais' um chomhairle soláthair a chur ar fáil agus le haghaidh chur i bhfeidhm an bheartais soláthair de réir an chleachtais is fearr agus thionscnaimh an Rialtais.
- Leanúint ar aghaidh le forbairt straitéisí ríomhsholáthair.

8.32 Ar na cineálacha modheolaíochtaí a mheasann an NPPPU ar chóir iad a úsáid chun soláthar níos fearr a ghnóthú, áirítear

- conarthaí comhiomlánaithe
- comhaontuithe creatlaí
- comhaontuithe tarraingthe anuas.

8.33 Tá thart ar 25-30 i gceist le foireann reatha an NPPPU, agus meastar go n-ardófar é chuig thart ar 50. Cé go mbeidh gá leis an gcuid is mó eagraíochtaí cliaint roinnt ball foirne a choimeád chun plé le saincheistanna soláthair, measann an tAonad go d'fhéadfadh go mbeadh scóip le haghaidh coigiltis foirne sna heagraíochtaí sin mar thoradh ar a bhunaithe.

8.34 Is éard atá i gceist le tionscnamh pleanáilte tosaigh atá a chur i bhfeidhm ag an NPPPU

- suirbhé ar na comhlachtaí poiblí chun próifíl an tsoláthair reatha a aithint agus a thaifeadadh — cineál na n-earraí agus seirbhísí a soláthraíodh agus costas na soláthairtí go léir lenar bhain luach €100,000 nó os a chionn sin

- fíoriarracht a bhaineann leis sin chun laghdú comhaontaithe nó idirbheartaithe 8% a bhaint amach ar an gcaiteachas ar earraí agus seirbhísí a soláthraíodh, lena n-áirítear críochnú conarthaí agus ath-thairiscintí, i gcás ina mbíonn sé indéanta agus eacnamaíoch é sin a dhéanamh
- na 30 soláthraí earraí agus seirbhísí is mó a úsáideadh a aithint, mar mhodh chun comhriachtanais a aithint a d'fhéadfaí díriú orthu le haghaidh idirbheartaíoch lárnaithe.

8.35 Ar na tionscnaimh eile atá beartaithe don Aonad, áirítear

- cuireadh don fhoireann i gcoitinne chun réimsí a thuairisciú ina measann siad gur féidir luach níos fearr a ghnóthú, agus chun a mhíniú conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh
- dea-chleachtas inaistrithe a aithint agus poiblíocht a dhéanamh air
- oiliúint do bhaill foirne a bhfuil baint acu le soláthar.

Conclúidí

Ó thaobh cuntasacht phoiblí de, ní mór do sholáthar dhá chritéar a chomhlíonadh

- luach ar airgead a ghnóthú
- stiúradh a dhéanamh ar bhealach oscailte, trédhearcach agus iomaíoch.

Go ginearálta, is critéar comhthacaíochta iad sin sa bhealach go n-aithnítear iomaíocht mar phríomh-mhídh chun an luach is fearr a ghnóthú. I gcúinsí eisceachtúla, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh gá le himeacht ó phróisis iomaíocha. Ar mhaithe lena chinntiú nach dtarlaíonn sé seo ach i gcásanna cuí, tá sé de dhualgas ar cheannaitheoirí chun próisis a bheith i bhfeidhm acu lena riachtanais soláthair a aithint go tráthúil.

Caitheadh beagnach €19 milliún ar earraí dílseánaigh in éagmais iomaíochta. Tá sé tábhachtach go seachnaíonn ranna agus oifigí a riachtanais a aithint trí thagairt a dhéanamh do tháirgí brandáilte. Ba chóir cur síos ar shonraíochtaí i dtéarmaí aicmeacha nuair is féidir chun spreagadh a thabhairt d'fhíoriomaíocht. Cé go d'fhéadfadh ceannach táirgí nó seirbhísí brandáilte a bheith mar thoradh ar an-chuid soláthairtí, ba chóir go mbeadh iarrachtaí chun 'gabháil bhranda' a laghdú agus cinnte a dhéanamh de nach dtarlaíonn sruthanna íocaíochtaí amach anseo nach bhfuil mórán smachta nó smacht ar bith ag ranna agus oifigí orthu, mar shainghnéithe den phróiseas soláthair.

I gcoinníollacha nach dtagann ach soláthraí amháin chun cinn ó iomaíocht tairisceana, d'fhéadfadh sé a bheith deacair do cheannaitheoirí a bheith cinnte gur dea-luach atá i gceist leis an tairiscint sin. Sna cásanna sin bheadh dea-chleachtas i gceist le leanúint nós imeachta Chiorclán 40/2002 agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeart molta sula mbronnann an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí nó bainisteoir neamhspleách é.

Ag an leibhéal eagrúcháin, ceanglaítear pleananna soláthair chorpáidigh a ghlacadh agus monatóireacht gníomhach a dhéanamh ar threochtaí i méid an tsoláthair neamhiomaíoch, chomh maith le hanailís rialta a dhéanamh ar chúiseanna nár úsáideadh próisis iomaíocha. Is é an dúshlán atá ann gníomh a ghlacadh go tapa chun iarrachtaí láraonaid na Roinne Airgeadais agus OPW a thabhairt dá réir a chéile le cur chuige níos straitéisí in úsáid sna mór-ranna ceannacháin.

Cuireann bunú an NPPOU le déanaí deis ar fáil chun feabhsuithe poitéinsiúla a aithint i gcur chuige eagraíochtaí Stáit maidir le soláthar earraí agus seirbhísí chun luach níos fearr a bhaint amach agus chun a chinntiú go n-aithnítear dea-chleachtas agus go gcomhroinntear é.

Caibidil 9 An Rialtas Láir

Deireadh á chur le Mórthionscadail ICT

Deireadh á chur le Mórthionscadail ICT

9.1 B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach deireadh a chur le tionscadail fadtéarmacha nach dtabharfaidh luach ar airgid. Tá sé ríthábhachtach agus tionscadail den chineál seo á mbainistiú a bheith in ann a aithint in am nuair is cóir deireadh a chur leo.

9.2 D'fhéadfaí deireadh a chur le tionscadail Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear

- nuair nach bhfuil úsáideoirí rannpháirteach nó nach nglacann siad le tionscadail den chineál seo
- nuair nach bhfuil éileamh ar an teicneolaíocht a seachadtar
- athruithe sa teicneolaíocht nó i dteicneolaíochtaí malartacha a fhágann go mbeidh an táirge as feidhm
- an teicneolaíocht a bheith deacair nó dodhéanta a chur i bhfeidhm nó róchostasach.

9.3 Cuireadh deireadh le dhá mhórthionscadal ICT Rialtais i rith an dá bhliain deiridh. Is iad seo a leanas na cinn a bhí i gceist

- an tionscadal vótála leictreonaí
- an Bróicéir Seirbhísí Poiblí.

Béim an Iniúchta

Rinneadh imthosca ina gcuirfí deireadh le tionscadail a athbhreithniú le go bhféadfaí an tsuim a bheadh le díscríobh agus an luach a bheadh a d'fhéadfaí a athghabháil ón infheistíocht sa thionscadal (más ann) a dhéanamh amach mar aon le hiarmharluach ar bith a bheadh fágtha ina dhiaidh.

Deireadh á chur leis an Tionscadal Vótála Leictreonaí

9.4 Bhí caibidil ar an tionscadal vótála leictreonaí a bhí á bhainistiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i dTuarascáil Bhliantúil²² na bliana 2003. Ba é aidhm an tionscadail seo córas leictreonach a chur ar fáil le haghaidh vótáil agus ríomh na vótaí in ionad an phróisis vótála agus ríomh na vótaí láimhe. Rinneadh an córas a thriail i roinnt de na dáilcheantair i rith olltoghchán na bliana 2003 agus i rith an dara reifreann ar Chonradh Nice sa bhliain chéanna. Ina dhiaidh sin, ceannaíodh na crua-earraí agus bogearraí ríomhaire a mbeadh gá leo chun an córas a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta ó Nedap, soláthraí córais a bhí bunaithe san Ísiltír. €51.3 milliún in iomlán a chosain sé an córas a fháil agus a fhorbairt.

9.5 Shocraigh na Cinn Chomhairimh roinnt áiteanna ar fud na tíre ina bhféadfaidís an trealamh a stóráil. Ba mhaoin pobail cuid de na háiseanna stórála sin (e.g. tithe cúirte áitiúla). I gcásanna eile, rinne Cinn Chomhairimh socruithe léasa le soláthraithe saoráidí stórála san earnáil phríobháideach.

9.6 Rinne Coimisiún Vótála Leictreonaí an próiseas vótála a scrúdú i ndiaidh don phobal inmór mór a chur in iúl maidir leis an gcóras nua. Chinn an Rialtas bunaithe ar thorthaí an Choimisiúin

²² Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, foilsithe in Meán Fómhair 2004.

(a foilsíodh i dtuairisc i mí na Nollag 2004), gur chóir córas vótála agus ríomh na vótaí leictreonach a mheasúnú, a thástáil agus a bhailíochtú a thuilleadh. D'fhoilsigh an Coimisiún an dara tuarascáil i mí Iúil 2006 inar mhol sé ann gan an córas a úsáid a fhad is go mbeadh roinnt athruithe fós le déanamh ar na cruia-earraí agus na bogearraí araon. Bhunaigh an Rialtas Coiste Aireachta le go ndéanfaí impleachtaí mholtaí an Choimisiúin a thuairisciú chuige.

9.7 Sa bhliain 2008, thug an Roinn faoi anailís struchtúrtha maidir leis na roghanna a bheadh ag baint leis an tionscadal sa todhchaí. Aithníodh ceithre rogha agus rinneadh an baol, na costais, na leasanna agus na tionchair a bhainfeadh le gach ceann díobh a scrúdú. Fuarthas meastachán costas i ndáil le gach ceann de na roghanna agus tugadh aird ar athruithe a d'fhéadfadh a tharlú sa chrua-earraí agus sa bhogearraí, ar oiliúint, ar oideachas, ar chlár faisnéise, ar iompar, ar stóráil agus ar chostas tástála an chórais. Léirítear na ceithre rogha a ndearnadh breithniú orthu agus a cuireadh faoi bhráid an Rialtais i Fíor 27.

Fíor 27 Na roghanna a cuireadh faoi bhráid an Rialtais

Rogha	Léiriú maidir leis na roghanna
A	■ An córas vótála a leasú de réir na moltaí ón gCoimisiún Vótála Leictreonaí ■ An córas a thriail agus a chur ar fáil go náisiúnta
B	■ An córas vótála a leasú de réir na moltaí ón gCoimisiún Vótála Leictreonaí ■ An córas a iarfheistiú le lorg iniúchta bailí vótálaithe ■ An córas a thriail agus a chur ar fáil go náisiúnta
C	■ A fhágáil faoin gCoimisiún Toghcháin neamhspleách a chinneadh cibé an úsáidfí an córas roghnaithe nó nach n-úsáidfí
D	■ Deireadh a chur leis an tionscadal vótála agus ríomh na vótaí leictreonach ■ Tascfhórsa Trasrannach a bhunú le go ndéanfar maoirseacht ar dhiúscairt an trealaimh agus ar fhoirceann na socruithe stórála

9.8 In Aibreán 2009, chinn an Rialtas deireadh a chur leis an tionscadal vótála leictreonaí (rogha D), tar éis dó breithniú a dhéanamh ar thorthaí ó anailís na Roinne. Dúirt an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le linn dó an cinneadh a fhógairt go dtarraingeofaí costais bhreise shuntasacha trí leanúint den vótáil leictreonach a chur chun cinn agus go rabhthas ag seachaint na gcostas sin tríd an gcinneadh seo. Chinn an Rialtas gur chóir dó Tascfhórsa Trasrannach a bhunú chomh maith chun an tionscadal a thabhairt chun críche agus maoirseacht a dhéanamh ar dhiúscairt an trealaimh agus ar fhoirceann na socruithe stórála.

An Costas a bhain leis an Tionscadal

1.9 Meastar go ndearnadh caiteachas €54.4 milliún in iomlán ar an tionscadal vótála leictreonaí go dtí mí an Mheithimh 2009. Léirítear briseadh síos an chaiteachais sin i Fíor 28.

Fíor 28 Caiteachas ar an Tionscadal Vótála Leictreonaí suas go dtí mí an Mheithimh 2009

Caiteachas de réir Catagóire	€000	€000
Trealamh Vótála		
Meaisíní Vótála	41,028	
Iarfheistiú Meaisíní Vótála	2,913	
Costais Crua-earraí Eile	2,330	
Bogearraí, Forbairt agus Tacaíocht	828	47,099
Oiliúint agus Eolas		
Oiliúint	132	
Feachtas Eolais agus Oideachais	2,566	2,698
Costais Forbartha Eile		
Costais Comhairleoireachta/Trialacha	731	
Ilghnéitheach	669	1,400
Costais Eile		
Stóráil Áitiúil	2,753	
Stóráil Láraithe (Costais Ullmhúcháin)	328	
Táillí Lasta agus Árachais	136	3,217
		54,414

9.10 Íocadh an chuid is mó de chostas an tionscadail vótála leictreonaí go díreach ón bPríomh-Chiste seachas ó Vóta na Roinne. Chuir an Roinn luach an trealamh vótála isteach sa Ráiteas maidir le Sócmhainní Caipitil a bhí i gceangal lena Chuntas Leithreasa, áfach. Bhí laghdú le teacht ar an luach sin in imeacht thréimhse 20 bliain ar aon dul le saolré oibrithe an trealamh. Toisc deireadh a bheith curtha leis an tionscadal beidh iarmharluach an trealamh á dhíscríobh i gcúrsa cuí.

Costais Stórála

9.11 I mí Eanáir 2003, scríobh an Roinn chuig na Cinn Chomhairimh ag iarraidh orthu socrúithe a dhéanamh maidir leis an trealamh vótála a stóráil sula gcuirfí chucu iad ó mhí Mheán Fómhair 2003 ar aghaidh. Rinneadh socrúithe léasa ar thréimhsí agus ar chostais éagsúla i 20 áit.

9.12 De bharr an chinneadh gan an trealamh vótála a úsáid i dtoghcháin a bhí ar siúl idir 2003 agus 2007, ní raibh gá lena stóráil ar fud na tíre. Shíl an Roinn na socrúithe stórála a chuíchóiriú chun airgead a choigilt. Idir mí Feabhra agus mí Dheireadh Fómhair 2009, d'éirigh leis an Roinn trealamh vótála a aistriú idir 12 ionad stórála áitiúla agus saoráid de chuid na Roinne Cosanta i mBaile Mhic Gormáin, Contae na Mí. Thóg an trealamh an spás iomlán a bhí ar fáil i mBaile Mhic Gormáin. Tabhaíodh costas arb ionann is €328,000 idir an chomhairleoireacht agus ullmhúchán an láithreáin agus an t-aistriú trealamh á phleanáil.

9.13 Bhí roinnt de na hionaid faoi léas ar théarmaí réasúnta gearr agus bhíothas in ann deireadh a chur leo trí ghéarfógra. I roinnt de na cásanna, léas fadtéarmach a bhí socraithe. Tá costas bliantúil de €16,800 ar léas atá le rith go dtí an bhliain 2029 i gCabhán-Muineachán, mar shampla. Tá costas bliantúil de €25,200 ar léas atá le rith go dtí an bhliain 2024 i gCorcaigh.

9.14 Chuaigh an Roinn i mbun comhchomhairlí sa bhliain 2007 chun roinnt de na hionaid stórála áitiúla faoi léas a scrúdú. Ba é ba chuspóir leis an gcomhchomhairle moltaí a fháil i ndáil leis na léasanna a fhoirceannadh ar an gcostas is lú is féidir a bhaint amach ar mhaithe leis an Stát agus an próiseas seo a bhainistiú ó chás go cás.

9.15 Moladh i rith na gcomhchomhairlí na léasanna a choimeád i gcúig cinn de na hionaid stórála. Moladh amhlaidh toisc go mbeadh sé riachtanach trealamh láimhe a stóráil ar bhonn leanúnach agus nach raibh ionaid sa cheantair a bheadh oiriúnach agus/nó nach mbeadh deis margaíochta ar bith a bhféadfaí a thapú i gcás na léasanna áitiúla sin.

9.16 Moladh sna comhchomhairlí an léas a fhoirceannadh i seacht gcinn de na cásanna agus tá sé seo déanta i gcás trí cinn. Níor tugadh aon íocaíocht bhreise i ndáil leis na léasanna a fhoirceann. Tá idirbheartaíocht ar bun le go ndéanfar amhlaidh i gcás na ceithre cinn eile.

Diúscairt an Trealamh Vótála

9.17 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom go raibh an Roinn ag déanamh socrúithe chun aghaidh a thabhairt ar na nithe a lean cinneadh an Rialtais maidir le diúscairt an trealamh vótála in Aibreán 2009. Bhunaigh an Roinn Tascfhórsa Trasrannach chun na tionscadail a thabhairt chun críche agus maoirseacht a dhéanamh ar dhiúscairt an trealamh iomchuí agus ar fhoirceann na socrúithe stórála. Bhí an chéad chruinniú de chuid an Tascfhórsa i mí Iúil 2009.

9.18 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, go mbeadh tús áite ag an ngeilleagar ó thaobh na Roinne de agus na roghanna a bheidh ann chun an trealamh a dhiúscairt á mbreithniú, le go bhféadfaí an méid is mó is féidir den chostas a athghabháil san imthosca. Dúirt sí go bhfuil an Roinn agus soláthraithe an trealamh i dteagmháil le chéile.

9.19 D'fhéadfadh go mbeidh tionchar ag forbairtí i ndlínsí eile ar luach diúscairthe an trealamh.

- Sa bhliain 2008, chinn Rialtas na hÍsiltíre deireadh a chur le trealamh vótála leictreonaí den chineál céanna a bhfuarthas ó Nedap. Bhí an tsoláthraí sásta an trealamh a bhí le diúscairt a ghlacadh ar ais, sa chás sin.
- I mí Márta 2009, rialaigh Cúirt Bunreacht na Gearmáine i gcoinne trealamh vótála Nedap a úsáid a thuilleadh sa dlínse sin. Cé nár tugadh aon fhianaise gur theip ar an trealamh san am a bhí caite, rialaigh an Chúirt i gcoinne é a úsáid a thuilleadh ar an bhforas go raibh daoine ann nach mbeadh in ann ríomhaire a úsáid ag iarraidh vótáil, agus toisc go mbeadh sé deacair earráidí sa ríomhchlár agus cúbláil ar an trealamh a thabhairt faoi deara.

Deireadh á chur le tionscadal an Bhróicéara Seirbhísí Poiblí

9.20 B'aonad den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh é Reach a raibh sé ina aidhm Bróicéir Seirbhísí Poiblí a fhorbairt. Ba phríomhthionscadal bonneagair de chuid ríomhsheirbhísí an Rialtais an Bróicéir lena raibh sé beartaithe sraith de shaoráidí foilsitheoireachta agus idirghníomhaíochta a sholáthar do chustaiméirí, lena n-áiríodh saoráid ina bhféadfaí teachtaireachtaí a mhalartú go hidirghníomhach a bhí dírithe ar na seirbhísí poiblí ar fad a chomhtháthú sa dóigh go mbeadh siad ar fáil go héasca ag úsáideoirí na seirbhísí ar líne.

9.21 Chuir Reach an chéad leagan oibríochta den Bhróicéir ar fáil i mí na Nollag 2005 agus bhí raon teoranta de sheirbhísí ar líne ag gabháil leis an tseirbhís sin.

9.22 Cé nár oibrigh an Bróicéir mar a samhlaíodh ar dtús, rinneadh scrúdú ar an mBróicéir²³ i rith an phróisis forbartha, agus fuarthas go bhféadfaí é a úsáid chun raon níos leithne seirbhísí a chur ar fáil agus gur bhain poitéinseal leis dá mbainfeadh an pobal úsáid as. Áiríodh iad seo a leanas ar na gnéithe den chóras a d'oibrigh go héifeachtach

- an tSeirbhís Teachtaireachtaí Idir-Ghníomhaireachta, a chur bealach ar fáil do na ranna agus do na gníomhaireachtaí chun doiciméid agus sonraí a mhalartú lena chéile
- an fíordheimhniú céannachta i dtaobh cáiníocóirí ÍMAT
- seirbhís fógra i dtaobh bháis a cheanglaíonn an Phríomh-Oifig Chlárúcháin le beagnach 40 roinn agus gníomhaireacht eile.

Fuarthas freisin, áfach, go raibh cuid d'fheidhmeanna an Bhróicéara ag déanamh forluí ar sheirbhísí eile de chuid an Rialtais ar líne.

Leanúnachais Fheidhmeanna an Bhróicéara

9.23 Moladh i dtuairisc ar athbhreithniú trasrannach a rinneadh maidir le Tionscadal an Bhróicéara ina dhiaidh sin gur chóir an fhreagracht i ndáil le Reach agus an Bhróicéara a aistriú ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chuig roinn láir de chuid an Rialtais. Rinneadh moltaí maidir le láimhseáil príomhghnéithe oibríochta an Bhróicéara sa tuairisc chomh maith.

9.24 I mí Aibreáin 2008, thug an Rialtas cead d'aistriú na freagrachta maidir leis an tionscadal chuig an Roinn Airgeadais. Rinneadh príomhghnéithe oibríochta an Bhróicéara a láimhseáil ina dhiaidh sin

- Dúnadh an láithreán eolais Reachservices.ie agus cuireadh an t-ábhar agus na nascanna isteach le príomhlaithreán gréasáin an Rialtais.
- Cuireadh córas déthaobhach isteach chun teachtaireachtaí a mhalartú ar bhonneagar sábháilte Líonraí an Rialtais trí theicneolaíocht teachtaireachta a bhí ann cheana a úsáid, in ionad an tSeirbhís Teachtaireachtaí Idir-Ghníomhaireachta.²⁴
- Ar dtús, cuireadh seirbhís ar ísealchostas de chuid na Roinne Airgeadais isteach in ionad córas fíordheimhniú céannachta seirbhís ar líne Í.M.A.T. de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus ina dhiaidh sin rinneadh é a chomhdhlúthú le Seirbhís ÍMAT ar Líne.
- Cuireadh seirbhís a d'fhorbair an Roinn Airgeadais intí ar ísealchostas ar fáil in ionad na seirbhíse fógra i dtaobh bháis.
- Bhíothas ábalta foirm (Foirmeacha leictreonacha) a chomhlánadh ar líne tríd an mBróicéir, ach rinneadh an fheidhm sin a scor nuair a bhí an Bróicéir faoi chúram Reach sular aistríodh an fhreagracht chuig an Roinn Airgeadais. Ó shin i leith, dearadh foirmeacha le cuidiú sheirbhís fhorbartha intí na Roinne ar son cuid mhaith eagraíochtaí chun cuidiú leo seirbhísí a sheachadadh ar líne.

Costas an t-aonad Reach agus an Bróicéir

9.25 Luann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go bhfuil caiteachas €71.4 milliún in iomlán déanta aige maidir le Reach, ón uair a bunaíodh an t-aonad sa bhliain 2000 go dtí gur aistríodh é chuig an Roinn Airgeadais i mí Aibreáin 2008. Cuireadh costas forbartha agus

²³ Tuarascáil Speisialta Uimh. 58: Maidir le ríomhsheirbhísí an Rialtais agus leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, Deireadh Fómhair 2007

²⁴ Ag cur teachtaireachta idir Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Talmhaíochta, idir an Phríomh-Oifig Chlárúcháin agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an Garda Síochána, mar shampla.

9.26 Mhaolaigh an Roinn Airgeadais an obair a bhíodh ar siúl ag foireann Reach i ndiaidh an fhreagracht a aistriú agus seirbhísí eile a chur in ionad na bhfeidhmeanna a bhí ann roimhe, trí chomhaltaí foirne an aonaid a lánpháirtiú sna Ranna éagsúla lena raibh siad ceangailte agus trí chonarthaí chomhaltaí foirne ar conradh a fhoirceannadh. Rinneadh conradh mór a bhí ag cuideachta chun seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil i ndáil leis an mBróicéir a fhoirceannadh trí chomhaontú agus baineadh bonneagar teicniúil an Bhróicéara as a chéile. Meastar gur thabhaigh an Roinn costais arb fhiú suas le €1.49 milliún iad.

9.27 Tá sé ráite ag an Roinn gur beag is fiú costas seachadta reatha na bhfeidhmeanna a bhíodh á sheachadadh roimhe seo tríd an mBróicéir.

Míniú maidir leis an bhFoirceann

9.28 Nocht an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh na costais chaipitil a tabhaíodh agus an Bróicéir á fhorbairt i nóta ag plé le sócmhainní caipitil a bhí á bhforbairt, sa Chuntas Leithreasa bliantúil. B'fhiú €32.3 milliún an tsuim iomlán a ndearnadh caipitliú di sa tréimhse go deireadh mí an Mhárta. Bhain na costais seo go díreach le forbairt an Bhróicéara, lena n-áirítear costais tuarastail agus comhchomhairle an tionscadail.

9.29 Taifeadadh aistriú na sócmhainní i bhforbairt i nóta i gCuntas Leithreasa na Roinne i mbliana mar aitheantas gur aistríodh an fhreagracht maidir le Reach agus leis an mBróicéir ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le héifeacht ón 1 Aibreán 2008, agus tugtar luach iomlán an tsuim €32.3 milliún sa taifead.

9.30 Rinne an Roinn Airgeadais na sócmhainní a fágadh - bogearraí ríomhaire atá á choinneáil le go n-úsáidfear é - a luacháil ag €5 milliún, áfach tar éis an láithreán eolais Reachservices a dhúnadh agus foráil a dhéanamh chun oibríochtaí eile níos saoire a chur in ionad an Bhróicéara. Cláraíodh na sócmhainní ag an luach sin faoi shócmhainní seasta na Roinne, agus cuireadh an t-eolas seo sa ráiteas ón Roinn ar shócmhainní agus ar dhliteanais sa Chuntas i gcomhair na bliana 2008. Mar thoradh air seo díscríobhadh €27.3 milliún den chostas caipitil carntha ó chostas forbartha an Bhróicéara.

Tionscadail Ríomhsheirbhísí an Rialtais agus Mórthionscadail ICT — Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta ón Roinn Airgeadais

9.31 D'iarr mé tuairimí na Roinne Airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas

- aon bhaol a bhaineann le mórthionscadail den chineál céanna ar cuireadh deireadh leo agus an gá atá lena mbainistiú
- aon ní atá déanta ag an Roinn le go bhféachfaidh daoine le bainistiú níos fearr a dhéanamh, a spreagadh agus a chur chun cinn agus mórthionscadail ICT á bhforbairt.

9.32 Measann an Roinn go mbíonn fadhbanna ann agus mórthionscadail ICT á mbainistiú de bharr easpa scileanna, eolais agus easpa taithí na foirne i gcúrsaí ICT de ghnáth, agus ciallaíonn sé sin go mbíonn an Roinn ag brath an iomarca ar acmhainní seachtracha. De bharr foinsiú allamuigh den chineál sin a dhéanamh, ní bhíonn smacht ag an Roinn ar fhorbairt struchtúr an tionscadail ICT agus in ionad réiteach a bheadh oiriúnach do na ranna soláthair, déantar struchtúir fhíorchasta ar chaighdeán a mhaolaíonn aon bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann do sholáthraithe na seirbhísí. Is minic a bhíonn bogearraí tráchtála den scoth i gceist, rud a chiallaíonn go mbeidh costas ard ar an gceadúnas, ar an gcothabháil agus ar an tacaíocht a ghabhann leo. Is gnách go

mbíonn gá le tacaíocht forbartha agus comhchomhairle shuntasach sular féidir na bogearraí a chur ag obair le chéile agus go gcuirtear ceangal níos dlúithe ar an Roinn dá bharr. Is féidir easpa eolais agus taithí i gcúrsaí teicneolaíochta a bheith ina chúis le drochbhainistiú go minic nuair a bhíonn forbairt foinsithe allamuigh i gceist.

9.33 Tá sé ráite go bhfuil cinneadh déanta cheana féin ag an Rialtas caiteachas a laghdú faoi 50% ar acmhainní ICT seachtracha, agus go mbeadh ceangal ar chomhlachtaí poiblí a gcumas ICT intí a fheabhsú agus pleananna a dhéanamh chun neamhthuilleamacht na bhfostaithe a mhéadú. Tugtar éifeacht do na cinntí seo trí chiorclán²⁵. Mar thoradh air seo, tá an Roinn, faoina chúram caiteachas ICT a cheadú, i bhfabhar an cur chuige seo a leanas

- trialacha píolóta a úsáid chun coincheapanna agus an cur chuige teicneolaíochta atá beartaithe a bhailíochtú
- tionscadail bheaga a dhéanamh chun aon bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú
- obair forbartha a dhéanamh intí nó conraitheoirí a úsáid a mbeidh freagrach díreach acu do bhainistíocht na foirne seirbhíse poiblí (in áit cuideachtaí nó comtháthóirí na gcóras mór).

9.34 Tá moltaí curtha le chéile ag an Roinn chun tacú agus cuidiú le comhlachtaí na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí a gcumas ICT inmheánach a fheabhsú. Tá siad seo á mheas faoi láthair i gcomhthéacs an staidéar atá á dhéanamh maidir le hUimhreacha Seirbhíse Poiblí agus Cláir Caiteachais. Ina theannta sin, ní mór do gach mórthionscadal a ghabháil faoi phróiseas athbhreithnithe mionsonraithe dá mhacasamhail.

9.35 Is é seo a leanas príomhról na Roinne Airgeadais de réir an Oifig Chuntasaíochta

- gnéithe tábhachtacha den bhonneagar teicneolaíochta a sholáthar ar nós líonraí an Rialtais
- príomhghnéithe tábhachtacha áirithe den bhonneagar faisnéise a sholáthar lena n-áirítear córais ríomhsheirbhísí láir an Rialtais
- soláthar an ICT láir le haghaidh creat náisiúnta a bhunú agus a bhainistiú
- tacaíocht indíreach a thabhairt trí dhea-chleachtais a chur chun cinn agus comhairle a chur ar fáil le go bhféadfaí an luach is airde airgid a bhaint amach d'infheistíochtaí an Stáit i mbonneagar ICT
- tacaíocht a thabhairt chun polasaithe foirne ICT níos fearr a chur chun cinn sa tseirbhís phoiblí.

²⁵ Ciorclán na Roinne Airgeadais 2/09.

Conclúidí

Is é nádúr mórtionscadal ICT go bhféadfadh an fhorbairt teicneolaíochta ceann a threorú nó go bhféadfadh sé nach nglacfaadh úsáideoirí leis an táirge críochnaithe. Tá sé ríthábhachtach go n-aithníonn lucht bainistíochta an tionscadail nuair nach mbíonn ag éirí leis an tionscadal agus gníomhú dá réir. Is cóir an tionscadal a chur ar leataobh mura mbíonn ag éirí leis toisc go seachnaítear níos mó caiteachais as airgead an phobail – airgead caipitil agus airgead reatha araon – go neamhéifeachtach.

I gcás an aonaid Reach agus tionscadal an Bhróicéara, tháinig teicneolaíochtaí chun cinn a bhí níos saoire agus a raibh fáil níos éasca orthu ná an teicneolaíocht ar a raibh an tionscadal ag brath chun feidhmiú. Ní fhéadfaí luach ar airgid a bhaint amach as tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa Bhróicéir san imthosca sin. Díscríobhadh €27.3 milliún den chaiteachas caipitil a tabhaíodh nuair a bhí an Bróicéir á fhorbairt trí sheirbhísí malartacha a chur ar fáil.

B'fhiú €54.4 milliún an caiteachas carntha maidir leis an tionscadal vótála leictreonaí suas go dtí mí an Mheithimh 2009. A thúsce an cinneadh a bheith déanta ag an Rialtas deireadh a chur leis an tionscadal vótála leictreonaí déantar an caiteachas a dhíscríobh. Is próiseas leanúnach é faoi láthair an trealamh a dhiúscairt agus na socruithe stórála a thabhairt chun críche. Ní féidir a rá go fóill cibé an ndéanfar athghabháil de bharr dhiúscairt an trealaimh agus an luach a bheidh leis.

I gcás an dá thionscadal, rinneadh gach iarracht réasúnta agus táthar fós á ndéanamh chun deireadh a chur leo agus na hacmhainní nach n-úsáidfear a athchúrsáil nó a dhiúscairt.

Caibidil 10 Ioncam

Bailiúchán Ioncaim

Bailiúchán Ioncaim

10.1 Déanann an Chaibidil seo imscrúdú ar

- feidhmíocht bhailiúcháin ioncam in 2008
- méid na cánach a díscríobhadh in 2008
- méid na cánach gan íoc amhail an 31 Márta 2009
- an riosca don bhailiúchán sna coinníollacha reatha
- torthaí an iniúchta ar an gCuntas Ioncaim.

Bailiúchán agus Aisíocaíocht Ioncaim

10.2 B'ionann an ollsuim a bhailigh na Coimisinéirí Ioncam in 2008 agus €60.1 billiún ar an iomlán. Nuair a chuirtear na suimeanna a bailíodh thar ceann Ranna agus gníomhaireachtaí eile as an áireamh, bhí €50.1 billiún den ollbhailiúchán inchurtha i leith ioncam croiláir an Stáit.

10.3 Aisíocadh €9.2 billiún le cáiníocóirí in 2008. Bhí 18% de na ollchánacha agus olldleachtanna a bailíodh i gceist leis na haisíocaíochtaí sin. Déantar aisíocaíochtaí go príomha faoi dhá cheann-teideal cánach.

10.4 I gcás CBL, tagann siad chun cinn nuair a sháraíonn an CBL ar cheannacháin trádálaithe an CBL ar a ndíolacháin. Is féidir le roinnt trádálaithe a bheith i staid aisíocaíochta ar bhonn buan i gcásanna ina ndéantar a ndíolacháin ag an ráta ar lacáiste nó ag ráta nialais ach a bhfuil CBL á ghearradh orthu ar roinnt dá gceannacháin nó dá gceannacháin go léir – mar shampla, roinnt gnólachtaí bia. D'fhéadfadh sé tarlú chomh maith nuair a mhéadaíonn trádálaí stoc nó má cheannaíonn sé nó sí píosa costasach trealaimh le linn tréimhse.

10.5 Is é Cáin Ioncaim an ceann-teideal eile a bhfuil ardleibhéal aisíocaíochtaí faoi. Sa chás seo, áirítear íocaíochtaí faoisimh chánach d'ús morgáiste agus árachas leighis, chomh maith le haisíocaíochtaí faoi na comhchodanna éagsúla Cánach Ioncaim. Cuirtear €1,026 milliún d'iomlán na n-aisíocaíochtaí Cánach Ioncaim iomlána arbh ionann iad agus €3,398 milliún in 2008, i leith íocaíochtaí a rinneadh le soláthreoirí morgáiste agus aracháis i ndáil le faoiseamh cánach ag an bhfoinse.

10.6 Tugtar achoimre ar iomlán na suimeanna bailiúcháin ar féidir iad a chur i leith gníomhaireachtaí eile chomh maith le haisíocaíochtaí i bhFíor 29.

Fíor 29 Bailiúchán agus Aisíocaíocht Ioncam

	2007	2007	2008	2008
	€m	€m	€m	€m
Ollbhailiúchán		66,148		60,061
<i>Lúide an méid inchurtha i leith Ranna agus Gníomhaireachtaí eile</i>				
ÁSPC ^a	(9,292)		(9,612)	
Tobhach Sláinte	(188)		(166)	
Tobhach Tobac	(168)		(168)	
Tobhach Comhshaoil	(22)		(26)	
Eile	(7)	(9,677)	(6)	(9,978)
Ollchánacha agus Oildleachtanna a Bailíodh		56,471		50,083
Lúide Aisíocaíochtaí Cánacha agus Dleachtanna		(9,137)		(9,178)
Glanchánacha agus Gandleachtanna a Bailíodh		47,334		40,905^p

Nótaí:

- a B'ionann glanfháltais ÁSPC agus €9,541 milliún (€9,217 milliún in 2007) tar éis aisíocaíochtaí €71 milliún a ghlacadh san áireamh.
- b Áirítear air seo, €76 milliún a bailíodh mar chuid de na himscrúduithe speisialta éagsúla atá a ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncam (féach Caibidil 11).

10.7 Leagtar amach an t-ollbhailiúchán, aisíocaíochtaí agus glanbhailiúchán de gach ceannteideal cánach in 2007 agus 2008 i bhFíor 30 mar aon leis an athrú céatadán i nglanfháltais in 2008.

Fíor 30 Cáin a Bailíodh agus a Aisíocadh faoin gCeannteideal Cánach

	2008	2008	2008	2007	Athrú
Ceannteideal Cánach	Ollfháltais	Aisíocaíochtaí	Glanfháltais	Glanfháltais	Céatadán
	€m	€m	€m	€m	
Cáin Ioncam	16,593	3,398	13,195	13,582	3%
Cáin Bhreisluacha	17,992	4,560	13,432	14,519	8%
Mál	5,535	103	5,432	5,835	7%
Cáin Chorporáide	6,046	975	5,071	6,393	21%
Dleachtanna Stampála ^a	1,812	49	1,763	3,244	46%
Dleachtanna Custaim	260	15	245	273	10%
Cáin Fáltais Caipitiúil	351	8	343	391	12%
Cáin Ghnóthachan Caipitiúla	1,494	70	1,424	3,097	54%
Iomlán	50,083	9,178	40,905	47,334	14%

Nóta:

- a Rinne an tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008 foráil do scéim dhreasachta chun spreagadh a thabhairt d'ionstraimí a chur i láthair le haghaidh stampála nár cuireadh faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncam iad laistigh de na teorainneacha ama a ceanglaíodh. Ní raibh pionós eile iníoctha ar an gcoinníoll gur cuireadh na hionstraimí sin i láthair le stampáil agus gur íocadh an dleacht agus ús laistigh de 56 lá ó ritheadh an tAcht. Ba é an 17 Feabhra 2009 an spriocdháta agus faoin dáta sin, cuireadh 3,687 ionstraim faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncam, ar bailíodh €57.6 milliún (lena n-áirítear ús €11 milliún) mar thoradh air. Fuarthas an chuid is mó den tsuim sin in 2009.

10.8 Tá méadú tagtha ar aisíocaíochtaí Cánach Ioncam, Cánach Corparáide, Cánach Fáltais Caipitiúil agus Cánach Gnóthachan Caipitiúla in ainneoin laghdaithe ar na hollfháltais i leith na

gceannnteideal cánach sin. Laghdaigh Ollfháltais Cánach Ioncaim faoi €195 milliún (1%), agus mhéadaigh aisíocaíochtaí faoi €192 milliún (6%).

10.9 Luaigh na Coimisinéirí gur toradh é sin ar

- méadú ar na híocaíochtaí faoisimh chánach ag an bhfoinse do mhórgáistí agus árachas leighis
- méaduithe ar aisíocaíochtaí do cháiníocóirí ÍMAT, ar féidir é sin a mhíniú go ródhócha toisc go bhfuil teidlíochtaí á n-éileamh ag níos mó cáiníocóirí ar chreidmheasanna agus faoisimh mar thoradh ar fheachtas na gCoimisinéirí Ioncaim le spreagadh a thabhairt do cháiníocóirí na teidlíochtaí sin a éileamh agus mar thoradh ar riachtanas airgeadais de bharr an chor chun donais sa gheilleagar
- íocaíochtaí méaduithe Cánach Ioncaim féinmheasúnaithe, ar dócha gur toradh é ar rómheastachán cáiníocóirí ar a ndliteanas cánach nuair a bhíonn réamhcháin a híoc.

10.10 Fritháireamhaíodh na harduithe sin i bpáirt ag

- laghdú ar aisíocaíochtaí cánach conarthaí ábhartha mar thoradh ar chúngú na hearnála tógála agus
- críochnú na scéime SSIA, bhíodh íocaíochtaí na scéime sin san áireamh in aisíocht in aisíocaíochtaí cháin ioncaim roimhe seo.

10.11 Mar fhreagairt ar m'fhiosrúcháin, luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil imscrúdú á dhéanamh acu ar na cúiseanna taobh thiar de na méaduithe ar aisíocaíochtaí sna ceannteidil chánach seo a leanas

- Cáin Chorparáide i gcás inar mhéadaigh aisíocaíochtaí faoi €39 milliún (4%) in ainneon laghdú €1,283 milliún (18%) in ollfháltais
- Cáin Ghnóthachan Caipitiúla, i gcás inar mhéadaigh aisíocaíochtaí faoi €6.5 milliún (10%) agus inar laghdaigh ollfháltais faoi €1,667 milliún (53%).

Níl fáil ar thorthaí an imscrúdaithe seo fós.

Íocaíocht leis an Státchiste

10.12 Ba é €40.9 billiún an glanioncam iníoctha leis an Státchiste ó chánacha agus dleachtanna don bhliain. Íocadh €40.8 billiún leis an Státchiste²⁶ in 2008.

10.13 Ba é €48.9 billiún sprioc an Státchiste do lá na Cáinaisnéise 2008 le haghaidh ioncaim chánach. Dá réir sin, bhí easnamh ioncaim chánach €8.1 billiún ann don bhliain. Tugtar miondealú ar an nglaneasnamh de réir ceannteideal aonair i bhFíor 31. Is féidir 80% d'easnamh a chur i leith CBL, Cáin Chorparáide, Cáin Ghnóthachan Caipitiúla agus Dleacht Stampála.

²⁶ Glactar na hiarmhéideanna fionraí sa tsuim a íocadh leis an Státchiste thar am i gcásanna inar íoc an cáiníocóir cánacha ach nach dáiltear iad. B'ionann an tsuim a réamhíocadh amhail an 31 Nollaig 2008 agus €200 milliún (€329 milliún amhail an 31 Nollaig 2007).

Fíor 31 Ioncam Cánach a Íocadh leis an Státchiste in 2008 i gComparáid le Réamhaisnéis

Ceannteideal Cánach	Réamhaisnéis	Íocaíochtaí leis an Státchiste	Barrachas/ (Easnamh)	Laghdú Céatadáin
	€m	€m	€m	
Cáin Ioncaim	13,900	13,177	(723)	5%
Cáin Bhreisluacha	15,550	13,430	(2,120)	14%
Mál	5,989	5,443	(546)	9%
Cáin Chorporáide	6,700	5,065	(1,635)	24%
Dleachtanna Stampála	2,855	1,651	(1,204)	42%
Dleachtanna Custaim	300	248	(52)	17%
Cáin Fháltas Caipitiúil	405	332	(73)	18%
Cáin Ghnóthachan Caipitiúla	3,210	1,430	(1,780)	55%
Ioncam	48,909	40,776	(8,133)	17%

10.14 Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim

- go mínítear an t-easnamh i CBL leis an gcor chun donais sa gheilleagar agus an tionchar a d'imir sé ar chaiteachas tomhaltóirí, go háirithe sa tionscal tógála agus mótaí
- gurb é tionchar an choir chun donais sa gheilleagar domhanda ar bhrabúis chorporáide, go háirithe san earnáil airgeadais, an chúis is dóchúla leis an easnamh i gCáin Chorporáide
- gur imir an cor chun donais sna margaí maoine agus scaireanna drochthionchar ar Dhleachtanna Stampála, Cáin Fháltas Caipitiúil agus Cáin Ghóthachan Caipitiúla.

Feidhmíocht na nEarnálacha

10.15 Mar a léirítear i Fíor 30, tháinig laghdú €6.4 billiún ar ghlanfháltais in 2008 i gcomparáid le 2007. Cumhdaíonn eolas bhainistíocht inmheánach Ioncaim gníomhaíocht bhailiúcháin de réir na hearnála ag úsáid codanna chun príomhghníomhaíocht eacnamaíochta an cáinócóra a aithint. Níl miondealú earnála na bhfáltas ar fáil do CBL ar allmhairithe, Mál, Dleachtanna Stampála, Dleachtanna Custaim agus Cáin Ghnóthachan Caipitiúla, áfach. Bhí €1.5 billiún nó 23% den laghdú €6.4 billiún i gceist leis an laghdú ar fháltais Dleachtanna Stampála agus Cáin Fháltas Chaipitiúil.

10.16 Tá eolas bainistíochta Ioncaim in ann na fáltais a rangú de réir earnála do na ceannteidil a leanas, a bhfuil 74% de na fáltais a léirítear i Fíor 30 i gceist leo.

- CBL intíre (90% d'fháltais CBL)²⁷
- Cáin Ioncaim a íoctar tríd an gcóras ÍMAT agus ag daoine féinfhostaithe (89% d'fháltais Cánach Ioncaim)²⁸
- Cáin Chorporáide
- Cáin Fháltas Chaipitiúil.

10.17 Laghdaigh fáltais ó na cánacha sin in 2008 faoi €4.6 billiún i gcomparáid le 2007, a raibh 72% den laghdú iomlán i bhfáltais €6.4 billiún i gceist leo. Is féidir fáltais ÁSPC, a mhéadaigh

²⁷ Tagann iarmhéid na bhfáltas CBL chun cinn ó CBL ar allmhairithe.

²⁸ Níl anailís de réir earnála ar fáil do na gnéithe eile Cánach Ioncaim, cosúil le Cáin Choinneála ar Ús Taisce, Seirbhísí Gairmiúla Cánach Siarchoinneálaí agus Díbhinn Cánach Siarchoinneálaí.

faoi €353 milliún in 2008, a rangú de réir earnála. Nuair a ghlactar ÁSPC san áireamh, is é €4.3 billiún an laghdú iomlán a bhfuil anailís de réir earnála indéanta air.

10.18 Léirigh réamheolas a sholáthar na Coimisiúnéirí Ioncaim, atá fós faoi réir ag a obair bailíochtaithe inmheánach²⁹, gur laghdaigh fáltais chánach i ngach earnáil seachas trí chinn³⁰ de na 18 earnáil, agus 90% den laghdú ar fháltais chánach i gceist leis na sé earnáil seo a leanas

- talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht — cuimsíonn sé gníomhaíochtaí maidir le barra a fhás, ainmhithe a thógáil, adhmaid a bhaint, agus plandaí agus ainmhithe eile a bhaint ó fheirm nó óna ngnáthóga nádúrtha
- eastát réadach, áitribh a chur ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó — áirítear ar an gcatagóir i dteannta le gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, ligean ar cíós agus soláthar raon leathan seirbhísí, go príomha do ghnólachtaí
- tógáil — áirítear air seo, tógáil ghinearálta, saintógail agus suiteáil agus críochnú foirgneamh
- idirghabháil airgeadais — áirítear ar an gcatagóir seo, árachas agus maoiniú pinsean agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hidirghabháil airgeadais
- trádáil mhórdhíola agus miondhíola — lena n-áirítear trádáil mhórdhíola agus mhiondhíola earraí de chineál ar bith, chomh maith le deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar agus earraí pearsanta agus teaghlaigh
- Earnáil iarmharach lena n-áirítear gnóthachtaí nach ndéantar rangnú ar earnáil na hoibríochta ann.

10.19 Léiríonn na torthaí tosaigh i dtéarmaí iomlána

- Go raibh fáltais CBL baile tite de chuid is mó san earnáil Mhórdhíola agus Mhiondhíola agus san Earnáil Fíor, Cíós agus Gníomhaíochtaí Gnó.
- Cánacha Fostaíochta atá comhdhéanta de ÍMAT agus ÁSPC, laghdaithe i gcúig earnáil as 18 earnáil – an laghdú is mó san earnáil thógála.
- Thit cáin ar bhrabúis atá comhdhéanta de Cháin Chorporáideach agus Cáin Ioncaim a íocann daoine atá féinfhostaithe den chuid is mó san Earnáil Fíor, Cíós agus Gníomhaíochtaí Gnó.
- Tháinig laghdú suntasach ar Cháin Ghnóthachan Caipitiúla san earnáil Eastát Réadach, Áitribh a chur ar cíós agus Gníomhaíochtaí Gnó.

²⁹ Tá na haschuir earnálacha, go háirithe na hearnálacha Talmhaíochta, sealgaireachta agus foraoiseachta, faoi réir ag athbhreithniú ó na Coimisiúnéirí Ioncaim.

³⁰ Ba iad sin an earnáil Oideachais, an earnáil Riaracháin Poiblí agus Cosanta agus an earnáil Sláinte agus Obair Shóisialta.

Conclúidí– Feidhmíocht Bhailiúcháin

Laghdaigh cánacha ar ghnóthachain caipitiúla i dtoradh faoi 54% le linn 2007. Ina theannta sin, laghdaigh an toradh cánach ar bhrabúis faoi 21%.

Léiríonn figiúirí réamh-earnálacha gur léirigh formhór na n-earálacha go raibh titim i ngach teideal cánach, bhí laghdú suntasach i dTalmhaíocht, Tógáil, Eastát Fíor, Ligean ar Cíos agus Gníomhaíochtaí Gnó agus Idirmhéanú Airgeadais. Ina theannta sin bhí difríochtaí suntasacha idir earnálacha sa mhéid agus go raibh tionchar orthu ar CBL Baile, Cánacha Fostaíochta, Cánacha ar Bhrabúis agus Cánacha gnóchan caipitiúla.

Thug na coimisinéirí ioncam faoi shonraí earnálacha dheimnithe a bheidh mar ábhar i dtuarascáil ar leithligh faoi Alt 11 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Díscríobh Cánach agus ÁSPC

10.20 Leagtar amach mionsonraí cánach agus ÁSPC gan íoc thíos. I gcás nach bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim in ann suimeanna gan íoc a bhailiú nó ina measann na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil costas an bhailiúcháin comhréireach, déantar na suimeanna a dhíscríobh. Fágтар an cháin gan íoc ar thaifead an cháiniócora ach cuirtear marcóir díscríofa ar thaifead ríomhaireachta an cháis, rud a chuireann stop le haon ghníomhaíocht bhailiúcháin eile. Cuirtear liostaí de na cásanna go léir a moltar go ndíscríobhfar iad faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim go foirmiúil le ceadú. Dá mba rud é go n-athródh na coinníollacha i gcás, bhainfí an marcóir díscríofa agus d'fhéadfaí iarrachtaí bailiúcháin a thosú arís.

10.21 Díscríobhadh €129 milliún cánacha agus ÁSPC i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2008. Díscríobhadh €4.1 milliún ar bhonn uathoibrithe in 2008, a bhain le 239,909 cás ina raibh iarmhéideanna níos ísle ná €1,000, ar measadh nach raibh siad eacnamaíoch a dhóthain le dul ar aghaidh leo. Rinneadh an t-iarmhéid a mheas i gcomhair díscríofa ar bhonn cáis de réir cáis. Léirítear miondealú de réir ceannuidil chánach ar an tsuim iomlán a díscríobhadh i bhFíor 32. Bhain €118 milliún nó 91% den €129 milliún a dhíscríobhadh in 2008, le cánacha muiníneacha.

Fíor 32 Cánacha a Díscríobhadh

Cáin	2007 €000	2008 €000
Cáin Bhreisluacha ^a	46,195	57,710
ÍMAT	24,009	19,831
ÁSPC	21,899	25,438
Cáin Chonarthaí Ábhartha	14,796	12,581
Cáin Ioncaim	6,219	5,310
Cáin Chorporáide	1,496	3,016
Cáin Ghnóthachain Caipitiúla	479	985
Díscríobhadh Uathoibritheach	2,544	4,125
Iomlán	117,637	128,996

Nóta:

^a Is toradh é an méadú ar mhéid an CBL a díscríobhadh ar mhéadú ar mhéid na cánach den chuid is mó, lena n-áirítear CBL, a díscríobhadh i gcásanna leachtaithe.

10.22 Déanann na Coimisinéirí Ioncaim taifead ar an gcúis le díscríobhadh i ngach cás agus tugann Fíor 33 mionsonraí i roinnt cásanna chomh maith leis an tsuim a díscríobhadh do gach catagóir. Tháinig os cionn €113 milliún den tsuim a díscríobhadh i gcásanna inar scoir gnólaichtaí

nó ina raibh deacrachtaí acu. Baineann an t-iarhmhéid €15 milliún le cásanna nár bailíodh an tsuim gan íoc mar thoradh ar fhachtóirí cosúil le neamhábaltacht chun an cáiníocóir a aimsiú, cinneadh a rinne na Coimisinéirí Ioncaim nárbh fhiú acmhainní a thiomnú chun an tsuim gan íoc a bhailiú agus ar chúiseanna atruacha.

Fíor 33 Cúiseanna le Díscríobhadh

Cúis	2007 Líon na gCásanna	2007 €000	2008 Líon na gCásanna	2008 €000
Scor/Deacracht Gnólachta				
Leachtú/Glacadóireacht/Féimheacht	704	41,798	728	78,041
Scor trádáil – gan aon sócmhainní	1,196	46,423	709	26,633
Níorbh fhéidir a bhailiú mar thoradh ar choinníollacha airgeadais an cháiníocóra	191	4,678	134	3,752
Scrúdaitheoireacht	10	2,275	24	4,839
Nach maireann agus Eastát Dócmhainneach	80	834	26	355
Cúiseanna Eile				
Ní féidir a aimsiú/ Lasmuigh den Dlí nse	325	9,763	199	6,491
Ní bheadh sé eacnamaíoch le dul sa tóir air ^a	8,498	9,735	240,445	7,404
Cúiseanna Atruacha	122	1,827	101	1,323
Dlíteanais Neamhbhunaithe	53	304	32	158
Iomlán	11,179	117,637	242,398	128,996

Nóta:

a Áirítear air seo 239,909 cás a díscríobhadh go huathoibritheach (7,641 in 2007). Is toradh é an méadú ar líon na gcásanna ar choigeartú ar an gclár ríomhaireachta díscríofa uathoibrithigh, agus ar aithníodh líon mór cásanna lena bhain iarmhéideanna níos ísle ná €1 le díscríobhadh mar gheall air.

10.23 Ba é €9.9 milliún an tsuim aonair ba mhó a díscríobhadh in 2008 maidir le ÍMAT/ÁSPC Fostóra agus CBL dlite ag cuideachta leachtaithe sa tionscal slándála. Bhí ocht gcás eile a raibh an tsuim a díscríobhadh iontu os cionn €1 milliún.

10.24 Tugann Brainse Iniúcháireachta Inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim faoi imscrúdú bliantúil an díscríofa chánach. Rinne iniúchadh 2008 imscrúdú ar shampla 207 cás, a raibh 41% (€51 milliún) de luach na suimeanna a díscríobhadh go neamh-uathoibritheach (€125 milliún). Bhí an Brainse Iniúcháireachta Inmheánaí sásta gur díscríobhadh na suimeanna go léir de réir an chritéir a forordaíodh. Rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí imscrúdú chomh maith ar thorthaí na cúig bhabhta díscríofa uathoibrithigh sa bhliain agus dhearbhaigh sé gur cuireadh i bhfeidhm an chritéir roghnaithe údraithe go cuí le haghaidh gach babhta.

Cánacha agus ÁSPC gan íoc

10.25 Meastar cáin a bheith gan íoc ó dháta ar a gcuirtear an dlíteanas ar thaifead an cháiníocóra – de ghnáth mar thoradh ar fháltas tuairisceáin nó mar thoradh ar mheastachán a ardú. Léiríonn Fíor 34 gníomhaíochtaí agus idirbhearta le linn na tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 31 Márta 2009, arna n-ullmhu ar bhonn na sonraí a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil.

10.26 Tá méadú €575 milliún tagtha ar mhéid na cánach gan íoc ag deireadh mhí Mhárta 2009 go dtí €1,861 milliún. Tá na dlíteanais gan íoc méadaithe faoi 45% os cionn na suime gan íoc amhail mí Mhárta 2008. Léiríonn Fíor 34 chomh maith go bhfuil €628 milliún den tsuim gan íoc faoi réir

achomhairc ag an gcáiníocóir agus, de réir a bhíonn na hachomhairc á ndiúscairt, cuirtear cosc ar na Coimisinéirí Ioncaim iarracht a dhéanamh chun é a fháil. Is méadú €237 milliún é sin nó 61% os cionn na suime a bhí faoi achomharc dhá mhí dhéag roimhe sin. Tá méadú €338 milliún nó 38% os cionn suim mhí Mhárta 2008 tagtha ar an iarmhéid €1,233 milliún, atá ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim lena bhailiú.

Fíor 34 Cánaacha agus ÁSPC gan íoc

Iarmhéid amhail an 31 Márta 2008	Cáin nó Tobhach	Glanmhuirir Ardaithe	Íoctha	Díscríofa	Iarmhéid amhail an 31 Márta 2009	Anailís ar an iarmhéid amhail an 31 Márta 2009	
						Faoi achomharc	Ar fáil le Bailiú
€m		€m	€m	€m	€m	€m	€m
242	CBL	12,358	(12,082)	(57)	461	109	352
130	ÍMAT	11,879	(11,846)	(13)	150	7	143
169	ÁSPC	9,363	(9,302)	(18)	212	2	210
313	Cáin Ioncaim (seachas ÍMAT)	2,928	(2,872)	(6)	363	87	276
—	DIRT	648	(648)	—	—	—	—
219	Cáin Chorporáide	6,080	(5,932)	(3)	364	273	91
190	Cáin Ghnothachan Caipitiúla	1,094	(1,032)	(1)	251	141	110
3	Cáin Fháltas Caipitiúil	343	(343)	—	3	—	3
8	Cánaacha a Díothaíodh	—	—	(3)	5	—	5
12	Cáin Chonarthaí Ábhartha ^a	7	45	(12)	52	9	43
1,286	Iomlán	44,700	(44,012)	(113)	1,861	628	1,233
2.7%^b	Fiachas mar % de na glanmhuirir a cruinníodh				4.2%	1.4%	2.7%

Nótaí:

- a Cuimsíonn na glanmhuirir RCT €7 milliún measúnuithe agus dearbhuithe a bhaineann le príomhchonraitheoirí €769 milliún, lúide éilimh €762 milliún ó fhochonraitheoirí. Cuimsíonn an glan-aisíocaíocht €45 milliún an €721 milliún a fuarthas ó phríomhchonraitheoirí agus €766 milliún a aisíocadh le fochonraitheoirí (nó a fritháiríodh i gcoinne dlíteanais chánach eile).
- b B'ionann na glanmhuirir a cruinníodh le linn na bliana go dtí mí Mhárta 2008 agus €47,220 milliún.

10.27 Leagann Fíor 35 amach anailís aosaithe ar an iarmhéid gan íoc amhail an 31 Márta 2009. Amhail an 31 Márta 2009, bhain 30% den tsuim gan íoc leis an tréimhse chánach ba dhéanaí (2008). I mí Mhárta 2008, bhí 26% den tsuim iomlán gan íoc i gceist leis an tsuim gan íoc don tréimhse ba dhéanaí ag an am sin (2007). Baineann 55% den tsuim gan íoc le tréimhsí cánach roimh 2007.


Fíor 35 Anailís Aosaithe Fiachais amhail an 31 Márta 2009

Cáin	Cáin Iomlán gan íoc amhail an 31 Márta 2009	Suimeanna gan íoc do 2008	Suimeanna gan íoc do 2007	Dlite don tréimhse 2004 go dtí 2006	Dlite do thréimhsí níos luaithe ná sin (i.e. > 5 bliana d'aois)
	€m	€m	€m	€m	€m
CBL	461	249	43	98	71
ÍMAT	150	87	20	25	18
ÁSPC	212	140	32	26	14
Cáin Ioncaim	363	3	103	93	164
Cáin Chorporáide	364	60	11	218	75
Cáin Ghnóthachan Caipitiúla	251	2	58	52	139
Cáin Fháiltais Caipitiúil	3	—	—	—	3
Cánacha a Díothaíodh	5	—	—	—	5
Cáin Chonartha Ábhartha	52	18	9	19	6
Iomlán	1,861	559	276	531	495
Comparadóir ^a	1,286	331	228	331	396

Nóta:

a Is figiúirí comhfhreagracha iad seo don tsuim gan íoc don dá mhí dhéag roimhe.

10.28 Leagann Fíor 36 amach anailís ar an bhfiachas gach mí ó Eanáir 2008 go dtí Márta 2009 agus léiríonn sé an tsuim mhéadaitheach gan íoc gach mí ó lár 2008 i leith.

Fíor 36 Cíos Míosúil gan Íoc Eanáir 2008 go dtí Márta 2009

Rioscaí don Bhailiúchán

10.29 Léiríodh do na Coimisinéirí Ioncaim in 2009 ar an iomlán gur méadaíodh an iarracht a bhain le bailiúchan a dhaingniú. Tá méadú tagtha chomh maith ar an éileamh ó ghnólaíochtaí ar a thuilleadh ama le hÍoc. Tagann an treocht aníos i leibhéal na cánach gan íoc leis na coinníollacha deacra eacnamaíocha. Tomhasann na Coimisinéirí Ioncam an méid a chuireann cáiníocóirí tuairisceáin ar aghaidh agus a dhéanann íocaíochtaí in am ar bhonn ualaithe le haghaidh na bpríomhchánacha. Tá sé luaite ag na Coimisinéirí Ioncaim gur fhan an ráta comhlíonta do chásanna móra agus meánmhéide ag 92% agus 86%, faoi seach, idir 2007 agus 2008, agus gur mhéadaigh an ráta do gach cás eile ó 68% go dtí 72%³¹.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

10.30 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb í príomhspríoc na gCoimisinéirí Ioncaim chun uasleibhéal comhlíonta an cháiníocóra a chinntiú maidir le hoibleagáidí cánach agus dleachta agus thuig sí go raibh roinnt dúshlán agus rioscaí ag baint leis an timpeallacht eacnamaíoch a bhí athraithe chomh mór sin ó thaobh bailiúchán cánach de. Roimhe sin, fiú, ina Ráiteas Straitéise don tréimhse 2008 – 2010, arna fhoilsiú i mí Feabhra 2008, d’aithin na Coimisinéirí Ioncaim gur bhain sé le dealramh go mbeadh dúshlán níos mó ann maidir lena n-iarrachtaí bailiúcháin fiachais agus spríocanna rátaí comhlíonta thráthúil mar gheall ar mhéadú eacnamaíoch níos moille. Ní raibh siad in ann, scála an dúshláin sin a thuar, áfach, agus tá na Coimisinéirí Ioncaim ag oibriú i dtimpeallacht ghnó anois, ina bhfuil meath ag teacht ar dhíolacháin earraí agus seirbhísí, agus ar bhrabúis sna cuid is mó de na hearnálacha sa gheilleagar, nó na hearnálacha go léir, b’fhéidir.

10.31 Amach ón tábhacht a bhaineann le comhlíonadh thráthúil don Státchiste, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go nglacann na Coimisinéirí Ioncaim an buntáiste iomaíoch neamhchothrom san áireamh, ar féidir le gnólaíocht a chur i gcrích nuair a bhaintear leas as íocaíocht dhéanach nó

³¹ In ainneoin sin, mhéadaigh an t-iarmhéid atá fós le hÍoc ó 2.7% de ghlanmhuirgo dtí 4.2 sa bliain go dtí 31 Márta 2009.

neamhióc cánach ar bhonn leanúnach chun gnólachtaí comhlíontacha a fhoghearradh. Ar na cúiseanna sin, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag súil go gcoimeádann gnólachtaí fócas soiléir, in ainneoin na gcoinníollacha eacnamaíocha níos deacra a bhfuil siad ag oibriú iontu faoi láthair, agus go gcoimeádfaidh siad a ngnóthaí airgeadais in eagar chun a chinntiú go n-íoctar fiachais chánach de réir mar a dhlítear iad. Mhaígh sí nach féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim feidhmiú mar bhainc éir rogha dheiridh.

10.32 Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil deacrachtaí sách móra os comhair an-chuid gnólachtaí anois maidir lena sreabhadh airgid, go háirithe toisc go bhfuil teorainn i bhfad níos mó ar rochtain ar chaipiteal oibre agus, mar thoradh air sin, d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ag roinnt gnólachtaí chun a n-oibleagáidí cánach a chomhlíonadh in am. Tá na Coimisinéirí Ioncaim sásta obair a dhéanamh leis na gnólachtaí agus na cáiníocóirí sin mar iarracht chun réiteach comhaontaithe a aimsiú lena ndeacrachtaí a sháru agus comhlíonadh tráthúil deonach a chur ar bun arís. Is é an príomhriachtanas lena chinntiú go n-éireoidh leis an gcur chuige seo, go ndéanfar idirghníomhú dearfach ionraic leis na gCoimisinéirí Ioncaim go luath agus go mbeidh bunús saigh na gnólachta iontaofa.

10.33 Maidir le straitéisí bainistíochta fiachais na gCoimisinéirí Ioncaim, a ndírítear iad ar thosaíocht a dhéanamh d'idirghabhálacha comhlíonta ar chásanna lena mbaineann an riosca is airde – i dtéarmaí toradh cánach – luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil siad bailí i gcónaí in ainneoin na timpeallachta eacnamaíocha athraithe. Tá athstruchtúrú déanta ar Aonaid Bhainistíochta Fiachais an Ard-Bhailitheora chun a chinntiú go ndéantar dlúthmhonatóireacht ar chásanna lena mbaineann an riosca is mó don Státchiste, dá mbeadh neamhchomhlíonadh i gceist leo, agus tugtar aird tosaíochta ar cháiníocóirí a dhéanann sin. Déanann córais bhainistíochta cásanna na gCoimisinéirí Ioncaim éascaíocht do chásanna neamhchomhlíonta a aithint agus tacaíonn siad le sannadh na gcásanna sin d'fhoirne oibrithe cáis, ar bhonn rátála riosca.

10.34 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb í an aincheist a bhí ann do na Coimisinéirí Ioncaim idirdhealú a dhéanamh idir gnólachtaí nach n-íocfadh, gnólachtaí nach féidir íoc agus nach mbeidh in ann go deo agus gnólachtaí atá inmharthana ach nach féidir íoc ag an bpointe seo. Go minic, bíonn poist agus slite beatha faoi bhagairt. Tá creatlach forbartha ag na Coimisinéirí Ioncaim chun na cásanna sin a bhainistiú, ar a dtugtar an Chreatlach Formhéadaithe um Chinneadh Cáis, agus tá ábhar foilsithe acu maidir lena chur chuige i leith cásanna a bhfuil deacrachtaí íoctha chánach i gceist iontu. Dearadh an chreatlach seo chun éascaíocht a dhéanamh do chásanna a tharchur go tapa agus go cuí le cinneadh ag an leibhéal níos airde. Aithnítear gur chun leasa gach duine é cúnamh a thabhairt le gnólachtaí a bheadh inmharthana seachas na coinníollacha deacra, chun a gcomhlíonadh cánach a chur i gcrích agus tá pléití forleathana ar bun go leanúnach ag na Coimisinéirí Ioncaim le comhlachtaí cleachtóra chánach agus ionadaithe ar ghnólachtaí i dtaobh na saincheiste sin.

10.35 Is é an bealach is fearr chun íocaíocht dhéanach nó neamhchomhlíonadh a réiteach trí idirghníomhú a dhéanamh leis an gcáiníocóra, ach i gcás nach bhfuil an t-idirghníomhú ar siúl ach go páirteach, nó nach ndéantar ar chor ar bith é, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go mbainfeadh na Coimisinéirí Ioncaim úsáid as bearta cosúil le ús a ghearradh nó a bhailiú nó d'úsáidfeadh siad bearta forfheidhmiúcháin bhailiúcháin, lena n-áirítear tarchuir shirriaim agus aturnaetha agus orduithe astaithe chun íocaíocht an fhiachais chánach a chur i gcrích agus chun spreagadh a thabhairt do chomhlíonadh tráthúil deonach amach anseo.

Conclúidí – Riosca Cánach gan Íoc agus Bailiúcháin

Tháinig méadú €575 milliún ar mhéid na cánach gan íoc in 2008. Tugann na Coimisinéirí Ioncaim deara go bhfuil méadú breise tagtha ar an iarracht atá déanta maidir leis an mbailiúchán a ghóthú in 2009. Tarraingíonn sé sin aird ar an dúshlán atá roimh na Coimisinéirí Ioncaim maidir lena chinntiú nach laghdófar an bailiú cánach laghdaithe a thuilleadh mar thoradh ar cháiníocóirí ag cur moill leis an íocaíochta nó má theipeann orthu a ndliteanais chánach a íoc. Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-íocfaidh gach cáiníocóir a ndliteanas iomlán in am chun cothromas an chórais chánach a chinntiú agus chun ioncam an Stáitchiste a mhéadú.

Is cosúil go bhfuil an cur chuige a úsáidtear agus na deacrachtaí sin á sárú, de réir mar a chuir an tOifigeach Cuntasaíochta orthu – neamhchomhlíonadh a aithint sna cásanna toraidh níos airde a luaite is féidir, agus sásra a chur ar fáil do ghnólaictheá inmharthana agus cáiníocóirí pearsanta le fadhbanna leachtachta a bhainistiú – ina chur chuige oiriúnach. Tá forairdeall leanúnach de dhíth ar an staid, áfach, chun treochtaí comhlíonta athraitheacha a bhrath agus freagairt chuí a thabhairt orthu.

Iniúchadh ar an gCuntas Ioncaim

10.36 Faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear orm

- cibé imscrúduithe a dhéanamh a mheasfaidh mé a bheith cuí chun a chinntiú ar bunaíodh cibé córais, nósanna imeachta agus cleachtais a bheidh leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhéanamh ar mheasúnú, bailiú agus dáileadh cuí ioncam an Stáit agus ionas go mbeidh mé sásta go bhfuil an modh ar a n-úsáidtear agus a gcuirtear i bhfeidhm iad leordhóthanach
- imscrúdú a dhéanamh ar chuntas an ioncaim faighte agus a íocadh leis an Stáitchiste ag na Coimisinéirí Ioncaim (an Cuntas Ioncaim) ionas go mbeidh mé sásta lena iomláine agus cruinneas agus tuairisiciú a dhéanamh chuig Dáil Éireann ar thorthaí m'imscrúdaithe.

10.37 Déanaim scrúdú, ar bhonn timthriallach, ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim um measúnú agus bailiúchán cánach.

10.38 Foirmím tuairim faoi iomláine agus cruinneas an Chuntais Ioncaim ar bhonn an imscrúdaithe agus na tástála a dhéanann m'Oifige ar na córais éagsúla fáltais, aisíocaíochta agus cuntasaíochta laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim. Faighim deimhniú chomh maith ó obair na gcóras a dtagraítear dó thuas.

Conclúidí Foriomlána

Leagtar amach an Cuntas Ioncaim, chomh maith le mo thuairim faoi, in Aguisín B. Tá tuairisc shoiléir déanta agam faoin gcuntas sin.

Caibidil 11 Ioncam

**Seiceálacha agus Imscrúduithe na Coimisinéirí
Ioncaim**

Seiceálacha agus Imscrúduithe na gCoimisinéirí Ioncaim

11.1 Sa Chaibidil seo, déantar na nithe seo a leanas a scrúdú

- líon seiceálacha na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le comhlíonadh, lena n-áirítear iniúchtaí, agus a dtorthaí
- an riosca maidir le socraíochtaí a bhailiú sa timpeallacht atá ann faoi láthair
- líon na ngníomhartha díspregtha i gcásanna maidir le neamhchomhlíonadh
- a mhéad is a fhoilsítear mionsonraí mainnitheoirí
- torthaí imscrúduithe speisialta.

Seiceálacha maidir le Comhlíonadh

11.2 Tugtar achoimre ar thoradh chlár gníomhaíochtaí iniúchta agus dearbhaithe na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh 2008 ghníomhaíocht i Fíor 37.

Fíor 37 Gníomhaíochtaí Iniúchta agus Dearbhaithe na gCoimisinéirí Ioncaim

Catagóir	2007		2008	
	An Líona Tugadh chun críche	Toradh €m	An Líon a Tugadh chun críche	Toradh €m
Iniúchtaí Cuimsitheacha ^a	3,875	344.5	3,904	261.6
Iniúchtaí Ilchánach/Ildleachta	2,206	71.2	2,065	64.6
Iniúchtaí Cánach/Dleachta Singile	6,603	151.6	6,082	184.2
Iniúchtaí Saincheiste/Idirbhirt Singile	1,624	120.3	1,363	58.8
Líon Iomlán na nIniúchtaí	14,308	687.6	13,414	569.2
Seiceálacha Dearbhaithe	237,626	46.2	347,445	63.1
Líon Iomlán na nIdirghabhálacha	251,934	733.8	360,859	632.3

Nóta:

^a Iniúchtaí randamacha san áireamh, leagtar amach mionsonraí ina leith sin i gCaibidil 12. Toradh iniúchtaí cásanna imscrúdaithe speisialta de thuairim is €90 millún san áireamh freisin (€147 millún in 2007).

Na Cineálacha Iniúchtaí nó Idirghabhálacha

11.3 Tá sé riachtanach, ós rud é go mbailítear an chuid is mó den cháin ar bhonn féinmheasúnaithe, go mbeadh raon seiceálacha ann le comhlíonadh cáiniocóirí a chinntiú. In aon chás, bíonn na Coimisinéirí Ioncaim an idirghabháil iniúchta a chur in oiriúint don riosca a bhraitear a bhaineann leis an gcás sin. Baintear níos mó agus níos mó úsáide as an gCóras Measúnaithe agus Próifílithe Anailíse Riosca (REAP) (féach Caibidil 13) le cásanna idirghabhála, chomh maith leis na rioscaí ar leith a bhaineann leis na cásanna sin, a shainaithint. Is iad seo a leanas na cineálacha idirghabhálacha nó iniúchtaí a ndeachaigh na Coimisinéirí Ioncaim ina mbun

- Déantar iniúchadh cuimsitheach de ghnáth de thoradh saincheiste a bhaineann le Cáin Ioncaim nó Cáin Chorparáide ach breithnítear iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh freisin i gcásanna ina mbíonn mór-rioscaí a bhaineann le cánacha eile.
- Déantar iniúchtaí ar il-cheannteidil chánach agus cheannteidil chánach shingile i gcásanna ar chúiseanna eile seachas Cáin Ioncaim nó Cáin Chorparáide go príomha agus clúdaíonn na hiniúchtaí comhlíonadh maidir le cineál amháin cánach nó dleachta nó níos mó.

- Le hiniúchtaí ar shaincheist nó idirbheart singil, díritear ar ábháir chánach níos sainiúla, lena n-áirítear obair ar chomhlíonadh i ndáil le faoiseamh nó réimeas cánach faoi leith.
- Tionscnaítear seiceálacha dearbhaithe d'fhonn a dhearbhu do na Coimisinéirí Ioncam, gan dul ar iontaoibh gníomhaíochta iniúchta nó forfheidhmiúcháin lena n-úsáidfear go leor acmhainní, go bhfuil na réimsí atá faoi réir na seiceálacha á gcomhlíonadh ag an gcustaiméir, a bheag nó a mhór.

11.4 Tá ardú mór tagtha ar líon na seiceálacha dearbhaithe a tuairiscíodh, ó 98,981 sa bhliain 2005 go 347,445 in 2008. D'fhéadfadh gur toradh é cuid den ardú sin ar neamh-thaifeadadh roimhe seo agus níos mó feasachta i nDúichí maidir leis an ngá atá le seiceálacha den sórt sin a thaifeadadh. Tá an córas atá ann faoi láthair maidir le seiceálacha dearbhaithe agus tuairisciú á scrúdú ag grúpa inmheánach de chuid na gCoimisinéirí Ioncam. Tá na nithe seo a leanas san áireamh i seiceálacha dearbhaithe

- fíorú doiciméad agus iarratais ar eolas breise i ndáil le Cáin Ioncam, Cáin Chorporáide, CBL agus cánacha caipitil (196,324 seiceáil in 2008)
- seiceálacha ar dhoiciméid chustaim (78,573)
- seiceálacha máil, lena n-áirítear VRT (50,631)
- seiceálacha mar thoradh ar thuairiscí idirbhirt amhrasacha (7,662)
- seiceálacha cáilitheachta mar thoradh ar scéimeanna imscrúdaithe speisialta um nochtadh deonach (1,404)
- seiceálacha dearbhaithe speisialta REAP-chuidithe a ndeachthas ina mbun sa Réigiún Thiar-Theas (12,851).

Iniúchtaí Cuimsitheacha

11.5 Déantar tuilleadh anailíse ar thoradh na 3,904 iniúchadh cuimsitheach a tugadh chun críche in 2008 i Fíor 38. Tá muirir úis de €82 milliún agus pionóis de €28 milliún san áireamh sa toradh de €262 milliún. Ba iad €15.6 milliún i ndáil le Cáin Ioncam agus €10.2 milliún i ndáil le Cáin Chorporáide na socraíochta ab airde. Tugadh iniúchtaí cuimsitheacha chun críche i 45 cás i ndáil le cuntais neamhchónaitheacha bhréige agus ba ionann agus €8.54 milliún iomlán na socraíochtaí. Ba ionann agus €41.99 milliún iomlán na socraíochtaí a rinneadh in 213 cás i ndáil le sócmhainní easchósta agus rinneadh socraíochtaí de €39.64 milliún in 260 cás i ndáil le táirgí árachais saoil³².

³² Bailíodh cuid den toradh sna cásanna imscrúdaithe speisialta sin i mblianta roimhe sin.

Fíor 38 Toradh Iniúchtaí Cuimsitheacha

Socraíochtaí Comhaontaithe	2007		2008	
	Líon	Toradh €m	Líon	Toradh €m
€1 go €30,000	1,354	13.6	1,480	14.02
€30,001 go €100,000	612	35.2	516	29.41
€100,001 go €500,000	490	105.4	368	81.65
€500,001 go €1m	66	46.8	55	36.19
Os cionn €1m	56	143.5	36	100.33
Cásanna nach raibh aon cháin bhreise le híoc	1,297	—	1,449	—
Iomlán	3,875	344.5	3,904	261.6

11.6 Cé go bhfuil líon na n-iniúchtaí a tugadh chun críche i gcatagóirí iniúchta eile íslithe, tá líon na n-iniúchtaí cuimsitheacha ardaithe. Tháinig laghdú beagnach €83 milliún, mar sin féin, ar thoradh iniúchtaí cuimsitheacha. Luaigh na Coimisinéirí Ioncam gur tharla sé sin mar thoradh ar thoradh an-mhór ar roinnt cásanna móra in 2007, rud nár tharla in 2008.

Rioscaí maidir le Socraíochtaí Iniúchtaí a Bhailiú

11.7 Tá tionchar ar na cúinsí eacnamaíochta atá faoi láthair ar go leor gnéithe d'oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear a gcumas cáin a aisghabháil i gcásanna ina léirítear dliteanais bhreise le seiceálacha maidir le comhlíonadh. Lorg mé tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta maidir leis na rioscaí faoi leith i ndáil leis sin.

11.8 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, nuair a thagann dliteanas cánach chun cinn i gcomhthéacs iniúchta, go ndéantar cás a shocrú, go ginearálta, tríd an gcáin, chomh maith leis an ús agus na pionóis iomchuí, a bhailiú. Ach, tá iniúcháirí de chuid na gCoimisinéirí ag teacht, níos minice ná mar a bhí go dtí seo, ar chásanna ina ndéantar iarratas ar shocrúithe íocaíochtaí a dhéanamh i dtráthchodanna nó ar chásanna ina bhfuil comhaontú ann maidir leis an méid dliteanais ach go bhfuil an cáiníocóir ag pléadail nach bhfuil ar a chumas/cumas íocaíocht a dhéanamh.

11.9 I gcásanna den sórt sin, sa Chód Cleachtais d'Iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim³³, tugtar treoracha d'iniúcháirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim atá dírithe ar idirdhealú a dhéanamh idir custaiméirí a bhfuil deacracht acu i ndáiríre íocaíocht a dhéanamh agus na custaiméirí sin nach ndéanfaidh íocaíocht agus cuirtear béim ar an ngá atá ann go gcruthódh an cáiníocóir nach bhfuil ar a chumas/cumas íocaíocht a dhéanamh. Is faoin iniúcháir atá sé, i gcomhchomhairle le bainisteoirí nuair is gá sin, rogha a dhéanamh maidir leis an ngníomh a rachfar ina bhun.

11.10 Tá an Cód Cleachtais d'Iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim á athbhreithniú faoi láthair. Mar chuid dó sin, agus i bhfianaise taithí le déanaí, táthar ag breithniú an dteastaíonn an ghné sin den Chód a leasú. Má chríochnaíonn iniúchadh suas agus leis an toradh nach bhfuil sé ar chumas an cháiníocóra íocaíocht a dhéanamh, braithear gur 'éirigh' le himghabháil chánach. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag fiosrú rogha a thabhairt isteach don iniúcháir smaoinemh ar leagan amach socraíochta iniúchta a iarchur i gcás ina gcruthófar nach bhfuil sé ar chumas an cháiníocóra íocaíocht a dhéanamh agus ina mbeidh an cáiníocóir fós go hiomlán freagrach as a chruthú nach bhfuil sé ar a chumas/cumas íocaíocht a dhéanamh. Bheadh dlúthmhonaíocht ar íoc cánacha reatha le linn na tréimhse iarchuir agus roinnt coinníollacha eile b'fhéidir i gceist leis an rogha sin.

³³ Cód Cleachtais d'Iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, 2002.

Leis an gcineál cur chuige sin, thabharfaí am don cháiníocóir soláthar a dhéanamh don dliteanas breise.

Conclúidí – Obair ar Chomhlíonadh agus Socraíochtaí

Le blianta beaga anuas, tá líon mór iniúchtaí cuimsitheacha déanta mar thoradh ar na imscrúduithe speisialta éagsúla a ndeachaigh na Coimisinéirí Ioncaim ina mbun. Tá sé níos dóchúlú go ndéanfaí neamhchomhlíonadh a shainaithint le hiniúchtaí a dhéantar mar thoradh ar imscrúduithe den sórt sin, de réir sainmhínithe. Tá gá le cásanna imscrúduithe speisialta a dheighilt ó chásanna eile do chríocha tuairiscithe agus anailíse le feidhmíocht iniúchta bhonnlíne a mheas níos fearr.

Mar gheall ar an raon leathan idirghabhálacha a chuimsítear laistigh de sheiceálacha dearbhaithe, d'éascófaí measúnú níos fóintí ar riachtanais acmhainní agus ar thorthaí dá ndéanfaí na hionchuir agus na haschuir a bhaineann leis na catagóirí comhpháirteacha a shainaithint agus a thuairisciú.

Le córas féinmheasúnaithe, tá sé riachtanach, nuair is léir trí sheiceálacha gur fógraíodh suimeanna níos lú ná na suimeanna cánach atá dlite, go leantar ar aghaidh leis an tsuim chánach iomlán, leis an ús agus leis na pionóis a aisghabháil. Leis sin, chomh maith le bheith ina dhíspreagadh, cinnítear gur léir go bhfuil an córas cothrom agus cinnítear go bhfaigheann an Státchiste an méid iomlán atá ag dul dó. Tá a gcur chuige maidir le socraíochtaí iniúchta á athbhreithniú ag na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis an líon cásanna iniúchta ina mbíonn cáiníocóirí ag pléadáil nach bhfuil ar a gcumas íocaíocht a dhéanamh, líon cásanna atá ag dul i méid. Le go bhféadfaí torthaí iniúchta a thaifeadh ar shlí thrédhearcach, bheadh sé inmhiannaithe eolas a thaifeadh ag trí leibhéal

- an dliteanas arna mheas ag iniúchóir na gCoimisinéirí Ioncaim
- an socraíocht a comhaontaíodh
- na híocaíochtaí a rinneadh.

I gcomhréir leis sin, ba chóir smaoiniú na Coimisinéirí ar an méid cánach iomlán, an t-ús agus na pionóis atá dlite mar thoradh ar iniúchtaí, chomh maith leis an méid iarbhair a íocadh, a thaifeadh agus a thuairisciú.

Neamhchomhlíonadh – Gníomhartha Díspreagtha

11.11 Caithfidh díspreagadh leordhóthanach a bheith ann i ndáil le neamhchomhlíonadh le go n-oibreoidh córas féinmheasúnaithe ar shlí éifeachtach. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i gcásanna ina roghnaíonn cáiníocóirí gan na suimeanna cearta atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim a fhógairt agus a íoc leo. Tá roinnt forálacha sa reachtaíocht chánach ar féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim leas a bhaint astu chun comhlíonadh a fheabhsú agus chun imghabháil a dhíspreagadh. Is féidir iad sin a rangú go ginearálta ina bpionóis shibhialta agus imeachtaí coiriúla.

Pionóis Shibhialta

11.12 Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim pionóis shibhialta go príomha nuair a dhéantar tuairisceáin mhíchearta ar bhonn calaoiseach nó ar bhonn failíoch. Gearrtar pionóis i ndáil le tuairisceáin mhíchearta go ginearálta mar thoradh ar iniúchadh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Leagann Fíor 37 amach torthaí idirghabhálacha iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2008 iagus tá €42.2 milliún i bpionóis san áireamh sa toradh iniúchta iomlán de €569.2 milliún³⁴.

11.13 Leis an Acht Airgeadais (Uimh.2), 2008, tugadh leasuithe isteach ar na réimis a bhaineann le pionóis shibhialta. Níl aon fhoráil déanta le go gcinneadh cúirt pionóis sa chás go dteipfí pionós a chomhaontú nó sa chás nach n-íocfaí pionós. Leis na leasuithe sin freisin, cuireadh cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim, pionóis a mhaolú bunaithe ar an gcatagóir mainneachtana, an leibhéal comhoibrithe agus an ndearnadh an mhainneachtain a nochtadh, ar bhonn reachtúil.

11.14 Is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim pionóis shibhialta a ghearradh freisin as gan tuairisceáin a chur isteach in am. Ghearr na Coimisinéirí Ioncaim pionóis arbh é €1.2 milliún a n-iomlán i 759 cás nár cuireadh tuairisceáin P35 isteach in am. Chuathas i mbun imeachtaí sibhialta in 236 cás mar nach íocadh na fineálacha sin.

Imeachtaí Coiriúla

11.15 Téitear i mbun imeachtaí coiriúla i ndáil le neamhchomhdú tuairisceán, ionchúisimh i ndáil le cionta achoimre custaim agus máil agus ionchúisimh i ndáil le himghabháil thromchúiseach.

Neamhchomhdú Tuairisceán

11.16 Mar thoradh ar ionchúisimh choiriúla i gcásanna nach ndearnadh tuairisceáin CBL a chomhdú, éistíodh le 48 cás sa Chúirt in 2008 agus gearradh fineálacha de €374,719. Cuireadh duine amháin chun príosúin as gan fineáil a íoc. Baineadh 1,169 ciontú amach as gan Tuairisceáin a chomhdú i ndáil le Cáin Ioncaim agus Cáin Chorparáide agus gearradh €2.26 milliún d'fhineálacha. Lean ionchúisimh choiriúla as gan fineálacha a íoc i 50 cás.

Ionchúisimh Achoimre i ndáil le Cionta Custaim agus Máil

11.17 D'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim 455 cás a ionchúiseamh i ndáil le cionta custaim agus máil in 2008 agus gearradh fineálacha de €654,071 mar thoradh air sin. Bhí cásanna i ndáil le smuigleáil toitíní, cionta ola marcáilte agus ionchúisimh i ndáil le VRT san áireamh ar na hionchúisimh sin.

Ionchúisimh i ndáil le himghabháil Chánach Thromchúiseach

11.18 Le nósanna imeachta ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim, cuirtear cásanna ar aghaidh chuig an Rannán Imscrúdaithe agus Ionchúiseamh (IPD) i gcomhair imscrúdaithe d'fhonn ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh sa chás go mbíonn fianaise *prima facie* ann go ndearnadh cionta ioncaim tromchúiseacha. Laistigh den IPD, déanann Coiste Ceadaithe na nIonchúiseamh tuilleadh meastóireachta ar na cásanna seo sula gcuirtear tús le hobair ar imscrúdú coiriúil, obair atá dian ó thaobh acmhainní de agus a bhféadfaí roinnt mhaith blianta a chaitheamh leis sula gcuirfí cás i láthair sa Chúirt. Sa bhliain 2008, cinneadh go raibh 36 cás oiriúnach le himscrúdú d'fhonn ionchúiseamh a bhaint amach (21 in 2007). Baineadh ciontuithe amach i 15 de na 18 cás a cinneadh sa Chúirt sa bhliain 2008. Éigiontú a bhí i gceist in dhá chás agus *nolle prosequi* a bhí i gceist leis an gcás eile. Leagtar amach mionsonraí achoimre na 15 cás i Fíor 39.

³⁴ Bhí an toradh iniúchta de €569.2 milliún déanta suas de €416.6 milliún de cháin bhreise, €110.4 milliún d'ús agus €42.2 milliún de phionóis.

Fíor 39 Ciontuithe sa bhliain 2008 i ndáil le hlmghabháil Chánach Thromchúiseach

Slí Bheatha /Gníomhaíocht	Fíneáil	Pianbhreith Choimeádta
Cíoschuideachta Maoine	€1,800	Níor gearradh pianbhreith
Stiúrthóir Cuideachta	€600	Níor gearradh pianbhreith
Tiarna Talún	€6,050	Níor gearradh pianbhreith
Bialann	€6,000	Níor gearradh pianbhreith
Stiúrthóir Cuideachta	€3,750	Téarma príosúnachta trí mhí, ar fionraí ar feadh 3 bliana ar choinníoll dea-iompraíochta. 10 lá i bpríosún i gcás mainneachtana i ndáil le fineálacha a íoc.
Forbróir Maoine	—	Téarma príosúnachta trí mhí, ar fionraí ar feadh 3 bliana ar choinníoll dea-iompraíochta.
Tiarna Talún	€3,085	One month prison sentence suspended for 2 years. On appeal the prison sentence was rescinded and the original fine of €7,300 reduced
Cuideachta Bainte Adhmaid	€4,500	Níor gearradh pianbhreith
Company Director	€4,500	Níor gearradh pianbhreith
Farmer	€125	Níor gearradh pianbhreith
Cuideachta Bogearraí	€140,000	Níor gearradh pianbhreith
Cuideachta Plaisticí	—	Gearradh pianbhreith trí bliana ar fionraí i ndáil le gach ceann de cheithre chúiseamh, curtha faoi bhannaí síochána ar feadh 5 bhliana agus gearradh banna €200
Lónadóir	—	Ceithre phianbhreith trí bliana an ceann le dhá bhliain agus sé mhí de gach ceann ar fionraí. Ocht bpianbhreith de bhliain an ceann le sé mhí de gach ceann ar fionraí. Na pianbhreitheanna go léir le rith i gcomhthráth.
Cuideachta Mótair	€50,000	Níor gearradh pianbhreith
Cuideachta Innealtóireachta	€960,000	Níor gearradh pianbhreith

11.19 Bhí 107 cás d'imghabháil chánach thromchúiseach á mbreithniú go gníomhach san IPD ag deireadh na bliana 2008. Taispeántar stádas cothrom le dáta na gcásanna sin ag deireadh Aibreáin 2009, an dáta is déanaí a raibh eolas ina leith ar fáil, i Fíor 40.

Fíor 40 Stádas na gCásanna i ndáil le hlmghabháil Chánach Thromchúiseach amhail Aibreán 2009

Stádas	Líon na gCásanna
Á nImscrúdú	59
Ag Oifig Atur na gCoimisinéirí Ioncaim	10
Curtha faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP)	9
Treoracha ionchúisimh arna n-eisiúint ag an DPP	14
Os comhair na cúirte	10
Dúnta	2
Ciontuithe bainte amach	3
Iomlán	107

11.20 As na 107 cás sin, baineann 77 díobh le daoine aonair, 28 le cuideachtaí agus tá baint ag péire díobh le daoine aonair agus le cuideachtaí. Baineann 39 de na cásanna leis an earnáil tógála agus maoine, baineann 12 cás leis an tionscal mótair, baineann ocht gcás leis an tionscal slándála

agus baineann seacht gcás le gníomhaíochtaí tarlaithe. Baineann an 41 cás eile le raon gníomhaíochtaí éagsúla.

11.21 Chomh maith leis sin, baineadh cúig chiontú amach i ndáil le cionta tromchúiseacha Custaim agus Máil sa bhliain 2008. Gearradh fineálacha arbh é €16,295 a n-iomlán sna cásanna sin agus gearradh pianbhreitheanna a cuireadh ar fionraí i dtrí cinn de na cásanna.

Foilsíú Cásanna Mainnitheoirí

11.22 Féadfar, in imthosca áirithe, mionsonraí socraíochtaí iniúchtaí a fhoilsiú le himghabháil a dhíspreagadh tuilleadh. Is iad na cásanna seo a leanas na cásanna nach bhfoilsítear

- cásanna ina nglactar le ‘nochtadh cáilitheach’
- cásanna inar lú ná €30,000 an tsocraíocht
- cásanna nach dtéann an pionós thar 15% den cháin atá dlite ar deireadh.

11.23 Foilsíodh mionsonraí maidir le 401 cás i ndáil le neamhchomhlíonadh sa bhliain 2008. B’ionann an méid iomlán cánach, úis agus pionós i gcásanna a réitíodh agus a foilsíodh sa bhliain 2008 agus €74.8 milliún.

Imscrúduithe Speisialta

11.24 Tá roinnt imscrúdú speisialta déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim le haon bhliain déag anuas. Tá cúlra imscrúduithe a ndeachthas ina mbun roimh 2008 leagtha amach i dtuarascálacha roimhe seo. Leagtar amach na méideanna carnacha a fuarthas suas go dtí deireadh Aibreáin 2009 mar thoradh ar gach imscrúdú i Fíor 41.

Fíor 41 Imscrúduithe Speisialta – An Cháin a Bailíodh

Imscrúdú	An Bhliain ar Cuireadh Tús leis an Imscrúdú	Líon na gCásanna a Bhain leis an Imscrúdú	Íocaíochtaí go Dáta €m
Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) – Iniúchtaí Súil Siar (forais airgeadais)	1999	37	225
<i>Cáin Bhunúsach DIRT:</i>			
Scéim um Nochtadh Deonach	2001	3,675	227
Imscrúduithe Iar-Nochta Dheonaigh	2001	8,500 ^a	414
NIB – Scéimeanna Infheistíochta Easchósta	1998	465	60
Scéimeanna de chineál Ansbacher	1999	289	106
Scéimeanna “Pick Me Up”	1998	71	1
Athbhreithnithe maidir le Binsí Fiosrúcháin	1998	49	41
Sócmhainní Easchósta	2004	14,832	939
Cistí Neamhnochta – Táirgí Árachais Saoil	2005	5,376	469
Cistí Neamhnochta i gCuntais Bhainc in Éirinn	2008	1,232	74
Iomlán			2,556

Nóta:

a Is figiúr measta é sin.

11.25 B'ionann an méid iomlán a bailíodh sa bhliain 2008 agus €76 milliún. As an €2,556 milliún atá bailithe go dáta as na himscrúduithe go léir, bailíodh tuairim is €1,390 milliún nó 54% trí na scéimeanna um nochtadh deonach a bhí mar chuid de cheithre cinn de na himscrúduithe³⁵.

Cistí Neamhnócha i gCuntais Bhainc in Éirinn - 2008

11.26 Is imscrúdú maidir le cistí neamhnócha i gCuntais Bhainc in Éirinn an t-imscrúdú is déanaí a ndeachthas ina bhun. Leis an imscrúdú sin, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2008, táthar ag leanúint leis an gcáin atá dlite a fháil ó dhaoine a raibh ioncam nó gnóthachain acu i gcuntais bhainc bhaile nár fógraíodh. Faoi rialachán a rinneadh sa bhliain 2008³⁶, ceanglaítear ar fhorais airgeadais tuairisceáin a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hús agus íocaíochtaí comhchosúla ar chuntais nó ar infheistíochtaí sa chás gur mhó ná €635 an íocaíocht chomhlán i mbliain. Maidir leis na blianta 2005 agus 2006, ceanglaíodh ar na forais airgeadais mionsonraí maidir leis an ús a íocadh lena gcustaiméirí faoin 15 Meán Fómhair 2008 agus le haghaidh 2007 a chur ar fáil faoin 31 Deireadh Fómhair 2008. Maidir leis an mbliain 2008 agus na blianta ina dhiaidh sin, ceanglaítear ar na forais airgeadais tuairisceáin a chur isteach faoin 31 Márta an bhliain i ndiaidh na bliana ina n-íoctar ús.

11.27 Sula raibh na céad tuairisceáin le cur isteach, thug na Coimisinéirí Ioncaim deis do cháiníocóirí a raibh €100,000 nó níos mó (lena n-áirítear airgead nár fógraíodh) acu i gcuntais tráth ar bith idir Eanáir 2005 agus deireadh 2007 nochtadh deonach a dhéanamh. Ba iad na buntáistí a bhí i gceist do na daoine a thapaigh an deis sin ná go maolófaí pionóis, nach bhfoilseofaí mionsonraí socraíochtaí agus nach rachadh na Coimisinéirí Ioncaim i mbun imscrúdaithe d'fhonn ionchúiseamh a dhéanamh. Ba é an 15 Meán Fómhair 2008 an spriocdháta chun fógra a thabhairt go rabhthas chun nochtadh den sórt sin a dhéanamh agus éilíodh go ndéanfaí nochtadh iomlán agus íocaíocht faoin 15 Eanáir 2009.

11.28 Fuarthas breis agus 1,800 fógra go rabhthas chun nochtadh a dhéanamh. Ní dhearna na daoine go léir a thug fógra nochtadh. Tarraingíodh siar an fógra go rabhthas chun nochtadh a dhéanamh i 418 cás mar go ndearna siad amach nach raibh aon dliteanais chánach ag seasamh amach agus, i ndeireadh na dála, rinneadh nochtadh i 1,232 cás faoi spriocdháta an 15 Eanáir. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint suas na gcásanna inar tugadh fógra go rabhthas chun nochtadh a dhéanamh ach nach ndearnadh aon nochtadh ina leith. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag déanamh anailíse ar na mionsonraí a chur na forais airgeadais ar fáil go dtí seo. Bhí €73.8 milliún íoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim amhail an 30 Aibreán 2009.

Conclúidí Foriomlána

Tá €2.6 billiún bailithe le deich mbliana anuas mar thoradh ar imscrúduithe speisialta. Ag an am céanna, tá €3 billiún faighte mar thoradh ar ghnáth-nósanna imeachta iniúchta. B'fhéidir gur chóir ag an bpointe seo, na ceachtanna a bhaint amach atá le foghlaim ó na himscrúduithe speisialta sin, maidir le hiompraíocht cáiníocóirí agus éifeachtacht an chórais bhailithe le go bhféadfar obair iniúchta, comhlíonta agus dearbhaithe amach anseo a dhíriú ar shlí níos éifeachtaí.

³⁵ Bhí scéimeanna um nochtadh deonach ar fáil le haghaidh na n-imscrúduithe a bhain le Cáin Bhunúsach DIRT, Sócmhainní Easchósta, Táirgí Árachais Saoil agus Cistí Neamhnócha i gCuntais Bhainc in Éirinn.

³⁶ Na Rialacháin um Thuairisceán ar Íocaíochtaí (Bainc, Cumainn Fhoirgníochta, Comhair Chreidmheasa agus Bainc Thaisce) 2008 (I.R. Uimh. 136 de 2008)

Caibidil 12 Ioncam

Clár Iniúchta Randamach - Ioncaim

Clár Iniúchta Randamach

12.1 Leagann Caibidil 11 torthaí iniúchtaí ar cháiníocóirí a rinne na Coimisinéirí Ioncaim in 2008 amach. Dírítear an chuid is mó de na hiniúchtaí ar na cásanna sin a mheastar is mó a bhíonn i mbaol tearcfhógartha. Mar sin féin, gach bliain roghnaítear cúpla cás le hiniúchadh ar bhonn randamach. Leagann Caibidil 2.9 de Thuarascáil 2002 torthaí athbhreithniú ar an gClár Iniúchta Randamach (RAP) a bhí i bhfeidhm ag an am amach. Fuair an t-athbhreithniú amach cé go raibh roghnú tosaigh na gcásanna ar bhonn randamach go ndearnadh scagadh orthu ag leibhéal Ceantair agus dá bharr sin gur tugadh gné den mheasúnú riosca isteach. De bharr nár roghnaíodh na cásanna sin ar bhonn randamach amháin, níorbh fhéidir na torthaí a úsáid chun meastóireacht chruinn a dhéanamh ar an leibhéal iomlán neamh-chomhlíonta.

12.2 Aithnítear go bhfuil costas ar na gCoimisinéirí Ioncaim clár iniúchta randamach a chur i bhfeidhm i dtéarmaí foirne agus costais riaracháin eile, agus tá an tionchar ó acmhainní á n-athstiúradh ó iniúchtaí riosca-bhunaithe gur dóigh go dtiocfaidh toradh níos airde astu. Leagann clár iniúchta randamach ualach breise ar na cáiníocóirí roghnaithe as a bheadh an gcomhlíonadh formhór acu a ndualgas cánach. Baineann an fiúntas leis an bpoitéinseal atá aige an leibhéal iarbhair comhlíonadh a chinneadh go hoibiachtúil laistigh den daonra a íocann cáin agus tugann sé deis do na Coimisinéirí Ioncaim díriú ar ghníomhaíochtaí comhlíonta.

12.3 Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an gCaibidil, mhol an Coiste um Chuntais Phoiblí (PAC) gur chóir iniúchtaí randamacha a chur san áireamh i straitéis iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim agus gur chóir na torthaí a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar scála na ndliteanas cánach neamhfhógartha³⁷. Thug freagra na gCoimisinéirí Ioncaim ar Thuarascáil PAC aitheantas go mbaineann na nithe seo a leanas le Clár Iniúchta Randamach

- bheadh sé go maith chun aithint riosca agus bailíochtú na gcritéar riosca a n-úsáidtear chun cásanna a roghnú le haghaidh iniúchtaí sonraithe a fheabhsú
- bheadh an cumas aige beart comhlíonta a mbeadh bailí go staitistiúil a chur ar fáil agus, in imeacht ama, go dtabharfadh na torthaí leid faoi scála na ndliteanas cánach neamhfhógartha
- chinnteodh sé nach mbeadh cáiníocóir ar bith díolmhaithe ó iniúchadh.

12.4 Ath-sheoladh an clár in 2005 le roghnú cásanna ar bhonn randamach go hiomlán. Ón mbliain 2005, tá an Clár Iniúchta Randamach bliantúil ag iarraidh iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar 400 cáiníocóir arna roghnú go randamach. Déantar roghnú cásanna agus cur le chéile agus anailís ar na torthaí go lárnach ag Rannán Pleanála na gCoimisinéirí Ioncaim, agus is í an fhoireann iniúchta sa Cheantar atá freagrach as gach cás a dhéanann na hiniúchtaí. Go dtí seo, níl na hiniúchtaí go léir curtha i gcrích maidir le ceann ar bith de na RAPanna ath-dheartha. Tá costas do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le Clár Iniúchta Randamach a chur i bhfeidhm ó thaobh na foirne agus costais riaracháin eile, agus tionchar acmhainní a atreorú ó iniúchtaí riosca-bhunaithe ar dócha go dtáirgeodh siad toradh níos airde. Cuireann Clár Iniúchta Randamach ualach breise ar na cáiníocóirí roghnaithe a mbeadh an formhór acu cáin-chomhlíontach chomh maith.

³⁷ An Coiste um Chuntais Phoiblí, an Dara Thuarascáil Eatramhach do 2002, Meitheamh 2005.

Béim an Iniúchta

Agus an RAP ath-sheolta ag dul isteach sa chúigiú bliain, bhí inní orm maidir leis an gcliseadh leanúnach an tsraith riachanach iniúchtaí a chomhlíonadh. Oibríonn sin in aghaidh leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le hiniúchadh randamach ó thaobh na torthaí a úsáid chun an leibhéal comhlíonta foriomláin a mheas, chun feidhmiú a thomas agus le bheith mar fhaisnéis don phróiseas measúnaithe riosca.

Cuspóirí an RAP

12.5 The stated objectives of the RAP for 2007 and 2008 were to ensure all cáiníocóirí have an equal chance of being selected for audit and to validate the risk based approach. Earlier programmes also set an objective of measuring and tracking compliance.

Roghnú Cásanna

12.6 Roghnaíonn Rannóg TE na gCoimisinéirí Ioncaim cásanna go randamach ó na cásanna sin a mbíonn clárúchán ‘beo’ acu do cheann amháin ar a laghad de na cánacha seo a leanas – Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáideach, CBL, ÍMAT/ÁSPC an Fhostóra, Cáin Chonarthaí Iomchuí nó Cáin Ghnóthachan Caipitiúla. Bíonn cásanna a bhaineann le ÍMAT agus sin amháin. Eisítear cásanna Cháin Ioncaim agus Cháin Chorporáideach a bhfuil marcóirí ar an ríomhaire maidir leo a léiríonn nár thosaigh siad ag trádáil, gur scor siad de thrádáil nó nach bhfuil aon ghlan-dliteanas acu eisiata freisin.

12.7 Déantar seiceáil bhunúsach go lárnach ar na cásanna roghnaithe lena chinntiú go gcomhlíonann siad na critéir roghnúcháin. Sa chás gur léir ó thaifead an cháiníocóra nach gcomhlíonann an cás na critéir roghnúcháin ach nach léiríonn na marcóirí don chás iomchuí é sin, eisítear an cás. Eisítear aon chás atá faoi imscrúdú nó faoi iniúchadh cheana féin chomh maith. Leithdháiltear cásanna ar na Réigiúin ansin (lena n-áirítear Rannán na gCásanna Móra) de réir an chóimheas cásanna in aghaidh an Réigiúin a tháinig chun cinn ón roghnúchán randamach tosaigh. Roghnaítear níos mó ná an 400 cás a theastaíonn ar dtús le deis a thabhairt do bhailiúchtú agus d’athsholáthar cásanna neamhbhailí dá bharr sin.

An Cineál Iniúchta

12.8 Is gá iniúchadh cuimsitheach (i.e. scrúdú faoi gach ceannteideal cánach) a dhéanamh ar gach cás. Déantar na hiniúchtaí ar an tréimhse cánach chéanna maidir le gach cás (e.g. d’éiligh RAP 2007 go ndéanfaí an t-iniúchadh ar an mbliain 2005). Mar is amhlaidh do gach iniúchadh, cuirtear iniúchtaí randamacha i gcrích de réir an Chóid Chleachtais d’Iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim³⁸. Níl aon nósanna imeachta ar leithligh ann le haghaidh rialú cáilíochta d’iniúchtaí randamacha. Cuimsítear iad ag gnáth-phróisis rialaithe cáilíochta na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nósanna Imeachta Iniúchta

12.9 Scrúdaíodh sampla de chomhaid iniúchta d’iniúchtaí randamacha ó chlár 2007 le linn an athbhreithnithe sin. Go ginearálta, bhí leibhéal na tástála a rinneadh agus ríomh an dliteanais chánaigh soiléir ó na comhaid. Mar sin féin, i líon beag cásanna, bhí sé níos deacra an rian iniúchta

³⁸ Cód Cleachtais d’Iniúcháirí na gCoimisinéirí Ioncaim, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, 2002.

a leanúint. Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go ndéantar iniúchtaí randamacha leis an díograis céanna agus a ndéantar gnáth-iniúchtaí riosca-bhunaithe.

Torthaí Iniúchtaí Randamacha

12.10 Cuireann ceantair tuairisceáin ráithiúla ar ais chuig an Rannán Pleanála a léiríonn stádas reatha na n-iniúchtaí ar fad sa chlár. Níl meastóireacht foriomlán ar thorthaí an chlár déanta go dtí seo ag na Coimisinéirí Ioncaim de bharr nach bhfuil na hiniúchtaí ar fad curtha i gcrích fós d'aon cheann ó athdearadh an RAP in 2005.

12.11 Tá torthaí (amhail Meitheamh 2009) na RAPanna ó 2006 go dtí 2008 leagtha amach i Fíor 42. Mar is léir ón bhfíor sin, is idir 69% agus 72% atá an líon cásanna neamh-tháirgeachta, rud atá ag teacht leis an líon cásanna neamh-tháirgeachta ó na RAPanna ó 1998 go dtí 2002, mar a thuairiscítear sa Chaibidil ar 2002. Tugann sin le tuiscint, i gcaitheamh tréimhse fada, go ndearna idir 28% agus 31% de cháinióicóirí féin-fhostaithe (lena n-áirítear stiúrthóirí dílsithe) agus gnólachtaí a ndliteanas cánach a thearc-fhógairt in aon bhliain. Taispeánann an tábla an táirgeacht iniúchta ón mbliain atá faoi iniúchadh (an bhonnbhliain) chomh maith le haon táirgeacht a thagann chun cinn le linn an iniúchta ó bhlianta eile. Cé gur thit an mheán-táirgeacht chánach bhreise don bhonnbhliain ó €3,882 in 2006 go dtí €2,036 in 2007, tháinig ardú beag ar iniúchtaí 2008 go dtí €2,696. Thit an meán-táirgeacht iomlán, a chuireann an táirgeacht ó na tréimhsí cánacha go léir a ndearnadh iniúchadh orthu san áireamh, ó €5,585 in 2006 go dtí €4,878 in 2008. Tá sé ró-luath fós a rá cibé an comhartha ar chomhlíonadh feabhsaithe go ginearálta é an t-ardú ar an líon cásanna neamh-tháirgeachta agus an titim maidir le gnáth-tháirgeacht ó 2006, nó an léiriú é ar an líon cásanna amuigh atá ann do bhlianta níos deireanaí, ina measc, tá sé tugtha ar aird ag na Coimisinéirí Ioncaim na cásanna níos deacra gur mó cosúil go mbainfidh táirgeacht leo.

12.12 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta cé nach raibh ceann ar bith de na Cláir Iniúchta Randamacha ath-sheolta tugtha chun críche fós, go raibh an clár do 2006 98% críochnaithe, go raibh an clár do 2007 94% críochnaithe agus go raibh an clár do 2008 81% críochnaithe.

Fíor 42 Torthaí na nIniúchtaí Randamacha 2006 go dtí 2008

	2006	2007	2008
Líon na gCásanna			
Sampla Roghnaithe	402	401	403
Cásanna Críochnaithe	383 ^a	376	327
Tréimhse Mícheart Iniúchta	11	2	–
Cásanna ar Láimh amhail an 30 Meitheamh 2009	8	23	76
Táirgeacht			
	€	€	€
Táirgeacht don Bhonnbhliain	1,479,200	765,571	881,498
Táirgeacht ó Bhlianta Eile	709,974	1,116,557	713,566
Táirgeacht Iomlán	2,189,174	1,882,128	1,595,064
Méan-Táirgeacht don Bhonnbhliain	3,882	2,036	2,696
Méan-Táirgeacht Iomlán	5,585	4,979	4,878
Cásanna táirgeachta mar % de chásanna críochnaithe	31%	33%	28%

Nóta:

a Tá dhá chás a caiteadh amach san áireamh

Athbhreithniú ar Thorthaí an Chláir do 2007

12.13 Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim anailís ar thorthaí chásanna iniúchta randamacha faoin earnáil trádála ina n-oibríonn an cás. D'fhéadfadh anailís mar sin ag na Coimisinéirí Ioncaim eolas a chur ar fáil faoi rioscaí comhlíonta agus iompar cháiníocóirí in earnálacha faoi leith. Mar chuid den athbhreithniú seo, scrúdáíodh torthaí na gcásanna atá tugtha chun críche go dtí seo ó RAP 2007. Cinneadh an earnáil trádála inar oibrigh gach cás ón taifead cánach. Taispeántar an céatadán cásanna táirgeachta agus neamh-tháirgeachta i ngach earnáil i Fíor 43, a thaispeánann an cion den ioncam a bailíodh ó gach earnáil bunaithe ar fháltais faoi na príomh-cheannteidil cánacha agus an céatadán iniúchtaí randamacha a rinneadh i ngach earnáil. Tá caighdeán na hanailíse seo faoi réir ag cruinneas chód na hearnála trádála a taifeadadh ar an taifead cánach.

12.14 Léiríonn roinnt earnálacha imeachtaí suntasacha ó na figiúirí iomlána de chásanna táirgeachta - 33% agus cásanna neamh-tháirgeachta - 67%. Is gá a bheith cúramach agus na figiúirí earnála sin a úsáid, go háirithe nuair is líon beag cásanna a ndearnadh iniúchadh orthu in earnáil. As an athbhreithniú ar sé earnáil inar tugadh níos mó ná 25 iniúchadh randamach chun críche, eascraíonn difríochtaí suntasacha i bpátrún na n-iniúchtaí tugtha. Tá leibhéal níos airde de chásanna táirgeachta ná an gnáthleibhéal ag trí cinn de na hearnálacha sin (foirgníocht agus iompar) ag 45% agus 52% faoi seach. Tá líon beagán níos ísle de chásanna táirgeachta ag an trí earnáil eile (talmhaíocht, pobal agus stiúrthóirí dílsithe) ag 25%, 21% agus 8%, faoi seach. Bunaithe ar líon níos lú iniúchtaí críochnaithe (15 agus 11 faoi seach) d'fhéadfadh sé gurb fhiú athbhreithniú breise a dhéanamh ar an toradh de 40% de chásanna táirgeachta san earnáil sláinte agus 46% san earnáil trádála mórdhíola. Léiríonn an anailís shimplí sin an luach a d'fhéadfaí a bhaint as anailís níos mionsonraithe de réir earnála a dhéanamh ar thorthaí iniúchtaí randamacha, maidir lena chinneadh cibé an dtacaíonn torthaí iniúchtaí randamacha le tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim faoin áit a bhfuil riosca ann, i measc nithe eile.

Fíor 43 RAP 2007 – Anailís Earnála

% Ioncaim Bailithe san Earnáil ^a	% Iniúchtaí Randamacha san Earnáil	Earnáil	Iniúchtaí Randamacha Táirgeachta
%	%		%
2	14	Talmhaíocht, Fiach, Foraoiseacht, Iascaireacht.	25
10	5	Déantúsaíocht	18
13	15	Foirgníocht	45
5	2	Tionscal Mótair	67
8	3	Trádáil Mhórdhíola in Earraí Pearsanta agus Tí	46
8	4	Trádáil Miondíola in Earraí Pearsanta agus Tí	38
3	3	Óstán agus Bialann	33
5	8	Iompar, Stóráil agus Cumarsáid	52
11	2	Tionscal Airgeadais	50
16	17	Seirbhísí Gairmiúla	35
6	1	Riarachán Poiblí, Oideachas agus Cosaint	60
4	4	Tionscal Sláinte	40
2	8	Gníomhaíochtaí Seirbhísí Pobail, Sóisialta agus Pearsanta	21
– ^b	11	Stiúrthóirí Dílsithe	8
7	3	Gach Earnáil Eile ^c	9
100	100	Iomlán	33

Nótaí:

- a Áirítear CBL Baile, ÍMAT, Cáin Ioncaim Fhéin-Mheasúnaithe, Cáin Chorporáideach agus Cáin Ghnóthachan Caipitiúla agus iad sin amháin. Céatadán bunaithe ar Ioncam a bailíodh i 2007.
- b Áirítear an tIoncam a bailíodh san earnáil seo sa chatagóir Gach Earnáil Eile.
- c Is cásanna iad seo nárbh fhéidir cóid earnála trádála a aithint ina leith.

12.15 Cé gur aithin sí an luach a bhaineann le staidéir earnála agus gur chuir sí fáilte roimh aon tuairimí maidir leis an tslí le cur le cumas anailíse na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil leis na hearnálacha eacnamaíochta éagsúla, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach féidir, ina tuairimse, sampla randamach bunaithe ar an bpríomhchorpas cáiníocóirí a úsáid go bailí chun teacht ar thuairimí faoi earnálacha eacnamaíochta sonracha. Theastódh samplaí randamacha ar leithligh d'fhonn é sin a dhéanamh.

Táirgeacht Iniúchta agus Dliteanas Fógartha

12.16 Is thart ar €765,571 (€540,682 i gcáin agus thart ar €224,889 in ús agus pionóis) an táirgeacht bhonnbhliana bhreise iomlán ó na hiniúchtaí críochnaithe go dtí seo don RAP 2007. Thiocfaí ar phríomhghné de thábhacht an toraidh sin trí é a chur i gcoibhneas leis an dliteanas a fógraíodh i dtosach maidir leis na cásanna iniúchta. Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis sin a chomhordú, faoi láthair, ach tá sé beartaithe é sin a dhéanamh³⁹.

12.17 Fuair m'iniúchadh an dliteanas fógartha bunaigh i ndáil leis na cásanna ón gclár do 2007 maidir le dhá earnáil, trádáil mhórdhíola in earraí pearsanta agus tí agus seirbhísí gairmiúla. Sa tástáil shamplach seo, b'ionann an tháirgeacht iniúchta mar chéatadán den dliteanas fógartha bunaithe agus díreach os cionn 2% — 0.6% do thrádáil mhórdhíola agus 4% do sheirbhísí gairmiúla. Tá an céatadán den ardú do gach ceann den dá earnáil a scrúdaíodh agus a ndearnadh anailís de réir ceannteidil chánaigh uirthi leagtha amach i Fíor 44. Dá ndéanfaí anailíse rialta mar sin ar gach cás RAP, thabharfaí le fios, ar bhonn airgeadais, cá háit is mó a mbíonn neamhchomhlíonadh ann.

Fíor 44 Ardú ar Dhliteanas (mar Céatadán) do Dhá Earnáil Shamplacha

Earnail	Cáin Ioncaim	CBL	ÍMAT/ÁSPC an Fhostóra	Iomlán
% ardú ar dhliteanas fógartha ó iniúchtaí randamacha				
Trádáil Mhórdhíola	2.1%	0.3%	1.3%	0.6%
Seirbhísí Gairmiúla	4.5%	7.3%	0.3%	4.0%
Iomlán	4.5%	2.0%	0.8%	2.2%

Nóta: Tá céatadán ríofa trí tháirgeacht iniúchta roimh ús agus pionóis a úsáid

12.18 Léiríonn an anailís seo ar tháirgeacht iniúchta agus ar dhliteanas fógartha in dá earnáil nach féidir glacadh leis an gcéatadán iniúchtaí táirgeachta de réir earnála mar atá leagtha amach i Fíor 43 ach mar chéatadán táscach agus go dteastódh athbhreithniú níos doimhne ar chomhlíonadh laistigh d'earnálacha chun teacht ar thátail láidre a mbeadh ábalta a bheith mar threallús do ghníomhartha comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim, ar nós mar atá i Fíor 44. Faoi réir aige sin, áfach, níor chóir beag a dhéanamh de phoitéinseal an eolais a tugadh. Mar sin féin, is é an buntáiste a bhaineann le torthaí iniúchtaí randamacha ná an nasc atá acu le sonraí impiriciúla maidir le comhlíonadh cliant sa domhan iarbhrí. Dá bharr sin, caithfear a aithint go bhfuil féidearthachtaí acu mar tháscirí.

Cineál Neamh-Chomhlíonta

12.19 Tá achoimre ar an gcúis leis an ndliteanas breise mar a comhaontaíodh é sa tuarascáil iniúchta ar na hiniúchtaí ioncaim táirgeachta go léir, lena n-áirítear iniúchtaí randamacha. Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis sin a chomhordú, i ndáil leis na táirgeachtaí a eascraíonn ar an gClár Iniúchta Randamach.

³⁹ D'iarr an Phríomh-Oifig Staidrimh an fhaisnéis sin mar is mian leo í a úsáid chun an t-ardú a theastaíonn chun an GDP a eascraíonn as ioncam neamhfógartha a ríomh.

12.20 Rinne mo scrúdú iarracht a fháil amach ó na taifid iniúchta iomchuí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim cén cineál neamh-chomhlíonta as a lean an táirgeacht iniúchta i sampla de 25 cás. Rinne an cáinóicóir nochtadh deonach maidir le cáin tearc-fhógartha i naoi gcinn de na cásanna sin. D’fhéadfaí na cúiseanna i ngach ceann den 25 cás a chur sna catagóirí ginearálta seo a leanas

- Dliteanas a mhaolfhaisnéisiú 15 cás
- Ní teicniúil maidir le cáin 9 cás
- Eile 1 cás

12.21 Tá sé deacair a bheith cinnte go hiomlán faoin gcúis a bhaineann leis an dliteanas méadaithe nuair nach bhfuiltear bainteach go sonrach leis an iniúchadh agus mar sin is fearr do na daoine sin a rinne an t-iniúchadh an catagóiriú a dhéanamh. D’fhéadfadh anailís ar na cúiseanna a bhaineann leis an táirgeacht iniúchta ar iniúchtaí randamacha a chur isteach i gcatagóirí iomchuí deis a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim na rioscaí a aithníodh a chatagóiriú chomh maith le faisnéis luachmhar a chur ar fáil maidir le patrúin neamh-chomhlíonta agus eolas ar iompar cháinóicóirí. Bheadh sé go maith freisin maidir le hiarracht a dhéanamh cur leis an tuiscint ar na bunchúiseanna ar neamh-chomhlíonadh.

Comhlíonadh a Thomhas

12.22 Is é an tomhas is fearr ar fheidhmíocht sheirbhís Ioncaim Stáit ná an méid a íoslaghdaíonn sé cáin neamhbhailithe. Bíonn luacháil ar cháin neamhbhailithe in dá chatagóir dá dtagraítear de ghnáth “an bhearna chánach” agus “an bhearna iniúchta”.

12.23 Is coincheap níos leithne é “an bhearna chánach” agus is doiléire ar fad a chuimsíonn gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa Stát, idir taifeadta agus neamhthaifeadta, lena n-áirítear an “geilleagar liath”. Tugadh sainmhíniú air mar an difríocht idir an líon iomlán cánach a mbeadh dlite dá gcomhlíonfadh na daoine sin go léir atá dlite cáin a íoc leis na forálacha reachtúla go léir, clárúchán ina measc, agus an líon cánach a íoctar go hiarbhír.

12.24 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim iarracht meastachán a dhéanamh ar an mbearna chánach.

12.25 Is coincheap níos inláimhsithe í “an bhearna iniúchta”, agus is sprioc níos láithrí í do ghníomhaíocht na gCoimisinéirí Ioncaim, sa mhéid is a thagraíonn sí don difríocht idir an líon cánach a bhaileofaí dá ndéanfaí iniúchadh ar gach cáinóicóir agus an líon cánach a íocann siad go deonach faoin gcóras féin-mheasúnaithe.

12.26 Thabharfadh Clár Iniúchta Randamach dea-chumtha agus dea-oibrithe tuiscint réalaíoch ar luacháil na bearna cánaí trí na torthaí a eachtarshuíomh. Braitheann an cháilíocht faisnéise ar an bpróiseas roghnaithe, ar gach iniúchadh a chríochnú laistigh de thréimhse réasúnta, ar na mionsonraí riachtanacha a thaifeadadh go cruinn agus eolas ábharthacha a chomhordú go hiomlán.

12.27 Cé go dtugann meastachán ar mhéid na bearna iniúchta treoir ar fheidhmiú acmhainní, is tomhas tábhachtach ar fheidhmíocht foriomlán í an difríocht sa mhéid ó bhliain go bliain.

12.28 I ndáil leis an mbearna iniúchta, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an céatadán iniúchtaí neamh-tháirgeachta sa Chlár Iniúchta Randamach sách cobhsaí ag thart ar 70% le roinnt blianta anuas. Dúirt sí ná raibh na hiniúchtaí randamacha ach beagán táirgiúil, is é sin, ní tháirgeann siad ach torthaí níos lú ná €2,000.

12.29 Thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar thionscadal chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid REAP (féach Caibidil 13) chun rianadh a dhéanamh ar ghluaiseachtaí i gcomhlíonadh a thomhas don daonra uile a íocann cáin, do ghrúpaí sonracha nó d'earnálacha. Nuair a fhorbrófar samhail oiriúnach féadfar í a úsáid chun rianadh a dhéanamh ar riosca maidir le haon ghrúpa cásanna aitheanta. Tá súil ag na Coimisinéirí Ioncaim go mbeidh leagan den tsamhail réidh roimh dheireadh 2009.

12.30 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom freisin go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag déanamh scrúdú ar an tslí go bhféadfaí gnéithe den chlár ath-iniúchta scortha (féach Caibidil 3.7 de Thuarascáil 2007) a ionchorprú isteach i REAP mar bhealach chun rianadh a dhéanamh ar chomhlíonadh. Tá tuairim is 500 cás le roghnú ar feadh raon torthaí iniúchtaí ach ag díriú ar na cás ard-táirgeachta. Déanfar rianadh leictreonach ar na cásanna sin ansin tríd an gcóras REAP.

Conclúidí

Tá ról tábhachtach le himirt ag Clár Iniúchta Randamach maidir le measúnú a dhéanamh ar riosca, ar chomhlíonadh a thomhas agus ar fheidhmíocht eagraíochtúil agus maidir le cur leis an bhfeasacht go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar gach cáiníocóir.

Tá an Clár Iniúchta Randamach ath-sheolta cúig bhliain ar an bhfód anois agus má táthar chun leas a bhaint as na buntáistí go léir a bhaineann leis caithfidh na Coimisinéirí Ioncaim a chinntiú go mbeidh fócas soiléir ag an gclár, go gcuirfear iniúchtaí i gcrích go pras, go gcoimeádfar cáilíocht na n-iniúchtaí agus go mbainfear úsáid iomlán as na torthaí. Níor baineadh úsáid fós as torthaí na n-iniúchtaí randamacha a ndearnadh go dtí seo chun comhlíonadh a thomhas i measc na gcáiníocóirí go léir.

Ba chóir go mbeadh na Coimisinéirí Ioncaim ábalta a chinntiú go gcomhlíonfaidh an clár na cuspóirí sin agus machnamh a dhéanamh ar an tslí gur féidir na sonraí arna gcur ar fáil ag an gclár a úsáid mar thomhas ar fheidhmíocht na heagraíochta.

D'fhéadfadh sé go bhfuil luach ag an gclár freisin chun díriú ar obair chomhlíonta earnála trína chumas earnálacha gur gá dian-obair leantach breise a dhéanamh maidir leo a aithint.

Caibidil 13 Ioncam

**Measúnú, Anailís agus Próifíliú Riosca na
gCoimisinéirí Ioncaim**

Measúnú, Anailís agus Próifiliú Riosca

13.1 Tugadh isteach Córas Anailíse, Measúnaithe agus Próifílithe Riosca (REAP) Ioncaim i ngach dúiche in 2006 agus ó 2008 ar aghaidh bhí riachtanas ann go n-úsáidfeadh siad REAP agus na cásanna á roghnú d'iniúchadh. Cuireann an córas ar chumas Ioncam measúnú a dhéanamh ar dhaonra iomlán na gcáiníocóirí agus téann sé, i gcuid, in ionad scagadh láimhe na gcásanna i ngach Dúiche. Is é an costas go dtí seo chun an córas a thabhairt isteach ná €3.5 milliún mar atá leagtha amach i Fíor 45.

Fíor 45 Costais REAP

	€
Bogearraí a ceannaíodh	1,233,133
Costas Forbartha In-tí	161,695
Costas Foirne don Fhoireann Tionscadail	747,000
Acmhainní Seachtracha	246,335
Costais Chothabhála Leanúnacha go dtí seo	873,976
Eile (ceadúnas agus oiliúint)	284,490
Iomlán	€3,546,629

Nóta:

- a Seo iad na costais foirne mheasta d'fhoireann a atreoraíodh chuig an bhfoireann tionscadail lárnach idir Samhain 2002 agus Nollaig 2006.

13.2 Sa chóras REAP tá

- bogearraí chun an fhaisnéis atá ar fáil d'Ioncam a cheistiú, ar leibhéal lárnach, maidir le gach cáiníocóir agus scór riosca a shannadh do gach cás
- bogearraí a úsáidtear ag leibhéal Dúiche chun anailís a dhéanamh ar scóir riosca do gach cás sa Dúiche agus cásanna a shannadh d'iniúchadh nó idirghabhálacha eile
- Breathnóir Próifil Riosca chun iniúcháirí a cheadú scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna le haghaidh scóir riosca ar leith i gcásanna áirithe.

Nósanna Imeachta Lárnacha

13.3 Cuirtear rangú riosca i gcríoch roinnt uaireanta gach bliain agus bíonn an rangú a thagann as ar fáil do gach Réigiún/Dúiche dá mbonn cáiníocóra. Le linn seo, déanann bogearraí anailís ar an bhfaisnéis a choinníonn Ioncam maidir le gach cás. San fhaisnéis seo tá sonraí a bhailíonn Ioncam le linn a ghnóthaíochta leis an gcáiníocóir agus sonraí atá ar fáil ó thríú páirtithe araon. Tá rialacha anailíse ionsuite sa chóras a fhaightear ó fhaisnéis agus ó thaithí na n-iniúcháirí Ioncaim. Sanntar scóir riosca go huathoibríoch do gach cás a léiríonn tábhacht neamhchosanta bailiúcháin chánach bunaithe ar mhéid na cánach i mbaoil, teist an cháiníocóra go dtí seo agus measúnú na dtorthaí bunaithe ar rialacha a 'd'oibrigh' don chás sin ag cur san áireamh an beart muiníne a shanntar do gach riail, atá bunaithe, ar a uain sin, ar a iontaofacht mar tháscaire riosca. De bharr seo, sanntar scór riosca do gach cás agus rangú riosca cásanna.

Nósanna Imeachta Áitiúla

13.4 Ar leibhéal áitiúil, scrúdaíonn bainisteoirí na torthaí rangaithe riosca agus roghnaíonn siad cásanna le haghaidh scrúdú níos mó a dhéanamh orthu agus an idirghabháil is cuí do gach ceann. Agus é sin á dhéanamh, ní hamháin go gcuireann siad an riosca mar a dhéanann REAP measúnú air san áireamh, ach aon fhaisnéis bhreise a bhféadfai a bheith acu chomh maith. Cuireann an

Breathnóir Próifíl Riosca ar chumas próifíl riosca na gcásanna aonair atá le scrúdú agus léiríonn sé cén rialacha a 'd'oibrigh', na scóir a thugtar do na rialacha sin agus na tréimhsí atá i gceist.

Béim an Iniúchta

Tá REAP tar éis an bealach a dhéanann Ioncam measúnú ar an gcomhlíonadh riosca a bhaineann le gach cáiníocóir a athrú go bunriachtanach. Cé gur úrnua fós é úsáid REAP trasna gach Dúiche, mheas mé go raibh sé tráthúil a úsáid a athbhreithniú agus a bhreathnaigh mé conas gur féidir le hIoncam a tráthúlacht a mheas. Bhí mé ag iarraidh a fháil amach cé chomh tuartha is atá an córas agus a fháil amach an méid muiníne a bhféadfaí a bheith ann as a héifeachtacht mar uirlis phróifíle.

Úsáid REAP

13.5 Leag Ioncam targaí amach le haghaidh 2008 agus arís le haghaidh 2009, go mbeadh baint ag 60% de na hidirghabhálacha iniúchta le 20% de chásanna a léirigh an riosca is mó de réir chóras REAP. Rangáíodh 58% de na hiniúchtaí a críochnaíodh in 2008 a taifeadadh ar Chóras Bainistíochta Cásanna Iniúchta Ioncaim (ACM)⁴⁰ agus a raibh rangú riosca i REAP⁴¹ sa 20% barr an riosca. Leagtar amach miondealú an 58% seo trasna na gcatagóirí iniúchta difriúla i Fíor 46.

Fíor 46 Céatadán na nIniúchtaí Socraithe 2008 i 20% Barr Riosca

<i>Cineál Iniúchta</i>	<i>Líon ar críochnaíodh</i>	<i>Líon a taifeadadh in ACM</i>	<i>Líon a bhfuil Rátáil Riosca acu</i>	<i>Líon sa 20% Barr</i>	<i>Céatadán sa 20% Barr</i>
Iniúchtaí Cuimsitheacha	3,904	3,854	3,398	1,756	52%
Iniúchtaí Cánacha/Dleachta Singile	6,082	4,891	4,471	2,637	59%
Iniúchtaí Ilchánacha/Ildleachta	2,065	2,064	1,950	1,288	66%
Iniúchtaí Saincheiste/Idirbheartaíochta Singile	1,363	1,363	1,147	642	56%
Iomlán na nIniúchtaí	13,414	12,172	10,966	6,323	58%

13.6 Bheadh roinnt de na cásanna iniúchta seo a socraíodh in 2008 roghnaithe roimh úsáid iomlán REAP i ngach Dúiche agus bhí baint ag roinnt díobh le himscrúduithe speisialta éagsúla agus le tionscadail speisialta a rinne Ioncam. Dá bhrí sin, ní bheadh gach ceann díobh mar chásanna a roghnaíodh ar dtús ar bhonn rangú REAP. Mar sin féin, léiríonn na torthaí go bhfuil cion suntasach de ghníomhaíocht iniúchta Ioncaim dírithe ar réimsí riosca mar a d'aithin REAP.

13.7 Ag an gcéim seo den chur i bhfeidhm, tá sé dóchúil go mbeidh úsáid REAP éagsúil ó Dhúiche go Dúiche agus braithfidh sé ar an saineolas agus an seiftiúlacht agus Uirlis Roghnaithe na gCásanna atá ar fáil á húsáid i ngach Dúiche. Is féidir cásanna a roghnú bunaithe ar rialacha ar leith nó ar theaghlaim rialacha a 'd'oibrigh' Bunaithe ar rialacha áirithe le haghaidh earnálacha ar leith, tá tús curtha le cláir fiosrúcháin leibhéal íseal i roinnt Dúichí a bhfuil sé mar aidhm acu

⁴⁰ Go dtí seo, ní dhéantar gach iniúchadh a thaifeadadh ar an gCóras Bainistíochta Cásanna Iniúchta. Tuairiscítear na torthaí ina ionad sin de láimh.

⁴¹ Níl gach cás rangaithe de réir riosca. Mar shampla, ní chuirtear cásanna san áireamh mura mbíonn siad 'beo' a thuilleadh.

measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a leag REAP béim orthu. Mura mbíonn an freagra ar na fiosrúcháin tosaigh sách maith, téann an cás ar aghaidh chuig idirghabháil ar leibhéal níos airde. Úsáidtear Dúichí REAP chomh maith chun cabhrú le cásanna a roghnú mar chuid de thionscadail earnála éagsúla a thugann Ioncam aghaidh orthu. Sna suímh seo, tá REAP á úsáid chun cabhrú le cásanna a roghnú in ionad mar phríomhfhoinsí roghnaithe.

13.8 Chomh maith leis an riosca fógartha faoi bhun a chur san áireamh, scórálaíonn rialacha REAP an riosca a bhaineann le teip ar thuairisceáin a chur isteach agus teip ar mhéideanna fógartha a íoc. Ciallaíonn sé seo nach dtarlaíonn an chúis le haghaidh rangú riosca ard an-chuid cásanna laistigh de Dhúichí de bharr fógaírt faoi bhun ionchasach cánacha agus tá na cásanna idir lámha ag cásoibrithe áiteanna eile, in Oifig an Ard-Bhailitheora don chuid is mó. Úsáideann Dúichí Uirlis Roghnaithe na gCásanna agus an Breathnóir Próifíl Riosca chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na cásanna seo agus, tríd is tríd, ní dhéanann an Dúiche aon rud eile má bhíonn sí sásta go bhfuiltear ag déileáil leis an riosca cheana féin.

13.9 Do gach riail a 'oibríonn' tugann an Breathnóir Próifíl Riosca míniúchán faoi cad a mhíníonn an riail chomh maith le cad ba chóir don chásoibrí breathnú air chun cinneadh a dhéanamh faoin gcéad ghníomh eile. Ba chóir go mbeadh fócas na hidirghabhála, i gcás ar bith, dírithe ar an riosca a d'aithin REAP. Leas a bhaineann leis seo ná feabhsaíonn sé an córas trí aiseolas – má aithin an riail riosca ar bhealach ceart is riail bhailí í, mura n-aithníonn sí is féidir an riail a leasú. Tá an buntáiste ann chomh maith go gceadaítear do bhainisteoir roghnaithe na gcásanna i ngach Dúiche cásanna a leithdháileadh ar fhoireann i gcomhréir lena gcuid scileanna.

13.10 Is léir gur príomhghné í cáilíocht na sonraí a cheistíonn na rialacha d'fhonn cumas REAP chun measúnú a dhéanamh ar riosca go cruinn a chinneadh. Is gné ríthábhachtach í ná an earnáil ina oibríonn an cás a aithníonn cód NACE ar thaifead an ríomhaire. In 2007, san áireamh i bpleananna gnó de chuid rannán oibríochta Ioncaim, bhí tiomantas ann lena chinntiú go raibh na cóid seo cruinn. Tá ról dearbhaithe cáilíochta fós ag an Rannán Pleanála maidir le cóid NACE.

13.11 Tá córas i bhfeidhm do gach Dúiche chun aiseolas a chur ar fáil do láraonad REAP maidir le rialacha aonair agus úsáidtear é seo chun rialacha a leasú nó a chur ar ceal. Is bealach tábhachtach é seo inar féidir leis an gcóras foghlaim ó thorthaí na n-idirghabhálacha 'ar an talamh'. Déantar an t-aiseolas ó Dhúichí a chomhordú ar leibhéal réigiúnach.

13.12 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go gcuirtear anailís earnála ar fáil do Dhúichí mar chuid de gach reáchtáil riosca. Cuireann sé seo ar chumas Dúichí agus Réigiúin na príomhearnálacha a fheiceáil sna catagóirí ardriosca agus dul i ngleic leis na rioscaí seo ar bhonn earnála. Cuireadh tús le tionscadal in 2009 ina mbíonn gach Réigiún ag déanamh scrúdú ar earnáil amháin. Roghnaíodh cás tástála sa 20% barr de REAP go randamach ó na hearnálacha cuí. Tá na cásanna seo á scrúdú chun rioscaí earnála a aimsiú d'fhonn straitéis dírithe ar earnálacha a réadtiomnú chun cur i gcoinne na rioscaí sin. Ag brath ar thorthaí an chleachtaidh seo, déanfar cinntiú maidir le cibé ar chóir na fiosrúcháin a leathnú chun an earnáil iomlán a chlúdach (go réigiúnach nó go náisiúnta), cén rioscaí ar chóir aghaidh a thabhairt orthu agus conas nochtadh deonach a spreagadh. De bharr solúbthacht REAP, is féidir breathnú ar riosca de réir earnála ar leibhéal náisiúnta agus Dúiche araon agus trí riail nó roghnúchán rialacha dírithe ar riosca chomh maith.

Athruithe in Éifeachtacht REAP

13.13 Cé gur féidir breathnú ar REAP ar an mbealach go bhfuil sé ag 'leabú isteach' ar chleachtais oibre Ioncaim, tá sé tábhachtach go bhfuil fócas soiléir ón tús ar bhealaí chun éifeachtacht a mheas.

Athrú i dToradh Ioncaim

13.14 Ceann de na torthaí a mbeifeá ag súil leo maidir le húsáid REAP chun cásanna a aithint le haghaidh idirghabháil ná méadú i líon na n-idirghabhálacha a thugann toradh – ba chóir go dtabharfadh measúnú cruinn ar riosca fógartha faoi bhun agus gníomh cuí Ioncaim toradh. Leagtar amach líon iomlán na n-iniúchtaí a críochnaíodh agus an céatadán ina raibh toradh le haghaidh 2008, 2007, 2004 agus 2003⁴² i Fíor 47. Caithfear a bheith cúramach agus na figiúirí á dtuiscint os rud é nach ndearna REAP ach 58% d’iniúchtaí a críochnaíodh in 2008 a rangú sa 20% barr agus de bharr chéim sách luath an chóras a chur i bhfeidhm. Tá céatadán na n-iniúchtaí toraidh i gcatagóir an iniúchta cuimsitheach tar éis titim ó 2007, ó 67% go 63%, agus bhí laghdú suntasach le linn 2003 agus 2004, nuair a bhí 82% agus 86% d’iniúchtaí toraidh chuimsitheacha, faoi seach. Tá méadú tagtha ar chéatadán na n-iniúchtaí toraidh i ngach ceann de na catagóirí iniúchta idir 2007 agus 2008. Léiríonn na céatadán le haghaidh 2008 méadú i gcomparáid leo siúd in 2003 agus 2004 do na catagóirí iniúchta ceannteideal aonair agus il-cheanteideal.

Fíor 47 Céatadán Iniúchadh Toraidh 2003, 2004, 2007 agus 2008^a

Catagóir Iniúchta	2003	2004	2007	2008
% na nIniúchtaí Toraidh^b				
Cuimsitheach	82%	86%	67%	63%
Ceannteideal Cánach Aonair	52%	46%	54%	61%
Il-cheanteideal Cánach	60%	49%	57%	64%
Saincheist Chánach ^c	n/b	n/b	49%	71%

Nótaí:

- a Níl anailís iniúchtaí de réir méid socruithe ar fáil le haghaidh 2005 agus 2006.
- b Tá figiúirí bunaithe ar thorthaí iniúchta a taifeadadh ar Chóras Bainistíochta Cásanna Iniúchta. Ní thaifeadtar gach iniúchadh ar an gcóras sin.
- c Athraíodh rangú na n-iniúchtaí in 2005. Níl faisnéis don chatagóir seo ar fáil le haghaidh 2003 agus 2004.

13.15 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go raibh an-tionchar ag cásanna ón gCuntas Neamhchónaithe Bréige agus na himscrúduithe Sócmhainní Easchósta ar chéatadán na n-iniúchtaí toraidh i gcatagóir iniúchta cuimsitheach in 2003 agus 2004. Bhí na cásanna ráthaithe chun cion ard cásanna toraidh a sheachadadh. Bhí 56% de na cásanna cuimsitheacha le haghaidh 2003 agus 42% ó 2004 ó na hiniúchtaí seo. Thit céatadán na gcásanna den chineál sin in 2007 agus 2008, 23% agus 13%, faoi seach. Tá sé dóchúil go léireoidh an síormhéadú i gcásanna toraidh ó chatagóirí iniúchta eile spriocdhíriú níos fearr na roghnóirí cásanna fad a thagann feabhas ar a scileanna agus a muinín as REAP.

13.16 Maidir le cásanna REAP a dteipeann orthu toradh a thabhairt, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil próiseas aiseolas struchtúrtha i bhfeidhm chun é a chur ar chumas gach iniúchóir tuairisciú ar rialacha a chuireann go falsa le riosca cáis. Is annamh gur saincheist atá dírithe ar chásanna é seo ach baineann sé le hearnáil ar leith go ginearálta. Is féidir an riail chuí a chasadh as don earnáil ar leith agus é a cheartú sa chéad chlár riosca eile a reáchtálfar. Is cuid é seo den ghnáthshraith bhainistíochta eolais agus den phróiseas feabhsaithe. Baineann na rialacha céanna maidir le rangú cáis a bhfuil toradh air nó nach bhfuil toradh air le cásanna roghnaithe REAP agus cásanna nach REAP iad. Go bunúsach, nuair a bhíonn dliteanas socraithe, breathnaítear ar chás go bhfuil toradh leis ach amháin mura mbíonn cumas cruthaithe le hióc i.e. gan sócmhainní, gan trádáil leanúnach nó mura mbíonn dóthain ioncaim.

⁴² Níl anailís iniúchtaí de réir méid socruithe ar fáil le haghaidh 2005 agus 2006.

13.17 Tá Ioncam ag obair faoi láthair ar shamhail chun intuarthacht toraidh a fheabhsú ó scóir REAP. Tá an tsamhail seo á tógáil ar anailís cásanna a bhfuil toradh orthu agus nach bhfuil toradh orthu araon. Tá cásanna aitheanta ag samhail fhréamhshamhla a chreideann Ioncam go bhfuil claonadh níos mó acu toradh a bheith acu agus a rinne iad sin a dháileadh le haghaidh tástáil go dhá Réigiún.

13.18 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil anailís á deanamh faoi lathair ar shonraí chun torthaí a fhaightear ó REAP a mheas i gcomparáid le hiniúchtaí roghnaithe nach cinn REAP iad.


Comhsheasmhacht le Torthaí Iniúchta Randamacha

13.19 Bealach eile chun éifeachtacht mheasúnú riosca a mheas ná trí thorthaí an Chlár Iniúchta Randamach agus tá sé mar chuspóir luaite an chlár sin an cur chuige riosca-bhunaithe a dheimhniú.

13.20 Fíor 48 léirítear céatadán na n-iniúchtaí randamacha ó chlár 2007 i ngach deicíl riosca REAP⁴³ a thug toradh iniúchta agus céatadán an toraidh iniúchta randamaigh iomlán a bhí i gceist le gach deicíl riosca. Os rud é go roghnaíodh na cásanna seo ar bhealach iomlán randamach, ba chóir go léireodh na torthaí go maith, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le scór riosca ó chóras REAP, cruinneas an scóir riosca a shanntar dóibh i ngach cás. Bheifí ag súil go mbeadh céatadán ard d'iniúchtaí toraidh sna deicíilí riosca níos airde agus céatadán íseal sna deicíilí riosca níos ísle.

⁴³ Rinneadh na cásanna measúnaithe riosca a shórtáil i ndeich gcomhchatagóir nó deicíilí riosca. Is iad na cásanna i ndeicíl 1 an 10% de na cásanna a rinne REAP measúnú orthu a bhaineann an riosca is mó leo agus iad sin i ndeicíl 10 mar 10% leis an riosca is lú ag baint leo

Fíor 48 Iniúchtaí Randamacha 2007 % - Iniúchtaí Toraidh agus % Toraidh de réir Deicíl Riosca



13.21 Tá an céatadán is airde d'iniúchtaí toraidh sa dá dheicíl riosca is airde le díreach faoi 50% d'iniúchtaí i ngach deicíl a thugann toradh agus is 66% den toradh iomlán é an cháin bhreise a bhailítear ón dá chuntas deicíle sin. Ciallaíonn sé seo nar thug níos mó ná 50% de chásanna toradh sna catagóirí ardriosca seo.

13.22 Bheifí ag súil le treocht a léireodh céatadán iniúchtaí toraidh atá ag laghdú fad a laghdaítear an riosca ach tá méaduithe suntasacha ann sa chéatadán atá sa séú agus sa deichiú deicíl. Cé nár thug aon cheann de na cásanna sa naoú deicíl toradh, is díol spéise é gur thug 16% de chásanna sa deichiú deicíl, ar chóir go léireodh sé na cásanna leis an méid is lú riosca, toradh agus ba 4% den toradh iomlán é seo. Thug ar a laghad 20% de chásanna i ndeicílí a ceathair go dtí a hocht toradh agus ba é sin 20% den toradh.

13.23 léirítear méantoradh na n-iniúchtaí randamacha ó chlár 2007 i ngach deicíl riosca. Táthar ag súil le titim i meántorthaí fad a laghdaíonn an riosca ach tá na meántorthaí don ochtú agus don deichiú deicíl níos mó ná roinnt de ná deicíil a bhfuil níos mó riosca ag baint leo. Bíonn tionchar ag torthaí arda orthu seo maidir le cás amháin i ngach deicíl áfach.

Fíor 49 Iniúchtaí Randamacha 2007 – Meántoradh de réir Deicíl Riosca

<i>Deicíl Riosca</i>	<i>Líon na gcásanna</i>	<i>Meántoradh</i>
1	52	4,062
2	47	4,864
3	44	1,619
4	33	689
5	43	718
6	26	884
7	23	765
8	28	1,141
9	15	–
10	25	1,080
Gach Deicíl	336^a	1,977

Nóta:

- a Is iad na cásanna iniúchta randamacha a áirítear san anailís seo ná iad sin a críochnaíodh i Nollaig 2008 agus a áiríodh i gclár riosca REAP i nDeireadh Fómhair

Conclúidí

Cé go bhfuil sé fós ag céim sách luath dá chur i bhfeidhm trasna gach Dúiche, tá an tioncar atá ag REAP ar ghníomhaíochtaí comhlíonta Ioncaim ag méadú. Dá bhrí sin, tá sé bunriachtanach go ndéanann Ioncam stóinseacht an mheasúnaithe riosca a mheas ar bhonn leanúnach. Cabhróidh aiseolas ó fhoireann iniúchta agus leasú leanúnach na sraithe rialacha atá neadaithe sa chóras maidir leis seo.

Tá sé dóchúil go gcuirfeadh anailís ar thorthaí na n-iniúchtaí randamacha trí thagairt don rátáil riosca a thuar REAP an modh ar fáil chun a fháil amach cibé an bhfuil úsáid REAP ag iarraidh Ioncam a dhíriú ar réimsí a bhfuil riosca níos mó ag baint leo. Chun éifeachtacht na n-idirghabhálacha dírithe a uasmhéadú, ba chóir dóibh díriú ar chásanna a dtabharfaidh an toradh is mó. D'fhéadfadh forbairt samhail tuartha toraidh, a bhfuil obair tosaithe uirthi, cabhrú maidir leis seo.

Ina theannta sin, dealraíonn sé go bhfuil luach breise ó thaobh an chomhlíonta níos leithne de, na gnéithe a thugann 3% d'iniúchtaí randamacha toraidh mar chéatadán d'iniúchtaí randamacha toraidh. Le fírinne, d'fhéadfadh grinnaíleas ar na 'hasluitigh' seo gnéithe a scoitheadh nach gceadaíonn samhail REAP dóibh faoi láthair. Bheadh fiúntas ann a leithéid d'anailís a dhéanamh.

Caibidil 14 Oifig Luachála

Aschur agus Feidhmíocht Luachála

Aschur agus Feidhmíocht Luachála

14.1 I mí Feabhra 2008 críochnaíodh tuarascáil ar an Oifig Luachála (an Oifig). Rinneadh scrúdú sa tuarascáil ar dhá shaincheist phríomha

- dul chun cinn ar thionscadal chun maoin inráitithe a athluacháil ar fud na tíre
- obair na hOifige sin ar athbhreithniú leanúnach ar luachálacha.

14.2 Tar éis don Choiste um Chuntais Phoiblí breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil sin sainaitníodh dhá shaincheist phríomha le haghaidh athbhreithniú leantach

- tráthúlacht an chláir athluachála
- na modhanna arna n-úsáid chun aschur oibre athbhreithnithe leanúnaigh ag an Oifig a thomhas.

14.3 Déantar stádas reatha forbairtí sa dá réimse sin a thaifeadadh sa tuarascáil seo.

An Clár Athluachála

14.4 Tá an clár athluachála deartha chun luachálacha maoine inráitithe a chur i gcomhréir le luachanna cíosa reatha ar fud na tíre. Thosaigh an Oifig ar a clár náisiúnta athluachála i Samhain 2005 san údarás rátála arb é Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (SDCC).

Bunceistean na Iníúchta - An Clár Athluachála

Dul chun mall atá sa dul chun cinn ar athluacháil náisiúnta maoine. Bá é an tátal i dtuarascáil speisialta 2008 gur gá athmheasúnú a dhéanamh ar acmhainniú, creat ama agus buiséad an chlár luachála, ag cur le taithí na chéad sraithe d'athluacháil in SDCC. D'fhiosraigh mé faoin dul chun cinn a rinneadh go dtí seo.

Fionnachtana an Iníúchta

14.5 Foilsíodh liosta luachála nua do SDCC de réir an sceidil an 31 Nollaig 2007. 11.5% an ráta achomhairc chun an Choimisinéara in aghaidh luachálacha. Cinneadh na hachomhairc go léir faoi thráth go luath i mí Lúnasa 2008. Taisceadh achomhairc eile i gcoinne bhreith an Choimisinéara chun an Bhinse Athluachála in 227 gcás. Cinneadh 219 de na cásanna sin laistigh den spriocam reachtúil (laistigh de shé mhí tar éis achomharc a fháil).

14.6 Thosaigh an Oifig ar athbhreithniú ar an gclár athluachála i Meitheamh 2008. Threoir Coimisinéir Luachála i dTuaisceart Éireann a bhí tar éis éirí as an t-athbhreithniú. Bá é cúram tosaigh an athbhreithnithe bearta praiticiúla a aithint agus a mholadh, laistigh de na paraiméadair acmhainne reatha, a d'fhéadfaí a chur i ngníomh sa tréimhse ama is giorra is féidir d'fhonn dul chun cinn an chlár athluachála a bhrostú agus ag an am céanna cáilíocht na dtorthaí a chothabháil nó, más gá, a fheabhsú.

14.7 Leathnaíodh an t-athbhreithniú ina dhiaidh sin chun an chuid is mó de na gnéithe a bhí le bheith ina gcuid d'athbhreithniú níos leithne a chur san áireamh ar athbhreithniú é a bhí ceaptha ar dtús a bheith críochnaithe ag deireadh na sraithe athluachála iomláine in SDCC. Cuireadh an tuarascáil maidir leis an athbhreithniú (ar a dtugtar Tuarascáil Rainey) faoi bhráid an choiste bainistíochta ag deireadh mhí Lúnasa 2008.

14.8 I measc phríomh-mholtaí Thuarascáil Rainey bhí na nithe seo a leanas

- gluaiseacht ó iniúchadh 100% a dhéanamh ar mhaoine atá le hathluacháil
- gabháil do choigeartú ar chomhaontú urasaithe le ceardchumann as a dtig dolúbthachtaí suntasacha in oibríochtaí na hOifige
- an tsolúbthacht a áirithiú is gá chun na hacmhainní foirne atá ann a leithdháileadh chun freastal do riachtanais ghnó agus chun mandáid na hOifige a chomhlíonadh ar an tslí is éifeachtaí éifeachtúla.

14.9 I Meán Fómhair 2008, thacaigh an coiste bainistíochta go substaintiúil leis na tátail agus na moltaí atá sa tuarascáil.

14.10 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go bhfuil na moltaí sin ina n-ábhar do phléití idir lucht bainistíochta na hOifige agus ceardchumann. Dúirt sé go bhfuil sé rithabhachtach ó thaobh éifeachtacht an chláir go n-éireoidh lena gcur i ngníomh.

Dúshlán Bainistíochta a Athrú

14.11 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíocht go bhféadfaí an clár athluachála náisiúnta a chríochnú laistigh de thréimhse deich mbliana dá gcuirfí moltaí Rainey i ngníomh, i gcodarsnacht leis na hiltreimhsí deich mbliana measta a bheadh i gceist dá leanfadh na dolúbthachtaí, na críochadóireachtaí struchtúrtha, na cleachtais oibre agus na modheolaíochtaí reatha i bhfeidhm. D'admhaigh sé go raibh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar dholúbthachtaí leithdháilte chun an clár náisiúnta athluachála a chur ar fáil laistigh de chreata ama réasúnach.

14.12 Leag sé béim, áfach, gur gá moltaí Thuarascáil Rainey a chur i ngníomh go hiomlán chun an creat ama deich mbliana a bhaint amach. Bheadh athrú suntasach ar mheon agus ar dhearcadh ar thaobh na foirne, na gceardchumann agus an lucht bainistíochta agus b'fhéidir úsáid foinsí lasmuigh maidir le gnéithe áirithe den phróiseas bailithe sonraí ag teastáil. Dúirt sé freisin gur ghá aghaidh a thabhairt ar fhadhb struchtúrtha a bhí ann mar gheall ar acmhainní luachálaithe conarthacha a leithdháileadh ar an tasc athluachála. Éiríonn i gcónaí le foireann oilte is luachálaithe conarthacha atá ag obair san Aonad Athluachála (an t-aon réimse den Oifig inar féidir, faoi láthair, foireann den sórt sin a fhosú) i gcomórtais le haghaidh post buan in áiteanna eile san Oifig, agus is é an toradh atá air sin don Oifig Athluachála ná iomlaid ard agus cailliúint foirne ag a bhfuil taithí. Ar a uain, tig as an méid sin clár leanúnach earcaíochta (bhí cúig chomórtas as a chéile ann ó tosaíodh ar an gclár athluachála) agus acmhainní a chur ar atreo go minic chun foireann nua a oiliúint.

14.13 Dúirt sé nach féidir solúbthacht a bhaint amach i dtéarmaí leithdháileadh agus soghluaisteacht foirne ach amháin trí dheireadh a chur go bunúsach leis an idirdhealú idir luachálaithe atá ag obair ar athbhreithniú leanúnach agus iad siúd atá ag obair ar athluacháil. Cé nach samhlaítear go mbeidh costais mhéadaithe i gceist don Oifig mar gheall air sin, beidh ceadú ón Roinn Airgeadais ag teastáil. Dúirt sé freisin dá gcríochnófaí an tionscadal laistigh de dheich mbliana trí Thuarascáil Rainey a chur i ngníomh go hiomlán go bhféadfadh an costas deiridh a bheith go suntasach faoi bhun an fhigiúir ar ar tugadh sracléiriú sa tuarascáil speisialta ar an Oifig.

14.14 Ar an toimhdean go gcuirfear moltaí Thuarascáil Rainey i ngníomh go hiomlán, measann seisean agus lucht bainistíochta na hOifige go bhfuil an creat ama deich mbliana chun an clár náisiúnta athluachála a chur i gcrích réalaíoch agus go bhféadfaí sin a bhaint amach, ar clár é arb é an cuspóir foriomlán atá leis aghaidh a thabhairt ar aimhrialachtaí i luachálacha inráitithe ar fud na tíre arb é an toradh a bheidh air liostaí luachála d'údaráis rátála atá níos cothroime, níos stóinsithe agus sochosanta.

Conclúidí – An Creat Ama Athluachála

Braitheann cur i gcrích an chláir náisiúnta athluachála laistigh de chreat ama deich mbliana ar dheireadh a chur le dolúbthachtaí agus le críochadóireachtaí struchtúrtha atá ann faoi láthair laistigh den eagraíocht. Chuige sin tá sé ríthábhachtach deireadh a chur leis an idirdhealú idir luachálaithe atá ag obair ar athbhreithniú agus ar athluacháil a bhfuil gá leis chun leithdháileadh foirne níos solúbtha ar fud na heagraíochta a éascú. Tá toradh na caibidlíochta lucht bainistíochta/ceardchumann lárnach maidir le próiseas gnó atá níos sruthlínithe a bhaint amach laistigh den eagraíocht.

Clár Athbhreithnithe Luachála

14.15 De réir mar a théann Ranna agus Oifigí i mbun a n-aschur a thuairisciú, is gá a chinntiú go bhfuil na tomhais aschuir comhsheasmhach, comhleanúnach go himmheánach agus iomchuí. Aithnítear go bhfuil dhá dhúshlán phríomha ann don Oifig chun a cuid oibre a thomhas

- is féidir le hiarrataí ar athbhreithniú luachála ó údarais rátála agus íocóirí rátaí líon athraitheach athbhreithnithe luachála a ghiniúint
- athraíonn an méid oibre a dhéantar maidir le haicmí éagsúla athbhreithnithe.

14.16 Ina Ráiteas Aschuir don bhliain 2008, leag an Oifig síos sprioc 10,000 athbhreithniú. Tuairiscíodh líon iomlán 13,187 n-athbhreithniú don bhliain 2008 – próiseáladh 7,676 iarraidh agus ghin siad 5,511 taifead maoine nua breise. Níor bhain ach amháin 8,152 den aschur a tuairiscíodh le hathbhreithnithe a bhí 'liosta-inráitithe' áfach.⁴⁴ Taispeántar mionsonraí a sholáthair an Oifig do na trí bliana 2006 go 2008 i Fíor 50 thíos. Faoi láthair is lú ná 60% de na cásanna a thuairiscítear mar aschur arb é an toradh atá orthu ioncam don Oifig.

Fíor 50 Obair Luachála Reachtúla a Rinne an Oifig 2006 – 2008

Bliain	Aschur Athbhreithnithe ^a	An Líon Maoine 'Liosta- Inráitithe'	An Céatadán de Chásanna Foriomlána	Maoine 'Liosta- Inráitithe' a thabhaigh Táille ^b	An Céatadán de Chásanna 'Liosta- Inráitithe' a Muirearaíodh	An Céatadán de Chásanna a Muirearaíodh
2006	14,194	8,389	59%	8,162	97%	58%
2007	10,998	6,669	61%	6,242	94%	57%
2008	13,187	8,152	62%	7,182	88%	54%

Nótaí:

- a Ar áireamh air sin tá iarrataí ar athbhreithnithe luachála a próiseáladh agus taifid bhreise le haghaidh maoine nua a gineadh. Níl obair ar luachálacha uileghabhálacha ná speisialta ar áireamh air.
- b Ní fhaightear táille i gcásanna ina bhfuil siopa nó saotharlann 'liosta-inráitithe' ach ina bhfuil an siopa nó an saotharlann gan luach agus arb é an toradh atá air luacháil nialais. Ina theannta sin, féadfaidh áitreabh a bheith dúnta go sealadach agus tig inráititheacht nialais as sin ach tá an mhaoín fós san earnáil 'liosta-inráitithe'. Freisin, ní mhuirearaítear táille ar mhaoine 'liosta-inráitithe' nach bhfuil athbhreithnithe (i.e. máthair-mhíreanna atá liostaithe lena n-aithint amháin).

⁴⁴ Is iad maoine 'liosta-inráitithe' maoine a áitítear le haghaidh brabúis agus ar cheart dóibh ioncam ó rátaí a ghiniúint.

Bunceisteanna an Iníúchta– Obair a Thomhas

Chomh maith leis na próisis ghnó is mó is cuí a úsáid chun a cuspóirí a bhaint amach, ní mór don Oifig cuntas trédhearcach a thabhairt ar a haschuir. Gan nascáil atá réasúnta soiléir idir na hacmhainní a úsáideann sí i dtéarmaí leithreasaí vótálaithe agus an t-aschur a bhaintear amach trí na hacmhainní sin a úsáid bheadh sé deacair di a thaispeáint cén luach ar airgead atá i gceist.

14.17 Maidir leis an gcúis go ndearnadh aschuir os cionn na n-aschur sin a bhí 'liosta-inráitaithe' a áireamh go cothrom, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go dteastaíonn ionchur éigin ó mhaoine atá aicmithe mar 'neamh-inráitaithe' ar athbhreithniú agus gur ionchur substaintiúil an t-ionchur sin i roinnt cásanna. Dúirt sé go meastar, a mhéid a bhfuil ionchur éigin i gceist i gcásanna den sórt sin, go bhfuil sé réasúnach iad a áireamh mar aschur de chuid na hOifige chun críocha a bhaineann le feidhmíocht a thuairisciú. D'aithin sé áfach an fiúntas a ghabhfadh le hathbhreithniú ar mhodheolaíochtaí na hOifige chun feidhmíocht a thomhas agus chuir sé in iúl dom gur cuireadh tionscnamh ar áireamh ina Ráiteas Straitéise do na blianta 2009-2011 chun a córas tomhais a scrúdú agus a bheachtú, más gá. Dúirt sé gur cuid den scrúdú sin an tsaincheist arb éard í cé na maoine is ceart a bheith ináirithe chun críocha a bhaineann le feidhmíocht a thuairisciú.

Aisghabháil Costas

14.18 Faoi láthair, mar gheall ar rátaí táillí agus neamh-mhuirearú ar aschur áirithe déantar 22% de chostais na hOifige a aisghabháil trí fháltais. Ina Ráiteas Aschuir don bhliain 2008, leag an Oifig síos sprioc 10,000 athbhreithniú. Tuairiscíodh líon iomlán 13,187 n-athbhreithniú don bhliain 2008 – próiseáladh 7,676 iarraidh agus ghin siad 5,511 taifead maoine nua breise. Níor bhain ach amháin 8,152 den aschur a tuairiscíodh le hathbhreithnithe a bhí 'liosta-inráitaithe' áfach.⁴⁵ Taispeántar mionsonraí a sholáthair an Oifig do na trí bliana 2006 go 2008 i Fíor 50. Faoi láthair is lú ná 60% de na cásanna a thuairiscítear mar aschur arb é an toradh atá orthu ioncam don Oifig.

An Bonn Atá le Táillí

Faoi alt 4 den Acht Luachála 2001 (an tAcht) féadfaidh an tAire Airgeadais rialacháin a dhéanamh á chumasú don Choimisinéir táillí a mhuirearú ar bhonn nó ar bhoinn a shonraítear sna rialacháin i leith imeachtaí a thugtar os comhair an Choimisinéara. Le hIonstraim Reachtúil — I.R. Uimh. 381 de 2004 (Na Rialacháin um Luacháil (Athbhreithnithe agus Luachálacha Nua) (Táillí)), cumasaítear don Choimisinéir táillí a mhuirearú ar bhonn iarratais chuige de bhun Alt 27 den Acht agus le haghaidh gach iontrála eile ar an liosta luachála mar thoradh ar iarratas den sórt sin. Foráiltear léi go bhfuil táille ar leithligh €250 iníoctha le haghaidh gach iarratais agus le haghaidh gach luachála eile ar an liosta luachála mar a luaitear roimhe seo.

Tháinig an ionstraim sin in éifeacht i mBealtaine 2004. Is í éifeacht phraiticiúil na hionstraime táille a mhuirearú ar gach aschur seachas ar gach iarratas a fhaightear ó na húdaráis rátála. Leanann íocóirí rátaí de tháillí a íoc tráth an iarratais.

14.19 Maidir le neamh-aisghabháil táillí ar an aschur go léir, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil dlínse ag an Oifig luacháil maoine a athbhreithniú ach amháin ar scór iarrata sonraí ó údarás rátála agus nuair a dréachtaíodh na tograí maidir le táillí gur léir gurb é a bhí beartaithe nach muirearófaí táillí ar aschuir ag a bhfuil aicmiú seachas 'liosta-inráitaithe'. Chuir sé in iúl dom

⁴⁵ Is iad maoine 'liosta-inráitaithe' maoine a áitítear le haghaidh brabúis agus ar cheart dóibh ioncam ó rátaí a ghiniúint.

go bhfuil sé réasúnach a thoimhdean, mar gheall ar na srianta buiséadacha ar údaráis rátála, nach liostódh údarás rátála maoine ar athraíodh a stádas ó 'liosta-inráitithe' go dtí aicmiú nach mbailíonn rátaí lena n-athbhreithniú dá mbeadh táille i gceist leis na hiarratais sin. Dúirt sé gurbh é an toradh a bheadh air sin go mbainfí an bonn go céimnitheach de chruinneas na liostaí luachála i measc údarás rátála agus go bhféadfaí ioncam údarás áitiúil ó rátaí a chur i mbaol.

Conclúidí - Tomhas Feidhmíochta

Is forbairt dhearfach í go bhfuil Ranna agus Oifigí Rialtais ag tosú ar aschur a thuairisciú agus cuideoidh sé le bonn eolais a chur faoin díospóireacht faoin leibhéal cuí leithroinnte le haghaidh na seirbhísí a sholáthraítear agus an luacha atá á bhaint amach le haghaidh eisíoc an Stáit. Mar is léir, áfach, ó thaithí na hOifige Luachála, dealraíonn sé gur gá leanúint ar aghaidh ar feadh na mblianta beaga atá romhainn d'iarracht a dhéanamh teacht ar thomhais níos beachta ar aschuir le go mbeidh an próiseas go hiomlán fóna.

I gcás na hOifige, mar gheall ar leibhéal ionchuir atá íseal a bheag nó a mhór ar leibhéal ionchuir é is gá le haghaidh aicmí áirithe aschuir, lena n-áirítear cásanna ina mbaintear iontrálacha den chlár gan aon athrú ábhartha ar na himthosca, gur cheart go mbeidís ualaithe ar leibhéal níos ísle i dtéarmaí aschuir ná mar a dhéantar i ngnáthchásanna athbhreithnithe.

Toisc nach bhfuil bonn cirt le táillí ach amháin i líon is lú ná 60% den aschur a thuairiscítear i Ráiteas Aschuir na hOifige, leagtar béim freisin ar an ngá atá le haghaidh a dhíriú ar an gcaoi a dhéantar aschur a thomhas ag leibhéal na heagraíochta agus ag leibhéal an luachálaí aonair.

Ba cheart go gcuimseodh an t-athbhreithniú beartaithe ar chóras tomhais feidhmíochta na hOifige na gníomhaíochtaí luachála go léir a dhéanann an Oifig agus ba cheart go dtabharfaí luach ualaithe cuí do gach gníomhaíocht chun a chumasú costáil agus tuairisciú níos fearr a dhéanamh ar aschuir. Go foriomlán, cé go bhfuil sé deacair aschuir roinnt Ranna agus Oifigí a chainníochtú, léiríonn an méid sin roimhe seo gur cheart nach gá go mbeadh de thoradh ar aschuir ináirithe a bheith ann go ndéanfaí na haschuir go léir a áireamh mar aschuir atá cothrom lena chéile.

Caibidil 15 An Garda Síochána

Sibhialú an Gharda Síochána

Sibhialú an Gharda Síochána

15.1 Tugadh foireann shibhialach isteach sa Gharda Síochána den chéad uair sna 1970daí. Idir 1970 agus 1998, mhol 15 tuarascáil aonair ar réimsí difriúla de ghníomhaíocht agus leasú na nGardaí go ndéanfaí sibhialú breise.

Féadfar an clár sibhialaithe sa Gharda Síochána a eagrú ar bhealaí éagsúla

- Foireann shibhialach a chur in áit comhaltaí faoi mhionn atá i mbun dualgas teicniúla, riaracháin nó cléireachais amháin faoi láthair
- Úsáid thacaíocht shibhialach a cheadaíonn do chomhaltaí faoi mhionn, a mbeadh orthu thairis sin roinnt dualgas riaracháin a dhéanamh, díriú go heisiach ar dhualgais phóilíneachta túslíne
- Earcú sibhialach chun rólanna nua nó leathnaithe profaisiúnta, bainistíochta nó riaracháin a ghhlacadh sa Gharda Síochána.

15.2 Is é an cóimheas idir sibhialaigh agus oifigigh phóilíneachta sa Gharda Síochána ná 1:7 a bheag nó a mhór, i gcomparáid leis na noirm idirnáisiúnta 1:3 sa Ríocht Aontaithe agus 1:4 san Astráil, sa tSualainn agus san Ísealtír (OECD, 2008).

15.3 Cé go bhfuil líon na mball foirne shibhialach sa Gharda Síochána íseal de réir chaighdeán idirnáisiúnta, ní féidir comparáid chruinn a dhéanamh toisc go bhfuil an eagraíocht in Éirinn tar éis soláthróirí seirbhísí seachtracha a úsáid mar fhoinsé lasmuigh do roinnt dá feidhmeanna a bheadh mar chuid de sheirbhísí tacaíochta fórsaí póilíneachta eile.

- Ionad Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte i gCill Áirne do phárolla agus d'íocaíocht earraí agus seirbhísí don eagraíocht iomlán
- An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don earcaíocht
- Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit le haghaidh comhairle dlí agus uiríoll
- Oifig na nOibreacha Poiblí do chóiríocht agus do chríochnú oibreacha
- Comhairleoirí le haghaidh obair speisialaithe i dteicneolaíocht faisnéise, teileacumarsáid, etc.
- Sibhialaigh ar bhoird agallaimh, ag seachadadh clár Cheannaireacht Fheidhmeannach an Gharda Síochána, páipéirí scrúdúcháin le haghaidh ardú céime á gceartú etc.

Ach thug an Tuarascáil is deireanaí de chuid an OECD le fios gur gá aghaidh a thabhairt ar an gceist seo ar bhealach fianaisebhunaithe.

Tuarascáil OECD 2008

Sa tuarascáil is deireanaí, Éire: I dTreoir Seirbhíse Poiblí Comhtháite, thug an OECD ar aird go bhfuil céatadán íseal go maith de bhaill foirne sibhialacha sa bhfórsa póilíneachta i gcomparáid le tíortha eile de chuid an OECD agus go ginearálta go dtugann geallsealbhóirí tacaíocht i bprionsabal do shibhialú méadaitheach. Dar le tuarascáil an OECD cuireadh in aghaidh an chuir chuige reatha laistigh den Gharda Síochána roinnt, toisc nár bunaíodh an polasaí reatha sibhialaithe ar mheasúnú soiléir agus roinnte ar riachtanais a nascann scála an tsibhialaithe a théastaíonn, leis an bhfadhb atá ar lámh. Deir an tuarascáil gur chóir don Gharda Síochána an cumas bainistithe daonna a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar a riachtanais acmhainní feidhmeanna agus scileanna, faoi threoir a ualach oibre agus anailís ar dhúshlán sa todhchaí. Molann sé freisin gur chóir dó a chumas i leith phleanáil an fhórsa oibre agus nascadh ionchuir le seachadadh aschuir, agus gnóthachtáil torthaí, a fhorbairt.

15.4 Mhol tuarascáil i 2001⁴⁶ go ndéanfaí sibhialú ar 496 post a bhí ann cheana i gclár fiche bliain. Chinn an tuarascáil go raibh costas breise suntasach ag baint le fostú Garda le obair a dhéanamh nár theastaigh scileanna Garda lena aghaidh, agus nuair ab fhéidir do shibhialaigh an obair seo a dhéanamh go bhféadfadh sé Gardaí saor le obair phóilíneachta a dhéanamh.

15.5 Léiríonn Fíor51 an coigealtas (ag rátaí pá 2008) a dhéanfaí dá gcuirfí a gcóibhéis sibhialacha in áit ghráid na nGardaí.

Fíor51 Coigealtas Costais ag éirí as Foireann Shibhialach a Fhostú (Rátaí Meán Fómhair 2008)

Céim an Gharda	An Grád Sibhialach	Meánchoigealtas bliantúil	Meánchoigealtas bliantúil (Ranníoc. Pinsin Bharúláigh san áireamh ^a)
		€	€
Garda	Oifigeach Cléireachais	7,519	13,516
Sáirsint	Oifigeach Feidhmiúcháin	13,356	22,335
Cigire	Ardoifigeach Feidhmiúcháin	7,217	15,719
Ceannfort	Príomhoifigeach Cúnta	10,512	22,595
Ard-Cheannfort	Príomhoifigeach	7,356	20,956

Nóta:

- a De réir na Tuarascála Tagarmharcála is deireanaí dár dháta 21 Nollaig 2007, is iad 32.9% agus 21.3% faoi seach na Ranníocaíochtaí Pinsin Bharúláigh do chomhaltaí faoi mhionn An Gharda Síochána agus státseirbhísí.

15.6 Ba é an ghnóthachtáil ba shuntasá i gclár 2001 ná sibhialú 115 post Oifigeach Airgeadais Ceantair. Ach níorbh fhada go ndeachaigh imeachtaí aniar aduaidh ar an gclár, lena n-áirítear achtachán Acht an Gharda Síochána, 2005. Ag an am céanna bhí brú méadaitheach suntasach chun cur le infheictheacht phóilíneachta ar na sráideanna de thoradh an mhéadaithe a bhí ag teacht ar choireanna, lena n-áirítear coireanna drongchoirpeachta. Cuireadh tús le clár nua sibhialaithe le faomhadh an Rialtais d'athshannadh sa Gharda Síochána 300 post ó Ranna Rialtais eile arbh poist bharrachais iad.

⁴⁶ Tuarascáil SMI don Ghrúpa Stiúrtha ar Shibhialú 28 Feabhra 2001.

Béim an Iniúchta

Rinne an t- iniúchadh iarracht na nithe seo leanas a fháil amach

- An dul chun cinn i méadú an tsibhialaithe de bharr Cinntí Rialtais
- Méid ath-implonaithe na nGardaí go dtí dualgais phóilíneachta de bharr méadaithe ar líon na sibhialach.

Tacaíocht Shibhialach sa Phóilíniú

15.7 Is é príomhfhócas an tsibhialaithe ó 2005 ná sibhialaigh a fhostú chun rólanna nua nó leathnaithe a thógáil laistigh den tseirbhís. Tá cuid mhór den fhoireann shibhialach a earcadh le blianta beaga anuas ath-implonaithe chun líon méadaitheach den obair riaracháin a dhéanamh ag éirí as bunú nó leathnú aonad agus oifigí speisialaithe éagsúla. Laghdaigh an tacaíocht a chuir na baill foirne seo ar fáil an t-am a mbeadh ar Ghardaí a chaitheamh, murach iad, ar dhualgais neamhlárnacha. Mar gheall air seo tháinig méadú ar líon na foirne sibhialaí (WTEnna) ag obair sa Gharda Síochána ó 1,166 go 2,135 thar an tréimhse 31 Nollaig 2005 go 31 Bealtaine 2009. Cuireann an fhoireann shibhialach seo raon leathan seirbhísí ar fáil ó dhualgais chléireachais i stáisiúin agus in oifigí an Gharda Síochána go seirbhísí tacaíochta a sholáthar i réimsí tionsclaíocha, teicniúla, profaisiúnta agus riaracháin, lena n-áirítear

- Acmhainní Daonna
- Oiliúint agus Forbairt
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Teileachumarsáid
- Airgeadas agus Soláthar
- Iniúchadh Inmheánach
- Cumarsáid
- Taighde agus Anailís
- Cóiríocht agus Bainistiú Cabhlaigh
- Tacaíocht ar Láthair na Coire
- Seirbhís Sláinte Cheirde
- Oifigigh Airgeadais Ceantair.

15.8 Ina theannta seo tá an clár sibhialaithe tar éis bunú nó leathnú líon d'fheidhmeanna tacaíochta oibríochta a chumasú a bhfuil foireann iomlán sibhialach acu, nó sibhialaigh den chuid is mó, lena n-áirítear

- Oifig Próiseála Muirear Seasta (FCPO) i nDurlas.
- Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GCVU) i nDurlas agus
- Ionad Seirbhísí Eolais an Gharda Síochána (GISC) i gCaisleán an Bharraigh

Tá breac-chuntas ar fheidhmeanna, ranníocaíochtaí agus aschur na n-aonad seo ar fáil in iarscríbeanna A go C sa chaibidil seo.

15.9 Úsáidtear tacaíocht shibhialach freisin i

- Seirbhís Anailíse de chuid an Gharda Síochána a bhfuil foireann 26 anailísí aici faoi threoir trí bhainisteoir shinsearacha. Is í an fheidhm atá aici cur le cumas anailís phóilíneachta agus coire straitéisí an Gharda Síochána.

- an tSeirbhís Raidio Dhigiteach Náisiúnta a bhfuil foireann 25 teicneoir teileachumarsáide inti.
- Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimircé (GNIB)

Ath-implonú Gardaí

15.10 Bhí roinnt cinntí Rialtais ó 2005 i leith ag brath foireann shibhialach a chur in áit Ghardaí. Léirítear na príomhchinntí⁴⁷ a raibh tionchar acu ar shibhialú ó 2005 i Fíor 52.

Fíor 52 Príomhchinntí a raibh tionchar acu ar Shibhialú ó 2005

Cinneadh	Earcú Sibhialach	Tionchar
Cinneadh 22 Feabhra 2005		
D'fhaomhaigh athshannadh suas le 300 post barrachais ó Ranna Rialtais go dtí An Garda Síochána chun cuidiú leis an gclár sibhialaithe.	Go dáta, aithníodh 215 post go sonrach faoin gcinneadh seo. Líonadh 209 de na poist – a chuimsíonn 148 i GISC i gCaisleán an Bharraigh, 36 sa Stiúrthóireacht Sibhialach HR san Uaimh agus 25 post do Theicneoirí Teileachumarsáide faoi 31 Bealtaine 2009.	Cé gur maíodh go raibh sé mar chuspóir Gardaí faoi cheangal deisce a shaoradh le haghaidh dualgais oibríochta—níor sonraíodh aon sprioc d'o dhaoine a chur in áit Ghardaí
Cinneadh 19 Nollaig 2006		
D'fhaomhaigh cruthú 300 post nua oifigeach cléireachais le líonadh trí chomórtas oscailte. Dhéanfaí athshannadh láithreach ar an líon céanna Gardaí ar dualgais oibríochta lasmuigh. D'fhaomhaigh cruthú seacht bpost ardleibhéil bainistíochta.	Earcadh 300 ball foirne faoi dheireadh 2007 Líonadh 5 post	Scaoileadh 74 Garda chun dul i mbun dualgas oibríochta.
Cinneadh 2 Bealtaine 2007		
D'fhaomhaigh méadú eile 300 ball foirne sibhialach chun tacú le ath-implonú Gardaí faoi éide go dtí dualgais oibríochta lasmuigh, taobh amuigh de mhórchéantar Bhaile Átha Cliath.	Líonadh 307 post	Scaoileadh 91 Garda le haghaidh dualgas oibríochta.

Líon na nGardaí a scaoileadh chuig dualgais túslíne 2005 – Bealtaine 2009

15.11 Amhail ón 31 Bealtaine 2009, b'ionann líon pearsanra an Gharda Síochána a scaoileadh ó dhualgais riaracháin go dualgais oibríochta de thoradh an chláir shibhialaithe agus 144.

⁴⁷ Ar an 31 Iúil 2006, d'údaraigh an Rialtas méadú ar líon na foirne tacaíochta sibhialta go dtí 300 a bhí le baint amach don méid ab fhéidir trí ath-implonú ó Ranna Rialtais, lena n-áirítear foireann bharrachais ag éirí as an gclár díláraithe.

Tuarascálacha ar dhul chun cinn an tSibhialaithe sa Gharda Síochána

15.12 Bunaíodh Grúpa Fíoraithe Sibhialach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le earcadh na mball foirne seo agus scaoileadh Gardaí le dul i mbun dualgas oibríochta. Feidhmíonn sé faoi chathaoirleacht Stiúrthóireachta an Gharda Síochána. Cé gur thug sé tuairisc ar líon na sibhialach a earcaíodh ina chéad thuarascáil in Aibreán 2008, ba léir go raibh an dul chun cinn iarmhír i sibhialaigh a chur in ionad Gardaí ar leibheál i bhfad níos ísle thar mar a bhí beartaithe.

15.13 Tá tuarascáil eile de chuid an ghrúpa á cur le chéile faoi láthair le cur i láthair an Aire.

Tuairimí an Oifigeach Cuntasaíochta

15.14 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta i bhfios go láidir nach raibh sé i gceist le clár sibhialaithe an Gharda Síochána go ndéanfaí athsholáthar díreach ar Gardaí le baill foirne shibhialacha. Ní fhéadfaí rathúlacht agus treo an chláir amach anseo a chinneadh ó thagairt do shibhialú díreach postanna reatha de chuid an Gharda Síochána amháin. Luaigh sé áfach a thiomantas cóimheas reatha shibhialaithe le Gardaí a sheasann ag 1:7 faoi láthair a laghdú. Is é an sprioc fadtéarmach ná an cóimheas a laghdú go dtí 1:4 nó fiú 1:3 ag teacht le cóimheas comhchosúla i ndlínsí sa chomharsanacht.

15.15 Thug sé ar aird go raibh 240 post sibhialach gan líonadh ann. Bhí baol ann go méadódh brúnna acmhainní neamhbhuanaithe dá dtiocfadh méadú suntasach ar líon na foirne a bhí ag imeacht, rud is dóigh a tharlódh dá ndéanfaí na Scéimeanna um Luathschor Dreasaigh agus Sos Gairme a leathnú agus dá mbeidis níos tarraingtí. D'fhágfadh tuilleadh folúntas sibhialach, mura líonfaí iad, go dtiocfadh laghdú neamhbhuanaithe ar sheirbhísí riachtanacha de chuid an Gharda Síochána nó ionadú éigeantach comhaltaí faoi mhionn – a mbeadh tionchar acu ar sheachadadh seirbhísí túsline agus ag baint bonn ón dul chun cinn a rinneadh sa tsibhialú le blianta beaga anuas.

15.16 Go háirithe, i gcás GISC, mura gcoinneofaí an tseirbhís ar ardchaighdeán, cuma an trí easpa acmhainní glaonna a thógáil nó neamhláithreacht bainisteoirí diúite le gach seal a chlúdach, thiocfadh laghdú ar úsáid na seirbhíse agus chaillfí sofheictheacht ar phóilíneacht túsline.

15.17 Maidir le comparáid idirnáisiúnta, mhaígh sé nach bhféadfaí An Garda Síochána a chur i gcomparáid le Seirbhísí Póilíneachta na Ríocht Aontaithe toisc gur fórsa póilíneachta náisiúnta a bhí sa Gharda Síochána a raibh freagracht na slándála náisiúnta air freisin.

15.18 Maidir le laghdú ar líon na nGardaí a bhí ag fáil Liúntais um Post Ainmnithe nó Ex-Gratia, mhaígh sé go raibh an liúntas don 'Phost Ainmnithe' ann – a bhí á íoc le 242 oifigeach ar 30 Meitheamh 2009 – do phoist a aontaíodh idir Bainistíocht an Gharda agus na Cumainn Foirne agus nach bhféadfaí é a chur faoi chois ach ag deacmhaíocht nádúrtha, dul ar scor etc. Bhí ról maighdeogach ag na sealbhóirí oifige i mbrainsí Ceantair agus Rannáin. Ba é líon iomlán na nGardaí a bhí ag fáil liúntais 'Ex-Gratia' ar 30 Meitheamh 2009 ná 108. Bhí na poist seo líonta ag Gardaí nuair nach raibh foireann shibhialach ann leis an obair a dhéanamh.

15.19 Maidir leis na haonaid tacaíochta oibríochta, thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird

- gur scaoileadh le thart ar 265 Garda de thoradh bunú GISC i gCaisleán an Bharraigh. Murach bunú GISC bheadh infheictheacht phóilíneachta laghdaithe agus bheadh easnamh i soláthar seirbhíse póilíneachta don phobal.
- D'fhág GCVU a dílárnaíodh go Durlas i Samhain 2005 gur ghá tosaíocht a thabhairt d'acmhainní breise don aonad criticiúil seo. Mar a tharla le GISC, murach foireann shibhialach a bheith curtha ar fáil do GCVU, bheadh gá Gardaí túsline a ath-implonnú ó dhualgais oibríochtúla go dualgais riaracháin le freastal ar an tiomantas breise seo.

Conclúidí

Tá an cóimheas sibhialaigh in aghaidh Ghardaí íseal de réir chaighdeáin idirnáisiúnta.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar mholtaí thuarascáil OECD agus go háirithe

- an riachtanas éifeacht choibhneasta foinsiú allamuigh feidhmeanna tacaíochta agus riaracháin áirithe in Éirinn a chinneadh chun gur féidir comparáid a dhéanamh le fórsaí póilíneachta eile. .
- gur chóir scóip d'ath-implonnú Gardaí agus foireann riaracháin nó cléireachais a chinneadh agus úsáid á baint as teicníocaíochtaí anailíse nua-aimseartha. D'fhaomhaigh an Rialtas 900 post sibhialach i dtrí chinneadh ó 2005. Ba é an intinn sainráite Gardaí a scaoileadh ó dhualgais riaracháin cé nár leagadh spriocanna sonracha amach i ngach cás.

Is é 144 líon an phearsanra de chuid an Gharda Síochána a scaoileadh ó dhualgais riaracháin de thoradh ar an bpróiseas sibhialaithe ó Nollaig 2005. Tá sin i bhfad níos lú ná an uimhir a samhlaíodh fiú tar éis cásanna nár leagadh síos sprioc sonrach iontu a lascainiú. Ag an am céanna bhí titm 16 ó 366 go 350 ar líon na nGardaí i bpoist ainmnithe nó ag fáil liúntais ex gratia agus iad i mbun dualgas riaracháin sa tréimhse go deireadh Meithimh 2009. Tá gá le béim níos mó ar bhunú spriocanna do shibhialaigh á gcur in áit póilíní chun fíorú éifeachtach an athsholáthair a cheadú.

Iarscríbin A – An Oifig Próiseála Muirear Seasta

Eisíonn an Oifig Próiseála Muirear Seasta (FCPO) fógraí muirear seasta tar éis gabháil faisnéise ar leabhar nótaí, leabhar nótaí leictreonach agus ceamaraí luais. Tá os cionn 390 coir thrácht faoi réir fógraí muirear seasta. Ó 2008 féadtar an córas a úsáid chun coireanna ordaithe poiblí áirithe a phróiseáil freisin. Tá an FCPO lonnaithe i nDurlas, Contae Thiobraid Árann agus tá foireann shibhialach 67 duine ann agus Garda Cigire amháin.

Áirítear ar fheidhmeanna FCPO

- aistriú eolais ó leabhar nótaí réamh-fhormáidithe go dtí an Córas Pionóis Muirear Seasta (FCPS)
- próiseáil chóras ‘ainmniúcháin’ trínar féidir le úinéirí cláraithe nach mbíonn ag tiomáint a bhfeithiclí ag tráth na coire líomhnaithe an tiománaí iarbhr a ainmniú
- lárionad glaonna teileafóin agus rannóg comhfhreagrais a sholáthar chun déileáil le ceisteanna ó fhaighteoirí fógraí muirear seasta
- tiomsú agus scaipeadh pacáistí cúirte do Ghardaí ionchúisimh agus cosantóirí nár íoc fógraí muirear seasta taobh istigh den tréimhse ama cheadaithe
- feidhmeanna eile cúloifige.

Mhaígh an tOifigeach Cúntasaíochta go cuireann an FCPO le obair phóilíneachta trí

- fheidhm thacaíochta a chur ar fáil do Ghardaí a dtagann de laghdú ar an am a chaitheann Gardaí ar láithreachtaí cúirte agus ar obair riaracháin
- cur le cumas forfheidhmithe an chóir thrácht
- seirbhís fheabhsaithe a chur ar fáil do chustaiméirí agus freagraí prasa ar cheisteanna
- gach ceist, gearán agus achomharc a phróiseáil chun críche, nuair is cuí, le nach mbeidh aon ghá le tarchur chuig na Gardaí le tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh
- leathnú FCPS a éascú le coireanna muirear seasta breise agus leibhéil mhéadaithe fhorfheidhmithe a chur san áireamh
- cumas a sholáthar chun tionchar aon fhorbairtí amach anseo ar nós soláthar ceamaraí suite a bhainistiú gan acmhainní breise a úsáid
- gníomhú mar idirchaidreamh idir an Garda Síochána agus gníomhairí ón taobh amuigh mar An Post.

Príomh-Aschur

Rinneadh anailísiú ar chomhfhreagras isteach ó 1 Eanáir 2008. Tá léiriú ar aschur na hOifige i dtéarmaí leabhar nótaí ionchurtha, comhfhreagras a fuarthas agus glaonna teileafóin a freagraíodh leagtha amach i Fíor 53.

Fíor 53 Aschur FCPO

Bliain/Tréimhse dar críoch	Leabhair nótaí ionchurtha	Comhfhreagras a fuarthas	Glaonna Teileafóin a freagraíodh (Est.)
31 Nollaig 2007	108,952	91,138	40,000
31 Nollaig 2008	145,601	67,008	245,000
21 Meitheamh 2009	73,056	34,195	110,000

Iarscríbin B – Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána

Leathnaíonn Lár-Aonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána (GCVU) grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána go dtí gach eagrais a fhostaíonn pearsanra ar bhonn lánaimseartha, páirtaimseartha, socrúchán mic léinn nó ar bhonn deonach a bhféadfadh rochtain gan maoirseacht ar pháistí nó ar dhaoine fásta leochaileacha a bheith acu. Tá an GCVU lonnaithe i nDurlas, Co. Thiobraid Árannis agus tá foireann 72 pearsanra sibhialach ann, Ceannfort amháin de chuid na nGardaí agus 5 Sáirsint ó na Gardaí.

Áirítear ar fheidhmeanna GCVU ionad glaonna teileafóin agus rannán comhfhreagrais a chur ar fáil chun déileáil le eagraíochtaí a lorgaíonn grinnfhiosrúchán agus nochtheadh coiriúil a bhfostaithe, ar tháinig méadú ó 130 i 2006 go dtí thart ar 17,000 eagraíocht orthu i 2009 agus feidhmeanna cúloifige gaolmhara.

Cuidíonn GCVU le obair phóilíneachta trí

- phróiseáil chun críche a dhéanamh ar cheisteanna, gearáin agus achomhairc, nuair is cuí, maidir le grinnfhiosrúchán de chuid na nGardaí, taifid choiriúla agus saincheisteanna chosaint sonraí
- idirchaidreamh a chur ar fáil idir gníomhaireachtaí mar an tSeirbhís Chúirteanna, an tseirbhís phríosúin, an tseirbhís phromhaidh, an PSNI agus gníomhaireachtaí póilíneachta eile agus údaráis taifid choiriúla eachtracha maidir le taifid choiriúla agus nithe gaolmhara
- lárphointe tiomanta a sholáthar sa Gharda Síochána a fhágann nach gá do Gardaí oibriúcháin an obair seo agus ceisteanna gaolmhara a láimhseáil
- thacaíocht a sholáthar do bhainistíocht an Gharda Síochána
- am a chaitheann Gardaí ar riarachán a laghdú
- sheirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí a chur ar fáil mar aon le freagairtí prasa ar chomhfhreagras agus ceisteanna
- chumas a chur ar fáil chun bainistiú a dhéanamh ar thionchar forbairtí amach anseo mar an córas eolais Eorpach ar thaifid choiriúla agus gnéithe idirnáisiúnta den ghrinnfhiosrúchán.

Príomh-Aschur

Láimhseálann an clár fiosruithe grinnfhiosrúcháin ó suas le 17,000 eagraíocht.

Iarscríbin C –Lárionad Seirbhísí Eolais an Gharda Síochána

Bunaíodh Lárionad Seirbhísí Eolais an Gharda Síochána ar dtús ar bhonn píolótach i 2005 chun coireanna agus teagmhais eile a thaifead ar chóras ríomhaireachta PULSE de chuid an Gharda Síochána. Feidhmíonn an córas taifeadta trí Ghardaí a ghlaonn ar GISC le mionsonraí teagmhas agus na mionsonraí sin á gcur isteach i PULSE ag oibreoirí oilte sibhialacha i bpróiseas idirghníomhach. Tá GISC lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo agus foireann 197 pearsanra sibhialach ann, Cigire amháin agus 3 Sáirsint de chuid an Gharda Síochána.

Áirítear ar fheidhmeanna GISC

- mionsonraí teagmhas a chur isteach ar an gcóras PULSE
- cásanna taispeáint árachais agus ceadúnas tiomána a phróiseáil go dtí cruthú taifid theagmhais agus ullmhú toghairme
- glaonna faire tráchta a ghlacadh ó dhaoine den phobal agus dul i dteagmháil le Gardaí i gcásanna a meastar go bhfuil gá le gníomh láithreach ó na Gardaí
- monatóireacht a dhéanamh ar aistriú eolais faoin dTionscadal Píolótach um Chomh-inoibritheacht Cheartais Choiriúil (CJIPP)
- earráidí agus mímhéiteáil a choscann aistriú sonraí a fhiosrú, ag gníomhú mar phointe amháin teagmhála leis an tSeirbhís Chúirteanna agus ag cur deasc tacaíochta gnó ar fáil do Ghardaí a mbíonn fadhbanna acu le toghairmeacha nó obair eile a bhaineann leis na cúirteanna.

Cuireann GISC le obair phóilíneachta trí

- infheictheacht Gardaí a mhéadú agus ualach oibre riaracháin na nGardaí a laghdú
- cáilíocht an eolais ar an gcóras PULSE a fheabhsú
- athbhreithniú a dhéanamh ar gach tuairisc ar thimpiste a cruthaíodh le lámh, bíodh an tionchur ó GISC nó ó na Gardaí féin
- faoiseamh a thabhairt do Ghardaí ón riachtanas gach glao faire tráchta a ghlacadh agus a thaifeadadh
- faoiseamh a thabhairt do Ghardaí ó na fadhbanna a eascraíonn as toghairmeacha agus obair eile a bhaineann leis na cúirteanna a réiteach.

Príomh-Aschur

Tá feabhas tagtha ar cháilíocht an eolais ar PULSE trí ionchur eolais ag líon beag oibreoirí oilte a láimhseálann líon mór glaonna ar bhonn laethúil. Is féidir dul i dteagmháil le GISC ar theileafón póca agus is féidir tuairiscí ar theagmhais a chur isteach ar PULSE ó láthair teagmhas. Déanann maoirseoirí oilte i GISC athbhreithniú ar gach taifead teagmhais.

Meastar gurb é seo a leanas tréachur cásanna de réir na nglaonna a láimhseáil in aghaidh na seachtaine

- 13,000 – 14,000 cruthú teagmhais
- 150 – 200 faire tráchta
- 450 – 550 CJIPP.

Caibidil 16 Príosúin

Soláthar i Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Soláthar i Seirbhís Phríosúin na hÉireann

16.1 Go ginearálta, is iad na bunphrionsabail soláthair phoiblí ná gur chóir don phróiseas a bheith oscailte, trédhearcach agus iomaíoch. Chun a chinntiú go ndéantar aon imeacht ó na prionsabail seo a thuairisciú, comhlánaíonn agus seolann Oifigigh Cuntasaíochta tuairisceán bliantúil i leith conarthaí a sháraíonn €25,000 a dámhadh gan iomaíochas⁴⁸.

16.2 Le linn iniúchadh a dhéanamh ar na taifid airgeadais de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (IPS), tugadh ar aird go raibh mórchonarthaí ar bun le Glenbeigh Construction Ltd. (Gleann Beithe) do thionscadail caipitiúla éagsúla laistigh den IPS.

16.3 Tionscnaíodh na tionscadail atá i gceist faoi thairiscint a cuireadh ar an margadh an 2 Iúil 2004. D'ainmnigh an fógra tairisceana, a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU), an soláthar mar chomhaontú creatlaí. Ghearr an tairgeoir rathúil praghas €2.1 milliún as na hoibreacha a tairgeadh. Sa tréimhse 2004 go 2007, cuireadh tús le tionscadail le luach measta de €97 milliún, gan CBL san áireamh, ag baint úsáid as an soláthar tosaigh mar bhunús chun rátaí agus praghsanna a shocrú chomh fada agus go sonraíodh agus go prahgsáladh gnéithe ábhartha sa phróiseas tairisceana tosaigh. Ar deireadh, cuireadh 73⁴⁹ tionscadal ar bun ag 15 príosún nó oifigí IPS, agus bhí cuid de na tionscadail sin fadseirbhíse. Leagann Fíor 54 amach an t-iomlán thar an tréimhse 2004-2007. Déanann Iarscríbhínn A cur síos níos mionsonraithe ar na oibreacha.

Fíor 54 Na hOibreacha Críochnaithe 2004 go 2007

Saoráid	Luach iomlán na gConarthaí	Líon na gConarthaí
	€m	
Príosún an Chaisleáin Riabhaigh	42.07	13
Tionscadail Speisialta Fadseirbhíse	20.90	5
Teach Locháin	12.58	7
Mainistir Shelton	5.71	2
Príosún Mhuinseo	4.43	12
Príosún Phort Laoise	3.78	6
Príosún Chnoc Seimre	1.61	5
Príosún an Láir Tíre	1.48	1
Foras Naomh Pádraig	1.31	5
Príosún Chruithneachtáin	0.85	3
Príosún Chorcaí	0.77	3
Teach Beladd, Ionad Oiliúna	0.74	2
Sheirbhís Phríosúin na hÉireann		
Príosún Luimnigh	0.52	4
An Roinn um Sheirbhísí	0.17	2
Foirgneamh		
Aonad Oiliúna na n-Oibreacha Beaga, Chnoc an Arbhair, Ceanncheathrú an IPS, Longfort	0.07	3
Meastachán na gCostas Iomlán	96.99	73

⁴⁸ Tá na mionsonraí leagtha amach i gCiorclán 40/02 – Treoirínte Soláthair Phoiblí. Cuireann Oifigigh Cuntasaíochta tuairisceán bhliantúla ar aghaidh chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an Aonad Náisiúnta um Beartas Soláthair Phoiblí de chuid na Roinne Airgeadais.

⁴⁹ Tá roinnt oibreacha níos lú sa liosta i Fíor 54 atá comhcheangailte le chéile. Ar an iomlán, b'ionann líon na dtionscadal agus 96.

Cúlra Ginearálta don tSoláthar

16.4 Sa bhreis ar an gcostas tógála, rinneadh íocaíochtaí iomlána de €3.69 milliún leis na comhchomhairleoirí, lena chur ar chumas an IPS na socruithe a riaradh. Íocadh iomlán de €3.04 milliún le KMCS, a ghníomhaigh mar bhainisteoirí tionscadail agus bainisteoirí costais do 22 de na tionscadail agus íocadh €0.65 milliún breise le DBFL Consulting Engineers, a chuir bainistiú tionscadail agus seirbhísí dearaidh innealtóireacht sibhialta agus struchtúrtha ar fáil don tionscadal chun cillíní dlúthmhaoirseachta agus breathnaithe slándála a thógáil i roinnt príosún. Rinne an Roinn um Sheirbhísí Foirgneamh, laistigh den IPS, bainistiú inti ar an gcuid eile de na tionscadail.

16.5 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh brú mór, ag an am, ar an eastát príosúin a bhí go mór as dáta de bharr líon níos mó príosúnach. I rith 2006 agus 2007, bhí sé soiléir go raibh an IPS ag feiceáil tús chuar a bhí ag ardú ó thaobh líon na ndaoine i gcóras na bpríosún mar gheall ar fhachtóirí éagsúla lena n-áirítear líon níos mó Gardaí agus líon níos mó suíonna cúirte. Dá réir sin, ó tharla nach mbeadh tógáil Halla Thornton, a bheadh ina réiteach fadtréimhseach ar fhadhb an phlódaithe sa chóras, críochnaithe go ceann 4-5 bliana eile ar a laghad ag an stáid sin, ba léir go raibh roinnt bearta eatramhacha ag teastáil chun an fhadhb a mhaolú. Bhí sé soiléir chomh maith go mbeadh acmhainní airgeadais áirithe ar fáil don IPS ag an bpointe ama seo, agus dá n-úsáidfí iad chun tionscadail caipitil a mhaoiniú sa chóras príosúin, bheifear ag súil go bhfeabhsódh siad an córas chun an tréimhse eatramhach a chlúdach go dtí go dtabharfar na príosúin nua atá beartaithe do Halla Thornton agus Cill Uird i gcrích.

An Comhaontú Creatlaí le Gleann Beithe Roimhe Seo

16.6 Le linn an iniúchta, tugadh ar aird go raibh comhaontú creatlaí le Gleann Beithe ar bun roimhe seo le KMCS ag gníomhú mar bhainisteoirí tionscadail ar chuid de na tionscadail. Thosaigh an comhaontú creatlaí sin, a bunaíodh in 2002, le Conradh do shaoráid nua oideachais agus giomnásiam i bPríosún Chnoc Seimre agus rinne sé foráil do shaoráid íostarraingthe maidir le riachtanais cosúil leis thar thréimhse 18-mí. San iomlán, críochnaíodh aon tionscadal dhéag faoin gcreatlach sin agus b'ionann na costais tionscadal agus €15 milliún. Rinne KMCS bainistiú ar deich gcinn de na tionscadail agus fuair sé €0.8 milliún i dtáillí. I Márta 2002, chuir an tAire Airgeadais faomhadh in iúl chun an Conradh tosaigh a bhronnadh ar shaoráid oideachais Chnoc Seimre agus d'íostarraingt ar an tairiscint ó Glenbeigh Construction Ltd chun dul ar aghaidh leis an athsholáthar nó uasghrádú ar iar-chóiríocht de chuid an airm ag Port Laoise.

16.7 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur thug ceadú na Roinne Airgeadais d'íostarraingt 2002 sólas don IPS go raibh an modh soláthair in ord agus faoin gCreat Infheistíochta Caipitiúla 2004-2008, ní raibh sé riachtanach ó 2004 ar aghaidh, cead a lorg do thionscadail caipitiúla aonair.

Béim an Iniúchta

Rinne an t-iniúchadh iarracht na nithe seo a leanas a aimsiú

- an raibh socrú tosaigh 2004 leordhóthanach chun an t-saincheist maidir le conarthaí ina dhiaidh sin gan tairiscintí a lorg a fhorasú
- conas ar déileáladh leis an bpróiseas tairisceana agus conraitheoireacht
- conas ar costáladh tionscadail ina dhiaidh sin
- conas ar costáladh agus ar bainistíodh na gnéithe éagsúla laistigh de thionscadail ina dhiaidh sin
- conas ar roghnaíodh comhairleoirí agus cé mhéid ar íocadh leo.

Nádúr an Chomhaontaithe

16.8 Sular glacadh le treoracha soláthair athbhreithnithe an AE a chlúdaíonn saoráidí agus oibreacha poiblí⁵⁰, bhí roinnt neamhchinnteachta ann maidir le conas an raibh socrúithe creatlaí ag comhlíonadh na bhforálacha dlíthiúla a rialaíonn soláthar na hearnála poiblí.

16.9 Chuaigh an IPS i mbun an chomhaontaithe sular tháinig treoir⁵¹ na nOibreacha Poiblí i bhfeidhm. Mar sin féin, úsáideadh an critéir ghinearálta seo a leanas le linn an athbhreithnithe iniúchta chun an socrú a mheas.

Caithfear na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird chun soláthar a dhéanamh d'oscailteacht agus thrédhearcacht

- ba chóir go mbeadh na tairgeoirí ar an eolas maidir le luach na gceannachán measta agus leibhéal an t-soláthair beartaithe
- ba chóir go mbeadh nádúr na hoibre leagtha amach go soiléir agus go cuimsitheach.

16.10 Níor shásaigh an socrú na critéir sin de bharr na nithe seo a leanas

- Níor leag fógra an AE amach aon mheastachán maidir le ceannacháin a mheasfaí a dhéanfaí le linn an chonartha.
- Bhain fógraíocht an OJEU le conradh tosaigh do chóiríocht breise ag Teach Locháin⁵². Mar sin féin, dúirt an fhógraíocht gur comhaontú creatlaí a bhí ann agus go raibh sé “*de cheart ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann dul i mbun idirbheartaíochta leis an gconraitheoir rathúil chun scóp an chonartha comhaontaithe a leathnú chuig roinnt tionscadal príosúin eile, laistigh de thréimhse trí bliana ó dámhadh an chonartha tosaigh*”. Níor shonraigh sé, áfach, suíomh ná méid na n-oibreacha.
- Nádúr éagsúil na dtionscadal a tugadh fúthu sa deireadh, agus i gcás tionscadal amháin – an sciathán athchuir i gCaisleáin Riabhaigh – bhí scála agus costas an tionscadail €18.81 milliún gan CBL san áireamh), as comhréir ó thaobh na mbunoibreacha a fograíodh. Bhí roinnt tionscadal a bhí ar scála nó a bhain speisialtóireacht leo agus ba chóir go gcaití leo mar sholáthairtí leithleacha.

⁵⁰ Clúdaíonn 2004/17/EC earnáil na saoráidí (uisce, fuineamh, iompar agus seirbhísí poist) agus clúdaíonn 2004/18/EC conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair poiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí.

⁵¹ Chuir Rialachán 2006, I.R. Uimh. 329 de 2006, Comhphobail Eorpacha (Dámhadh Chonarthaí na n-Udarás Poiblí) an Treoir i bhfeidhm an 22 Meitheamh 2006.

⁵² Níor cuireadh na hoibreacha a tairgeadh ag Teach Locháin i gcrích.

- Thit tionscadail áirithe lasmuigh de phróifíl na n-oibreacha a measadh, lena n-áirítear tionscadail speisialta fadseirbhíse do gheataí agus ghlasáil leictreonach ar ardslándáil, cillíní dlúthmhaoirseachta agus breathnaithe slándála agus leathadh amach na scéime CCTV náisiúnta.

16.11 Dá éis sin, chuir Treoir 2004/18/EC deireadh le go leor neamhchinnteachta a bhain le socrúithe creatlaí. Soláthraíonn an Treoir do na nithe seo a leanas agus socrú creatlaí á bhunú

- ba chóir don luach (sa bhfhógra conartha) a bheith cothrom leis an uasluach glan measta de CBL maidir le gach conartha a samhlaíodh do thréimhse iomlán an chomhaontaithe
- ba chóir go léireodh an fógra chomh maith, an méid agus is féidir, luach agus minicíocht na gconarthaí atá le dámhadh agus tréimhse beartaithe an chomhaontaithe
- ní féidir le téarma an chreatlaí dul thar cheithre bliana ach amháin i gcásanna eisceachtúla, (inchosanta go cuí)
- agus conarthaí á ndámhadh faoi chomhaontú creatlaí, ní féidir leasuithe substaintiúla a dhéanamh ar na téarmaí a leagadh síos sa chomhaontú
- ní féidir le húdaráis chonarthacha úsáid mhíchuí a bhaint as comhaontuithe creatlaí nó aon úsáid a dhéanadh iomaíochas a chosc, a shrianadh nó é a chur as riocht
- nuair a dhéantar chomhaontú creatlaí a chomhaontú le hoibritheoir aonair, ba chóir go mbeadh na conarthaí a dámhadh faoin socrú sin laistigh de na téarmaí a leagadh síos sa chomhaontú.

16.12 Tá coincheap ginearálta na creatlaí leagtha amach in Iarscríbhinn B.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

16.13 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta ag an am, nárbh fhéidir a thuair, cé mhéad oibre a bhí beartaithe ná nádúr na hoibre. Mar shampla, faoin gcomhaontú creatlaí roimhe sin, a bunaíodh in 2002, tugadh iomlán de €15 milliún maidir le tionscadail tógála chun críche thar frama ama de dhá bhliain. Luaigh sé na fachtóirí a raibh tionchar acu ar chinntí thar saolré an chomhaontaithe creatlaí de bharr na harduithe i ndaonra na bpríosúin. Thug sé ar aird freisin nach raibh aon riachtanas sa reachtaíocht ag an am chun suíomh nó méid na dtionscadal a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shonrú.

16.14 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, ó achtaíodh reachtaíocht 2006, chomhlíon an IPS na riachtanais nua maidir le comhaontuithe creatlaí. Maidir leis sin, dúirt sé gur fógraíodh comhaontú creatlaí nua d'Oibreacha Caipitiúla Beaga ar eTenders agus gur síníodh é agus gur cuireadh i bhfeidhm é in 2009. Ritheann an comhaontú go dtí deireadh 2010 agus, go dáta, tionscnaíodh trí chomórtas beag faoin gcomhaontú creatlaí nua seo. Tá an chéad cheann de na comórtais bheaga seo á mheas faoi láthair. Dúirt sé chomh maith gur fógraíodh tairiscint maidir le Creatlach Iloibritheora Seirbhísí Comhairleachta Tógála ar eTenders le dáta deiridh i Lúnasa 2009. Clúdóidh an comhaontú crealtaí sin seirbhísí thar líon disciplín, ar nós dearadh ailtireachta, línitheoireacht, innealtóireacht sibhialta agus struchtúrtha, innealtóireacht mheicniúil agus leictreach, dearadh tírdhreacha, suirbhéireacht cainníochta agus bainistiú tionscadail agus seirbhísí dearáí.

An Próiseas Tairisceana

16.15 Léirigh an fógra san OJEU nach mbeadh an mheasúnacht ar an tairgeoir inmhianaithe don chreatlach ar an bpraghas is ísle, ach go mbeadh sé ar bhonn critéar atá leagtha amach i ndoiciméid

an chonartha. Thug sé le fios, tar éis an phróisis ghearrliostaithe, go n-eiseofar iarratas ar dhoiciméid tairisceana chuig idir cúigear agus ochtar thairisceoirí ceadaithe.

Áiríodh iad seo a leanas ar na critéir atá liostáithe sa doiciméadacht tairisceana a n-úsáidfear do mheasúnacht moltaí

- dul de réir doiciméad Sonraíochta agus Achomhair Forbartha
- oiriúnacht an dearaidh agus moltaí tógála
- inghlacthacht an mholta airgeadais (bunaithe ar fhorbairtí reatha agus ar fhorbairtí amach anseo)
- scála ama.

16.16 Rinne naonúr iarrthóir iarratas ar ghearrliostú ag an stáid réamhcháilíochta agus tugadh cuireadh do cheathrar acu sin tairiscint a dhéanamh. Dhiúltaigh tairgeoir amháin tairiscint a dhéanamh. Léirigh an fógra san OJEU an roghnú a rinneadh ar chúigear iarrthóir ar a laghad. De bharr bearna an-suntasach idir na scóir do na ceithre conraitheoir is airde agus an chuid eile, rinneadh cinneadh nach mbeadh san áireamh ar an ngearrliosta ach na ceithre conraitheoir is airde.

16.17 Bhí toradh na measúnachta airgeadais ina dhiaidh sin mar atá leagtha amach i Fíor 55.

Fíor 55 Measúnacht Airgeadais

Conraitheoir	suim na tairisceana gan CBL san áireamh	Boilsciú thar 24 mí	Costas na Tairisceana Boilsciú san áireamh
	€m		€m
Glenbeigh Construction Ltd.	2.12	12%	2.37
Tairiscint 2	2.30	10%	2.53
Tairiscint 3	2.64	10%	2.90
Tairiscint 4	—	Diúltaíodh tairiscint a dhéanamh	—

16.18 Bhí sé mar chonchlúid sa tuarascáil tairisceana gurb é Glenbeigh an tairgeoir b'innhianaithe agus gur chúitigh an difreálach sa bhunphraghas a tugadh d'oibreacha amach anseo don difreálach sa ráta boilscithe. Mar sin féin, ó tharla nár measadh an costas iomlán dóchúil agus meascán gnéithe na creatlaí ag aon staid, ní féidir teacht ar aon chonchlúid dóibh seo a leanas go héasca

- tionchar na dtairiscintí nuair a chuirtear iad i bhfeidhm ar mheascáin difriúla de ghnéithe conartha
- an tionchar dóchúil a bheidh ag boilsciú níos ísle agus é intógtha sa chéad thairiscint eile is fearr.

16.19 Chur comhairleoirí teicniúla an IPS, KMCS, tuarascáil tairisceana ar fáil faoi phróiseas an tairgeoir innhianaithe i nDeireadh Fómhair 2004. Ní dhéileáil an tuarascáil sin ach leis an mheasúnacht airgeadais, agus sláinte agus sábháilteacht, deimhniú foirgnimh agus tine, saincheistanna forbartha agus árachais. Maidir le hoiriúnacht an dearaidh agus moltaí tógála, luaitear sa tuarascáil, *“tá athbhreithniú á dhéanamh againn ar na dearaí ailtireachta agus seirbhísí faoi láthair a chuir Glenbeigh Construction Ltd isteach. Mar sin féin, tá sé de fhreagracht ar Glenbeigh Construction Ltd cloí le riachtanais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus na Rialacháin Foirgníochta a chomhlíonadh. Cuirfidh KMCS scéala ar aghaidh nuair a bheidh an t-athbhreithniú ar na dearaí a cuireadh isteach críochnaithe”*.

16.20 Rinneadh athbhreithniú ar thairiscint Glenbeigh ina dhiaidh sin thar sraith cruinnithe agus chuir KMCS a shástacht leis an toradh ar aghaidh ó bhéal chuig an IPS. Léirigh an doiciméadacht tairisceana go soiléir go mbeadh sé seo a leanas san áireamh sa measúnacht *‘oiriúnacht an dearaidh agus moltaí tógála’*. Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil lena léiriú go ndearnadh an mheasúnacht bhreise seo agus ní raibh aon scéim mharcála ann chun comparáid a dhéanamh idir tairiscintí thar gach critéar ábhartha lena n-áirítear dearadh agus moltaí tógála.

Tuairimí an Oifigeach Cuntasaíochta

16.21 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an difreálach sa bhunphraghas a thairg an tairgeoir tosaíochta Glenbeigh i leith oibreacha amach anseo 8.5% faoi Thairiscint 2 agus 25% faoi Thairiscint 3, agus chúitigh sé sin don difreálach sa ráta boilscithe.

16.22 Dúirt sé go raibh an obair a bhí beartaithe sa chomhaontú creatlaí mar a measadh, ag an am sin, breithnithe mar ionadaíoch do riachtanais oibreacha caipitil réamh-mheasta na Seirbhíse Príosúin thar a thréimhse agus dá bhrí sin, breithníodh é mar bhonn oiriúnach maidir le tairiscintí a mheas.

16.23 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom gurb é Glenbeigh an t-aon tairgeoir a chuir isteach pacáiste dearaidh cuimsitheach lena n-áirítear líníochtaí ailtireachta, struchtúrtha agus meicniúla agus leictreacha mionsonraithe. Níor chuir na tairgeoirí eile isteach ach scéimeanna imlíneacha. Léirigh sé go ndearnadh athbhreithniú ar na moltaí dearaidh mar chuid den phróiseas measúnacha.

Socruithe Conartha

16.24 Níor tugadh tionscadal ar an scála a tairgeadh chun críche ag Teach Locháin. Mar sin féin, in 2006, cuireadh tionscadal difriúil ar bun ansin, nuair a dhámh an IPS conradh ar Glenbeigh chun bloc cóiríochta 60-cillín a thógáil le córais agus saoráidí feabhsaithe ag praghas conartha athbhreithnithe de €4.7 milliún le CBL san áireamh. Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur leagadh amach conradh 2006 i bhfianaise na riachtanas ag an am chun freastal ar dhaonra na bpríosúin a bhí ag ardú go tapa. Cuireadh rátaí 2004, coigeartaithe do bhoilsciú agus do chainníochtaí, i bhfeidhm.

16.25 Níor síníodh aon chonradh maidir leis an mbuntairiscint creatlaí in 2004. Dúirt an IPS, go deimhin, nach raibh sé beartaithe go leanfaí ar aghaidh leis an tionscadal a fógraíodh ag an am. Mar sin féin, níor léiríodh é seo i bhfógra an OJEU. Dámh na céad íostharraingtí do Glenbeigh i ndeireadh 2004 maidir le foirgnimh i gcoimpléacs príosúin Phort Laoise/Láir-Tíre ag costas de €1.7 milliún (CBL san áireamh) agus na hoifigí atá i gCaisleán Riabhach cheana féin a athchóiriú ag costas de €120,000 (CBL san áireamh).

16.26 Dámh an íostarraingt don tionscadal tosaigh chun an Foirgneamh Cothabhála a leathnú ag Príosún Phort Laoise/Láir Tíre i Samhain 2004. Chuir Glenbeigh tús leis an obair ar an suíomh an 10 Eanáir 2005, ach níor chuir sé buiséid ar fáil don obair go dtí 4 Feabhra 2005, agus ina dhiaidh sin, costálacha gnólachta an 15 Feabhra 2005. Fuarthas earráidí sna costálacha agus socraíodh an praghas conartha comhaontaithe deiridh an 18 Feabhra 2005 ag €1.39 milliún gan CBL⁵³ san áireamh. Idir an dá linn, síníodh don tionscadal an 13 Eanáir 2005 don suim chonartha de €1.4 milliún *“nó suim eile den sórt sin mar a thiocfaidh iníoctha de bhua breiseanna a chuirfear le nó asbhaintí a bhainfear as an tsuim chonartha sin”*.

⁵³ B'ionann an costas deiridh tógála agus €1.41 milliún agus áiríodh leis an tionscadal chomh maith costais oibre pleanála agus dearaidh de €70,000.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

16.27 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, nuair a críochnaíodh an próiseas meastúnachta, go raibh comhaontú creatlaí ceangailteach i bhfeidhm trí inghlacthacht béil maidir leis na rátaí agus na praghsanna, agus bhí tionscadail ar tugadh fúthu ina dhiaidh sin faoin gcomhaontú creatlaí íostarraingthe, ar fad faoi réir an chonartha sin. Mhínigh sé gur tugadh faoi na tairisceana ar bhonn dear agus tóg agus theastaigh obair ullmhúcháin as cuimse uaidh sin, a tugadh faoi roimh an fhógra tairisceana agus roimh eisiúint na doiciméadachta tairisceana. Dúirt sé freisin, tar éis na tairiscintí a ghlacadh, críochnaíodh próiseas measúnachta iomlán (ag cur breithnithe airgeadais agus teicniúla san áireamh) go proifisiúnta agus go raibh an próiseas measúnachta cuimsitheach. Níor dámhadh an chéad íostarraingt go dtí gur críochnaíodh an próiseas measúnachta tairisceana.

16.28 Dúirt sé freisin gur tugadh faoi thionscadal an Fhoirgnimh Cothabhála ar bhonn dear agus tóg agus dá bhrí sin go raibh ar an ndearadh éabhlú chuig pointe ina bhféadfaí cainníochtaí a aimsiú chun meastóireacht agus síniú na gcostas a éascú. Dámhadh an conradh tosaigh i Samhain 2004 agus theastaigh tréimhse ama chun na haonaid réamhdhéanta a dhearadh agus chun na hoibreacha dearaidh a éascú chuig pointe ina bhféadfaí bille cainníochtaí a ullmhú le haghaidh scrúdaithe chun cruinneas na gcostas bunaithe ar na rátaí glao-isteach a chinntiú. Ó tharla gur tionscadal tógála a bhí anseo, bhí nasc soiléir agus suntasach ann leis na noibreacha a tairgeadh sa chreatlach agus ní raibh sé riachtanach, ina thuairim, fanacht ar an ndearadh iomlán agus na costais sular leanadh ar aghaidh leis.

16.29 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta chomh maith gur aithin KMCS tiomantas airgeadais an IPS maidir le gach tionscadal sular thosaigh siad, trí eolas buiséid a thabhairt ar feitheamh ar fáil an chostais tógála deiridh.

Costas agus Tomhas na hOibre

16.30 Rinne an IPS agus/nó a chomhairleoirí athbhreithniú ar gach tionscadal ina dhiaidh sin chun comhréireacht le costais aonaid agus fachtóirí bhoilscithe a bunaíodh i dtairiscint 2004 a dheimhniú.

16.31 Mar sin féin, d'éiligh roinnt tionscadal, de bharr méid agus castacht, lena n-áirítear gnéithe slándála speisialaithe, gnéithe oibre nár chlúdaigh na sonraíochtaí cineálacha sa tairiscint tosaigh. Mar shampla, áiríodh le Foirgneamh Athchuir an Chaisleáin Riabhaigh meastacháin costais de €4 milliún chun oibreacha a chumasú agus €16 milliún don fhoirgneamh 64 cillín. Léirigh an tuarascáil tairisceana go raibh an Bille Cainníochtaí briste síos in obair tairisceana glao-isteach (binsemharcáilte i gcoinne tairisceana 2004) agus obair neamhghlao-isteach (obair nár tháinig le tairiscint 2004 tender). I gcás Fhoirgneamh Athchuir an Chaisleáin Riabhaigh, bhí ar Glenbeigh tairiscint a dhéanamh ar na hoibreacha neamhghlao-isteach sin le fo-chonraitheoirí agus luachanna a chur ar fáil do KMCS le haghaidh athbhreithnithe sular caitheadh aon airgead.

16.32 Iarradh ar na tairgeoirí do bhunthairiscint Theach Locháin in 2004 praghas agus briseadh síos de chomh-ghnéithe maidir leis an tionscadal reatha a chur ar fáil agus briseadh síos praghasaí sonraithe d'obair amach anseo, lena n-áirítear boilsciú, a chur ar fáil. Rinne Glenbeigh tairiscint d'uasmhéid de 12% boilsciú do na praghsanna sonraithe maidir leis na gnéithe i dtionscadal 2004, thar thréimhse 24 mí. Cuireadh an boilsciú i bhfeidhm ag ráta ardaitheach de 3% do gach tréimhse 6-mí den chreatlach, ag ardú go dtí 12% don tréimhse 19-24 mí. Ní dheachaigh an boilsciú thar 12% agus cuireadh ardú de 12% i bhfeidhm ar phraghsanna glao-isteach ar aon tionscadal a thosaigh tar éis na tréimhse 24 mí.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

16.33 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur cuireadh gach ráta tairisceana neamhghlao-isteach i gcomparáid le rátaí an mhargaidh reatha a bhí ar fáil do KMCS. Chuir sé sin ar a gcumas tuairim a ghlacadh maidir leis an ráta margaidh is fearr ag an am. Ar bhonn cás-ar-chás, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearna KMCS athbhreithniú ar na rátaí neamhghlao-isteach i gcoinne rátaí an mhargaidh reatha agus chomhaontaigh siad iad leis an IPS. Soláthraíodh míreanna speisialaithe trí thairiscintí ar leith.

16.34 Maidir le cibé an raibh na leibhéil caiteachais neamh-ghlao lena mbaineann níos mó ná teorainneacha an AE agus cibé, sna cásanna sin, ar comhlíonadh rialacháin maidir le fógraíocht agus tairiscintí iomaíocha, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh an IPS sásta nár sháraigh sé aon dlí soláthar le linn dó a bheith ag déileáil le Glenbeigh. Thug sé ar aird gur dhúirt KMCS nach measadh sé céatadáin na rátaí neamhghlao-isteach mar céatadáin ró-mhór ar aon cheann de na tionscadail a rinne siad bainistiú air. Thacaigh sé leis an tuairim sin trí an t-eolas atá leagtha amach i Fíor 56 a sholáthar a dhéanann comparáid idir luach na hoibre a rinneadh ag rátaí glao-isteach agus rátaí neamhghlao-isteach do shampla tionscadal.

Fíor 56 Cóimheas idir Luach Rátaí an Chomhaontaithe Creatlaí agus Luach Rátaí an Neamh Ghlao-isteach

Tionscadal	Luach na Rátaí Glao-isteach		Luach na Rátaí Neamh Ghlao-isteach		Luach Iomlán
	€m	%	€m	%	€m
Mainistir Shelton	3.56	71	1.49	29	5.05
Teach Locháin	3.25	77	0.97	23	4.22
Trádáil Láir-Tíre	1.27	91	0.13	9	1.40
Sciathán Athchuir an Chaisleáin Riabhaigh	13.84	75	4.56	25	18.40

16.35 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chlúdaigh an socrú boilscithe infheidhme don chomhaontú creatlaí tréimhse inar ardaigh praghsanna tairisceana go substaintiúil. Thug Cumann Suirbhéirí Cairte Eacnamaíochta ardú de 14.2% ar aird le linn na tréimhse lena mbaineann agus 18.7% sa tréimhse Deireadh Fómhair 2004 go dtí Deireadh Fómhair 2008. Chomh maith leis sin, léiríonn teoracha an Phríomh-Oifig Staidrimh ardú de 17% agus 22% do na tréimhsí céanna. Dúirt sé chomh maith gur íosfigiúr a bhí sa bhfigiúr boilscithe agus, i go leor cásanna, rinne an IPS idirbheartaíocht nach gcuirfí aon bhoilsciú i bhfeidhm. Dúirt sé chomh maith gurb ionann luach iomlán na lacáistí arna idirbheartú KMCS thar ceann an IPS agus thart ar €1.79 milliún.

Praghsáil Tionscadal

16.36 Rinneadh imscrúdú ar shampla conarthaí a soláthraíodh faoi na comhaontuithe creatlaí le linn an iniúchta. Is mar seo a leanas a bhí na tionscadail a athbhreithníodh

- An sciathán athchuir agus an t-aonad deighilte nua i gCaisleáin Riabhaigh a chosnaigh €19 milliún gan CBL san áireamh. Ba é sin an tionscadal ba mhó sa soláthar creatlaí.
- An t-aonad cóiríochta 60-leaba i Teach Locháin a chosnaigh €4.2 milliún gan CBL san áireamh. Is tionscadal mór a bhí anseo agus bhí an bunmhodúl cineálach bunaithe ar leagan níos lú dó.

- An foirgneamh cóiríochta 44-leaba do phríosúnaigh i Mainistir Shelton a chosnaigh €5.3 milliún gan CBL san áireamh. Is tionscadal mór a bhí anseo, agus ba chóir go mbeadh sé cosúil le modúl cineálach Teach Locháin 2004.
- An foirgneamh cothabhála ag Príosún an Láir Tíre a chosnaigh €1.48 milliún gan CBL san áireamh. Ba é seo an tionscadal tosaigh faoin gcomhaontú creatlaí.
- An tionscadal suiteála glas leictreonach ar fud príosún a chosnaigh €3.9 milliún gan CBL san áireamh. Dúirt an IPS gur íocadh €3.2 milliún le Glenbeigh faoin tionscadal agus bhí an €0.7 milliún a bhí fágtha comhdhéanta de íocaíochtaí le cuideachtaí eile maidir le míreanna cosúil le heochracha agus glais ar ardslándáil.

16.37 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, ó tharla gur struchtúr cosanta a bhí i Mainistir Shelton, tháinig imthosca suímh agus pleanála éagsúla chun cinn ag tús an tionscadail nach bhféadfaí a réamh-mheas. Bhí ar an IPS aithris a dhéanamh ar an mbundearadh clóis agus gnéithe ar nós bailchríocha lindireáil aoil do na ballaí seachtracha, díon déanta de slinn nádurtha agus earraí uisce báistí d'iarann teilgthe.

Bainistiú Conartha

16.38 Rinne an t-athbhreithniú iarracht na nithe seo a leanas a aimsiú

- cibé an raibh conradh ann do gach tionscadal agus conas ar bainistíodh é
- cibé ar pragsáladh gnéithe tionscadail a samhlaíodh de réir an struchtúir pragsála creatlaí áit ar soláthraíodh iad ina dhiaidh sin
- conas ar pragsáladh míreanna nár thit laistigh den struchtúr glao-isteach.

Socruithe Conartha

16.39 Bhí conarthaí foirmiúla ar bun le Glenbeigh do thionscadail a bhí bainistithe ag KMCS (22 tionscadal) agus DBFL (tionscadal amháin). Ní raibh aon chonradh foirmiúil ann don 73 tionscadal a bainistíodh intí. Measann IPS gur léirigh luach na gconarthaí a bhí faoi réir conarthaí foirmiúla thart ar 67% de na híocaíochta iomlána a rinneadh le Glenbeigh. Luaigh sé nuair nach raibh aon chomhaontú foirmiúil sínithe, bheadh doiciméadacht tionscadail comhaontaithe eile ann (tuarascáil costais, bille cainníochtaí, sceideal rátaí).

16.40 Do na cásanna a roghnaíodh, d'fhéach an t-athbhreithniú ar leanúnachas ó thaobh pragsála ag na céimeanna éagsúla den phróiseas. Déanann Figure achoimre ar an gcleachtadh.

Fíor 57 Athbhreithniú ar Chostais

Tionscadal	Bille Cainníochtaí €	Suim an Chonartha €	Cuntas Deiridh roimh Éagsúlachtaí €	Cuntas Deiridh tar éis Éagsúlachtaí €
Teach Locháin	4,217,630	4,217,630	4,217,630	4,238,834
Mainistir Shelton	5,050,770	5,050,770	5,050,770	5,270,000
Foirgneamh Cothábhála Láir Tíre ^a	1,449,772	—	1,397,625	1,412,252
Sciathán Athchuir Chaisleán Riabhaigh	18,652,847	18,400,801	18,962,928 ^b	19,208,257 ^a
Glasáil Leictreonach	4,006,357	Níl aon chonradh foirmiúil ^c		3,913,564

Nótaí:

- a Dúirt an IPS go ndeachaigh an bunconradh amú.
- b Nuair a dearnadh an tuarascáil seo, bhí an cuntas deiridh do Sciathán Athchuir Chaisleán Riabhaigh fós le críochnú.
- c Dúirt an IPS go raibh laghduithe ar an scála ón gcostas conartha a bhí measta de €4,932,094 i leith Mhuinseo (€0.7 milliún) agus Príosún Chorcaí (€0.4 milliún).

16.41 Síníodh conradh Chaisleán Riabhaigh an 30 Márta 2007, ach de réir na doiciméadachta a cuireadh ar fáil, thosaigh an conradh an 29 Meitheamh 2006. Chuir an IPS in iúl dom gur thosaigh na pléití tosaigh maidir le dearadh i mBealtaine 2006, agus gur iarradh ar Glenbeigh athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna imlíneacha lena chinntiú go bhféadfaí freastal ar an bhfoirgneamh molta ar an suíomh. Le linn na staidéir tosaigh, d'ullmhaigh Glenbeigh cuairteanna ar shuíomh agus trialacha cille. Tar éis na céime dearaidh agus comhairle a thabhairt i gcrích, chuir Glenbeigh bille cainníochtaí ar fáil a ndearna KMCS athbhreithniú air i gcomhar leis na líníochtaí dearaidh sínithe i Márta 2007.

Praghsáil Gnéithe Conartha

16.42 Fuair an t-athbhreithniú amach, maidir le gnéithe na gconarthaí ina dhaidh sin a praghsáladh sa bhuncreatlach, cuireadh na rátaí glao-isteach agus boilscithe i bhfeidhm i gceart. Is í an t-aon eisceachta a tugadh ar aird ná, i ngach cás, gearradh réamhimeachtaí ag ráta de €27.12 in aghaidh gach troigh cearnach, cé go léiríonn an modúl cineálach gur cheart don ráta a bheith beagán níos airde ag €27.17 in aghaidh gach troigh cearnach. Tá an difríocht neamhshuntasach agus i bhfábhar an IPS.

16.43 Anuas ar an méid a bhíonn infheidhme de ghnáth do chonradh tógála aon-uaire tá ciseal athbhreithnithe ag teastáil ó mheasúnú praghsála eiliminte sa bhille cainníochtaí tairgthe do chonradh tógála chreata tascach. Tá gá leis sin i gcás praghsáil tascadh do chonradh tógála creatlaí, mar gur féidir toradh difriúil a theacht as difríochtaí i bpraghsáil gnéithe sna tairiscintí tascacha nuair a chuirtear iad i bhfeidhm ar thionscadail nach buntionscadal é. Tharlódh sé seo nuair a bheadh meascán difriúil nó toirt gnéithe coibhneasta ag teastáil ó thionscadail níos déanaí ná mar a cuireadh i bhfeidhm sa chonradh tascach, agus nuair atá an t-athrú sa meachán leordhóthanach chun an buntáiste bunphraghais iomlán a chúlú air a dámhadh an conradh creatlaí.

Míreanna Neamhghlao-Isteach

16.44 Maidir le nádúr cineálach an chomhaontaithe agus a chumas na rátaí muirir do na tionscadail ina dhaidh sin a rialú, thug an t-athbhreithniú iniúchta ar aird an cóimheas idir na rátaí comhaontú-bunaithe agus na rátaí neamhghlao-isteach mar a léirítear i Fíor 58.

Fíor 58 Cóimheas idir na Rataí Comhaontú-Bunaithe agus na Rataí Neamhghlao-Isteach

Tionscadal	Líon na Rataí Comhaontú-Cinntithe a Úsáideadh	Líon na Rataí Neamhghlao-Isteach a Úsáideadh	Céatadán na Rataí Neamhghlao-Isteach
Mainistir Shelton – aonad cóiríochta 44 leaba do phríosúnaigh	260	440	59%
Teach Locháin– aonad cóiríochta 60 leaba	168	16	9%

16.45 Bhí gnéithe sa chóras glasála leictreonach a chosnaigh €3.9 milliún agus a tugadh isteach ar fud roinnt príosún a mí-oiriúnach le haghaidh críochnaithe faoin gcreatlach. Mar sin féin, áiríodh é san obair a dámhadh. Foinsíodh go leor den trealamh lena n-áirítear doirse, geataí agus glais ó sainchuideachtaí gan tairiscint. Láimhseáladh an bhainistíocht tionscadail sa chás seo intí ach úsáideadh KMCS chun modheolaíocht a mheas. Sa bhreis ar an trealamh slándála speisialta a thit laismuigh den mhodúl cineálach glao-isteach, níorbh fhéidir obair roinnt de na tógálaithe a bhriseadh síos faoin mhodúl cineálach le hoiriúnú don tionscadal seo. Dá réir sin, bunaíodh praghsáil ar thairiscint a bhuaigh Glenbeigh in 2002 gan ardú do bhoilsciú. Chomh maith leis sin, níorbh fhéidir an obair leictreach a bhainistiú faoin mhodúl cineálach glao-isteach agus mhol KMCS go gcuirfí gach dearbhan bunaigh isteach le gach éileamh luachála agus go seiceálfadh na sonraisc sin in aghaidh na hoibre chríochnaithe.

Tionchair Praghaís Iomlána

16.46 Bealach eile chun féachaint ar oiriúnacht an mhodúil chun costais na dtionscadal a chinneadh ná an costas a bhí ann a scrúdú i gcomparáid leis an gcostas sa chomhaontú creatlaí ar bhonn troithe cearnacha. Shamhlaigh an modúl cineálach go dtógfaí 10,000 troigh cearnach ar chostas €2.1 milliún nó €210.39 in aghaidh gach troigh cearnach. Rinneadh na tuarascálacha costais deiridh agus na billí cainníochtaí do na trí tionscadal cóiríochta do phríosúnaigh a athbhreithníodh a chur i gcomparáid leis na praghsanna a tugadh sa chomhaontú creatlaí tosaigh. Déanann Fíor 59 anailís ar chostais choibhneasta na dtionscadal seo in aghaidh na gcostas measta sa chomhaontú creatlaí.

Fíor 59 Comparáid Idir na Costais do Thrí Thionscadal

Tionscadal	Costas Cineálach do gach troigh cearnach €	Costas tionscadail do gach troigh cearnach €	Éagsúlacht %
Aonad Cóiríochta 60 leaba Teach Locháin	210.39	280.27	33
Aonad Cóiríochta 44 leaba do phríosúnaigh Mainistir Shelton	210.39	371.72	77
Sciathán Athchuir agus Aonad Deighilte an Chaisleáin Riabaigh	210.39	322.33	53
Iomlán	631.17	974.32	54

16.47 Ar an iomlán, thaispeáin na trí thionscadal éagsúlacht ardaitheach de idir 33% agus 77%, agus is dócha go ndéanfar é a chuntasú trí méid na míreanna neamhghlao-isteach a úsáideadh i bpraghsáil ina dhiadh sin nó trí thionchar mheascán difriúil de ghnéithe a raibh costais níos airde do na gnéithe glao-isteach mar thoradh air.

Tuairimí an Oifigeach Cuntasaíochta

16.48 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur dearadh an tairiscint glao-isteach (agus an doiciméad praghsála) ar bhealach a dhéanadh praghsáil na roghanna le n-úsáid i ndearaí tógála éagsúla a éascú. Aithníodh roghanna den sórt sin don todhchaí go soiléir sa doiciméadacht tairisceana agus cuireadh na praghsanna arna thairiscint do na roghanna sin san áireamh sa mheasúnacha glao-isteach. Breithníodh na roghanna dearaidh a áiríodh mar roghanna cuí ag am na tairisceana do riachtanais mheasta an IPS thar téarma an chomhaontaithe creatlaí.

16.49 Dúirt sé nuair a tháinig sainmhíreanna chun cinn i gconarthaí, go mbeadh tairiscintí socruathe ag Glenbeigh agus go ndéanadh KMCS athbhreithniú orthu, de réir mar a threoraigh an IPS dóibh é sin a dhéanamh. Rinne KMCS idirbheartaíocht 5% marcáil suas ar mhíreanna tairisceana neamhghlao-isteach, agus a bhreithnigh an IPS gur luach ar airgead maith a bhí ann nuair a binsemharcáladh é in aghaidh ghnáthchleachtas tionscail de thart ar 15%. I gcásanna eile, úsáideadh ráta tomhaiste in aghaidh gach méadar ag brath ar chineál na sainmhíre agus ar an bpráinn ó thaobh oibreacha a chríochnú.

16.50 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur i go leor de na cásanna maidir leis an tionscadal glasála leictreonach, nach raibh ach soláthróir ceadaithe amháin a bhí in ann freastal ar an scála ama agus riachtanais slándála. Cé nárbh fhéidir roinnt den obair thógála a bhriseadh síos ar an tionscadal seo agus úsáideadh praghsáil ó thairiscint neamh-Stát Glenbeigh 2002, dheimhnigh KMCS, bunaithe ar an taithí solatháir cuimsitheach atá acu agus eolas gairmiúil, gur ráta cuí a bhí anseo.

16.51 Agus comparáid á dhéanamh idir na haschuir costais críochnaitheacha agus na costais measta, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, nach dtarlaíonn 2% ardú ach nuair a leagtar amach na rataí cineálacha boilscithe in aghaidh costais iarbhir na gné ghla-isteach. Thug sé ar aird freisin, i ngach cás, go raibh tionchar ag fachtóirí ardaithe costais ar an gcostas tógála iarbhir ach nár cuireadh san áireamh iad i modúl bunaidh cineálach Teach Locháin. Áiríodh orthu seo an riachtanas córais slándála feabhsaithe a sholáthar agus an riachtanas cloí le hinbhuanaitheacht tógála IPS agus polasaithe sábháilteachta dóiteáin. I gcás Teach Locháin, bhain costais ardaithe le soláthar saoráidí áineasa breise do phríosúnaigh agus nuair a thángthas ar phíopaí asbestos le linn na hoibreacha suímh. I gcás Mainistir Shelton, bhain costais ardaithe le stadas an fhoirgnimh mar struchtúr cosanta agus leis an riachtanas ag an gcéim phleanála do gnéithe dearaidh comhaontais. I gcás Sciathán Athchuir an Chaisleáin Riabhaigh, theastaigh oibreacha de os cionn €3 milliún a chumasú de bharr sainchoinníollacha suímh nár samhlaíodh i bpraghsáil mhodúl bunaidh Teach Locháin.

16.52 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta cé go raibh gnéithe den tionscadal cillíní dlúthmhaoirseachta agus breathnaithe slándála speisialaithe, breithníodh go raibh nádúr na hoibre tógála féin comparáideach a dhóthain leis na rataí tógála a soláthraíodh faoin gcomhaontú creatlaí chun a húsáid a ghabháil.

Athbhreithnithe arna choimisiúnú ag an IPS

16.53 I Feabhra agus Márta 2009, d'fhostaigh an IPS comhchomhairleoir – suirbhéirí cairte cainnaíochta agus innealtóirí comhairleacha, de réir mar a theastaigh siad chun comparáidí a dhéanamh idir an gcostas do thrí thionscadal creatlaí i gcoinne tionscadal comhchosúla, arna thairiscint ina n-aonar, agus le costais aonaid ginearálta chomh maith don chineál oibre ag an am ar leith. Is iad na tionscadail a roghnaíodh don meastóireacht ná

- Foirgneamh Saoráidí Míochaine Phríosún Mhuinseo
- Aonad Athchuir agus Deighilte Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh
- Cillíní Dlúthmhaoirseachta agus Breathnaithe Slándála ag institiúidí éagsúla.

16.54 Thuairiscigh na comhchomhairleoirí mar atá leagtha amach i Fíor 60.

Fíor 60 Torthaí Athbhreithnithe na gComhchomhairleoirí

Tionscadal	Méid na Comparáide	Comparáid leis na hOibreacha atá ann cheana féin	Comparáid Chostas Aonaid
Foirgneamh Saoráidí Míochaine	Sárstruchtúr i gcomparáid le Foirgneamh Scoil Speisialta in Institiúid Naomh Pádraig (ag ceadú boilsciú). Níor cuireadh scartáil, fo-struchtúir, oibreacha láithreáin agus oibreacha cumasaithe san áireamh chun an anailís a éascú.	Is comparáid fabhrach é an Foirgneamh Saoráidí Míochaine ag €165.28 in aghaidh gach troigh cearnach i gcomparáid le €170.46 in aghaidh gach troigh cearnach ^a .	Rátaí an bhille cainníochtaí iomaíoch agus comhsheasmhach le meánrátaí tionscail in 2006. Bhí an phréimh praghais socruithe de 9% a cuireadh leis na costais tairisceana foriomlána neamhréasúnach, ach laghdaigh lascaine idirbhearaithe de 9.64% tionchar na préimhe.
Aonad Athcuir agus Deighilte Phríosún an Chaisleáin Riabaigh	Curtha i gcomparáid le Bloc Cóiríochta i bPríosún Chruithneachtáin. Níor cuireadh oibreacha cumasaithe ag An Caisleán Riabach d'iomlán €4.4 milliún san áireamh chun an comparáid costais a éascú.	Bhí an costas in aghaidh gach troigh cearnach don Chaisleán Riabach ag €255.94 i gcomparáid le €290.75 d'obair bPríosún Chruithneachtáin.	I gcomparáid le hatógáil uasghrádaithe ar Mhuinseo ag costas de €350.94 in aghaidh gach troigh cearnach, bhí An Chaisleán Riabach agus Príosún Chruithneachtáin eacnamaíoch agus ba é An Chaisleán Riabach b' eacnamúla.
Cillíní Dlúthmhaoirseachta agus Breathnaithe Slándála	Sa chás seo rinne an chuideachta a rinne bainistiú tionscadail ar an obair, an t-athbhreithniú. Rinneadh an chomparáid leis an mbille cainníochtaí d'oibreacha uasghrádú slándála ag Príosún Chruithneachtáin.	Áiríodh ar an tionscadal úsáid chuimsitheach d'ábhair agus daingneáin speisialaithe curtha isteach ag soláthróirí speisialaithe. Bhí an chomparáid teoranta do líon sách beag de mhíreanna, a rinneadh in athuair i ngach institiúid. Rinneadh an chomparáid le rátaí a d'úsáid cuideachta eile i dtionscadal d'oibreacha uasghrádú slándála tine ag Príosún Chruithneachtáin.	Bhí ráta Glenbeigh do bhlocobair inlfonta 50% níos airde ná costas Chruithneachtáin. Bhí maolú i gceist ó tharla gur bhain sé le limistéir bheaga in os cionn 13 láthair éagsúla a theastaigh bainistíocht chuimsitheach de chuid fo-fhochonraitheoirí chonraitheoirí speisialaithe. Ar an iomlán, ba comparáid fabhrach iad na costais a chur Glenbeigh isteach.

Nóta:

- a Bhí an Sárstruchtúr comhdhéanta de 66% den bhille cainníochtaí don Fhoirgneamh Saoráidí Míochaine agus b'ionann an costas in aghaidh gach troigh cearnach don bhille cainníochtaí ar fad agus €250.65.

Comhairleoirí Tionscadal

16.55 Fostaíodh KMCS chun comhairle a thabhairt don IPS maidir leis an bpróiseas taisirisceana tógála 2004. Ina dhiaidh sin, ceapadh KMCS mar bhainisteoirí tionscadal agus suirbhéirí cainníochta do 22 tionscadal as an 96 tionscadal oibre a tugadh fúthu faoin gcomhaontú creatlaí. Ní dhearna KMCS tairiscint do gach tionscadal aonair a sannadh dóibh agus mar sin, nochtaíodh íocaíochtaí don ghnólacht i dtuairisceán soláthair neamh-iomaitheach an IPS in 2007 agus 2008 araon. Nochtaigh na tuairisceáin €1.4 milliún in 2007 agus €1.1 milliún in 2008 do sheirbhísí a soláthraíodh gan próiseas iomaíoch.

16.56 Áiríodh suim de €91,000 sa tuairisceán bliantúil soláthair neamh-iomaitheach maidir le seirbhísí a fuarthas in 2007 ó Innealtóirí Comhairleacha DBFL maidir le Cillíní Dlúthmhaoirseachta agus Breathnaithe Slándála a thógáil.

16.57 De bharr nádúr speisialaithe an tionscadail seo, agus d'ainneoin eolas KMCS ar an gconradh íostarraingthe bhí sé riachtanach bainisteoirí tionscadal speisialaithe a fhostú. Ba chosúil go mbeadh sé míchuí an tionscadal a chur san áireamh sa chreatlach íostarraingthe.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

16.58 Rinneadh an cinneadh chun KMCS a chur i mbun tionscadal áirithe ar bhonn na nithe seo a leanas

- an t-eolas mionsonraithe atá acu ar an gconradh íostarraingthe tógála
- an taithí atá acu ar thionscadail tógála modúlach
- an tuisceant atá acu ar na bhreithnithe oibríochta agus slándála a bhaineann le bheith ag obair i dtimpeallacht príosúin.

16.59 B'ionann na táillí a íocadh le KMCS (tugadh Keogh McConnell orthu an t-am sin) don tionscadal tosaigh faoi chreatlach 2002 agus 5.75% den chostas tógála iomlán. Thit sé seo go dtí 5% d'obair ina dhiaidh sin faoin gcreatlach tosaigh agus do go leor oibreacha i gcomhaontú creatlaí 2004 ina dhiaidh sin. I Meán Fómhair 2006, rinne an IPS idirbheartú ar na táillí a laghdú go dtí 3.95% do thionscadail le luach níos lú ná €7 milliún agus 3.5% do thionscadail le luach níos mó ná €7 milliún.

16.60 Chuir an Roinn um Sheirbhísí Foirgneamh de chuid IPS bainistíocht tionscadail inti ar fáil don chuid is mó de na tionscadail faoin gconradh íostarraingthe. Sá chás maidir leis an tionscadal chun cealla dlúthmhaoirseachta agus breathnaithe slándála a thógáil, áfach, ag costas de €6 milliún gan CBL san áireamh, chuaigh Innealtóirí Comhairleacha DBFL i mbun bhainistíocht tionscadail agus seirbhísí dearaidh innealtóireachta struchtúrtha agus sibhialta a sholáthar gan próiseas iomaíoch, agus fuair siad táillí de €0.7 milliún. Bunaíodh na táillí ar 6% den phraghas conartha foriomlán do bhainistíocht tionscadail agus 3% breise de phraghas conartha do sheirbhísí proifisiúnta maidir le gnéithe sibhialta, struchtúrtha agus meicniúla agus leictreacha. Is iad seo a leanas na cúiseanna gur roghnaíodh Innealtóirí Comhairleacha DBFL

- bhí taithí díreach acu ar chonarthaí príosúin ábhartha roimhe seo
- castacht na hoibre a bhí i gceist agus saineolas a bhí acu roimhe seo maidir le tógáil agus athchóiriú na gkillíní
- práinn an tionscadail.

16.61 Mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta nár cuireadh na híocaíochtaí a rinneadh le DBFL san áireamh i dtuairisceán ábhartha 2006 mar gur ullmhaigh an IPS an tuairisceán IPS ar an mbonn

nach dtuairisceofar ach conarthaí nua a chuathas ina mbun le linn 2006 amháin. Thosaigh conradh DBFL in 2005 agus dá bhrí sin, níor cuireadh san áireamh é.

Conclúidí

Úsáid na Socruithe Creatlaí

Léirigh an Fógra bunaidh san OJEU an rún a bhí ann comhaontú creatlaí a bhúnú. Cé go mb'fhéidir go raibh sé seo leordhóthanach chun freastal ar na riachtanais fhoirmiúla, ní raibh sé dóthanach chun taca a chur faoi oscailteacht, trédhearcacht agus iomaíochas ó tharla nár léiríodh luach na gceannachán measta ná scála an tsoláthair beartaithe.

Ní raibh an próiseas leordóthainseach chun comhartha a thabhairt faoi nádúr na hoibre agus, ag glacadh leis go raibh an tairiscint tosaigh frámaithe ar bhunús aonaid cóiríochta réasúnta coitianta i bpríosúin le slándáil íseal, b'éagsúlú é an cuimsiú, ar deireadh thiar thall, de thionscadail ardslándála ar fud na bpríosún sa chreat seo, lena mbaineann dúshlán do shamhail phraghsála chineálach.

An Próiseas Tairisceana

Tá sé ráite i ndoiciméadacht tairisceana gur chóir tairiscintí a mheas de réir chúrsaí teicniúla agus airgeadais. Tugann an fhianaise dhoiciméadach le tuiscint gur aithníodh an tairisceoir roghnaithe agus aird á tabhairt ar chúrsaí airgeadais agus sin amháin. Cé nach ndearna an tuarascáil tairisceana a d'ullmhaigh KMCS tagairt do na gnéithe eile, tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta go ndearnadh athbhreithniú ar thograí deartha chomh maith. Ina theannta sin, níor pléadh an tionchar a bhí ann nuair a tugadh praghsanna do mheascáin éagsúla gnéithe, ná ní dhearnadh athbhreithniú ar thionchar na mboilsceoirí níos ísle a chuir tearc-thairisceoirí isteach.

Socruithe Conartha

Cé gur leagadh téarmaí bunúsacha amach sa chreat-chomhaontú, bheadh sé inmhianaithe, d'fhonn tiomantas airgeadais an IPS a chinneadh, go mbeadh scóp gach tionscadail clúdaithe ag conradh a bheadh curtha i gcrích sula dtosnófaí ar obair.

I gcás na chéad íostarraingthe faoin tionscadal, cuireadh tús leis an obair agus níor tharla an costasú comhaontaithe deiridh go dtí cúig seachtaine tar éis gur tosaíodh ar an obair. Tríd is tríd, ní raibh conradh foirmiúil ag 76% de na tionscadail a bainistíodh faoin gcreat-chomhaontú a rialaigh an obair a bhí déanta. Nochtaigh sin an IPS do riosca suntasach i gcás díospóidí faoi chonarthaí.

Tionscadail a Thomhas agus a Phraghsáil

I gcásanna inar praghsáladh na gnéithe tionscadail sa chreat-chomhaontuithe fuair tástáil iniúchta amach gur cuireadh rátaí i bhfeidhm i gceart le coigeartuithe cearta do bhoilsciú, maidir le sampla a ndearnadh scrúdú air.

Mar sin féin, i dtionscadal amháin – aonad cóiríochta 44 leaba ag Mainistir Shelton – bhí cuid an-mhór den tionscadal comhdhéanta de ghnéithe nár praghsáladh iad sa chreat-chomhaontú agus mar sin laghdáíodh smacht IPS ar a thiomantais airgeadais agus ar a chostais tionscadail.

Cé go raibh modheolaíocht ann lena sheiceáil go raibh costas na hoibre a rinneadh ar ghnéithe den chineál a samhláíodh sa tairiscint bunaigh ag teacht leis na praghsanna a táirgíodh i dtús báire, bhí an próiseas maidir le gnéithe eile a fháil lasmuigh den phróiseas soláthair phoiblí.

Ní raibh oibreacha mar an Tionscadal Glasála Leictreonaigh ar feadh na seirbhíse, lenar bhain costas €3.2 milliún lena gcríochnú laistigh de mheicníocht an chreat-chomhaontaithe. Cuireadh oibreacha áirithe leictreacha agus tógála ar fáil lasmuigh den tsamhail chur ar ceal.

Tríd is tríd, ardaíodh costais faoi thuairim is 54% maidir le trí thionscadal tógála a ndearnadh athbhreithniú orthu.

Comparáid Costais Siarghabhálach

Ní féidir teacht ar thátal críochnaitheach faoi cibé an fuarthas luach ar airgead bunaithe ar na comparáideacha siarghabhálacha a rinne an IPS.

- Ní dhearnadh athbhreithniú ach ar ghné amháin den Fhoirgneamh Saoráidí Míochaine. Tríd is tríd, chosain an foirgneamh sin €250.65 in aghaidh na troighe cearnóigí, i gcomparáid leis an gcostas creata de €210.39 in aghaidh na troighe cearnóigí.
- Chosain Aonad Athchuir agus Deighilte an Chaisleáin Riabhaigh €255.94 in aghaidh na troighe cearnóigí, gan oibreacha cumasaithe san áireamh; costas maith i gcomparáid le costas na hoibre ag Príosún Chruithneachtáin agus ag Príosún Mhuinseo ach arís léirigh sin ardú ó na leibhéil chreata. Nuair a chuirtear na hoibreacha iomlána ag Caisleán Riabhaigh san áireamh, is €322.33 atá sa chostas in aghaidh na troighe cearnóigí, suim atá cuid mhór níos airde ná na leibhéil chreata.
- Bhí an t-athbhreithniú ar na cillíní breathnadóireachta sábháilteachta agus dianmhaoirseachta teoranta go dtí líon sách beag míreanna de bharr go raibh úsáid fhairsing sain-ábhair agus feisteas i gceist leis an tionscadal.

Comhairleoirí Tionscadail

Rinne an IPS bainistiú intí ar fhormhór na dtionscadal sa chreat, ach rinne KMCS bainistiú tionscadail ar roinnt de na tionscadail mhóra, ach ní orthu go léir. Ba iad KMCS a rinne bainistiú tionscadail ar an gcreat-chomhaontú bunaigh chomh maith. Ar bhonn cás ar chás, deir an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearna KMCS athbhreithniú ar rátaí nach rátaí chur ar ceal iad in aghaidh na ngnáthrátaí margaidh ag an am agus go ndearna siad comhaontú leis an IPS maidir leo. Fuarthas míreanna speisialtachta trí thairiscintí ar leighligh.

Aithnítear gur shocraigh an IPS rátaí níos ísle lena phríomhchomhairleoir tionscadail, in imeacht ama. Mar sin féin, de bharr an mhéid oibre a bhí ann, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos tairbhiúla tairiscint a chur isteach ar na seirbhísí ón tús.

Deiseanna maidir le Luach Níos Fearr a Bhaint Amach

Tá an poitéinseal ag creat-chomhaontuithe deis a chur ar fáil chun soláthar a shruthlíniú ionas go ndéanfar comhordú níos fearr ar chaidrimh tráchtála, fad a bhaineann siad luach ar airgead amach. Mar sin féin, d'fhonn leas a bhaint as na buntáistí go léir agus iad á gcur i bhfeidhm, ba chóir do chomhlachtaí poiblí na nithe seo a leanas a dhéanamh

- a chur san áireamh go bhfuil sé inmhianaithe a chinntiú nach gcuirtear isteach ar iomaíocht trí theorainn a chur le rochtain chonraitheoirí ionchascha ar oibreacha poiblí ar feadh tréimhse ró-fhada
- gan iad a úsáid ach amháin sa chás go mbeidh an obair arna soláthar ar chineál agus ar chaighdeán céanna lena samplaíodh sa chéad bhabhta tairisceana agus sa chás go gcoimeádfar aon mhíreanna nach míreanna chur ar ceal iad ag cion sách íseal den tionscadal iomlán
- a chinntiú go ndéanfar athbhreithnithe cuimsitheacha ar luach mar chuid den phróiseas bainistithe conartha
- soláthar a dhéanamh do thástáil mhargaidh eatramhach lena chinntiú go leanfaidh an conradh ar aghaidh ag tabhairt luach ar airgead, go háirithe sa chás go sáródh téarma an chonartha trí bliana
- machnamh a dhéanamh ar bhogadh go dtí comhaontuithe il-oibreora ionas gur féidir cineál binsemharcála inmheánach a úsáid agus leas a bhaint as inniúlachtaí faoi leith gach gnólachta.

Tuairimí Ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta

16.62 Ina fhreagra achoimre foriomlán ar an tuarascáil, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta arís go raibh an IPS sásta go bhfuair sé luach ar airgead agus nár sháraigh sé an dlí soláthair ina ghnó le Glenbeigh Construction Limited.

16.63 Dúirt sé chomh maith

- Go raibh an IPS sásta gur chomhlíon sé an reachtaíocht i ndáil leis na creat-chomhaontuithe a bhí i bhfeidhm le linn 2004 nuair a chuir sé tairiscint isteach ar an gcreat-chonradh agus nuair a bronnadh an creat-chonradh air. Maidir leis sin, d'fheidhmigh an IPS ar bhealach oscailte agus trédhearcach.
- B'fhoirgneamh cineálach a bhí i bhfoirgneamh Theach Loughan, a úsáideadh chun críche measúnachta tairisceana creata, rud a thug deis tairiscint de sceideal rátaí a chur isteach, a

d'fhéadfadh an IPS a úsáid ansin ar feadh tréimhse trí bliana, faoi réir an ardaithe boilscithe tairiscithe, agus ar feadh eastát príosún an IPS.

- Ní raibh an próiseas measúnachta teoranta de mheasúnú ar na critéir airgeadais ach ba phróiseas cuimsitheach a bhí ann lenar áiríodh breithmheas iomlán ar na critéir teicniúla.
- Sa chás inar úsáideadh rátaí nach rátaí chur ar ceal iad i gcomhair gnéithe oibreacha nach raibh clúdaithe ag an gcreat-chomhaontú, rinne comhairleoirí costais agus bainisteoir tionscadail an IPS cinnte de gur léirigh na rátaí sin na rátaí margaidh reatha agus gur thug siad luach maith ar airgead.

Iarscríbhinn A Liosta de na Mórthionscadail

Iaistigh de Chreat-Chomhaontú Glenbeigh

Saoráid	Luach Iomlán €m	Líon na gConarthaí	Mór-Chonarthaí san Áireamh
Príosún Chaisleáin Riabhaigh	42.07	13	Sciathán aschuir nua agus aonad deighilte - €19m Seomra rialaithe agus córais slándála nua - €5m Ducht seirbhíse ollmhór nua ar feadh an láithreáin - €5m Foirgneamh áineasa nua do phríosúnaigh - €4.5m Ath-ailíniú ar an gclós aclaíochta agus páirc pheile uile-aimsire a chur ar fáil - €3m
Tionscadail Speisialta ar feadh na Seirbhíse	20.90	5	Glasáil leictreonach agus geataí ard-slándála - €3.2m Cillíní dian-mhaoirseachta agus breathnadóireachta sábháilteachta - €6m Scéim CCTV náisiúnta a leathadh amach - €4m Clár chun cistiní agus ceardlanna a athchóiriú - €2.1m Foirgnimh cuardaigh slándála - €5.5m
Teach Loughan	12.58	7	Aonad oiliúna oibre/oideachais nua - €5.5m Aonad cóiríochta 60-leaba - €4.2m Fál slándála nua - €1m
Mainistir Shelton	5.71	2	Bloc cónaithe 44-áit nua - €5.3m
Príosún Mhuinseo	4.43	12	Saoráid Mhíochaine nua - €1.4m Balla imlíne CCTV - €0.9m Athchóiriú agus forbairt ar íoslach "B" - €0.7m Córais CCTV a fheabhsú - €0.4m Oibreacha slándála i gclós "C" - €0.3m
Príosún Phort Laoise	3.78	6	Seomra slándála agus glasáil geata - €1.9m Saoráid nua do chuaipteanna slána - €1.2m
Príosún Chnoc Seimre	1.61	5	Cóiríocht do Chór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin - €1m Aonad deighilte/leithlise slán - €0.5m
Príosún an Láir Tíre	1.48	1	Foirgneamh cothabhála
Foras Naomh Pádraig	1.31	5	Saoráid do chuaipteanna slána - €0.8m Athchóiriú ar shiopaí oiliúna an phríosúin - €0.3m
Príosún Chruithneachtáin	0.85	3	Soilsiú imlíne slándála nua - €0.7m
Príosún Chorcaí	0.77	3	Cóiríocht do Chór Coimhdeachta na Seirbhíse Príosúin - €0.5m
Teach Beladd, Oiliúint Seirbhíse Príosúin	0.74	2	Cistin agus halla bia nua - €0.7m
Príosún Luimnigh	0.52	4	Athchóiriú ar fhoirgneamh ceirde/cothabhála - €0.2m Athchóiriú ar fhuinneoga slándála - €0.2m
An Rannóg Seirbhísí Tógála	0.17	2	
Aonad Oiliúna Oibreacha Beaga, IPS HQ	0.07	3	
Costas Iomlán Measta	96.99		

Iarscríbin B Creat-Chomhaontú

Thug Treoir ón AE soiléiriú faoi choincheap an chreat-chomhaontaithe in 2004. Thug an Treoir sainmhíniú ar chreat-chomhaontú mar chomhaontú le soláthróirí, chun críche na téarmaí a rialaíonn conarthaí atá le bronnadh le linn tréimhse áirithe a leagan amach, go háirithe maidir le praghas agus caighdeán. Leag siad téarmaí agus coinníollacha amach faoinar féidir ceannacháin sonracha (cur ar ceal) a dhéanamh le linn théarma an chomhaontaithe.

Féadfaidh an creat-chomhaontú é féin a bheith ina chonradh lena bhfeidhmeoidh rialacha soláthair an AE má chruthaíonn sé oibleagáid chun ceannaithe. Mar sin féin, is gnách go n-úsáidtear an téarma chun comhaontuithe nach gclúdaíonn sainmhíniú ar chonradh lena bhfeidhmíonn rialacha an AE a mhíniú (cé go bhféadfaidh siad oibleagáidí ceangailteacha conarthacha áirithe a chruthú).

Leagann comhaontuithe den sórt sin na téarmaí agus coinníollacha do chur ar ceal ina dhiaidh sin amach ach ní chuireann siad oibleagáidí ar bith ar na soláthraithe aon rud a cheannach. Faoin gcur chuige seo, ní dhéantar conarthaí, i dtéarmaí Threoir ón AE, ach amháin sa chás go gcuirtear earraí, oibreacha agus seirbhísí ar ceal faoin gcomhaontú. Is buntáiste den chineál sin comhaontaithe é, de bharr nach bhfuil údarás faoi oibleagáid acu, go bhfuil siad saor chun na creata a úsáid sa chás go dtugann siad luach ar airgead, ach dul áit éigin eile mura dtugann.

Mar sin féin, lena chinntiú nach rachfar in aghaidh rialacha an AE, tá sé níos praiticiúla déileáil le creat-chomhaontuithe ar nós gur conarthaí iad ina gcearta féin chun críche rialacha AE a chur i bhfeidhm. Dá bharr sin, is é an cleachtas atá ann an creat féin a fhógairt in Irish Oifigiúil an AE (OJEU).

Cuireann sin trédhearcacht ar fáil maidir leis an riachtanas uile ar fud an AE agus cuireann sé deireadh leis an ngá leis na nósanna imeachta do gach cur ar ceal a fhógairt agus a chur i bhfeidhm faoin gcomhaontú, ar an mbunús go leagann an creat na buntéarmaí faoina mbronnfar conarthaí ina dhiaidh sin amach.

Féadfaidh creat-chomhaontuithe a bheith ann le rannpháirtí amháin nó níos mó.

I gcás comhaontaithe le páirtí amháin, socrófar téarmaí le haghaidh oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí le soláthróir amháin, bunaithe ar phróiseas tairisceana iomaíoch. Déanfar riachtanais a tharraingt aníos de réir mar a eascraíonn siad thar thréimhse an chomhaontaithe. Leagfar amach formhór na dtéarmaí – praghas, agaí seachadta, etc., ach ní leagfar roinnt acu amach, mar shampla cainníochtaí iomlána.

Féadfar creat uile-pháirtí a bhunú trí chuireadh a thabhairt do pháirtithe a bheith rannpháirteach agus trí chinn oiriúnacha a roghnú. Beidh na critéir do chonarthaí a bhronnadh ina dhiaidh sin leagtha amach. D'fhéadfadh sé nach mbeidh sonraíochtaí ná praghsanna cruinne leagtha amach. De réir mar a eascraíonn riachtanais, déanfaidh údarás teagmháil leis na rannpháirtithe sa chreat agus tabharfaidh sé cuireadh dóibh tairiscintí iomaíocha a chur isteach i “mion-chomórtais”. Déanfar meastóireacht ar na tairiscintí a gheofear agus bronnfar conarthaí ar bhonn na gcritéar arna sonrú i rialacha an chreata.

Caibidil 17 An tSeirbhís Chúirteanna

Foirgneamh na gCúirteanna Breithiúnais Choiriúla

Foirgneamh na gCúirteanna Breithiúnais Choiriúla

17.1 Bunaíodh An tSeirbhís Chúirteanna sa bhliain 1999 agus tá sí freagrach as riarachán na gcúirteanna a bhainistiú, tacú leis na breithiúna agus foirgnimh agus cóiríocht chúirteanna a chur ar fáil. Chuaigh sí i gceannas ar phunann cóiríochta cúirte, cuid mhaith dó a raibh drochchaighdeán air. Dá bharr sin, thosaigh an tSeirbhís ar chlár tógála seacht mbliana in 2002 chun saoráidí na gcúirteanna a uasghrádú agus a nuachóiriú.

17.2 I mí Aibreán 2007, chuaigh an tSeirbhís Chúirteanna i mbun conartha Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP) le cuibhreannas eárnála poiblí faoi cheannas Babcock & Brown chun coimpléasc lárnach do na Cúirteanna Breithiúnais Choiriúla a thógáil ar láithreán faoi úinéireacht an Stáit agus chun an coimpléasc a oibriú ar feadh tréimhse 25 bliain.

17.3 Tá an coimpléasc do na Cúirteanna Breithiúnais á thógáil ar láithreán úrnua a chuir Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil, ar an gcoirnéal idir Sráid Gheata na Páirce agus Bóthar na hOtharlainne agus in aice leis an mbealach isteach chuig Páirc an Fhionnuisce. Táthar ag súil go bhfreastalóidh an fhorbairt seo ar an ngnó cúirte coiriúla go léir atá ar siúl i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus timpeall air faoi láthair. Ardóidh an coimpléasc nua an líon seomraí cúirte a bheidh ar fáil do ghnó cúirte coiriúla ón 16 atá ann faoi láthair go dtí 22. Tá an spás á úsáid do ghnó cúirte coiriúla faoi láthair agus beidh sé ar fáil le húsáid ag cúirteanna eile nó déanfar é a dhiúscairt⁵⁴. Táthar ag súil go mbeidh na Cúirteanna Breithiúnais Choiriúla ar fáil le húsáid ag an tSeirbhís Chúirteanna faoi dheireadh 2009.

17.4 Cuimsíonn scóp an chonartha forbairt an fhoirgnimh chúirte nua, lena n-áirítear cóiríocht do bhreithiúnaigh, foireann agus úsáideoirí eile de chuid na gcúirteanna, chomh maith le cothabháil an fhoirgnimh, bainistiú dramhaíola agus bainistiú tráchta agus roinnt gnéithe de na seirbhísí slándála agus tacaíochta TE. Tá íocaíocht faoin gconradh bunaithe ar mhuirear aonadach bliantúil, a thosóidh nuair a bheidh an coimpléasc ar fáil le húsáid, agus a leanfaidh ar aghaidh go ceann 25 bliain ina dhiaidh sin. Measann an tSeirbhís Chúirteanna gur díreach faoi €20 milliún a bheidh an íocaíocht don chéad bhliain iomlán oibríochta (2010).

17.5 Ina theannta sin, déanann an conradh soláthar do sheirbhísí áirithe eile a chuirfidh an chuideachta PPP ar fáil agus a íocfaidh an tSeirbhís Chúirteanna ar bhonn úsáide. Áirítear orthu sin, aire a thabhairt do ghiúiréithe, fónais mar uisce, séarachas, leictreachas agus gás, agus costais a bhaineann le lónadóireacht do ghiúiréithe, breithiúnaigh agus príosúnaigh. Tá súil ag an tSeirbhís Chúirteanna teacht ar chomhaontú críochnaitheach le Babcock & Brown maidir leis an struchtúr muirir do na seirbhísí sin faoi mhí Mheán Fómhair 2009. Braithfidh an costas don tSeirbhís Chúirteanna ar na praghsanna a ghearrfar agus ar an méid a úsáideofar na seirbhísí agus is dócha gur thart ar €2 milliún in aghaidh na bliana a bheidh ar an gcostas.

Tionscadal PPP a Fhorbairt

17.6 Lena chinntiú go mbainfear dea-luach amach maidir le tionscadail PPP, bíonn ar an gcomhlacht poiblí a dhéanann urraíocht ar thionscadal aghaidh a thabhairt ar shraith cinntí. Is iad na príomh-chinntí ná

- An fiú an tionscadal molta?

⁵⁴ Is iad na foirgnimh nach bhfuil gá leo mar thoradh ar an bhforbairt nua ná Cúirt Leanaí Mhargadh na Feirme, Sráid Bow, Cúirteanna Bhruach na hAbhann, Sráid na Faiche, Cill Mhaighneann, Ostaí an Rí agus Bóthar Conyngham.

- Conas ar chóir don Stát an tionscadal a thabhairt i gcrích — trí PPP nó tríd an ngnáthbhealach?
- Cá mhéad ar chóir don Stát a bheith sásta a íoc as an tionscadal?
- As na tairgeoirí a bhfuil spéis acu ann, cé leis a bhfuil an tairiscint is fearr?
- An margadh maith ó thaobh an Stáit de an margadh críochnaitheach leis an gcuideachta PPP?

17.7 De ghnáth, braitheann measúnuithe ar mhargadh PPP ar mhion-shamhlacha airgeadais a bhunaítear ar bhonn tuisceana faoi imeachtaí éiginnte sa todhchaí ar feadh tréimhsí ama fada. Tá roinnt doiciméad treorach forbartha agus foilsithe ag an Roinn Airgeadais atá leagtha amach chun cabhrú le hurraitheoirí tionscadal déileáil leis an bpróiseas cinnteoireachta chun teacht ar chinntí maithe.

17.8 De bharr méid agus castacht thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais, bhí sé tábhachtach go mbeadh sainchomhairle ar fáil ag gach céim den phróiseas i dtreo síniú an phríomhchonartha. Thug an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA) comhairle maidir le cúrsaí airgeadais, riosca agus árachais⁵⁵. Chabhraigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) leis an tSeirbhís Chúirteanna i ndáil le gnéithe teicniúla den tionscadal.

Béim an Iniúchadh

Bhreathnaigh an scrúdú seo ar an tslí a rinne an tSeirbhís Chúirteanna meastóireacht ar thionscadal na gCúirteanna Coiriúla i rith a fhorbartha agus ag tráth idirbheartaíochta an mhargaidh PPP. Rinne an scrúdú machnamh ar cibé ar comhlíonadh treoirlínte na Roinne Airgeadais agus cibé, ar an treoir ábhartha a bheith comhlíonta, an ndearnadh conclúidí iontaofa faoin tionscadal agus faoin margadh PPP. Rinne an scrúdú iarracht na ceachtanna a foghlamaíodh a aithint lena gcur i bhfeidhm do thionscadail amach anseo nuair a mholfar iad a thabhairt i gcrích trí PPP.

Teacht ar an gCás Gnó

17.9 Éilíonn treoirlínte na Roinne Airgeadais go n-ullmhófaí cás gnó cuimsitheach sula gcuirtear tús le tionscadal caipitiúil. Is é an aidhm leis sin a chinntiú, sa chás go molann gníomhaireacht san earnáil phoiblí acmhainní a chaitheamh ar thionscadal, go mbeifí soiléir faoi na costais a bheadh i gceist agus faoi na buntáistí a mbeifí ag súil leo ón tionscadal. Dá bharr sin, ba chóir don chás gnó anailís a dhéanamh ar nádúr na faidhbe a mbíonn an tionscadal deartha chun dul i ngleic léi, na roghanna féideartha chun aghaidh a thabhairt uirthi a leagan amach agus na buntáistí gnó agus na costais ionchais do gach rogha a aithint.

17.10 Go hidéalach, ba chóir don urraitheoir tionscadail tabhairt faoi anailís ar chostas tairbhe maidir leis na roghanna, anailís a mbeadh leagtha amach chun measúnú a dhéanamh ar cibé an dócha go mbeadh buntáistí eacnamaíochta agus sóisialta tionscadail níos mó ná na costais tuartha. Ní féidir é sin a dhéanamh i gcónaí. Sa chás nach féidir buntáistí thionscadail a chainníochtú go hiomlán, tugtar faoi anailís ar éifeachtacht costais chun teacht ar an tslí lena mbaineann an costas is lú chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach.

⁵⁵ Bunaíodh an NDFA in 2003 chun cabhrú le gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí luacháil a dhéanamh ar thograí infheistíochta caipitiúla. Faoi rialacha na Roinne Airgeadais, tá ar ghníomhaireachtaí poiblí a dhéanann urraíocht ar thionscadail chaipitiúla lena mbaineann luach caipitiúil de €30 milliún nó níos mó comhairle a lorg ón NDFA.

Roghanna a Aithint

17.11 Críochnaíodh anailís ar chásanna gnó do thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais i mí Bealtaine 2004. D'aithin sí roinnt mór-ábhar inné maidir leis an tslí a n-oibrítear na cúirteanna coiriúla faoi láthair. Bhain na príomh-ábhair inné leis an mbeagán seomraí cúirte, le heaspa saoráidí a bheith ann d'úsáideoirí na gcúirteanna, le heaspa spáis a bheith ann do sheirbhísí coimhdeacha agus do spás neamhleor a bheith ann do phríosúnaigh a dheighilt, a bheith ag siúl ó áit go háit agus a choinneáil. Mar fhreagra ar na fadhbanna sin, d'aithin an anailís trí rogha do chóiríocht do ghnó cúirte coiriúla amach anseo.

- **Rogha 1: faic a dhéanamh** — Is éard a bhí i gceist leis an rogha sin ná leanúint ar aghaidh leis na socruithe reatha le go bhfreastalóidh coimpléacs na gCeithre Chúirt, chomh maith le láithreáin agus foirgnimh eile sa cheantar, do ghnó cúirte coiriúla. Cé nach mbeadh túsachostais chaipitil ag gabháil leis sin agus cé nach gcuirfeadh sé isteach ar ghnó cúirte reatha, ní réiteodh sé na fadhbanna oibríochtúla a aithníodh.
- **Rogha 2: cóiríocht atá ann cheana a athchóiriú** — Is éard a bheadh i gceist leis an rogha seo ná cuid de choimpléacs na gCeithre Chúirt a athchóiriú le háis chomhdhlúite a sholáthar le haghaidh ghnó cúirte coiriúla. Cé go gcuirfeadh an rogha sin thart ar 13,800 méadar cearnach de spás urláir ar fáil, measadh nach mbeadh san achar inúsáidte ach cuid bheag den méid sin mar gheall ar shrianta leagan amach agus eile, agus measadh nach mbeadh go leor spáis ann leis na riachtanais seomraí cúirte agus coimhdeacha a bhfuil gá leo a chur ar fáil. Mar thoradh air seo, leanfadh an Chúirt Choiriúil Speisialta ag suí ag Sráid na Faiche agus chuirfí cásanna coiriúla ó Chúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath ar siúl i dtrí fhoirgneamh ar leith (Tithe Cúirte Shráid na Seansaireachta, Richmond agus Riverbank).
- **Rogha 3: coimpléacs cúirte nua** — Is éard a bhí i gceist leis an rogha sin ná coimpléacs cúirteanna coiriúla nua a thógáil ar láithreán úrnua, de thart ar 17,000 méadar cearnach, nach mbeadh i bhfad ó láithreán na gCeithre Chúirt agus a bheadh ag plé le gnó cúirte coiriúla amháin.

17.12 Rinne an tSeirbhís Chúirteanna meastachán ar shochair ionchais agus costais réamh-mheasta na roghanna (féach achoimre i Fíor 61) agus bheartaigh gurb é Rogha 3 – coimpléacs Chúirteanna Breithiúnais nua a fhorbairt – an rogha is fearr.

Fíor 61 Achoimre ar Anailís Chás Gnó maidir le Roghanna le haghaidh Cóiríochta Cúirteanna Coiriúla i mBaile Átha Cliath

	Scór Sochar ^a	Costas Réamh-mheasta (NPV) ^b
	%	€m
Rogha 1: faic a dhéanamh	33%	na
Rogha 2: cóiríocht atá ann cheana a athchóiriú	54%	€229
Rogha 3: coimpléacs cúirte nua	90%	€253

Foinse: Tuarascáil maidir le Coimpléacs Cúirteanna Coiriúla a Fhorbairt i mBaile Átha Cliath, An tSeirbhís Chúirteanna, Bealtaine 2004.

Nótaí:

- a Rinneadh na sochair le haghaidh gach rogha a chomhaireamh ag baint úsáid as 35 critéar ar leith agus bhí iomlán de 1,380 marc ar fáil. Léiríonn an céatadán sin na marcanna iomlána a fuair gach rogha.
- b Úsáidtear meastacháin Ghlanluach Reatha (NPV) le méideanna sreafa airgid a thagann chun cinn ag tréimhsí ama difriúla a chomhbhailiú agus iad a chur i gcomparáid. Sa chás sin, cuireadh lascaine de 4.64% ar na híocaíochtaí réamh-mheasta a déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna thar 25 bliain.

Sochair Thionscadail Ionchais

17.13 Rinneadh gach rogha aitheanta a mheas de réir iomlán de 35 crítear, faoi 5 phríomh-cheannteideal i.e.

- soláthar áiseanna d'úsáideoirí cúirte, lena n-áirítear breithiúna, an lucht dlí agus an pobal a bhaineann le cásanna coiriúla e.g. comhaltaí an ghiúiré, finnéithe agus íospartaigh (36% de na marcanna iomlána)
- líon agus caighdeán spás na seomraí cúirte a bhfuil gá leo (35%)
- tionchar an rogha ar bhainistíocht éifeachtúlacht ghnó cúirte (lena n-áirítear cásanna neamh-choiriúla) i rith na forbartha agus san fhad-téarma (22%)
- soláthar seirbhísí tacaíochta do bhreithiúna (6%)
- soláthar eolais don phobal (1%).

17.14 Bhí toradh i bhfad níos airde ag an rogha chun coimpléacs nua Chúirteanna Breithiúnais a thógáil i gcomparáid leis an dá rogha eile, an rogha chun cóiríocht atá ann cheana a athchóiriú agus an rogha chun “faic a dhéanamh”. Beartaíodh ar an rogha sin mar go rabhthas ag súil go gcuirfeadh coimpléacs nua tuilleadh seomraí cúirte agus áiseanna ar ardchaighdeán ar fáil, agus go mbeadh leithscaradh níos fearr idir íospartaigh, comhaltaí an ghiúiré, daoine i gcoimeád, an giúistís agus finnéithe.

17.15 Níor rinneadh sochair ghnó ionchais na roghanna a mheas ar bhonn cainníochtúil. Cé gur aithin an tuarascáil chás gnó na sochair i dtéarmaí cáilíochtúla, bheifí in ann sochair ghnó ionchais a mheas ar bhonn cainníochtúil i ndáil le cásanna coiriúla ar nós na harduithe ionchais ar líon na gcásanna a phróiseálar, laghduithe ar am feithimh le haghaidh cásanna cóiriúla agus athruithe i gcostais an aonaid. D'fhéadfaí gur bhreithnigh sí ar na héifeachtaí ar ghnó cúirte neamh-choiriúla a eascraíonn as tuilleadh spáis a chur ar fáil.

17.16 Chuir an tSeirbhís Chúirteanna in iúl go mbíonn deacrachtaí ann maidir le luachanna airgeadais a shannadh do ghnéithe suntasacha riaracháin dlí agus cirt (taobh amuigh de sholáthar cóiríochta tí cúirte) a bhfuil sochair shochaí ag baint leo ach nach bhfuil sochair eacnamaíochta díreacha ag baint leo. Ba é tuairim na Seirbhíse Chúirteanna go mbeadh an measúnú sin thar a bheith suibhiachtúil agus ní dóigh léi go roghnófaí rogha difriúil ina ionad.

Costais Réamh-mheasta

17.17 Bheartaigh an tSeirbhís Chúirteanna gan tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar an rogha chun “faic a dhéanamh”, bunaithe ar an anailís ar shochair bhainteacha, agus ní dhearna siad scrúdú ar na costais a d'fhéadfadh leis an tSeirbhís Chúirteanna iad a thabhaigh sa todhcaí trí ghnó cúirte coiriúla a sheachadadh sa struchtúr cóiríochta reatha.

17.18 Mheas an tSeirbhís Chúirteanna go mbeadh costas réamh-mheasta de €229 milliún i dtéarmaí NPV ar an athchóiriú atá ag teastáil faoi rogha 2, agus ar iarobriúchán an choimpléics chúirte thar tréimhse 25 bliain. Mheas sí go mbeadh costas réamh-mheasta de €253 milliún i dtéarmaí NPV ar thógáil agus oibriúchán coimpléics chúirteanna nua thar an tréimhse chéanna — is difríocht í sin de €24 milliún nó 10% idir an dá rogha. Ag an deireadh, bheartaigh an tSeirbhís Chúirteanna gur mó na buntáistí breise a bhaineann le coimpléacs a fhorbairt ar láithreán úrnua ná an difríocht i gcostas.

Coigiltis Réamh-Mheasta

17.19 Dar leis an tSeirbhís Chúirteanna go mbeadh coigiltis réamh-mheasta de thart ar €22 milliún i dtéarmaí NPV a bhíothas ag súil go bhfabhródís dá leanfaí le rogha an láithreáin úrnua. Bhíothas ag súil go n-eascróidís as díolachán farasbairr mhaoine agus géilleadh léasanna, agus as costais chothabhála agus oibríochtúla laghdaithe. Measadh gurb ionann na coigiltis inchomparáide faoin rogha athchóirithe agus €2 milliún i dtéarmaí NPV. Breithníodh go ndéanadh na coigiltis sin a d'fhéadfadh a bheith ann an bhearna idir costais na roghanna a laghdú.

17.20 Bhí tuairim ag an tSeirbhís Chúirteanna san anailís chás gnó atá aici maidir leis an bhféidearthacht chun coigiltis shuntasacha a bhaint amach don Státchiste faoi rogha 3 dá dtógfaí an coimpléacs Chúirteanna Breithiúnais nua ar láithreán a bheadh ceangailte le saoráid phríosúin, rud a laghdódh an costas atá ar Sheirbhís Phríosún na hÉireann príosúnaigh a aistriú. Ba é €100 milliún i dtéarmaí NPV an coigilteas réamh-mheasta do Sheirbhís Phríosún na hÉireann. Is é tuairim Sheirbhís Phríosún na hÉireann nach ndéanfar ach cuid bheag den méid sin, más ann, a shábháil dá mbeadh coimpléacs Chúirteanna Breithiúnais ceangailte le príosún. In ainneoin sin, tá an tSeirbhís Chúirteanna sásta go ndéanfar coigiltis a shábháil i leith lárú gnó choiriúil in áis amháin agus nascanna fis príosún a úsáidfear níos minice, rud a chiallaíonn nach mbeidh gá le líon suntasach cosantóirí a bhíonn i gcoimeád a aistriú chuig an gcúirt go fisiciúil.

Measúnú ar Anailís Chás Gnó

Rinne an tSeirbhís Chúirteanna anailís ar chás gnó a chloí leis na riachtanais atá leagtha amach i dtreoirilínte na Roinne Airgeadais. Bhí sé sin dírithe ar fhiúntais bhainteacha na roghanna, in áit costais agus sochair dhaingne na rogha tosaigh. Rinne sí anailís maidir le héifeachtúlacht costais agus léirigh sé go mbeadh luach níos fearr ar fhorbairt úrnua ná ar athchóiriú a dhéanamh ar an gcóiríocht atá ann cheana.

An Modh Soláthair is Fearr a Roghnú

17.21 Agus an cinneadh a bheith déanta i leith leanúint ar aghaidh le tionscadal fad-téarma, is é an chéad riachtanas eile ná an modh soláthair is fearr a roghnú. Go traidisiúnta, rinne gníomhaireachtaí urraíochta tionscadail fhad-téarma na hearnála poiblí a sholáthar trí thúsinfheistíocht chaipitil shuntasach arna maoiniú ag an Státchiste agus soláthraíonn tuarascálacha bliantúla maoiniú le haghaidh costais reatha an tionscadail. Le teacht na gconarthaí Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (PPP), tugadh isteach an rogha go soláthródh comhpháirtí na hearnála príobháidí cuid de mhíreanna an tionscadail nó iad uilig ar feadh tréimhse shainmhínithe, le haghaidh sraith rialta íocaíochtaí.

17.22 I gcleachtas, is léir nach raibh an rogha chun tionscadal Chúirteanna Breithiúnais a sholáthar ar bhealaí traidisiúnta ar fáil. Ní raibh buiséad caipitil ag an tSeirbhís Chúirteanna a bheadh in ann fónamh do na túschoistais a bhainfeadh le scála an choimpléics nua a bhí beartaithe a fhorbairt. Dá bhrí sin, chuathas i ngleic le hanailís an tionscadail i gcónaí ar an mbonn go rachadh sé ar aghaidh mar thionscadail PPP⁵⁶, dá ndéanfaí a leithéad.

⁵⁶ Mar shampla, ullmhaíodh na costálacha san anailís chás gnó (Fíor 62) ar bhonn saol tionscadail de fiche cúig bliain — gnáthshaol PPP — i gcomparáid leis an amscála de 50/60 bliain a bheifí ag súil leis i ndáil le mórtionscadal tógála den sórt sin. I gcomhthéacs rogha a dhéanamh idir roghanna comhchosúla, is dócha nach ndéanfaidh sé sin mórán difríocht.

Oiriúnacht do Sholáthar PPP

17.23 Ordaíonn na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais go ndéanfar measúnú soláthair PPP sa chás go bhfuiltear ag déanamh breithniú ar chur chuige PPP. Is cóir go bpléifidh an measúnú le roinnt príomh-shaincheisteanna lena n-áirítear cibé an bhfuil scála an tionscadail i gceart agus an bhfuil an próifíl ceart riosca agus oibríochtúil a sheasfadh le cur chuige PPP ag baint leis, agus cibé an bhfuil an cumas ag an tionscadal luach ar airgead a sheachadadh dá soláthrófaí mar PPP é. Leagann na teoirlínte amach na ceisteanna is cóir a fhreagairt agus tréithe tipiciúla thionscadal PPP. Tá an measúnú PPP a bhfuil gá leis bunaithe ar chritéar cáilíochtúil i gcomparáid le critéar cainníochtúil.

17.24 San anailís chás gnó dá cuid, bheartaigh an tSeirbhís Chúirteanna go raibh roinnt tréithe ag baint le tionscadal na gCúirteanna Dlí agus Cirt a bhí oiriúnach le haghaidh soláthair mar PPP.

- Is éard a bheadh sa tionscadal ná mórinfheistíocht infrastruchtúir straitéiseach a mheallfadh scála an tionscadail leas agus rannpháirtíocht na hearnála príobháidí.
- Bhí ardlleibhéal dearaidh, scileanna agus ionchuir ailtireachta agus ICT de dhíth ar an tionscadal agus ní raibh siad uilig le fáil san earnáil phoiblí.
- Ba fheidhmeanna neamh-lárnacha na Seirbhíse Cúirteanna iad príomh-mhíreanna an tionscadail (e.g. dearadh agus tógáil).
- Áiríodh comhpháirt oibríochtúil tábhachtach ar an tionscadal a bhí beartaithe.
- Bhí scóp ann le riosca a aistriú chuig an earnáil phríobháideach, aistriú a bheadh éifeachtach ó thaobh costais de.

Cineál PPP

17.25 Mhol an tSeirbhís Chúirteanna struchtúr dearaidh, tógála, airgeadais agus oibrithe (DBFO) don tionscadal PPP. Ba é an struchtúr céanna é leis an struchtúr a úsáideadh sa tionscadal do Laganside Courts i mBéal Feirste, a osclaíodh sa bhliain 2002. Agus cinneadh á dheanamh i leith an struchtúir do thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais, thóg an tSeirbhís Chúirteanna forbairtí agus feabhais i dtionscadail PPP is déanaí san áireamh lena n-áirítear tionscadal PPP Department of Constitutional Affairs Courts na Ríochta Aontaithe.

Aistriú Rioscaí Tionscadail

17.26 Is gné bhunúsach d'aon mhórhionscadal é riosca. Caithfidh an t-údarás urraíochta iarracht shuntasach a dhéanamh i dtionscadail PPP leis na daoine a bheadh i gceannas ar na rioscaí tionscadail éagsúla a aithint. Is é an aidhm atá ann na rioscaí a leithroinnt ar na páirtithe poiblí agus príobháideacha bunaithe ar cé acu a bhfuil na scileanna bainistíochta is fearr.

17.27 Ritheadh ceardlann le rioscaí tionscadail a mheas i Márta 2004, agus bhí baint ag foireann na Seirbhíse Cúirteanna agus ag comhairleoirí airgeadais agus teicniúla léi. Ba é cuspóir na hoibre ná mór-rioscaí a bhí ceangailte leis an tionscadal a aithint leis an dóchúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann go dtarlódh na rioscaí sin a mheas agus le tionchar na rioscaí ar chostais a mheas. Leithroinn an cheardlann na rioscaí ar pháirtí na hearnála príobháidí agus ar an tSeirbhís Chúirteanna ansin.

17.28 Bheartaigh an tSeirbhís Chúirteanna gurb iad na príomhrioscaí a dhéanfaidh an chuideachta PPP ná dearadh, tógáil, oibríochtúil agus riosca airgeadais. Choinnigh an tSeirbhís Chúirteanna an riosca maidir le planáil chomh maith leis an riosca go mbeadh an tionscadal ar scála mí-cheart (riosca éilimh). Is gnáthchleachtas é an leithroinnt riosca sin i leith tionscadal den chineál sin.

17.29 Tugadh luach na rioscaí a bhí le haistriú san áireamh i gcostas réamh-mheasta an tionscadail. Agus an riosca á chainníochtú, aithníodh réimse luachanna faoi cheannteideal gach riosca agus cuireadh réiteach ualaithe i bhfeidhm le teacht ar luach réamh-mheasta. Go héifeachtach, tá sé mar aidhm ag an gcóireáil sin a chinntiú go n-aithneofar an méid iomlán a bheadh an Stát ag súil go n-íocfadh sé don tionscadal thar a shaolré.

17.30 Mheas an anailís chás gnó dá ndéanadh an tSeirbhís Chúirteanna bainistiú ar na rioscaí a bhí beartaithe le haistriú chuig an gcuideachta PPP, go gcuirfeadh sé sin €61 milliún le costas tagartha measta na hearnála poiblí, agus ba ionann an costas réitigh ar rioscaí agus €314 milliún (i dtéarmaí NPV). Bhí luach réamh-mheasta na rioscaí a aistríodh bunaithe ar leibhéal muiníne de 90%.

Measúnú ar Anailís an Chur Chuige Soláthair

Bhí anailís na Seirbhíse Cúirteanna ar oiriúnacht thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais le haghaidh soláthair trí PPP ag teacht le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Rinneadh oiriúnacht thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais le haghaidh soláthair mar PPP a mheas ar bhealach cáilíochtúil in ionad bealach cainníochtúil. Bhí an cineál PPP a roghnaíodh – DBFO – ag teacht leis na struchtúir a úsáideadh in áit éigin eile.

Toisc nach raibh go leor airgid sa bhuiséad leis an tionscadal a sholáthar ar bhealach nósmhara, níor breithníodh an tsoláthair nósghar go foirmiúil.

Ceadú Tionscnaimh

17.31 Bunaithe ar an gcás gnó agus ar anailís oiriúnachta PPP, lorg an tSeirbhís Cúirteanna ceadú na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go rachfaí tionscadal na gCúirteanna Breithiúnais ar aghaidh chun soláthair mar PPP, lena n-áirítear fáil láithreáin agus foirgnimh 17,000 méadar cearnach, cothabháil agus oibríocht leanúnach ar an bhfoirgneamh lena n-áirítear bainistiú dramhaíola agus tráchtá, slándáil, seirbhísí ICT agus soláthar seirbhísí lónadóireachta do ghiúiréithe, breithiúna agus príosúnaigh. Cheadaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an moladh i mí na Samhna 2004.

Binsemharc san Earnáil Phoiblí

17.32 Sula gcuirtear tionscadal PPP ar fáil ar an margadh, caithfidh an t-údarás urraíochta Binsemharc san Earnáil Phoiblí (PSB) a fhorbairt. Tá sé mar sprioc aige cabhrú leis an údarás urraíochta an costas a bheadh ar na saoráidí agus seirbhísí riachtanacha a sheachadadh trí ghnáthshlí soláthair (i.e. neamh-PPP) a aithint. Soláthraíonn sé sin costas tagartha chun na margaí atá á dtairiscint ag comhpháirtithe féidearthacha san earnáil phríobháideach a mheas.

17.33 Baineadh úsáid as na teilgin costais do rogha 3 a forbraíodh ag an gcéim Chás Gnó Imlíneach mar bhunús don PSB. Thug an tSeirbhís Cúirteanna a hanailís PSB chun críche mí na Samhna 2005. Bunaithe ar sin, réamh-mheas sé go gcosnódh sé €436 milliún i dtéarmaí⁵⁷ NPV coimpléasc na gCúirteanna Breithiúnais a fhorbairt agus a oibriú thar 25 bliain ag úsáid cur chuige soláthair traidisiúnta.

⁵⁷ Sreabha airgid thar shaolré an chonartha, arna lascainiú chuig bonn Samhain 2005 ag úsáid ráta lascaine de 3.6%.

17.34 Bhí an costas teilgthe a d’eascair ón anailís PSB i bhfad níos mó na an costas a teilgeadh san anailís cásanna gnó bhunaigh i.e. €314 milliún (i dtéarmaí NPV). Cuid den chúis a bhí leis an ardú sin sa chostas teilgthe ná boilsciú agus athruithe i rátaí úis idir Bealtaine 2004 agus Samhain 2005 ach bhain an chuid is mó den ardú le hathruithe i scóip an tionscadail a bhaineann leis an méid a léirítear sa chás gnó imlíneach. (Féach Fíor 62)

Fíor 62 Comparáid idir cás gnó agus teilgin costais PSB (téarmaí NPV)

	Cás gnó	PSB	Athrú
	€m	€m	€m
Costais Chaipitil			
Costais Láithreáin	16	—	(16)
Táillí Dearaidh, Foirgníochta agus Gairmiúla	101	128	27
Costais Atarlaithe			
Athsholáthar Trosán thar Shaolré an Tionscadail	14	23	9
Athsholáthar IT	23	8	(15)
Costais Shlándála	16	89	73
Costais Oibríochta Eile (glanadh, costais reatha IT, etc.)	43	58	15
Cothabháil Bhliantúil	40	54	14
Costas Iomlán Iúide Riosca	253	360	107
Costais Riosca	61	76	15
Costas an Tionscadail le Riosca Coigeartaithe	314	436	122

Nóta: Ráta lascaine an cháis gnó (Bealtaine 2004) 4.64%, ráta lascaine PSB (Samhain 2005) 3.6%.

Scóip an Tionscadail

17.35 Ba iad seo a leanas na príomhathruithe i scóip thionscadail na gCúirteanna Breithiúnais bheartaithe idir Bealtaine 2004 agus Samhain 2005

- Bhí an suíomh i ngar don bhealach isteach chuig Páirc an Fhionnuisce a measadh a bheith oiriúnach faoi úinéireacht Stáit cheana féin. Bhí €16 milliún d’éadail an tsuímh san áireamh san anailís cásanna gnó. Baineadh gné an chostais as an áireamh ón PSB mar ba chóir mar nach raibh sé de dhualgas ar chomhpháirtí na hearnála príobháidí suíomh a sholáthar.
- Méadaíodh méid bheartaithe an fhoirgnimh ó 17,000 méadar cearnach go dtí 20,000 méadar cearnach. Bhí tionchar aige sin ar na costais tógála teilgthe agus ar na costais atarlaithe bunaithe ar an gceantar. Príomhchúis a bhain le méadú méide an fhoirgnimh ná cinneadh ón Seirbhís Chúirteanna 1,750 méadar cearnach cóiríochta a sholáthar agus a fheistiú do shaoráidí Chomhairle an Bharra i gcoimpléisc na gCúirteanna Breithiúnais. Is é an comhaontú ná leabharlann agus spás oibre a sholáthar do suas le 159 abhcóide, agus áirítear fónais agus seirbhísí ar sin. Íocfaidh Comhairle an Bharra táille ceadúnais bhliantúil leis an tSeirbhís Chúirteanna as na saoráidí. Is ionann méid an táille tosaigh agus €450,000 sa bhliain (faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúil). Bhí sé beartaithe go soláthródh an chuid eile de mhéadú méid an fhoirgnimh acmhainneacht bhreise do leathnú amach anseo.
- Laghdaíodh scóip bheartaithe sholáthar IT sa tionscadal, leis an tSeirbhís Cúirteanna ag glacadh freagrachta ar leithligh as an gcuid is mó d’athsholáthar trealamh IT tar éis an cúigiú bliain oibríochta. Tá an cineál comhshocráithe sin caighdeánach go leor i

dtionscadail PPP, toisc go mbíonn drogall de ghnáth ar chomhpháirtithe san earnáil phríobháideach féideartha tabhairt faoi rioscaí teicneolaíochta suntasacha a bhaineann le soláthar IT fadtéarmach. Nuair a bhíonn gá leis, is iondúil go mbíonn an praghas a ghearrann an earnáil phríobháideach ard.

- Bhí ardú suntasach i ngnéithe slándála an tionscadail, agus ardaíodh an costas teilgthe ó €16 milliún go dtí €89 milliún i dtéarmaí NPV. Chinn an tSeirbhís Chúirteanna gur chóir an fhreagracht a bhain leis an giúiré a choimhead a bheith faoi scóip an tionscadail. Ina theannta sin, ba é dearcadh na Seirbhíse Cúirteanna gur mhéadaigh rioscaí slándála sa bhaile agus go hidirnáisiúnta sa tréimhse ina dtáinig an cás gnó chun críche (Bealtaine 2004) agus go raibh riachtanas iarmhartach do leibhéil shlándála níos airde do chúirteanna gur dóigh go leanfar leo chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Measadh go raibh gá le slándáil mar a bheadh ag aerfort, as a leanfadh costais chaipitil agus shaol-ré mhéadaithe.

Costais Tógála

17.36 Theilg an tSeirbhís Chúirteanna go gcosnódh sé €128 milliún in iomlán ar an earnáil phoiblí, i dtéarmaí NPV (riosca tógála as an áireamh) coimpléasc na gCúirteanna Breithiúnais a thógáil agus a fheistiú. Bhí an teilgean sin bunaithe ar na meánchostais tógála agus feistis bheartaithe do cheithre mhórtionscadal eile, lena n-áirítear dhá thionscadal san earnáil phoiblí a bhí á phleanáil ag an am.

17.37 Ba ionann an costas tógála in aghaidh an mhéadair cearnaigh agus €5,117. Thug an tuarascáil PSB ar aird go raibh Oifig na nOibreacha Poiblí den tuairim gur chóir go mbeadh foirgneamh d'ardchaighdeán ar leith mar thoradh ar an leibhéal sin caiteachais, bunaithe ar chomparáid idir chostas tógála an aonaid agus a ngnáthchostais tógála, agus an meastacháin costais tógála do thionscadal eile comhchosúil.

Costais Oibríochta

17.38 Teilgeadh na costais a bhain le Coimpléasc na gCúirteanna Breithiúnais a rith thar 25 bliain sa PSB ag €232 milliún (NPV). Áiríodh ar sin na costais a bhain le slándáil tógála agus coimhead giúiré, cothabháil an fhoirgnimh agus na seirbhísí, athsholáthar troscán, costais reatha IT, glanadh agus fónais.

17.39 Sholáthar na comhairleoirí teicniúla na meastacháin costais don chuid is mó de na heilimint atarlaithe, bunaithe ar phraghsanna mhargadh na hÉireann. Sholáthar an tSeirbhís Chúirteanna meastacháin de na costais IT atarlaithe dóchúla agus de chostais shlándála. Díorthaíodh meastacháin chostais shlándála ó leibhéal foirne toimhdithe do Choimpléasc na gCúirteanna Breithiúnais, le praghsanna bunaithe orthu sin a íoctar faoi chonradh a dámhadh le déanaí do sholáthar seirbhísí slándála i gcampas na gCeithre Cúirteanna.

17.40 Tá costais athfhillte na dtionscadal faoi réir ag athruithe praghas in imeacht ama. Déileáiltear leis seo de ghnáth i samhail airgeadais trí bhoinn tuisceana a bhaineann le hathruithe praghas a thógáil sa tsamhail.

17.41 Agus an PSB á fhorbairt, thiomhdigh an tSeirbhís Chúirteanna go méadóidh na heilimint chostais atarlaithe 4% i bpraghas i mbliain, ar bhonn go leanfadh boilsciú seirbhísí sa gheilleagar ar aghaidh ag na leibhéil reatha in imeacht shaolré an tionscadail. Cuireadh rátaí eile fáis i bhfeidhm ar roinnt eilimintí costais atarlaithe, mar a léirítear i Fíor 63.

Fíor 63 Ráta Ardaithe Toimhdithe i gcostais atarlaithe in imeacht shaolré an tionscadail

Eilimint Costais Atarlaithe	NPV fortheilgthe	Ardú Costais Atarlaithe Toimhdithe
	€m	%
Slándáil	89	4
Cothabháil Bhliantúil	54	4
Athsholáthar Trosacán	23	5
Fuinneamh, Fónais	7	4
Glanadh	15	4
Athsholáthar crua-earraí	8	3.5
Costais reatha IT	20	5
Costais Atarlaithe eile	16	4
Iomlán na gCostais Atarlaithe	232	4

17.42 Áiríodh ar an tsamhail PSB toimhde go mbeadh an ráta fadtéarmach de bhoilsciú phraghas ginearálta mar a ríomh an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí (CPI), 2% in aghaidh na bliana in imeacht shaolré an tionscadail, bunaithe ar an sprioc fadtéarmach do bhoilsciú phraghsanna do thomhaltóirí socraithe ag an ECB. Thoisigh an t-ardú teilgthe 4% go héifeachtach, mar sin, go n-ardódh costais atarlaithe na Seirbhíse Chúirteanna ag lamháil de 2% thar CPI.

17.43 Léiríonn sonraí sraithe ama na Príomh-Oifige Staidrimh gur ardaigh costas na seirbhísí sa gheilleagar níos tapa ná an CPI go ginearálta ar feadh tréimhse ama fada roimh a cuireadh an PSB le chéile. Idir 1994 agus 2004, d'ardaigh an CPI foriomlán ag ráta díreach os cionn 3% ar an meán in aghaidh na bliana, agus d'ardaigh eilimint sheirbhísí na CPI 4% ar an meán in aghaidh na bliana. Tugann sé sin le tuiscint go raibh an difreálach fadtéarmach thart ar 1%. Bhí an difreálach stairiúil comhchosúil thar 20 bliain (ó 1984 go dtí 2004).

17.44 I bhfianaise na gluaiseachta fadtéarmach i bpraghsanna ábhartha, is cosúil go mbeadh sé réasúnta a mheas go leanfadh boilsciú seirbhísí ag 1% os cionn an CPI san fhadtéarma. I gcomhthéacs na samhla PSB do thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais, tugann sé sin le fios go mbeadh toimhde ardaithe bhliantúil de 3% do chostais atarlaithe ag teacht leis an meán-ardú CPI toimhdithe de 2% in aghaidh na bliana. Is é an toradh a bheadh le toimhde 3% ná costas binsemharc teilgthe don tionscadal de thart ar €403 milliún i dtéarmaí NPV, seachas an €436 milliún teilgthe bunaithe ar an toimhde 4%.

17.45 San athbhreithniú ar an tsamhail PSB, scrúdaigh an NDFA íogaireacht an chostais bhinsemharc teilgthe maidir leis na toimhdithe a rinneadh i ndáil le costais atarlaithe. Fuarthas amach dá dtoimhdeodh na costais atarlaithe ardú ag an ráta ceanna leis an CPI (i.e. 2% in aghaidh na bliana), go mbeadh costas teilgthe sholáthar traidisiúnta thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais €377 milliún i dtéarmaí NPV i.e. thart ar €59 milliún (14%) faoin fhiigiúr binsemharc de €436 bunaithe ar thoisigh 4%.

17.46 Luaigh an tSeirbhís Chúirteanna agus an NDFA gur mheas siad an meán-ardú 4% in aghaidh na bliana toimhdithe i gcostais atarlaithe a úsáideadh sa tsamhail PSB a bheith cuí. Mar thacaíocht ar a ndearcadh luaigh siad:

- Go raibh boilsciú seirbhísí sa bhliain go dtí Meán Fómhair 2005 3.9%.
- Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí in iúl in Aibreán 2003 gur ardaigh costais thógála agus chothabhála 4.2% in 2002, agus bhíodas ag súil go mbeidís 4% in 2003.

- Tá comhpháirt fhostaíochta earnála poiblí ard ag eilimintí costais atarlaithe. D'ardaigh meánthuarastal na hearnála poiblí 8.5% idir 2003 agus 2004, agus tháinig meánardú de 5.35% in aghaidh na bliana air thar na tréimhse 1988 go dtí 2004.
- Bhí CPI iarbhair go stairiúil os cionn an 2% sprioc fadtéarmach. Bíonn ráta ag nó níos mó ná an 4% a úsáideadh san anailís PSB nuair a chuirtear an difreálach de 1% leis an ráta treochta fadtéarmach do thorthaí CPI.
- Faoi sholáthar traidisiúnta mar a léirítear san anailís PSB, luíonn an riosca boilscithe iomlán leis an tSeirbhís Chúirteanna lena n-áirítear aon difreálach idir CPI agus an boilsciú iarbhair.

Measúnú ar Anailís ar Bhinsemharc na hEarnála Poiblí

D'fhorbair an tSeirbhís Chúirteanna costas tagartha trí Thagarmharc na hEarnála Poiblí (PSB) do Thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais. Áiríodh ar an tsamhail bhunúsach na gnéithe riachtanacha go léir, agus léirigh sí scóp an tionscadail ar iarradh ar chomhpháirtithe ionchasacha san earnáil phríobháideach tairiscint a chur isteach ina leith.

Caitear an PSB a fhorbairt bunaithe ar shraith toimhdí faoi imeachtaí éiginnte sa todhchaí. Tá toimhdí áirithe níos tábhachtaí ná a chéile de bharr go mbíonn éifeacht shuntasach acu ar an gcostas tagartha teilgte. D'fhoill aird a thabhairt air sin, teastaíonn anailís íogaireachta chun na toimhdí is suntasaí a aithint agus chun an éifeacht a mbeadh acu ó thaobh airgeadais de a chur san áireamh sa chinneadh críochnaitheach.

Bhí costas tagartha na hearnála poiblí de thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais an-íogaireach maidir leis an toimhde a rinneadh faoin ráta ag a n-ardódh costais athfhillteacha. Rinne an NDFA tagairt d'íogaireacht an teilgin costais maidir leis an toimhde sin ina thuarascáil ar an PSB.

Ar deireadh, ghlac costas tagartha na hearnála poiblí de thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais leis go dtiocfadh ardú de 4% in aghaidh na bliana ar an meán ar formhór na ngnéithe costais athfhillteacha.

Mar fhreagra ar mo cheist faoi cibé an mbeadh toimhde d'ardú boilscithe de 3% in aghaidh na bliana níos iomchuí — rud a chuimseodh an t-ardú CPI 2% a nglactar leis móide corrlach 1% don difríocht fadtéarmach idir boilsciú CPI agus seirbhísí — dúirt an tSeirbhís Chúirteanna gur thug roinnt treochtaí gearrthéarmacha ráta níos airde le tuiscint agus gur sháraigh an t-ardú CPI 2% go stairiúil.

I ndiaidh tionscadal na gCúirteanna Breithiúnais a mheas, d'eisigh an Roinn Airgeadais treoir bhreise i ndáil le PSB a chur le chéile do thionscadal PPP. Chuir an treoir sin béim ar an tábhacht a bhaineann le hanailís íogaireachta a dhéanamh agus mhol sí gur chóir an deich luach is íogairí sa PSB a aithint agus a thaifeadh i gcáipéisíocht an PSB.

An Tairiscint is Fearr a Roghnú

17.47 Fógraíodh an moladh maidir le tionscadal na gCúirteanna Breithiúnais a fhorbairt trí PPP a fháil in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí Aibreáin 2005. Fuair an tSeirbhís Chúirteanna 11 aighneacht ó chomhpháirtithe ionchasacha san earnáil phríobháideach. Baineadh úsáid as próiseas réamh-cháilíochta lena fháil amach cé na hiarrthóirí a chomhlíon na bunriachtanais agus lena gcumas teicniúil agus a riocht airgeadais a mheas agus a rangú. Ag deireadh an phróisis sin, cuireadh trí chuibhreannas ar ghearrliosta. Eisíodh cuireadh chun tairisceana chuig an trí chuibhreannas i mí Mheán Fómhair 2005.

Critéir Meastóireachta a Roghnú agus a Ualú

17.48 Fuarthas an trí thairiscint i mí Feabhra 2006. Rinneadh measúnú orthu sin ar bhonn na ngnáthchritéir a úsáidtear chun tionscadail PPP a mheas, i.e.

- gnéithe deartha agus teicniúla an tionscadail, a chuimsigh 60% den scór meastóireachta
- gnéithe airgeadais an mhargaidh mholta, a chuimsigh 30% den scór agus
- gnéithe dlíthiúla, a chuimsigh 10% den scór.

17.49 Níl an treoir a d'eisigh an Roinn Airgeadais forordaitheach i ndáil leis na critéir atá le glacadh ná na hualaí coibhneasta atá le sannadh ar na critéir mheastóireachta. Maidir le Tionscadal na gCúirteanna Breithiúnais, bronnadh 30% den mhéid iomlán marcanna a bhí ar fáil sa mheastóireacht ar bhonn ghnéithe airgeadais an mhargaidh. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh éifeacht níos mó a bheith ag difríochtaí beaga sna tograí deartha agus teicniúla ná mar a bheadh ag difríochtaí móra ó thaobh costais. Thug an tSeirbhís Chúirteanna ar aird go bhfuil tithe cúirte ar an scála seo casta go teicniúil agus go raibh sé riachtanach cothromaíocht oiriúnach a fháil idir na critéir theicniúla agus na critéir airgeadais/dhlíthiúla sa chomhthéacs sin. Rinne an tSeirbhís Chúirteanna breithniú mionsonraithe ar an gceist agus measann sí gur thángthas ar chothromaíocht iomchuí, ina tuairimse.

17.50 Roghnaíodh cuibhreannas Babcock & Brown mar an tairisceoir ab fhearr ar bhonn scór comhcheangailte de 75% (as uasmhéid 100%) i gcomparáid le 70.8% agus 63.1% do na tairisceoirí eile. Fuair Babcock & Brown na scóranna ab airde don togra teicniúil agus (ar éigin) don togra costais.

17.51 Bhain aighneacht tairisceana Babcock & Brown le híocaíocht 'aonadach' de €17.9 milliún in aghaidh na bliana (ag praghsanna amhail dheireadh 2005) a íoc, le 44% den mhéid sin le hathrú ag teacht leis an CPI.

Míreanna a Bhaineann le Méid a Láimhseáil

17.52 Ina cuireadh chun tairisceana de mhí Meán Fómhair 2005, d'iarr an tSeirbhís Chúirteanna ar thairisceoirí tairiscintí le muirear aonadach molta a chur isteach chun soláthar agus cothabháil an fhoirgnimh agus raon seirbhísí oibríochtúla, lena n-áirítear slándáil foirgneamh, a chlúdú. D'iarr sí ar thairisceoirí a gcuid tograí costais do mhíreanna áirithe a bhaineann le méid a chur in iúl go leithleach. Ba iad na príomh-mhíreanna lena láimhseáil ar an tslí sin ná costais slándála i ndáil le haire a thabhairt do ghiúiréithe, fónais agus lónadóireacht do ghiúiréithe, breithiúnaigh agus príosúnaigh.

17.53 Cuirfear roinnt de na míreanna a bhaineann le méid (e.g. costais fónais) ar fáil ar bhonn na gcostas a dtabhaítear á gcur ar aghaidh chuig an tSeirbhís Chúirteanna ar bhonn ghnóthú costais. I gcásanna eile, iarradh ar na tairisceoirí tograí ar chostais aonaid a chur ar fáil. Mhol gach ceann de na tairisceoirí struchtúir éagsúla ó thaobh costas a ghearradh. Mar shampla, maidir le costais slándála d'aire a thabhairt do ghiúiréithe, mhol Babcock & Brown ráta idir €35 agus €65 in aghaidh na huair; mhol tairisceoir eile ráta de €27.50 in aghaidh na huair agus mhol an t-aon tairisceoir eile gnáthrata míosúil de €23,500. Neamhchosúil leis na tairisceoirí eile, mhol Babcock & Brown táille riaracháin agus láimhseála a ghearradh, chomh maith leis na muirir 'téigh trí' agus aonaid.

17.54 Níor tugadh na himpleachtaí costais féideartha maidir leis na míreanna a bhaineann le méid ar aird agus na tairiscintí á mheas, díriodh ar na tograí i ndáil le gné muirir aonadaigh an chonartha agus sin amháin.

17.55 D’ainneoin na struchtúir phraghais difriúla atá molta, dúirt an tSeirbhís Chúirteanna agus an NDFA gur ghnáth-chleachtas a bhí ann tairiscintí a mheas gan aird a thabhairt ar éifeacht mhíreanna a bhaineann le méid. Dúirt an tSeirbhís Chúirteanna leis go bhféadfadh sí an rogha a dhéanamh roimh thús gach bliana conartha freagracht a ghlacadh ar cheann amháin nó níos mó de na míreanna a bhaineann le méid, le héifeacht ó thús na bliana conartha sin.

Meastóireacht ar Chur Chuige Soláthair

17.56 Ní gá go gciallaíonn roghnú na dtairiscintí PPP is fearr go soláthraíonn an tairiscint bealach a thugann luach maith maidir leis an tionscadal a sholáthar. Faoi threoir líne na Roinne Airgeadais do thionscadail PPP, tá tástáil bhreise ar an tairiscint a n-éiríonn léi riachtanach sula n-ainmnítear an rogha tairisceoir PPP. Déanann an tástáil sin comparáid idir na teilgin chostais a fhaightear ón PSB (i.e. an costas soláthair traidisiúnta) agus togra costais an tairisceora roghnaithe, ar bhonn cosúlachtaí. Déantar coigeartuithe chun aird a thabhairt ar dhifríochtaí cánachais, ionas go dtabharfar aird ar an éifeacht iomlán don Státchiste maidir le rogha a dhéanamh idir soláthar traidisiúnta agus soláthar PPP.

17.57 Rinne an tSeirbhís Chúirteanna, le cúnamh ón NDFA, measúnú ar thogra chuibhreannas Babcock & Brown don chonradh PPP. Rinneadh coigeartú ar thorthaí shamhail an PSB chun costais na míreanna a bhaineann le méid a eisiamh, agus chun aird a thabhairt ar éifeachtaí cánachais. Thug an anailís a d’eascair as sin le tuiscint go gcosnódh togra tairisceana Babcock & Brown €302 milliún teilgthe (i dtéarmaí NPV), i gcomparáid le costas teilgthe €328 milliún (NPV) do soláthar traidisiúnta — difríocht de thart ar 8%. Ar an mbonn sin, tháinig an tSeirbhís Chúirteanna agus an NDFA go dtabharfadh togra Babcock & Brown luach níos fearr ná mar a thabharfadh soláthar an tionscadail trí mhodh traidisiúnta.

Measúnú ar Mheastóireacht na dTairiscintí Tairisceana

Rinne an tSeirbhís Chúirteanna meastóireacht ar na tairiscintí a fuarthas ag teacht leis na critéir mheastóireachta a leag sí amach, agus tháinig sí ar an gconclúid gurb é togra Babcock & Brown an ceann ab fhearr as na tairiscintí a fuarthas. Níor thug meastóireacht ar na tograí tairisceana aird ar na costais ionchasacha a bheadh i gceist le míreanna a bhaineann le méid.

Rinne an tSeirbhís Chúirteanna, le cúnamh ón NDFA, comparáid idir costas teilgthe thogra PPP Babcock & Brown agus costas teilgthe an tionscadail a sholáthar trí mhodh traidisiúnta, de réir mar a éilíonn treoir línte na Roinne Airgeadais do thionscadail PPP.

Thug an chuid roimhe seo faoi mheastóireacht an PSB ar aird go mb’fhéidir go mbeadh boilsceoir níos ísle do chostais athfhillteacha níos iomchuí ach ní aontaíonn an tSeirbhís Chúirteanna ná an NDFA leis sin. Mar sin féin, ní bheadh tionchar ag éifeacht airgeadais aon choigeartaithe ar bhailíocht an chinneadh chun an tairisceoir roghnaithe a cheapadh.

Dúirt an tSeirbhís Chúirteanna agus an NDFA gur gnáth-chleachtas é measúnú a dhéanamh ar thairiscintí gan aird a thabhairt ar éifeacht mhíreanna a bhaineann le méid. Sa chás go mbíonn éagsúlacht i measc na bpraghsanna aonaid do sheirbhísí suntasacha a mbíonn éileamh orthu idir na tograí, bíonn an baol ann go bhféadfadh an toradh a bheith suntasach ó thaobh airgeadais. B’fhearr tionchar airgeadais chostas na míreanna a bhaineann le méid a chur san áireamh agus rogha idir na tairiscintí a dhéanamh. Ba chóir torthaí na hanailíse sin a thástáil le haghaidh íogaireachta ó thaobh éagsúlachta sna toimhdí faoi mhéideanna seirbhíse riachtanacha.

Idirbheartaíocht i leith an Mhargaidh Chríochnaitheach

17.58 Tar éis an tairisceoir roghnaithe a ainmniú, ní mór don urraitheoir conartha agus don chomhpháirtí san earnáil phríobháideach an conradh PPP a chomhaontú eatarthu.

17.59 Nuair a roghnaíodh Babcock & Brown mar an tairisceoir roghnaithe i mí Bealtaine 2006, samhlaíodh go mbronnfaí an conradh faoi mhí Iúil 2006. Críochnaíodh an margadh ar deireadh i mí Aibreáin 2007. Dúirt an tSeirbhís Chúirteanna gur idirbheartaíocht dian agus fada a bhí ann agus gur theastaigh tuilleadh ama chun na saincheistanna casta dlíthiúla, teicniúla agus airgeadais a bhí amuigh a phlé agus chun teacht ar chomhaontú maidir leo.

17.60 Chomhaontaigh an tSeirbhís Chúirteanna arduithe áirithe i leith costas sa chéim idirbheartaíochta. Ba é éifeacht chomhcheangailte na n-athruithe gur tháinig ardú ar an muirear aonadach atá iníoctha le Babcock & Brown ó €17.9 milliún in aghaidh na bliana (ag praghsanna amhail dheireadh 2005) go dtí €19.1 milliún ag praghsanna amhail mhí Aibreáin 2007 — ardú 6.7% ar chostas an togra.

17.61 Bhain níos mó ná leath den ardú comhaontaithe ar an muirear aonadach le himeacht ama, as a lean costas ardaithe sna réimsí seo a leanas:

- Comhaontaíodh ardú €600,000 in aghaidh na bliana ar an muirear aonadach chun athruithe ar rátaí úis idir dáta an tairisceana agus an dáta ar comhaontaíodh an conradh a léiriú.
- Comhaontaíodh ardú thart ar €240,000 (1.35%) chun aird a thabhairt ar bhoilsciú ón am a chuaigh tréimhse bailíochta phraghas an tairisceana in éag go dtí mí Aibreáin 2007.

17.62 Is gnáthrud é arduithe costais mar sin a bheith i gceist le tionscadail PPP. Is gnách don Stát an riosca arduithe ar úis a ghlacadh go dtí go gcuirtear cúrsaí airgid i gcrích, agus is gnách go roinntear riosca boilscithe.⁵⁸ Bheadh tionchar ag costais bhreise de bharr imeacht ama ar na tairiscintí go léir agus d'éileodh siad arduithe ar an muirear aonadach molta beag beann ar an tairiscint a nglacfaí léi.

17.63 Bhain an chuid eile den ardú ar an muirear aonadach le hathruithe ar chostais foirgníochta, deartha agus oibríochta. Bhí roinnt lagduithe beaga fritháirithe ar chostais ann chomh maith.

- Comhaontaíodh arduithe ar chostas foirgníochta arbh fhiú €4.3 milliún i dtéarmaí NPV iad le Babcock & Brown chun aird a thabhairt ar mhéid an urláir a mhéadú faoi 422 méadar cearnach agus ar athruithe ar rialacháin thógála i mí Bealtaine 2006. Tháinig ardú thart ar €280,000 in aghaidh na bliana ar an muirear aonadach chun aird a thabhairt air sin.
- Comhaontaíodh arduithe €250,000 in aghaidh na bliana ar chostas oibríochtúil chomh maith, go príomhúil le haghaidh ardú ar an bhfoireann slándála agus ar na huaireanta oibríochta a mheas Babcock & Brown a bhí riachtanach chun an tseirbhís riachtanach a sheachadadh. Mar thoradh air sin tháinig ardú ar chostas thogra Babcock & Brown a bhí comhionann le €5.2 milliún i dtéarmaí NPV.

17.64 Is é tuairim na Seirbhíse Chúirteanna gur cuireadh luach breise leis an togra bunaigh mar thoradh ar na costais ardaithe foirgníochta, deartha agus oibríochta. Dúirt an tSeirbhís Chúirteanna go raibh riachtanas ann an tairiscint a optamú lena chinntiú go bhfaigheadh an Stát gach a raibh uaidh. Níor chomhlíon ceann ar bith de na trí tairiscintí 100% den sonraíocht a bhí fíor-chasta. Ba í

⁵⁸ De ghnáth éilítear ar thairisceoirí a bpraghas tairisceana a choimeád ar feadh tréimhse shocráithe (e.g. trí mhí), chun am a thabhairt na tairiscintí a mheas. Nuair a théann an tréimhse shocráithe sin in éag, glacann páirtí an Stáit an riosca a bhaineann le harduithe praghas air féin go dtí go gcuirtear cúrsaí airgid i gcrích.

an tairiscint roghnaithe an ceann ba ghiorra ach fós féin b'éigean í a optamú tríd an bpróiseas idirbheartaíochta.

17.65 Maidir leis na harduithe comhaontaithe le haghaidh costas slándála, tá sé ráite ag an tSeirbhís Chúirteanna go ndearna cuibhreannas Babcock & Brown gannmheas ar an ionchur acmhainní a theastaigh chun na riachtanais slándála a chomhlíonadh do choimpléasc na gCúirteanna Breithiúnais. Sna hidirbheartaíochtaí faoin margadh, rinne an tSeirbhís Chúirteanna comhaontú ar íocaíocht ardaithe le cur leis an gcostas maidir leis na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil. Bhí sí airdeallach, cé go raibh sí ag iarraidh an tseirbhís a eisfhoinsiú, nach bhféadfadh sí an riosca ó thaobh clú a d'eascródh as cliseadh slándála suntasach go luath sa chéim oibríochta a eisfhoinsiú. Cé gur shocraigh siad toradh a dhéanann soláthar d'ardú beag breise ar íocaíocht an Stáit, choimeád Babcock & Brown freagracht as acmhainní dóthanacha a chur ar fáil chun sonraíocht slándála an chonartha a chomhlíonadh.

17.66 Le linn na meastóireachta ar na tairiscintí, bhí sé tugtha ar aird ag an bhfoireann meastóireachta gur dhealraigh sé go raibh na hacmhainní i gcomhair slándála a mhol Babcock & Brown íseal, ach ní dhearnadh coigeartú costais chun soláthar a dhéanamh d'acmhainní méadaithe ag an bpointe sin. Cé go n-athródh coigeartú den sórt sin cuid de na scóranna sa mheastóireacht, níor dócha go n-ainmneofaí tairisceoir eile mar an tairisceoir roghnaithe mar thoradh air sin.

17.67 Ní raibh comhaontú déanta le Babcock & Brown i ndáil leis na míreanna a bhaineann le méid an trátha a síníodh an Conradh ar na gnéithe íocaíochta aonadacha. Ag deireadh mhí Iúil 2009, ní raibh comhaontú déanta maidir leis an struchtúr chun muirir a ghearradh. Chuir an tSeirbhís Chúirteanna in iúl dom gur tionóladh díospóireacht mhionsonraithe i ndáil le sonraíocht agus praghas agus thug sí le tuiscint go dtiocfáí ar chomhaontú faoi mhí Mheán Fómhair 2009.

Measúnú ar Idirbheartaíocht an Chonartha

Thóg idirbheartaíocht an chonartha leis an tairisceoir roghnaithe níos faide ná mar a ceapadh. Ag deireadh an phróisis, bhí comhaontú déanta ag an tSeirbhís Chúirteanna arduithe a chur ar mhéid an mhuirir aonadaigh a bhain le boilsciú agus ráta úis, agus roinnt athruithe tionscadail. Is dócha go mbeadh formhór na n-athruithe fós ag teastáil dá mbeadh idirbheartaíocht á déanamh ag an tSeirbhís Chúirteanna le ceann ar bith de na tearc-thairisceoirí.

Meastóireacht Chríochnaithe ar an Margadh PPP

17.68 Éilíonn treoirilínte na Roinne Airgeadais go ndéantar meastóireacht chríochnaitheach ar mhargadh PPP molta tar éis chur i gcrích idirbheartaíocht na mionsonraí conartha, agus sula sínítear an Conradh. Chuir an tSeirbhís Chúirteanna, i gcomhar lena gcomhairleoirí, tuarascáil shuntasach le chéile ar raon gnéithe den mhargadh sular síníodh an Conradh i mí Aibreáin 2007. Bhí meastóireacht bhreise ar an margadh ina fhoirm idirbheartaithe déanta ag an NDFA san áireamh sa tuarascáil sin.

17.69 Bhí meastóireacht an NDFA bunaithe ar uasghrádú ar an meastóireacht a rinneadh an tráth ar roghnaíodh an tairisceoir roghnaithe, nuair a cuireadh tairiscint tairisceana Babcock & Brown i gcomparáid le costas teilgte an tionscadail a fháil trí mhodh traidisiúnta. Thug torthaí anailís an NDFA le tuiscint go mbeadh costas teilgte an mhargaidh PPP chríochnaitheach thart ar 6% níos lú ná an costas soláthair traidisiúnta. Léiríonn an laghdú sa difreálach measta (ó 8% go dtí 6%) tionchar na n-arduithe costais le linn na tréimhse idirbheartaíochta.

17.70 Mar seo a leanas a bhí an achoimre a thug an NDFA ar an margadh ‘... bunaithe ar mheastóireacht ar chostais airgeadais agus ar na buntáistí a bhaineann le gach rogha, is ionann an rogha PPP agus luach níos fearr don eardáil phoiblí. Chomh maith leis sin, tugann measúnú

cáilíochtúil ar na buntáistí ginearálta atá le fáil as na Cúirteanna Breithiúnais nua gurb é an rogha PPP an ceann is fearr is féidir na buntáistí sin a chur ar fáil’.

Measúnú ar Mheastóireacht Chríochnaitheach ar an Margadh

Rinneadh an meastóireacht chríochnaitheach ar an margadh a thairig Babcock & Brown trí na ríomhaireachtaí tástála a rinneadh níos luaithe a choigeartú chun na coigeartuithe a comhaontaíodh i rith an phróisis idirbheartaíochta a chur san áireamh. Thángthas ar an gconclúid go dtabharfadh an margadh PPP luach níos fearr ná soláthar trí mhodh traidisiúnta. Níor fhiosraigh an anailís íogaireacht na dtorthaí i leith na dtoimhdí a bhí déanta.

Conclúidí Foriomlána

An tSeirbhís Chúirteanna

Tríd is tríd, chomhlíon an próiseas meastóireachta a lean an tSeirbhís Chúirteanna i ndáil le tionscadal PPP na gCúirteanna Breithiúnais a sholáthar treoirlínte ábhartha na Roinne Airgeadais.

Rinneadh an cinneadh chun tionscadal na gCúirteanna Breithiúnais a sholáthar trí PPP nuair nach raibh soláthar traidisiúnta ina rogha inmharthana de bharr easpa buiséid aitheantais.

Braitheann an méid a bhainfear luach ar airgead amach in oibríocht Thionscadal na gCúirteanna Breithiúnais amach anseo ar na nithe seo a leanas

- an méid éifeachtúlachtaí a bhainfear amach agus gnó cúirte coiriúla á reáchtáil tríd an infrastruchtúr nua
- bainistiú gníomhach ar chostas mhíreanna a bhaineann le méid trí thástáil thréimhsiúil ar an margadh agus tríd an éileamh gaolmhar a rialú.

Ina theannta sin, beidh gá leis an gcoigealtas teilgthe de €22 milliún a réadú.

Bheadh sé iomchuí don tSeirbhís Chúirteanna athbhreithniú a dhéanamh orthu sin tar éis tréimhse réasúnta.

Saincheisteanna ar fud an Chórais

Tá dul chun cinn déanta ar na nósanna imeachta chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí PPP le blianta beaga anuas de bharr treoir mhionsonraithe a d’eisigh an Roinn Airgeadais agus tríd an soláthar d’ionchur teicniúil ón NDFA. D’fhéadfadh sé gur fiú machnamh a dhéanamh ar threoir bhreise i roinnt réimsí.

Meastóireacht ar Chás Gnó do Thionscadal Molta

Agus rogha a dhéanamh idir roghanna tá sé inmhianaithe buntáistí a chainníochtú a mhéid agus is féidir. Go ginearálta, d’fheabhsófaí measúnú dá ríomhaí aon ghnóthachán in éifeachtúlacht a bhaineann leis na próisis ghnó athbhreithnithe a éascaíonn gach rogha.

Tríd is tríd, ba chóir d'aon chás gnó

- na héifeachtúlachtaí gur féidir a réadú faoi na roghanna tionscadail éagsúla a aithint agus a chainníochtú a mgéid agus is féidir, lena n-áirítear arduithe ionchais ar aschur, laghduithe ar chostas aonaid aschur, caighdeán seirbhíse feabhsaithe nó tréimhse feithimh laghdaithe
- buntáistí ionchais eile a leagan amach ar shlí cáilíochtúil
- an rogha is fearr a roghnú bunaithe ar chomparáid idir glan-bhuntáistí gnó.

Meastóireacht ar an gCur Chuige Soláthair

Is é an rud is tábhachtaí maidir le seirbhís a shuíomh d'fhonn a chinneadh cibé an dtabharfaidh cur chuige PPP an luach is fearr ná costas tagartha earnála poiblí iontaofa agus cruinn a chur le chéile, chun críocha comparáide.

Níos mó agus níos mó, tá seirbhísí mar chothabháil foirgneamh, slándáil agus glanadh, á soláthar faoi chonradh ó sholáthróirí san earnáil phríobháideach, seachas trí fhostaíocht díreach. Chomh maith leis sin, táthar ag baint níos mó agus níos mó úsáide as conarthaí ar phraghas seasta, conarthaí a aistríonn rioscaí foirgníochta go dtí an soláthróir, chun foirgnimh agus infrastruchtúr a sholáthar. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na treochtaí sin ar chostas tagartha réadúil a thógáil agus ar an méid a ardóidh an costas sin in imeacht ama. D'fhéadfadh sé gur anois an t-am chun machnamh a dhéanamh ar thionchar na n-athruithe sin do shamhaltú PSB.

Cé go n-aithnítear luach na cinnteachta a thugann figiúir thagarmhairc amháin, d'fhéadfadh sé gur fiú a fhiosrú cibé arbh fhearr raon costais tagarmhairc teilgte a chur i láthair, seachas luach costais tagartha amháin d'fhonn léiriú ceart a thabhairt ar an éiginnteacht dúchasach a bhíonn i gceist sa phróiseas. Ba chóir go gcabhródh an méid a dhéantar leasuithe ar an PSB mar thoradh ar éagsúlú na luachanna toimhdithe a bhaineann le cásanna dóchúlacha an raon a leagan amach.

Ba bhuntáiste an chur chuige sin é a rá go soiléir nuair is léir gur fearr rogha soláthair ar leith ar fhorais costais, i gcomparáid le cásanna inar chóir scrúdú breise a dhéanamh sula roghnaítear an cur chuige soláthair i gcásanna imeallacha. Sna cásanna sin, ba chóir fachtóirí cáilíochta a mheá go cúramach agus an cinneadh críochnaitheach á dhéanamh.

Aithnítear, d'fhonn athrú den sórt sin a chur i bhfeidhm, go mbeadh gá le treoir bhreise ar an tslí go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir costas molta mhargadh PPP agus raon costais teilgte den sórt sin, lena n-áirítear an tslí go bhféadfaí an raon a leagan amach.

Caibidil 18 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Mapáil Dhigiteach san Údarás um Chlárú Maoine

Mapáil Dhigiteach

18.1 Is é an tÚdarás Clárúcháin Maoine (PRA) atá freagrach as bainistiú agus rialú an chláir talún sa Stát. I mBaile Átha Cliath atá an ceanncheathrú aige agus tá oifigí díláraithe aige i bPort Láirge agus i Ros Comáin. Déantar próiseáil inmheánach cásoibre a sheoladh go díreach isteach ar chlár leictreonach. Féadann custaiméirí an Údaráis Clárúcháin Maoine leas a bhaint as roinnt seirbhísí go leictreonach. In 2008, rinneadh timpeall 42% de na hiarratais ar fad ar chlárú a thaisceadh go leictreonach.

Clárú Leictreonach

Is é is Clárú Leictreonach a bhfuil i gceist nuair a thaisctear doiciméid i bhformáid leictreonach amháin agus go ndéantar na clárúcháin uile ar chlár leictreonach. Maidir leis na doiciméid, féadfaidh gur doiciméid leictreonacha iad atá sínithe go digiteach, nó teoracha nó iarratais arna bhfáil i dtimpeallacht shlán teachtaireachtaí nó leaganacha scanta de dhoiciméid pháipéir.

18.2 Tháinig ioncam €57 milliún ó tháillí le haghaidh clárúcháin i gClárlann na Talún in 2008. Thairis sin, is trí thairseach leictreonach⁵⁹ a dhéantar beagnach 100% den iniúchadh ar dhoiciméid agus iarrataí ar chóipeanna de Thaifid Chlárlainne Talún. Ar na seirbhísí sin atá luaite, seirbhísí a ghin ioncam €4.2 milliún ó tháillí in 2008, áirítear iarratais ar líne ar chóipfhóiliúna deimhnithe, ar phleananna comhdaithe⁶⁰, ar chóip-ionstraimí deimhnithe, ar iniúchtaí fóilió agus cuardaigh innéacsanna. Is idirbhearta iad seo a ngabhann táille íseal leo i láthair na huaire, ach tá líon mór acu ann.

18.3 Clár ríomhairiúcháin lena seachadtar seirbhísí ar líne chun ‘clárú teidil leictreonach’ a thabhairt i gcrích, sin é cion an Údaráis Clárúcháin Maoine i dtaca le tionscadal náisiúnta Ríomhthíolactha a thabhairt i gcrích. Tá an tÚdarás, mar chuid de sin, ag gabháil do chóras mapála digítí a rolláil amach. Tiocfaidh an clár mapála ann in ionad léarscáileanna páipéir (timpeall 32,000 leathán léarscáile in bhfuil timpeall 2.5 mhilliún dáileacht talún). Ar an tionscadal sin a thabhairt i gcrích, beidh gach aon ghné den chlár talún ar seilbh i bhformáid leictreonach. Is gá an léarscáil leictreonach a chomhlánú go hiomlán sula mbeidh clárú leictreonach ann. I mí Iúil 1999 a cuireadh tús leis an gcéad chéim den mhórsheoladh ríomhairiúcháin agus é mar aidhm aige faisnéis chlárúcháin talún a thabhairt bonn ar bhonn leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Is é a bhí i gceist leis an gclár taifid pháipéir stairiúla a ghabhann siar timpeall 110 bliain a thiontú go formáid leictreonach. I ndeireadh thiar, rinneadh breis agus 6.4 mhilliún leathanach de thaifid stairiúla a scanadh go córasach, a innéacsú agus a fhoilsiú ar an Idirlíon.

18.4 Is é an tionscadal Mapála Digítí an chéim dheiridh den trasdul ó chlár páipéarbhunaithe go dtí clár náisiúnta úinéireachta maoine uileleictreonach ina soláthraítear faisnéis théacsúil, faisnéis thíreolaíoch agus faisnéis innéacsúil. Leis an bpróiseas sin is amhlaidh a éascófar forbairtí breise i réimse an chlárúcháin leictreonaigh agus an tíolactha leictreonaigh a thacóidh le seirbhísí a bhaineann le seirbhísí a bhaineann le maoine a chomhtháthú tuilleadh sa todhchaí.

18.5 Tá feabhas curtha ar stádas rochtana ar líne ar fhaisnéis agus seirbhísí an Údaráis Clárúcháin maoine le deich mbliana anuas trí na tionscnaimh atá leagtha amach i Fíor 64.

⁵⁹ www.landirect.ie

⁶⁰ Is é is plean comhdaithe sliocht oifigiúil as Léarscáil Chlárlann na Talún, ina dtaispeántar dáileacht amháin nó níos mó is ábhar teidil áirithe.

Fíor 64 Forbairtí Seirbhíse

Bliain	An Córas a Forbraíodh	Feidhm na gCóras
1999	Córas Comhtháite Faisnéise faoi Clárú Teideal (ITRIS)	Clár leictreonach teideal
1999	Seirbhís Rochtana Leictreonaí (EAS)	Rochtain ag Custaiméirí ar bhunachar sonraí fóiliónna ríomhairithe
2002	Tionscadal Íomháithe	Scanadh, innéacsú agus foilsiú breis agus 6 mhilliún taifead páipéar lena rochtain ar line
2002	Iarratas leictreonach ar chlárú teidil ar line	Féadann custaiméirí iarratas a dhéanamh ar chlárú teidil ar line
2006	www.landdirect.ie	An tSeirbhís Rochtana Leictreonaí feabhsaíthe le feidhmeanna breise atá bunaithe ar léarscáil dhigiteach nua an Údaráis Clárúcháin Maoine
2009	Ríomh-Urscaoiltí	Ceadaíonn sé ualaigh chlárúithe a urscaoileadh go leictreonach

Tíolacadh Leictreonach

In 2006, d'fhoilsigh gnólacht comhairleachta, *Bearing Point*, tuarascáil i dtaobh staid ullmhachta na bpáirtithe éagsúla amhail gníomhairí eastáit, aturnaetha, forais airgeadais, forbróirí maoine, gníomhairí cuardaigh dlí, suirbhéirí, na Coimisinéirí Ioncaim, Clárlann na Talún, Clárlann na nGníomhas, na húdaráis áitiúla agus an tSeirbhís Chúirteanna le haghaidh seoladh córais tíolachta leictreonaigh in Éirinn. An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i bpáirt le chéile a rinne an tuarascáil sin a choimisiúnú agus, ó shin i leith, bhí sé mar bheartas oifigiúil ag an Rialtas córas mar sin a thabhairt isteach. Is gá gur de réir a chéile a thabharfar aon chóras den sórt sin isteach agus aithníodh sa tuarascáil i leith na dtionscadal ar fad a rinne an tÚdarás Clárúcháin Maoine a ghlacadh ar láimh go dtí seo gur bloic thógála an-tábhachtach ba ea iad.

Cás Gnó agus Buiséad

18.6 Rinne an tÚdarás Clárúcháin Maoine, agus í ag ullmhú don tionscadal mapála digití, cuideachta idirnáisiúnta a fhostú ar cuideachta í a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí geospásúla chun cuidiú le cás gnó a ullmhú le haghaidh cláir mapála digití. Chríochnaigh sí a cuid oibre in 2005. Cuireadh cás gnó faoi bhráid na Roinne Airgeadais agus cheadaigh an Roinn sin an tionscadal.

18.7 €28.1 milliún an buiséad bunaidh an bhí ann don tionscadal. B'ionann agus €19.5 milliún an caiteachas anall dtí 31 Bealtaine 2009. Tá réamhmheastachán déanta ag an Údarás Clárúcháin Maoine gur €26.25 a bheidh sa chostas foriomlán. Tá miondealú ar chaiteachas an tionscadail leagtha amach i Fíor 65.

Fíor 65 Caiteachas an Tionscadail

Eilimint Tionscadail		Caiteachas go dtí seo	Caiteachas Measta as seo go dtí go gcríochnófar é	Caiteachas Réamh- mheasta Iomlán ar é a chríochnú
		€m	€m	€m
Reatha	Cóipcheart OSi	6.68	2.34	9.02
	Geo-Eolaire An Post	0.25	0.14	0.39
	Cothabháil	0.76	0.48	1.24
Caipitiúil	Forbairt an Chórais DMAPS agus Ceapadh Sonraí	7.33	1.47	8.80
	Ceadúnais OSi	4.50	2.30	6.80
Iomlán		19.52	6.73	26.25

Rioscaí an Tionscadail

18.8 Tá rioscaí nach beag ag gabháil le mórtionscadail e-rialtais a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Is mórtionscnamh é an tionscadal Mapála Digití a athraíonn an dóigh ina ndéanann an tÚdarás Clárúcháin Maoine a ghnó agus is gá ardleibhéal bainistíochta tionscadail chuige d'fhonn seachadadh rathúil a chinntiú, é sin agus freisin an córas nua a chomhghreamú le heilimintí eile den tseirbhís.

Béim an Iniúchta

D'fhéach an t-iniúchadh leis an tionscadal a athbhreithniú agus deimhniú a lorg ón Oifigeach Cuntasóireachta

- go raibh na socruithe conraitheoireachta leordhóthanach
- go bhfuil an tionscadal de réir an scála ama agus de réir an bhuiséid
- go bhfuil na léarscáileanna digitithe a táirgeadh go dtí seo ar ardchaighdeán
- go bhfuil na gnóthachtálacha táirgiúlachta a bhfuil súil leo á mbaint amach
- go bhfuil an tionscadal ar an gconair cheart le cur le gluaiseacht fhoriomlán an Údaráis Clárúcháin Maoine i dtreo an tíolachta leictreonaigh
- go bhfuil na socruithe slándála sách maith chun sláine bhunachar sonraí na léarscáileanna leictreonacha a chosaint.

Chomh maith leis sin, lorgaíodh tuairimí an Oifigigh Cuntasóireachta i dtaobh an dóigh a rabhtas ag díriú ar na mór-rioscaí a bhaineann le tionscadail ríomhrialtais i dtaca le forbairt an tionscadail Mapála Digití, lena n-áirítear

- an riosca nach ndíreoidh an fhorbairt ar riachtanais aitheanta
- an riosca gur beag baint agus glacadh a bheidh ag úsáideoirí leis
- an riosca go bhfaighidh tairiscintí níos costéifeachtaí an ceann is fearr ar an réiteach teicniúil
- go mbeifear ag brath an iomarca ar fhoinsí seachtracha sna céimeanna forbartha agus seachadta agus gur lú acmhainn inmheánach a bheidh ann dá réir.

Fáil agus Conraitheoireacht

18.9 Is é a bhí i gceist leis an tionscadal Mapála Digití conrú le haghaidh na seirbhísí éagsúla atá ag teastáil lena n-áirítear

- seirbhísí forbartha, cuir i ngníomh, comhtháthaithe agus tacaíochta le haghaidh córais mapála digití (Conradh 1)
- seirbhísí i dtaca le digitiú, ceapadh sonraí agus tiontú (Conradh 2)
- léarscáileanna digiteacha a sholáthar agus a cheadúnú (Conradh 3)
- rochtain ar bhunachar sonraí Geo-eolaire⁶¹ ar a bhfuil seoltaí agus geochóid⁶² (Conradh 4)

18.10 D'athbhreithnigh an t-iniúchadh an próiseas fála i ndáil leis na ceithre chonradh d'fhonn a fháil amach ar chomhlíon siad nósanna imeachta fála rialtais agus AE. Mar seo a leanas a bhí na torthaí

- Cuireadh Conarthaí 1 agus 2 i gcrích trí phróiseas tairisceana teoranta agus céim réamhcháiliúcháin ag gabháil leis. Dámhadh gach conradh ar bhonn na tairisceana ba bhuntáistí ó thaobh na tósachta de. Baineadh leas as Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus as láithreán gréasáin na ríomhthairiscintí d'fhonn teacht ar léiriú spéise.

⁶¹ Sa gheo-eolaire, arna tháirgeadh i gcomhpháirt ag *An Post* agus an OSi soláthraítear bunachar sonraí iomlán ar gach aon fhoirgneamh in Éirinn a bhfuil seoladh poist aige. Tá leas á bhaint ag an Údarás Clárúcháin Maoine as bunachar sonraí an gheo-eolaire mar ghasaitéar i dtaca lena thaifead léarscáile digití nua.

⁶² Is é atá sa gheochód aitheantóir uathúil ocht ndigit a shonraíonn gach aon seoladh sa Gheo-Eolaire.

- Dámhadh Conradh 1 ar chuideachta in Cambridge, RA, agus roinnt eilimintí fochonraithe chuig cuideachtaí i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus in Albain. Dámhadh Conradh 2 ar *Landmark* – cuideachta in Exeter, RA agus roinnt eilimintí fochonraithe chuig cuideachta san India agus i gCorcaigh.
- Comhaontaíodh Conradh 3 le OSi agus Conradh 4 le *An Post* (na soláthróirí aonair) trí nós imeachta caibidlithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Fuarthas comhairle ón Ard-Aighne maidir le conradh OSi faoi gur nós imeachta inghlactha ba ea é sin.

18.11 San fhoriomlán, chomhlíon na ceithre chonradh nósanna imeachta fála rialtais agus AE agus maidir leis na taifid a coinníodh mar fhianaise ar chinnteoireacht bhí siad trédhearcach.

Seachadadh agus Bainistiú an Tionscadail

18.12 Is é a bhí i gceist leis an tionscadal Mapála Digití an próiseas digitithe a chur i gcrích ina gcéimeanna ag ionaid éagsúla laistigh den Údarás Clárúcháin Maoine, sin agus in áitribh na gconraitheoirí freisin. Is é a bhí i gceist ina leith

- taifead léarscáile páipéir iomlán bunaidh Chlárlann na Talún a scanadh agus a gheoshuíomh
- síolphointe a chruthú do gach aon dáileacht talún chláráithe creation
- dearbhú cáilíochta agus faisnéis síolphointe a chur ar fáil go hinmheánach don fhoireann agus go seachtrach do chustaiméirí quality assurance and making available of seed point information internally to staff and externally to customers
- fionraí sealadach clárúcháin ar bhonn contae ar chontae mar réamhullmhú don chontae sin a dhigitiú
- léarscáileanna páipéir do gach aon chontae a athscanadh agus a gheoshuíomh (d’fhonn freastal ar chlárúcháin nua ó scanadh an bunleagan
- teorainneacha gach aon dáileachta talún a dhigitiú agus úsáid á baint as rialacha a shainmhínítear i bPrótacal Digitiúcháin
- dearbhú cáilíochta agus teorainneacha digitithe a chur ar fáil do gach aon chontae.

18.13 Rinneadh athbhreithniú ar sheoladh an tionscadail i bhfianaise na treorach ón Roinn Airgeadais ar fhorbairt na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide. Conclúdaíodh go raibh cur chuige na bainistíochta tionscadail ag teacht leis an treo sin.

Stádas an Tionscadail

18.14 Tugtar faoin tionscadal ina dhá chéim

- faisnéis síolphointe a lódáil – Céim I
- digitiú dáileachtaí talún mapáilte – Céim II.

18.15 Is é a bhí i gceist le Céim I síolphointí a shuíomh ar thimpeall 2.5 milliún dáileacht talún cláráithe ar fud na tíre. Rinneadh an seachadadh in am agus de réir an phlean tionscadail fhoriomláin. Tá an dul chun cinn i dtaca le digitiú dáileachtaí talún mapáilte a chríochnú leagtha amach i Fíor 66.


Fíor 66 Stádas an Tionscadail – Céim II

Bliain	Digitíú Pleanáilte An Líon Contaetha	Digitíú Curtha i gCrích An Líon Contaetha
2006	1	1
2007	8	7
2008	6	7
2009	7	2 ^a
2010	4	—

Nóta:

a Curtha i gCrích anall go 30 Bealtaine 2009.

18.16 Tosaíodh ar Chéim II a chur i ngníomh i mí na Nollag 2006. Léirítear i Fíor 67 na contaetha ina raibh an digitíú curtha i gcrích faoi dheireadh Bhealtaine 2009.

Fíor 67 An Digitíú Curtha i gCrích faoi Bhealtaine 2009**Cáilíocht na Mapála Leictreonaí**

18.17 Toisc go n-oibríonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine ráthaíocht thar ceann an Stáit, tá iontaofacht a chuid sonraí taifeadta thar a bheith tábhachtach. Thug an tOifigeach Cuntasóireachta le fios dom go ndearna an tÚdarás Clárúcháin Maoine meicníocht fhorleathan dearbhaithe

cáilíochta a chur i ngníomh i bpáirt lena chomhpháirtithe. Tá trí phróiseas dearbhaithe cáilíochta ar leithligh ann. Fochonraitheoir de chuid an phríomhchonraitheora don phróiseas digitiúcháin, *Landmark Solutions* Conradh 2), a dhéanann iad sin. I Noida san India atá an fochonraitheoir lonnaithe agus tá an príomhchonraitheoir bunaithe in Exeter (RA). In oifigí an Údaráis Clárúcháin Maoine a sheoltar na próisis dhearbhaithe cáilíochta deiridh.

18.18 Maidir leis an gcóras dearbhaithe cáilíochta atá lonnaithe san India cuimsíonn sé amharcshceáil chomh maith le seiceáil uathobrithe córasdéanta ar 100% de na taifid go léir a thiontaítear. Déantar seiceálacha spriocdhírthe de láimh mar chúiteamh air sin. Cuirtear timpeall 20% de na taifid go léir faoi chéim thástála eile i saoráid Noida sula n-aistrítear na sonraí le haghaidh tuilleadh tástála chuig Exeter. Úsáideann an próiseas dearbhaithe cáilíochta teicníc chuimsitheach samplála staitistiúla as a dtagann sraith shamplach sonraí atá ionadaíoch do bhaisc lastais iomláin. Cinntear an sampla 20% de gach aon bhaisc sonraí mapála trí leas a bhaint as teoiric na huimhreach randamaí. Seiceáiltear gach aon taifead den sampla a roghnaítear i leith na bparaiméadar mar atá leagtha amach sa Phrótacal Digitiúcháin⁶³.

18.19 Déanann cuideachta Exeter sraith eile de phróisis dearbhaithe cáilíochta i leith na sonraí lena sheiceáil go bhfuil comhsheasmhacht loighciúil istigh sna sonraí. A luaithe a fhóraithear na sonraí uile atá i mbaisc, seoltar an bhaisc sin go dtí láithreán slán lena híoslódail ag an Údarás Clárúcháin Maoine.

18.20 Baineann próiseas dearbhaithe cáilíochta an Údaráis Clárúcháin Maoine féin úsáid as Córas Glactha Sonraí ríomhairithe saintógtha lena gcumasaítear sonraí teorann digitithe a shampláil ar dhóigh atá bunaithe ar pharaiméadair réamh-mhínithe.

18.21 Sa chás nach mbaineann na sonraí teorann mapála an caighdeán riachtanach amach, diúltaítear don bhaisc atá i gceist agus cuirtear ar ais í go dtí an príomhchonraitheoir in Exeter le dul ag obair uirthi arís. Nuair a bhíonn glactha leis na baisceanna uile do chontae, lódáiltear na sonraí teorann don chontae sin ar an gcóras táirgthe inmheánach beo agus cuirtear ar fáil beo iad do chustaiméirí tríd an láithreán gréasáin.

18.22 Dúirt an tOifigeach Cuntasóireachta nár chlis ach ar aon bhaisc sonraí amháin go dtí seo sa réisim leathan dearbhaithe cáilíochta as líon iomlán reatha 159 baisc a seachadadh. Chuir sí an méid sin i leith na nithe seo a leanas

- dea-rialachas tionscadail agus dea-shocruithe bainistíochta tionscadail
- saineolas agus taithí na foirne tionscadail
- na treoirilnte soiléire atá leagtha amach sa Phrótacal Digitiúcháin agus mar chuidiú leis sin an clár oiliúna ardcháilíochta arna sheoladh ag sainfhoireann an Údaráis Clárúcháin Maoine ar an láthair in Noida agus
- an t-ardleibhéal ionchuir a sholáthair an tÚdarás Clárúcháin Maoine ag gach aon chéim den tionscadal.

18.23 Luaigh sí go bhfuil teagmháil leanúnach an-dlúth ann idir an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus na comhpháirtithe cuir i ngníomh san India agus sa RA. Tá comhalta amháin d'fhoireann an chomhpháirtí cuir i ngníomh ón India tar éis a bheith bunaithe in oifigí an Údaráis Clárúcháin Maoine i mBaile Átha Cliath i gcaitheamh an tsannacháin agus bhí sé sin thar a bheith tairbhiúil. Tá tacaíocht chomh maith ann don obair idirchaidrimh ó Chóras Réitigh Fiosrúcháin ar líne. Mar thoradh ar na bearta sin, is féidir an chuid is mó de na ceisteanna a réiteach go sciobtha agus

⁶³ Foireann theicniúil an Údaráis Clárúcháin Maoine a d'fhorbair an Prótacal Digitiúcháin agus leagtar amach ann na nósanna imeachta agus na prótacail chun sonraí teorann veicteora an Údaráis Clárúcháin Maoine a chruthú le linn an phróisis tiontúcháin.

ionchur ó shaineolaithe ann sula ndéantar na sonraí a sheachadadh chuig oifigí an Údaráis Clárúcháin Maoine.

18.24 Maidir lena mhéid a deir úsáideoirí na seirbhíse go bhfuil earráidí mapála ann, mhínigh sí go ráthaíonn an Stát na teidil ar fad atá cláraithe ar Chlárann na Talún agus go bhfuil dualgas ar an Stát aon duine a fhluaingíonn cailteanas trí bhrath ar an gclár a shlánú⁶⁴. Ní leor é a mhaíomh, áfach, go raibh earráid sa chlárú; ní mór an cailteanas iarbhír a mhionléirú go sonrach agus ní mór é a chruthú. Is í an cheist a dhúisítear go hiondúil cibé acu an féidir nó nach féidir an earráid a chur ina ceart. Más féidir, agus is iondúil gur mar sin a bhíonn sé, ansin is iondúil nach mó an cailteanas a bhíonn i gceist ná costais an aturnae. Dá thoradh sin, i gcás bhunáite na n-earráidí ní bhíonn aon íocaíocht chúitimh ann dá mbarr.

18.25 Thug an tOifigeach Cuntasóireachta le fios dom go bhfuarthas trí éileamh i leith cásanna Mapála Digití. Fuarthas dhá cheann acu sin i Meitheamh 2009. Níor tháinig aon íocaíochtaí cúitimh chun cinn go dí seo in aon cheann de na cásanna sin.

Táirgiúlacht

18.26 Gabhann dhá eilimint leis na gnóthachtálacha táirgiúlachta atá le baint as mapáil dhigiteach – na cinn sin a dhíorthaíonn ó uathobriú tháirgeadh na bpleananna comhdaithe cóipe, sin agus na héifeachtúlachtaí in aschur na cásoibre mapála.

18.27 Thug an tOifigeach Cuntasóireachta faoi deara, ainneoin gur gnóthaíodh éifeachtúlachtaí nach beag go dtí seo, nach bhféadfaí na gnóthachtálacha táirgiúlachta iomlána a mheasúnú ach amháin mar chuid d’athbhreithniú cuir i ngníomh iarthionscadail ar mhapáil dhigiteach, rud is dócha a dhéanfar i dtreo thús 2011. Leagtar amach i Fíor 68 leibhéal an tsoláthair foirne agus aschuir a tuairiscíodh agus a bhaineann le táirgeadh pleananna comhdaithe.

Fíor 68 Leibhéal Foirne Mapála agus Aschuir 2005-2010

Bliain	2005	2006	2007	2008	2009	2010
Foireann Mhapála	50	40	37	25	12	10
Aschur Pleananna Comhdaithe	222,000	217,000	201,000	224,000	–	–

18.28 Thuairisc an tOifigeach Cuntasóireachta go raibh na gnóthachtálacha táirgeachta iarbhír a baineadh amach sna chéad chontaetha a bhí le digitíú i bhfad níos mó ná na cinn sin a leagadh amach sa chás gnó don tionscadal lenar díriodh ar fheabhas 40% san éifeachtúlacht. Tá gnóthachtálacha táirgeachta idir 56% agus 83% bainte amach sna réimsí feidhme éagsúla⁶⁵ go dtí seo, ag brath ar an bhfad ama atá ann ó rinneadh an córas nua a chur i ngníomh agus a shuíomh.

18.29 Tá súil leis ag an Oifigeach Cuntasóireachta go mbainfear tuilleadh táirgiúlachta amach de réir mar a rollfar an tionscadal amach go hiomlán as seo go ceann 18 mí. Tá súil leis freisin go mbainfear gnóthachtálacha amach de réir mar a dhéanfar an riaráiste iarratas le haghaidh clárúcháin atá bunaithe ar mhapáil de láimh a ghlanadh as seo go ceann 12 go 18 mí. Maidir le mapáil de láimh is gné í atá coitianta in oifigí Bhaile Átha Cliath agus Ros Comáin, mar a ndéantar cásobair do na contaetha sin nach bhfuil na léarscáileanna digitithe go fóill. Is amhlaidh a

⁶⁴ De réir Alt 120 den Acht um Clárú Teidil 1964.

⁶⁵ Déanann réimsí feidhme éagsúla san Údarás Clárúcháin Maoine earnálacha cásanna éagsúla a phróiseáil, e.g. Na Chéad Chlárúcháin, Aistrithe Coda, Léasanna, etc.

charnaigh riaráistí cásoibre sna hoifigí sin toisc gan acmhainní dóthanacha a bheith ar fáil chun íriú ar ardleibhéal na n-idirbheart a bhí ann de thoradh an mhórmhéadaithe ar an margadh maoiné.

18.30 Mar fhreagra ar an fiosrúcháin maidir leis an tionchar a bhí ar an leibhéal foirne, thug an tOifigeach Cuntasóireachta le fios dom gur tháinig laghdú foriomlán ar na leibhéil foirne san Údarás Clárúcháin Maoine a bhuíochas do na gnóhachtálacha táirgiúlachta. Foireann 702 a bhí san Údarás ag deireadh Mheitheamh 2008 agus faoi Mheitheamh 2009 bhí laghdú tagtha air sin go dtí 647 de thoradh daoine imeacht as a bpoist agus gan na poist a líonadh ina dhiaidh sin.

Slándáil Sonraí

18.31 Thug an tOifigeach Cuntasóireachta le fios dom gurb iad foireann an Údaráis Clárúcháin Maoine amháin a dhéanann gach aon athrú ar an gclár agus nach bhfuil aon saoráid ag custaiméirí chun an clár a athrú. Chomh maith leis sin, ní féidir athruithe ar an gclár a thabhairt i gcrích ach amháin trí iarratas foirmiúil ar chlárú a phróiseáil. Soláthraíonn sé sin an tsraith thosaigh de chonair iniúchta fhorleathan lena ndéantar na modhnuithe uile ar an gclár a thaifeadadh. Tá ordlathas ag an Údarás Clárúcháin Maoine i leith na gceart rochtana agus é bunaithe ar na ról a chomhlíonann na comhaltaí foirne a phróiseálann cásobair. Déanann an córas sraith bailíochtuithe riailbhunaithe uathoibrithe. Déantar gach aon athrú ar an gclár a choinneáil, ar an gcéad ásc, ar shraith shealadach ar leithligh nach bhfuil ar fáil air agus nach bhfuil le feiceáil ach ag foireann an Údaráis Clárúcháin Maoine. Ní thaispeántar athruithe ar an gcóras beo ach amháin ar chomhlánú an iarratais ghaolmhair lena ngabhann idir mheasúnú dlí agus mheasúnú mapála ag oifigeach ‘socráíochta’. Anuas air sin, déanann grúpa dearbhaithe teicniúil inmheánach ‘spotseiceálacha’ chun a chinntiú go ndéantar nósanna imeachta oibríochta an Údaráis Clárúcháin Maoine a chur i bhfeidhm go comhleanúnach.

18.32 Maidir le leanúnachas gnó, thug an tÚdarás Clárúcháin Maoine le fios dom go bhfuil próisis agus pleananna ann chun go mbeifear in ann sonraí a aisghabháil agus leanúint d’fheidhmeanna gnó i ndiaidh mórtubaiste. Tá plean foirmiúil aisghabhála mórtubaiste i scríbhinn ann cheana féin, ach beidh gá lena athbhreithniú i ndiaidh coimisiúnú láithreáin aisghabhála mórtubaiste nua in Oifigí an Údaráis Clárúcháin Maoine i bPort Láirge atá le críochnú faoi dheireadh 2009.

Rioscaí i dtaca le hÉileamh agus Forbairt

18.33 D’fhoill cur i gcoinne an bhaoil nach ndíreoidh an fhorbairt ar riachtanais aitheanta, léirigh an tOifigeach Cuntasóireachta go ndearna an tÚdarás Clárúcháin Maoine, sular thug sé faoin tionscadal, cás gnó a ullmhú lena socraíodh na riachtanais ghnó agus na cuspóirí a bhí mar bhonn taca faoin tionscadal. Aistríodh iad sin ina sraith de riachtanais agus feidhmeanna sonracha córais agus úsáid á baint as anailís struchtúrtha ar riachtanais agus próiseas forbartha córais, faoi rialú ag modheolaíocht fhoirmiúil bainistíochta tionscadail.

18.34 Ghlac an tÚdarás Clárúcháin Maoine bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sonrach gur beag bainteacht agus glacadh a bheadh ag úsáideoirí leis. Mar chuid d’fhorbairt an cháis gnó, bhí an tÚdarás Clárúcháin Maoine gafa go forleathan le geallsealbhóirí rithabhachtacha d’fhoill a gcuid ionchas a thuiscint. Forbraíodh sraith fréamhshamlacha ina dhiaidh sin agus tugadh ar láimh iad do na geallsealbhóirí sin. Lean sé as sin go raibh tuiscint an-soiléir ar riachtanais na n-úsáideoirí. Luaigh an tOifigeach Cuntasóireachta freisin go ndéantar faireachán ar riachtanais agus ionchais chustaiméirí an Údaráis Clárúcháin Maoine le ghrúpaí fócais custaiméirí, suirbhéanna, seisiúin mhionteagaisc, etc. Le mapáil dhigiteach is féidir freagairt i bhfad níos fearr a thabhairt ar threochtaí gnó agus ar éilimh leibhéil seirbhíse agus gabhann buntáistí nach beag léi thar mar a ghabhann le córais mhapála pháipéirbhunaithe i dtaca leis sin. Leagtar amach i Fíor 64 an úsáid mhéadaitheach a bhaineann custaiméirí as seirbhísí ar líne an

Údaráis Clárúcháin Maoine ó cuireadh an mhapáil dhigiteach ar fáil. Dúirt an tOifigeach Cuntasóireachta thairis sin gur fianaise shoiléir atá sna leibhéil thaifeadta úsáide ar ábharthacht na saoráide do bhonn custaiméirí an Údaráis Clárúcháin Maoine.

Fíor 69 An Úsáid a bhaintear as Seirbhísí ar líne an Údaráis Clárúcháin Maoine^a

Bliain	2000	2004	2005	2006	2007	2008
Líon na nÚsáideoirí Gairmiúla	1,700	7,500	9,200	10,900	13,000	14,000
Líon na n-idirbheart ar líne	€0.2m	€1.2m	€1.7m	€2.5m	€2.9m	€3.0m

Nóta:

a Thosaigh Mapáil Dhigiteach ag cur isteach ar na leibhéil idirbhearta ó 2007.

18.35 Mar fhreagairt ar an mbaol atá ann go bhfaighidh tairiscintí níos costéifeachtaí an ceann is fearr ar an réiteach teicniúil, dúirt an tOifigeach Cuntasóireachta go bhfuil an córas Mapála Digití bunaithe ar shonraíochtaí caighdeánacha tionscail a forbraíodh ar ailtireachtaí córas ‘oscailte’. Tá teacht ar an gcóras trí bhrabhsálaithe gréasáin choiteanna agus cuireann sé i gcuntas na ceanglais i dtaca le comhlíonadh atá ag teacht as tionscnaimh ón AE. Tá an córas bunaithe ar bhogearraí coiteanna, costéifeachtacha ‘anuas ón seilf’ atá teaglamaithe le feidhmiúlacht shaincheaptha speisialaithe. Ní leagann an córas Mapála Digití aon ualaigh bhreise theicniúla ná airgeadais ar chustaiméirí.

18.36 Mar fhreagairt ar an mbaol go mbeifear ag brath an iomarca ar fhoinsí seachtracha sna céimeanna forbartha agus seachadta agus go mbeidh easpa acmhainne inmheánaí ann dá réir, leag an tÚdarás Clárúcháin Maoine béim láidir go luath sa tionscadal ar shaineolas mapála digití inmheánach a fhorbairt. Foireann an Údaráis Clárúcháin Maoine a dhéanann an tionscadal a bhainistiú ar bhonn foriomlán agus tá béim leanúnach ann i gcónaí ar scileanna a aistriú ar aghaidh. Ainneoin go mbeidh gá áirithe le socruithe cothabhála teicniúla tar éis an cur i ngníomh a chríochnú, ní dóigh leis an Údarás Clárúcháin Maoine go mbeidh gá le hacmhainní seachtracha i dtaca leis an gcóras a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Tasc finideach is ea digitiú na léarscáileanna páipéir a bhfuil sé beartaithe é a bheith críochnaithe in 2010 agus ní bheidh an Údarás Clárúcháin Maoine ag brath go leanúnach ar acmhainní seachtracha le haghaidh an phróisis seo ina dhiaidh sin.

Conclúidí

Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine tar éis a bheith gafa le tionscadal chun a chuid léarscáileanna a dhigitiú mar chuid de chlár níos leithne atá ceaptha tiolacadh leictreonach a éascú. Faoi dheireadh 2008 bhí digitiú curtha ar léarscáileanna i 15 chontae.

Lorg lucht an iniúchta dearbhú ón Údarás Clárúcháin Maoine go raibh bainistiú á dhéanamh ar na rioscaí a ghabhann le tionscadail ríomhrialtais mhórscála. Chonclúidigh sé go raibh bearta réasúnta glactha chun an próiseas a bhainistiú. Beidh sé riachtanach, áfach, don Údarás Clárúcháin Maoine cáilíocht na mapála a choinneáil faoi athbhreithniú de réir mar a phróiseáiltear déileálacha d’fhonn a chinntiú gur léiriú cruinn ar ghabháltais a bhí cláraithe roimhe sin na pleananna leictreonacha do gach aon dáileacht talún.

**Caibidil 19 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta
agus Rialtais Áitiúil**

Infheistíocht i gCreidmheas Carbóin

Infheistíocht i gCreidmheas Carbóin

19.1 Tá teorainneacha leagtha amach ag Prótacal Kiótó maidir le Gáis Cheaptha Teasa (GHG) do na Stáit a ghlac leis. Is é an cuspóir foriomlán atá leis astuithe a laghdú sa tréimhse 2008-2012 go dtí leibhéal a bheidh 5% níos lú ná leibhéal 1990 ar an meán. De bhun na dtiomantas seo, chomhaontaigh an 15 tír AE⁶⁶, Éire ina measc, astuithe a laghdú faoi 8%, agus faoi chomhaontú roinnte ualaigh leithdháileadh teorainn astuithe faoi leith ar gach ballstát, teorainn a shocraigh Comhairle Chomhshaoil an AE an 16 Meitheamh 1998. Is é sprioc na hÉireann astuithe a bhaint amach nach mbeidh níos mó ná 13% os cionn leibhéil 1990 faoin 31 Nollaig 2012.

19.2 Chun críocha na tuarascála seo, baintear úsáid as Aonad Kiótó chun astuithe a chainníochtú. Sainmhíntear Aonad Kiótó san Acht um an gCiste Carbóin, 2007 mar aonad atá cóibhéiseach le tonna méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin.

19.3 Tugtar sainmhínuithe éagsúla ar aonaid tomhais chun críche monatóireacht a dhéanamh ar astuithe agus chun críche trádála i ndoiciméid de chuid an AE agus na Náisiún Aontaithe. Mar sin féin, tá siad go léir cóibhéiseach le hAonaid Kiótó mar a sainmhínítear iad sa Acht de 2007. Tá na haonaid éagsúla leagtha amach in Iarscríbin A leis an gCaibidil seo.

Plean Leithdháilte Náisiúnta

19.4 Tá teorainn astuithe na hÉireann i ndáil le Prótacal Kiótó leagtha amach ag 314.18 milliún aonad don tréimhse iomlán cúig bliana 2008 – 2012. Is ionann sin agus meánmhéid de 62.8 milliún aonad in aghaidh na bliana i gcaitheamh na tréimhse (i.e. 13% os cionn na bunlíne⁶⁷). Tá an fhreagracht as é sin a bhaint amach roinnte idir an earnáil trádála agus an rialtas.

19.5 Tá an bunús don roinnt freagrachta leagtha amach i bPlean Leithdháilte Náisiúnta (NAP). D’ullmhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) NAP na hÉireann de bhun teoracha ón Railtas agus chinn sí an tslí a mbeadh na ceadastuithe leithdháilte don tréimhse 2008–2012.

19.6 Is ionann na creidmheasanna measta a fuarthas agus atá fós le fáil ag an Stáit sa tréimhse 2008-2012 agus 8.3 milliún.

19.7 Thug an leithdháileadh in Éirinn ar aird go raibh tuairim is 33% de na hastuithe cruthaithe ag na hearnálacha tionscail a mbeadh gafa sa scéim Trádála Astuithe agus go raibh 67% de na hastuithe ag teacht ó na hearnálacha ‘neamh-thrádála’ den gheilleagar. Ba ar an Stát a bhí an oibleagáid ceannach ar son na hearnála neamh-thrádála chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le spriocanna a bhaint amach trí ghníomhú baile. Go sonrach, ghlac sé freagracht as aonaid a cheannach chun astuithe ó iompar, talmhaíocht agus an earnáil chónaitheach a chlúdú.

19.8 Chinn an rialtas an leithdháileadh chuig an earnáil trádála sa tréimhse 2008-2012 agus leagadh amach é ag 22.3 milliún aonad in aghaidh na bliana. Dá bharr sin, i ndáil leis na hearnálacha dá bhfuil freagracht ag an Stát astu, is 40.5 milliún aonad an teorainn Kiótó ar astuithe do gach bliain sa tréimhse tiomantais. Leagann Fíor 70 an tslí a roinntear an sprioc idir an Stát agus an earnáil trádála amach sa tréimhse go dtí 31 Nollaig 2012.

⁶⁶ B’ionann an 15 tír AE agus na stáit a raibh an AE comhdhéanta díobh in 1998.

⁶⁷ Socraíodh an bunlíne ag 55.6 milliún aonad tar éis athbheithnithe ag Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide in 2006.

Fíor 70 Spriocsaiceanna – Astuithe Iomlána 2008–2012

Earnáil	Aonaid Kiótó in Aghaidh na Bliana (Milliúin)	Aonaid Kiótó Carnacha (Milliúin)
Trádáil	22.3	111.6
Stát	40.5	202.6
Uasteorainn Náisiúnta Prótacail Kiótó	62.8	314.2

19.9 I mí Dheireadh Fómhair 2003, cheadaigh an AE Treoir (2003/87/EC) a bhunaigh scéim Trádála Astuithe GHG. Faoi scéim leithdháilfeadh ballstáit aonaid chuig an earnáil trádála. Bhí an ceart ag sealbhóir gach aonaid méid cóibhéiseach le haon tonna méadrach de dhé-ocsaíd charbóin a astú. Tá an líon aonad a leithdháiltear ar gach astaíre sa scéim leagtha amach in NAPanna a d'ullmhaigh na Ballstáit agus a cheadaigh An Coimisiún Eorpach. Féadfaidh aonáin san earnáil sin leithdháiltí neamh-úsáidte a thrádáil.

An Stát ag Ceannach Creidmheasanna Carbóin

19.10 De bharr gur measadh go sáródh aschur Éireann GHGanna na teoraineanna leagtha síos ag Prótacal Kiótó, thosaigh an Stát ag ceannach Creidmheasanna Carbóin⁶⁸ chun an líon breise measat a chuimsiú tar éis an difear a dhéanfadh bearta lacáiste a chur san áireamh. Bunaíodh Ciste Carbóin chun na hidirbhearta a thaifeadh.

Infheistíochtaí Roinne

19.11 Sular bunaíodh an Ciste Carbóin i mí Aibreáin 2007, bhí tiomantais socraithe idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) agus an Banc Eorpach um Athfhoirgníocht agus Forbairt (EBRD) agus an Banc Domhanda. Faoi na socruithe sin d'íoc an Roinn €20 milliún isteach i gcuntas eascró leis an EBRD i mí na Nollag 2006 ar dtús, agus ina dhiaidh sin rinne infheistíocht i gCiste Carbóin Ilthaobhach. Níos faide anonn rinne sí tiomantas infheistiú in dá chiste eile. Bunaithe ar theilgin ag an am, rinne an Rialtas buiséad de €290 milliún a leithdháilfeadh thar cúig bliana chun aonaid a fháil, lenar áiríodh an €20 milliún a bhí infheistithe suas go dtí an pointe sin ag an Roinn sa Chiste Creidmheasa Carbóin Ilthaobhach de chuid an EBRD. Tugann Fíor 71 imlíne ar infheistíochtaí a rinne an Roinn in 2006.

Fíor 71 Creidmheasanna Carbóin a Cheannaigh an Roinn

Díoltóir	Costas	Íoctha go dtí 31 Nollaig 2008	Oibleagáid Amuigh amhail an 31 Nollaig 2008
	€m	€m	€m
Ciste Creidmheasa Carbóin Ilthaobhach an EBRD	20	20	0
Ciste Carbóin an Bhainc Domhanda don Eoraip	10	2.2	7.8
Ciste Bith-Charbóin an Bhainc Domhanda	9.3	1.5	7.8
Iomlán	39.3	23.7	15.6

⁶⁸ Is ionann creidmheas carbóin agus Aonad Kiótó.

19.12 Cé go bhfuil an Roinn fós freagrach as bainistiú ginearálta na n-infheistíochtaí sin, déanann an NTMA na híocaíochtaí ar a son.

19.13 Ag an bpointe seo, ní féidir luach ar bith a shannadh ar an infheistíocht ag an Roinn in 2006 de bharr nach fios fós an líon iarbhair aonad a chuirfidh an Ciste ar fáil ná an praghas deiridh a bheidh orthu. Mar sin féin, bunaithe ar theilgin coigeartaithe le haghaidh riosca ó na bainisteoirí ciste sa Bhanc Domhanda agus san EBRD, tá an Roinn ag súil go dtáirgeoidh na cistí sin tógtha le chéile tuairim is trí mhilliún aonad ag costas teilgte €9.30 in aghaidh an aonaid sa tréimhse 2008–2012 period.

Infheistíochtaí NTMA

19.14 Ó 2007 ar aghaidh rinne an NTMA láimhseáil ar na hidirbhearta agus an bhainistíocht chiste ghaolmhar go léir agus próiseáil iad tríd an gCiste Carbóin. Aisiocann an Roinn an NTMA as ciste vótáilte. Is é polasaí an NTMA é aonaid a cheannach nuair is féidir sin ag praghas nach airde ná meánphraghas ceannaigh aonaid de €16.07 roimh CBL idir 2008 agus 2012⁶⁹.

19.15 Tá lánrogha ag an NTMA maidir leis an gcineál aonaid a ndéanfaidh sé infheistíocht ann agus uainiú na hinfeistíochta, fad a fhanann sé laistigh dá bhuiséad bliantúil.

19.16 D'fhéadfadh an NTMA na meicníochtaí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kiótó a cheannach

- Aonaid Kiótó a cheannach go díreach ó pháirtithe Phrótacal Kiótó eile
- Infheistíocht díreach i dtionscadail Chomh-Fheidhmithe agus i dtionscadail Mheicníochta Forbartha Glan⁷⁰
- Infheistíocht i gcistí bainistithe
- Creidmheasanna Carbóin a cheannach go díreach ón margadh.

19.17 Rinne an Ciste a chéad infheistíochtaí in 2008. D'fhonn na rioscaí a aithníodh maidir le hAonaid Kiótó a cheannach, ghlac an NTMA na nósanna imeachta seo a leanas

- Cheannófaí aonaid ó líon teoranta contrapháirtithe, de ghnáth bainc mhóra agus gnólachtaí speisialtóra a dhéileálann i gCreidmheasanna Carbóin.
- Laghdófaí an tréimhse idir dhátaí idirbhearta agus socraithe go ginearálta, chun rioscaí a bhaineann le cliseadh socraithe agus cuntrapáirtí a bhainistiú.

19.18 Suas le deireadh mhí Feabhra 2009⁷¹ bhí conradh ag an NTMA €73.7 milliún (gan CBL san áireamh) a íoc ar 5.255 milliún Aonad Kiótó ag meánphraghas de €14.03 in aghaidh an aonaid. B'ionann an praghas in aghaidh an aonaid amhail an 31 Nollaig 2008 ar Mhargadh Todhcháíochtaí CER Mhalartán Aeráide na hEorpa agus €13.64, rud a thugann luach de €71.7 milliún ar Aonaid Kiótó na hÉireann amhail an dáta sin.

⁶⁹ Is é an spriocphraghas aonaid an €290 milliún leithdháilte ar an gCiste roinnte ar an 8.035 milliún aonad a ríomhadh ar dtús mar riachtanas breise an Stáit don tréimhse 2008-2012 (féach Fíor 73).


⁷⁰ Féach Aguisín A le haghaidh sainmhínithe.

⁷¹ An tráth inar thug an tAire treoir chun stopadh ag ceannach.

Astuithe iomarcacha a Mheaitseáil le Creidmheasanna a Cheannach

19.19 Maidir le 2007 thuairisc Éire líon iomlán astuithe GHG de 69.2 milliún aonad. Sháraigh sin an sprioc bliantúil a bhí le baint amach sa tréimhse 2008-2012 faoi 6.4 milliún aonad. Tá an treoch ó 1990 ar aghaidh leagtha amach i Fíor 72.

Fíor 72 Astuithe GHG 1990-2007



Foinse: Tuarascáil an EPA, Astuithe GHG na hÉireann in 2007

19.20 Bhí pleanáil náisiúnta foriomlán in 2006/7 bunaithe ar shárú teilgthe ar oibleagáidí Kiótó de 7.2 milliún aonad in aghaidh na bliana nó 36 milliún aonad thar na tréimhse cúig bliana. Bhí sé beartaithe aghaidh a thabhairt air sin trí mheascán de bhearta lacáiste agus aonaid a cheannach.

19.21 Leagann Fíor 73 an tslí a raibh na astuithe iomarcacha teilgthe de 36 milliún tonna de chóibhéis dhé-ocsaíd charbóin mar a chonacthas in 2006/7 le bainistiú thar an tréimshé tiomantais 2008–2012 amach.

Fíor 73 Bearta Carnacha 2008-2012

	Lacáiste Aonaid Kiótó (Milliúin)	Purchase Aonaid Kiótó (Milliúin)
An Earnáil Trádála	5.0	10.5
Earnálacha Eile (Stáit ^a)	2.5	18.0
Iomlán	7.5	28.5

Nóta:

a Ghlac an Stát an fhreagracht náisiúnta air féin do na hearnálacha eile go léir.

Teilgin Athchóirithe

19.22 Tar éis an cor chun donais eacnamaíoch atá á bhrath ón dara leath de 2008, rinne an EPA athchóiriú ar na teilgin sin i mí an Mhárta 2009. Leag sé trí chás amach agus thug teilgean ó thaobh astuithe faoi gach ceann díobh don tréimhse 2008–2012. I ngach cás, chomhlíonfadh an Earnáil Trádála a sprioc. Tá na trí chás sin léirithe i Fíor 74.

Fíor 74 Trí Chás agus Astuithe Féideartha Teilgthe faoi gach ceann acu 2008-2012

Cás a hAon	Tugann aird ar éifeachtaí measta na mbearta a bhí i bhfeidhm (agus soláthar reachtúil déanta dóibh) faoi dheireadh 2007.
Cás a Dó	Fachtóirí i mbearta atá nó a bheidh ann, glactar leis go nglactar leis na bearta go léir agus go gcuirfear i bhfeidhm iad, agus go mbainfidh na bearta ábharthacha go léir na laghduithe astuithe iomlána a bhfuiltear ag súil leo amach (lena n-áirítear bearta arna leagan amach sa Pháipéar Bán ar Fhuinneamh agus sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh).
Cás a Trí^a	Thug tionchar an choir chun donais eacnamaíochta ar aird.

Nóta:

- a Meastar gur Cás a 3 an toradh is dóchúla de bharr go dtugann sé aird ar an gcor chun donais eacnamaíochta.

19.23 Leagan Fíor 75 an méid a sháróidh astuithe teorainneacha Kiótó nó an méid a bheidh astuithe faoi bhun teorainneacha Kiótó i ngach cás amach.

Fíor 75 Achoimre ar Chásanna EPA (milliúin d'Aonaid Kiótó in aghaidh na bliana)

	Cás 1		Cás 2		Cás 3 ^a	
	Aonaid Kiótó		Aonaid Kiótó		Aonaid Kiótó	
Sprioc Kiótó	62.8		62.8		62.8	
Teilgin Athchóirithe:						
An Earnáil Trádála ^b	19.6		17.6		16.6	
An Earnáil Neamh-Trádála ^c	45.8	65.4	44.2	61.8	41.8-42.3	58.4-58.9
Méid Iomarcach Náisiúnta (Laghdú)	2.6		(1)		(4.4)-(3.9)	

Nótaí:

- a Chuir an EPA raon ar fáil do Chás 3 chun aird a thabhairt ar roinnt neamhchinnteachta maidir le tionchar an choir chun donais eacnamaíochta thar an tréimhse Kiótó go léir (2008-2012).
- b Mar a leagtar amach i Fíor 70 ba 22.3 milliún Aonaid Kiótó in aghaidh na bliana a bhí san uasteorainn don Earnáil Trádála.
- c Áirítear ann tionchar *forest sinks* de réir mar a cheadaítear iad faoi Airteagal 3 de Phrótocal Kiótó.

19.24 Cé nach bhfuil ach sárú beag nó sa chás is dóchúla, laghdú, á thuair, d'fhéadfaí nach mbeadh an tairbhe leis sin ar fáil don Stát os rud é nach bhfabhraíonn laghduithe i gcomhréir leis an Stát agus le hEarnálacha Trádála. Tá Aonaid Kiótó iomarcacha de bharr laghduithe san Earnáil Trádála ar díol faoi Scéim Trádála Astuithe an AE.

19.25 Tá impleachtaí do na teilgin athchóirithe don leibhéal infheistíochta a d'fhéadfadh an Stát a dhéanamh chun a chuid oibleagáidí Kiótó a chomhlíonadh. Leagann Fíor 76 impleachtaí an mhéid iomarcaigh nó an laghdaithe maidir le maoiniú náisiúnta a bhaineann leis an earnáil neamh-Thrádála (an earnáil a bhfuil an Stát freagrach aisti) amach.

Fíor 76 Impleachtaí d'Infheistíocht Creidmheasa Carbóin (milliúin d'Aonaid Kiótó in aghaidh na bliana)

	Cás 1	Cás 2	Cás 3
	Aonaid Kiótó	Aonaid Kiótó	Aonaid Kiótó
Astuithe Teilgthe san Earnáil Neamh-Thrádála	45.8	44.2	41.8-42.3
Sprioc Náisiúnta (An Earnáil Neamh-Thrádála)	<u>40.5</u>	<u>40.5</u>	<u>40.5</u>
Riachtanas Státchiste Bliantúil	5.3	3.7	1.3-1.8
Riachtanas Státchiste 2008-2012	26.5	18.5	6.5-9.0

Béim an Iniúchta

Bhí 8.3 milliún aonad ceannaithe nó faoi chonradh ceannaigh ag an Stát faoi dheireadh mhí Feabhra 2009.

- Faoin gcás is dóchúla atá leagtha amach ag an EPA féadfar aonaid iomarcacha a fháil sa tréimhse 2008-2012.
- Mar gheall ar an gcothromaíocht leithdháiltí san NAP idir an Stát agus an Earnáil Trádála bhí an Stát faoi lé oibleagáidí níos mó i gcás cor chun donais eacnamaíoch ná an Earnáil Trádála.
- Ní féidir luach creidmheasa cruinn na n-infheistíochtaí a rinne an Roinn ar chostas €39.3 milliún a chainníochtú ag an tráth seo.

D'iarr mé tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta maidir leis na nithe sin.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

19.26 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur chinn an Rialtas an sciar den ualach a raibh le glacadh ag an Earnáil Trádála agus ag an Earnáil Neamh-Thrádála don tréimhse 2008-2012 agus gur chuir siad é sin in iúl don EPA thar ceann an Aire on behalf of the Minister for Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (an tAire) tar éis phróisis fairsing lenar áiríodh

- comhairleoirí a cheapadh chun tuairisc a thabhairt don Aire ar an gcaidhp iomchuí
- dul i mbun comhchomhairle le rannpháirtithe agus leis an bpobal
- aird a thabhairt ar thuairimí na Ranna Rialtais ábharthacha go léir
- an teorainn mholta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach le go gceadófar í
- an teorainn a laghdú de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún Eorpach mar chuid dá gceadú.

19.27 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go bhfuil an clár ceannaigh carbóin bunaithe go dtí seo ar Chinneadh Rialtais a rinneadh i mí an Mhárta 2006 chun suas le 18 milliún aonad a cheannach i rith na tréimhse 2008-2012, nó 3.6 milliún aonad in aghaidh na bliana.

19.28 Tá impleachtaí ag an gcor chun donais eacnamaíochta don chlár ceannaigh seo agus iarraidh ar an EPA anailís íogaireachta a dhéanamh a d'fhéadfadh léiriú níos fearr a thabhairt ar chúrsaí eacnamaíochta atá athraithe. Foilsíodh an anailís sin, bunaithe ar Chás Suaite Eacnamaíoch an ESRI, i mí an Mhárta 2009. Léirigh na figiúirí a tugadh cothrom le dáta go bhfuil gá thart ar 1.3-1.8 milliún Aonad Kiótó a cheannach in aghaidh na bliana, is é sin laghdú de thart ar 3 milliún aonad ón méid a bhí teilgthe san Fhómhair 2008. Sna himthosca reatha, iarraidh ar an NTMA a chlár ceannaigh a chur ar fionraí go ceann i bhfad.

19.29 Tríd is tríd, tá 5.3 milliún aonad agus táthar ag súil go gcruthóidh na hinfheistíochtaí a rinne an Roinn sa Bhanc Domhanda agus na Cistí Carbóin arna mbainistiú ag an EBRD thart ar 3 milliún aonad sa tréimhse 2008-2012. Bunaithe ar theilgin reatha, ba chóir gur fuíollach é sin chun riachtanais na hÉireann ó thaobh Kiótó a chomhlíonadh.

19.30 Maidir leis an scoilt idir an Earnáil Trádála agus an Stát, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur socraíodh an teorainn iomlán don Earnáil Trádála ag tuairim is 87% de na hastuithe measta don earnáil sin d'fhonn laghdúithe in astuithe a spreagadh. Ina theannta sin, choinnigh an EPA thart ar leath-mhilliún aonad mar chúlchiste thar ceann an Stáit le díol chun costais oibriúcháin na scéime in Éirinn a ghlanadh. Coinnítear siar aon leithdháiltí a eascraíonn ó dhúnadh gnó agus nach n-úsáidtear iad agus cuirtear ar aghaidh iad chuig Cur I Leataobh Iontrálaí Nua, agus chomh fada agus a fhanann siad sa chur i leataobh tar éis 2012 is féidir iad a úsáid ag an Stát chun cabhrú le hÉireann a cuid oibleagáidí Kiótó a chomhlíonadh thar ceann na hEarnála Neamh-Thrádála.

19.31 Léiríonn an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir le hastuithe fóraithe san earnáil trádála gurb ionann astuithe iomlána sa bhliain 2008 (an chéad bhliain de thréimhse Kiótó) agus 20.38 milliún aonad, i gcomparáid le leithdháileadh saor iarbhír chuig na cuideachtaí céanna sin de 19.97 milliún aonad i.e. tearc-leithdháileadh de 0.41 milliún aonad.

19.32 Dúirt tOifigeach Cuntasaíochta go ndearnadh an t-ualach a chionroinnt idir cuideachtaí trádála agus neamh-thrádála de mheon maith ag féachaint do na himthosca eacnamaíochta a bhí ann ag an am agus nárbh fhéidir leis doimhne na géarchéime eacnamaíche reatha a thomhas, agus go ndéanann na teilgin is déanaí ar astuithe iarracht an cúlú eacnamaíoch a chur san áireamh agus an táirgeacht dhóchúil a thuar go dtí deireadh 2012. Má theipeann ar iontrálaithe nua chuig an Earnáil Trádála an ciste liúntas atá ar fáil a úsáid go hiomlán (arna fhorlíonadh ag liúntais a sábháladh mar thoradh ar dhúntaí), fillfidh an méid nár úsáideadh ar an Stát agus ba lúb aiseolais a bhí ann chun an leithdháileadh iomlán chuig an Earnáil Trádála a laghdú i gcás cor tromchúiseach chun donais sa gheilleagar.

19.33 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go gcuirfidh na hinfheistíochtaí déanta leis an mBanc Domhanda agus leis an EBRD, a rinneadh de bhun rún sa Dáil, aonaid charbóin ar fáil ar shlí éifeachtach ó thaobh costais. Bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil ó bhainisteoirí na gcistí ar leithligh sin, is dócha go dtáirgeoidh siad tuairim is 3 milliún aonad sa tréimhse 2008-2012 ar chostas thart ar €27.6 milliún. Táthar ag súil gur thart ar €9.30 a bheidh sa mheánchostas uile foriomlán in aghaidh an aonaid. Tá an costas sin faoi bhun na spotphraghsanna ar an margadh tánaisteach. Fiú má chuirtear an cor chun donais eacnamaíoch san áireamh, tá aonaid ar an margadh tánaisteach á dtrádáil ag breis agus €12 in aghaidh an aonaid faoi láthair. Idir €9.50 agus €10.50 in aghaidh an aonaid a bhí sna praghsanna d'fhormhór na gceannachán déanta go dtí seo ag Éirinn trí na Cistí.

19.34 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil bainistiú leanúnach an chláir cheannaigh charbóin bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil don Roinn.

Conclúidí

Ag deireadh mhí Feabhra 2008, bhí €73.7 milliún íoctha nó faoi chonradh íoctha ag an Stát ar Chreidmheasanna Carbóin.

Tá conradh déanta ag Éirinn 8.3 milliún Aonad Kiótó measta a fháil chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh as eascairt ó aon astuithe iomarcacha thar agus os cionn na teorann a leagadh amach ag Comhairle Chomhshaoil an AE chun tiomantais Kiótó i bhfeidhm.

Chuathas i mbun gníomhaíochta chun astuithe amach anseo a mheas tar éis an choir chun donais eacnamaíoch agus tá deireadh curtha le tuilleadh Creidmheasanna Carbóin. Mar sin féin, tá an méid cinnteachta gur féidir a bhaint amach maidir le riachtanais amach anseo a thomhas teoranta agus beidh gá le súil a choimeád ar chúrsaí.

Faoi láthair, bunaithe ar na teilgin is déanaí ón ESRI agus ón EPA, beidh siad leordhóthanach chun oibleagáidí an Stáit a chomhlíonadh agus féadfar aon mhéid iomarcach a tabhairt ar aghaidh go dtí an tréimhse i ndiaidh 2012.

Tríd is tríd, meastar go mbeidh astuithe na hEarnála Trádála níos ísle ná na liúntais a leithdháiltear orthu. Mar sin féin, féadfaidh na comhlachtaí san earnáil sin a leithdháiltear liúntais iomarcacha orthu na liúntais sin a dhíol agus ní bheidh siad ar fáil chun tiomantas an Stáit i ndáil leis an Earnáil Neamh-Thrádála a laghdú sa tréimhse 2008-2012 nó ina dhiaidh sin⁷².

Chuir an Roinn ina luí orm go bhfuil súil á coimeád ar riachtanais cheannaigh na hÉireann agus go ndéanfar athchóiriú orthu de réir mar is gá i bhfianaise teilgean eacnamaíoch amach anseo. Má tharlaíonn sé nach bhfuil gá le haonaid atá daingnithe cheana féin chun freastal ar oibleagáidí le linn tréimhse Kiótó, is féidir an leas a thabhairt ar aghaidh le húsáid sa chéad tréimhse tiomantais eile tar éis 2012.

⁷² Choinnigh an Stát cúlchiste d'iontrálaithe nua ag an gcéim leithdháilte. D'fhéadfaí nach leithdháiltear go hiomlán anois iad, agus in éineacht le cúluithe tar éis dúntaí d'fhéadfaí iad a úsáid chun roinnt de na hoibleagáidí san earnáil neamh-thrádála a shásamh.

Iarscríbin A Cóibhéiseanna Aonad Kiótó

Aonad Laghdaithe Astuithe

Is éard atá in Aonaid Laghdaithe Astuithe (ERUanna) teastais astuithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí de chuid Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide agus Prótacal Kiótó chun tionscadail cosanta aeráide a thabhairt chun críche go rathúil, tionscadail atá á bpáirt-mhaoiniú ag tír amháin ach atá lonnaithe i dtír eile (Comhbhearta Feidhmithe).

Laghduithe Astuithe Deimhnithe

Is éard atá i Laghduithe Astuithe Deimhnithe (CERanna) teastais astuithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí de chuid Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide agus Prótacal Kiótó chun tíortha a ullmhú chun tionscadail cosanta aeráide a thabhairt chun críche go rathúil, tionscadail atá leagtha amach chun astuithe a laghdú i dtíortha i mbéal forbartha mar mhalairt rogha ar na bearta laghdaithe astuithe níos costasaí ina dtíortha féin (Meicníochtaí Forbartha Glana).

Aonaid de Mhéid Sannta

Is éard is Aonad de Mhéid Sannta (AAU) teastas astuithe de réir mar a shainmhínítear é ag Prótacal Kiótó. Féadfaidh tíortha rannpháirteacha, dá bhfuil Éire mar cheann acu, AAUanna a úsáid chun a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a leagtar amach iad i bPrótacal Kiótó.

Aonaid Bhainte

Is éard atá in Aonaid Bhainte (RMUanna) creidmheasanna a eascraíonn ó laghduithe in astuithe a cruthaíodh trí thionscadail a laghdaíonn astuithe (athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht) de réir Airteagail 3 de Phrótacal Kiótó. Ní dhéantar RMUanna a thrádáil ach amháin ag leibhéal tíre, agus is féidir iad a úsáid i dtreo oibleagáidí náisiúnta a chomhlíonadh ó 2008 ar aghaidh.

Liúntais AE

Is éard atá i Liúntais AE (EUAanna) teatais astuithe de réir mar a shainmhínítear iad chun críocha Trádála Astuithe i Scéim Trádála Astuithe an AE. Féadfaidh oibreoirí suiteálacha ainmnithe EUAanna a úsáid chun a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

Creidmheasanna Carbóin

Tagraítear do cheannacháin na Roinne agus ag an NTMA de ghnáth mar Creidmheasanna Carbóin. Is ionann gach creidmheas agus Aonad Kiótó.

**Caibidil 20 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta
agus Rialtais Áitiúil**

Maoiniú Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla

Maoiniú Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla

20.1 Faigheann údaráis áitiúla maoiniú bliantúil díreach suntasach ó roinnt foinsí Rialtais Láir lena n-áirítear na vótaí ó roinnt ranna, an Ciste Rialtais Áitiúil agus an Ciste Comhshaoil. Tá na hairgid sin mar chuid d'ioncam údarás áitiúil agus tá an caiteachas a fuarthas ón maoiniú sin san áireamh ina ráitis airgeadais a iniúchann an tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil.


Béim an Iniúchta

Is é cuspóir na caibidle seo ná forléargas a thabhairt ar chistí atá ag sreabhadh as agus trí fhoinsí Rialtais Láir chuig údaráis áitiúla, agus ar na cuspóirí dár cuireadh maoiniú ar fáil.

Foinsí d'Aistrithe Rialtais Áitiúil

20.2 Is thart ar €5.7 maoiniú san iomlán a aistríodh ó fhoinsí Rialtais Láir chuig údaráis áitiúla in 2008. Tháinig 80% de sin as maoiniú ón Státhchiste a soláthraíodh trí Ranna Rialtais. Bailíodh an chuid eile trí mhótarchánachas (18% den iomlán) agus trí mhuirir agus tobhaigh eile. Féach Fíor 77.

Fíor 77 Foinsí Mhaoiniú Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla, 2008



20.3 Bailíonn údaráis áitiúla ioncaim mhótarchánach ar dtús agus íoctar isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil iad. Ansin, athdháiltear iad, in éineacht le cistí a ghintear ón Státhchiste, mar chuid de leithroinntí ón gCiste chuig údaráis áitiúla.

20.4 Athdháiltear ioncaim Neamh-Státhchiste a fhaightear isteach sa Chiste Comhshaoil ar shlí chomhchosúil. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim an Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha ó mhiondíoltóirí agus íocann siadsan isteach sa gCiste é. Íocann oibritheoir tobhaigh líonadh talún le údaráis áitiúla agus íocann siad sin isteach sa Chiste Comhshaoil iad.

20.5 Leagann Fíor 78 amach na foinsí maoinithe do chaiteachais ó fhoinsí Rialtais Láir chuig údaráis áitiúla do 2007 agus 2008.

Fíor 78 Foinsí Maoinithe Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla, 2007 agus 2008

Foinse Chistí	2007		2008	
	€m	€m	€m	€m
Cistí Vótáilte				
Vóta 25 – Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	2,584		2,804	
Vóta 26 – Oideachas agus Eolaíocht	272		301	
Vóta 27 - Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta	15		19	
Vóta 32 – Iompar	1,476		1,428	
Vóta 35 - Ealaín, Spórt agus Turasóireacht	32	4,379	26	4,578
Cistí Eile				
Ioncam Mótarchánach	957		1,041	
Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha	16		15	
Tobhach Líonadh talún	22		23	
Ús ar Infheistíochtaí	6	1,001	8	1,087
Maoiniú ó gach foinse		5,380		5,665

Cur i bhfeidhm an Mhaoinithe

20.6 Caithfidh na húdaráis áitiúla an chuid is mó den mhaoiniú a fhaigheann siad a úsáid ar shainseirbhísí údaráis áitiúil. Is féidir iad sin a ghrúpáil i sé chatagóir cláir leathan.

- ***Tithíocht agus Athnuachan Uirbeach***

Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil formhór an mhaoinithe do thithíocht agus d'athnuachan uirbeach díreach le húdaráis áitiúla. Úsáideann na húdaráis áitiúla an maoiniú chun an méid seo a leanas a sholáthar tithíocht údaráis áitiúil, obair athnuachana agus feabhais, cóiríocht don lucht siúil, tithíocht dheonach agus tithíocht de chuid na gcomharchumann, Scéim Cóiríochta Cíos, deontais oiriúnaithe tithíochta agus cóiríocht do dhaoine atá gan dídean.

- ***Seirbhísí Comhshaoil***

Tá thart ar 90% den mhaoiniú lárnach a sholáthraítear d'údaráis áitiúla mar thacaíocht do sheirbhísí comhshaoil dírithe ar infheistíocht i seirbhís uisce agus tagann an maoiniú díreach ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Tagann an maoiniú atá fanta ón gCiste Comhshaoil, a bunaíodh chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus cláir atá dírithe ar an gcomhshaoil agus a eagraítear ag leibhéal áitiúil nó réigiúnach faoi choimirce na n-údarás áitiúla.

- ***Feabhsúcháin agus Cothabháil Bóithre***

Is é an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair, atá freagrach as feabhsúchán agus cothabháil na mbóithre náisiúnta. Nuair a bhíonn an tÚdarás ag tabhairt faoin thionscadail baineann sé úsáid as údaráis áitiúla mar a ngníomhairí agus cuirtear an chaiteachas tríothu sin.

D'aistrigh an fhreagracht a bhaineann le feabhsúchán agus cothabháil na mbóithre neamhnáisiúnta ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chuig an Roinn Iompair le héifeacht ó 1 Eanáir 2008. Cé go gcuireann an Roinn Iompair maoiniú ar fáil d'oibreacha feabhsúcháin agus cothabhála bóithre óna n-acmhainní féin, tagann formhór an mhaoinithe do chothabháil na mbóithre neamhnáisiúnta ó na fáiltais a thagann ó ioncam mótarchánachais tríd an gCiste Rialtais Áitiúil.

▪ ***Íocaíochtaí a Bhaineann leis an Oideachas***

Cúitíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta costais a bhaineann le deontais ardoideachais a bhronnann údaráis áitiúla. Cúitíonn an Roinn na húdaráis áitiúla as na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais a sholáthar d'iarfhoireann scortha ó Choistí Gairmoideachais agus ó Institiúidí Teicneolaíochta atá ina gcomhaltaí den Scéim Aoisliúntais do Mhúinteoirí Gairmoideachais nó den Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais faoi seach.

▪ ***Áineas agus Seirbhísí Áitiúla Eile***


Tá sé seo comhdhéanta de mhaoiniú Rialtais Láir do sheirbhísí údarás áitiúil ar nós seirbhísí leabharlainne agus cartlainne, tógáil agus cothabháil linn snámha agus tionscnaimh thaitneamhachta phoiblí agus chultúrtha, chomh maith le seirbhísí dóiteáin agus éigeandála do dhaoine faoi mhíchumas.

▪ ***Deontais do Chuspóirí Ginearálta***

Soláthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil tríd an gCiste Rialtais Áitiúil maoiniú breise d'údaráis áitiúla chun cabhrú leo an t-easnamh idir a bhfoinsí ioncaim eile agus costas na seirbhísí a sholáthraíonn siad a líonadh, lena n-áirítear costais riaracháin na n-údarás féin.

20.7 Cuireann Fíor 79 briseadh síos i láthair d'aistrithe Rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2008 de réir limistéir na gclár. Léiríonn sé sin go raibh díreach os cionn aon trian den soláthar iomlán i ndáil le feabhsúcháin agus cothabháil bóithre. Soláthraíodh díreach faoi aon trian do chlár thithíochta agus athnuachana uirbigh. B'ionann maoiniú do chuspóirí ginearálta agus 18% den mhéid iomlán a soláthraíodh.

Fíor 79 Cur i bhfeidhm Mhaoiniú Rialtais Láir d'Údaráis Áitiúla, 2008



20.8 Cuireann Fíor 80 i síos níos sonraithe láthair briseadh de na haistrithe maoine chuig údaráis áitiúla do 2007 agus 2008, ag taispeáint na cláir agus na scéimeanna atá ag fáil tacaíochta.

Fíor 80 Aistrithe Rialtais Láir chuig Údaráis Áitiúla, de réir Chlár Caiteachais, 2007 agus 2008

Catagóir Caiteachais	2007	2008	
	€m	€m	
Tithíocht agus Athnuachan Uirbeach			
Athnuachan Thithíocht Shóisialta	1,382	1,571	
Tithíocht Inacmhainne, etc.	64	89	
Tacaíochtaí Tithíochta	6	6	
Athnuachan Uirbeach	20	5	1,671
Seirbhísí Comhshaoil			
Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta	529	544	
Bainistiú Dramhaíola	28	27	
Athchúrsáil	12	22	
Bearta Comhshaoil Eile	11	14	607
Feabhsúchán agus Cothabháil Bóithre			
Bóithre Náisiúnta	1,476	1,374	
Bóithre Neamh-náisiúnta	526	610	1,984
Seirbhísí Oideachais			
Deontais Ardoideachais	126	137	
Aoisliúntas d'iarfhoireann scortha	146	164	301
Áineas agus Seirbhísí Áitiúla Eile			
Linnte Snámha	25	20	
Seirbhís Leabharlainne	17	15	
Deontais Spóirt, Áiteanna Súgartha agus Tionscadail Chultúrtha	8	7	
Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála	24	24	
Seirbhísí Oidhreacht (Oidhreacht Ailtireacht)	7	8	
Seirbhísí Míchumais	15	15	
Seirbhísí Ilghnéitheacha	10	14	103
Deontais do Chuspóirí Ginearálta		948	999
Maoiniú Iomlán a Sholáthraítear d'Údaráis Áitiúla		5,380	5,665

**Caibidil 21 An Roinn Oideachais agus
Eolaíochta**

Pleanáil Bhunscoile

Pleanáil Bhunscoile

21.1 Caithfear soláthar cóiríochta d'oideachas mac léinn bunscoile a phleanáil i bhfianaise trí phríomhfhachtóir

- féadfaidh athruithe déimeagrafacha agus teacht chun cinn ceantair atá ag forbairt a bheith ina chúis le cásanna ina bhfuil infrastruchtúr oideachasúil neamhleor nó nach ann dó ar chor ar bith
- d'fhéadfadh go dteastódh uasghrádú ón infrastruchtúr atá ann cheana féin
- déanann an beartas a gcuirtear taca faoi san Acht Oideachais, 1998 soláthar do rogha tuismitheora sa chineál scoile a ndéanann a leanaí freastal uirthi, rud a mhéadaíonn raon agus líon na scoileanna a dteastaíonn tionscadail thógála lena n-aghaidh.

21.2 Mura mbíonn eolas ag an Roinn ar féidir rochtain a fháil go héasca air faoi éilimh atá ag teacht chun cinn, faoi acmhainneacht an stoic thógáil scoile agus staid an infrastruchtúir, lena n-áirítear a comhdhéanamh i dtéarmaí struchtúr buan agus sealadach, ní bheidh de chumas aige an soláthar cóiríochta a bhainistiú go réamhghníomhach. Bhí roinnt cásanna ann ina raibh borradh suntasach ar an éileamh ar áiteanna bunscoile a raibh easnaimh sa tsoláthar dá bharr, na cinn is déanaí i gceantair Leamhcáin agus Bhaile Bhríghín i mBaile Átha Cliath, a d'éiligh go gcuirfi cóiríocht scoile ar fáil go tapa.

Béim an Iniúchta

Rinne an t-iniúchadh athbhreithniú ar

- a mhéid is a bhfuil eolas agus nósanna imeachta ag an Roinn a chuireann ar a cumas pleanáil réamhghníomhach a dhéanamh do sholáthar bunscoileanna
- cáilíocht a heolais ar an gcóir atá ar chóiríocht scoile
- cén chaoi a dtugtar túsáíocht do thionscadail fhorbartha.

Eolas Pleanála

21.3 Le soláthar cóiríochta a phleanáil, theastódh eolas ón Roinn faoi líon na ndaltaí ar dóigh go dteastódh áiteanna uathu, an áit a bhfuil na daltaí sin lonnaithe, agus méid agus cáilíocht na cóiríochta atá ann cheana féin.

Éileamh ar Áiteanna Scoile

21.4 Tá athrú bunúsach ar riachtanais chóiríochta le blianta beaga anuas.

- I 1998 rinneadh réamh-mheas (bunaithe ar an déimeagrafaíocht a bhí i réim, agus ar phatrúin imirce agus rátaí breithe ag an am) go dtitfeadh líon na ndaltaí ag an leibhéal bunscoile ó idir 418,900 agus 442,300 faoin mbliain 2016.
- Faoi láthair, tá rollú bunscoile thart ar 499,000 ann agus meastar go sroichfidh sé 597,000 faoi 2016 (bunaithe ar na réamhinsintí is deireanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) agus ó Rannán Staitisticí na Roinne, agus déimeagrafaíocht reatha, imirce agus patrúin ráta breithe á n-úsáid).

Impleachtaí do Shaoráidí sa Seomra Ranga

21.5 Measann an Roinn go bhfágfadh freastal ar an éileamh ar sheirbhísí oideachais ag an leibhéal bunscoile go mbeadh soláthar suas le 3,500 seomra ranga breise ag teastáil mura bhféadfaí freastal ar na daltaí go léir i scoileanna atá ann cheana féin. Ach tá sé níos dócha go ndéanfar freastal ar cibé acmhainn scoile breise a theastaíonn trí theaghlaim d'úsáid aon seomra ranga breise atá ann cheana féin, trí shintí agus leathnú ar scoileanna atá ann cheana féin agus trí sholáthar scoileanna nua de réir mar is gá. Éireoidh sé seo de bharr nadúr scaipthe an líon méadaithe daltaí ar fud na tíre. Go ginearálta, is é is dócha gur i gceantair feadh chríos comaitéara chósta an oirthir, mórchéantar Bhaile Átha Cliath agus na ceantair thart ar mhórchathracha eile, is láidre a bheidh an fás daonra as a dtagann brú ar chóiríocht bunscoile agus iar-bhunscoile. Ach beidh brú freisin ina lán ceantar eile i dtéarmaí éilimh mhéadaithe ar áiteanna do dhaltaí, cé gur ag leibhéal níos ísle a bheidh sé seo.

Aithint Riachtanas atá ag teacht chun cinn

21.6 Le linn 2008 thug an Roinn Córas Faisnéise Geografaí (GIS) isteach chun cruinneas níos mó a éascú in aithint riachtanas áiteanna scoile. Ceadáíonn an córas seo don Roinn píosáí éagsúla eolais a chur síos ina sraitheanna thar mhapa digiteach d'Éirinn. Faightear an t-eolas seo ón CSO (aoischóhórt de réir toghroinn cheantair), ó mhapáil shuirbhéireacht ordanáis, geo-eolaí ó An Post a mhapálann gach áitreabh sa tír (tugtha suas chun dáta go ráithiúil), sonraí sochar leanaí (tugtha suas chun dáta go ráithiúil), agus sonraí de chuid Oifig an Chláraitheora Ghinearálta ar bheobhreitheanna (tugtha suas chun dáta go ráithiúil freisin). Úsáidtear eolas reatha agus stairiúil ar rollú scoile agus ar sholáthar foirne freisin.

21.7 Ceadáíonn teaghlaim an eolais seo bunú ceantar friothálacha táscacha thart ar scoileanna atá ann cheana féin agus i láithreáin úrnua. Éascaíonn an córas múnú raon cásanna réamhaisnéise do gach ceantar do na blianta atá romhainn agus na hathruithe is dóigh a thiocfaidh ar an daonra scoile sna ceantair seo chun an leibhéal soláthar scoile a theastóidh a thuar.

21.8 Agus úsáid á baint as GIS, tá an Roinn tar éis staidéar a dhéanamh ar an tír chun na ceantair a bhféadfadh riachtanas chun soláthar scoile breise suntasach a bheith iontu ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile, ag eascairt as athruithe déimeagrafacha, thar na blianta atá romhainn. Léiríonn an staidéar gur dóigh gur i 42 ionad ar fud na tíre a bheidh an t-éileamh is mó ar sholáthar bunscoile breise sna ceithre nó na cúig bliana atá romhainn, bunaithe ar athruithe suntasacha ar dhéimeagrafaic na gceantar sin. Tá an próiseas chun anailís agus tuarascálacha mionsonraithe a chur ar fáil do gach ceann de na hionaid seo ar siúl chun na riachtanais chóiríochta scoile do gach ceantar a aithint suas go dtí an bhliain scoile 2014/2015 agus an bhliain sin a áireamh. Léiríonn na tuarascálacha mionsonraithe seo na hionaid ina bhféadfadh scoileanna nua nó sínithe ar scoileanna atá ann cheana féin a bheith ag teastáil agus mar sin foirmíonn siad tosaíocht agus dul chun cinn tionscadal caipitil do na ceantair seo.

21.9 Cé go gcuidíonn an próiseas seo le riachtanas soláthair bhreise i gceantair áirithe a aithint, arbh í a phríomhaidhm í mar uirlis phleanála, ní thugann sé aghaidh ar riachtanais uasghrádaithe nó athchóirithe toisc nach bhfuil an t-eolas ag an gcóras ar chóiríocht scoile reatha, gan acu ach figiúirí bunaidh rollaithe do gach scoil.

Cóiríocht Scoile atá ann cheana

21.10 Cé gur féidir infheistíocht stairiúil i scoileanna a rianú agus úsáid á baint as córas forbhreathnaithe, theastódh ón Roinn eolas iontaofa cuí a bheith aici ar staid na scoileanna atá ann faoi láthair sa chóras. Go dtí seo bhí eolas teoranta coinnithe go lárnach ar staid scoileanna.

21.11 I 2001 reáchtáil an Roinn tionscadal píolotach chun fardal chóiríocht scoile in aon chontae amháin a chruthú. Bhí sé de chuspóir aige córas a fhorbairt chun cuidiú le beartú tosaíochta tionscadal tógáil scoile. Rinne an tionscadal measúnú ar 90 bunscoil agus 25 iar-bhunscoil i gContae Chill Dara.

21.12 Bhí dhá phríomhghné sa tionscadal

- Bailiú eolais trí shuirbhéanna tionscadail lena n-áiríodh suirbhéanna ar láithreáin, airde foirgnimh, pleananna urláir, agus mionsonraí ar an staid ina raibh suas le 37 gné de gach scoil mar aon le grianghraif dhigiteacha agus sonraí ginearálta eile.
- Saincheapadh pacáiste bogearraí atá ann cheana chun na sonraí a bailíodh a stóráil agus an t-eolas seo a nascadh le bunachar sonraí cuí de chuid GIS.

Chosain an tionscadal beagán sa bhreis ar €1 milliún, 20% den chostas á thabhtú ar chórais ríomhaireachta agus 80% ar shuirbhéanna scoile.

Toradh an Tionscadail Phíolótaigh

21.13 I mBealtaine 2003 ullmhaíodh Tuarascáil Mheasúnaithe ar fheidhmiú an tionscadail píolótaigh do bhainistíocht shinsearach an Aonaid Phleanála agus Foirgníochta (PBU). Ar na torthaí agus na roghanna a raibh breac-chuntas orthu sa tuarascáil bhí

- gur chóir cur chuige spriocdhírthe a thógáil agus ceantair/scoileanna ar chóir a chur san áireamh sa chéad chéim(eanna) eile den tionscadal fardail á gcinneadh
- ba chóir raon na sonraí a bailíodh a laghdú go dtí íosmhéid úsáideach soláimhsithe chun costais a laghdú
- ba chóir freisin go léireodh an fócas ar leathnú an fhardail gur easpa spáis seachas staid an riachtanas is mó a aithníodh i scoileanna sa chéim píolótach
- gur chóir na sonraí a bhailiú thar thréimhse ama de réir mar a dhéantar measúnú ar scoileanna le haghaidh tosaíochta sa tionscadal tógála
- ba chóir ceadúnais a cheannach ó Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann le úsáid mhapáil gheografaí ar fud na tíre a chumasú, rud a cheadódh leathnú láithreach ar ghné GIS den chóras.

21.14 I 2009 nuair a lorgaíodh sonraí ón bhfardal le haghaidh athbhreithniú iniúchta, fuarthas amach nar dearnadh rochtain ar an mbunachar sonraí le píosa agus go raibh saincheistean bog earraí agus ceadúnaithe ag baint le rochtain a fháil ar an eolas. Ach chuir an Roinn roinnt eolais a baineadh amach roimhe sin ar fáil.

21.15 Tá líníochtaí agus sonraí faoi thuarascáil ar staid na scoileana ar dearnadh suirbhé orthu, i mbunachar an tionscadail fhardail. D'úsáid an Roinn na líníochtaí, a coinníodh lasmuigh den bhunachar sonraí, thar na blianta. Ní dhearnadh rochtain ar eolas eile a bailíodh le linn an tionscadail suirbhé píolótaigh, lena n-áirítear rátáil staide, le blianta beaga anuas. Cé go raibh teacht ar chuid den eolas faoi staid scoile a bhí sna táblaí a íoslódáladh ón mbunachar sonraí, le linn na hidirthréimhse, níor comhtháthaíodh é leis an GIS nua atá in úsáid faoi láthair do phleanáil chun cinn áiteanna scoile.

Eolas Fardail Feabhsaithe

21.16 Tá obair ar siúl faoi láthair ar fhorbairt fardail nua chóiríocht scoile a bheidh ar fáil lena chomhlánadh ar líne ag scoileanna mar chuid de thairseach scoile⁷³. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo fardal mionsonraithe ar fáil den stoc iomlán tógáil scoile agus áis ann le go ndéanfaidh scoileanna uasghrádú bliantúil ar íoschostais fhorbartha. Déanfar an fardal nua cainníochtúil ar chóiríocht scoile, a meastar a bheidh beo i dtreo deireadh 2009, a chomhtháthú leis an GIS. Cuimseoidh an fardal nua sonraí cainníochtúla i leith gach cóiríochta i scoil, cóiríocht shealadach agus bhuan araon.

21.17 Idir an dá linn, tá bunachar sonraí neamhspleách de chóiríocht scoile ar cíós ag an Roinn, a choinníonn taifid ar an dáta suiteála, cíós bliantúil, agus ainm agus mionsonraí an tsoláthraí. Déantar an bunachar sonraí seo a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach de réir mar a fhaigheann an Roinn eolas nua agus cuí.

21.18 Go leithleach, tá bunachar sonraí neamhspleách de chóiríocht réamhdhéanta ag an Roinn áit ar ceadaíodh deontas chun aonad nó aonaid a cheannach. Áirítear sa mbunachar sonraí seo aon aonaid réamhdhéanta a ceadaíodh a cheannach ó Eanáir 2008 agus déantar é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach de réir mar a cheadaítear tuilleadh ceannacháin réamhdhéanta agus de réir mar a fhaightear eolas nua agus cuí.

21.19 Ceaptar go mbeidh an fardal iomlán de stoc tógála scoile, nuair a fhorbraítear é go deireanach i 2009, mar shraith thábhachtach sonraí a úsáidfear laistigh de chóras GIS chun críochar pleanála chun cinn. Beidh an cumas ansin ag GIS leibhéal na cóiríochta sealadaí i scoileanna a léiriú.

21.20 Thug obair iniúchta ar aird, cé go bhfuil eolas ar chóiríocht shealadach, lena n-áirítear líon na seomraí ranga a ceadaíodh, i gcóras forbhreathnaithe na Roinne, níl sa chóras nua GIS faoi láthair. Déantar monatóireacht ar leithligh ar chostas cóiríochta sealadaí agus ní bhailítear sonraí ar staid na cóiríochta sealadaí.

21.21 De ghnáth is freagairt é soláthar cóiríochta sealadaí d'fhaomhadh phost múinteoireachta breise i scoil. Féadfaidh poist mhúinteoireachta, ar bhonn na n-uimhreacha ag tús gach scoilbhliana, a fhaomhadh go deireanach san Earrach do Mheán Fómhair ina dhiaidh sin. Fágann sé seo achar gairid ama do sholáthar an tseomra ranga is gá. Ó luath 2008, is é polasaí PBU go gceannáítear cóiríocht shealadach áit a dteastaíonn sé do níos mó ná trí bliana agus go dtógtar ar cíós é más riachtanas níos sealadaí atá ann. Ceadaíonn an Roinn suim airgid do cheannach nó cíós cóiríochta sealadaí, mar aon le costais suiteála, agus gníomhaíonn an scoil de thoradh an cheada sin. Nuair a cheadaítear ceannach tigín réamhdhéanta bhíonn an cead neamhiata agus féadfaidh an scoil an tigín a choinneáil an fhaid agus a bhíonn gnó aici dó. Maidir le comhaontuithe nua cíosa, tugtar an cead don tréimhse ama a meastar a leanfaidh an riachtanas (suas go trí bliana) agus déantar athbhreithniú air ansin. Do chomhaontuithe cíosa a bhí ann roimh an athrú ar pholasaí ó 2008 (a mheasann gurb é an ceannach an rogha is fearr luach ar airgead do thigíní réamhdhéanta a theastaíonn le haghaidh trí bliana nó níos mó) déantar athbhreithniú ar an gcead ar bhonn trí bliana agus ansin cuirtear deireadh nó fad leis de réir mar is cuí.

⁷³ Is tairseach ar líne é Esinet a cheadaíonn do scoileanna cuimsitheacha agus pobail, meánscoileanna, scoileanna deonacha agus bunscoileanna córais mar Chórais Éileamh Ar Líne a rochtain.

Freagairt do Riachtanas Éigeandála

21.22 I gcásanna go n-eascraíonn riachtanas nar aithníodh roimhe sin, bíonn sé riachtanach go bhfreagródh an Roinn go pras. Chuir sí Clár Seachadadta Tapa ar bun i 2008.

Mearfhreagairt Fhorbartha

Cuireadh tús leis an Aonad Cheantar Forbartha (DAU) i Meán Fómhair 2007 chun

- teagmháil a dhéanamh le údaráis áitiúla
- aithint cén áit ina dteastaíonn scoileanna nua
- a chintíú go ndéantar iad a sheachadadh chomh tapa agus is féidir.

Rinne sé 7,000 áit bhreise do dhaltá a sheachadadh i Meán Fómhair 2008 i 26 scoil nua agus úsáid á baint as tógáil lasmuigh den láthair. Tógadh scoileanna buana áit a raibh láithreáin bhuana faighte agus thánathas ar réitigh shealadacha áit nach raibh ach láithreáin shealadacha ar fáil. Ghníomhaigh an Roinn féin mar chliant do na tionscadail seo. Do Mheán Fómhair 2009 tá sé mar aidhm ag DAU ocht mbunscoil nua (2,800 áit scoile) agus iar-bhunscoil amháin (350 áit sa chéad chéim) a sheachadadh.

21.23 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom, ag éirí as clár 2008, nach bhfuair an Roinn aon léiriú ó scoileanna, mar a tharla i mblianta roimhe sin, go raibh aon mhórdeacrachtaí ann cóiríocht a fháil agus nach raibh aon áit sa tír nach raibh áiteanna scoile ar fáil iontu do dhaltá bunscoile incháilithe do Mheán Fómhair 2008.

21.24 Dúirt sí freisin, ó tugadh an córas GIS isteach, go bhfuil ar chumas na Roinne méaduithe ar éileamh ar áiteanna scoile a thuar níos luaithe ná mar a bhídís in ann roimhe seo. Ba chóir go bhfágfadh an cumas tuar níos túisce a dhéanamh ar éilimh a d'fhéadfadh a bheith ann, raon na roghanna chun cóiríocht scoile a sheachadadh.

Próiseáil Eolais a Fheabhsú

21.25 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go bhfuil an Roinn ag brú ar aghaidh leis an obair chun a córais a fheabhsú le rochtain ar eolas cruinn agus cothrom le dáta ar scoileanna aonair a éascú, chun úsáid níos éifeachtaí ama oifigiúil a chinntiú agus chun an t-ualach riaracháin ar scoileanna a laghdú.

21.26 Tá an Roinn tiomanta d'fheabhsú a hinfrastruchtúr IT agus tá na córais IT á n-uasghrádú chun cur leis an gcumas eolas a aisghabháil go réidh. Tá samhail sonraí chomhaontaithe atá ceaptha príomhshealbhaíochta sonraí na Roinne a aontú, a chaighdeánú agus a chuíchóiriú chun bonn soladach a sholáthar ar a dtógfaí córais nua, á cur i bhfeidhm. Tá an Roinn tar éis a léiriú go mbeidh an ráta dul chun cinn ag braith ar na hacmhainní IT, daonna agus airgeadais atá ar fáil.

Measúnú agus Faomhadh Tionscadail

21.27 Is feidhm í dul chun cinn tionscadal tógáil scoile, ó chéim an iarratais go dtí an chéim thógála, den tosaíocht a bhaineann leis agus d'infhaighteacht na n-acmhainní riachtanacha airgeadais agus eile.

21.28 Tá trí phríomhphointe cinnidh sa phróiseas. Is iad seo

- measúnú agus faomhadh an tionscadail i bprionsabal agus sannú rátáil bhanda

- an cinneadh chun don tionscadal dul isteach sa phleanáil ailtireachta
- an cinneadh chun ceadú don tionscadal dul ar aghaidh go tairiscintí agus go dtí an tógáil.

Príomhbheartais sna Céimeanna Measúnaithe agus Pleanála

- Measúnú iarratas ag PBU lena n-áirítear
 - beartas rollaithe, soláthar foirne, cóiríocht atá ann cheana, forbairtí tithíochta sa cheantar
 - moltaí cigirí scoile
 - breithniú ar staid chóiríochta agus cúinsí éilimh
 - breithniú ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach
- Faomhadh agus rátáil bhanda in aghaidh chritéir thosaíochta (féach Fíor 81)
- Cuairt ar an láithreán, pleananna, líníochtaí
- Talamh a fháil (más gá)
- Coimre tionscadail
- Moladh don Aire, é ceaptha éigeandáil agus soláthar airgeadais a chomhoiriúnú
- Cinneadh an Aire
- Faomhadh Aire chun dul ar aghaidh le tairiscint agus tógáil
- Pleanáil ailtireachta

Ina dhiaidh sin, leanann sé gnáth-thimthriall soláthair d'obair thógála phoiblí.

Beartú Tosaíochta Tionscadail

21.29 Sanntar rátáil bhanda do gach tionscadal scoile a chuireann san áireamh

- riachtanais scoile aonair
- measúnú ar staid scoile (á chur sa siúl ag iarratas ar dheontas caipitil)
- riachtanas foriomlán cóiríochta sa cheantar
- soláthar chóiríocht riachtanais speisialta.

21.30 Mar fhreagra ar mo cheistanna faoin gcaoi a chinneann nó a fhoirmíonn an córas banda cinntí, mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta go gcinneann an ráta tosaíochta a shanntar do thionscadail faoin gcóras bandála ar an iomlán cén uair a gcuirtear tionscadal ar aghaidh chuig phleanáil ailtireachta agus trí chéimeanna na pleanála ailtireachta, tairiscintí agus tógála. Cé go dtógtar cinntí a bhaineann le cuimsiú tionscadal sa chlár caipitil ar bhonn raon mór fachtóirí, is gné mhór le cur san áireamh é an rátáil bhanda tosaíochta.

21.31 Go ginearálta, ní dhéantar athbhreithniú ar rátáil bhanda tionscadail bheartaithe mura n-athraíonn cúinsí nó mura mbíonn teacht ar eolas nua déimeagrafach, rud a athraíonn riachtanais an tionscadail. Cé go n-úsáidtear na critéir seo chun tionscadail ionchasacha a rangú, bíonn tráthú a seachadta ag brath ar infhaighteacht maoinithe ag pointí cinnte áirithe, ullmhacht an tionscadail dul ar aghaidh go háitiúil agus an chéim atá bainte amach ag an tionscadal sa dearadh ailtireachta.

21.32 I gcás scoile atá ann cheana, tosaíonn an próiseas de ghnáth le iarratas ar mhórdheontas caipitil, ag leagan amach cás don infheistíocht, lena n-áirítear an fás rollaithe atá á thuar. Déanann

an PBU measúnú ar an gcás don fhorbairt agus cuireann san áireamh aon easnamh sa chóiríocht, an fás déimeagrafach sa cheantar, méid láithreán na scoile agus toilteanas nó oiriúnacht na scoile méadú, síniú nó athchóiriú a dhéanamh, mar aon le feabhsaithe curaclaim. Ina theannta, féadfaidh an Roinn dul i dteanmháil go díreach le scoileanna atá ann cheana maidir le leathnú a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcás go mbíonn an Roinn feasach faoin ngá atá le áiteanna scoile breise i gceantar.

Pleanáil suas go 2008

Chuir Coiste Comhairleach na Scoileanna Nua (NSAC) comhairle ar fáil don Aire faoi aitheantas bunscoileanna nua ó 2002 go dtí Meán Fómhair 2008 nuair a tháinig deireadh lena théarma oifige agus d'fhógair an tAire athbhreithniú ar na critéir agus na nósanna imeachta d'aitheantas scoileanna nua. Bunaíodh an NSAC ag éirí as tuarascáil an Choimisiúin ar Chóiríocht Scoile, ar comhlacht neamhspleách é a chuimsíonn ionadaithe ó na comhpháirtithe oideachais go léir agus ón Roinn. Tá freagracht ar an gCoimisiún freisin Pleananna Forbartha Ceantair a aontú le geallsealbhóirí oideachais. Ba iad na Pleananna Forbartha Ceantair seo an príomhchur chuige pleanála chun cinn a bhí in úsáid ag an Roinn sular ghlac nósanna imeachta comhairliúcháin nua a n-áit a bheag nó a mhór.

21.33 Fágann láithreáin úrnua, áit nach bhfuil aon éarlamh acu go fóill, go mbíonn ar an Roinn pleanáil réamhghníomhach a dhéanamh. I gcás go n-aithníonn an Roinn riachtanas i gceantar, cuireann sí in iúl d'éarlaimh go bhfuil sé ar intinn aici scoil nua a bhunú, lorgaíonn iarratais chun bheith ina n-éarlaimh agus tosaíonn ar láthair a fháil i gcomhar leis an údarás áitiúil.

Fíor 81 Achoimre ar Chritéir Thosaíochta do Chlár Tógála Scoileanna⁷⁴

Banda	Sonraí
1.1	Scoil nua nó síneadh i gceantar atá ag forbairt
1.2	Cóiríocht do mhic léinn le riachtanais speisialta
1.3	Scoil atá lochtach ó thaobh struchtúir
1.4	Tionscadal cuíchóirithe
2.1	Mórshíneadh ar scoil atá ann cheana agus athchóiriú fairsing
2.2	Mórshíneadh ar scoil atá ann cheana
2.3	Athchóiriú fairsing
2.4	Síneadh ar scoil atá ann cheana agus athchóiriú measartha
2.5	Síneadh ar scoil atá ann cheana féin
2.6	Athchóiriú measartha
3.1	Cóiríocht choimhdeach don oideachas speisialta agus gan ach roinnt feabhsúchán
3.2	Coimhdeach don oideachas speisialta amháin
3.3	Easnamhach nó coimhdeach (seachas coimhdeach don oideachas speisialta agus roinnt feabhsúchán)
3.4	Easnamhach nó coimhdeach (seachas coimhdeach don oideachas speisialta agus roinnt feabhsúchán)
3.5	Oibreacha feabhsúcháin
4	Gach iarratas eile

21.34 Mhaígh an tOifigeach Cúnta go dtugann an córas tosaíochta tosaíocht ar leith don ghá atá le cóiríocht bhreise nó nua sna ceantair sin den tír ina bhfuil fás daonra tapa iontu. Déantar é seo ar an mbunús go gcaitear cóiríocht ranga a sholáthar do pháistí in aois scoile sna ceantair seo.

⁷⁴ Tá siad seo in úsáid ó 2003, agus rinneadh athbhreithniú orthu i 2004.

21.35 Faigheann scoileanna atá lochtach ó thaobh struchtúir rátáil ard bhanda freisin. Laistigh de Bhanda 2 faigheann scoileanna a dteastaíonn síntí uathu chun cóiríocht bhreise a chur ar fáil do sheomraí ranga príomhshrutha agus athchóiriú fairsing, tosaíocht níos airde na iad siúd a dteastaíonn mórshínadh amháin uathu nó athchóiriú amháin.

21.36 Déanann an córas idirdhealú freisin idir síntí atá riachtanach chun freastal ar easnamh i gcóiríocht seomra ranga príomhshrutha agus iad siúd a theastaíonn chun freastal ar easnamh coiríochta coimhdí.

21.37 Teastaíonn cothromaíocht idir riachtanais leanúnacha chun cóiríocht dhóthanach a chinntiú do gach leanbh agus cóiríocht den chaighdeán riachtanach laistigh den stoc tógála atá ann cheana féin.

Fachtóirí a bhfuil Tionchar acu ar Chostas Cláir

21.38 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go dtugann an timpeallacht eacnamaíoch atá ann faoi láthair i dtionscal na tógála deis agus dúshlán araon do sheachadadh clár tógála bunscoile na Roinne.

21.39 I 2009, bhí tairscintí do thionscadail thógáil scoile cuid mhaith níos ísle ná mar a bhí le blianta beaga anuas. Ach, ag éirí as na cúinsí nua atá i réim ar fud tionscal na tógála faoi láthair, tá dúshlán PBU agus comhairleoirí deartha seachtracha á thabhairt i dtéarmaí feidhmiú agus bainistiú comórtais tairscintí poiblí móra agus bainistiú tionscadal ar an láthair.

21.40 Is forbairt í a gcuirfear fáilte roimpi cineál nua conartha⁷⁵ a bheith á thabhairt isteach do mhórhionscadail chaipitil san earnáil phoiblí agus ba chóir go mbeadh cinnteacht fheabhsaithe ann dá bharr don Roinn agus do scoileanna ar thionscadail thógáil scoile, lena n-áirítear fachtóirí riosca ag éirí as an timpeallacht oibriúcháin athraithe laistigh de thionscal na tógála.

21.41 Ach is é taithí na Roinne go bhfuil an tionscal ag tógáil níos mó ama ná mar a raibh súil leis chun dul i dtaithí ar riachtanais an chineál nua conartha. D'fhág sé seo go raibh moilleanna ann in ullmhú cáipéise tairscintí ag foirne deartha agus bhí de thoradh air freisin gur cuireadh aighneachtaí ar cháilíocht íseal os comhair na Roinne. Tá cáilíocht na n-aighneachtaí seo chomh híseal go dteastaíonn leasuithe forleathana uathu. Cuireann na leasuithe seo leis na moilleanna tionscadail a thabhairt ar an láthair.

21.42 Mar fhreagra air seo, tá an Roinn tar éis sraith cheardlanna faisnéise a eagrú d'fhoirne deartha ar riachtanas Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais. Léirigh aiseolas ón tionscal go bhfuil costas suntasach ag baint leis an oiliúint riachtanach agus forbairt saineolais chun an cineál nua tairscintí a ullmhú.

21.43 Dá bhrí sin, cuireadh de cheangal ar an Roinn ardleibhéil idirghníomhaíochta agus tacaíochta a sholáthar d'fhoirne deartha seachtracha chun a chinntiú go gcomhlántar cáipéisí tairscinte go cuí, iad ag teacht le soláthar poiblí agus riachtanais eile ag éirí as na nósanna imeachta leasaithe. Tá impleachtaí acmhainne aige seo don Roinn féin freisin.

⁷⁵ Tugtha isteach Deireadh Fómhair 2006 mar chuid de phróiseas níos leithne ar leasú sholáthar tógála, tá sé d'aidhm ag an gconradh aghaidh a thabhairt ar imní faoi mhéid róchaiteachas costais i dtionscadail oibreacha poiblí, i bpáirt, trí thairscintí cnapshuime ar praghas seasta a úsáid.

Conclúidí

Tá tosaithe ag an Roinn aghaidh a thabhairt ar an ngá atá lena cuid eolais ar scoileanna a chomhdhlúthú, lena n-áirítear an t-éileamh ar áiteanna. Ach ní mór di brú ar aghaidh lena tionscnaimh chun a chinntiú go dtagann samhail phleanála thuartha go maith chun cinn, é ar a cumas a chinntiú go n-aithnítear an t-éileamh ar chóiríocht bhunscoile go pras agus go ndéantar freastal air.

Ar an dóigh chéanna, tá sí tosaithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanas fhardal cóiríochta ar féidir é a nascadh lena cuid eolais phleanála. Arís ní mór di é seo a thabhairt chun críche agus eolas ar chóiríocht, idir bhuan agus shealadach, a chomhtháthú ina chóras pleanála lárnach.

Foirmíonn córas bandála mionsonraithe cinntí faoi bheartú tosaíochta tionscadal. Sa deireadh, cé go bhfoirmíonn an córas sin é, tá baint dhlúth ag an dul chun cinn leis an airgeadais atá ar fáil agus an phráinn mar a fheictear í. Déanann an tAire cinntí ar dhul chun cinn tionscadail tar éis don Roinn moltaí a dhéanamh.

Caibidil 22 Comhar Idirnáisiúnta

Cúnamh Oifigiúil Forbartha

Cúnamh Oifigiúil Forbartha

22.1 Is é atá i gcúnamh oifigiúil forbartha (ODA) aistrithe acmhainní ó ghníomhaireachtaí oifigiúla - in airgead nó i bhfoirm tráchtearraí nó seirbhísí - chuig tíortha nó críocha atá i mbéal forbartha, nó chuig forais forbartha iltaobhacha. Ní cháilíonn na hidirbhearta seo lena n-áireamh i meastacháin ODA ach amháin má tá siad dírithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus leas tíortha atá i mbéal forbartha a chur chun cinn⁷⁶.

22.2 Is é Cúnamh Éireann an rannán laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha a bunaíodh chun clár COF Rialtas na hÉireann a riaradh.

22.3 Tugtar cuntas ar an gcuid is mó de ODA na hÉireann faoi Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta. Sa bhliain 2008, b'ionann sin agus 83.5% den iomlán a thug Éire. Is é atá sa chuid eile den chaiteachas go príomha ranníoc na hÉireann le buiséad comhair forbartha an Aontais Eorpaigh, roinnt íocaíochtaí le comhlachtaí idirnáisiúnta ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (agus ar a dtugtar cuntas ina vótaí faoi seach) agus íocaíochtaí ag na Coimisinéirí Ioncaim i leith na Scéime In-Asbhainteachta Cánach le haghaidh tabhartas do charthanais iomchuí.

Béim na Tuarascála

Tiomsaíodh an chaibidil seo chun an caiteachas iomlán ar ODA a chur i láthair in aon ráiteas amháin.

Caiteachas Foriomlán

22.4 €921 mhilliún iomlán ODA na hÉireann sa bhliain 2008, suas ó €871 mhilliún sa bhliain 2007. B'ionann sin agus méadú 5.7%.

22.5 Tugtar léiriú i Fíor 82 ar an miondealú ar an gcaoi a úsáideadh ODA na hÉireann. Déantar idirdhealú idir


- **Cúnamh déthaobhach** — a ghabhann tír is deontóir de láimh go díreach i dteannta tíre atá i mbéal forbartha agus a chuirtear ar fáil trí rialtas na tíre atá i mbéal forbartha nó trí eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGO), lena n-áirítear cumainn mhisinéireachta. Ar áireamh ar chúnamh déthaobhach freisin tá idirbhearta forbartha amhail fóirdheontais úis, caitheamh ar fheasacht forbartha agus atheagrú fiacha a chur chun cinn.
- **Cúnamh iltaobhach** — baineann sé seo le ranníocaí le gníomhaireachtaí, forais nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a chomhthiomsaíonn ranníocaí ó thíortha is baill agus a úsáideann iad chun críocha forbartha.

⁷⁶ Féach bileog eolais Choiste Cúnamh Forbraíochta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, *Is it ODA?* (Bealtaine 2007) chun míniú a fháil ar na critéir a úsáidtear chun ODA a mheas agus a thaifeadadh. Féadfar iasachtaí a áireamh i meastacháin ar ODA má tá rátaí úis i gceist leo is lú ná leibhéil an mhargaidh agus go bhfuil gné deontais 25% ar a laghad i gceist leo.

Fíor 82 Cúnamh Oifigiúil Forbartha, de réir Cineáil, 2007 agus 2008

	2007	2008
	€m	€m
Cúnamh Déthaobhach	576.0	614.8
Cúnamh Iлтаobhach	264.8	270.7
Costais Riaracháin (Vóta 29)	30.1	35.1
Caiteachas Comhlán Iomlán	870.9	920.6

22.6 Tá sprioc leagtha síos ag na Náisiúin Aontaithe go ndéanfaidh tíortha forbartha cúnamh oifigiúil forbartha is comhionann le 0.7% dá n-olltáirgeacht náisiúnta (GNP) a ranníoc gach bliain. Mar a léirítear i Fíor 83, mhéadaigh ODA na hÉireann ó 0.3% den GNP sa bhliain 2000 go dtí 0.59% sa bhliain 2008. Is é cuspóir luaite an Rialtais an leibhéal sprice 0.7% a bhaint amach faoin mbliain 2012.

Fíor 83 Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann mar Chéatadán den GNP, 2000 go 2008

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha

22.7 Ní dheachaigh ach cúig thír is deontóirí thar sprioc na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2008: an tSualainn (0.98%), Lucsamburg (0.92%), an Iorua (0.88%), an Danmhairg (0.82%) agus an Ísiltír (0.8%). Bhí ranníoc COF na hÉireann ar an gcéad cheann eile is airde i measc thíortha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta⁷⁷.

Cúnamh Forbartha Déthaobhach

22.8 Soláthraítear dhá thrian de ODA na hÉireann trí chlár um chomhar déthaobhach. Léirítear miondealú ar aistrithe déthaobhacha de réir cláir i Fíor 84.

⁷⁷ An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, Cúnamh Oifigiúil Forbartha Glan sa bhliain 2008, Márta 2009.

Fíor 84 Cúnamh Oifigiúil Forbartha Déthaobhach, de réir Cineáil, 2007 agus 2008

	2007	2008
	€m	€m
Vóta 29 Caiteachas ar Chomhar Idirnáisiúnta		
Cúnamh do Thíortha de chuid na gClár	185.0	218.6
Cúnamh do Thíortha eile	29.4	38.2
Tacaíocht Sochaí Sibhialta, lena n-áirítear cómhaoiniú le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha	117.6	134.2
Tionscnaimh Sláinte agus Oideachais	96.5	67.6
Cúnamh Éigeandála agus Daoncharadais	120.8	108.4
Cláir Eile	17.8	39.5
ODA Déthaobhach ó Ghníomhaireachtaí eile Rialtais	8.9	8.3
ODA Déthaobhach Iomlán	576.0	614.8

Cúnamh do Thíortha Sprice

22.9 Caitheadh méid iomlán €219 milliún ar chlár fhoirmiúla cúnamh do thíortha sa bhliain 2008. Is comhpháirtíochtaí straitéiseacha le rialtais na dtíortha a roghnaítear iad na cláir sin chun tacú le bochtaineacht a laghdú agus le forbairt ar bhonn fadtéarmach. Is iad na tíortha a dtacaíonn Éire leo faoi na cláir sin ná an Aetóip, Leosóta, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Tansáin, an Tíomór Thoir, Vítneam agus an tSaimbia. Déanann ambasáidí na hÉireann i ngach tír bainistiú ar chúnamh forbartha, agus soláthraítear é trí thacaíocht do phleananna agus buiséid forbartha na rialtas is comhpháirtithe, agus freisin trí eagraíochtaí sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha sna tíortha sin.

22.10 Soláthraíodh cúnamh €38 milliún freisin sa bhliain 2008 do thíortha eile a roghnaíodh. Tugtar tacaíocht do chlár san Afraic Theas a ndéanann ambasáid na hÉireann ann maoirsiú air. Tá clár athshlánúcháin ar bun i Siarra Leon agus sa Libéir, a sholáthraítear go príomha trí ghníomhaireachtaí speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus a ndéantar maoirsiú air ó oifig i Siarra Leon. Soláthraíodh tacaíocht freisin le haghaidh cláir sna limistéir atá á riaradh ag an bPalaistín, agus le haghaidh cláir HIV/AIDS sa tSiombáib a chuirtear ar fáil trí eagraíochtaí neamhrialtasacha. Soláthraíodh cúnamh freisin le haghaidh cláir comhpháirtíochta do thíortha áirithe de chuid Oirthear na hEorpa agus na hÁise Láir.

Tacaíocht Sochaí Sibhialta

22.11 Ar áireamh sa bhuiséad Sochaí Sibhialta tá scéimeanna éagsúla atá deartha chun maoiniú a sholáthar d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, do ghrúpaí misinéireachta agus do chomhpháirtithe sochaí sibhialta eile le haghaidh idirghabhálacha forbartha. Is iad na príomhbhealaí caiteachais

- An **Scéim um Chláir Ilbhliantúla** — soláthraíonn an Scéim seo maoiniú ilbhliantúil intuartha do chúig cinn d'eagraíochtaí neamhrialtasacha bunaithe ar a bpleananna straitéiseacha. Is iad na cúig eagraíocht neamhrialtasacha Concern, Trócaire, Christian Aid, Goal agus Self Help Africa. Tá maoiniú tríd an Scéim bunaithe ar chreat straitéiseach pleanála agus faireacháin agus tiomantas i leith feabhsú leanúnach de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr a bheith ar bun ag an eagraíocht is faighteoir.
- An **Ciste Sochaí Sibhialta** — soláthraíonn an Ciste seo maoiniú tionscadal ilbhliantúil thar réimse earnálacha sóisialta agus eacnamaíochta. Sa bhliain 2008, maoiníodh 130 éigin eagraíocht neamhrialtasach faoin scéim seo.

- **Misean Cara** (ar a dtugtaí an Irish Missionary Resource Service tráth) — is gníomhaire bainistíochta é an comhlacht seo le haghaidh misinéirí, a thugann fodheontais do 80 eagraíochtaí misinéireachta agus a sholáthraíonn forbairt acmhainne agus maoirsiú breise ar a n-idirghabhálacha forbartha.
- An **Scéim Mion-Tionscadal In-Tíre** — faoin scéim seo, tá buiséid ag naoi n-ambasáid de chuid na hÉireann agus ag consalacht amháin chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do thionscadail forbartha mionscála. Oibríonn an scéim i dtíortha atá i mbéal forbartha ina bhfuil creidiúnú taidhleoireachta ag Éirinn ach nach bhfuil aon chlár de chuid Chúnamh Éireann iontu.
- **An Clár am Lárionad Faisnéise a Bhaineann le hOibrithe Saorálacha**— osclaíodh an lárionad ar Shráid Uí Chonail i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2008. Is é is cuspóir leis faisnéis a sholáthar ar obair Chúnamh Éireann, agus seirbhís faisnéise a sholáthar do phearsana aonair ar mian leo a bheith ag obair mar oibrithe saorálacha forbartha thar lear.

Cúnamh Sláinte agus Oideachais

22.12 Soláthraíonn an clár cúnaimh dhéthaobhaigh tacaíocht do roinnt tionscnamh domhanda sláinte agus oideachais. Tá siad sin spriocdhírthe go príomha ar chosc agus cúram HIV/AIDS i dtíortha nach bhfuil forbartha chomh maith sin. Soláthraítear cistí le haghaidh na dtionscnamh trí eagraíochtaí neamhrialtasacha agus misinéirí.

Cúnamh Éigeandála agus Daoncharadais

22.13 Soláthraítear cúnamh éigeandála agus daoncharadais le linn éigeandálaí agus ina ndiaidh ar éigeandálaí iad a thig mar gheall ar thubaistí nádúrtha nó ar ghéarchéimeanna daoncharadais agus is é is aidhm leo beatha daoine a shábháil, fulaingt a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil. Féadfar an maoiniú a sholáthar do rialtais atá ag déileáil le géarchéimeanna daoncharadais, trí eagraíochtaí neamhrialtasacha atá in ann freagairt thapaigh a thabhairt ar ghéarchéimeanna den sórt sin, nó trí eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe agus Cumann Idirnáisiúnta na Croise Deirge. €108 milliún an caiteachas iomlán ar chúnamh éigeandála agus daoncharadais sa bhliain 2008, mar a thaispeántar i Fíor 85.

Fíor 85 Cúnamh Éigeandála agus Daoncharadais, 2007 agus 2008

	2007	2008
	€m	€m
Cúnamh Éigeandála	90.0	87.0
Tionscnamh Mearfhreagartha	5.0	4.5
Ullmhacht le haghaidh Éigeandálaí agus Iar-Athshlánú ^a	25.8	16.9
Cúnamh Iomlán Éigeandála agus Daoncharadais	120.8	108.4

Nóta:

- a Ina theannta sin, soláthraíodh maoiniú tríd an gclár speisialta le haghaidh athshlánú iarchoinbhleachta i Siarra Leon agus sa Libéir a ndearnadh tagairt dó roimhe seo.

22.14 D'fhonn a éascú mearfhreagairt a thabhairt éigeandálaí, rinneadh os cionn €34 mhilliún a ranníoc sa bhliain 2008 le socruithe maoinithe chomhthiomsaithe lena n-áirítear Príomhchiste Práinnfhreagartha na Náisiúin Aontaithe agus cistí speisialta éigeandála daoncharadais sa tSúdáin agus i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó araon. Cuireadh €15.5 milliún eile chun bealaigh trí Chumann na Croise Deirge. Fuair eagraíochtaí de chuid na Náisiúin Aontaithe €29.9 milliún, agus fuair an Clár Domhanda Bia an sciar is mó de sin (€12.9 milliún). Soláthraíodh €24.5 milliún

d'earnáil na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus soláthraíodh €19 milliún de sin d'eagraíochtaí atá bunaithe in Éirinn.

Cúnamh Forbartha Iltaobhach

22.15 Soláthraítear thart ar 30% de ODA na hÉireann trí ranníocaí ginearálta leis an gcostas a ghabhann le hobair forbartha a dhéanann réimse eagraíochtaí iltaobhacha idirnáisiúnta. Cuirtear miondealú ar na heagraíochtaí a dtugtar maoiniú dóibh i láthair i Fíor 86.

22.16 Dírítear maoiniú comhair iltaobhaigh go príomha ar na réimsí seo a leanas

- **Gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe** – Tá ról ag na Náisiúin Aontaithe in aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht ar bhonn domhanda agus i gcuidiú cuspóirí idirnáisiúnta comhaontaithe agus Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach. Soláthraíonn Éire cion dá ODA do chistí agus cláir de chuid na Náisiún Aontaithe, go mór mór mar maoiniú príomha le haghaidh a gcuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí, ach freisin chun tacú le bearta athchóirithe agus le cláir shonracha lena n-áirítear forbairt daonlathais agus athchóiriú toghcháin, oideachas agus oiliúint, cúnamh do dhéanaithe, cosaint do chearta an duine, comhrac i gcoinne HIV agus AIDS, córais sláinte a fhorbairt agus an comhshaol a chosaint.
- **Comhar Forbartha de chuid an Aontais Eorpaigh** – Is é an tAontas Eorpach (lena n-áirítear ranníocaí a bhallstát) an soláthraí is mó cúnamh forbartha ag an leibhéal domhanda agus tá tionchar aige ar chláir forbartha ag an leibhéal idirnáisiúnta.

Fíor 86 Cúnamh Oifigiúil Forbartha Iltaobhach, de réir Eagraíochta, 2007 agus 2008

	2007 €m	2008 €m
Na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear Ranníocaí Saorálacha le Gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe	111.9	102.1
Gníomhaireachtaí agus Tionscnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh		
Buiséad an Aontais Eorpaigh le haghaidh Comhair Forbartha	82.0	85.3
An Ciste Forbartha Eorpaigh	15.3	22.0
An Banc Domhanda agus Forais Iltaobhacha	46.4	53.6
Cómhaoiniú le Gníomhaireachtaí Iltaobhacha	9.2	7.7
ODA Iltaobhach Iomlán	264.8	270.7

- Is bealaí suntasacha chun cúnamh a sholáthar iad an **Banc Domhanda** agus baineann forbartha réigiúnaí agus is gníomhairí tábhachtacha iad freisin maidir le saincheisteanna a bhaineann le beartais agus athchóiriú ag leibhéal tíre. Is ranníocóir suntasach í Éire, tríd an Roinn Airgeadais, leis an gComhlachas Forbartha Idirnáisiúnta agus tháinig sí chun bheith ina ball le déanaí de Bhanc Forbartha na hÁise. Bíonn sí ag plé leis na bainc maidir le fiachas, éifeachtúlacht cúnamh agus beartais a bhaineann le maoiniú forbartha chomh maith le saincheisteanna sonracha a bhaineann le tíortha atá páirteach i gcláir de chuid Chúnamh Éireann.
- Folaíonn **cómhaoiniú le gníomhaireachtaí iltaobhacha** tacaíocht do thaighde talmhaíochta chun cuidiú le daoine bochta tríd an nGrúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta agus tríd an gCiste Domhanda um Éagsúlacht Barr. Tugtar tacaíocht d'fhorbairt fiontraíochta agus gnó mionscála tríd an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Faireachán agus Meastóireacht ar Chaiteachas ODA

22.17 Oibríonn Cúnamh Éireann Aonad Meastóireachta agus Iniúchta arb é an phríomhaidhm atá leis a dhearbhuí go bhfuil cistí comhair forbartha á n-úsáid chun na gcríoch chuig ar beartaíodh iad agus go bhfaightear luach ar airgead.

22.18 Déanann an tAonad roinnt oibre iniúchta agus meastóireachta é féin agus coimisiúnaíonn sé gnóilachtaí iniúchta a aithnítear ar fud an domhain chun obair a dhéanamh thar a cheann. Braitheann sé freisin ar obair a dhéanann forais iniúchta náisiúnta tíortha atá páirteach i gcláir dá chuid. Leagann Cúnamh Éireann níos mó béime de réir a chéile ar oibriú go dlúth le forais iniúchta náisiúnta i dtíortha is comhpháirtithe d'fhonn bainistiú airgeadais agus cuntasacht a fheabhsú, chomh maith le cumas iniúchta inmheánaigh a neartú ag leibhéal na dtíortha atá páirteach i gcláir.

22.19 Bhain na mórmheastóireachtaí ar chláir a cuireadh i gcrích sa bhliain 2008 leis na nithe seo a leanas

- Fuarthas amach sa mheastóireacht ar **Chlár Tíre Thíomór Thoir** go raibh an clár ailínithe go maith le tosaíochtaí Rialtas Thíomór Thoir agus leis an bPáipéar Bán ar Chúnamh Éireann. Fuarthas amach freisin go raibh torthaí caiteachais na hÉireann cothrom.
- Fuarthas amach sa **mheastóireacht ar an gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta um Micribhicídí** go bhfuil ról thar a bheith iomchuí ag an gComhpháirtíocht agus gur chuir sí go mór le baint amach na sprice arb éard í micribhicídí (substaintí a úsáidtear chun ionfhabhtú a laghdú) sábháilte éifeachtacha a fhorbairt. Fuair an fhoireann meastóireachta amach freisin go raibh leithroinntí caiteachais na Comhpháirtíochta réasúnach agus go raibh measúnú agus bainistiú cuí déanta aici ar phriacal. Fuair an fhoireann amach go bhféadfaí roinnt córas inmheánach de chuid na Comhpháirtíochta a fheabhsú.
- Fuarthas amach sa **mheastóireacht ar an Tionscnamh Domhanda rScoileanna agus Pobal** go mbaineann a mhisean le hábhar, go bhfuil a mhodhanna oibríochta cuí, gur réasúnach na tíortha fócais a roghnaigh sé agus go raibh a aschuir áisiúil. Tháinig sé ar an tátal freisin áfach go dteastaíonn tuilleadh fócais ón tionscnamh agus go gcaithfidh a chuid nósanna imeachta pleanála agus faireacháin idirnáisiúnta agus a chuid próiseas riaracháin a bheith níos stóinsithe.
- San **athbhreithniú ar Chlár Comhshaoil na Comhpháirtíochta Straitéisí** thángthas ar an tátal go mbaineann obair chomhpháirtithe an chlár go mór le hábhar agus go bhfuil an obair sin i gcomhréir le cuspóirí Chúnamh Éireann maidir le beartais chun bochtaineacht a laghdú, leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus leis na himthosca reatha agus go raibh na comhpháirtithe éifeachtúil tríd is tríd maidir lena gcuspóirí a bhaint amach.

Conclúidí

Méadaíodh go substaintiúil ar chúnamh oifigiúil forbartha na hÉireann le blianta beaga anuas, go dtí leibhéal is comhionann le 0.59% den GNP sa bhliain 2008.

Soláthraítear thart ar dhá thrían den chúnamh trí réimse leathan clár cúnamh dhéthaobhaigh.

Tá clár ar bun ag Cúnamh Éireann chun meastóireacht rianúil a dhéanamh ar oibriú agus éifeachtúlacht cúnamh forbartha ó Éirinn.

**Caibidil 23 Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus
Acmhainni Nádurtha**

Líonraí Achair Cathrach

Líonraí Achair Cathrach

23.1 Líonraí faoi thalamh, ar cuid den bhonneagar teileachumarsáide iad, atá sna Líonraí Achair Cathrach (MANs), iad faoi úinéireacht an Stáit agus suite i gcathracha agus i mbailte móra réigiúnacha. Lúba cáblaí snáthoptaice atá iontu agus é leagtha amach go ndéanfaí ceangal leo idir líonraí achair logánta agus líonraí teileachumarsáide náisiúnta. Bíonn na líonraí ar fáil do lucht mórdíola teileachumarsáide d'fhonn a chur ar a gcumas seirbhís leathanbhanda ardluais a chur ar fáil don chustaiméir miondíolacháin gan gá le líonraí dá gcuid féin a chur isteach.

Coincheap an MANs

23.2 Cuireadh Grúpa Oibre Teileachumarsáide ar bun i mí Meán Fómhair na bliana 2001 mar fho-ghrúpa de chuid an Mheithil Tras-Rannach maidir leis an mBonneagar agus Páirtíocht Phoiblí Phríobháideach. Tharraing an Grúpa aird, i dtuarascáil a eisíodh i mí Feabhra 2002, ar bhuntábhacht cinniúnach na seirbhísí agus an bhonneagair leathanbhanda maidir le hacmhainn iomaíochta na hÉireann agus a mhealltaí a bheadh sé mar ionad don infheistíocht díreach ón iasacht. Luadh chomh maith leis sin i dtuarascáil an ghrúpa oibre go raibh tábhacht na cinniúna leis an gcóras leathanbhanda maidir le cuspóirí pholasaí réigiúnach an Rialtais a thabhairt i gcrích.

23.3 Ba é comhairle an Ghrúpa Oibre go raibh gá le beart straitéiseach de chuid an Rialtais leis an mbonneagar cuí a chur ar fáil agus gurbh den riachtanas go mbeadh baint ag na húdaráis áitiúla leis an gcúram mar pháirtithe ar an leibhéal áitiúil.

23.4 Chinn an Rialtas i mí Márta 2002 gur chóir tús a chur gan mhoill le Céim I den chlár oibre d'fhonn tabhairt faoin easnamh ó thaobh an bhonneagair maidir le córas leathanbhanda. Bhí i gceist leis sin cúnamh taca maidir le 19 tionscadal bonneagair faoi cheannródaíocht na n-údarás áitiúil agus próiseas náisiúnta de chineál PPP d'fhonn eintiteas a bheadh neodrach ó thaobh oibrítheoirí a chruthú a dhéanfaidh cúram den bhainistíocht agus de chúrsaí oibriúcháin na líonraí áitiúla seo. Thug an Rialtas le fios chomh maith go mbeadh Céim II sa straitéis agus céimeanna eile ina dhiaidh sin ag brath ar Chéim I a chur i bhfeidhm go sásúil. Cuireadh ocht gcinn eile de bhailte le Céim I tráth ab fhaide anonn ionas go raibh 27 ar fad i gceist.

23.5 De réir cinneadh eile de chuid an Rialtais i mí na Samhna 2003, ceadaíodh clár infheistíochta ina chéimeanna (Céim II) maidir le bonneagar cumasaithe do chórais leathanbhanda i mbailte le daonra ba mhó ná 1,500 nach rabhthas ag díriú orthu ó thaobh an mhargaidh amháin maidir le seirbhísí leathanbhanda a chur ar fáil. Shonraigh an Roinn 88 baile den chineál sin. Measadh gur costas €80 milliún a bhainfeadh le córais a chur isteach sna bailte sin. Tháinig ardú ar líon na mbailte ina dhiaidh sin go raibh 94 baile i gceist ar chostas measta leasaithe de €115 milliún.

23.6 Cuireadh líonraí de chuid Chéim I ar fáil i 27 baile mór ar chostas €78 milliún agus tugadh an obair sin chun críche i rith na bliana 2005. Faoin 31 Nollaig 2008, bhí an obair ar siúl maidir le 60 líonra de chuid Chéim II i 66 baile mór. Tá an obair i ndáil le 59 líonra acu sin tugtha chun críche anois agus an ceann deireanach le críochnú i rith na bliana 2010.

23.7 Cuirtear córas bunúsach bonneagair ar fáil leis na MANs d'fhonn soláthraithe seirbhíse a mhealladh le córas leathanbhanda ardluais a chur ar fáil, le hacmhainn teicneolaíochta dá gcuid féin, don lucht úsáide. Meastar an acmhainn atá sna MANs, maidir le seirbhís leathanbhanda a chur ar fáil don lucht úsáide, a bheith leordhóhaineach i ndáil le haon éileamh áitiúil is féidir a fheiceáil ag teacht chun cinn san am atá le theacht.

Béim an Iniúchta

Díríodh sa scrúdú iniúcháireachta ar

- a oiread agus a tógadh an córas bonneagair ar láimh
- na constaicí roimh lánsaothrú ag soláthraithe seirbhíse
- oiread an ioncaim atá á ghnóthú agus na socruithe maidir le margaíocht a dhéanamh ar an tseirbhís
- an dóigh go gcúiteofar an infheistíocht arna chur san áireamh go bhfuil cora nua i gcúrsaí teicneolaíochta ó cuireadh tús leis na MANs.

An Bonneagar a chur ar fáil

23.8 Is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann an soláthar maidir leis na líonraí. Dearann siad na líonraí, iarann siad tairiscintí ó lucht socraithe líonraí agus déanann siad na conarthaí ina dhiaidh sin. Tugann an Roinn aontú leis an obair sin ag gach céim di, áfach. Fostaíonn na húdaráis áitiúla comhairleoirí deartha agus maoirseachta d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar na tograí go háitiúil. Tagann an ceangal idir na húdaráis áitiúla agus an Roinn faoi scáth Chomhaontú Deontais agus, dá réir sin, cuireann an Roinn ciste ar fáil maidir le 90% den chostas a dtéann na húdaráis áitiúla ann.

23.9 Tá lucht comhairleoireachta seirbhísí gairmiúla fostaithe ag an Roinn d'fhonn feidhmiú mar Bhainisteoir Cláir agus seirbhísí comhairle agus maoirseachta a chur ar fáil i ndáil le céim an tsoláthair den chlár le linn na gcéimeanna deartha, suirbhéireachta agus tógála, agus i ndáil le gnéithe cúrsaí airgeadais maidir le próiseáil, deimhniúchán agus tuairiscíocht ar éilimh ó na húdaráis áitiúla.

23.10 Faoi MANs Céim I, tugadh líonraí de réimsí éagsúla chun críche faoin mbliain 2005 ar chostas €78 milliún sna 27 baile mór a roghnaíodh. Tá éagsúlacht ag baint le fairsinge na líonraí, 63 ciliméadar agus 58.7 ciliméadar faoi seach i Luimneach agus i gCorcaigh agus 4.5 ciliméadar i nDún an Rí agus i gCarraig Mhachaire Rois. Faoi 31 Nollaig 2008, bhí líonra ar fáil i 64 baile mór as an 94 baile mór a tháinig faoi scáth Chéim II sa chlár agus sin ar chostas €98 milliún. B'ionann an caiteachas i rith na bliana 2008 agus €25 milliún.

Bainistiú an Bhonneagair

23.11 Tá gnóthaí bainistíochta, cothabhála agus oibriúcháin na líonraí a cuireadh ar fáil faoi Chéim I á dhéanamh go neamhspleách thar ceann an Stáit ag Eintiteas Seirbhísí faoi Bhainistíocht (ESB), cuideachta phríobháideach, a ndearnadh conradh lamháltas seirbhísí léi i mí Iúil 2004. Déantar soláthar faoin gComhaontú Lamháltais don chuideachta, trí na líonraí a úsáid, ag feidhmiú mar sholáthraí bonneagair don chumarsáid leictreonaice sa mhargadh mórdhíola. Tá ceadúnas tugtha ag an Roinn don chuideachta maidir le teacht ar an mbonneagar agus seilbh a ghlacadh air d'fhonn obair chothabhála, oibriúcháin agus bainistíochta a dhéanamh maidir le gach líonra agus gach beart eile a dhéanamh d'fhonn ligean di a leagtar de dhualgas uirthi faoin gcomhaontú a thabhairt i gcrích.

23.12 I gcúiteamh an lamháltais, íocann an chuideachta íocaíocht bhliantúil léasa (táille lamháltais) leis an Roinn. Baineann leis sin, sciar den ioncam bunaithe ar chéatadán torchéimnitheach den ollioncam a ghnóthaíonn an chuideachta ó chíos an bhonneagair faoi réir ag íosmhéid íocaíochta in aghaidh na bliana chomh maith le céatadán breise den ioncam ó chíosanna sa bhliain roimh ré, faoi réir ag uasteorainn, a chuirtear d'infheistíocht in infrastruchtúr arís thar ceann na Roinne de réir mar a aontaítear gach bliain idir an chuideachta agus an Roinn. Tá iomlán

na n-íocaíochtaí táille (seachas na híos-suimeanna agus méid na hath-infheistíochta) teagmhasach ar leibhéal an ioncam ó chíosanna bonneagair a ghnóthaíonn an chuideachta. Déantar, anuas air sin, na suimeanna a thagann ar ais go dtí an Roinn a roinnt ar bhonn 50/50 leis na húdaráis áitiúla a rinne páirtmhaoiniú ar na MANs. B'ionann an tsuim a tháinig ar ais i rith na bliana 2008 agus €233,517.

An Glaoch ar na Saoráidí

23.13 Tugtar le fios i gcáipéisí de chuid na Roinne a ndearnadh a mbreithniú le linn na hiniúcháireachta go raibh 143 custaiméir mórdhíola (i ndáil le 34 soláthraí seirbhíse) ar na 27 MANs a bhaineann le Céim I ag deireadh mhí Deireadh Fómhair 2008. Bhí ioncam á ghnóthú ó 23 de na líonraí sin agus 48% den ioncam ag baint le trí cinn de líonraí i gCorcaigh, i Luimneach agus i nGaillimh.

23.14 I mí na Nollag 2007, cuireadh obair ar aon MANs breise ar fionraí ag feithimh tuarascáil athbhreithniúcháin ar fáil agus go mbeadh páipéar beartais faoi chórais leathanbhanda den chéad ghlún eile a bhí á ullmhú ag an am tugtha chun críche.

23.15 Luadh sa tuairisc ar an athbhreithniú i mí Meitheamh 2008⁷⁸ go raibh cúig cinn den 27 MANs a cuireadh ar fáil le linn Chéim I ar chostas €5.2 milliún nach raibh custaiméir mórdhíolacháin ar bith ag baint leo. Bhí cúig cinn líonra eile a raibh costas €9.1 milliún lena gcur ar fáil nach raibh ach aon chustaiméir mórdhíolacháin amháin ag baint leo. Tuairiscíodh gur fhág easpa sonraí bonnlíne cuí agus cineál na modhanna roghnúcháin maidir leis na bailte móra do Chéim I gur roghnaíodh roinnt ionaid mhí-oiriúnacha. Ba í an chomhairle a bhain leis an athbhreithniú gur chóir don Roinn a raibh de dhualgas uirthi de réir conartha i ndáil le córais a chur ar fáil i mbailte móra faoi Chéim II a chomhlíonadh ach nár chóir dul ar aghaidh le hobair maidir le haon bhaile nach raibh conradh déanta ina leith go fóill go dtí an tráth a mbeadh meastóireacht iomlán curtha i gcrích.

23.16 Ba í an chomhairle ar thángthas uirthi nach mba den stuaim infheistíocht bhreise dírithe ar úsáid a bhaint as na MANs a bhí ar fáil cheana féin agus air sin amháin. Go deimhin, moladh de réir an athbhreithnithe go measfaí gur báite an costas a ndeachthas ann ag cur Céim I ar fáil i ndáil le haon socrú san am atá ag teacht ar bheartas i leith na hearnála. Moladh chomh maith go mbeadh mbainfeadh deismireacht go macánta agus go follasach le haon chlár san am atá ag teacht trína bhféadfaí críoch a chur leis agus an toradh is lú i gceist leis sin don Stát ó thaobh cúrsaí dlí agus cúrsaí airgeadais.

Buncheistean na hIniúchta

Tháinig ábhar buartha chun cinn maidir leis na réimsí seo a leanas le linn na hiniúcháireachta

- An leibhéal íseal maidir leis an nglaoch ar an mbonneagar agus na tosca atá ag cur isteach ar ghlaoch a bheith air
- Conas a dhéileálfar le tionscadail faoi Chéim II tar éis an chéim sin a chur ar fionraí
- An dóigh go gcúiteofaí an infheistíocht leis an Stát.

⁷⁸ Value for Money and Policy Review on Metropolitan Area Networks Programme

An Glaoch ar an mBonneagar

23.17 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur tugadh le tuiscint ón Staidéar maidir le Luach an Airgid agus ón Athbhreithniú Beartais maidir le Clár MANs Céim I, arna gcoimisiúnú agus arna gcur i bhfeidhm ag an Roinn go raibh an éileamh ó chustaiméirí ar na MANs íseal i rith na dtréimhsí tosaigh, agus gur bhain sé níos mó chomh maith leis na hionaid inarbh airde an daonra. Seo a leanas na cúiseanna a luaigh sé

- Níl aon amhras ach go raibh an costas don lucht úsáide as úsáid a bhaint as na MANs i gceist
- Tharlódh nach raibh gá ag roinnt den lucht úsáide leis an luas a chuirtear ar fáil leis na MANs agus go rabhthas sásta cloí leis na soláthraithe seirbhíse a bhí ann cheana féin
- Ba léir chomh maith gur chuir Eircom, an príomhsholáthraí seirbhíse, feabhas ar chaighdeán a chuid líonraí sna bailte ina mbeadh MANs. Cé gur dea-rud sin, bheadh tionchar na míbhuntáiste uaidh ar an éileamh ar sheirbhísí.

23.18 Luaigh sé chomh maith go mba thréine a bhí an t-éileamh ar MANs i gceantair a raibh daonra níos airde iontu ach go raibh roinnt de na MANs a bhain le Céim I ar beag an t-éileamh a bhí orthu go dtí seo nó nach raibh aon éileamh orthu go dtí seo. Ina ainneoin sin, le cúig bhliana anuas, bhí na MANs ó Chéim I ina ngné thábhachtach de chóras teileachumarsáide na hÉireann. Bhí tríocha cúig soláthraí teileachumarsáide de chuid na hÉireann, (cás eisceachta Eircom), ag baint úsáide as na líonraí chun seirbhísí a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí. Léiríodh le hanailís de chuid an ESB go raibh seirbhísí á gcur ar fáil ag na soláthraithe sin do lucht úsáide a meastar gur 570,000 duine a líon. Is lú a bheadh ar siúl ag na soláthraithe seirbhíse sin, agus i roinnt cásanna ní bheadh gnó ar bith ar siúl acu, murach gur cuireadh na líonraí ar fáil.

Constaicí roimh an Saothrú

23.19 Maidir leis na constaicí atá roimh saothrú iomlán ag lucht mórdhíolacháin, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh iad na constaicí ba shuntasáí an t-easpa maidir le malairt líonra náisiúnta d'fhonn ábhar gutha agus sonraí a chur ar aghaidh agus an costas a bhaineann le custaiméirí a cheangal leis na líonraí. Anuas air sin, ba mhór an chonstaic a laghad a d'éirigh leis na soláthraithe seirbhíse teacht ar lúba logánta díchuachta⁷⁹ cé go raibh feabhas ag teacht ar an gcás ina leith sin.

Déileáil leis na Tionscadail faoi Chéim II a cuireadh ar Fionraí

23.20 Tar éis próiseas fada iomaíochta, shínigh an Roinn conradh i mí Iúil 2009 maidir le bainistíocht orthu ag ESB Chéim I. Bhí sé cinn de na MANs tugtha ar láimh don ESB an dáta céanna sin agus thabharfaí an fuilleach de 54 (an ceann nach raibh tugtha chun críche go fóill san áireamh) ar láimh i rith na 15 mí dar gcionn. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh custaiméirí ann i ndáil le ceithre cinn de MANs Chéim II ag an am ach leagadh béim ar a rá nach ndearnadh aon mhargaíocht ar MANs Chéim II go dtí go mbeadh aontaithe ar an gconradh ESB.

An Fhorbairt san Am atá i nDán

23.21 Bhí measúnú déanta ag an Roinn maidir le 81 baile mór eile a bhfuil daonra is airde ná 1,500 duine iontu nach raibh líonra curtha ar fáil iontu go fóill - bhí san áireamh leis an líon sin 28

⁷⁹ Ceangail le malartáin áitiúla faoi úinéireacht Eircom.

baile mór a raibh beartaithe ar dtús iad a thabhairt isteach faoi scáth Chéim II agus 29 baile mór a raibh iad a bheith faoi scáth Chéim III sa Chlár. Ba iad na slata tomhais ba mhó a bhí in úsáid agus na bailte móra á meas, an daonra, an claonadh infheistíocht ón iasacht nó ón tír seo a dhéanamh iontu agus a dtábhacht maidir le pleanáil spáis go háitiúil agus go náisiúnta. Thabharfaí san áireamh sa bhreithmheas chomh maith an teacht a bhí ar sheirbhísí leathanbhanda eile.

23.22 Ag eascairt as an mbreithmheas tosaigh sin, cheadaigh an Rialtas breithmheas níos mine ar aon cheann déag de bhailte móra agus Treoirlínte Breithmheastóireachta na Roinne Airgeadais maidir le Tograí Caipitil in úsáid mar bhonn teorach maidir le haon chinneadh a faoi líonra a chur ar fáil in aon cheann de na bailte. Bhí modh oibre na breithmheastóireachta ag teacht leis an gcomhairle ó iniúchadh Luach an Airgid na Roinne féin agus ón Athbhreithniú Polasaí i ndáil le Céim I.

23.23 Luaigh sé freisin go dtabharfaí chun cinn Táscairí Buntábhachta Feidhmíochta bunaithe ar na táscairí atá in úsáid maidir leis an monatóireacht leanúnach ar MANs Chéim I i leith na mbailte a molfaí líonra a chur ar fáil iontu. Bheadh deismireacht lena bhféadfaí deireadh a chur leis an gclár oibre, sa chás go measfaí gur ghá sin, san áireamh chomh maith.

Cúiteamh ar Infheistíocht an Stáit

23.24 I ndáil leis an dóigh go dtarlódh cúiteamh dáiríre ar infheistíocht an Stáit sna líonraí, agus na cora nua i gcúrsaí teicneolaíochta ó cuireadh tús leis an gclár á dtabhairt san áireamh, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh é an príomhbhonn beartaíochta a bhain leo soláthar a dhéanamh do chóras leathanbhanda ardluais a thabhairt i bhfeidhm agus an fhorbairt eacnamaíochta agus an fhorbairt réigiúnach a chur chun cinn ar an gcaoi sin. Bhí an tÚdarás Forbartha Tionscail den tuairim gur chuir na MANs rogha agus seirbhís níos leithne, chomh maith le praghasanna níos fearr, ar fáil do chustaiméirí cliaint an Údaráis chomh fada agus a bhain le ceangal nasc le córas leathanbhanda agus teileafóin agus bhí tugtha le tuiscint ag an Údarás go raibh roinnt cliant atá lonnaithe faoi láthair i mbailte móra ina bhfuil MANs nach mbeadh tagtha ann murach na líonraí ar fáil. Luadh an gá a bhí le líonraí a raibh seasmhacht agus fuilleach acmhainne i gceist leo le hinfeistíocht iasachta agus intíre a mhealladh agus tarraingíodh aird ar fhigiúirí de chuid an Údaráis Forbartha Tionscail lenar léiríodh go raibh ardú ar an sciar den Infheistíocht Díreach ón Iasacht a bhain leis na bailte inar cuireadh MANs ar fáil ó 24% roimh ré an MANs go dtí sciar ab airde ná 89% sa bhliain 2007, agus gur chuidigh siad dá réir sin le cuspóir bheartas an Rialtais maidir le forbairt réigiúnach níos cothroime a thabhairt i gcrích. Ba ghá na gnéithe sin a thabhairt san áireamh agus é á mheas an mb'oiriúnach MANs a chur ar fáil i mbaile mór ar bith faoi leith nó nach mb'ea.

23.25 Maidir le cúiteamh ar infheistíocht an Stáit sna MANs, chuir sé in iúl dom gurbh ionann, de réir na bhforálacha do chomhroinnt ioncaim sna comhaontuithe leis an ESB maidir le MANs de chuid Chéim I, an íosíocaíocht bhliantúil agus €245,000 i leith na bliana 2008, €325,000 i leith na bliana 2009 agus €845,000 i leith na bliana 2010. Luaigh sé freisin nach mór don ESB íoc ar fheabhsú na MANs atá ann cheana féin óna chuid féin den ioncam, cé go bhfanadh an t-infrastruchtúr faoi úinéireacht an Stáit agus go raibh infheistíocht €560,000 curtha ag an ESB i leith fheabhsú an líonra i rith na bliana 2008. Arna gcur araon san áireamh, tháinig €805,000, trí chomhroinnt ioncaim agus feabhsú an líonra, de thoradh ar infheistíocht an Stáit sna MANs i gCéim I i rith na bliana 2008.

Breithnithe Ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta

23.26 Thug an tOifigeach Cuntasaíocht achoimre mar seo a leanas ar ról na líonraí faoi láthair agus san am atá le theacht

- bhí ról spreagtha den tábhacht ag baint, go díreach agus go híndíreach, leis na MANs ó thaobh córas leathanbhanda a thabhairt ar fáil in Éirinn ón mbliain 2002 i leith
- réitíonn na MANs an bealach d'iomaíocht sna bailte ina bhfuil MANs ar fáil. Bhí beart déanta ag Eircom, an príomheintiteas sa mhargadh teileachumarsáide, maidir le bagairt iomaíochta ach bhí tionchar tairbheach ag iomaíocht den chineál sin
- bhí thionchar tairbheach ó na MANs maidir le brostú faoi infheistíocht díreach ón iasacht i gcathracha agus i mbailte móra réigiúnacha
- i gcás líonraí a chuirtear isteach agus dearcadh fadtéarmach i réim maidir leis an éileamh orthu, bheadh fuilleach acmhainne ina ghné i gcónaí de líonraí den sórt sin i rith na mblianta tosaigh, agus cé go bhféadfaí breathnú air sin mar thearcúsáid tá sé ag teacht le cur chuige lena ndéantar infheistíocht sa bhonneagar chun tosaigh ar an éileamh
- leag forbairtí ag leibhéal idirnáisiúnta agus leibhéal an AE béim ar fhís na hÉireann maidir le snáithín a chur in úsáid go luath faoin gclár. Bhí fianaise ó réimse cáipéisí a foilsíodh le gairid go mb'infheistíocht stuama sa chineál ceart teicneolaíochta a bhí i gceist leis na MANs agus go raibh a ré ar fáil.

23.27 Luaigh sé nach é an teacht ar chóras leathanbhanda amháin a bhí i gceist le cuspóirí bheartas an Rialtais i leith mhargadh na teileachumarsáide leictreonaice ach an caighdeán agus an luas chomh maith. Is faoi anáil an pháipéir comhairleacháin “Next Generation Broadband - Gateway to a Knowledge Ireland” a foilsíodh i mí Meitheamh 2009 a dhéanfaí idirbheartaíocht an Stáit i gcúrsaí an chórais leathanbhanda san am atá ag teacht. Ba rí-shoiléir pátrún maidir le héileamh ar sheirbhísí leathanbhanda a chuir bonn níos treise faoin ngá le snáithín optaice níos faide amach i líonraí na soláthraithe seirbhíse. Tá na MANs i riocht maith maidir le freastal ar an éileamh sin atá ag teacht chun cinn.

23.28 Tugadh le tuiscint sa pháipéar comhairliúcháin gurbh ón earnáil phríobháideach go príomha a thioctadh an infheistíocht sin ach go raibh rólanna tábhachtacha ag an Stát maidir leis an rialáil chuí a dhéanamh agus le hinfheistíocht shaindirithe.

23.29 Cuireadh an chomhairle ón tuarascáil athbhreithnithe i mí Meitheamh 2008 in iúl don Rialtas agus thabharfaí a moltar ann agus an bonn measúnóireachta a leagtar amach ann san áireamh i ndáil le haon chinneadh de chuid an Rialtais líonraí nua a chur ar fáil.

23.30 Bhí an Roinn sásta, maidir leis na líonraí atá curtha ar fáil cheana féin, go gcothófaí innharthanacht an líonra atá ar fáil leis an dá chomhaontú ESB atá ceangailte ag an Roinn.

Conclúidí

Tá infheistíocht iomlán an Stáit i gCéim I agus i gCéim II de Chlár na MANs ionann beagnach le €180 milliún.

Meastar gur costas báite an €78 milliún a caitheadh ar MANs Chéim I a chur ar fáil agus an caiteachas timpeall is €98 milliún ar Chéim II sular cuireadh ar fionraí é agus meastar nach féidir breis infheistíochta a chosaint a bheadh dírithe ar chur leis an úsáid a bhaintear as na MANs atá ar fáil cheana féin agus air sin amháin. Tá deimhnithe ag an Roinn go bhfuil an an chomhairle ón athbhreithniú i mí Meitheamh 2008 á leanacht i ndáil le tionscadail reatha agus le tionscadail san am atá ag teacht.

Ní raibh éileamh chomh mór ag custaiméirí agus a bhí á thuair. Cé gur tréine an t-éileamh san áit a bhfuil daonra níos mó, i gcás timpeall agus an tríú cuid de líonraí Chéim I, is beag an t-éileamh a bhí orthu go dtí seo nó ní raibh éileamh ar bith orthu.

Fágann easpa rogha maidir le bonneagar líonra a cheanglódh na MANs le líonraí is leathanréimsí ná iad cosc ar lánsaothrú na MANs ag an ESB agus na soláthraithe seirbhíse a bhfuil conarthaí leo.

Fágann a laghad forais ó thaobh custaiméirí agus na comhaontuithe atá i bhfeidhm maidir le comhroinnt ioncaim gur beag an seans go dtiocfaidh cúiteamh suntasach airgid ar infheistíocht an Stáit go gearrthéarmach ná go meántéarmach.

Caibidil 24 An Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia

**Feidhmíocht Eagraíochta sa Roinn Talmhaíochta,
lascaigh agus Bia**

Feidhmíocht Eagraíochta sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

24.1 Le go bhféadfaidh comhlachtaí Stáit feidhmiú ag an gcaighdeán is airde caithfidh siad a bheith in ann freagairt d'athruithe ina dtimpeallacht oibriúcháin, cinntí agus gníomhaíochtaí a bhunú ar fhianaise a thagann as eolas iomlán agus cruinn agus gnóthachtáil a thomhas go hoscailte agus go trédhearcach lena ligean dóibh a meicníochtaí seachadta a choigeartú go leanúnach.

Béim an Iniúchta

Tá an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia chun tosaigh i bhforbairt sna réimsí seo lena n-áirítear páirt a ghlacadh i dtionscnamh athbhreithnithe eagraíochtúil píolótach go deonach. Is sampla é sin ar an méid go bhfuil infheistíocht i gcórais airgeadais agus feabhsuithe go ginearálta ag dul isteach i dtreo chleachtais bhainistíochta athraithe agus acmhainn mhéadaithe ar an talamh. Rinne an t-iniúchadh iarracht, mar sin, athbhreithniú ar

- cibé an raibh an dóthain cumais ag an Roinn a shainordú a sheachadadh mar a measadh faoin bpróiseas athbhreithnithe eagraíochtúil píolótach nó nach raibh.
- an méid atá bainistíocht airgeadais agus feidhmíochta agus tuairisciú feabhsaithe mar thoradh ar infheistíocht faoin gCreat um Fhaisnéis Bhainisteoireachta (MIF)
- cibé a soláthraíonn an Ráitis Aschuir a tháirgeann an Roinn dearcadh réasúnta ar a gcuid aschur agus ar a gcuid feidhmíochta nó nach soláthraíonn.

An Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil

24.2 Cuireadh Clár Athbhreithnithe Eagraíochtúil (ORP) píolótach i bhfeidhm i dtrí Roinn chun scrúdú a dhéanamh ag ar a gcumas seirbhísí poiblí dírithe a threorú agus a sheachadadh amach anseo. Is í aidhm an ORP ná féachaint ar oibriocht na Roinne ina iomláin, chun dearbhú a thabhairt faoin a bhfeidhmíocht fhoriomlán agus chun aon scóip d'fheabhas a aithint. Bhí an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (an Roinn) ar cheann de na Ranna a ghlac páirte sa chlár píolótach.

24.3 Thug an t-athbhreithniú píolótach aghaidh ar chumas na Roinne i dtéarmaí

- Cé chomh maith agus atá sé lonnaithe chun treoir straitéiseach na Roinne a shocrú.
- Cé chomh maith agus a sheachadann sé na seirbhísí atá aige cheana
- Cén chomh maith agus a dtugann sé aghaidh ar a n-éifeachtacht agus a úsáideann sé aiseolas agus torthaí chun a ngníomhaíochtaí a threorú.

Láidreachtaí Eagraíochtúla

24.4 Fuair an t-athbhreithniú amach go bhfuil an Roinn deá-fheistithe chun aghaidh a thabhairt ar a shainordú agus chun comhairle agus comhordú a sholáthar. Rátáladh go han-láidir é i leith an mhéid seo a leanas

- Meastar é a bheith suite go maith chun freastal ar dhúshláin agus chun straitéis a fhorbairt don earnáil agraibhia traidisiúnta agus lena chinntiú go bhfuil comhthuiscint ann i measc a n-geallsealbhóirí laistigh den réimse sin.
- Tá feasacht agus tuiscint mhaith ar an earnáil sin forbartha aige.

- Agus seachadadh á mbainistiú, leagann sé fócas láidir ar sheirbhís do chustaiméirí agus bhreathnaigh sé i dtreo roinnt réimse seachadta le húsáid nuálach d'ICT.
- Tá caidreamh maith aige le comhlachtaí faoin a choimirce.

24.5 Ar an iomlán, fuair an t-athbhreithniú amach go raibh feachtas iontach ag an Roinn ar an earnáil agus ar an bpróisis polasaí AE agus go bhfuil an fheachtas sin in úsáid, mar aon le dearcaí na ngeallsealbhóirí, mar ionchur isteach i bhfoirmliú polasaí agus straitéise.

Scóip chun Feabhais

24.6 Is é an tátal ar thángthas air sa tuarascáil ná go gcaithfidh an Roinn a hacmhainn a fhorbairt i dtír príomhréimse chun dul i ngleic le dúshlán amach anseo

- a scileanna chun déileáil le saincheistanna trasrannacha agus le grúpaí geallsealbhóirí nua a fheabhsú
- béim níos mó a leagann ar éifeachtacht agus acmhainní foirne a mbainistiú agus ar chleachtais HR a fheabhsú agus ar cheannaireacht inmheánach a fhorbairt
- meadarachtaí a fhorbairt agus a úsáid, go háirithe bearta ionchuir agus aschuir chun cuidiú aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna éifeachtachta.

24.7 B'fhacthas go raibh an Roinn compordach ag déileáil le saincheistanna laistigh dá réimse díreach freagrachtaí. Measadh nach raibh sé chomh héifeachtach i gcás thionscnaimh roinnte á stiúradh ag roinn nó gníomhaireacht eile. Aithníodh athrú aeráide agus sábháilteacht bia mar shaincheistanna trasrannacha ar theastaigh aird ón Rialtas uathu.

24.8 I limistéir bhainistiú acmhainní daonna, cé gur chur ionad lárnach na gcomhaltaí MAC comhghleacaíocht chun cinn, fuair an t-athbhreithniú amach gur oibrigh sé in aghaidh teagmháil dhíreach leis an bhfoireann agus le bainistíocht áitiúil ag laghdú tionchair ar chumarsáid, ar mhaoirseoireacht ar obair laistigh de rannóga agus ar thógáil foirne. Fuarthas amach chomh maith go raibh gá pleanáil fhisiceach ar fhoirgnimh nua a bhreithniú chun ceannaireacht a mhéadú.

24.9 Thug an t-athbhreithniú ar aird go raibh an príomhfhócas ar ghníomhaíocht a thomhas le beagán fhianaise mheasúnaithe ar chostéifeachtúlacht na n-aschur. Tá laghdú tagtha ar ualach oibre na bhfeirmeoirí mar thoradh ar an gCóras Íocaíocht Aonair (SPS). Soláthródh úsáid níos mó meadarachtaí fócas níos grinne ar riachtanais foirne mar a athraíonn obair, a chuidíonn chun cothromaíocht ualach oibre níos fearr a fhorbairt.

24.10 Bunaithe ar na torthaí sin d'aithin an t-athbhreithniú na príomhréimsí ina bhfuil scóip ag an Roinn cumas na heagraíochta a thógáil tuilleadh. Léirítear na réimsí sin i Fíor 87.

Fíor 87 Scóip d'Forbairt Acmhainne

Réimse Acmhainne	Scóip chun chur le hAcmhainn
Ceannaireacht a thabhairt	Acmhainn cheannaireachta inmheánach a neartú go mór, go háirithe bainistiú acmhainní daonna agus cumarsáidí inmheánacha.
Tuiscint comhroinnte	Bealaí níos fearr chun déileáil le saincheistean ina roinntear freagracht le Roinn nó comhlacht eile (saincheistean trasrannacha) a fhorbairt.
Feabhas agus Nuálaíocht	An t-athrú struchtúrtha a theastaíonn chun dul i ngleic le dúshlán sa todhchaí a chur i bhfeidhm. Thug an t-athbhreithniú ar aird go raibh roinnt tuarascálacha i gcríoch a thugann aghaidh ar struchtúir agus ar cheapachán foirne a chruthódh athrú mór don Roinn.
Bainistíocht Acmhainní	Táirgiúlacht in imlonnú agus úsáid acmhainní a fheabhsú.
Rialachas	Struchtúir agus cur chuig níos fearr maidir le rialachas inmheánacha a fhorbairt. Fócas níos mó ar shaincheistean rialachais seachtracha níos leithne e.g. A greater focus on broader external governance issues e.g. bheadh cainteanna feidhmíochta caighdeánaithe le gníomhaireachtaí ina chabhair chun freastal ar na dúshlán a bhaineann le timpeallacht athraitheach
Tomhas Feidhmíochta	Táscairí aschuir agus torthaí éifeachtacha a fhorbairt le gur féidir rathúlacht ó thaobh cuspóirí a bhaint amach a thomhas, chomh maith le gníomhaíocht a leanúint.
Aiseolas ó Chustaiméirí agus Geallsealbhóirí	Caidreamh le geallsealbhóirí nua a fhorbairt tuilleadh agus struchtúir agus cultúr ina lorgaítear agus a ghníomhaítear aiseolas foirne a fhorbairt.

An Creat um Fhaisnéis Bhainistíochta

24.11 Ba é aidhm an MIF, a tugadh isteach in 2000, ná chun córas bainistíochta airgeadais a chur ar fáil do Ranna atá tógtha ar fheidhmíocht agus ar thomhas aschuir agus é mar chuspóir aige cinntí maidir le leithroinnt agus úsáid acmhainní a fheabhsú trí fhaisnéis bhainistíochta agus tuairisciú feabhsaithe.

24.12 Rinne m'óifig athbhreithniú ar stádas forbartha na faisnéise bainistíochta agus tuairiscithe. Tá léiriú achoimrithe ar na torthaí le feiceáil i Fíor 88 a rátálann dul chun cinn na Roinne faisnéis a bhaineann le aschur agus tomhas agus bainistíocht feidhmíochta a ghiniúint agus leas a bhaint aisti.

Fíor 88 Gineadh agus Úsáid Fhaisnéis Bhainistíochta

Achar	Infhaighteacht	Cáilíocht	Úsáid
Faisnéis Airgeadais	1	2	2
Faisnéis Feidhmíochta	2	3	2

Eochair Rátála

- 1 Go Maith – Freastalaíonn sé ar an gcritéar go hiomlán nó go suntasach.
- 2 Leormhaith – Freastalaíonn sé ar an gcuid is mó de ghnéithe an chritéir le roinnt teorainneacha.
- 3 Teoranta – Ní fhreastalaíonn sé nó freastalaíonn sé ar bheagán an chritéir nó tá teorainneacha suntasacha i réimse substaintiúil.

24.13 In iomlán, fuair an t-athbhreithniú amach go dtugann na córais faisnéise bhainistíochta tacaíocht dhóthanach do thuairisciú airgeadais ach go bhfuil scóip mór ann leas a bhaint astu chun faisnéis bhainistíochta agus tomhas feidhmíochta a fheabhsú. Tagann sé sin freisin le torthaí an athbhreithnithe ORP sa réimse thomhas feidhmíochta.

Faisnéis Airgeadais agus na húsáidí a bhaineann leis

24.14 Úsáideann an Roinn pacáiste cuntasáíochta airgid dílsithe chun tacú le próiseáil idirbheartaíochta airgeadais lá go lá agus chun cuidiú le faisnéis chuntasaíochta bainistíochta a ghiniúint agus cuntais airgeadais dheireadh na bliana a tháirgeadh. Tugann an córas tacaíocht iomlán do tháirgeadh an Chuntas Leithreas bliantúil.

24.15 In iomlán, tá an córas láidir ó thaobh a bheith ag freastal ar riachtanais tuairiscithe reachtúla agus caithfear níos mó leas a bhaint as cuntasáíocht bainistíochta i mbealach a dhíríonn ar bhainistíocht tiomantas agus costais fabhraithe.

24.16 Cuirtear tuairiscí míosúla atá bunaithe ar airgead tirim ar aghaidh chuig gach cruinniú de chuid an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) a bhíonn ar siúl thart ar gach dhá mhí. Úsáidtear an t-ábhar sna tuairiscí d'athbhreithniú ginearálta ar bhainistíocht airgeadais foriomlán sa Roinn.

24.17 Tá sé luaite ag an Oifigeach Cuntasaíochta go n-úsáidtear faisnéis fabhraithe feabhsaithe agus i gcinntí agus i gcomhráit ag an MAC, leis an Aire agus le fóraim bhainistíochta shinsearach. Díríonn na cruinnithe sin go rialta agus go córasach ní amháin ar thuairiscithe atá bunaithe ar airgead tirim ach ar treochtaí, ar leibhéal na dtiomantas agus na ndliteanas a eascraíonn ó fheidhmiú scéime agus clár agus ar na himpleachtaí airgeadais don bhliain seo agus do bhlianta amach romhainn.

24.18 Dheimhnigh an tOifigeach Cuntasaíochta to raibh géarfheasacht ar na gnéithe caipitil agus reatha sa Vóta agus i rith 2007 agus 2008 sholáthar an Roinn tuairiscí dé-mhíosúla ar fhorghníomhú a chlúdach caipitiúil chuig an Rialtas.

24.19 Chun tacú le MAC, tá Rannóg Airgeadais tiomanta ag an Roinn a bhfuil sé mar chroíaidhm aige monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí ar bhonn leanúnach agus an Vóta a bhainistiú go gníomhach i ndlúthchomhairle le bainisteoirí líne agus bainistíocht shinsearach.

24.20 In iomlán, tá idirghaol idir chaighdeán na faisnéise atá ar fáil agus an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as chun cinntí a dhéanamh. Tá sé soiléir go bhfuil struchtúir bhainistíochta mhaithe ag an Roinn chun úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a ghintear. Ach, tá bac ann ó thaobh na hacmhainne atá ann chun eolas ábhartha a úsáid de bharr an easpa tuairiscí struchtúrtha ar fhabhrúithe agus ar thiomantais.

Faisnéis Feidhmíochta

24.21 Ullmhaíonn gach Rannóg laistigh den Roinn a bPleananna Gnó Bliantúla féin. Leagan gach Plean Gnó amach trí phríomhspríoc don Rannóg agus roinnt príomhtháscairí feidhmíochta ábhartha lena tomhaistear dul chun cinn agus feidhmíocht i gcoinne na spriocanna. Ach ag an gcéim seo d'fhorbairt an chórais bhainistíocht feidhmíochta, áfach, déantar cur síos go hiondúil ar spriocanna i bhfoirm ghníomhaíochtaí molta seachas mar thomhais chainníochtaithe shainiúla den méid atá le baint amach. Dá bhrí sin, is tuairiscí leathana iad na táscairí feidhmíochta den méid atá le baint amach.

24.22 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird go raibh iarracht mhór déanta ag an Roinn maidir le rólphróifíil ag leibhéal an duine aonair tríd go dtí pleananna gnó Rannógacha agus Ráiteas

Straitéise na Roinne a fhorbairt agus a fheabhsú. I go leor cásanna bhí eilimintí sainiúla agus cainneachtúla i gceist leis na táscairí a úsáideadh ag leibhéal Rannógach, ach i réimsí eile, mar shampla na réimsí sin a bhíonn ag déileáil le forbairt polasaí, bhí sé sin níos deacra. Is iondúil go mbíonn táscairí feidhmíochta do réimsí polasaí na Roinne socraithe mar chuspóirí nó gníomhaíochtaí, mar shampla, ‘dul i mbun idirbheartaíochta AE’. Ghlac sé leis gurbh fhéidir i gcónaí sainiúlacht agus tomhasacht na dtáscairí a fheabhsú. Leis sin san áireamh, sholáthar a Roinn oiliúint MIF do Chinn Rannóga in 2006 d’fhonn táscairí feidhmíochta a athscríobh ag leibhéal Rannógach. Tá sé sin ag obair ar bhonn leanúnach chun táscairí feidhmíochta a fheabhsú agus creid seisean go raibh dul chun cinn suntasach déanta ag an Roinn. Dhearbhaigh sé dom go leanfadh an Roinn ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag feabhsú a dtáscairí feidhmíochta.

24.23 D’fhéadfadh costáil sheirbhísí níos mionfheabhsaithe cuidiú chun cinntí a dhéanamh maidir le himlonnú acmhainne ionas go mbeadh an Roinn in ann éifeachtacht a n-oibríochtaí a luacháil. Sampla praiticiúil ar an bpróiseas sin is ea an bealach a bhfuil úsáid bainte ag an Roinn as an gcóras MIF chun páirt a ghlacadh i gcleachtadh de chuid Ghníomhaireachtaí Íocaíochta i mballstáit an AE agus luacháil de chuid Choimisiún an AE ar na costais rialaithe de Scéimeanna EAGF go ginearálta.

24.24 Go ginearálta, cé go n-aithnítear go bhfuil an Roinn srianta ag riachtanais reachtúla an AE agus eile maidir le tabhairt faoi leibhéil íosta chigireachta faoin SPS agus go gcúngaíonn na hoibleagáidí sin go mór an scóip do laghdúithe costais trí úsáid foirne, d’fhéadfadh costáil níos fearr de na seirbhísí cigireachta ligeann dó an leibhéal is fearr tástála a chinneadh ag teacht le riachtanais AE agus an meascán cuí de sheiceálacha agus amú na hoibre sin.

Gníomhaíocht Chigireachta

Caitear thart ar €12.1 milliún in aghaidh na bliana ar chigireachtaí ar shaoráidí talmhaíochta. Díríonn na chigireachtaí sin ar dhá phríomhábhair inní

- Cibé an bhfuil feirmeoirí i dteideal íocaíochtaí singil agus
- Cibé ar chomhlíon siad le riachtanais bhainistíochta reachtúla agus riachtanais chun sealúchais a chothabháil i ndeá-choinníollacha comhshaoil agus talmhaíochta (tras-chomhlíonadh).

Clúdaíonn formhór cigireachtaí an dá rud. Measann an Roinn go mbaineann 60% den ghníomhaíocht le tras-chomhlíonadh. Ach níl aon iarracht déanta ag an Roinn a modhanna costála a mhionfheabhsú chun pictiúr níos soiléire a fháil ar chostas na gcigireachtaí a fháil agus iad a chur i gcomparáid le haschuir agus torthaí. Tá scóip ann costáil ghníomhaíocht-bhunaithe a úsáid chun costais atá ann cheana agus an toradh de sin a úsáid chun gnáthaimh a shocrú do líon agus do chineál na gcigireachtaí.

24.25 Dhearbhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta dom go raibh luacháil agus athbhreithniú leanúnach á ndéanamh chun an seachadta seirbhíse is éifeachtaí a sholáthar agus thug sé samplaí den bhealach a raibh tionchar ag an athbhreithniú sin ar laghdúithe i gcostais ragoibre agus taistil.

24.26 D’fhéadfadh córas níos mionfheabhsaithe chun tiomantais a thuaradh ag úsáid cur chuige costála caighdeánach cuidiú leis an Roinn dliteanais a eascraíonn ó cheaduithe deontas faoi scéimeanna éagsúla a bhainistiú agus a smachtú.

Costas Clár Tuair

Tuairiscítear torthaí scrúduithe na Scéime Feabhsúcháin Feirme agus na Scéime Bainistithe Dramhaíola Feirme i Caibidil 25 agus Caibidil 26. Is ábhar inní i gcoiteann sa dá scéim é an méid dliteanais is féidir a eascairt mar gheall ar éagumas tiomantais faoin scéim a chinneadh. I scéimeanna teoranta airgead agus teorann ama bíonn gá le modh níos mionfheabhsaithe chun tiomantais airgeadais a thomhas b'fhéidir trí shamhail tuair a chruthú ag úsáid gnáthchostais do chineálacha difriúla éileamh.

24.27 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird gur dóigh go mbeidh teorainneacha airgead ar chaiteachas foriomlán i gceist le gach scéim amach anseo agus go raibh a fhios aige go maith an gá atá le cistí atá ar fáil a bhainistiú chomh maith agus is féidir agus go bhfuil sé tiomanta a chinntiú go gcuirfear an déine a theastaíonn i dtuar i bhfeidhm amach anseo.

Torthaí a Thuairisciú le Bainistíocht

24.28 Gné riachtanach den MIF ná gur chóir dó tuairiscí tréimhsiúla a sholáthar chuig gach leibhéal bainistíochta ag úsáid eolas airgeadais agus neamhairgeadais a chuirfeadh bainisteoirí ar a gcumas monatóireacht córasach a dhéanamh ar fheidhmíocht agus feidhmíocht a fheabhsú, do bhainistíocht acmhainní níos fearr a sholáthar agus cuidiú le déanamh cinntí.

24.29 Foilsítear tuarascálacha feidhmíochta, atá comhdhéanta de shonraí airgeadais agus neamhairgeadais de réir na Rannóige, ar inlíon na Roinne de ghnáth. Toisc go n-oibríonn an córas i bhfíor-am, is féidir le Bainistíocht Rannógach feidhmíocht i gcoinne an bhuiséid a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Ní chuirtear na tuarascálacha i láthair don MAC ach amháin ar bhonn eisceachta. Aithnítear, áfach, nach mbeadh sé indéanta ag an MAC na tuarascálacha sin a mheas ar bhonn rialta mar gheall ar líon na Rannóg.

24.30 Maidir le húsáid an eolas a gineadh óna gcórais airgeadais nua luadh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndearna an Roinn Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus bhain a Rannóg Seirbhísí Bainistíochta úsáid leathan as sonraí airgeadais agus neamhairgeadais chun meadarachtaí a bhaineann le scála agus costas na n-oibríochtaí, leibhéal aisghabhála costais, a chinneadh. Déanann an Rannóg sin iniúchadh ar shamhlacha phróisis gnó malartacha atá deartha chun éifeachtúlacht a mhéadú agus coigiltis ghlanchoistais a sheachadadh. Seo a leanas samplaí reatha agus leanúnach

- athbhreithniú ar oibríochtaí ar leith sa SPS, le bheith críochnaithe i mí na Nollag 2009, a d'aithneodh an leibhéal foirne is fearr don scéim sin
- tuarascáil Chóras Tréidliachta Sláinte Poiblí ag déileáil leis an laghdú leanúnach i leibhéil aisghabhála costais agus an tslí a bhféadfaí aghaidh a thabhairt air.
- athbhreithniú ar fhoirniú na Cigireachta laistigh den Rannóg Rialaithe Comhtháite agus den Rannóg Timpeallacht agus Struchtúir Talmhaíochta, atá á dtabhairt chun críche faoi láthair, a bhí ag scrúdú na leibhéil foirne chuí tar éis anailís ar ualaigh oibre reatha agus measta.

Conclúidí – An Creat um Fhaisnéis Bhainisteoireachta

In iomlán, d'fhéadfaí leas níos fearr a bhaint as an gcóras trí

- spriocanna agus táscairí a shonrú i dtéarmaí cainníochtúla
- sn córas feabhsaithe a úsáid chun eolas costála a fháil a chabhróidh le cinntí acmhainne
- próiseas athbhreithniú foirmiúil a thabhairt isteach os cionn leibhéal na rannóg, ar divisions, ar bhonn timthriallach b'fhéidir
- na gnáthaimh rialachais agus bhainistíochta a bhaineann le tuairisciú feidhmíochta a dhéanamh foirmeálta.

Ráitis Aschuir

24.31 Is forbairt réasúnta nua é an Ráiteas Aschuir Bliantúil (AOS) agus tá sé beartaithe aige grinnscrúdú na Dála ar mheastacháin chaiteachais bhliantúla a éascú. Breithníodh don chéad uair é, mar aon le meastachán na Roinne do 2007. Ullmhaíonn an Roinn an AOS de réir teimpléad a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais. Leasaíodh é sin tar éis chruinniú aiseolais le Ranna i bhfianaise na taithí le ráitis 2007.

24.32 Tuairiscíonn AOS na Roinne gníomhaíochtaí faoi chúig chlár – ceithre cinn a bhaineann le gníomhaíochtaí Roinne agus an ceann eile a bhaineann le seirbhísí tacaíochta. Léirítear na cláir agus an caiteachas aschuir do 2008 i Fíor 89.

Fíor 89 Cláir agus Caiteachas 2008

Cláir	Aschur
	€m
Polasaí Agraibhia agus Iascaireachta, Trádáil agus Forbairt	358.6
Sábháilteacht Bia, Cosaint Tomhaltóirí, Sláinte agus Leas Ainmhithe, Sláinte Plandaí agus Iasc	363.0
Forbairt Inbhuanaithe an Gheilleagair Tuaithe agus Cósta agus na Timpeallachta Nádurtha	1,033.7
Íocaíochtaí agus Seirbhís do Chustaiméirí	1,805.1
Cumais Oibriúcháin agus Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí ^a	–
Iomlán (Vótáilte agus Neamhvótáilte)	3,560.4

Nóta:

a Athdháiltear na hacmhainní a bhaineann leis an gClár seo ar bhonn pro-rata thar na gClár eile.

24.33 Déanann AOS iarracht straitéis na Roinne a nascadh lena eisíoc agus a aschur. Déanann sé é sin uair amháin in aghaidh na bliana do na príomhchláir. Mar gheall go bhfuil bearta aschuir na gclár comhbhailithe go mór caithfidh siad a bheith leathan. Aithnítear go gcloíonn an AOS a d'ullmhaigh an Roinn leis an teimpléad a leag an tAire Airgeadais anuas. Measadh go mbeadh sé úsáideach é a athbhreithniú, áfach, i gcoinne phríomhchritéar do thuairisciú feidhmíochta maith. D'fhéadfaí go gcuideodh siad sin chun forbairt ráitis ar eolas a bhreithniú amach anseo. Déanann Fíor 90 athbhreithniú ar na torthaí.

Fíor 90 Athbhreithniú ar an Ráiteas Aischiúir 2008

Príomhchritéar do Thuairisciú Aischiúir	Rátáil		
	1	2	3
Ailíniú leis an Vóta	✓		
Ailíniú le Straitéis 2008-2010	✓		
Comhsheasmhacht idir Ionchur Airgeadais agus Tomhas Acmhainní Daonna			✓
Comhsheasmhacht idir Thomhas Ionchuir agus Aischiúir			✓
Tomhais agus Táscairí Cainníochtaithe a Úsáideadh		✓	
Táscairí Tionchair a Tuairiscíodh			✓
Cothromaíocht idir Seachadadh/ Bainistiú Athraithe i gCláir		✓	

Eochair Rátála

- 1 Go Maith – Freastalaíonn sé ar an gcritéar go hiomlán nó go suntasach.
- 2 Leormhaith – Freastalaíonn sé ar an gcuid is mó de ghnéithe an chritéir le roinnt teorainneacha
- 3 Teoranta – Ní fhreastalaíonn sé nó freastalaíonn sé ar bheagán an chritéir nó tá teorainneacha suntasacha i réimse substaintiúil.

24.34 Ó tharla go gcuirtear gach gníomhaíocht, lena n-áirítear na cinn sin atá á maoiniú ag foinsí Vóta agus Neamh-Vóta, i láthair faoi chúig chlár clúdaíonn gach clár réimse leathan seirbhísí agus gníomhaíochtaí. Déanann tuairiscí clár catagóiriú cuí ar ghníomhaíochtaí de ghnáth agus ailíníonn siad leis na spriocanna is airde i Ráiteas Straitéise na Roinne.

24.35 Is ionann íocaíochtaí agus seirbhís do chustaiméirí agus clár singil faoin AOS. Cé go n-aithnítear go ndéantar formhór íocaíochtaí custaiméirí faoin SPS is iondúil go dtéann comhbhailiú na gníomhaíochta seachadta isteach i gclár amháin in aghaidh thomhas na feidhmíochta.

24.36 Maidir le toradh na bainistíochta athraithe luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go dtáinig laghdú de 700 ar fhoireann na Roinne agus gur athimlonnaíodh 500 eile chuig réimse oibre nua. Is tiomantas leanúnach é éifeachtacht a athchóiriú agus a fheabhsú tuilleadh lena n-áirítear plean chun an líonra oifige logánta a chomhdhlúthú.

24.37 Cé go dtuairiscítear aschur i gcoinne an bhuiséid faoi gach clár, níl tráchttaireacht ar bith ar na cúiseanna atá leis na difríochtaí agus níl aon nasc soiléir idir acmhainní a úsáidtear agus na haschiúir iarbhíre a bhaintear amach. Chomh maith leis sin, ní thugtar aon chúis do na hathraithe le meastacháin ó bhliain amháin go bliain eile.

Conclúidí – Ráitis Aschuir

I bhforbairt tuairiscithe aschuir as todhchaí, tá scóip ann chun ráitis aschuir a fhorbairt go ginearálta trí

- Comhoiriúnú níos fearr idir na hionchuir agus na haschuir taifeadta a bhaint amach. Más féidir is is fearr na hionchuir a bheith bunaithe ar fhabhrú le go mbeidh léiriú níos fearr ar an gcostas a thabhaítear chun na n-aschuir a ghiniúint.
- Chomh maith leis sin, bheadh sé úsáideach dá dtuairisceofaí roinnt de na tomhais tionchair chun tomhas na gnóthachtála de na cuspoirí luaite a sholáthar.
- Cé go mbaineann cuid mhór d’obair na Roinne le bainistíocht athraithe, téann comhdhlúthú na gníomhaíochta seachadta agus gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí do chustaiméirí isteach i gclár seachadta amháin in aghaidh dhearcadh cothrom ar fheidhmíocht seirbhísí.
- Baineann gníomhaíocht trasranach le roinnt de na clár ar nós sábháilteacht bia. Bheadh sé úsáideach ráitis aschuir fochuideachta a bheith ann do phríomhchláir trasrannacha chun ionchur iomlán an Stáit agus an tseirbhís a seachadadh d’acmhainní a caitheadh ar na cláir trasrannacha sin a léiriú go trédhearcach

Conclúidí Foriomlán

Is léir go bhfuil fiúntas ag baint le hAthbhreithnithe Eagraíochtúla. Tá buntáiste praiticiúil acu na sochair a thagann ó infheistíocht thar na mblianta faoin Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach a mheas chomh maith le bheith ag tabhairt dearcadh cumaisc ar ábaltacht Roinn aghaidh a thabhairt ar a gcuspoirí agus díriú ar réimsí ina dteastaíonn uathí achmhainneacht a thógáil. Leagann athbhreithniú na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia béim ar láidreachtaí a d’fhéadadh an Roinn tógáil orthu agus ar réimsí ina dteastaíonn uaidh feabhsú.

Tá an Roinn ag glacadh céimeanna i dtreo tuairisciú airgeadais agus bainistíochta a fheabhsú. Tuigtear ó thorthaí an athbhreithnithe ar an Roinn áirithe seo go bhfuil scóip shuntasach ann an leas is fearr a bhaint as an infheistíocht in MIF trí

- Tuairisciú níos mhionfheabhsaithe a dhéanamh ar thiomtais agus ar fhabhruithe
- Tuairiscí achoimre a dhearadh do bhainistíocht a sholáthraíonn eolas do dhéanamh cinntí agus do leithroinnt acmhainní
- Iarracht a dhéanamh úsáid táscairí agus tomhais cainníochtúla a mhéadú
- Acmhainneacht tuair a fheabhsú
- An leas is fearr a bhaint as an eolas, go háirithe eolas atá bunaithe ar fhabhrú, chun an AOS a fheabhsú le gur féidir costais ionchuir a mheaitseáil le feidhmíocht aschuir
- Ráitis aschuir a sholáthar d’obair trasrannach ar nós rialáil sábháilteachta bia le gur féidir an costas a mheaitseáil go trédhearcach le haschuir a bhaineann leis an obair.

Forbairtí le Déanaí

24.38 Tá cinneadh déanta ag an rialtas gur chóir formáid na AOSanna 2009 a mhionfheabhsú le go mbeidh siad níos dírithe ar aschuir ‘mhóra’ thábhachtacha seachas ar phróisis agus gníomhaíochtaí inmheánacha agus gur chóir costais riaracháin a thaispeáint go soiléir le taobh gach clár lena mbaineann siad.

24.39 Tá an Roinn Airgeadais ag tabhairt spreagadh do gach Roinn níos mó aird a thabhairt do chaighdeán agus ábharthacht na dtáscairí aschuir a úsáidtear san AOS, agus tá obair ag leanúint ar aghaidh chun táscairí AOS a fheabhsú agus a chaighdeánú, agus aird á thabhairt ar chleachtas idirnáisiúnta is fearr. Thug sé le fios chomh maith, mar atá leagtha amach ag an rialtas ina ráiteas ar Sheirbhísí Poiblí a Athrú, go leanfar le hobair Thuarascáil Bhliantúil lánpháirtithe (ag clúdach úsáid ionchuir agus seachadadh aschuir) a ullmhú ag gach comhlacht poiblí mar bhunús do ghinnscrúdú Oireachtais cuimsitheach, agus beidh an córas a thomhaiseann agus a thuairiscíonn aschur faoi réir ag bailíochtú seachtrach.

24.40 Tugtar aghaidh ar shaincheisteanna feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí i dhá phríomhthuarascáil a bhaineann le forbairt bhreise Sheirbhíse Poiblí na hÉireann

- ‘Towards an Integrated Public Service’ (OECD 2008)
- ‘The Special Group on Public Service Numbers and Expenditure Programmes’ (2009).

**Caibidil 25 An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh
agus Bia**

An Scéim Feabhsaithe Feirme

An Scéim Feabhsaithe Feirme

25.1 Is cuid de bheart chun gabháltais talún a nuachóiriú í an Scéim Feabhsaithe Feirme (FIS). Leithdháileadh €79 milliún de sholáthar foriomlán €85 milliún an bhirt ar an scém seo laistigh den Chlár Forbartha Tuaithe 2007-2013 (RDP). Cé go síníonn an beart thar seacht mbliana, faomhadh an cúnamh uile ag tús feidhme na scéime. Íocadh €12.9 milliún faoi 31 Nollaig 2008.

25.2 Is iad seo a leanas cuspóirí na scéime

- toscaí oibre agus táirgthe a fheabhsú ar fheirmeacha
- cabhrú leis an iomaíochas
- cur le feabshú ioncam feirme.

25.3 Tá raon leathan infheistíochtaí incháilithe le haghaidh cúnaimh lena n-áirítear caiteachas feirmeoirí ar mhatrach ainmhithe, fálú, trealamh láimhseála soghluaiste agus struchtúir nua. Is iad na suimeanna uasta infheistíochta atá i dteideal cúnamh deontais faoin scéim

- €120,000 in aghaidh an ghabháltais d'infheistíochtaí struchtúir agus trealamh nua do na hearnálacha go léir
- €120,000 in aghaidh an ghabháltais d'infheistíochtaí ar struchtúir déiríochta agus bleánlanna
- €20,000 in iomlán in aghaidh an ghabháltais le haghaidh fálaithe⁸⁰
- 10% de dheontais bhreise i gcásanna áirithe d'iarratasóirí ar fheirmeoirí óga incháilithe iad i.e.faoi bhun 35 bliain d'aois.

25.4 D'athraigh fócas na scéime le linn a tréimhse deartha. D'aithin measúnú réamhfhaofa an RDP a rinneadh i 2006 an spriocghrúpa is dóigh a bheadh ann do bhearta lena n-áirítear FIS mar *'feirmeoirí tráchtála, lánaimseartha go príomha, iad ag plé go gníomhach le bainistiú agus le forbairt a bhfeirmeacha mar fhiontair inmharthana airgeadais'*. Bhí sé i gceist go mbeadh an gabháltas *'níos mó ná an meán, é dlúthchaipitlithe agus ag plé le dianchineálacha talmhaíochta'*. I 2007 mheas Teagasc go raibh 32.5%⁸¹ de na feirmeacha uile sa chatagóir lánaimseartha. Bhí idir fheirmeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha san áireamh sa spriocghrúpa don FIS, dar le téarmaí agus coinníollacha na scéime a fógraíodh sé mhí ina dhaidh.

25.5 Sa deireadh, níor bhain critéir ioncaim ach le fíorbheagán cásanna i bhfeidhmiú na scéime. Ba ionann agus níos lú ná 1% an céatadán d'iomlán na n-infheistíochtaí ar thacaigh FIS leo suas go dtí 31 Nollaig 2008 arb ionannas dóibh dianfhiontair.

Comparadóirí Idirnáisiúnta

25.6 Shocraigh gach tír a straitéis náisiúnta agus a straitéis RDP laistigh de chreat comónta an AE. Bhí scóip shuntasach ag gach tír i bhfócas agus i ndearadh scéimeanna faoin mbeart um Nuachóiriú Gabháltais Talmhaíochta⁸².

⁸⁰ Tá an uasteorainn infheistíochta €20,000 don fhálu faoi réir ag an uasteorainn infheistíochta ghinearálta €120,000 d'infheistíochtaí i struchtúir agus trealamh nua, agus is fo-uasteorainn é i ndáiríre.

⁸¹ Suirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc 2007, 32.5% nó 36,400 feirm, leathanach 11.

⁸² Rialachán ón gComhairle CE 1968/2005.

25.7 In Éirinn, díríonn an beart ar na mór-earnálacha, grúpaí agus infheistíochtaí talmhaíochta agus tá uasmhéid deontais €96,000 ann in aghaidh an tairbhí thar an tréimhse 2007-2013, agus méideanna níos mó deontais ar fáil d'fheirmeoirí óga incháilithe.

Comparáidí Idirnáisiúnta

In **Albain**, bronnann coiste réigiúnach deontais infheistíochta chaipitil tar éis measúnuithe iomaíocha bunaithe ar chás gnó a chuireann tosaíochtaí tuaithe áitiúla san áireamh. Is ionann maoiniú iomlán don bheart do thréimhse an RDP agus thart ar €96 milliún. Is é €365,000 an t-uasdeontas faoin scéim seo. Iarrtar ar iarratasóirí a léiriú cén t-athrú a mheasann siad a dhéanfaidh an infheistíocht dá ngnó agus a shonrú cén cuspóir scéime a chuidíonn an infheistíocht a bhaint amach. Éascaíonn sé sonraí ar na méadrachtaí seo a bhailiú agus tionchar scéime a mheas.

Sa **Danmhairg** tá íostdeontas €40,000 ag an scéim choibhéiseach, maoiniú iomlán €76 milliún aici agus í ceaptha cuidiú le 315 feirm thar an tréimhse seacht mbliana. Is coiste a cheapann an Roinn Talmhaíochta a roghnaíonn na tionscadail. Bíonn cuspóirí bunaithe go sainráite ar pharaiméadair luach ar airgead.

Sa **bhFionlainn** tá scéim ar an dul céanna leis an FIS i bhfeidhm. Ach tugann sé tosaíocht do na hearnálacha mairteola agus déiríochta agus do thionscadail bhithfhuinnimh. Tá maoiniú iomlán €115.2 milliún aici thar an tréimhse agus é d'aidhm aici cuidiú le 1,000 faighteoir. Tá an t-uasmhéid deontais €504,000 i bhfad níos mó ná an méid faoin FIS. Cáilíonn an tír iomlán do Stádas Limistéir Mhídheisiúil (comhionann ceantair faoi mhíchumais i gcomhthéacs na hÉireann).

Dearcadh an Oifigigh Chuntasaíochta

25.8 Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta gur sainaithin an RDP tairbhíthe na scéime mar fheirmeoirí incháilithe uile, faoi réir íosriachtanais oideachasúla nó taithí feirmeoireachta a comhlíonadh. Mar sin chuimsigh téarmaí na scéime, nuair a tugadh isteach iad, raon níos leithne feirmeoirí ná mar a sainaithníodh sa mhéasúnú réamhfhaofa. Is é beartas na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (an Roinn) gan idirdhealú a dhéanamh idir feirmeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha agus cáilitheacht do scéimeanna á meas. Tá sé seo ag teacht le príomh-mholtaí Tuarascálacha Agraibhia 2010 agus Agraí Físe 2015.

25.9 Cé gur chuir Tuarascáil Agraibhia 2010 i bhfios go láidir go gcaithfear beartas talmhaíochta a chumadh le lántuiscint ar riachtanais agus ar chumais dhifriúla feirmeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha agus faoi threoir an chomhshaoil dhúshlánaigh mhol sé nach ndéanfaí aon idirdhealú idir feirmeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha ó thaobh cáilitheachta do na scéimeanna. Thacaigh Tuarascáil Agraí Físe 2015 go láidir leis an straitéis agus leis na moltaí seo.

Struchtúir agus Tiomantais na Scéime

25.10 Bhí teorainn airgid leis an scéim. Dá thoradh seo dhéanfaí faomhadh a eisiúint d'iarratais a chomhlíon na critéir cháilitheachta ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce', go dtí go raibh an t-airgead go léir ídithe. Fuair an Roinn amach go raibh an scéim ró-shuibscríofa go pras. Ní raibh coinne ag an Roinn leis an ráta ar cuireadh iarratais isteach nó go mbeadh an maoiniú iomlán faoin scéim ídithe go luath. Fuarthas líon mór iarratas laistigh d'achar gearr agus ag teacht le coinníollacha ceadaithe na Roinne Airgeadais agus an teorainn fhoriomlán airgid €85 milliún, dhún an Roinn an scéim ar iarratais ar an 31 Deireadh Fómhair 2007 tráth a raibh 12,675 iarratas faighte.

Bunceistean na nIníochta

Bhí baol ann

- Go dtiocfadh as iarratais a fuarthas tar éis gur sroicheadh teorainn airgid na scéime, ach roimh dhúnadh na scéime, dliteanais theagmhasacha i leith €63.9⁸³ milliún measta d'iarratais a cuireadh isteach agus a bhí cáilithe go cuí, dá ndéanfaí gach iarratas dá leithéid a fhaomhadh chun íocaíochta.
- Go dtiocfadh caiteachas neamhéifeachtach as iarratais a lorg do dheontais nach mbeadh maoiniú ag an Roinn chun íoc astu go gceann cupla bliain tar éis a gcur isteach, sa mhéid is go bhféadfadh athrú suntasach a theacht ar imthosca na n-iarratasóirí thar an tréimhse.

Dearcadh an Oifigh Chuntasaíochta

25.11 Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil iarratais, a fuarthas roimh an dáta deiridh ach nach bhfuil á bpróiseáil go fóill mar gheall ar an teorainn airgid, á gcoinneáil faoi láthair ag an Roinn agus nach ndéanfar iad a phróiseáil mura mbeidh tuilleadh maoinithe ar fáil don scéim. Thug téarmaí agus coinníollacha an FIS le fios go soiléir go ndúnfaí an scéim ar iarratais nua nuair a bheadh deireadh leis an maoiniú. Choinnigh sé air a rá gur thug an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 le fios go soiléir go bhfuil gach caiteachas ag brath ar chumas an Stáit tosaíochtaí infheistíochta a mhaoiniú. Is é seasamh na Roinne nuair nár eisíodh faomhaithe nach bhfuil aon dliteanas teagmhasach ann. Ach ina dhiaidh sin, is ábhar d'imeachtaí dlí na hiarratais seo anois ó cheann de na heagraíochtaí ionadaíocha feirme.

25.12 Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhféadfadh coinne a bheith ag an Roinn leis an ráta ina gcuirfí iarratais isteach faoin FIS nó leis an tráth a mbeadh an maoiniú a bhí ar fáil ídithe ag faomhadh deontas, go háirithe i gcomhthéacs leibhéal na rannpháirtíochta sa Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme. Tugadh faomhadh do líon substaintiúil feirmeoirí d'infheistíochtaí ar an bhfeirm faoin scéim sin agus bheadh planáil ar siúl nó bheidís go gníomhach i mbun oibre tógála ar an bhfeirm i leith tionscadal faoin scéim sin. Bhí leibhéal na n-iarratas faoin FIS i gcodarsnacht go géar le leibhéal iarbhair na gníomhaíochta faoin scéim i 2008 nuair a íocadh €12.9 milliún i leith 2,513 éileamh. Is é an norm go gcuirfeadh feirmeoirí isteach ar mhaoiniú i leith tionscadal éagsúla ach de bharr cúinsí athraithe teaghlaigh, gnó nó airgeadais, go socródh siad gan dul chun cinn leis. Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta narbh fhéidir teacht roimh forbairtí dá leithéid nuair a eisíodh faomhadh deontais.

25.13 Maidir leis an leithdháileadh aitheantais don mhaoiniú uile don tréimhse seacht mbliana mheas an Roinn go nginnfeadh feidhmiú na scéime ar bhonn bliantúil, agus buiséad bliantúil aici, lion mór athiarratas agus fadhbanna leanúnacha riaracháin agus luach na n-iarratas ag sárú an mhaoiniú a bhí ar fáil.

Riarachán Scéime

25.14 Cé go bhfuil an scéim teoranta ó thaobh airgid de, ní chostálann an Roinn faomhadh don scéim seo nó do líon scéimeanna eile. Ina ionad sin déanann sé meastachán ar luach na n-iarratas bunaithe ar shampláil. Bunaithe ar an sampláil seo shocraigh sí sa chás seo go n-ídeodh iarratais a fuarthas roimh 21 Deireadh Fómhair 2007 an buiséad iomlán. Bhí 7,347 iarratas ar chúnamh deontais faighte ag an Roinn faoin dáta sin. Fágann an modh seo nach féidir cinneadh cinnte a

⁸³ Tá an figiúr seo bunaithe ar líon na n-éileamh a fuarthas tar éis an scoithdháta measta 21 Deireadh Fómhair ach roimh an dáta dúnta 31 Deireadh Fómhair 2007 méadaithe faoin meánmhéid deontais sa tréimhse sin.

dhéanamh faoi thiomantais ag am ar bith. Ach go praiticiúil, leagan faomhadh nadúr an tionscadail amach a bhfuil deontas á chur ar fáil ina leith agus nuair a chuirtear é sin san áireamh le costais chaighdeánacha ceadaíonn sé go héifeachtach don Roinn méid an chúnamh deontais a fhaomhtar a réamh-mheas. Ina dhiaidh sin déanann an Roinn cuairteanna ar an bhfeirm i leith gach iarratais roimh íocaíocht a dhéanamh. Déantar iniúchadh réamhfhaofa ar iarratais a mbíonn tógáil foirgneamh i gceist iontu.

25.15 Ag staid na híocaíochta, déantar deontais a chinneadh ar bhunús admhálacha incháilithe a chuireann an feirmeoir nó costálacha caighdeánacha na Roinne ar fáil, cibé acu is lú.

25.16 Bíonn tionchar ag nósanna imeachta na Roinne ar thráth na n-íocaíochtaí a éilíonn de ghnáth go dtarraingeodh iarratasóirí rathúla anuas an maoiniú laistigh de dhá bhliain ón bhfaomhadh agus ag tiomantais faoin gCairt Chearta d'Fheirmeoirí 2005/2007 freisin a leagann síos teorannacha ama do riarachán agus íocaíocht faoi scéimeanna Roinne. Éilíodh go mbeadh mionsonraithe faoin infheistíocht nua ag tacú le gach foirm iarratais, mar aon le mapá ionaid, cead pleanála (nuair a theastaigh) fógra faoi chuid 12 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 (má bhaineann le hábhar) agus dearbhú ó chomhairleoir cáilithe talmhaíochta ar fhírinneacht agus ar inmharanthacht an iarratais.

Bunceistean na nIniúchta

Tá fiúntas ag baint le comhbhrú an mhaoinithe i mblianta luatha na scéime sa mhéid is go bhfeabhsaíonn sé an t-ionchas go mbainfidh an infheistíocht aisíoc luath amach. Ach ó faomhadh infheistíochtaí ar bhunús an t-am a fuarthas na hiarratais in áit de bhun cásanna gnó a nascadh go sonrach le spriocanna scéime tá baol ann nach ndéanfar luach a optamú.

Dearcadh an Oifigigh Chuntasaíochta

25.17 Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta nár foráladh do cheangaltas le haghaidh cás gnó do gach infheistíocht sa Chlár Forbartha Tuaithe 2007-2013 agus nár bh é an cleachtas i bhfeidhmiú scéimeanna deontais san am atá caite é agus nár moladh é in athbhreithnithe ar cheachtar de na scéimeanna a comhtháthaíodh san FIS, is iad sin an Scéim Sláinteachas Déiríochta agus an Scéim um Bainistiú Dramhaíl Feirme. Is é an cleachtas a bhí ann critéir cháilitheachta na scéime a chinneadh chun cúnaimh a dhíriú i dtreo na spriothairbhith agus chun faomhadh a eisiúint d'iarratasóirí incháilithe faoi réir ag srianta airgeadais agus tráthaithe. Cé go gcuirtear critéir mheasúnaithe mhionsonraithe i bhfeidhm i gcásanna a bhfuil maoiniú teoranta do thionscadail ar scála mór nó líon beag tionscadal, e.g. margáíocht agus próiseáil deontas i dtionscal an bhia, bheadh sé neamhphraiticiúil líon mór na n-iarratas faoi scéimeanna mar an FIS a mheasúnú agus a mheas ina n-aonar. Ach dúirt sé freisin go ndéanfaidh an Roinn riachtanas cás gnó a mheas nuair a leithdháiltear tuilleadh maoinithe do scéimeanna infheistíochta ar an bhfeirm de chuid na Roinne.

Monatóireacht Scéime

25.18 Faightear na hiarratais uile in oifigí áitiúla agus fanann gach comhad san oifig áitiúil i rith an phróisis iomláin iarratais ar dheontas, iniúchta, faofa agus íocaíochta. Ag an leibhéal náisiúnta bhailigh an Roinn eolas ar uimhir thréada, dáta iarratais, cur síos gearr ar an infheistíocht a cuireadh isteach air agus an contae. Mar gheall ar sin, bhí an t-eolas bainistithe a bhí ar fáil ag an Roinn teoranta. Tógadh córas faisnéise bhainistiú ina dhiaidh sin áfach.

25.19 Tá cur isteach á dhéanamh ar an scéim mheasúnaithe toisc nach bhfuil aon nasc ionsuite idir infheistíochtaí agus spriocanna níos airde RDP.

25.20 Ba chóir do scéimeanna stáit, don mhéid agus is féidir, infheistíocht a fháil nach bhfaighfí ar bhealaí eile. Is ar éigean go mbeadh cead pleanála faighte ag feirmeoirí a d'fhan le téarmaí agus coinníollacha na scéime a fháil chun cur isteach air, sular dhún an scéim, 111 lá ina dhiaidh sin. De thoradh sin is dóigh go n-íocfar cuid mhór cúnamh le feirmeoirí a bhí tar éis cur isteach ar chead pleanála roimh an scéim, agus ar dóigh, mar sin, go ndéanfaidís infheistíocht gan cúnamh Stáit.

Bunceisteanna an Iniúchta

Bhí an chuma air go raibh eolas bainistithe agus tuairisc ar fheidhmiúchán neamhleor sa mhéid is nach raibh an Roinn in inmhe

- tionchar FIS mar scéim ann féin a mheas
- íocaíochtaí a chinntiú go ndéantar, sa mhéid agus is féidir, do na gabháltais amháin a raibh cúnamh deontais uathu chun an infheistíocht ghaolmhar a spreagadh.

Dearcadh an Oifigigh Chuntasaíochta

25.21 Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta, de bharr scála na gníomhaíochta faoin FIS agus scéimeanna comhchosúla eile, go ndéantar próiseas scrúdaithe agus measúnaithe iarratas, eisiúint faofa, déanamh iniúchtaí agus deimhniú éilimh ar íocaíocht trí líonra oifige áitiúla na Roinne. Déantar an próiseas ar bhonn nósanna imeachta aonfhoirmeacha ar fud an chórais. Lean an Roinn an cur chuige a leagadh síos sa RDP maidir le measúnú iarratas a fhaightear faoin FIS. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar eagrú agus struchtúr an líonra oifige áitiúla agus déanfar riachtanais bhainistiú eolais amach anseo a mheas sa chomhthéacs sin.

25.22 Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéantar tionchar an FIS a mheas i gcomhar le bearta gaolmhara ag teacht leis na táscairí feidhmíochta a leagtar síos san RDP ina iomlán. Tá Coimisiún an AE tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí seo agus tar éis iad a aontú mar chuid dá phróiseas faofa.

25.23 Measann an Roinn go mbeadh sé deacair go leor, go háirithe i gcás scéime chomh substaintiúil le FIS, leibhéal an tromualaigh ag staid an iarratais ar dheontas a fháil amach. Ach os rud é go bhfuil an scéim ag feidhmiú anois le breis agus bliain amháin, airíonn an Roinn go bhfuil sé cuí measúnú a dhéanamh ar an méid a chuimsíonn caiteachas, a fhaigheann deontas faoin FIS, tromualach, agus déanfaidh sí é sin sar i bhfad.

25.24 Ní ghlacann an Roinn leis an dearbhú gur léiriú ar thromualach é na feirmeoirí a chuir isteach ar chead pleanála roimh thabhairt isteach FIS. Is cleachtas caighdeánach é i measc feirmeoirí, maraon lena gcomhairleoirí talmhaíochta, cur isteach ar chead pleanála ar roinnt ábhar infheistíochta ag an aon am amháin chun costais a laghdú agus spreagann na húdaráis phleanála féin an cleachtas seo. Ina theannta seo, tugadh fógra go forleathan faoi thabhairt isteach FIS roimh an dáta a tugadh isteach é agus bheadh feirmeoirí tar éis a bheith ar an eolas faoin ngá a bheadh le cead pleanála chun coinníollacha na scéime a shásamh.

Conclúidí

Is é neart scéimeanna airgid theoranta, ó léargas bainistíochta airgeadais de, go ndéanann siad ciondáil ar leithdháileadh sainithe Stáit. Ach is garbhurlis í an bonn “tús freastail ar an gceann is túisce” chun rochtain ar dheontais a theorannú. Á aithint go gcomhlíonann iarratasóirí a fuair cabhair dheontas critéir shainithe, ní chintíonn na scéimeanna seo luach is fearr de riachtanas, mura mbíonn siad ceangailte le meicníochtaí roghnaithe eile, lena n-áirítear anailís chostais is tairbhe. Ba chóir don Roinn úsáid mheicníocht roghnaithe bhreise, i scéimeanna amach anseo, a bhreithniú, tar éis íoschaighdeáin a bheith bainte amach, chun luach optamach ar airgead a chinntiú.

Bhí líon na n-iarratasóirí incháilithe níos mó ná mar a bhí i scéimeanna roimhe seo, ag éirí as baint na dteorannacha ioncaim agus cónascadh roinnt scéimeanna a bhí ann roimhe. Níor cuireadh aon srianadh malartach i bhfeidhm ar mhéid an spriocghrúpa chun gearradh siar ar an líon a bhí ag cur isteach ar an scéim seo. Ba chóir don Roinn bealaí níos fearr a bhreithniú chun díriú isteach níos fearr ar an gcineál seo scéime, éileamh dóchúil á nascadh le struchtúr scéime agus maoiniú. D’uireasa spriocdhaonra soiléir ba chóir meicníocht eile a lorg chun rochtain ar an scéim a theorannú, é ceaptha an luach is fearr a chur chun cinn.

Tá eolas cuimsitheach criticiúil chun a chur ar chumas na Roinne gnóthachtáil a mheas agus tionscnaimh don todhchaí a dhearadh. Ba chóir go bhféadfadh forbairt Chóras Bhainistiú Eolais FIS go mbeadh bailiú sonraí agus soláthar eolais níos fearr ann.

Níor bhreithnigh an Roinn feidhmiú na scéime ar bhonn bliantúil a d’fhéadfadh seicheamhú níos fearr a dhéanamh ar ualach oibre na Cigireachta Talmhaíochta agus tiomantais airgeadais an Stáitchiste. Ba chóir don Roinn meicníochtaí a mheas chun an t-ualach oibre agus tiomantas airgeadais araon a leathadh thar thréimhse iomlán scéime.

D’fhéadfadh gur thabhaigh an Roinn dliteanas teagmhasach d’iarratais a fuarthas i ndiaidh na teorann airgid ach roimh dháta deiridh na scéime. Ba chóir don Roinn a chinntiú go bhfuil scéimeanna amach anseo ceaptha sa chaoi nach bhfuil aon débhríocht faoi cháiliú d’íocaíocht deontais.

San iomlán, ba chóir an scéim a mheas chun a chinneadh cé chomh mór ar baineadh cuspoirí na scéime amach agus an raibh de thoradh ar chistí Stáit gur dearnadh infheistíocht nua ar an bhfeirm. Ba chóir comparáidí idirnáisiúnta a chur san áireamh in aon mheasúnú dá leithéid.

**Caibidil 26 An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh
agus Bia**

**Dliteanais faoin Scéim Bhainistithe Dramhaíola
Feirme a larchur**

Dliteanais faoin Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme a larchur

26.1 Chuir an Roinn tús le scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme (FWM) i mí an Mhárta 2006. Ba iad aidhmeanna na scéime cabhrú le feirmeoirí déanamh de réir Threoir Níotráití an AE trí laghdú a dhéanamh ar thruailliú ó fhoinsí talmhaíochta agus déanamh de réir na n-oibleagáidí comhshaoil a éiríonn as a rannpháirtíocht sa Scéim Íocaíochtaí Aonair.

Treoir na Níotráití

Glacadh Treoir na Níotráití sa bhliain 1991 agus is é is cuspóir di ná laghdú a dhéanamh ar thruailliú uisce ar níotráití ó fhoinsí talmhaíochta is cúis leis nó a spreagann é. I Márta 2004, thug an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach rialú i gcoinne na hÉireann mar gheall ar mhainneachtain Clár Gníomhaíochta Níotráití a ghlacadh, *inter alia*, faoi Threoir na Níotráití. Tar éis na n-imeachtaí sin, léirigh an Coimisiún Eorpach go bhféadfadh sé tarlú, i gcás nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú faoi chur chun feidhme an Chláir Gníomhaíochta Níotráití, go dtionscnófaí tuilleadh imeachtaí i gcoinne na hÉireann os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí ar imeachtaí iad a bhféadfadh forchur fíneálacha laethúla leanúint astu, mar aon leis an bhféidearthacht go bhforchuirfí fíneáil shubstaintiúil cnapshuime.

Mar fhreagra ar an mbreithiúnas, thug Éire Clár náisiúnta Gníomhaíochta Níotráití isteach agus tugadh éifeacht reachtúil don Chlár sin le rialacháin a rinneadh sa bhliain 2006. Leis na rialacháin sin, neartaíodh an tacaíocht reachtúil maidir le cosaint uiscí. Chun tacú le cur chun feidhme an chláir, chuir an Roinn pacáiste feabhsaithe tacaíochtaí airgeadais ar fáil d'fheirmeoirí, lena n-áirítear an Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme.

Sa bhliain 2009, shínigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil rialacháin nua níotráití. Déantar socrú leis na rialacháin sin maidir le tuilleadh forálacha níos láidre a bhaineann le forfheidhmiú agus maidir le bainistíocht feirme níos fearr.

26.2 Is é a bhí i gceist leis an scéim FWM ná deontas i gcabhair a thabhairt d'fheirmeoirí chun infheistíocht a dhéanamh i saoráidí stórála le haghaidh sadhlais agus dramhaíola talmhaíochta, i gcóiríocht d'ainmhithe, i bhfeabhsúcháin sábháilteachta agus i dtrealamh i gcomhair dramhaíl fheirme a úsáid. Bhí cúnamh ar fáil freisin chun déanmhais láithreacha a athfheistiú agus chun díonta a chur orthu.

26.3 Ba é deireadh mhí na Nollag 2006 an dáta deireanach chun iarratais a dhéanamh ar dheontas i gcabhair. Bhí cead ag iarratasóirí doiciméid áirithe tacaíochta a thíolacadh suas go dtí an 29 Meitheamh 2007. Tar éis iarratas comhlánaithe agus na doiciméid tacaíochta go léir a fháil, rinne an Roinn measúnú ar na tionscadail infheistíochta a bhí beartaithe agus d'eisigh sí ceadú i gcomhair deontais i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha a bhain leis an scéim.

26.4 Chun cáiliú i gcomhair íocaíochta, b'éigean d'iarratasóirí ceadaithe tógáil na ndéanmhais go léir a chríochnú faoin 31 Nollaig 2008. I gcás nach raibh na hoibreacha infheistíochta ceadaithe go léir críochnaithe ag feirmeoirí faoi dheireadh na bliana 2008, d'aontaigh an Roinn go dtabharfaí íocaíocht i leith codanna ar leithligh den obair a bhí beartaithe agus a chríochnaíodh go hiomlán de réir shonraíochtaí ceadaithe na Roinne faoin spriocdháta ag deireadh na bliana 2008. Ní raibh codanna neamhchríochnaithe den obair cheadaithe cáilithe i gcomhair deontais i gcabhair.

26.5 Tá na príomhdhátá a bhain le próiseáil na n-iarratas leagtha amach i Fíor 91.

Fíor 91 Na príomhdhátáí a bhain leis an Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme

Gníomhaíocht	Dáta
An dáta deireanach chun glacadh le hiarratais	31 Nollaig 2006
An dáta deireanach chun doiciméid tacaíochta a thíolacadh	29 Meitheamh 2007
An dáta deireanach chun oibreacha a chríochnú agus chun éilimh ar íocaíocht a thíolacadh	31 Nollaig 2008

26.6 Faoin dáta deireanach ar an 31 Nollaig 2006, bhí líon rud beag níos lú ná 48,600 iarratas faighte ar dheontas i gcabhair. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2007, bhí 46,000 iarratasóir tar éis na doiciméid go léir a sholáthar a bhí ag teastáil mar thacaíocht lena n-iarratais. Sa deireadh, cheadaigh an Roinn 43,000 iarratas san iomlán. Meastar go bhfuarthas 35,000 eileamh ar íocaíocht ina dhiaidh sin i leith oibreacha a críochnaíodh faoin 31 Nollaig 2008. Fuarthas os cionn 14,000 éileamh sa mhí dheiridh.

26.7 Bhí tuairim is €549 milliún i méid iomlán na n-íocaíochtaí a tugadh do 17,600 iarratasóir (féach Fíor 92) — agus thart ar €31,300 a bhí i meánmhéid na n-íocaíochtaí. Fuarthas suim chúititheach €37.1 milliún ón AE i leith na scéime. Tá an scéim á maoiniú go hiomlán as an Státchiste ó dheireadh mhí Mheán Fómhair 2007.

Fíor 92 Caiteachas faoin Scéim Bhainistithe Dramhaíola Feirme 2006-2008

Bliain	Caiteachas ar an scéim €m
2006	21
2007	114
2008	414
Iomlán	549

26.8 Ní dhéantar costas deiridh na cabhrach, faoi réir méid uasta infheistíochta €120,000 in aghaidh an ghabhála atá cáilithe i gcomhair deontais i gcabhair, a chinneadh go dtí go dtíolactar éileamh agus tá sé bunaithe ar chostais a dtugtar sonrasc ina leith nó ar chostais chaighdeánacha.

Forálacha Reachtacha maidir le Caiteachas a Iarchur

26.9 I mí Feabhra 2009, mar gheall ar staid cúrsaí airgeadais phoiblí, chinn an Rialtas go ndéileálfai leis na héilimh gan íoc thar thréimhse dhá bhliain. Ceapadh gur chur chuige níos cothroime a bheadh ann dá ndéanfaí íoc an deontais ar bhonn céimnithe seachas gan ach cuid de na héilitheoirí a íoc go hiomlán agus cinntíodh go bhfaigheadh gach éilitheoir cion suntasach dá n-íocaíocht sa bhliain 2009. Seo a leanas an tráthchlár a cinneadh i gcomhair na gcodanna den íocaíocht

- 40% de na deontais gan íoc le tabhairt sa bhliain 2009
- 40% i mí Eanáir 2010
- 20% i mí Eanáir 2011.

26.10 Tabharfar íocaíocht bhreise ex-gratia d'fheirmeoirí a ndearnadh a gcuid deontas faoin scéim a iarchur go páirteach. Déanfar an íocaíocht sin, nach rachaidh thar 3.5% de luach na dtráthchodanna iarchurtha, a thabhairt in éineacht leis an íocaíocht deiridh deontais i mí Eanáir 2011.

26.11 Le halt 12 (1) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009, rinneadh foráil maidir leis an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia d'iarchur íocaíochtaí faoin scéim FWM trí ordú reachtúil a dhéanamh. Léirigh an Roinn, ar an 1 Iúil 2009, go raibh ordú á ullmhú agus go mbeidh feidhm aige maidir le gach éileamh a dhéantar faoin scéim le héifeacht ón 1 Márta 2009.

Béim an Iniúchta

Is é is cuspóir don iniúchadh ná scrúdú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- dliteanais agus gealltanais faoin scéim amhail ar an 31 Nollaig 2008
- na socruithe atá ann chun caiteachas faoin scéim seo a rialú.

Dliteanais Fhabhráithe

26.12 Mar gheall ar na beartais chuntasaíochta a úsáidtear le linn Cuntais Leithreasa a thiomsú, is gá taifeadadh a dhéanamh ar dhliteanais fhabhráithe faoi scéimeanna deontais i gcás an deontaí a bheith tar éis ceanglais uile na scéime a chomhlíonadh ach nach bhfuil íocaíocht faighte aige nó aici fós.

26.13 Measadh gur €550 milliún a bhí sna dliteanais fhabhráithe i leith dheontais na scéime FWM ag deireadh na bliana 2008. Rinneadh an méid sin a thaifeadadh mar dhliteanas gan íoc i gCuntas Leithreasa 2008 na Roinne. Tá an meastachán sin bunaithe ar an toimhde gurb é a leanfaidh as an líon measta 17,400 éilimh faoin scéim atá le próiseáil ag an Roinn ag deireadh na bliana 2008 ná meáníocaíochtaí deontais atá comhchosúil leo sin a próiseáladh roimhe seo.

26.14 Faoi na socruithe a bhaineann le ceadú íocaíochtaí faoin scéim FWM, ní mór don Roinn iniúchadh ar an láthair a dhéanamh ar fheirmeacha i ndáil le gach éileamh ar leithligh sula ndéantar íoc an deontais a cheadú sa deireadh. Ag deireadh mhí na Nollag 2008, ní raibh aon iniúchtaí déanta i ndáil leis an gcuid is mó de na héilimh a bhí fós gan íoc. Dá dhroim sin, ní raibh na dliteanais tar éis teacht in aibíocht lena n-íoc an tráth sin.

26.15 Faoi réir an tAire do dhéanamh an ordaithe mar atá luaite thuas, táthar ag tuar go mbeidh íocaíochtaí faoin scéim sa tréimhse 2009 go 2011 mar a thaispeántar i Fíor 93.

Fíor 93 Oibleagáidí Tuartha Airgeadais faoin Scéim FWM 2009-2011

Bliain	Oibleagáid faoin scéim €m
2009	220
2010	220
2011 (lena n-áirítear íocaíocht ex-gratia)	121
Iomlán	561

Caiteachas na Scéime a Rialú

26.16 €1.1 billiún atá sa chaiteachas iomlán atá á thuar le haghaidh deontas faoin scéim. Ní raibh aon teorainn chaiteachais ann le haghaidh na scéime FWM an tráth a cuireadh tús leis an scéim.

26.17 Cuireadh uasteorainneacha deontais i bhfeidhm maidir le tionscadail ar leithligh faoin scéim. Ba é a bhí sa mhéid uasta infheistíochta a bhí cáilithe i gcomhair deontais i gcabhair ná €120,000 in aghaidh an ghabháiltais. De bhreis air sin, cuireadh córas costas caighdeánach i bhfeidhm mar theorainneacha costas i ndáil le gnéithe éagsúla de na hinfeistíochtaí a bhí beartaithe. I gcás gach éilimh a tíolacadh, b'éigean admhálacha a bheith in éineacht leo mar thacaíocht leis an éileamh, agus b'éigean ráitis maidir le luach na hoibre dílse agus an innealra a úsáideadh (más ann), mar aon le doiciméid tacaíochta eile, a bheith ann freisin. Déantar socrú le téarmaí agus coinníollacha na scéime maidir le costas caighdeánach nó costas iarbhair na hoibre, cibé acu is lú, a íoc.

26.18 D'ullmhaigh an Roinn meastachán tosaigh don chaiteachas faoin scéim i mí Iúil 2005, tráth a lorg sí ceadú i leith na scéime a bhí beartaithe ón Roinn Airgeadais agus faoi rialacha cabhrach Stáit Choimisiún an AE. Bhí an costas tuartha €248 milliún bunaithe ar mheasúnacht ar an easnamh stórála dramhaíola sa tír (i.e. an líon feirmeacha a raibh gá le saoráidí feabhsaithe ina leith chun ceanglais Threoir na Níotrátí a chomhlíonadh) agus ar mheánchostas forbartha na saoráidí sin a bhí bunaithe ar thaithí a fuarthas ó scéimeanna roimhe seo.

26.19 Bí meastachán na Roinne ró-íseal go suntasach i dtaca leis an leibhéal spéise a léirigh feirmeoirí sa scéim agus i dtaca leis an líon iarratas as a leanfadh obair chríochnaithe. Bhí an ráta ar dá réir a fuarthas iarratais sna chéad mhíonna tar éis tús a chur leis an scéim i Márta 2006 i gcomhréir le líon na n-iarratas a raibh an Roinn ag súil leis ach, faoi mhí na Samhna 2006, bhíothas tar éis beagnach 18,000 iarratas a fháil. Sa mhí dheiridh ina rabhtas chun glacadh le hiarratais (mí na Nollag 2006), fuarthas os cionn 30,000 iarratas eile.

26.20 Mar gheall ar leibhéal na n-iarratas, tháinig méadú ar an gcaiteachas a d'fhéadfadh a bheith i gceist le haghaidh deontas faoin scéim. Ach mheas an Roinn fós go raibh roinnt éiginnteachta ann faoin gcaiteachas dóchúil a bheadh ag brath, sa deireadh, ar an líon tionscadal a chríochnófaí le linn na mblianta 2007 agus 2008. Chreid an Roinn go mbeadh sé sin ag brath ar roinnt rudaí éagsúla, lena n-áirítear maoiniú a bheith ar fáil ag iarratasóirí, dálaí margaidh i dtaca le tráchtearraí talmhaíochta agus muinín feirmeoirí maidir leis an todhchaí na hearnála, agus ar chumas na hearnála foirgníochta a raibh borradh mór fúithi an tráth sin déileáil leis an obair bhreise laistigh den amscála a bhí i gceist.

26.21 Faoi dheireadh mhí na Samhna 2008, bhíothas tar éis thart ar 21,000 éileamh ar íocaíocht a thíolacadh. Ach, mar gheall ar na 14,000 éileamh a tíolacadh i mí na Nollag 2008, bhí an líon iomlán éileamh faoin scéim thart ar 35,000 — os cionn 81% de na hiarratais a ceadáíodh.

Conclúidí

Ba é a bhí i méid iomlán na ndliteanas agus na ngealltanais faoin scéim FWM ar an 31 Nollaig 2008 ná €550 milliún. Mar gheall ar chinneadh iardain chun íocaíocht bhreise ex-gratia a thabhairt i gcás ina ndéantar tráthchodanna na n-íocaíochtaí faoin scéim a iarchur, cuirfear suas go €11.5 milliún leis an gcaiteachas iomlán.

Bhí teorainn ama ann maidir leis an scéim agus tháinig méadú ar líon na n-iarratas i mí na Nollag 2006, is é sin le rá, an mhí dheiridh ina bhféadfadh feirmeoirí iarratas a thíolacadh. Maidir le scéimeanna den sórt sin a thiomáintear de réir éilimh, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú breithniú a dhéanamh i dtaobh teorainn a chur leis an méid iomlán airgid nó i dtaobh sásra eile den sórt sin a chur i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar ghealltanais agus chun go seachnófar an baol go dtabhófar caiteachas atá go mór os cionn an méid atá beartaithe chun cuspóirí sonraithe na scéime a bhaint amach.

De bhreis air sin, amhail i gcás na Scéime Feabhsaithe Feirme, d'fhéadfadh sé go bhfuil gá le sásra níos mionsonraithe chun a chinntiú, maidir leis na tionscadail sin a dtugtar cabhair ina leith, go bhfaightear an luach is fearr is féidir astu, i dtéarmaí chuspóirí na scéime.

Caibidil 27 An Roinn Iompar

Ceannach Amach an Naisc Thiar

Ceannach Amach an Naisc Thiar

27.1 Is cuar-mhótarbhealach 40km é an M50 timpeall Bhaile Átha Cliath ag síneadh ón M1 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath go dtí an N11 ag Bré. Cuid den mhótharbhealach atá 3.2 ciliméadar ar fad, ón N3 (Bóthar na hUaimhe) go dtí an N4 (Bóthar Shligigh), dhá droichead taobh le taobh trasna An Life (Droichead an Naisc Thiar). Is bóthar dola atá sa chuid seo den M50 a thóg an National Toll Roads (NTR)⁸⁴, a rinne cothabháil agus feidhmiú ar an mbóthar ó 1987. Osclaíodh an chéad droichead i Márta 1990 agus osclaíodh an dara droichead i Meán Fómhair 2003.

27.2 Faoi chomhaontuithe leis an Stát, bhí cearta eisiacha ag NTR, maidir leis an gcuid de mhótharbhealach an M50 ar a bhfuil an droichead, a fheidhmiú agus dolaí a ghearradh air go dtí 2020.

27.3 De bharr na leibhéal tráchta méadaithe, bhí mótharbhealach an M50 thíos go mór de bharr easpa acmhainn lánaí bóthair agus caolais tráchta ag aomhail agus ag an dola-phlás. Chun aghaidh a thabhairt ar sin, forbraíodh scéim uasghrádaithe a rinne soláthar do thrí lána a leathnú i ngach treo de 31 ciliméadar den mhótarbhealach, deich n-acomhal agus achomhail mótarbhealaí a uasghrádú agus saoráid dola leictreonach ‘saorshreafa’ a fhorbairt.

27.4 Chun an fhorbairt sin a éascú, rinneadh cinneadh an conradh le NTR a cheannach amach agus comórtas tairisceana a reáchtáil chun córas dola⁸⁵ nua gan bhacainní a leagan amach, a thógáil agus a fheidhmiú. Tar éis an chomórtais, cheap an NRA, i mí Márta 2007, BetEire Flow (comheagras de dhá ghnólacht ón bhFrainc) chun an córas dola a leagan amach, a thógáil agus a fheidhmiú.

27.5 Sa bhliain 2008, fuarthas €28.9 milliún ó NTR maidir le hioncam dola an M50 agus tugadh chun cuntais é mar leithreasáí i gcabhair. Faoi chomhaontuithe leis an NTR, d’íoc an NTR íocaíocht bhliantúil maidir le scair an Stáit den ioncam dola leis an Roinn san Aibreán gach bliain don bhliain féilire roimhe sin. D’íoc an NTR suim de €17.8 milliún in Aibreán 2008 don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007. Mar chuid den socrú cheannach amach, comhaontaíodh go n-íocfaí an t-ioncam atá dlite don Stát ó NTR do 2008 75 lá tar éis don socrú cheannach amach a theacht i bhfeidhm agus d’íoc an NTR an íocaíocht luathaithe seo de €11.1 milliún i mí Dheireadh Fómhair 2008.

27.6 Mar thoradh ar na socruithe athbhreithnithe a cuireadh i bhfeidhm in 2008, beidh aon ioncam dola de chuid an M50 amach anseo fabhráithe don Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA).

Béim an Iniúchta

Rinne an t-iniúchadh athbhreithniú ar na socruithe don cheannach amach.

Ceartha NTR a Cheannach Amach

27.7 Faoi chomhaontuithe leis an NTR, is féidir leis an Stát dolaí a dhíothú nó iad a laghdú/ardú nó teorainn a chur orthu. Thiocfadh cúiteamh as seo, áfach, agus thiocfadh, faoi théarmaí an chomhaontaithe dá gcuirfí díothú dolaí i bhfeidhm, íocaíocht bhliantúil chun cinn a bheadh cothrom leis an méid iomlán d’ioncam dola sna 12 mí díreach roimh an dáta díothaithe do na dolaí

⁸⁴ Droichead Dola Naisc an Iarthair Teo roimhe seo.

⁸⁵ Tairgeadh conarthaí leithleacha chun soláthar a dhéanamh d’oibreacha uasghrádaithe an M50.

lúide an táille ceadúnais iníoctha leis an Stát. Bheadh cúiteamh bliantúil faoi réir coigeartaithe de réir fhorálacha innéacsaithe.

27.8 Dá gcuirfí díothú dolaí i bhfeidhm le héifeacht ón 31 Iúil 2008 agus faoi théarmaí na socruithe ann cheana féin, bheadh an cúiteamh iníoctha mar atá leagtha amach i Fíor 94.

Fíor 94 Cúiteamh Bunaithe ar Ioncam Dola Lúnasa 2007 - Iúil 2008

Bonntreimhse	Ollioncam Dola (Airgead tirim agus Fóirdheontas HGV)	Táille Ceadúnais Stáit Iníoctha (% den Dhola Comhlán)	Cúiteamh bliantúil dlíte don NTR ^a
	€m	€m	€m
Lúnasa 2007 - Iúil 2008	68.63	21.52	47.11

Nóta:

a Bhí an cúiteamh bliantúil iníoctha go dtí Márta 2020.

27.9 Mar rogha eile in áit téarmaí dochta an chomhaontaithe bhí an rogha socrú leithleach a phlé leis an NTR faoina mbeadh figiúr comhréitigh iníoctha in ionad na gceart faoi na socruithe. Roghnaíodh an rogha sin agus socraíodh suim bhliantúil de €50 milliún don téarma comhaontaithe a bhí fanta.⁸⁶ D'íoc an NRA íocaíocht CBL de €121.9 milliún in 2007 de thoradh ar an gceannach amach. Tiocfaidh íocaíochtaí breise CBL chun cinn arbh fhiú tuairim is €19 milliún iad sa tréimhse 2009-2020 chomh maith le rátaí a bheidh iníoctha le Comhairlí Contae Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas. B'ionann suim na rátaí a íocadh in 2008 agus tuairim is €2.7 milliún.

Bunceisteanna an Iniúchta

Rinne an Stát idirphlé ar sruth íocaíochtaí a bhí níos airde ná an méid a bheadh an NTR ina theidlíocht dá gcuirfí díothú dolaí i bhfeidhm faoi na comhaontuithe bunaidh. Chomh maith leis sin, dá ndéanfaí na hoibríochtaí a scor, laghdódh costais sheasta agus oibríochta NTR. Ar an lámh eile, b'éigean a thabhairt san áireamh nach mbeadh díothú dolaí dóthanach chun deireadh a chur le cearta an NTR maidir le cuid an droichid den mhótarbhealach.

Tuairimí na Roinne Airgeadais agus an NRA

27.10 Mar fhreagra ar mo cheisteanna maidir leis na hidirbheartaíochtaí agus na torthaí a tháinig astu, mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach raibh aon fhorálacha i gComhaontú Dhroichead Dola Naisc an Iarthair 1987 d'fhoirceann an Chomhaontaithe sin agus nach raibh aon fhoráil d'fheidhmiú éigeantach cheannach amach an Chomhaontaithe sin ná deireadh a chur leis. Mhol aturnaetha agus Abhcóide Sinsearach an NRA araon nach raibh aon bhunús maidir le ceart den sórt sin a impleachtú sa Chomhaontú. Mar thoradh air sin, ní raibh aon fhothaí ann maidir leis an bhfógairt go raibh forálacha conartha ann, a d'fhéadfadh nó ar cheart iad a bheith curtha i bhfeidhm. Rinneadh idirbheartaíocht ar an bhfoirceann trí chomhaontú agus ní trí fhorfheidhmiú, nó cumas fhorfheidhmithe, faoi aon théarmaí conartha.

27.11 Mar sin féin, sholáthair Comhaontú an Naisc Thiar bunús do NTR a chúiteamh in imthosca nuair a rinne an Stát clásal dola nialasach a agairt ach sholáthair an sásra seo gur fhan na cearta dola maidir leis an Nasc Thair le NTR. Níor cuireadh an clásal seo i bhfeidhm mar nach raibh an Stát sásta an t-ioncam ó dholá a chailleadh. Bhí na hioncain sin leagtha amach chun cuidiú le

⁸⁶ Is é glanluach reatha na híocaíochta seo ná ordú de €488 milliún bunaithe ar an méid ar a dhíol an NTR a cheart maidir leis an sruth ioncain ina dhiaidh sin.

maoiniú d'oibreacha uasghrádaithe an M50 agus don chostas a bhain le cearta an NTR a cheannach amach.

27.12 Bhreithnigh an tOifigeach Cuntasaíochta, sna imthosca seo, nach mbeadh sé cuí an tsuim iníoctha faoi fhorálacha an Chomhaontaithe maidir le dolaí nialasacha a chur i gcomparáid leis an tsuim a ndearnadh idirbheartaíocht uirthi do cheannach amach leas an NTR (i.e. deireadh a chur leis an gComhaontú) mar gheall go mbainfeadh an rogha maidir le dolaí nialasacha, an t-ioncam dola a dhéanfaí amach anseo, den Stát.

27.13 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, mar gheall nár bheartaigh an Rialtas an cur chuige seo a úsáid, ní dhearnadh cainníochtú foirmiúil ar chostas iomlán an Stáit sna hidirbheartaíochtaí. Ina ainneoin sin chaithfeadh an bonn do ríomh €47.11 milliún i Fíor 94aird a thabhairt ar roinnt gnéithe tábhachtacha maidir le comhaireamh sonraí tráchta agus rátaí dola fheithiclí earraí troma, a d'fhéadfadh a bheith infheidhme i gcás den sórt sin. Bhí an líon tráchta ar an M50 ag an Nasc-Thair srianta sa tréimhse 2006-2008 de bharr oibreacha bóthair a bhí á ndéanamh chun an mótharbhealach a uasghrádú. Tá méid an sriain measta ag raon 4-11%. Thug na gnéithe seo leo féin, ríomhaireachtaí an NTR maidir leis an rogha seo go dtí suim os cionn an €50 milliún in aghaidh na bliana a íocadh ina dhiaidh sin don cheannach-amach.⁸⁷

27.14 Is é a thuairim gur léiriú maith a bhí sa phraghas deiridh a íocadh ar an gceannach amach ar luach margaidh a bhí ag cearta an NTR ag an am maidir le Droichead an Naisc Thiar faoi na Comhaontuithe. Thabharfadh an luach margaidh léiriú ar na costais sheasta agus oibríochta a bhí fabhráithe don NTR.

27.15 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta chomh maith, tar éis dó a thabhairt ar aird nach bhféadfadh an Stát deireadh a chur leis an gcomhaontú de réir théarmaí an chomhaontaithe, gur thug an NTR fógra don NRA i ndeireadh 2006, a thug le fios dá gcuirfeadh an NRA deireadh leis na dolaí faoin gComhaontú in áit idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le foirceann an chomhaontaithe, go mbeartódh an NTR na rátaí dolaí ar an M50 a ardú chuig ráta níos airde agus bhí siad i dteideal é sin a dhéanamh faoin gComhaontú, (bhí rátaí íseal curtha i bhfeidhm ag an NTR roimhe seo de bharr chúiseanna tráchtála). D'ardódh sé seo na leibhéil os cionn na gceann a úsáidíodh sa ríomhadh.

27.16 Staon an NTR ó chur i bhfeidhm na n-arduithe seo ar an mbunús nach raibh NRA ag cur díothú dolaí i bhfeidhm. Ní chuirfeadh cur chuige nua ón Stát stop le cur i bhfeidhm na rátaí ardaíthe a mbeadh tionchar acu ar ríomh na n-íocaíochtaí cúitimh.

27.17 Is é tuairim an Oifigigh Cuntasaíochta, dá gcuirfeadh an NRA díothú dolaí i bhfeidhm, go mbeadh an costas measta don Stát os cionn €50 milliún do gach bliain chomhaontaithe, chomh maith le cailteanas an Stáit ó thaobh ioncaim dola. Le linn idirbheartaíochtaí, mhol an NTR na clásáil díothaithe dola mar bhunús do shocrú idirbheartaíochta. Bhí an figiúr, i dtaca le €47.1 milliún na tuarascála, chomh hard le €54.6 milliún do gach bliain roimh innéacsú. Ar an mbunús sin, d'áitigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur léirigh an socrú deiridh a comhaontaíodh leis an NTR luach ar airgead maith ag cur na gcuspóirí polasaí atáthar ag leanúint leo san áireamh (i.e. feabhas suntasach ar acmhainneacht agus srutha tráchta ar an M50) agus an cúinse dlí bunúsach.

⁸⁷ Níor chuir an Stát aon mheastachán ar fáil maidir le dolaí nialasacha ach chuir an NTR, chun críocha idirbheartaíochta.

Conclúidí

Chun cearta agus teidlíochtaí NTR a cheannach amach faoi Chomhaontú Lámhaltais an Naisc Thiar, íocfaidh an Stát €50 milliún in aghaidh na bliana innéacsaithe ar aon dul le gluaiseachtaí san innéacs praghsanna do thomhaltóirí, i rith na tréimhse idir Lúnasa 2008 agus Márta 2020 agus glacfaidh siad freagracht as CBL de luach €140 milliún.

Cé go raibh foráil le haghaidh laghdú na dolaí go neamhní sna Comhaontuithe, faoi réir cúitimh an NTR maidir le hioncaim a cailleadh, ní raibh aon fhoráil ann do dheireadh glan a chur leo. Chur easnamh an chlásáil deiridh as don Stáit agus iad i mbun idirbheartaíochta.

Caibidil 28 An Roinn Cosanta

An Misean go dtí Sead

An Misean go dtí Sead

Cúlra

28.1 D'fhone dálaí slándála a chruthú a chuideodh le dídeanaithe agus daoine easáitithe filleadh ar a dtailte dúchais ar mhodh slán saorálach inmharthana, bhunaigh⁸⁸ na Náisiúin Aontaithe (NA) láithreach iltoiseach i Sead agus i bPoblacht na hAfraice Láir.

28.2 Is é a bhí i dtionscnamh na Náisiúin Aontaithe

- Misean ó na Náisiúin Aontaithe inar cuimsíodh oifigigh phóilíneachta, oifigigh rialach dlí, oifigigh chearta daonna agus oifigigh shibhialtacha eile de chuid na Náisiúin Aontaithe
- Aonad speisialta póilíneachta/*gendarmes* Seadach (timpeall 850 pearsanra) agus iad tiomnaithe go heisiach don dlí agus don ord a choinneáil i gcampaí na ndídeanaithe, i láithreáin ina bhfuil comhchruinnithe daoine atá easáitithe go himmheánach agus i mbailte móra ríthábhachtacha agus do chuidiú a thabhairt i dtaca le gníomhaíochtaí daonnúla a dhaingniú i oirthear Shead
- Imscaradh míleata AE (EUFOR TCHAD/RCA) chun an misean foriomlán a chosaint agus chun tacú leis.

Cion Tairbhe Óglaigh na hÉireann

28.3 Ar an 28 Samhain 2007, cheadaigh Dáil Éireann imscaradh meithle de chuid Óglaigh na hÉireann ar feadh 12 mhí mar chuid d'imscaradh míleata an AE.

28.4 Is é a bhí i gceist leis an imscaradh Óglaigh na hÉireann na riachtanais lóisíochúla agus trealamh uile don mhisean a shuíomh, an pearsanra agus an trealamh uile a iompar chuig Goz Beida i Sead thoir theas agus ceanncheathrú oibríochtúil a thógáil ann. San iomlán, iompraíodh 269 coimeádán, 105 feithicil agus gléasra innealtóireachta chuig Goz Beida d'aer, d'iarnród, agus ar muir via Camarún.

28.5 Imscaradh meitheal 411 pearsanra, a bhfuil 371 acu lonnaithe in Goz Beida, agus limistéar oibríochtaí timpeall 76,000 ciliméadar cearnach acu. Cuireadh tús le páirtíocht na hÉireann in Eanáir 2008 agus bhí sí faoi lánseol i mBealtaine 2008.

28.6 Cuimsíonn Sead – an príomhréimse oibríochtaí – limistéar is ionann agus méid na Fraince, na Spáinne agus an chuid is mó den Ghearmáin le chéile. Tá sé talamhiata agus beagnach 2,000 ciliméadar ón tsaoráid chalafoirt is gaire agus drochbhóithre agus droch-bhonneagar ann chun pearsanra agus trealamh a iompar orthu. Tá na dálaí aeráide sa réigiún sách dian.

Béim an Iniúchta

Bhreithnigh an t-iniúchadh

- costas bhainteacht Óglaigh na hÉireann i misean Sead de chuid EUFOR
- na socrúithe a cuireadh ann le haghaidh aerthacaíochta agus lena fáil.

⁸⁸ Rún 1788 (2007) an 25 Meán Fómhair 2007 ó Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe

Costais an Mhisin

28.7 Faoi théarmaí mhisean an AE, d'íoc gach aon tír as a cuid costas féin ar fad i ndáil le trúpaí agus trealamh a imscarar ar an misean (lena n-áirítear costas na haerthacaíochta le linn an imscartha) agus d'íoc sí a cion as costais choiteanna an mhisin – na costais a bhain leis an gceanncheathrú oibriúcháin agus fórsa a sholáthar chomh maith le bonneagar agus saoráidí formheasta eile.

28.8 €59 milliún na costais bhreise a bhí sa Vóta don Roinn Cosanta i leith bhainteacht Óglaigh na hÉireann i misean EUFOR i Sead anall go dtí deireadh Aibreán 2009. Ní áirítear sna costais sin gnáthphá agus liúntais an phearsanta atá i gceist. Tá na costais bhreise leagtha amach i Fíor 95.

Fíor 95 Costas Breise na bainteachta i misean EUFOR anall go dtí deireadh Aibreán 2009

Tuairisc	2007 €'000	2008 €'000	2009 (go dtí Aibreán) €'000	Iomlán €'000
Liúntais	84	11,723	4,228	16,035
Caiteachais Trealamh an Aerchoir	-	316	-	316
Iompar Míleata	1,751	6,204	233	8,188
Caiteachais Bheairice agus Trealamh Innealtóireachta	1,501	4,106	67	5,674
Foirgnimh	183	899	63	1,145
Ordanás, Éadaí, Lónadóireacht	5,205	4,598	248	10,051
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	1,371	504	96	1,971
Taisteal, Lasta	35	13,491	1,066	14,592
Costais Liachta	109	991	125	1,225
Ilghnéitheach	-	64	-	64
Cion a íocadh i leith na gCostas Coiteann	676	925	254	1,855
	€10,915	€43,821	€6,380	€61,116
Costais Inghnóthaithe ^a				€2,200
Glanchoas Breise				€58,916

Nóta:

- a Tá aisíocaíocht timpeall €1.2 agus €1 dlite d' Aireacht Cosanta na hÍsiltíre agus de na Náisiúin Aontaithe, faoi seach, as soláthairtí agus seirbhísí arna dtabhairt dóibh ag meitheal na hÉireann i Sead.

Aerthacaíocht a fháil do Mhisean EUFOR

28.9 Ba ghá tacaíocht héileacaptair a fháil don mhisean mar gheall ar an tír-raon casta i Sead agus iargúlacht an tsuimh chomh maith leis an gá le tairmigh a aslonnú agus toisc acmhainní suntasacha míleata eile a bheith ag gabháil le tacaíocht héileacaptair.

28.10 Maidir le soláthairtí agus seirbhísí do mhisin síochána, lena n-áirítear tacaíocht héileacaptair, is é Brainse Conarthaí na Roinne Cosanta, nó is iad na húdaráis mhíleata féin a fhaigheann go díreach iad, ar bhonn tairiscintí iomaíocha. Foráiltear leis na hionstraimí a tharmligean rialú buiséid agus freagracht i leith caiteachais ón Ard-Rúnaí go dtí an Ceann Foirne, go seoltar na himeachtaí sin de réir treoracha, rialachán, nósanna imeachta agus treoirlínte reatha náisiúnta agus AE maidir le fáil do chomhlachtaí poiblí.

28.11 Grúpa Ardleibhéal Pleanála agus Fála na Roinne (HLPPG) a rinne monatóireacht ar chaiteachas ar an misean. Comhchoiste sibhialta/míleata is ea é sin agus ról pleanála agus maoirseachta aige. Ní mór ceadú a fháil uaidh le haghaidh gach aon chonartha ar fiú breis agus €1 milliún é agus gach aon chonradh ar fiú idir €500,000 agus €1 milliún é ní mór ceadú a fháil roimh ré ina leith ó Ghrúpa Oibre a thugann tacaíocht dó.

28.12 I Márta 2008, níor glacadh le tairiscint dhá héileacaptar ó bhróicéir eitlíochta (*Air Partner*) toisc go rabhthas ag súil leis go gcuirfeadh EUFOR tacaíocht héileacaptair ar fáil don mhisean. Mar a tharla, níor cuireadh an tacaíocht sin ar fáil agus thosaigh Óglaigh na hÉireann an athuair an 10 Bealtaine 2008 ar an bpróiseas chun héileacaptair shibhialtacha a fháil. Shocraigh Óglaigh na hÉireann conradh le *Air Partner* ar an 30 Bealtaine chun dhá héileacaptar a léasú don tréimhse Meitheamh 2008 go dtí Márta 2009. Timpeall €3 mhilliún ba ea luach an chonartha. Próiseáladh an fháil i Rannóg Riaracháin Lóistíochta Óglaigh na hÉireann agus ba í an Rannóg sin freisin a shínigh an conradh.

Oiriúnacht na nAerárthach a cuireadh ar fáil

28.13 Is é *Air Partner* an soláthróir eitiltí cairte d'Óglaigh na hÉireann faoi Chreat-Chomhaontú a bunaíodh in 2007.

28.14 Thug an Stiúrthóir Oibríochtaí i bhFórsaí Cosanta na hÍsiltíre le fios don Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) ar an 24 Lúnasa 2008 go raibh an Deimhniú Aer-Oibreora le haghaidh na héileacaptar teoranta do lastiompar amháin.

28.15 Chuaigh Ard-Rúnaí na Roinne i gcomhairle leis an Oifigeach Ginearálta Ceannais san Aerchór i ndáil leis an ní sin. Ba í an chomhairle ón Aerchór gur léir go raibh na héileacaptair a soláthraíodh faoin gcairt teoranta d'oibríochtaí lasta amháin agus nach rabhadar údaraithe chun paisinéirí a iompar. D'ordaigh an Ceann Foirne do cheannasaí na meithle i Sead úsáid na héileacaptar a theorannú do lasta agus athsholáthar, d'aslonnú éigeandála taismeach agus d'éigeandálacha oibriúchtúla.

28.16 De bharr na nithe sin, d'iarr an tArd-Rúnaí ar Aonad Iniúchta Inmheánach (IAU) a Roinne iniúchadh iomlán a dhéanamh ar shocrú an chonartha héileacaptair. Bhaineas úsáid as tuarascáil an IAU le linn mo thuarascáil a ullmhú.

Amlíne Misin EUFOR

28.17 Tá an amlíne don mhisean agus do na hócáidí fála leagtha amach i Fíor 96.

Fíor 96 Amlíne Mhisean EUFOR

DÁTA	ÓCÁID
21 Feabhra 2008	Cuirtear tús leis an Misean i Sead
Márta 2008	Iarraidh ar <i>Air Partner</i> héileacaptair a fháil don mhisean
Márta 2008	Deir Brainse Conarthaí na Roinne nach ndearna an creatchomhaontú reatha aon soláthar maidir le héileacaptar a léasú
10-20 Bealtaine 2008	Sourcing of helicopters recommenced. Moladh gur chóir héileacaptair a fhoinsiú. Gá le ceadú ón gCeann Foirne don chonradh ^a
21/22 Bealtaine 2008	Iarradh ar Lucht Riaracháin Lóistíochta Cheanncheathrú Óglaigh na hÉireann cás ^b a chur ar aghaidh i scríbhinn maidir leis an ngá bhí le tacaíocht héileacaptair agus arís chomhairligh Brainse na gConarthaí nár chuimsigh an creatchomhaontú léasú héileacaptar ar feadh tréimhse fadaithe.
25 Bealtaine 2008	Chomhairligh <i>Air Partner</i> go raibh dhá héileacaptar foinsithe aige agus chuir sé mionsonraí ar fáil maidir le costais agus nithe conarthacha eile
26 Bealtaine 2008	Chuir Ceannasaí Oibríochtúil EUFOR in iúl don Roinn go raibh dóchas aige héileacaptair de chuid EUFOR a fháil lena gcur chuig Goz Beida
27 Bealtaine 2008	D'ordaigh an Leas-Cheann Foirne (tacaíocht) go leanfaí den phróiseas conraitheoireachta agus go n-ullmhófaí ráiteas gairid ar phríomhphointí an Chonartha don Cheann Foirne
28 Bealtaine 2008	Chuir an Rúnaí Cúnta in iúl don Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) gur ghá cás ar leith a chur chun cinn le haghaidh léasú héileacaptar
30 Bealtaine 2008	Shínigh Óglaigh na hÉireann conradh le <i>Air Partner</i> le haghaidh léasú dhá héileacaptar go dtí Márta 2009
6 Meitheamh 2008	Chuir an Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) in iúl don Rúnaí Cúnta go raibh an Rannóg Oibríochtaí ag ullmhú cáis le haghaidh héileacaptar Chuir an Bainisteoir Conarthaí in iúl don Rúnaí Cúnta gur tugadh le fios di ag cruinniú de Ghrúpa Oibre HLPPG gur síníodh conradh cheana ar an 30 Bealtaine
11 Meitheamh 2008	Ar é a fháil amach gur socraíodh conradh le haghaidh héileacaptar gan an t-údarás cuí, chúlghair an tArd-Rúnaí an t-údarás tarmligthe le haghaidh caiteachais den chineál seo
Lúnasa 2008	Dhúisigh Aireacht Cosanta na hÍsiltíre ceisteanna maidir le deimhniú héileacaptar chun pearsanra a iompar
Meán Fómhair 2008	Teorannaíodh iompar pearsanra tar éis comhairle a fháil ón Aerchór
Deireadh Fómhair 2008	Damáistíodh héileacaptar amháin i Sead
14 Márta 2009	Comhlánaíodh misean EUFOR – tabhairt ar láimh do mhisean na Náisiún Aontaithe

Nótaí:

- a Dúirt an Ceann Foirne...nach síneofaí aon chonradh mura bhfeicfeadh sé mórshonraí an chonartha, lena n-áirítear costais. Foráladh freisin sa treoir uaidh go mbeadh idirchaidreamh iomlán ann le Brainse Conarthaí na Roinne.
- b Dúirt an Bainisteoir Conarthaí i ríomhphost chuig an Stiúrthóir Riaracháin gur theastaigh cás i scríbhinn ón Ard-Rúnaí maidir leis an ngá a bhí le tacaíocht héileacaptair agus nár áiríodh léasú héileacaptar ar feadh tréimhse fadaithe sa chreachomhaontú reatha le *Air Partner*.

Torthaí an Iniúchta

Go foriomlán, chonclúidigh an t-iniúchadh gur mainníodh nósanna imeachta rialúcháin bunaithe a leanúint ar na bealaí seo a leanas

- Socraíodh an conradh ar bhonn creatchomhaontú a bhí ann cheana féin dar dáta an 17 Meán Fómhair 2007 le *Air Partner*. Chuir an Bainisteoir Conarthaí in iúl don Stiúrthóir Riaracháin ar an 21 Bealtaine 2008, áfach, nár chuimsigh an comhaontú a bhí ann léasú héileacaptar ar feadh tréimhse fadaíthe agus go raibh gá le comórtas tairisceana nua.
- Níor cloíodh le treoirlínte fála Náisiúnta agus AE, toisc gur mainníodh tairiscintí iomaíocha a lorg don tseirbhís tacaíochta héileacaptair.
- Ní bhfuarthas réamhcheadú don choiste cuí comhshibhialta/míleata chun an conradh a shocrú.
- Cé nár bhuncheanglas é go n-údarófaí an t-aerárthach chun paisinéirí a iompar, níor lorgaíodh saineolas an Údaráis Eitlíochta Míleata i dtaca le ceadúnú na héileacaptar chun na críche sin.
- Níor baineadh leas as saineolas an Aerchóir ach oiread i dtaca le scrúdú a dhéanamh ar shonraíochtaí teicniúla an aerárthaigh a bhí á fháil.
- Bhí Rannóg Riaracháin Lóistíochta Óglaigh na hÉireann ag brath ar chomhairle ó *Air Partner* i bpróiseas meastóireachta na doiciméadachta ceadúnúcháin, rud a chiallaigh i ndáiríre go raibh an tairgeoir bainteach le meastóireacht a dhéanamh ar a thairiscint féin.
- Sáraíodh na teorainneacha údarúcháin inmheánacha a bhaint le fáil nuair a síníodh conradh dar luach €3 mhilliún.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasóireachta

28.18 Dúirt an tOifigeach Cuntasóireachta gur ghlac sé le torthaí agus conclúidí an iniúchta. Bhí na torthaí ag teacht, cuid mhór, le torthaí an imscrúdaithe a rinne Aonad Iniúchta Inmheánach na Roinne ar iarraidh uaidh, rud a críochnaíodh i bhFeabhra 2009. Leag sé béim air áfach go raibh sé tábhachtach a chur san áireamh an comhthéacs foriomlán ina ndearnadh an chonraitheoireacht do na héileacaptair.

28.19 Ba é imscaradh agus cothabháil mheitheal Óglaigh na hÉireann chuig Sead an tionscadal Lóistíochta ba dhúshlánaí riamh dár thug Óglaigh na hÉireann faoi agus, san fhoriomlán, d'éirigh thar barr leis i dtéarmaí oibríochtúla. San foriomlán, is amhlaidh a rinneadh tasc an-chasta imscaradh agus cothabháil Chathlán na hÉireann a chur i gcrích ar mhodh an-ghairmiúil.

28.20 Dúirt sé, thairis sin, gur aithníodh ón tús an gá a bhí le tacaíocht chuimsitheach héileacaptair, á chur san áireamh a iargúlacht a bhí bunait Chathlán na hÉireann in Goz Beida, nach raibh aon bhonneagar bóithre ann ar chor ar bith, an leithlisiú a raibh súil leis le linn shéasúr na báistí agus an t-achar an-fhada ón ospidéal ba ghairne dó. Le linn chéim ullmhúcháin an mhisin, gheall an Ceanncheathrú Oibríochtúil i bPáras, de mheon macánta, go mbeadh tacaíocht héileacaptair ar fáil. Ní raibh aon amhras ná ceist riamh ann faoin dearbhriachtanas tacaíocht héileacaptair a bheith ar fáil do mheitheal na hÉireann. De réir mar a bhí séasúr na báistí ag bagairt, áfach, ba léir go raibh amhras ann faoi na héileacaptair a bhí geallta agus go mb'fhéidir go gcaithfeadh an Roinn a cuid socruithe féin a dhéanamh. Ba sa chomhthéacs sin, agus mar gheall ar an gcostas nach beag a bhí i gceist, a d'iarr sé go ndéanfadh Óglaigh na hÉireann foirmlíu ceart ar an gcás chun héileacaptair a léasú.

28.21 Thug sé le fios dom gur fhreagair sé ar mhodh tapa cuimsitheach nuair a cuireadh in iúl dó go raibh conradh socraithe ag Óglaigh na hÉireann le haghaidh héileacaptar. Cúlghaireadh an t-

údarás tarmlichte lenar údaráíodh pearsanra míleata socruithe a dhéanamh chun aerárthaí a chairtfhostú le haghaidh iompair trúpaí/lasta d'oibríochtaí thar lear. D'iarr sé ina dhiaidh sin ar Aonad Iniúchta Inmheánach na Roinne iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar shocrú an chonartha. Gníomhaíodh de réir na moltaí atá i dtuarascáil an Aonaid Iniúchta. Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta chun údarás a tharmligean do phearsana míleata i gcoitinne agus neartaíodh iad. Athbhreithníodh téarmaí tagartha an HLPPG. Tá geallta ag na húdaráis mhíleata go gcuirfidh siad oiliúint bhreise agus rialta ar an bpearsanra míleata maidir le nósanna imeachta fála.

28.22 I dtéarmaí oibríochtúla, chruthaigh na héileacaptair chonraithe go maith agus chuir siad tacaíocht rithábhachtach ar fáil d'Óglaigh na hÉireann. Riachtanas an-ghéar ba ea an riachtanas le haghaidh héileacaptar. Fiú nuair a bhí srianadh sealadach lena n-úsáid fad a bhí ceist an deimhniúcháin á réiteach, lean na héileacaptair de ról an-tábhachtach a bheith acu trí thacaíocht lóistíochta a sholáthar. Bhíodar ar fáil i gcónaí mar chlúdach éigeandála chun taismigh a aslonnú agus leanadar d'acmhainn bhunriachtanach a sholáthar ar feadh na tréimhse.

Conclúidí

Bhí tacaíocht héileacaptair ag teastáil ón meitheal Éireannach i Sead. Nuair a tháinig sé chun cinn nach mbeadh sé sin á sholáthair ag eilimintí eile an mhisin, b'éigin d'Éireann na saoráidí a bhí ag teastáil a fháil.

Cé go raibh nósanna imeachta cuí doiciméadaithe curtha ann ag an Roinn agus ag Óglaigh na hÉireann maidir le fáil i gcoitinne, níor leanadh an nós imeachta bunaithe i seoladh an chonartha áirithe le haghaidh aerthacaíochta do mhisean EUFOR.

- Óglaigh na hÉireann gan na nósanna imeachta comhaontaithe idir an Roinn agus Óglaigh na hÉireann a chomhlíonadh i dtaca le trealamh agus míreanna caiteachais chaipitiúil, lena n-áirítear nósanna imeachta choiste cuí comhshibhialta/míleata.
- Óglaigh na hÉireann a mhainneachtain coinneáil i dteagmháil le Brainse Conarthaí na Roinne.
- Níor cloíodh le comhairle Bhrainse na gConarthaí maidir le húsáid an chreachomhaontaithe.
- Níor gníomhaíodh de réir an cheanglais cás i scríbhinn le haghaidh réamhcheadú a chur faoi bhráid an Ard-Rúnaí.
- Bhí mainneachtain laistigh d'Óglaigh na hÉireann sainchomhairle an Aerchoir a lorg i dtaca le meastóireacht a dhéanamh ar an gconradh a bhí beartaithe agus féachaint le go ndéanfadh sé an doiciméadacht cheadúnúcháin a bhí curtha ar fáil ag an gconraitheoir a raibh éirithe leis a mheasúnú.

B'ionann agus €1.8 milliún an costas a tabhaíodh i leith tacaíocht héileacaptair a sholáthar do mhisean EUFOR le haghaidh 2008.

Forbairtí ina dhiaidh sin

28.23 Ar an 10 Deireadh Fómhair 2008, d'iarr na Náisiúin Aontaithe go foirmiúil ar Éirinn a bhreithniú na trúpaí Éireannacha a bhí imscartha le EUFOR a chur faoi cheannas na Náisiúin Aontaithe i ndiaidh an 15 Márta 2009. Thug na Náisiúin Aontaithe le fios go raibh sé rithábhachtach na trúpaí a bhí imscartha faoi EUFOR a thiomnú do MINURCAT, fórsa leanúnach na Náisiúin Aontaithe d'fhonn folús slándála a sheachaint agus a chinntiú go gcosnófaí sibhialtaigh agus pearsanra de chuid na Náisiún Aontaithe a bhí i mbaol.

28.24 Cheadaigh Dáil Éireann an pearsanra Éireannach a bhí ar mhisean EUFOR a aistriú chuig misean nua na Náisiún Aontaithe ar an 5 Márta 2009 agus sealáíocht meithleacha breise de chuid Óglaigh na hÉireann le haghaidh seirbhíse le MINURCAT ar feadh tréimhse 12 mhí ón 15 Márta 2009.

28.25 Tháinig na hathruithe seo a leanas chun cinn de bharr aistriú údaráis an mhisin chuig MINURCAT

- Is iad na Náisiúin Aontaithe a aisíocann sciar de chostas an phearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann a imscartar.
- Aisíocann na Náisiúin Aontaithe, de réir rátaí comhaontaithe
 - Costas an trealaimh a imscartar
 - Costais iompair ar shealaíocht na meithleacha agus ar iad a tharraingt as i ndeireadh thiar agus
 - Costas pearsanra agus trealamh Óglaigh na hÉireann a aistriú ar ais go hÉirinn.
- Is iad na Náisiúin Aontaithe a dhéanann bia, uisce, breoslaí agus olaí agus aeriompar a sholáthar go díreach do na meithleacha.

28.26 Go ráithiúil de ghnáth a thugtar aisíocaíocht as costais trúpaí, i riaráiste tar éis trí mhí, agus is go ráithiúil freisin a thugtar aisíocaíocht as costais trealaimh, ach gur i riaráiste tar éis sé mhí a íoctar iad.

28.27 Meastar gur timpeall €4.24 milliún sa bhliain an aisíocaíocht a bheidh ann ó na Náisiúin Aontaithe i leith costais trúpaí do mhisean MINURCAT. Ní féidir a chinneadh ag an bpointe seo cén méid a mheasfar a bheidh san aisíocaíocht ó na Náisiúin Aontaithe i leith trealaimh agus costas eile.

28.28 I ndáil le misin de chuid na Náisiún Aontaithe i gcoitinne, tugann Éire ranníocaíocht timpeall SAM€3.1 (as Vóta na Roinne Gnóthaí Eachtracha) cibé acu atá Éire rannpháirteach i misean nó nach bhfuil. San fhoriomlán, tuigtear do na Náisiúin Aontaithe go mbeidh costas timpeall SAM€600-700 milliún ag gabháil le MINURCAT le haghaidh 12 mhí.

Aerthacaíocht do Mhisean MINURCAT

28.29 Faoi mhisean MINURCAT na Náisiún Aontaithe, soláthraíonn na Náisiúin Aontaithe iompar (lena n-áirítear héileacaptair) atá faoi rialú riarachán sibhialta na Náisiún Aontaithe. Toisc go raibh deacrachtaí áirithe ann faoin socrú seo agus ag féachaint do chineál an limistéir oibríochtaí, tá sé socraithe ag Éirinn fad a chur leis an gconradh le *Air Partner* le haghaidh iompair héileacaptair (conradh atá bailí go dtí deireadh Mheán Fómhair 2009). Tá sé curtha in iúl ag na Náisiúin Aontaithe nach féidir leis, faoina chuid rialachán, costas na héileacaptair a aisíoc, toisc nach sócmhainní iad atá faoi lánúineireacht Óglaigh na hÉireann. Clúdóidh siad na costais choinneála a ghabhann leo, áfach, amhail breosla.

**Caibidil 29 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh**

Caiteachas ar Leas Sóisialach

Caiteachas ar Leas Sóisialach

29.1 Tugtar cuntas ar ghnéithe de chaiteachas leasa shóisialaigh ar bhealach ar leithligh i gCuntas Leithreasa na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (an Roinn) nó i gcuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh, a ndéanann an Roinn riarachán air. Ina theannta sin, tarlaíonn caiteachas suntasach maidir le leas sóisialach faoi scéimeanna a mhaoineáir trí Vótaí eile.

Béim na Tuarascála

Cuireadh an chaibidil seo le chéile chun an fhaisnéis maidir le caiteachas ar leas sóisialach ó chuntais éagsúla a chomhdhlúthú i gcáipéis amháin chun forbhreathnú a chur ar fáil ar féidir faisnéis an Chuntais Leithreasa a mheas ina gcoinne.

Caiteachas Leasa

29.2 Cuirtear gach caiteachas faoi Vóta na Roinne agus faoin gCiste Árachais Shóisialaigh san áireamh sa chomhdhlúthú. Cuirtear an caiteachas seo a leanas faoi Vótaí eile san áireamh chomh maith

- Íocaíocht Cúram Leanaí Luath — a mhaoineáir trí Vóta 41: Oifig an Aire Leanaí— faoi riarachán na Roinne
- an Liúntas Cúram Baile (DCA) agus Liúntas Leas na nDall á oibriú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). Rinne an Rialtas cinneadh in 2006 na scéimeanna a aistriú chun na Roinne. Tá an Roinn ag glacadh le héilimh DCA nua ó Aibreán 2009 agus táthar ag súil go n-aistrefar stoc na n-éileamh reatha ón DCA chun na Roinne an 1 Meán Fómhair 2009⁸⁹. Aistrefar scéim Liúntas Leas na nDall tar éis aistriú an DCA a chríochnú.

29.3 D'fhoill faisnéis a chur ar fáil maidir le treochtaí i gcaiteachas leasa shóisialaigh, tugtar sonraí i leith caiteachas bliantúil le haghaidh na mblianta 2006 go 2009. Úsáidtear figiúirí cuntais leithreasa iniúchta le haghaidh 2006 go 2008. Úsáidtear sonraí Ciste Árachais Shóisialaigh Iniúchta le haghaidh 2006 agus 2007. Le haghaidh 2008, úsáideadh figiúirí táirgthe sealadacha do chaiteachas Ciste de bharr nach bhfuil iniúchadh na gcuntas Ciste le haghaidh 2008 críochnaithe go fóill⁹⁰. Tógtar figiúirí le haghaidh caiteachas Vóta agus Ciste pleanáilte in 2009 ó na Meastacháin Athbheithnithe do Sheirbhísí Poiblí le haghaidh 2009.

Achoimre ar Chaiteachas agus ar Mhaoiniú

29.4 Déanann Fíor 97 achoimre ar chaiteachas leasa shóisialaigh i gcás gach príomhchatagóir faighteoirí. Léiríonn sé chomh maith foinsí an chaiteachais sin.

⁸⁹ Féach ar Chaibidil 34 maidir le haistriú feidhmeanna ón HSE go dtí an Roinn.


⁹⁰ Bunaithe ar thaithí na mblianta roimhe sin, nífeáir ag súil go dteastóidh athraithe suntasacha chun figiúirí an chuntais a dhréachtú.

Fíor 97 Caiteachas ar Leas Sóisialach de réir Príomhchatagóir Faighteora agus de réir Foinse Maoinithe, 2006 go 2008, agus Measta le haghaidh 2009

Catagóir Caiteachais	2006	2007	2008	2009
				Measta
	€m	€m	€m	€m
Tacaíocht do Theaghlaigh agus do Leanaí	5,941	6,700	7,545	7,786
Tacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair	2,304	2,692	3,500	6,117
Tacaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas	1,428	1,622	1,875	1,988
Tacaíocht do Dhaoine Scothaosta	3,724	4,414	4,885	5,181
Riarachán, Bainistíocht, Taighde, etc.	619	679	713	759
Caiteachas Iomlán	14,016	16,107	18,518	21,831
Maoinithe trí:				
Ciste Árachais Shóisialaigh	6,326	7,251	8,400	10,322
Caiteachas a Vótáladh				
Vóta 38 Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	7,339	8,351	9,518	11,130
Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	70	87	120	148
Vóta 41 Oifig an Aire Leanaí	281	418	480	231
Caiteachas Iomlán	14,016	16,107	18,518	21,831

29.5 Léiríonn Fíor 98 an treocht i gcaiteachas de réir príomhchatagóir caiteachais. Is é an méadú is tapúla ná sa leibhéal caiteachais ar thacaíocht leasa do dhaoine sa mhargadh saothair, ag léiriú líon daoine dífhostaithe atá ag méadú go han-tapa.

Fíor 98 Treocht i gCaiteachas ar Leas Sóisialach de réir Príomhchatagóir Faighteora, 2006 to 2008, agus Measta le haghaidh 2009



29.6 Léiríonn Fíor 99 briseadh síos ar chaiteachas leasa shóisialaigh de réir catagóir faighteora agus de réir scéime.

Fíor 99 Caiteachas ar Leas Sóisialach de réir Scéime agus Catagóir Faighteora, 2006 go 2008, agus Caiteachas Measta le haghaidh 2009

Catagóir Caiteachais	2006	2007	2008	2009 Measta
	€m	€m	€m	€m
Tacaíocht do Theaghlaigh agus do Leanaí				
Sochar Linbh	2,056.3	2,233.0	2,454.0	2,500.1
Scéimeanna Baintrí/Baintrí Fir/Íocaíochtaí Caomhnóra	1,212.2	1,238.9	1,341.7	1,377.0
Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora	834.3	962.4	1,067.2	1,101.3
Liúntas Leasa Forlíontach	686.4	739.8	866.9	1,114.6
Íocaíocht Cúramóra	301.3	388.2	484.0	524.2
Sochar Máithreachais	180.8	257.9	315.9	355.1
Sochar Cóireála	95.0	91.6	97.1	92.4
Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh	107.1	140.0	170.3	211.6
Deontais Chúraim Sosa	50.5	72.5	98.2	112.2
Deontais Bhéile Scoile	13.6	28.2	32.4	35.0
Deontais Mhéala agus Tuismitheora is Baintreach é/í	15.9	21.0	23.9	24.2
Mná Céile Tréigthe agus Príosúnaigh	105.2	107.6	111.2	105.3
Sochar Uchtaíoch	0.8	1.3	1.7	1.7
Íocaíochtaí Cúram Leanaí Luatha	281.4	417.7	480.0	231.0
Caiteachas Iomlán	5,940.8	6,700.1	7,544.5	7,785.7
Tacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair				
Sochar Cuardaitheora Poist	455.1	545.0	928.8	2,422.6
Liúntas Cuardaitheora Poist	768.6	875.1	1,158.9	2,190.2
Sochar Breoiteachta	627.6	755.1	852.3	889.1
Seirbhísí do Thacaíocht Fostaíochta	115.6	145.0	160.5	180.4
Sochar díobhála Ceirde	96.0	104.3	112.0	112.4
Scéim Cúnaimh Feirme	71.1	78.7	84.9	87.7
Iomarcaíocht agus Dócmhainneacht	170.0	188.2	202.2	234.0
Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	0.4	0.5	0.6	0.6
Caiteachas Iomlán	2,304.4	2,691.9	3,500.2	6,117.0
Tacaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas				
Liúntas Míchumais	738.4	901.1	1,052.7	1,091.0
Pinsin Easláine	602.4	618.1	685.7	691.5
Pinsin na nDall	17.0	15.0	16.3	16.5
Liúntas Cúram Baile	61.9	78.3	109.6	179.0
Liúntas Leas na nDall	8.1	9.2	10.5	10.0
Caiteachas Iomlán	1,427.8	1,621.7	1,874.8	1,988.0

Catagóir Caiteachais	2006	2007	2008	2009 Measta
	€m	€m	€m	€m
Tacaíocht do Dhaoine Scothaosta				
Pinsin Stáit	3,166.3	3,754.0	4,182.7	4,396.7
Liúntais Réamhscoire	113.1	124.5	117.7	105.8
Saorthaisteal	58.0	64.1	68.4	76.4
Liúntas Leictreachais	108.4	147.1	156.7	199.8
Liúntas Teileafóin	90.3	98.9	112.2	108.3
Liúntas Breosla	124.2	152.6	170.0	216.7
Saorcheadúnas Teilifíse	49.0	51.7	55.7	56.7
Liúntais Gháis Nádúrtha/ i mBuidéil	8.5	15.3	15.6	21.1
Liúntas Toitcheo	6.0	5.9	6.0	—
Caiteachas Iomlán	3,723.8	4,414.1	4,885.0	5,181.5
Riarachán, Bainistíocht, Taighde, etc.				
Riarachán agus Bainistíocht ^a	544.0	590.8	621.0	669.6
Deontais ^b	54.6	67.2	69.6	67.9
Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid	13.6	14.6	16.2	17.9
Eile	6.8	6.8	6.6	3.7
Caiteachas Iomlán	619.0	679.4	713.4	759.1
Caiteachas ar gach Scéim	14,015.8	16,107.2	18,517.9	21,831.3

Nótaí:

a Áirítear ann costais Oifig an Ombudsman Pinsean

b Íocadh deontais chuig Comhairle, Gníomhaíocht um Thacaíocht Teaghlaigh agus Comhrac na Bochtaine.

Scéimeanna nach bhfuil san áireamh i gComhdhlúthú

29.7 Cuireann ranna agus gníomhaireachtaí eile tacaíochtaí leasa ar fáil do dhaoine aonair faoi scéimeanna a riarann siad nach bhfuil san áireamh sna figiúirí comhdhlúite. Ina measc tá

- caiteachas ar chártaí leighis €1,772 milliún ina iomláine a tabhaíodh faoi Vóta HSE le haghaidh 2008
- an Scéim Sóisialta Tuaithe, á oibriú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ar chostas €49 milliún ina iomláine in 2008
- caiteachas FÁS ar Liúntais Scéime Fostaíochta Pobail ar chostas €274 milliún in 2008
- Scéimeanna na leabhar scoile, maoinithe ag an Roinn Oideachas agus Eolaíochta ar chostas €14.5 milliún ina iomláine in 2008.


29.8 Is féidir breathnú ar chaiteachas oideachais áirithe chomh maith ar an mbealach go bhfuil cuspóir leasa ag baint leis, sa chaoi go bhfuil an cumas ann bochtaineacht leanaí a laghdú agus deiseanna saoil daoine aonair a fheabhsú agus torthaí sóisialta feabhsuithe a chruthú. Mar sin féin, ní dhearnadh aon chionroinnt don chaiteachas seo.

Cúlchistí Árachais Shóisialaigh

29.9 Íoctar ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh pá-choibhneasta a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó dhaoine féinfhostaithe sa Chiste Árachais Shóisialaigh, a bhfuil cuntas reatha agus cuntas infheistíochta ann. Íoctar sochair faoi na scéimeanna árachais shóisialaigh as cuntas reatha an Chiste. Aistrítear cistí barrachais (i.e. iad sin nach gá dóibh caiteachas reatha an Chiste a chomhlíonadh) chuig an gcuntas infheistíochta, a dhéanann an tAire Airgeadais bainistíocht agus rialú air. Is cúlchiste é an t-airgead sa chuntas infheistíochta atá ar fáil le haistriú ar ais chuig an gcuntas reatha i gcás ina sáraíonn caiteachas ar scéimeanna an tioncam reatha

29.10 Léiríonn Fíor 100 an t-iarmhéid i gcuntas infheistíochta an Chiste Árachais Shóisialaigh ag deireadh gach bliain 2006 go 2008, agus ag deireadh Iúil 2009.

Fíor 100 Léirítear an t-iarmhéid i gcuntas infheistíochta an Chiste Árachais Shóisialaigh ag deireadh gach bliain, 2006 go 2008, agus an deireadh Iúil 2009.



**Caibidil 30 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh**

**Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh sa Bhreis ar
Theidlíocht**

Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh sa Bhreis ar Theidlíocht

30.1 De réir thuairisc speisialta faoi mheasúnú ar ghníomhaíocht rialúcháin na Roinne⁹¹ a críochnaíodh i 2003, fuarthas amach nach raibh ag an am sin aon mheastachán iontaofa ag an Roinn ar leibhéal na calaoise agus na hearráide a bhí ag tarlú ina n-íocaíochtaí scéime. Ach ag an bpointe sin bheartaigh an Roinn go ndéanfaidís suirbhéanna chun bonnlíne leibhéal na calaoise agus na hearráide a mheas. Bhí suirbhé den sórt sin le bheith mar chuid dá straitéis fhoriomlán rialúcháin agus le bheith comhtháite ina phróiseas phleanáil gnó agus beartaíodh go leathnófaí amach é thar thréimse ama go dtí na scéimeanna go léir.

Béim an Iniúchta

San iniúchadh seo rinneadh iarracht na nithe seo a mheas

- Líon agus torthaí na suirbhéanna ar chalaois agus ar earráid a críochnaíodh
- Leibhéal measta íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht i ngach bonnbhliain a ndearnadh suirbhé orthu i gcomparáid leis na suimeanna le haisghabháil a ndearnadh taifeadadh orthu
- Torthaí ghníomhaíocht rialúcháin na Roinne i 2008.

Torthaí an tSuirbhé

30.2 Rinneadh aon suirbhé dhéag ar chalaois agus ar earráid ó 2003 ag cumhdach mórscéimeanna chaiteachais na Roinne. Bhí leithdháileadh uimhreacha PSP ar cheann acu, ach ní féidir na torthaí a úsáid uaidh chun tionchar airgeadais ar aon scéim faoi leith a mheas. Rinneadh measúnú ar chostas calaoise agus earráide i dtéarmaí eisíocaíochta na scéime ina iomláine i gcás sé cinn de na suirbhéanna sin a ríomh.

30.3 Léirítear i Fíor 101 líon na gcásanna sa sampla, an céatadán ar ar ghá a athrú sna suimeanna iníochta agus an bonnlíne céatadán calaoise agus earráide a bhí i gceist.

⁹¹ Uimhir Tuarascála VFM 45 – Meastóireacht ar Ghníomhaíocht Rialaithe, Samhain 2003.

Fíor 101 Torthaí Suirbhéanna ar Chalaois agus ar Earráid

Scéim	Bonn Bhliain	Méid an tSampla	Athrú Cásanna	Leibhéal Calaoise agus Earráide Measta ^a
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ^b	2003	443	15.8%	
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ^b	2003	500	1.8%	
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora ^b	2003	814	29.5%	
Sochar Linbh	2004	1000	2.3%	1.8%
Forlíonadh Cíos ^c	2005	915	—	—
Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh	2005	528	2.8%	3.3%
Liúntas Míchumais	2005	955	12.1%	7.0%
Sochar Breoiteachta (SIF)	2006	1,081	2.5%	0.4%
Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)	2007	1,008	17.2%	1.9%
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	2007	1,000	27.2%	7.0%

Notaí:

- a Seo an céatadán a ndeachaigh na híocaíochtaí sa sampla thar mhéid na teidlíochta.
- b Cé go ndearnadh taifeadadh ar chéatadán na gcásanna a athraíodh, níor leor na sonraí a fuarthas chun costas na calaoise agus na hearráide a thabhairt.
- c Rinneadh an suirbhé i bpáirtíocht le ceithre réigiún d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Toisc difríochtaí móra idir na réigiúin, mheas an Roinn nach raibh an suirbhé chomh hiontaofa leo siúd a rinne an Roinn féin.

30.4 Léiríonn Fíor 102 an toradh airgeadais is dóchúla a bheadh ar bhonnlíne na rátaí calaoise is earráide a aimsíodh sna cúig suirbhé a bhí iontaofa ó thaobh na staitisticí de, chomh maith le méid iomlán an chaiteachais ar na scéimeanna le haghaidh na mblianta in a ndearnadh na suirbhéanna.

Fíor 102 Tionchar Airgeadais an Ráta Bhonnlíne Calaoise is Earráide

Scéim	Bonn Bhliain	Iomlán na n-Íocaíochtaí i mBliain an tSuirbhé €m	An Tionchar is Dóchúla €m
Sochar Linbh	2004	1,765	30.0
Liúntas Míchumais	2005	631	44.0
Sochar Breoiteachta (SIF)	2006	628	2.5
Pinsean Stáid Neamh-rannaíocach	2007	920	17.5
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	2007	962	67.0

Nóta : Is ar an mbonn gurbh fhéidir, dá dtarlódh macasamhail leibhéal na calaoise agus na hearráide bhonnlíne a aimsíodh sa sampla in íocaíochtaí na mbliana a samplaíodh go mbeadh, mar a thaispeántar, íocaíochtaí de bhreis ar theidlíocht ar fáil.

30.5 Nuair a chuirtear na torthaí a bhféadfaí a dtatal a bhaint as na suirbhéanna i gcomparáid le ró-íocaíochtaí arna taifeadadh ag an Roinn i ngach bonnbhliain, feictear an patrún i Fíor 103.

Fíor 103 Comparáid idir Ró-íocaíochtaí Taifeadta agus an Bonnline Calaoise agus Earráide

Scéim	Bonn Bhliain	Toradh Airgeadais Measta	Ró-íocaíochtaí Taifeadta sa Bhonn Bhliain	Céatadán Taifeadta
		€m	€m	%
Sochar Linbh	2004	30.0	1.7	5.6%
Liúntas Míchumais	2005	44.0	2.2	5.0%
Sochar Breoiteachta (SIF)	2006	2.5	1.7	68.0%
Pinsean Stáit Neamh-ranníocach	2007	17.5	7.4	42.0%
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	2007	67.0	4.9	7.3%

30.6 Tugann an chomparáid le fios go bhfuil an chosúlacht ann gur íocadh suimeanna suntasacha airgid de bhreis ar theidlíocht⁹², agus i gcásanna áirithe, go bhfuil sciar sách beag d'íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht á n-aimsiú agus á dtóraíocht chun críche aisghabhála.

Tuairisciú ar Fheidhmiú Rialúcháin

30.7 Foilsíonn an Roinn gach bliain torthaí a gníomhaíocht rialúcháin agus athbhreithniúcháin atá dírithe ar scéimeanna ardriosca agus ar chustaiméirí. I dTuarascáil na bliana 2008, léiríonn an Roinn go ndearnadh 564,000 athbhreithniú. In thart ar 88,000 cás maíonn an Roinn go mbeidh coigiltí de €476 milliún amach anseo thar na scéimeanna go léir⁹³. Úsáidtear iolraitheoir, atá bunaithe ar mheastachán na Roinne faoin mheánmhéid ama, murach é, a bhfanadh duine fós sa scéim, ar a bhfuil laghdú ar a chuid íocaíochtaí nó ar a bhfuil deireadh curtha leo ar fad, chun formhór na gcoigiltí a áireamh. Athraíonn an tréimhse ama seo ó scéim go scéim ó cheithre sheachtain go 136 seachtain. Ina lán cásanna nuair a dhéantar íocaíocht a laghdú nó a chríochnú ina n-éilítear (maítear?) coigilt a bheith ann, ní chinneann nó ní dhéanann an Roinn taifead go bhfuil íocaíocht de bhreis ar theidlíocht tar éis tarlú. I gcásanna nuair nach bhfuil calaois i gceist, féadfaidh oifigeach breithiúnachta cinneadh a dhéanamh go bhfuil an dáta reatha ar an dáta ar a dtiocfaidh an cinneadh athmheasta i bhfeidhm seachas ar dháta cúlghabhálach agus sa chás seo ní bheidh ró-íocaíocht ó thaobh dlí de i gceist. I gcásanna eile, níl slí ar bith ann an dáta ar a chríochnaigh teidlíocht an éilitheora a chinntiú agus mar sin ní bhíonn an fhianaise chuí ag an oifigeach breithiúnachta cinneadh cúlghabhálach a dhéanamh i leith ró-íocaíochta.

30.8 I Fíor 104 tugtar na coigiltí a maíodh sa tuarascáil faoi ghníomhaíocht rialúcháin agus athbhreithniúcháin 2008 i leith na scéimeanna ina raibh na cúig suirbhé ar chalaois agus ar earráid iontu, as a d'fhéadfaí tátal a bhaint, in éineacht le líon na ró-íocaíochtaí⁹⁴ a chruinnigh an Roinn. Léiríonn an fhíor freisin comparáid idir líon na gcásanna ina raibh ró-íocaíochtaí iontu a cruinníodh sa bhliain agus an líon coigiltí a mhaítear.

⁹² Áirítear le híocaíochtaí a sháraíonn na teidlíochta gach cás de rochtain neamhriachtanach ar an gcóras leasa shóisialaigh cibé an bhfuil ró-íocaíochtaí ardaithe d'aisghabháil ag an roinn nó nach bhfuil.

⁹³ Áirítear leis na coigiltis ró-íocaíochtaí de thoradh gníomhaíochta rialaithe d'iomlán €37 milliún.

⁹⁴ Arna thaifead ag an roinn d'fhonn aisghabhála nó ionchúisimh.

Fíor 104 Torthaí Gníomhaíocht Rialúcháin agus Ró-íocaíochtaí Taifeadta

Scéim	Coigiltí a Maíodh	Ró-íocaíochtaí Cruinnithe ag an Roinn	Líon Cásanna Choigiltí	Líon Cásanna Ró-íocaíochtaí
	€m	€m		
Sochar Linbh	48.6	3.2	5,141	2,007
Liúntas Míchumais	25.1	2.8	1,413	277
Sochar Breoiteachta (SIF)	42.9	3.3	8,212	3,376
Pinsean Stáit Neamh-ranníocach	22.9	7.8	1,255	1,340
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	115.4	8.8	19,305	2,312

30.9 Tugann na torthaí le fios nach mbíonn caingne i leith ró-íocaíochtaí ann de thoradh ar chéatadán suntasach de na cásanna athbhreithnithe a rinneadh chun críocha ríomh na gcoigiltí.

30.10 Tá sé ráite ag an Roinn go n-úsáidtear na suirbhéanna chun leibhéil calaoise agus earráide a mheas agus chun scéimeanna agus tairbhíthe ardriosca a aithint agus chun díriú orthu, agus go ndéanfaidh si a gníomhaíocht rialúcháin a shuíomh sna háiteanna is dóchúla ina mbeadh sé mar thoradh orthu go mbeadh laghdú ar íocaíochtaí neamhthuillte nó go mbeadh deireadh leo ar fad. I dturascáil, le déanaí, ar íocaíochtaí Liúntas Mhíchumais a rinne Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne, fuarthas amach, cé go ndearnadh suirbhé ar chalaois agus ar earráid faoin scéim seo i 2005, nach ndearnadh aon mheastóireacht riosca d'fhonn gníomhaíocht rialúcháin a scrúdú. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas mé go bhfuiltear tar éis polasaí nua athbhreithnithe rialúcháin a thionscnamh don scéim ó Eanáir 2009.

Conclúidí

Caithfidh íocaíochtaí a bheith faoi thástáil rialtachta sa mhéid is go gcaithfidh faighteoirí a bheith i dteideal iad a fháil.

Is cuntasacht bhunúsach de chuid na Roinne íocaíochtaí neamhrialta a chosc agus a aimsiú. Cuireann na hoibleagáidí atá leagtha amach i Ráiteas Bliantúil na Roinne ar Rialú Inmheánach Airgeadais an bhéim air seo. Is príomh-bhealaí iad na suirbhéanna calaoise agus earráide a dhéanann am Roinn chun an chuntasacht sin a urscaoileadh.

Is suntasach í an bhonnlíne calaoise agus earráide i roinnt de na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu go dtí seo. Tugann na torthaí le tuiscint sna cúig suirbhé ina bhféadfaí tátal a bhaint astu, go bhfuil leibhéal suntasach íocaíochta sna scéimeanna de bhreis ar theidlíocht sna scéimeanna a samplaíodh.

Sna cúig scéim a ndearnadh athbhreithniú orthu, maíonn an Roinn coigiltí €255 milliún i leith 35,799 cás athbhreithnithe i 2008. Rinne an Roinn ró-íocaíochtaí a thaifeadh sa bhliain sin i gcás thart ar an gceathrú cuid de na huimhreacha sin. viz i 9312 cás.

Tá an fhreagracht ar an Roinn freisin córais, cleachtais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlacht a cuid oibríochtaí a mheas. D'fhéadfaí éifeachtúlacht a gníomhaíocht rialúcháin a mheas ó mhéid na coinbhéirseachta atá le sonrú idir luach iarbhír na n-íocaíochtaí de bhreis ar theidlíocht a aimsíodh agus an luach a mheasfaí a bheadh ar chalaois agus earráid a fhaightear sna suirbhéanna. Is í an tslí is fearr chun é seo a dhéanamh ná suirbhéanna rialta córasacha a dhéanamh ar na scéimeanna go léir. Sa chaoi sin, ba chóir úsáid níos fearr a bhaint as suirbhéanna a ligfeadh don Roinn measúnú níos oibiachúla a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gníomhaíochtaí rialúcháin.

Slí eile chun go mbeadh breis freagrachta ann ná a chinntiú go bhfuil dóthain rialuithe ionsuite sa chóras íocaíocht leasa féin. Gan suirbhéanna rialta córasacha leantacha, ní féidir a bheith cinnte an oibríonn na coigeartuithe rialúcháin a rinneadh. D'fhéadfadh suirbhéanna leantach cabhrú freisin leibhéal barrmhaith acmhainí a chinneadh ar féidir a úsáid san obair rialúcháin.

Tuairimí Ginearálta an Oifigigh Chuntasaíochta

30.11 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom gur aithin an Roinn an tábhacht a bhaineann le suirbhéanna ar chalaois agus ar earráid agus go raibh suirbhéanna críochnaithe aici ar gach scéim ard-chaiteachais. Agus é seo bainte amach faoin mbliain 2008, bhí sé ar intinn ag an Roinn dhá shuirbhé in aghaidh na bliana a dhéanamh ar scéimeanna ardriosca, i.e. Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, Liúntas Míchumais agus ar Shochar Linbh, agus cé go raibh an ráta calaoise agus earráide i gcoitinne íseal, bhí an mhinicíocht i measc na neamhnáisiúnach ard. Ar an gcaoi seo, dhéanfaí suirbhé ar gach scéim ardriosca gach dara bliain. Bhí suirbhé ar Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta beartaithe acu áfach a bhí le críochnú sa cheathrú ráithe de 2009.

30.12 Dúirt sí freisin gur slánchuid de straitéis rialúcháin na Roinne na suirbhéanna ar chaolaois agus ar earráid ina ndéantar iarracht nádúr agus saintréithe iompair chalaoisigh a thuiscint. Cruthódh sé seo tuiscint níos fearr ar na rioscaí a bhaineann leis an gcóras leasa shóisialaigh i gcoitinne agus go háirithe sa mhéid is a bhaineann siad le scéimeanna tacaíochta ioncaim aonair. Cruthaíodh na suirbhéanna chun na scéimeanna ardriosca agus na catagóirí laistigh de scéimeanna a aithint agus chun bonnlíne leibhéil calaoise agus earráide a mheas.

30.13 Dúirt sí i bhfianaise fhorálacha dlíthiúla⁹⁵ ina bhféadfaidh oifigigh bhreithiúnachta cinntí athbhreithnithe a dhéanamh ó dháta reatha, nach raibh bunús ar bith ann le cinneadh go raibh sainghné sách beag d'íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht á n-aimsiú. Ba fianaise é líon na gcásanna ar cuireadh coigiltí ina leith go raibh líon ard cásanna calaoise agus earráide á n-aimsiú. Rinneadh taifeadadh ar ró-íocaíochtaí ó chinntí athbhreithnithe agus chuathas sa tóir ar iad a aisghabháil faoi réir reachtaíochta agus treoirlínte.

30.14 Maidir le rialtacht na n-íocaíochtaí, ghlac sí leis go raibh an dualgas ar an Roinn a chinntiú go ndéantar idirbhearta airgeadais faoi réir na reachtaíochta a bhí á húdarú, na rialachán a rinneadh faoin reachtaíocht rialaithe agus na gcaighdeán airgeadais agus iniúchta freisin a chuirtear i bhfeidhm chun na críche bheidh beartaithe.

30.15 Dúirt sí nach raibh sna suirbhéanna ar chalaois agus ar earráid ach gné amháin den straitéis fhoriomlán rialúcháin a chinn an Roinn chun calaois a sheachaint, a aimsiú agus a chosc. Lena chois sin, bhí modhanna níos corasaí agus níos straitéisí curtha i bhfeidhm ag an Roinn maidir le calaois agus earráid. Déanfar athbhreithniú ar na treoirlínte le haghaidh na n-oifigeach breithiúnachta agus cuirfear oiliúint ar fáil chun a chinntiú go mbeidh dianrialú ar an reachtaíocht rialaithe ann agus go gcloífead léi go docht.

Conclúidí Foriomlána

Ag glacadh leis nach dtéann oifigigh bhreithiúnachta, de thoradh fheidhmiú a ndiscreid reachtúil, ar thóir ach ar chéatadán d'íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht chun críche iad a aisghabháil, tugtar le fios sna suirbhéanna go bhfuil leibhéil calaoise agus earráide i bhfad níos airde ann. Tá impleachtaí aige seo maidir le rialtacht na n-íocaíochtaí a thuairiscítear i gCuntas Leithreasa na Roinne.

Tugann bonnlíne an leibhéil calaoise is earráide a rianaítear le tuiscint, go bhfuil méid foriomlán na n-íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht sna scéimeanna lena mbaineann suntasach i gcomhthéacs an mhuirir sna fotheidil a bhaineann leo.

⁹⁵ Ceadáíonn na forálacha seo lánrogha d'oifigigh breithiúnachta maidir le data éifeachta a chinntiú lena mbeidh éifeacht ag athrú teidlíochta.

**Caibidil 31 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh**

**Athbhreithniú ar Chásanna Ró-Íocaíochta Leasa
Shóisialaigh**

Athbhreithniú ar Chásanna Ró-íocaíochta Leasa Shóisialaigh

31.1 Le linn iniúchta rinneadh athbhreithniú ar roinnt ró-íocaíochtaí ardchaighdeán a d'ardaigh an Roinn ar thrí scéim in 2008. Taispeántar iomlán ró-íocaíochtaí na scéimeanna seo i Fíor 105.

Fíor 105 2008 Ró-íocaíochtaí Taifeadta ar Scéimeanna Athbhreithnithe

Scéim	Ró-íocaíochtaí iomlán €m	Líon Cásanna	Meánluach €
Liúntas Míchumais	2.8	277	10,280
Liúntas Cúramóra	2.0	247	8,300
Pinsean Easláine	1.3	149	8,900

Béim an Iniúchta

Mar a léiríodh i gCaibidil 30 ní chiallaíonn gach íocaíocht sa bhreis ar theidlíocht go dtaifeadfar nó go leanfar suas gach ró-íocaíocht d'aisghabháil. Athbhreithníonn an caibidil seo an cúlra ar shamplaí íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht i dtír scéim a taifeadadh mar ró-íocaíochtaí.

D'athbhreithnigh an t-iniúchadh an méid, i sampla de chásanna ró-íocaíochtaí móra, a d'fhéadfadh an Roinn na ró-íocaíochtaí a sheachaint trí

- eolas a bhí istigh i gcórais faisnéise cheana féin a úsáid
- athbhreithnithe a dhéanamh de réir a gcuid sceideal réamh-shocraithe féin.

Toradh an Athbhreithnithe

31.2 I gcás Liúntais Míchumais bhí an sampla comhdhéanta de 23 ró-íocaíocht de €1.1 milliún in iomlán. Mhair an tréimhse ró-íocaíochta idir dhá bhliain agus dhá bhliain déag agus bhí meánfhad an ró-íocaíochta os cionn sé bliana. Tháinig 15 amach as an 23 faoi ghrinnscrúdú. Fuair an t-athbhreithniú an méid seo a leanas amach:

- Ba í an chúis ba choitianta le ró-íocaíochtaí ná gur theip ar an gcliant acmhainní a nochtadh go hiomlán.
- Amhail Feabhra 2009, bhí suimeanna gan íoc de €975,175 in iomlán ag 21 cás amach as 23 cás (thart ar 90% d'iomlán na samplaí).
- I ngach ceann de na cásanna a athbhreithníodh bhí eolas ag an Roinn ba chóir a aithneodh na ró-íocaíochtaí níos luaithe.
- D'fhéadfaí na 15 ró-íocaíocht a ndearnadh grinnscrúdú orthu a aithint ar dháta i bhfad níos luaithe dá ndéanfaí athbhreithniú ar na héilimh chomh luath agus a fuair an Roinn fianaise.
- D'fhéadfaí naoi gcinn de na cásanna a aithint níos luaithe mar taifeadadh mionsonraí tuillimh ar Chóras na dTuairisceán Lárnach a léireodh go raibh an cliaint ag fáil ró-íocaíocht nó go raibh athbhreithniú acmhainne barántaithe.
- D'fhéadfaí 13 as an sampla de 23 ró-íocaíocht a aimsiú níos luaithe dá mbeadh an t-athbhreithniú a bhí sceidealaithe i gcríoch in am.

31.3 I gcás Liúntais Cúramóra bhí an sampla comhdhéanta de 15 ró-íocaíocht de €739,022 in iomlán. Bhain siad le tréimhsí ama idir trí bliana agus naoi mbliana, nuair nach raibh na héilitheoirí i dteideal an liúntas a fháil. Fuair an t-athbhreithniú an méid seo a leanas amach

- In ocht gcinn de na 15 cás bá í an chúis a bhí leis an ró-íocaíocht ná gur íocadh na cúramóirí le linn dóibh a bheith ag obair níos mó ná an t-uasmhéid de 15 uair an chloig in aghaidh na seachtaine a cheadaíonn an scéim. Cúiseanna eile a bhí ann ná teip ó thaobh acmhainne a nochtadh agus íocaíocht liúntais tar éis bhás cúramóra.
- D'fhéadfaí na ró-íocaíochtaí a aithint níos luaithe bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil don Roinn dá mba rud é go mbeadh na hathbhreithnithe i gcríoch mar a bhí sceidealaithe
- Mheas an t-iniúchadh go bhféadfaí €591,857 d'iomlán na ró-íocaíochtaí de €739,022 a sheachaint dá mbeadh na hathbhreithnithe i gcríoch ag dáta níos luaithe.

31.4 I gcás Pinsin Easláine athbhreithníodh 10 ró-íocaíocht de €399,426 in iomlán. Bhain siad le tréimhsí ama idir ceithre bliana agus ocht mbliana nuair nach raibh na héilitheoirí i dteideal an pinsean a fháil. Fuair an t-athbhreithniú an méid seo a leanas amach:

- Bhain cúiseanna na ró-íocaíochtaí leis na héilitheoirí a bheith fostaithe agus iad ag fáil pinsin nó a gcéilí ag tuilleamh níos mó ná an teorainn reachtúil.
- D'fhéadfaí ocht gcinn de na deich ró-íocaíocht a aithint níos luaithe mar taifeadadh tuillimh ag an gcliaint ar Chóras Tuairisceán Lárnach na Roinne a léireodh go raibh an cliaint ag fáil ró-íocaíocht nó go raibh athbhreithniú acmhainne barántaithe.

Buncheisteanna an Iniúchta

Cé gur dtuigim go n-eascraíonn ró-íocaíochtaí mar gheall ar athruithe in imthosca, bhí sé mar chúis imní agam nach raibh na hathruithe sin á n-aimsiú níos túisce go háirithe ós cosúil go raibh eolas ar fáil don Roinn i go leor cásanna ar cheart go mbeadh athbhreithnithe cásanna spreagtha aige. Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid go bhféadfaí suas le 80% de na ró-íocaíochtaí a scrúdaíodh a sheachaint dá mba rud é go raibh athbhreithnithe déanta níos luaithe.

Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta

31.5 Maidir le Liúntas Míchumais, thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios nach raibh sé praiticiúil nó indéanta a thuilleadh gach éileamh a athbhreithniú ar bhonn rialta mar gheall ar mhéid agus ar fhás an bhunús custaiméirí. Luaigh sí gur tugadh isteach polasaí athbhreithnithe rialaithe nua don scéim an 26 Eanáir 2009. Is éard atá i gceist leis sin ná rátáil riosca a shannadh agus a thaifead isteach sna catagóirí liachta agus acmhainne ag an gcéim dámhachtana agus athbhreithnithe de gach éileamh. Tá sé beartaithe gach cás le riosca ard rialaithe laistigh de na catagóirí sin a athbhreithniú gach bliain, faoi réir ag acmhainní atá ar fáil, sampla de 2,000 le meán-rátáil riosca agus sampla de 500 cás le rátáil riosca íseal.

31.6 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta liom chomh maith go mbeadh polasaí athbhreithnithe rialaithe riosca-bhunaithe comhchosúil do Liúntais Cúramóra, a cinneadh le déanaí laistigh den Roinn, á phiólótú do thréimhse dhá bhliain, agus go raibh sé chun bogadh chuig córas riosca-bhunaithe do Phinsean Easláine chomh maith.

31.7 Maidir le cé chomh minic agus a bhíonn athbhreithnithe cásanna ar bun thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom nárbh fhéidir gach cás a athbhreithniú ar bhonn rialta mar gheall ar líon na gcustaiméirí ar na scéimeanna sin agus ar na hacmhainní atá ar fáil d'obair rialaithe. Cuireann srianta ó thaobh acmhainní cosc ar athbhreithniú a dhéanamh ar gach cás ar dhátaí sonraithe.

Luaigh sí go rabhthas ag súil luach ar airgead níos fearr a fháil dá mbogfaí chuig córas riosca-bhunaithe trí acmhainní ganna a dhíriú ar na cásanna is cuí.

31.8 Maidir leis an ábhar nár ghníomhaigh an Roinn go pras ar eolas a fuair sé, eolas a bheadh mar leid d'athbhreithniú, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go gcaithfear na hacmhainní atá ar fáil chun déileáil go pras le heolas a chur i gcomparáid leis na riachtanais acmhainne chun déileáil leis na 193,000 custaiméir atá ag fáil íocaíochtaí faoin trí scéim. Luaigh sí chomh maith nach féidir brath go hiomlán ar an eolas leide in iliomad cásanna ag brath ar a bhfoinse e.g. tuairiscí gan ainm leo. Ina theannta sin, i bhformhór mór na gcásanna ina scrúdaíodh eolas leide ar nós eolas tosaithe tuillimh, ní raibh aon athrú i dteidlíocht.

Conclúidí

Tá athbhreithnithe ar ró-íocaíochtaí iarbhir in ann cabhrú leis an Roinn na fachtóirí sin a bhfuil rialú aige orthu a aithint agus d'fhéadfadh aitheantas luath ar íocaíochtaí atá sa bhreis ar theidlíocht a bheith mar thoradh ar sin.

Ciallaíonn na hathbhreithnithe riosca-bhunaithe níos dírithe atá á dtabhairt isteach go bhféadfaí rialú níos éifeachtaí a bhaint amach. Ba chóir don Roinn a n-éifeachtacht a athbhreithniú go leanúnach áfach, agus na torthaí a thaifead ina dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochta rialaithe.

I gcásanna gur dócha go n-ardóidh brú acmhainne is dóigh go mbeidh ar an Roinn níos mó oiliúint a chur ar fhoireann líne lena chinntiú go ndéanfar seiceálacha bunúsacha ar theidlíocht ar bhonn rialta ag úsáid córais faisnéise na Roinne.

**Caibidil 32 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh**

**Taifeadadh agus Aisghabháil
Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh**

Taifeadadh agus Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

32.1 Tá gníomhaíochtaí monatóireachta, athbhreithnithe agus rialaithe na Ranna deartha chun íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht a aithint mar atá leagtha amach sa gCaibidil 30. Ní ardaíonn an Roinn ró-íocaíochtaí i leith gach tosca braite d'íocaíochtaí nach bhfuil údar leo áfach.

32.2 Tá taifeadadh na Roinne ar ró-íocaíochtaí ardaithe, a n-athghabhálacha agus ionchúiseamh na gcásanna calaoise agus mí-úsáide léirithe thíos.

Ró-íocaíochtaí

32.3 Riarann an Roinn tuairim is 50 scéim leasa a íoctar trí Vóta 38 agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh. Caitheadh breis agus €17.3 billiún ar na scéimeanna go léir in 2008. Tá anailís déanta i Fíor 106 ar phatrún an chaiteachais sna scéimeanna árachais agus cúnamh ó 2006 i leith.

Fíor 106 Caiteachas Scéime 2006 – 2008

	2006 €m	2007 €m	2008 €m	Ráta méadaithe 2007-2008
Árachas Sóisialach	6,103	7,008	8,142	16.2%
Cúnamh Sóisialach	7,017	8,004	9,156	14.4%
Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh go Léir	13,120	15,012	17,298	15.2%

32.4 Thaifid an Roinn gur ró-íocadh €55.6 in 2008, agus ba mhéadú 23% é sin ó 2006. Leagtar amach na sonraí i Fíor 107.

Fíor 107 Líon agus Méid na Ró-íocaíochtaí Comhlána a Taifeadadh lena n-Aisghabháil

	2006		2007		2008	
	Líon Cásanna	Méid €m	Líon Cásanna	Méid €m	Líon Cásanna	Méid €m
Árachas Sóisialach	21,529	11.20	26,251	17.71	29,492	18.5
Cúnamh Sóisialach	18,216	34.02	20,152	32.82	19,609	37.1
Iomlán	39,745	45.22	46,403	50.53	49,101	55.6

32.5 Ró-íocaíochtaí aicmithe mar ionchurtha do chalaois nó amhras faoi chalaíos ag €21.1 b'ionann iad agus 38% de na Ró-íocaíochtaí ar fad in 2008. Leagtar amach na sonraí i Fíor 108.


Fíor 108 Líon agus Méid na Ró-íocaíochtaí a Cuireadh i leith na Calaoise^a nó Calaoise Amhrasta

	Líon Cásanna	2006 Méid €m	Líon Cásanna	2007 Méid €m	Líon Cásanna	2008 Méid €m
Árachas Sóisialach	7,877	5.16	8,304	6.26	9,991	7.05
Cúnamh Sóisialach	8,950	15.19	9,808	15.14	8,347	14.08
Iomlán	16,827	20.35	18,112	21.40	18,338	21.13

Nóta:

- a Ní rangáítear na cásanna eastáit ina dtagann acmhainní neamhluaithe chun solais mar chalaois nó mar chalaois amhrasta. Ba é €7.2 milliún méid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh i ndáil le 294 cás eastáit sa bhliain 2008.

32.6 Bhí athruithe móra ar mhéid na ró-íocaíochtaí a cuireadh i leith calaoise nó calaoise amhrasta sa tréimhse ó 2006 go dtí 2008 faoi mar a léirítear i Fíor 109.

Fíor 109 Ró-íocaíochtaí a Cuireadh i leith na Calaoise nó Calaoise Amhrasta**Aisghabháil**

32.7 Taispeántar taifead na Roinne i leith aisghabháil ró-íocaíochtaí le linn na tréimhse 2006 - 2008 i Fíor 110.

Fíor 110 Taifead na Roinne d'Aisghabháil Ró-íocaíochtaí 2006 go dtí 2008

	2006	2007	2008
	€000	€000	€000
Ró-íocaíochtaí nár diúscaíodh amhail 1 Eanáir	131,250	149,540	232,070
Aistriú méideanna a díscríobhadh roimhe seo ^a	—	44,411	-
Méideanna nár cuireadh ar an gcomhardú roimhe seo ^b	—	17,204	-
Coigeartuithe na bliana roimhe seo ^c			1,820
Ró-íocaíochtaí a taifeadadh lena n-aisghabháil	45,219	50,527	55,580
Lúide			
Ró-íocaíochtaí a taifeadadh sna blianta roimhe ar ceall	(129)	(1,400)	(1,106)
Glanmhéideanna a díscríobhadh mar neamh-inaisghabhála	<u>(4,259)</u>	<u>(4,328)</u>	<u>(4,864)</u>
Glanmhéid in-aisghabhála	172,081	255,954	283,500
Airgead tirim aisghafa agus suimeanna coinnithe siar	(22,541)	(23,884)	(26,946)
Ró-íocaíochtaí nár diúscaíodh amhail an 31 Nollaig	149,540	232,070	256,554

Nótaí:

- a Is éard atá sa €44m ná suimeanna a díscríobhadh cheana féin chun críocha cuntasáíochta ach a aithnítear anois go bhféadaidís a bheith n-aisghabhála.
- b Is éard atá sa €17 milliún ná ró-íocaíochtaí nár taifeadadh sna blianta atá thart is a mheastar anois go bhféadaidís a bheith in-aisghabhála.
- c Eascaíonn an €1.82 million toisc gur ceartaíodh roinnt neamhréireachtaí teicniúla sa chóras ró-íocaíochtaí agus bainistíochta fiachais i rith 2008.

32.8 As na ró-íocaíochtaí €256.6m a bhí fós gan íoc amhail an 31 Nollaig 2008, tá €37.5 ann ó 2008, €24.9 milliún ó 2007, €23.9 milliún ó 2006 agus €170.3 milliún ó bhlianta roimhe sin.

Fíor 111 Airgead Aisghafa agus Suimeanna Coinnithe Siar

	2004	2005	2006	2007	2008
	€000	€000	€000	€000	€000
Suimeanna a aisghabhadh in airgead tirim	11,506	11,246	12,032	12,632	15,649
Suimeanna coinnithe siar ó theidlíochtaí reatha	8,332	8,715	10,509	11,252	11,297
Iomlán	19,838	19,961	22,541	23,884	26,946

Ionchúisimh

32.9 Déantar cásanna lena mbaineann mí-úsáid an chórais a bhreithniú d'fhonn dul i mbun imeachtaí dlíthiúla. Glactar ionchúisimh i gcoinne fostóirí a dteipeann orthu a gcuid oibleagáidí reachtúla a chur i gcrích agus daoine a dhéanann calaois ar an gcóras íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Féadann na hionchúisimh a bheith ina n-imeachtaí achoimre nó díotála. Glactar imeachtaí sibhialta chun aisghabháil ró-íocaíochtaí scéime nó bailiú riaráistí ÁSPC a éascú. Ní ghlactar cásanna mar sin ach amháin mar a mbítear ag dúil go bhfuil dóthain acmhainní ag féichiúnaí chun an fiach a urscaoileadh.

32.10 Cuireadh 354 cás coiriúil ar aghaidh chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) le linn na bliana 2008 (2007 – 357 cás) lena dtabhairt ar aghaidh lena n-ionchúiseamh, mar a léirítear i Fíor 112. Níor measadh 20 cás a bheith oiriúnach lena n-ionchúiseamh (2007 - 44 cás) de bharr an mhéid ama a bhí caite ó rinneadh an choir.

Fíor 112 Cásanna coiriúla a cuireadh faoi bhráid an CSSO

	2008	2007
Liúntas Cuardaitheora Poist	183	184
Sochar Cuardaitheora Poist	140	124
Sochar Breoiteachta	9	9
Liúntas Míchumais	6	5
Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora	4	8
Eile ^a	7	7
Cionta a Rinne Fostóirí	5	13
Bacainn Cigirí	0	7
Iomlán	354	357

Nóta:

- a Áirítear trí chás inar úsáid daoine Uimhreacha Phearsanta Seirbhíse Poiblí de chuid daoine eile (ceithre chás in 2007). Lena chois sin bhí 6 chás eile a bhain le mí-úsáid uimhreacha PPS (cúig chinn i gcás Liúntas Cuardaitheora Poist agus ceann amháin i gcás Liúntas Míchumais) nuair a bhí na daoine ag éileamh íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus iad ag baint feidhme as a n-uimhreacha PPS féin agus iad ag obair faoi uimhreacha PPS eile. Áirítear na cásanna seo i bhfigiúirí na scéimeanna bainteacha.

32.11 Tugadh 309 ionchúiseamh coiriúil chun cúirte sa bhliain 2008 a bhain le faighteoirí leasa shóisialaigh (2007 - 222 ionchúiseamh). Ba é €1,948,914 méid iomlán na ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a tugadh do dhaoine a fuair go calaoiseach iad nó a rinne iarracht iad a fháil go calaoiseach (2007 - €1,597,688). Léirítear torthaí na 309 cás cúirte sin agus na pionóis a gearradh i Fíor 113.

32.12 Bhí 889 cás idir lámha ag feitheamh ar ionchúiseamh ag CSSO agus ag aturnaetha áitiúla an stáit ag deireadh na bliana 2008 agus iad ag céimeanna éagsúla den phróiseas ionchúisimh.

Fíor 113 Torthaí na gCásanna Cúirte Coiriúla a bhain le Faighteoirí Leasa Shóisialaigh

	Liúntas Cuardaitheora Poist	Sochar Cuardaitheora Poist	Sochar Breoitea chta	Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismit heora	Eile ^a	Iomlán
Fíneáilte ^b	102	75	12	6	4	199
Seirbhís Pobail	4	3	1	1	0	9
Pianbhreith eanna príosúin	2	0	0	0	0	2
An tAcht Promhaidh	18	18	4	3	1	44
Pianbhreith ar Fionraí	8	9	1	1	0	19
Scríosta amach	11	3	1	0	2	17
Bannaí Síochána curtha orthu	1	0	0	0	0	1
Cead athiontrála	6	8	2	0	1	17
Tarraingthe Siar	1	0	0	0	0	1
Iomlán	153	116	21	11	8	309


Nótaí:

- a Eile: Pinsean Baintrí nó Baintrí Fir (Ranníocach) 1 Pinsean Baintrí nó Pinsean Baintrí Fir (Neamh-ranníocach) 1 bacainn 2 agus mí-úsáid uimhreacha PPS 4.
- b Gearradh fíneálacha de luach €111,110 sna cúirteanna. Gearradh fíneáil ar dhuine amháin ar gearradh pianbhreith príosúin ar fionraí orthu chomh maith. (€88,750 in 2007 i 110 gcás).

32.13 Tugadh ionchúisimh i 15 cás a bhain le fostóirí chun críche chomh maith (2007 – 16 fostóir) agus gearradh fíneálacha ar naonúr⁹⁶, scriosadh amach trí cinn, tarraingíodh siar ceann agus tairbhe an Achta Promhaidh curtha i bhfeidhm i dhá chás.

32.14 Tugtar achoimre i Fíor 114 ar líon na n-ionchúiseamh ar phléigh na cúirteanna leo ón mbliain 2004 i leith.

⁹⁶ Gearradh fíneálacha de luach €6,450 sna cúirteanna. (€8,160 in 2007 i deich gcás).

Fíor 114 Líon na nIonchúiseamh ar phléigh na Cúirteanna leo ó 2004

32.15 Idir 2004 agus 2008 bhreithnigh Seirbhís Ionchúisimh Láir na Ranna 93 cás sibhialta scéime agus fostóra d'imeachtaí sibhialta. Ní áirítear san fhigiúr sin cásanna a scrúdaíodh in ailt scéime ach nár tarchuireadh chuig an Seirbhís Ionchúisimh Láir. Cuireadh 42 cás sibhialta fostóra agus scéime chuig an CSSO chun imeachtaí sibhialta a thionscnamh fúthu. Tugadh 100 cás chun críche sa tréimhse sin (lena n-áirítear cásanna roimh 2004). Leagtar amach an miondealú in aghaidh na bliana i Fíor 115.

Fíor 115 Cásanna sibhialta curtha chuig CSSO

	2004	2005	2006	2007	2008	Iomlán
Considered for civil proceedings	33	20	9	8	23	93
Curtha chuig CSSO sa bhliain	17	13	8	2	2	42
Tugtha chun críche sa bhliain	12	21	13	6	48	100

32.16 As na 100 cás a tugadh chun críche, thángthas ar shocraíocht i naoi gcás gan dul chun cúirte (lenar bhain aisghabháil de €118,024), tugadh 6 cinn chun críche sa chúirt (dámhadh trí fhoraithe agus deonaíodh dhá ordú tráthchoda), ní dheachthas i mbun 31 cás de bharr cúinsí an fhéichiúnaí, urchoscadh 15 gcás de réir reachta agus rinneadh socruithe i 41 cás na fiachais a aisíoc i dtráthchodanna. Tá 58 cás ann a gcaithfear a thabhairt chun críche go fóill.

**Caibidil 33 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh**

Athbhreithniú ar Íocaíochtaí Cuardaitheora Poist

Athbhreithniú ar Íocaíochtaí Cuardaitheora Poist

33.1 D'ardaigh an beo-chlár naisiúnta go tapa i 2008. Ag deireadh 2007, ba é 170,376 líon iomlán na ndaoine a bhí cláraithe. Ag deireadh 2008, ba é 291,363 an líon comhréireach, méadú de 71%.

33.2 Déantar an Liúntas Cuardaitheora Poist agus Sochar Cuardaitheora Poist a riar trí ghréasán náisiúnta 62 oifig áitiúil agus 62 oifig bhainse. Oibríonn an Roinn na hoifigí áitiúla go díreach ag úsáid a cuid foirne féin. Déanann conraitheoirí oibríochtaí na hoifigí bainse a bhainistiú thar ceann na Roinne agus cuireann siad a gcuid áitreabh féin ar fáil agus fostaíonn siad a bhfoirne féin chun déileáil le cásanna. Éilítear ar chonraitheoirí nósanna imeachta na Roinne a leanúint agus córais na Roinne a úsáid, agus déanann oifigí áitiúla cóngaracha maoirseacht orthu.

33.3 Mar chuid den iniúchadh ar chaiteachas ar leas sóisialach i 2008, rinneadh athbhreithnithe ar riar agus ar bhainistiú éileamh ar Liúntas Cuardaitheora Poist agus ar Shochar Cuardaitheora Poist in oifigí áitiúla na Roinne i dTulach Mhór (a dhéanann maoirseacht chomh maith ar oifig bhainse i gCúil an tSúdaire) agus sa Longfort a dhéanann maoirseacht ar oifigí bainse i Mainistir na Búille agus i Ros Comáin).

Béim an Iniúchta

Is gnáthchuid de na hiniúchtaí ar chaiteachas leasa shóisialaigh athbhreithniú a dhéanamh ar riar na gcás Cuardaitheora Poist in oifigí áitiúla, agus tríd is tríd bíonn mar chuspóir leis a dheimhniú ar bhonn samplach go ndéantar íocaíochtaí i gcomhréir le teidlíochtaí na n-éilitheoirí.

Ba chuspóir breise le hathbhreithniú 2008 a fháil amach cad é an tionchar a bhí ag na méaduithe suntasacha leanúnacha ar an líon daoine a bhí ag clárú mar dhaoine dífhostaithe ar an tseirbhís a bhí á cur ar fáil do chliaint agus ar leibhéal an rialaithe a bhí á chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí.

33.4 D'fhéach an t-iniúchadh ar na rialúcháin atá ann in oifigí áitiúla agus oifigí bainse maidir leis an mbealach a dhéantar éilimh a phróiseáil agus a athbhreithniú. Áiríodh ann scrúdú trialach ar shampla 50 comhad éilitheoir aonair ar Liúntas Cuardaitheora Poist nó ar Shochar Cuardaitheora Poist, agallaimh ar bhainisteoirí na n-oifigí áitiúla agus na n-oifigí ceantair, agus athbhreithniú ar shonraí ar leith a d'éiligh an fhoireann iniúchta. Áiríodh ann chomh maith athbhreithniú iniúchta ar nósanna imeachta na hoifige bainse i gCúil an tSúdaire.

Iniúchadh i dTulach Mhór agus i gCúil an tSúdaire

33.5 Léirigh an obair athbhreithnithe a rinneadh i dTulach Mhór agus i gCúil an tSúdaire go raibh laghdú tagtha ar ghníomhaíocht rialaithe agus gur tharla moilleanna próiseála.

33.6 Mhéadaigh an beo-chlár i dTulach Mhór ó 1,491 i Nollaig 2007 go 2,553 i Nollaig 2008. Bhí sé seo ar aon dul leis an méadú náisiúnta. I gCúil an tSúdaire, mhéadaigh an líon ar an gclár ó 1,069 go 2,021 sa tréimhse chéanna, méadú de 89%.

33.7 I Nollaig 2008, bhí riaráiste suntasach de chásanna Liúntas Cuardaitheora Poist ag feitheamh le cinneadh. I dTulach Mhór, bhí 281 cás ag feitheamh le cinneadh (21% d' ualach na n- éileamh). I gCúil an tSúdaire bhí 178 cás ag feitheamh le cinneadh (19% d' ualach na n- éileamh). Mheas foireann na n-oifigí áitiúla go raibh cinní i gcásanna Liúntas Cuardaitheora Poist ag tógáil suas le dhá mhí. Éilitheoirí a bhfuil cúnamh láithreach á iarraidh acu cuirtear ar aghaidh

iad chuig an tSeirbhís Leasa Pobail áitiúil. Bhí an riaráiste cásanna a bhain le Sochar Cuardaitheora Poist i bhfad níos ísle ag idir 6% agus 7% d' ualach na n- éileamh.

33.8 Rinneadh uasghrádú ar an oifig áitiúil i dTulach Mhór ó stádas oifige bhrainse i Samhain 2005 . Athlonnaíodh an oifig ar bhonn sealadach go háitreabh ar imeall an bhaile . Toisc laghad agus sriantacht an spáis in oifig phoiblí an áitribh shealadaigh , níorbh fhéidir an síniú míosúil a dhéanamh agus cinneadh an síniú a chur ar fionraí le haghaidh fhormhór na n-éilitheoirí go dtí go bhfuarthas cóiríocht nua. Aistríodh an oifig go háitreabh buan i mBealtaine 2008 . Cuireadh tús athuair le gnáthshíniú le haghaidh Sochair Cuardaitheora Poist i Iúil 2008 , agus le haghaidh Liúntais Cuardaitheora Poist i Meán Fomhair 2008.

33.9 Ba iad seo a leanas príomh-thorthaí an iniúchta

- Nuair a cuireadh tús athuair le síniú le haghaidh Sochair Cuardaitheora Poist, bhí 49 cliant a raibh gnáthíocaíochtaí á ndéanamh leo nár shínigh . I ngach cás acu , cuireadh an íocaíocht ar fionraí . Ag an am sin , ní dhearna an Roinn tuilleadh fiosrúcháin ar imthosca aon cheann de na cásanna sin nó ní dhearnadh aon ró-íocaíocht a thaifeadadh ina leith. Mheas an Roinn áfach go ndearnadh coigilt de €300,000 trí na híocaíochtaí sin a scor.
- Ó Iúil 2008 i leith, tá roinnt beart maidir le híocaíochta a rialú curtha ar fionraí. Tá an gnáthathbhreithniú ar mhaoín curtha ar fionraí, seachas i gcás gur aibhsíodh cúis ar leith a bheith le hathbhreithniú. Cuireadh ar fionraí chomh maith athbhreithnithe a bhunódh dáiríreach éilitheora maidir le hobair a chuardach, agus laghdaíodh bainistiú fiach i gcásanna ró-íocaíochta. Cheadaigh Oifig an Stiúrtóra Réigiúnaigh iarscálú ar ghníomhaíocht rialaithe ionas go mbeadh an oifig áitiúil ábalta déileáil le riaráiste mór éileamh neamhphróiseáilte.
- I bhformhór na gcásanna aonair a scrúdaíodh cinneadh na híocaíochtaí a bheith ceart, bunaithe ar an bhfáisnéis a taifeadadh i gcórais na Roinne. In dhá chás bhí íocaíochtaí le héilitheoirí níos mó ná mar a bhí siad i dteideal a fháil. I gcás eile, léirigh an comhad gur aithin foireann na hoifige áitiúla ró-íocaíocht roimhe sin agus gur aisíoc an t-éilitheoir í, ach níor taifeadadh é sin ar chóras ró-íocaíochta na Roinne.

Iniúchadh sa Longfort agus ina Oifigí Brainse

33.10 Bhí an méadú sa bheo-chlár i 2008 sa Longfort agus ina dhá oifig bhrainse beagáinín níos lú ná an meán náisiúnta, ag 67%. Bhí iomlán 1,222 cás ag feitheamh le cinneadh ag deireadh 2008. B'ionann é seo agus beagnach trian d' fhigiúirí an bheo-chláir don Longfort. Ag deireadh 2008, bhí thart ar 25% de chásanna ag feitheamh le cinneadh.

33.11 Ba iad seo a leanas príomh-thorthaí an iniúchta

- Tá laghdú tagtha ar an méid oibre rialaithe a thionscnaíonn foireann na noifigí áitiúla agus brainse. Cuireadh cásanna liúntais ar fionraí diaidh ar ndiaidh ó thart ar lár 2008 agus go hiomlán ó Nollaig 2008, seachas sna cásanna sin inar aontaigh foireann na hoifige áitiúla agus an cigire athbhreithniú a bheith dlíte .
- Tháinig laghdú de thrí cheathrú ar scrúduithe ar dháiríreach éilitheoirí i leith obair a chuardach i lár 2008, agus tháinig deireadh ar fad leo i Nollaig 2008.
- Is obair rialaithe maidir le cásanna ina bhféadfadh ró-íocaíochtaí a fháil ar ais gan an iomarca comhfhreagrais nó obair leanúna agus cásanna tromchúiseacha calaoise an t-aon obair rialaithe atá ar siúl faoi láthair .
- Ní dhéantar obair bhainistithe fiach faoi láthair seachas ar chásanna ina mbíonn fáil ag an Roinn ar aisíocaíochtaí rialta. I Márta 2009 , bhí 403 cás dúnta sa Longfort agus bhí iomlán

na ró – íocaíochtaí ag €614,942. Rinne na suimeanna iomlána a fuarthas ar ais sna cásanna sin €94,196 (15%) .

Éilitheoirí ag Síniú

33.12 Ó críochnaíodh na haithbhreithnithe iniúchta tá mé curtha ar an eolas ag an Roinn gur cuireadh síniú ar fionraí i rith 2008 i gcúig oifig áitiúla eile, agus gur modhnaíodh na riachtanais maidir le síniú i dtrí oifig eile. Is mar seo a leanas a bhí imthosca na gcásanna sin

- In dhá chás (Baile Locha Riach agus Baile Brigín), cuireadh síniú ar fionraí mar gheall ar chóiríocht neamhdhóthanach tar éis cinntí a dhéanamh oifigí brainse a uasghrádú go hoifigí áitiúla. In oifig eile (Droichead Nua) ní raibh an chóiríocht a bhí ar fáil dóthanach do dhéileáil leis an líon méadaithe cás a bhí idir lámha, agus cuireadh síniú ar fionraí idir Samhain 2008 agus Bealtaine 2009 nuair a fuarthas cóiríocht bhreise.
- In dhá oifig (Port Láirge agus Bré) , cuireadh síniú ar fionraí go sealadach i rith míonna an tsamhraidh chun go mbeadh foireann oifige ábalta díriú ar éilimh a phróiseáil.
- I dtrí oifig (An Muileann gCearr, An Cábhán agus Sord) modhnaíodh riachtanais sínithe, tríd an mhinicíocht shínithe a laghdú do roinnt catagóirí éilitheora.

Buncheisteanna an Iniúchta

D'fhéadfadh go méadóidh an leibhéal laghdaithe sa ghníomhaíocht rialaithe , agus laghdú ar mhinicíocht na sínithe san áireamh, an baol go ndéanfaí íocaíochtaí Cuardaitheora Poist a sháródh teidlíochtaí. Tá fianaise ann chomh maith, faoi éilimh ar chuir an Roinn deireadh leo gan ceist ró-íocaíochtaí a ardú agus faoi laghdú ar na hiarrachtaí chun ró-íocaíochtaí a fháil ar ais. D'fhéadfadh sé sin tionchar coscach ghníomhaíocht rialaithe a laghdú.

Meon an Oifigigh Cuntasaíochta

33.13 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go mbeifí ag súil go hiondúil, toisc éilitheoirí ag teacht isteach agus ag imeacht ón bheo-chlár go mbeadh thart ar 10% dá n-ualach cás ar feitheamh ag aon am áirithe in oifigí áitiúla. Sa tseachtain dar críoch an 6 Meitheamh 2009 bhí iomlán de 74,553 éileamh (16%) ar feitheamh le híoc. Léiríodh na tuairimí seo a leanas faoin tionchar a bheadh ag ualach méadaithe éileamh ar ghníomhaíocht rialaithe agus ar bhainistiú fiach.

Laghdú ar Ghníomhaíocht Rialaithe

33.14 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur laghdaíodh cumas na foirne in oifigí áitiúla agus cumas chigirí leasa shóisialaigh go ginearálta dul i mbun gníomhaíochta rialaithe mar gheall ar leibhéal méadaithe na n- éileamh. Chun cabhrú le hoifigí áitiúla déileáil leis an méadú nach facthas cheana ar an mbeo-chlár cinneadh 158 oibrí breise a leithdháileadh ar oifigí áitiúla. Sannadh formhór na n-oibrí seo thar an tréimhse Aibreán go Feabhra 2009.

33.15 Mar thoradh ar leibhéal méadaithe na n- éileamh maolaíodh ar an ngnáthréimse gníomhaíochta rialaithe ar mhéideanna éagsúla thar ghréasán na n-oifigí áitiúla agus laghdódh sé seo líon na gcustaiméirí a roghnófaí le haghaidh athbhreithniú 'daíre ag cuardach oibre'. Tríd is tríd bhí roghnú na gcásanna anois dírithe ar chatagóirí ardriosca éilitheoirí (e.g. sínitheoirí déanacha agus éilitheoirí a raibh stair chalaoise roimhe seo acu). Bhí an laghdú ar líon na n-

athbhreithnithe á fhorlíonadh ag líon méadaithe cásanna a cuireadh ar aghaidh faoin bPlean Gníomhaíochta Fostaíochta.⁹⁷

33.16 Bhí an líon athbhreithnithe ar mhaoin a d'fhéadfadh sí a dhéanamh laghdaithe ag an Roinn chomh maith, ag féachaint don mhéid éileamh a bhí á bhfáil aici agus do na hacmhainní a bhí ar fáil. Bhí sí fós ag gabhail d'athbhreithnithe ar chásanna ard-riosca nó ar chásanna a shainigh oifigigh na Roinne le haghaidh athbhreithnithe leanúnacha ar mhaoin.

33.17 Ní raibh an tOifigeach Cuntasaíochta ábalta a rá cén éifeacht, má b'ann, a bhí leis an laghdú ar ghníomhaíocht rialaithe ar choigiltí rialaithe a bhaint amach agus ró-íocaíochtaí a bhrath. D'ainneoin nach raibh leibhéal coigiltí ar íocaíochtaí Cuardaitheora Poist go deireadh Bealtaine 2009 ach ag 3% den sprioc, lean méid fhíorshuntasach coigiltí san am atá thart ó chustaiméirí a chur faoi agallamh i dtaobh na n-iarrachtaí a bhí déanta acu obair a fháil, ach léirigh taithí níos déanaí go raibh an cineál seo gníomhaíochta i bhfad níos neamhthorthúla toisc na deiseanna fostaíochta srianta atá inniu ann.

33.18 Theastaigh ón Roinn an cleachtas is fearr a chur i ngníomh maidir le calaois agus mí-úsaid scéimeanna a rialú i gcónaí. De bharr an bhrú a thagann chun cinn ón méadú ar an mbeo-chlár, caithfear cothromaíocht chuí a dhéanamh idir an dearcadh reatha rialaithe ar íocaíochtaí Cuardaitheora Poist agus na gnéithe iomaíocha go léir agus na héilimh nua ar an Roinn agus caithfear na himthosca eacnamaíochta agus sóisialta atá inniu ann de bharr an chúlú eacnamaíochta agus imthosca an mhargaidh oibre a chur san áireamh.

33.19 Idir an dá linn, bhí ar an Roinn cothromaíocht a bhunú idir próiseáil éileamh agus gníomhaíochtaí rialaithe, agus obair mhéadaithe ar chothabháil éileamh a lean ón bhfás nach bhfacthas cheana ar líon an dá Scéim Cuardaitheora Poist a chur san áireamh. Cé gur maolaíodh gníomhaíochtaí áirithe rialaithe níor mhór a chur san áireamh go raibh an Roinn ag díriú a haird go teoranta agus a gníomhaíochta rialaithe ar chásanna níos airde riosca, agus gur bunaíodh aon mhaolú ar ghníomhaíochtaí áirithe rialaithe ar na baol a bhain leis na gníomhaíochtaí sin. Mar a dhéantar i gcás gach gné de ghníomhaíocht rialaithe leanadh d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chur chuige na Roinne.

Bainistiú Fiach

33.20 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nár measadh go hiondúil coigiltí i gcás nach síníonn éilitheoirí íocaíochtaí seachas i gcás go raibh gníomhaíocht rialaithe bainteach éigin i gceist. Maidir leis an oifig áitiúil i dTulach Mhór bhí baint idir síniú a thabhairt isteach arís i Iúil 2008 agus cor poist a eisiúint, cineál amháin cumarsáide le custaiméirí a úsáideadh mar ghníomhaíocht rialaithe. Cuireadh íocaíocht ar fionraí i gcás nár seoladh freagra ar ais, agus cuireadh deireadh léi nuair nach ndearnadh aon teangmháil eile leis an Roinn. Sna himthosca seo maíodh go ndearnadh coigiltí.

33.21 Ag an bpointe seo, bhí fiosrúchán iomlán déanta ar 25 as an 49 cás a bhain le héilitheoirí Sochar Cuardaitheora Poist nár shínigh mar a iarradh orthu idTulach Mhór in Iúil 2008 agus ardaíodh cás amháin ró-íocaíochta. Bhí na 24 cás eile á bhfiosrú ag an am sin agus ardófaí ró-íocaíochtaí dá ndéanfadh oifigeach breithiúnachta cinneadh ar theidlíocht a mbeadh éifeacht leis ó dháta siarghabhálach de réir reachtaíochta agus treoirlínte. Mura ndéanfaí cinneadh den sórt sin, ní fhéadfaí ró-íocaíocht a mheas agus ní bheadh aon bhunús sa dlí lena dhéanamh.

⁹⁷ Faoi Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta an Rialtais, sainithníonn an Roinn daoine a bhíonn ag druidim le trí mhí ar an mbeo-chlár agus cuirtear ar aghaidh iad chuig FÁS le haghaidh agallaimh ag féachaint chuig socrúchán i bpost nó do thairiscint oiliúna.

33.22 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur lean bainistiú fiach agus ró-íocaíochtaí a fháil ar ais de bheith ina ngné thábhachtach rialaithe thar ghréasán na n-oifigí áitiúla le haghaidh Íocaíochtaí Cuardaitheora Poist. Leanadh de ró-íocaíochtaí a mheas agus a fháil ar ais de réir reachtaíochta agus treoirlínte.

33.23 Chomh maith le ró-íocaíochtaí a fháil ar ais, bhí ionchúiseamh cásanna ina raibh calaois thromchúiseach i gceist mar phríomhghné de stráitéis na Roinne chun cosc a chur le calaois. Bhí tábhacht ag baint chomh maith le gníomhaíocht rialaithe na Roinne agus leis na bearta coisctheacha diana a bhí i bhfeidhm ag an bpointe ar ar cuireadh iarratas isteach chun calaois a chosc.

Conclúidí

Tharla ardú suntasach ar ualach éileamh cuardaitheora poist de thoradh thionchar an chúlú eacnamaíochta. Ta laghdú déanta ag an Roinn ar bhealaí éagsúla ar a gníomhaíocht rialaithe agus tá níos mó aird tugtha aici ar éilimh a phróiseáil chun an phríomhsheirbhís a chuireann sí ar fáil d'oibrithe dífhostaithe a chur i gcríoch.

Beidh sé tábhachtach de réir mar a chobhsaíonn an t-ualach éileamh na príomhbhaoil rialaithe a athmheas i dtimpeallacht na linne seo agus tosca ar nós tosca áitiúla eacnamaíochta a áireamh chun a chinntiú go n-ionchorprófar freagairt rialaithe a bheidh comhréireach ach éifeachtach i riar na n-éileamh sin.

**Caibidil 34 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh**

Aistriú Feidhmeanna Leasa

Aistriú Feidhmeanna Leasa

34.1 Mar chuid den phleanáil maidir le hathchóiriú struchtúir na hearnála sláinte as ar lean bunú Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), bunaíodh grúpa athbhreithnithe idir-rannach i mí Mheán Fómhair 2003 chun scrúdú a dhéanamh ar an scóip gníomhaíochtaí áirithe neamhlárnacha a bhí á ndéanamh ag comhlachtaí na hearnála sláinte a aistriú chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile níos cuí. Seo a leanas a mhol an grúpa athbhreithnithe

- an fhreagracht as an tSeirbhís Leasa Pobail (CWS) agus as scéimeanna áirithe cothabhála agus tacaíochta ioncaim a bhíodh á riaradh ag an earnáil sláinte a aistriú chuig an Roinn
- an Phríomh-Oifig Chláraithe a aistriú chuig an Roinn
- scrúdú a dhéanamh ar na meicníochtaí maidir leis an Scéim Sochair Cóireála Déidliachta agus seirbhísí na gcluas agus na seirbhísí oftalmach a aistriú ón Roinn chuig an earnáil sláinte.

Chomhaontaigh an Rialtas an 28 Feabhra 2006 moltaí an ghrúpa athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

34.2 An 19 Meán Fómhair 2007, thug an Rialtas ar aird na hullmhúcháin a bhí déanta go dtí an pointe sin maidir le haistriú na bhfeidhmeanna idir an HSE agus an Roinn, agus ceadáíodh an plean feidhmithe molta. Leis an bplean, samplaíodh aistriú foireann CWS chuig an Roinn ar bhonn nach mbeadh aon iarmhairtí ann don Státchiste agus don fhoireann. Bhí sin le leanúint ar aghaidh chomh luath agus ab fhéidir i ndiaidh do na hidirbheartaíochtaí leis na ceardchumainn lena mbaineann a bheith tugtha chun críche. Stiúir an Rialtas nár chóir gurb é an toradh a bheadh ar an aistriú go mbeadh laghdú ar rochtain phoiblí ar áitribh CWS agus gur chóir socrú tástála maoine aonair a bheith in úsáid ag an Roinn agus ag an HSE. Cheadaigh an Rialtas freisin freagracht as an bPríomh-Oifig Chláraithe a aistriú chuig an Roinn faoi dheireadh 2007 agus freagracht as an Liúntas Cúraim Baile agus as íocaíochtaí áirithe eile míchumais agus íocaíochtaí a bhaineann le cúram a aistriú chuig an Roinn roimh an chéad leath de 2009.

Béim an Iniúchta

Scrúdaíodh leis an iniúchadh an dul chun cinn go dtí seo maidir le forghníomhú chinneadh an Rialtais.

An tSeirbhís Leasa Pobail

34.3 Tá an tSeirbhís Leasa Pobail (CWS) mar chuid den HSE, agus oibríonn an tseirbhís tríd an líonra seirbhíse sláinte áitiúil. Cé go bhfuil an Roinn freagrach as polasaí, rialáil agus maoiniú a sholáthar don scéim Liúntas Leasa Forlíontach (SWA), tá freagracht reachtúil ar an HSE maidir le riaradh na scéime sin. Is é sin ceann de phríomhfheidhmeanna an CWS.

34.4 Déanann Oifigigh Leasa Pobail (CWOnna) cinntí maidir le teidlíochtaí i ndáil le héilimh faoin scéim SWA. Déantar íocaíochtaí SWA bunúsacha chuig iarratasóirí incháilithe, lena n-áirítear daoine a bhíonn ag feithimh le cinntí maidir le héilimh faoi na scéimeanna cúnamh arna riaradh ag an Roinn (e.g. Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora). Áirítear na nithe a leanas sa scéim SWA

- forlíonadh cíosa
- forlíonadh ús morgáiste

- íocaíochtaí riachtanais práinneacha agus eisceachtúla
- forlionsa cothaithe agus teasa.

34.5 Breithníodh gurb é an toradh a bheadh le haistriú freagrachta as riaradh an SWA go mbeadh deiseanna do sheirbhís níos fearr ann d'éilítheoirí, go mbeadh éifeachtúlachtaí mar thoradh air mar aon le meicníochtaí rialaithe comhordaithe agus deireadh le dúblú iarrachta agus go mbeadh coigiltis mar thoradh air sin don Státchiste.

34.6 Sa bhreis ar éilimh SWA a phróiseáil agus a riaradh, bíonn CWOanna i bhformhór ceantar rannpháirteach i roinnt scéimeanna a bhíonn á maoiniú agus á riaradh ag an HSE. Áirítear orthu

- An Liúntas Cúraim Baile (de ghnáth a thagann roimh íocaíocht Liúntas Míchumais ar ionann sin agus scéim Roinne)
- Liúntas Leasa na nDall
- Liúntas Soghluaisteachta
- Liúntas Cothabhála um Ghalair Thógálacha.

Tríd is tríd, is é ról na CWOanna i ndáil leis na scéimeanna sin measúnú maoine a chomhlíonadh (nuair is cuí) agus eolas ginearálta maidir leis na scéimeanna a sholáthar do chliant i ndáil le critéir incháilitheachta agus nósanna imeachta iarratais. I go leor ceantar HSE, bíonn CWOanna rannpháirteach freisin i dtástáil maoine maidir le hincháilitheacht don chárta liachta agus fóirdheontais teach altranais.⁹⁸

Aistriú an CWS

34.7 Áiríodh an foráil reachtúil d'aistriú riaradh an SWA ón HSE chuig an Roinn sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007 agus 2008. Tá na forálacha, a chuireann deireadh go héifeachtúil leis an HSE ó bheith rannpháirteach i riaradh na scéime SWA, faoi réir Ordú um Thosach Feidhme.

34.8 Chuir an tOifigeach Cuntais in iúl dom go bhfuil pleanáil tionscadail don aistriú ag dul chun cinn go maith, go bhfuil líon suntasach den obair ullmhúcháin sna réimsí maidir le bainistiú saoráidí, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus airgeadas tugtha chun críche agus gurb é an chéad chéim eile ullmhú d'fheidhmiú nuair a chomhaontófar dáta don aistriú.

34.9 Áirítear le moltaí reatha don aistriú, bunú an CWS mar bhrainse ar leithligh sa Roinn, a bheidh ailínithe go dlúth lena struchtúr réigiúnach ar feitheamh lánpháirtiú iomlán laistigh de thréimhse dhá bhliain.

34.10 Luaigh an tOifigeach Cuntais go bhfuil an CWS féin faoi bhrú mór freisin go háirithe mar thoradh ar líon níos airde éileamh ar fhorlíonadh cíosa agus ar fhorlíonadh morgáiste. Tá gá le clár bainistithe athraithe cúramach a bheidh dea-eagraithe agus dea-mhaoinithe lena chinntiú go gcoimeádfar seirbhís don phobal agus an t-aistriú á fheidhmiú.

34.11 Comhaontaíodh leis an HSE go mbeadh 866 den fhoireann CWS le haistriú chuig an Roinn. Tá sé comhaontaithe anois freisin, i ndiaidh comhchomhairle leis an Roinn Airgeadais, go a-aistreofar 95 post breise chuig an Roinn ón HSE chun soláthar a dhéanamh do bhainistíocht shinsearach mar aon le do sheirbhísí tacaíochta mar theicneolaíocht faisnéise, bainistiú saoráidí agus acmhainní daonna.

⁹⁸ Níl an CWS i mórcheantar Bhaile Átha Cliath rannpháirteach sna feidhmeanna sin.

34.12 Chuir an tOifigeach Cuntais in iúl dom go mbeidh tionchar suntasach eagraíochtúla agus acmhainní daonna ag aistriú beagnach 1,000 foireann tosaigh agus foireann eile ón HSE ar an Roinn. Idir an dá linn, áirítear ar na saincheistanna aistrithe

- Athróidh an fhoireann HSE a aistrefar a stádas ó sheirbhísigh poiblí go dtí státseirbhísigh agus is éard atá i gceist leis sin go n-athróidh a dtéarmaí agus a gcoinníollacha fostaíochta.
- Níl aon chomhaontú déanta go fóill le ceardchumainn atá ag déanamh ionadaíochta ar fhoireann san HSE atá le haistriú chuig an Roinn, cé go bhfuil comhráite fhada déanta faoi mhaoirsiú chathaoirleach neamhspleách a tháinig chun críche i mí na Nollag 2008.
- Níl aon chomhaontú déanta maidir le roinnt réimsí a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.
- Is é seasamh ceardchumainn na hearnála sláinte gur mhian leis an bhfoireann fanacht mar fhostaithe den HSE.

34.13 D'athbhreithnigh an Rialtas aistriú na bhfeidhmeanna an 28 Aibreán 2009. Ag tabhairt ar aird an dul chun cinn a bhí déanta ag an bpointe sin ar an gclár aistrithe, cheadaigh an Rialtas an 1 Eanáir 2010 mar an dáta feidhmithe d'aistriú riaradh an SWA chuig an Roinn. Stiúir an Rialtas gur chóir na saincheistanna nach raibh réitithe ag an tráth sin idir an bhainistíocht agus na ceardchumainn a chur ar aghaidh chuig na hinstiúidí caidrimh tionscail náisiúnta.

34.14 Chuaigh aonad caidreamh fostaithe corparáideach an HSE i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais i mí na Bealtaine 2009 ag iarraidh air idirghabháil a dhéanamh agus na páirtithe a thabhairt le chéile chun tuilleadh comhchomhairle a dhéanamh in iarracht an ábhar a thabhairt chun cinn.

34.15 Tá an Roinn agus an HSE ag díriú ar dháta aistrithe de mhí Eanáir 2010. Mar sin féin, braitheann sin ar dhul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na saincheistanna caidreamh tionscail sna míonna atá amach romhainn.

34.16 Thug an tOifigeach Cuntais le fios nach bhfuil aon smacht díreach ag an Roinn ar an timpeallacht caidreamh tionscail ina bhfuil foireann CWS agus a bhfostóir, an HSE, rannpháirteach. Leanfaidh an Roinn ag obair leis an HSE, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Airgeadais chun na saincheistanna caidreamh tionscail a réiteach trí na hinstiúidí caidreamh tionscail náisiúnta, arna stiúradh ag an Rialtas.

Tástáil Maoine Aontaithe

34.17 Thuairisc Grúpa Oibre a d'athbhreithnigh an scéim SWA in 2006 go raibh dúblú tástála maoine ann maidir le scéimeanna leasa shóisialaigh agus gur chóir aghaidh a thabhairt ar sin ar bhonn práinne. Moladh nár chóir go ndéanfaí ach tástáil maoine aonair, agus gur chóir go mbaileofaí gach faisnéis i ndáil le maoine a bheadh de dhíth maidir leis na scéimeanna éagsúla ag an tástáil sin. I gcomhthéacs tástáil maoine aonair, chuirfeadh forbairt íocaíocht cúnamh sóisialta aonair deireadh tuilleadh le dúblú sa chóras. Tugadh le fios gurb é an toradh a bheadh le hacmhainní foirne a bheith á scaoileadh saor trí dheireadh le dúblú den sórt sin go mbeadh tionchar tairbheach aige ar amanna slánúcháin maidir le scéimeanna.

34.18 Luaigh an tOifigeach Cuntais gurb é aidhm fhadtéarmach na Roinne tástáil maoine aonair a thabhairt isteach d'fhaighteoirí gach scéim agus pinsean cúnamh shóisialta. Tá sin nasctha le forbairt scéim íocaíochta aontaithe maidir le cúnamh gearrthéarmach (Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Liúntas Míchumais, Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, etc.) ach tá deacrachtaí suntasacha fós i gceist. Tá staidéar féidearthachta maidir le tabhairt isteach íocaíocht cúnamh sóisialta aonair do dhaoine in aois oibre, ó thaobh polasaí agus gnéithe oibríochta de araon, á

dhéanamh faoi láthair. Níl an staidéar sin i bhfad tosaithe fós agus déanfar tuarascáil eatramhach níos déanaí sa bhliain.

34.19 Ina theannta sin, bhunaigh an Coiste Comh-Aireachta a bhíonn ag maoirsiú Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí Grúpa Oibre, faoi chathaoirleacht Stiúrthóir Ginearálta Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, chun féidearthacht agus luach meicníochtaí a bhreithniú chun an tslí a sholáthraíonn custaiméirí faisnéis maoine do chomhlachtaí poiblí a shimpliú. Cé nach ionann sin agus moladh do thástáil maoine aonair, áireofar leis breithniú ar fhéidearthacht Stór Measúnaithe Maoine Comónta a bhunú a d'fhéadfadh tacú le feidhmiú tástálacha maoine ordaithe éagsúla ó ghníomhaireachtaí rannpháirteacha ar bhonn dearcadh comónta maidir le cad atá i gceist le maoin duine aonair nó líon tí lena mbaineann. Táthar ag súil le tuarascáil deiridh faoi dheireadh 2009.

Aistrithe Eile

34.20 Luaigh an tOifigeach Cuntais gur ionann an méid a leanas agus stádas na socruithe nó na moltaí aistrithe maidir le scéimeanna agus aonaid eile.

Scéim	Stádas an Aistrithe
An Phríomh-Oifig Chláraithe	Aistrithe chuig an Roinn i mí Eanáir 2008
Sochar Déidliachta agus Cóireála	Tá moltaí á bhforbairt chun córas ríomhaireachta lánpháirtithe aonair a thabhairt isteach chun go bhféadfar íocaíocht a dhéanamh le soláthróirí seirbhíse i ndáil le daoine atá i dteideal seirbhísí déidliachta agus/nó cóireála faoi na scéimeanna PRSI nó na gcártaí liachta.
Liúntas Cúraim Baile	Tá thart ar 23,000 faighteoirí liúntas ann faoi láthair. Tá héilimh nua á nglacadh ag an Roinn ó mhí Aibreáin 2009 agus aistrefar an stoc d'éilimh reatha i mí Mheán Fómhair 2009. Áiríodh na forálacha reachtúla maidir leis an aistriú san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008.
Liúntas Leasa na nDall	Tá thart ar 3,000 faighteoirí liúntas ann faoi láthair. Níl aon dáta sonrach chun tús a chur le haistriú Liúntas Leasa na nDall socraithe fós. Déanfar cinneadh nuair a bheidh aistriú an Liúntais Chúraim Baile tugtha chun críche agus le haird ar an dul chun cinn a dhéanfar in aistriú na seirbhíse SWA. Áiríodh na forálacha reachtúla don aistriú san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2008.
Liúntas Soghluaisteachta	Tá roinnt ábhar imní ann maidir le hoiriúnacht aistriú na scéime seo chuig an Roinn ag an bpointe seo. Sa tslí ina bhfuil sé faoi láthair, ní luíonn sé isteach go compordach le haon íocaíocht leasa shóisialaigh eile. Tá an Roinn Sláinte agus Leanaí ag athbhreithniú oiriúnacht an aistrithe atá molta.
Liúntas Cothabhála um Ghalair Thógálacha	Níltear chun leanúint leis an scéim seo. Tá níos lú ná deich gcás ann atá fós ag fáil íocaíochta. Táthar á n-aistriú chuig liúntas leasa shóisialaigh cuí.

Conclúidí

D'eascair na moltaí bunaidh maidir le scéimeanna a aistriú amach as an HSE as tuarascáil 2003 an Choimisiúin um Bhainistiú Airgeadais agus Córais Rialaithe sa tSeirbhís Shláinte. Ba é an aidhm a bhí leis seirbhísí neamhlárnacha a thógáil ón earnáil shláinte agus cuntasacht a ailíniú leis an ngníomhaireacht a raibh an t-údarás aici maoiniú a thiomnú.

Tá formhór den chlár oibre aistrithe le tabhairt chun críche go fóill cé go bhfuil reachtaíocht cumasúcháin in áit i roinnt cásanna.

Chun na héifeachtúlachtaí maidir le seirbhís do chustaiméirí níos fearr a chinntiú, is léir go mbeidh gá le comhordú ar rialú agus deireadh le forluí, fócas níos fearr ar bhainistiú athrú a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na tionchair gnó den aistriú. Bheadh plan ina mbeadh amscálaí agus sprioc-amanna sainmhínithe mar leas don spreagadh foriomlán.

**Caibidil 35 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus
Teaghlaigh**

An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid

An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid

35.1 Cuirtear an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) ar fáil trí líonra de chuideachtaí agus tá an Roinn freagrach go hiomlán asti. Cuireann 51 cuideachta atá lonnaithe ar fud na tíre an tseirbhís ar fáil.

35.2 Tá feidhmeanna náisiúnta ag dhá chuideachta nach den 51 cuideachta sin iad

- Bunaíodh MABS *National Development Ltd* (MABS NDL) sa bhliain 2004 chun tacú leis an bhfoireann agus an tseirbhís a bhainistiú.
- Bunaíodh an chuideachta náisiúnta MABS don Lucht Siúil sa bhliain 2005⁹⁹ chun tacaíocht shainiúil a chur ar fáil maidir le saincheistanna a bhaineann leis an lucht siúil.

Bhí 252 duine fostaithe idir na cuideachtaí ar fad i mí an Mheithimh 2009.

35.3 I mí Dheireadh Fómhair 2008, d'fhógair an tAire Airgeadais go ndéanfaí an tseirbhís a shannadh chuig an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh¹⁰⁰ (CIB), agus go mbeadh freagracht fós ag an Roinn maidir le beartais agus cúrsaí airgeadais MABS. Leagtar amach bonn reachtaíochta an athraithe seo san Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008.

35.4 Is cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta iad cuideachtaí áitiúla MABS a ndéanann bord stiúrthóirí maoirseacht orthu. Is iondúil go mbíonn ionadaithe ó chomhair creidmheasa, ón gCumann Naomh Uinseann de Pól, ó Sheirbhís Leasa Pobail Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), ó lárionaid acmhainní do dhaoine dífhostaithe, ón tSeirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh den CIB, ó údaráis áitiúla agus ón Roinn, ina gcomhaltaí ar na boird seo.

35.5 Is é príomhaidhm na hoifige seirbhís chomhairle agus bainistíochta saor in aisce, faoi rún, neamhspleách a chur ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal atá i bhfiacha nó i mbaol fiacha. Áirítear na nithe seo a leanas mar chuid den tseirbhís MABS

- eolas a chur ar fáil (tuairim is 13% de chásanna in 2008)
- cuidiú a thabhairt socruithe a dhéanamh le creidiúnaithe (tuairim is 73% de chásanna in 2008)
- bainistíocht na bhfiachas a éascú (na cásanna eile).

35.6 Bhí eolas teoranta ar fáil maidir le cliaint na seirbhíse roimh lár na bliana 2005. Tá córas bainistíochta eolais nua curtha isteach ó shin, áfach. Léirítear an tréachur cliant i gcomhair na bliana 2007 agus 2008 i Fíor 116.

Fíor 116 Na Cliaint a Láimhseáladh in 2007 agus 2008

Bliain	Cliaint nua	Daoine ag Lorg Eolais agus Sin Amháin
2007	12,433	2,643
2008	16,600	2,441

35.7 Chosain sé €16.22 milliún an tseirbhís a chur ar fáil sa bhliain 2008. Léirítear na leithroinntí airgeadais agus an caiteachas iarbhir i ndáil leis an tseirbhís don tréimhse idir 2000 agus 2008 i Fíor 117.

⁹⁹ Bunaíodh Exchange House MABS, a bhí ann roimhe, sa bhliain 1995.

¹⁰⁰ Is comhlacht reachtúil é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a oibríonn faoi choimirce na Roinne.

Fíor 117 Leithroinntí agus Caiteachas i ndáil le MABS, idir 2000 agus 2008

Bliain	Leithroinnt	Caiteachas
	€m	€m
2000	5.77	6.15
2001	8.47	8.28
2002	9.70	9.28
2003	9.87	9.41
2004	11.40	11.40
2005	13.62	13.59
2006	16.41	13.58
2007	17.67	14.58
2008	17.95	16.22

35.8 B'ionann €278,322 agus caiteachas chuideachtaí áitiúla ar an meán sa bhliain 2008.

An tSeirbhís agus an Timpeallacht Eacnamaíochta

35.9 Tá forbairt tagtha ar chúrsaí creidmheasa san earnáil phearsanta. Tá sé tuartha i dtuarascáil de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann leibhéal an ioncaim indiúscartha a bheith chomh hard le 164% faoi dheireadh na bliana 2006 san earnáil phearsanta creidmheasa i gcomparáid le 70% sa bhliain 1998¹⁰¹.

35.10 Thuairiscigh Banc Ceannais na hÉireann i dTuarascáil a d'eisigh sé ar Chobhsaíocht Airgeadais sa bhliain 2007 go raibh brú airgeadais de chineál éigin ar 6.5% de theaghlaigh a raibh morgáiste acu sa bhliain 2005 – an leibhéal céanna a tuairiscíodh i gcomhair na bliana 2004 agus 2003. An tráth sin, ba é faillí in íoc na bhfóntas iníoctha (4.3%) agus riaráiste íocaíochtaí morgáiste a bheith orthu (3.8%) ba mhó a bhí ina chúis strus ag daoine ó thaobh airgeadais. Ba iad teaghlaigh tuismitheoirí aonair ba mhó a bhí i mbaol struis ó thaobh airgeadais, agus tuairiscíodh go raibh an strus is airde ó thaobh airgeadais ar theaghlaigh ar ioncam íseal.

35.11 De bhrí go raibh daoine ag brath níos mó ar chreidmheas le blianta beaga anuas, tá leibhéal ard fiachais ag teaghlaigh anois agus táthar a thuar go mbeidh stad nó titim i leibhéal na n-ioncam agus go méadóidh an líon daoine atá dífhostaithe. Tá níos mó éilimh ar chreidmheas toisc go bhfuil na hinstitiúidí airgeadais tar éis éirigh níos righne i gcúrsaí creidmheasa agus go bhfuil siad ag athghabháil fiachais i ndáiríre faoi láthair.

35.12 Bhí 222,800 duine dífhostaithe sa chéad ráithe sa bhliain 2009, sin ardú 113,400 (104%) ar an ráithe céanna in 2008¹⁰². Tuairtear méadú breise sa ráta dífhostaíochta sa ghearrthéarma.

An tSlí ina ndéantar an tSeirbhís a Eagrú

35.13 Déantar na seirbhísí a sheachadadh trí chuideachtaí áitiúla. Is buntáiste é seo toisc go mbíonn grúpaí deonacha áitiúla rannpháirteach i saol an phobail áitiúil a mbíonn siad ag déanamh freastal orthu.

¹⁰¹ Tuarascáil an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann maidir le Cobhsaíocht Airgeadais i gcomhair na bliana 2007.

¹⁰² Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh – ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2009, An Phríomh-Oifig Staidrimh.

35.14 Tá an Rialtas freagrach go hiomlán as bainistiú an chláir, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar MABS, riarachán a dhéanamh i ndáil le leithroinnt na maoine, beartais a fhorbairt agus an chinnteoireacht feidhmiúcháin. Déanann aonad speisialta laistigh den Roinn é seo a bhainistiú go lárnach. Faigheann an líonra tacaíocht bhreise ó oifigigh de chuid na Roinne atá lonnaithe sna réigiúin. Tá ionadaíocht ag an Roinn ar gach bord bainistíochta áitiúil MABS. Thairis sin, tugann comhordaitheoirí réigiún de chuid na Roinne tacaíocht do bhoird áitiúla MABS agus do na cuideachtaí áitiúla iad féin.

Struchtúr Réigiún agus Struchtúr Náisiúnta

Baineann struchtúr réigiún agus struchtúr náisiúnta leis an tseirbhís i dteannta 51 cuideachta áitiúil.

- Tugann Comhordaitheoirí Réigiún de chuid na Roinne tacaíocht do chuideachtaí áitiúla trí chathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe i gcomhar le hionadaithe áitiúla na gcuideachtaí idir cheithre agus chúig huaire sa bhliain.
- Feidhmíonn Aonad Oiliúna Comhairle Airgid laistigh de MABS NDL. Baineann comhaltaí foirne agus lucht bainistíochta ar fud na tíre leas as an aonad chun seirbhísí oiliúna agus raon de sheirbhísí tacaíochta oibre a chur ar fáil.
- Déanfaidh an CIB beartas a cheapadh, moltaí a chuir faoi bhráid na Roinne, agus breithniú ar na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar úsáideoirí na seirbhíse agus ar na cuideachtaí áitiúla, ag tosú sa bhliain 2009. Rinne Coiste Comhairleach Náisiúnta (NAC) an obair seo roimhe seo.
- Cuireann MABS NDL comhairle agus tacaíocht teicneolaíochta ar fáil nuair a bhíonn ceisteanna i ndáil le cásanna sainiúla i gceist. Tugann sé cuidiú chun clár oideachais pobail a fhorbairt agus a sheachadadh. Thairis sin, is trí MABS NDL a chuirtear tacaíocht ar fáil maidir le córais TF agus an líne cabhair náisiúnta.
- Tá Feidhmeannas Náisiúnta Comhairle Airgid do Chomhaltaí Foirne ann a bhfuil mar aidhm aige caighdeán ghairmiúla a chur chun cinn i measc na gcomhairleoirí airgid agus na riarthóirí atá fostaithe sna cuideachtaí.
- Tá Fóram Bainistíochta Náisiúnta ann a dhéanann ionadaíocht thar ceann ghrúpaí bainistíochta áitiúla agus tá dhá ionadaí ó gach réigiún ina Chomhlacht Feidhmiúcháin.

35.15 Faigheann tuairim is 73% de chliant tacaíocht a chuidíonn leo a bhfiacha reatha a láimhseáil nó fiachas a d'fhéadfadh atarlú a sheachaint. Faigheann 14% eile díobh tacaíocht níos mó ná sin, a mbíonn cuntais speisialta a bhfeidhmítear i gcomhar le comhair chreidmheasa i gceist leis. Sna cásanna sin, tugtar údarás ón gcliant do chomhairleoirí airgid trí chomhaontú, cuntais chomhair chreidmheasa an chliant a bhainistiú agus na haisíocaíochtaí a dhéanamh lena gcreidiúnaithe thar ceann an chliant.

35.16 Ina theannta sin, déantar Ciste Ráthaíochta Iasachta (LGF) a fheidhmiú, a bheidh ina ráthaíocht ar iasachtaí ón gcomhar creidmheasa i gcás chliant nach sásaíonn gnáthchritéir an chomhair chreidmheasa. Is í an Roinn a chuireann an t-airgead seo ar fáil agus déantar é a lóisteáil sna comhair chreidmheasa mar ráthaíocht i gcoinne na suimeanna. Is leis an Roinn agus léi-se amháin an t-airgead sin.

An Ciste Ráthaíochta Iasachta

Bhí an Ciste ann sula raibh MABS ann. Bunaíodh é sa bhliain 1989 mar chuid de phlean gnímh chun plé leis na fadhbanna a bhaineann le hairgead a fháil ar iasacht. Cuireadh ranníocaíocht de €127,000 isteach ann ón gCrannchur Náisiúnta agus €127,000 ó Bhuan-Choiste na mBanc Éireannach agus ba Chumann Naomh Uinseann de Pól a bhainistigh ar dtús é. Mhaígh an Roinn gur ar mhaithe le cliaint MABS a bunaíodh an Ciste, chun foinse eile seachas iasachtóirí airgid, a ghearrann rátaí úis suas chomh hard le 188% ar iasachtaí, a chur ar fáil le go bhféadfaí airgead a fháil ar iasacht agus gur mar sin a bheidh.

Cuireann gach cuideachta LGF i dtaisce leis an gcomhar creidmheasa áitiúil. Úsáidtear seo mar ráthaíocht ar iasachtaí beaga i gcás nach bhfuil taifead coigiltis sách maith ag an gcliant chun gnáthiasacht a fháil ón gcomhar creidmheasa ach go bhfuil taifead cliaint ag MABS i dtaobh an chliaint sin. Is annamh go mbíonn suim airgid níos mó ná €500 i gceist agus d'fhéadfadh sé a bheith i gceist i gcás éigeandála teaghlaigh. Déanann an client iarratas ar iasacht sa chomhar creidmheasa ar an ngnáthbhealach agus ní deirtear leo go bhfuil ráthaíocht LGF curtha leis an iasacht. Sula mbeidh ceart cúláraigh ag an gcomhar creidmheasa i gcoinne an LGF i gcás go dteipeann an cliant in íoc, caithfidh sé na nósanna imeachta athghabhála eile ar fad a dhísciú ar dtús.

Ní fheidhmíonn an LGF faoi na gnáthnósanna imeachta atá ag MABS chun cuidiú le cliaint a bhfiacha a bhainistiú. Tá suim €630,893 san LGF faoi láthair, agus ráthaíocht tugtha i gcoinne 206 iasacht ar fiú suas le €143,920 iad in iomlán.

35.17 Is trí choinne a théann client i gcomhairle le comhairleoir airgeadais de chuid MABS. Níl na hoifigí ar oscailt don phobal, mar a bhíonn na hoifigí leasa shóisialaigh áitiúla. Má chuireann duine glaoch teileafóin ar an tseirbhís áitiúil, déantar coinne leo, nó d'fhéadfadh sé nó sí coinne a dhéanamh trí ghlaoh a chur ar an líne cabhair. Cuirtear an líne cabhair ar fáil ó Luan go hAoine, idir 9rn agus 8in.

Béim an Iniúchta

Rinneadh athbhreithniú ar an tseirbhís mar atá sí faoi láthair san iniúchadh agus na nithe seo a leanas á áireamh ann

- cibé an ndéantar na seirbhísí a sheachadadh go héifeachtúil
- cibé an mbaintear an spriocphobal amach (teaghlaigh ar ioncam íseal atá i bhfiacha nó i mbaol fiacha)
- rinneadh éifeachtacht na seirbhíse a mheas.

Tá an deis ann aghaidh a thabhairt ar an tseirbhís mar atá sí faoi láthair de bharr go bhfuil sé beartaithe an tseirbhís a shannadh go dtí an CIB. Iarradh tuairimí an tOifigeach Cuntasaíochta maidir leis na dúshláin a bheadh i gceist le hathstruchtúir na seirbhíse.

Éifeachtúlacht na Seirbhíse

35.18 Rinne an tseirbhís 16,600 cliant a láimhseáil sa bhliain 2008, nuair a chuirtear na cliaint a bhí ag iarraidh eolais agus sin amháin as an áireamh. Sin níos lú ná dhá chliant sa tseachtain ar an meán in aghaidh an chomhalta foirne. Chosain sé go díreach níos lú ná €1,000 gnáthchás a láimhseáil.

35.19 Níl aon eolas ginearálta ann maidir leis an achar ama a ghlac sé cliaint a chur tríd an gcóras. Ní raibh aon chomhlachta MABS díobh sin ar tugadh cuairt orthu ábalta an t-achar ama a bheadh i gceist chun déileáil le cliaint a thabhairt. Cé go bhfuil eolas ar fáil ar an líon cliant a ndearnadh freastal orthu, téann an easpa eolais i dtaobh an ama a chaitear ar ghnáthchás in aghaidh leithroinnt na n-acmhainní bunaithe ar fhianaise na gcuideachtaí ar leithligh agus ar feadh an líonra.

35.20 Is táscaire eile de sheirbhís a sheachadadh é an t-achar ama a ghlacann sé teacht ar an tseirbhís. Níl aon sprioc foirmiúil leagtha síos go náisiúnta nó go háitiúil. Bhí tréimhse dhá sheachtain mar threoir ag cuideachta amháin díobh sin ar tugadh cuairt orthu.

35.21 Ní choinnítear aon sonraí maidir le tréimhsí feithimh. Ní raibh ach comhlacht amháin díobh sin ar tugadh cuairt orthu a rinne ceisteanna agus coinní na gcliant a thaifeadadh ar shlí go bhféadfaí tréimhsí feithimh a ríomh. Is trí choinne amháin a dhéantar plé le cliaint sna cásanna ar fad.

Ba chóir córas caighdeánaithe a fhorbairt chun taifead a choinneáil de theagmhálaí an chliant sa chuideachta, agus gach eolas ar nós dáta an chéad teagmhála, dátaí na gcoinní, ráta freastail agus an dáta a scaoileadh an client, a bhailiú agus a thuairisciú faoi ainm an teagmhálaí, sa chaoi gur féidir eolas tráthúil maidir le haischur agus le feidhmíocht a chruthú agus a úsáid.

Caighdeán na Seirbhíse

35.22 Tá Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí ann ón bhliain 2006 agus tá fáil uirthi in oifigí áitiúla. Ní leor an chairt chun dea-fheidhmíocht a ghealladh: ní mór monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanais a tugadh ann. Maidir le cúrsaí sásaimh cliant tugadh isteach cártaí do thuairimí sa bhliain 2007, ach ní bhfuair aon chuideachta den cheathrar ar tugadh cuairt orthu freagra ar na cártaí sin. Thug cuideachta amháin díobh sin le fios go bhfuil sí ag obair i gcomhar le MABS NDL agus go bhfuil sé beartaithe suirbhé a dhéanamh ar chliant.

35.23 Ní dhearnadh aon mheasúnú ar shásamh na gcliant i gcoitinne. Tá sé maíte ag an Roinn gur bunaíodh Grúpa Oibre Dearbhú Cáilíochta sa bhliain 2007 le go bhféadfaí próisis na seirbhíse a scrúdú agus caighdeán chuí a fhorbairt. Is é fócas an ghrúpa inniúlacht rialaithe a fhorbairt ar feadh an líonra. Áirítear forbairt na gcaighdeán cáilíochta air seo. Tá grúpa oibre ag déanamh scrúdú ar sheachadadh na seirbhíse agus táthar ag súil le tuarascáil uathu i lár na bliana 2009. Tá sé beartaithe ceadú nó deimhniúchán a lorg le go mbeidh caighdeán cáilíochta ó thríú pháirtí bainte amach. Nuair a bhainfear é sin amach déanfar oiliúint chuí a fhorbairt agus cuirfear na caighdeáin i bhfeidhm ar feadh an líonra.

35.24 Tá beagán de shrian ar an mbord maoirseacht éifeachtach a dhéanamh mar gheall ar an dianléiriú atá déanta ar chlásal rúndachta an chonartha idir an Roinn agus na cuideachtaí. Tá teorainn dá bharr ar chumas an bhoird cáilíocht na seirbhíse atá á chur ar fáil do chliant a mheas, toisc nach bhfuil comhaid chliant ar fáil dóibh.

Caithfear tús áite a thabhairt d'obair an Ghrúpa Oibre Dearbhú Cáilíochta sa chaoi gur féidir caighdeán seirbhíse sainiúil a fhorbairt. Ba chóir díriú ar thréimhsí feithimh agus ar leibhéal sásaimh na gcliant ach go háirithe. Ba chóir don Roinn a chinntiú go dtugtar isteach nósanna imeachta chun na sonraí a choinnítear a chaighdeánú.

An Spriocphobal á Bhaint Amach

35.25 Bheadh na nithe seo a leanas riachtanach chun mandáid na seirbhíse a chomhlíonadh go héifeachtach

- an spriocphobal a bheith feasach ar na seirbhísí atá ar fáil
- cothroime a bhaint amach idir obair chun fiachas a chosc agus seirbhísí do dhaoine i bhfiacha
- córas tarchuir dea-fhorbartha a bheith ann a cheanglaíonn eagraíochtaí a dhéanann freastal ar na cliaint chéanna nó ar chliaint den chineál céanna.

An tSeirbhís a Chur Chun Cinn

35.26 Nótáladh sa scrúdú go mbaintear leas as tuairim is 1% den chaiteachas iomlán chun an tseirbhís a chur cinn. Déantar é seo mar chuid d’fheachtais séasúir agus d’fheachtais aonair.

35.27 Bunaíodh láithreán gréasáin a bhí dírithe ar phobal na tíre ar fad sa bhliain 2004. Tá eolas ar bhainistiú fiachais ar fáil ann, léarscáil de na háiteanna ina bhfuil an tseirbhís, mionsonraí teagmhála na gcuideachtaí agus na seirbhísí teagmhála¹⁰³ mar aon le heolas ar na seirbhísí ar fáil. Ní raibh uaireanta oscailte luaite le cuideachta ar bith ar an láithreán gréasáin¹⁰⁴. Meastar gur tugadh tuairim is 320,000 cuairt ar an láithreán ón am a cuireadh é ar fáil. Bhí láithreán gréasáin dá chuid féin ag cuideachta amháin, ach ní raibh uaireanta oscailte luaite leis ar an láithreán.

35.28 I mí Mheán Fómhair 2007, tionscnaíodh líne cabhair náisiúnta chun comhairle agus eolas a chur ar fáil dóibh sin nach mbíonn uatha ach seirbhís chéad líne. Faoi láthair is féidir plé leis na cásanna fiachais aonair nach bhfuil chomh casta sin tríd an líne cabhair, díscailleadh fónais a bheith bagartha mar shampla. Pléitear le breis agus 18,000 glaoch sa bhliain ar an líne cabhair anois. Deirtear go bhfaightear réiteach ar 90% díobh. Nuair a bhíonn na saincheistanna róchasta le réiteach a fháil orthu seolann foireann na líne cabhair na daoine a ghlaonn chuig cuideachtaí áitiúla.

35.29 Nuair a bhíonn liostaí feithimh ann chun coinne a fháil go háitiúil, cuireann daoine ar na liostaí sin glaoch ó am go ham. Tugtar eolas agus comhairle do na cliaint sin a chuideoidh leo ullmhú do choinne le comhairleoirí airgeadais roimh ré, le go mbainfidh siad an fiúntas is mó is féidir ón gcéad chomhchomhairle leis an tseirbhís áitiúil.

35.30 Bhí litríocht curtha chun cinn ar taispeáint in áiteanna poiblí áitiúla ag na gcuideachtaí ar fad ar tugadh cuairt orthu. Tugadh le fios don fhoireann scrúdaithe go mbíonn siad ag brath ar bhriathar béil, go gcuireann siad fógraíocht sheasta sna nuachtáin áitiúla, go scaipeann siad bileoga arna ullmhú ag MABS NDL agus go mbíonn fógraíocht acu ar admhálacha na n-ollmhargaí sna lárionaid siopadóireachta mhóra. Bá é an t-imní céanna a bhí ag na cuideachtaí ar fad agus a chuir siad in iúl don fhoireann scrúdaithe, is é sin an baol nach raibh na spriocghrúpaí cearta á mbaint amach acu. Bhí cuideachta amháin díobh sin ag féachaint le héifeachtacht an chuir chuige sin a mheasúnú i gceart, agus sin amháin.

35.31 Mhaígh an Roinn nach bhfuil pleananna ar bith faoina bhráid i dturas na huairé clár margaíochta bliantúil a rith i ndáil le MABS. Is ceist í a bheidh faoi athbhreithniú, áfach, ag brath ar cibé an dtiocfaidh méadú sa líon daoine a úsáideann an tseirbhís nó nach dtiocfaidh, agus ag brath ar thorthaí ón taighde maidir le rochtain dhaoine atá i bhfiacha ar chuidiú, agus maidir leis na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mhaígh an Roinn go bhfuil roinnt tionscnamh ar siúl lena chinntiú go bhfanfaidh MABS go mór i radharc an phobail. Seolann Oifigeach Cumarsáide MABS NDL

¹⁰³ Cuireann roinnt de na cuideachtaí MABS ‘seirbhísí teagmhála’ ar fáil in éineacht leis na príomhsheirbhísí lánaimseartha, agus bíonn na seirbhísí sin ar fáil uair sa tseachtain in áiteanna nach bhfuil oifig na cuideachta.

¹⁰⁴ Luadh uaireanta oscailte lárionaid teagmhála MABS Phort Láirge ach fágadh uaireanta oscailte na príomhoifige ar lár.

píosaí chuig na meáin go rialta maidir le cúrsaí bainistíochta buiséid agus airgid. Bhí áit sa sceideal aige gach seachtain ar *'The Afternoon Show'* le RTÉ go dtí le déanaí.

35.32 Tugadh faoi fheachtas raidió chun aird a tharraingt ar líne cabhrach teileafóin náisiúnta MABS i mí Eanáir agus i mí an Mhárta sa bhliain 2008. Bhí níos mó glaoch ann a fhad is a bhí na fógraí raidió ar siúl ach níor mhair an méadú sa líon glaoigh thar sin. Cuireadh i bhfad níos mó spéise sa líne cabhair agus na seirbhísí a ghabhann léi tar éis sraith de chruinnithe réigiúnaí a bheith ar siúl idir MABS, príomh-chomhpháirtithe MABS agus na príomheagraíochtaí tarchuir. Táthar ag súl leis chomh maith go gcuirfear níos mó béime ar an tseirbhís MABS toisc an ceanglas a chuireann na cóid cleachtais reachtúla ar iasachtóirí airgid agus ar na bainc a láimhseálann riaráistí morgáiste daoine atá i bhfiacha a tharchur chuig MABS agus go ndéanfar níos mó daoine atá i bhfiacha a tharchur chuig MABS dá bharr.

Tá mar chuspóir ag MABS NDL feasacht an phobail agus úsáid na seirbhíse a mhéadú, faoin bPlean Straitéise don tréimhse 2008-2010.

An Fhadhb Fiachais a Chosc

35.33 Is cuspóir tábhachtach de chuid na seirbhíse é oiliúint i bhfiacha a sheachaint a chur ar fáil do shaoránaigh. Níl straitéis oiliúna pobail náisiúnta ann i dturas na huair, áfach. Chuir MABS NDL in iúl don fhoireann scrúdaithe go bhfuil sé beartaithe acu straitéis den chineál sin a fhorbairt.

35.34 Is eisceacht iad an lucht siúil. Is é aidhm chuideachta náisiúnta MABS don Lucht Siúil aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb fiachais agus airgead ar cairde réasúnta trí spreagadh a thabhairt dá gcliaint clárú le comhair chreidmheasa nó úsáid a bhaint as bainc, agus trí oiliúint i gcúrsaí bainistíochta buiséid agus airgid a chur ar a gcliaint aonair agus ar ghrúpaí díobh. Tá oibrí oideachais pobail lánaimseartha fostaithe rud a chiallaigh go bhfuil forbairt na straitéise oideachais sa réimse seo á éascú.

35.35 Sna cuideachtaí féin, tá claonadh an-láidir ann cásbhainistiú a dhéanamh ar fhadhbanna fiachas, rud a chiallaíonn nach ndéantar go leor obair chun iad a chosc. Ní raibh an t-eolas ar fáil i meastacháin na gcuideachtaí ar tugadh cuairt orthu i rith an scrúdaithe cruinn maidir le gníomhaíochtaí oideachas ach fuarthas go gcaitheann an fhoireann is ar éigean 5% dá gcuid ama oibre ag obair ar ghníomhaíochtaí den chineál sin. Ní mar an gcéanna an figiúr seo sna cuideachtaí agus i gcás amháin, cuireadh deireadh le gníomhaíochtaí den chineál sin sa bhliain 2007, toisc go raibh an fhoireann róghnóthach, a dúradh, ag plé le cliaint a bhí i bhfiacha cheana féin.

35.36 Mhaígh an Roinn go mba rud inmhianaithe é fianaise láidir a bheidh ar fáil ó thaighde le go bhféadfaí an leibhéal is fearr is féidir de ghníomhaíochtaí oideachais a chinneadh. Níor moladh go dtabharfaidh faoi thaighde den chineál sin i dturas na huair, áfach. Tugann gach seirbhís MABS tús áite do chliaint atá i bhfiacha, ach tá fíorthábhacht ag baint le hoideachas an phobail a bheith ina chuid de na cláir oibre áitiúla.

An Córas Tarchuir

35.37 Tá sé tábhachtach go ndéantar cliaint a tharchur gan stró chuig na gníomhaireachtaí eile ó thaobh freastal díreach éifeachtacht a dhéanamh ar an spriocphobal. Bá léir don fhoireann scrúdaithe nach raibh aon chomhchritéir ann i ndáil le cliaint a tharchur idir na cuideachtaí agus na gníomhaireachtaí tarchuir. Cé go ndearna na cuideachtaí taifead de láimh maidir le cliaint ag teacht isteach, níor choinnigh ceachtar de na príomhghníomhaireachtaí – an CIB agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ar leibhéal áitiúil – taifead ar bith.

35.38 Mhaígh an Roinn go bhfuil MABS NDL ag eagrú cruinnithe i gcomhair leis na príomheagraíochtaí creidmheasa agus tarchuir faoi láthair, lena n-áirítear na bainc, na comhair chreidmheasa, na Seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus Cumann Naomh Uinseann de Pól, chun na meáin chuí (cibé acu an líne cabhair nó coinne a bheadh i gceist) ina bhféadfaí cliaint a sheoladh chuig an tseirbhís MABS a phlé.

35.39 Ba iad seo a leanas na bealaí ar aimsigh na cliaint MABS

- cliaint a chuaigh ann ar a gconlán féin – 26% in 2008 (27% in 2007)
- cliaint a stiúir cara ann iad – 20% in 2008 (18% in 2007)
- cliaint a stiúir Oifig Leasa Pobail (CWO) den HSE - 11% in 2007 agus 2008.

35.40 Is ó chuideachtaí áitiúla a tháinig cuid mhór de na cliaint – 30% in 2008 (32% in 2007). Is i gcásanna inar tugadh fadhbanna de chineálacha eile, cearrbhachas nó mí-úsáid drugaí mar shampla, faoi deara le linn do chliaint a bheith i dteagmháil leis an bhfoireann, a rinneadh cliaint a tharchur.

Éifeachtacht na Seirbhíse

35.41 Ní mór aidhm na seirbhíse a chur in iúl go soiléir, tuairisciú a dhéanamh maidir le feidhmíocht agus meicníochtaí a cheapadh chun a héifeachtúlacht a mheas sa chaoi go bhfeidhmeofar an tseirbhís go héifeachtacht.

Cuspóirí na Seirbhíse

35.42 Tá conradh trí bliana idir gach cuideachta agus an Roinn a chuimsíonn maoiniú agus gealltanais maidir le seachadadh na seirbhíse go háitiúil. Cuireann gach cuideachta plean gníomhaíochta straitéise trí bliana isteach chuig an Roinn atá bunaithe ar chuspóirí ardleibhéil MABS mar aon le tuarascáil ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an bplean a chuaigh roimhe mar chuid de phróiseas an chonartha. Cuireann gach cuideachta tuarascáil bhliantúil isteach chuig an Roinn ina leagtar amach an méid a baineadh amach faoina phlean gníomhaíochta.

35.43 Ní raibh straitéis náisiúnta foriomlán ag gabháil leis an tseirbhís riamh. D'ainmnigh an Roinn cuspóirí beartais ardleibhéil nuair a bunaíodh an tseirbhís sa bhliain 1992 agus is iad na cuspóirí céanna atá ann ó shin.

35.44 Mhaígh an Roinn gur seirbhís an-fhiúntach í MABS a bhfuil boird bhainistíochta agus foireann atá tiomanta díograiseach ag obair inti. Aithnítear, áfach, gur féidir a thuilleadh feabhais a chur ar an struchtúr ceannasaíochta agus ar bhainistíocht comhordaithe foriomlán an líonra seirbhísí. D'fhorbair an Roinn tograí reachtaíochta agus beartais le blianta beaga anuas chun dul i ngleic leis na nithe seo agus chun na gealltanais i gclár an Rialtais a sheachadadh maidir le struchtúr nua a chur ar MABS, ceannasaíocht láidir náisiúnta a bheith ina cheann mar aon le rannpháirtíocht leanúnach na hearnála deonaí. Tá plean straitéise nua á ullmhú ag an CIB i ndáil leis na gníomhaíochtaí a bheidh faoi bhráid idir 2009 agus 2010 agus déanfar gníomhaíochtaí MABS a chuimsiú ann.

Eolas Bainistíochta

35.45 Tá sonraí bailithe ag MABS NDL ó chuideachtaí ar leithligh ón mbliain 2005 ar aghaidh, agus cuireann siad staitisticí cliaint ar fáil le haghaidh na Roinne. Is féidir le MABS NDL eolas maidir leis na staitisticí náisiúnta seo a leanas a chur ar fáil faoi láthair

- líon míosúil, ráithiúil agus bliantúil na gcliant
- earnáil na gcliant, lena n-áirítear aois, inscne agus cóiríocht
- stádas ioncaim an chliant
- an foinse tarchuir go dtí MABS agus ó MABS
- suim na bhfiach i gcás cliant nua
- cuntais speisialta.

35.46 Is eolas déimeagrafaíochta go príomha a bhíonn sna sonraí a chuirtear ar fáil den chuid is mó agus ní thugtar eolas maidir le costais oibrithe, na leibhéil foirne, tréimhse feithimh na gcliant ná staitisticí tréchuair. Tá amhras ann faoi sheasmhacht an eolais toisc go bhfuarthas slí éagsúil chun earnáil cliant a d'fhill ar an tseirbhís a thaifeadadh sna ceithre chuideachta ar tugadh cuairt orthu go háitiúil i rith an scrúdaithe.

Ba chóir go mbeadh sonraí maidir le líon na gcliant cruinn agus go mbaileofaó ar aon slí amháin é. Bíonn impleachtaí aige seo maidir le planáil, rialú agus leithroinnt na n-acmhainní.

Tuairisciú á dhéanamh ar Fheidhmíocht

35.47 Tá sé riachtanach eolas seasmhach a bheith ann chun tuairiscíocht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Fuarthas nach raibh sonraí a sholáthar cuideachtaí áitiúla maidir le monatóireacht láir iontaofa mar gheall ar na difríochtaí inmheánacha agus na critéir éagsúla a d'úsáid gach cuideachta chun gníomhaíochtaí a aicmiú. Fuarthas ón scrúdú nach raibh na staitisticí i ndáil le cliant nua sa bhliain 2006 iontaofa. Ba é 14,504 líon iomlán na gcliant a bhain leas as an tseirbhís sa bhliain 2006. Ach nuair a taispeánadh iad de réir aois, inscne, stádas ioncaim, etc., áfach, ba é 12,455 an líon iomlán a bhí le feiceáil – 2,049 (14%) sa dhifríocht. Mar thoradh air seo bhí amhras ann maidir le cruinneas agus iontaofacht na sonraí.

35.48 Mhaígh an Roinn gur cuireadh an córas bogearraí (MABSIS) a úsáidtear i bhfeidhm píosa ar phíosa idir mí Iúil 2005 agus i rith na bliana 2006. Bíonn saincheistanna dosheachanta i gceist le córas TF nua agus bíonn modhnaithe córais le déanamh dá bharr. Tá beart déanta ag an Roinn dul i ngleic le haon ghné mhíchruinn dá leithéid go sciobtha.

35.49 Sa mhéid a bhaineann leis na hacmhainní a úsáideann an tseirbhís, fuair an Roinn tuarascálacha airgeadais ráithiúla ó na cuideachtaí, a bhfuil sé mar dhualgas orthu tuarascálacha bliantúla agus cuntais iniúchta a chuir faoi bhráid na Roinne chomh maith. Déantar na tuarascálacha bliantúla a athbhreithniú in Aonad MABS na Roinne.

35.50 Tá an mhonatóireacht dírithe ar líon na gcliant ag an leibhéal áitiúil – cliant nua, cliant a d'fhill, cliant atá ann faoi láthair agus cliant ar scaoileadh leo. Cuirtear tuarascálacha gníomhaíochtaí míosúla maidir le líon agus tíopa na gcliant a rinne teagmháil leis an tseirbhís mar aon le heolas déimeagrafaíochta an chliant faoi bhráid na mbord lena mbreithniú.

35.51 Tháinig moladh ón nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (CPA) go bhféadfaí tuairiscíocht ar fheidhmíocht a neartú trí thuarascáil bhliantúil a fhoilsiú, agus d'aontaigh an CIB leis an tuairim, agus mhol gur chóir theacht ar shlí chun tionchar na seirbhíse a mheas. Mhaígh an Roinn go bhféadfaí tuairisc maidir le MABS a chur le tuarascáil bhliantúil an CIB, ina leagtar amach gníomhaíochta an Bhoird sin, ón mbliain 2009 ar aghaidh.

Caithfidh an Roinn gnáth-shainmhíniú a thabhairt isteach maidir le cásanna agus mionsonraí a tuairisciú ar shlí a chinnteoidh go mbeidh an t-eolas iontaofa seasmhach. Ba chóir go ndéanfaí na bogearraí tuairiscithe reatha a athbhreithniú lena chinntiú gur féidir a bheith ag brath ar na tuairiscí a bhfaightear ón gcóras.

Meastóireacht na Seirbhíse

35.52 Tháingadar ar na conclúidí seo a leanas i gcás meastóireacht¹⁰⁵ amháin den mheastóireacht cheithre chéim a rinneadh idir 1999 agus 2002

- moladh go ndéanfaí na bunchuspóirí sonraithe na seirbhíse a athmheas agus a athshonrú, cé go raibh said fós bailí
- moladh go ndéanfaí príomh-spriocghrúpa na seirbhíse a athshonrú
- moladh go ndéanfaí sraith de chaighdeáin chomhaontaithe a fhorbairt maidir leis an bpróiseas comhairleach airgid
- moladh go ndéanfaí an struchtúr náisiúnta a athbhreithniú agus a athchóiriú.

35.53 Moladh i dtuarascáil ón bhliain 2002¹⁰⁶ gur chóir go ndéanadh na cuideachtaí féin-mheastóireacht chun athbhreithnithe cáilíochta agus pleanáil straitéise a éascú ar an leibhéal sin. Bheadh sin ag teacht ina chuidiú d'fhorbairt leanúnach na seirbhíse go náisiúnta. Ba chóir go gcuirfí oiliúint agus tacaíocht ar fáil do na cuideachtaí i dtaobh na meastóireachta agus go mbeadh oiliúint ar fáil go bliantúil. Moladh sa tuarascáil gur chóir go dtabharfaí cuireadh do na cuideachtaí ar fad a bheith rannpháirteach ar bhonn deonach i meastóireachtaí téamacha thar thréimhse idir ocht mí déag agus dhá bhliain, agus go ndéanadh gach cuideachta trí pháirt a ghlacadh sa feidhmeach. Moladh chomh maith go mbainfí úsáid as treocht anailís chun topaicí téamacha a mbeadh tionchar acu ar leibhéal náisiúnta a fhorbairt.

35.54 I mí na Samhna 2004, stiúir an Coimisiún Eorpach an t-athbhreithniú, *A Peer Review in the Field of Social Inclusion Practices*, chun scrúdú a dhéanamh ar an tseirbhís agus cibé an bhféadfaí í a aistriú chuig Ballstáit eile den AE. Fuarthas go raibh breis agus 90% de chliaint sásta leis an tseirbhís. Thug comhaltaí an Athbhreithnithe Píara cuairt ar thrí chuideachta.

35.55 Thug an Roinn na gníomhaíochtaí agus na gealltanais ar tugadh fúthu ar aird, mar fhreagra ar an bpróiseas meastóireachta.

- D'athlua Coiste Comhairleach Náisiúnta MABS cuspóirí MABS agus thug le fios go raibh siad ábhartha i gcónaí agus gur iad daoine aonarach nó teaghlaigh ar ioncam íseal a phríomh-spriocghrúpa i gcónaí.
- Tugtar treoir maidir le gach gné den tseirbhís i lámhleabhair do bhoird bhainistíochta agus d'fhoireann MABS.
- Rinneadh gealltanais cairt custaiméirí agus nós imeachta do thuairimí agus do ghearáin a thabhairt isteach, agus caighdeáin dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt faoin tionscadal 'Dul Chun Cinn a Chothú'¹⁰⁷. Cuireadh Grúpa Oibre Dearbhú Cáilíochta ar bun go déanach sa bhliain 2007. Chuir an Grúpa tuarascáil eatramhach ar fáil i mí Iúil 2009 agus cuireadh an tuarascáil ar aghaidh chuig an CIB agus chuig MABS NDL le go ngníomhófaí ina leith.

¹⁰⁵ Tuarascáil maidir le Céim a Dó, Meastóireacht Náisiúnta ar an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid, Eustace agus Clarke, Aibreán 2000

¹⁰⁶ Céim a Trí: Tuarascáil maidir le Triail an Chuir Chuige Féin-Mheastóireachta, Meastóireacht Sheachtrach ar MABS, Eustace agus Clarke, Nollaig 2002

¹⁰⁷ Céim a Trí: Tuarascáil maidir le Triail an Chuir Chuige Féin-Mheastóireachta, Meastóireacht Sheachtrach ar MABS, Eustace agus Clarke, Nollaig 2002

- Tá sé beartaithe sna céimeanna eile deimhniúcháin na gcaighdeáin a lorg ó thríú pháirtí, an oiliúint chuí a fhorbairt, na caighdeáin agus nósanna imeachta monatóireachta agus meastóireachta a chur i bhfeidhm ar feadh an líonra.

Féichiúnas agus Bochtaineacht

35.56 Níl aon mheasúnú déanta ar thionchar na seirbhíse ar bheartais bhochtaineachta na Ranna eile. Tá sé maíte ag an Roinn go mbeadh sé deacair conclúidí ginearálta a dhéanamh bunaithe ar mheasúnú ar thionchar MABS ar rátaí bochtaineachta. Níl ach céatadán beag de chustaiméirí na seirbhíse leasa shóisialaigh ar féidir leo leas a bhaint as MABS. Is ar chúiseanna casta a thiteann daoine go mór i bhfiacha. Tagann cliaint chuig MABS agus iad i bhfiacha le creidiúnaithe éagsúla. Áirítear iasachtaí pearsanta, fónais, cártaí creidmheasa, morgáistí, iasachtaí fruilcheannaigh, rótharraingt bhainc, riaráistí cíosa, iasachtaí catalóg, fíneálacha, agus iasachtaí fophríomha ar an deich gcineál fiach is mó a fheictear. Is gnách go mbíonn cliaint de chuid MABS i bhfiacha le níos mó ná creidiúnaí amháin.

35.57 Is mian leis an Roinn níos mó eolas a bhailiú ar an gceangal idir rófhéichiúnas agus bochtaineacht. Léirítear i roinnt staidéar taighde a rinneadh le déanaí go mbaineann saincheisteanas níos leithne a bhfuil baint acu le cuimsiú ó thaobh airgeadais le saincheist an rófhéichiúnais, ar nós rochtain ar sheirbhísí creidmheasa agus airgeadais, agus na deiseanna a bhíonn ar fáil do dhaoine ar ioncam íseal chun bainistiú a dhéanamh ar a mbuiséid.

35.58 Tá sé maíte ag an Roinn go ndéantar torthaí ó staidéir taighde arna ndéanamh ag gníomhaireachtaí amhail is an CPA¹⁰⁸, an CPA thar ceann an Rialtóra Airgeadais¹⁰⁹, agus an Rialtóir Airgeadais¹¹⁰, mar aon le heolas ó na staitisticí a bhfaightear ó MABSIS, a bhreithniú go rialta sa Roinn sa chaoi gur féidir tuiscint níos mó a fháil ar nádúr agus ar chúiseanna an fhéichiúnais agus bealaí a aimsiú a d'fhéadfadh MABS a úsáid chun riachtanais dhaoine ar ioncam íseal atá go mór i bhfiacha a shásamh.

Tuairimí Gníomhaireachtaí Bainteacha

35.59 Iarradh tuairimí páirtithe leasmhara maidir le feidhmiú na seirbhíse mar chuid den scrúdú a rinneadh i mí an Mheithimh 2008. Chuir an CIB aighneacht isteach chun inní a chur in iúl maidir leis an mbaol go mbeadh dúbláil agus cur amú acmhainní a dhéanamh tríd an tseirbhís. Ba é tuairim an CIB nach raibh straitéis náisiúnta, staitisticí náisiúnta nó tuarascáil náisiúnta bhliantúil ag an tseirbhís, ina leagfaí amach gníomhaíochtaí agus táirgeacht intomhaiste. D'ainmnigh an CIB neamhspleáchas na gcuideachtaí ar leithligh agus iomadúlacht na bhfóram mar chúiseanna inní chomh maith.

35.60 Thug an CPA ar aird go raibh roinnt coistí ann a raibh ról acu i maoirseacht agus i bhfeidhmiú na seirbhíse. Mheas sé go mbeadh sé riachtanach ról na gcoistí a shoiléiriú níos fearr.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

35.61 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom, i ndiaidh mo chuid fiosruithe i ndáil le heagrú na seirbhíse tar éis a aistrithe chuig an CIB, go ndéantar foráil sa reachtaíocht chumasaithe do leasú na hAchtanna um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2000 go 2007, chun feidhmeanna an CIB a leathnú agus freagracht a thabhairt dó maidir le soláthar na seirbhíse. Foráiltear sa reachtaíocht do

¹⁰⁸ Creat-Bheartas chun Aghaidh a Thabhairt ar Rófhéichiúnas, Stuart Stamp, Aibreán 2009

¹⁰⁹ Eisiámh Airgid in Éirinn: Staidéar Turgnaimh agus Athbhreithnithe Beartas, Caroline Corr, 2006

¹¹⁰ Tuarascáil maidir leis an Tionscail Iasachta Airgid Ceadúnaithe, an Rialtóir Airgeadais, Márta 2007

sheirbhís ar leithligh a dhéanamh de MABS laistigh den CIB. Ní bheidh aon athrú i stádas na gcuideachtaí a chuireann an tseirbhís ar fáil ná i stádas fostaíochta a bhfostaithe.

35.62 Tugadh plean tionscadail chun críche maidir leis an bhfreagracht i dtaobh MABS a aistriú go héasca chuig an CIB agus beidh feidhm leis an sannadh an 13 Iúil 2009 tar éis tosach feidhme Cuid a Ceathair den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008.

35.63 Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíocht go bhfuil taithí an CIB maidir le tacaíocht láidir bainistíochta a chur ar fáil don earnáil dheonach agus pobail trí sheirbhís phoiblí áitiúil ar ardchaighdeán a sholáthar dea-aitheanta. Déanann an CIB bainistiú ar 42 cuideachta ina bhfuil bord bainistíochta agus 189 comhalta foirne deonach a chuireann seirbhísí eolais, abhcóideachta agus comhairleacha ar fáil i mbreis is 268 ionad ar fud na tíre, ar Lárionaid Faisnéise do Shaoránaigh iad 109 díobh (54 ar oscailt go lánaimseartha agus 52 go páirtaimseartha) agus ar sheirbhísí teagmhála iad 162 díobh. Is féidir leis an CIB, trína cheannasaíocht láidir náisiúnta, tacaíocht a thabhairt do MABS seirbhís chomhairle agus bhuiséadta comhordaithe den scoth inar léir fiúntas infheistíocht an cháiníocóra a chur ar fáil. Ar an iomlán, feabhsófar na sineirgíochtaí atá ann cheana féin idir na seirbhísí ó thaobh abhcóideachta agus soláthar eolais go mór mar thoradh ar an aistriú seo.

35.64 Maidir leis an ngeilleagar, mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuiltear ag súl leis go bhfabhrófaí coigiltis shuntasacha ná costais bhreise mar thoradh ar fhreagracht maidir le MABS a sholáthar a aistriú chuig an CIB. In ionad sin, tá sé beartaithe tacaíocht láidir bainistíochta a chur ar fáil do chuideachtaí deonacha áitiúla MABS trí sheirbhís cáilíochta a sholáthar a dhéanfaidh riachtanais na ndaoine i bhfiacha a shásamh. Bainfear éifeachtachtaí ó thaobh costais amach sa mheántearma agus san fhadtearma trí áitreabh a shuí le chéile agus trí sheirbhísí tacaíochta ar nós riarachán agus TF a chomhtháthú. Ní féidir na héifeachtachtaí ó thaobh costais a d'fhéadfadh a bheidh ann a mheas faoi láthair.

35.65 Is dúshlán don CIB é an fhreagracht maidir le MABS a sannadh dó, ach tá taithí leathan ag an CIB ar struchtúr den chineál céanna a bhainistiú mar gheall ar líonra na Seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh. Ina theannta sin, d'éirigh go han-mhaith leis a CIB san am atá caite comhtháthú an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin, an Bord Náisiúnta Seirbhíse Sóisialaí agus an Chomhairle a bhainistiú, agus a bhfeidhmeanna sin a leathnú ina dhiaidh sin le go gcuirfí seirbhís eolais fheabhsaithe agus sainseirbhísí abhcóideachta ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

Conclúidí

Chosain an tseirbhís €16.22 milliún sa bhliain 2008. Tá an tseirbhís réasúnta costasach toisc go bhfuil sí scaipthe feadh na tíre agus rinneadh freastal ar 16,600 client sa bhliain 2008, sin níos lú ná dhá chliant sa tseachtain ar an meán in aghaidh an chinn foirne.

Cé go mbeidh an tseirbhís ina chuid de líonra leathan an CIB ón mbliain 2010 ar aghaidh, níltear ag súl le coigiltis shuntasach airgid mar gheall ar an athrú toisc go bhfanfaidh struchtúr MABS mar atá faoi láthair laistigh den CIB. Sa chaoi gur féidir aon deis coigiltis a d'fhéadfadh a bheadh ann a aithint, ba chóir an farasbarr maoine agus poitéinseal na seirbhísí comhroinnte a aithint go luath laistigh de struchtúr nua an CIB.

Léirítear ó thorthaí an iniúchta go ginearálta gur chóir an tseirbhís a athbhreithniú le gur féidir na nithe seo a leanas a dhearbhu

- a mhéid atá riachtanais an spriocphobal á sásamh aici
- a mhéid atá acmhainní á n-úsáid bunaithe ar éileamh seirbhíse aitheanta arna fhianú ag eolas bainistíochta cuimsitheach
- a mhéid is féidir sineirgíochtaí breise a bhaint amach a chuireann le héifeachtúlacht seirbhíse laistigh de líonra níos leithne an CIB
- a mhéid a bheidh an tseirbhís ábalta an t-éileamh a cheaptar a bheidh ann de bharr an chúlú atá ann faoi láthair sa gheilleagar a shásamh.

Ní mór an obair ar dhearbhu cáilíochta agus bunchaighdeán maidir le héifeachtúlacht seirbhíse a cuireadh tús léi sa bhliain 2007 a thabhairt chun críche.

Caibidil 36 An Roinn Sláinte agus Leanaí

An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

36.1 Bunaíodh an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) ar bhonn riaracháin in 2002 agus bunaíodh ar bhonn reachtúil é in 2004. Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an NTPF

- cóireáil a shocrú agus a mhaoiniú do na hothair phoiblí is faide atá ag feitheamh ar chóireáil roghnach i.e. cóireáil neamhéigeandála in ospidéal poiblí
- liostaí iontaofa daoine atá ag feitheamh ar chóireál den chinéal sin a bhailiú agus a chur ar fáil.

Ón mbliain 2005 i leith, tá an NTPF bainteach chomh maith ar bhonn píolótach le soláthar comhairliúcháin othair sheachtraigh agus obráid iarmhartach nuair is gá.

36.2 Bhí leibhéal foirne 47 agus buiséad €104 milliún ag an NTPF in 2008. Cuireadh cóireáil ar 20,829 othar cónaitheach poiblí ar an iomlán i rith na bliana, agus socraíodh 12,342 comhairliúcháin othair sheachtraigh agus 3,098 MRI. Ag deireadh na bliana, bhí mionsonraí 18,221 duine¹¹¹ ar an iomlán ag an gClár Náisiúnta Cóireála Othair (PTR), a bhí ag feitheamh ar chóireáil ar feadh tréimhse níos faide ná 3 mhí. Áirítear mionsonraí sonraí oibriúcháin i leith na tréimhse 2005- 2008 i Fíor 118 thíos.

Fíor 118 Acmhainní an NTPF agus Othair ar Cabhraíodh leo 2005-2008

	2005	2006	2007	2008
Buiséad Bliantúil	€64m	€78m	€92m	€104m
Líon Foirne	28	35	41	47
Othair Chónaitheacha	14,580	15,003	19,769	20,829
Comhairliúcháin Othair Sheachtraigh	4,414	7,480	10,569	12,342
MRIanna a Soláthraíodh	—	1,928	2,300	3,098

36.3 Idirghníomhaíonn an NTPF le gach ceann de na 44 ospidéal poiblí, i dtéarmaí thiomsú agus bhailíochtú sonraí agus aithint na n-othar le hidirghabháil an NTPF. Cé go ndearna an NTPF socrú do 20,829 cóireáil othair chónaithigh d'othair phoiblí in 2008, ba é 658,000 líon iomlán na gcóireálacha roghnacha othair chónaithigh in ospidéal poiblí i rith na bliana sin. Cuireann seirbhís an NTPF, leis na cóireálacha roghnacha in ospidéal poiblí phríomhshrutha dá bhrí sin.

36.4 Féadtar na tionchar coibhneasta a fheiceáil i Fíor 119, a léiríonn líon iomlán na gcóireálacha roghnacha othair chónaithigh¹¹² a soláthraíodh in ospidéal poiblí le linn na mblianta 2005-2008 agus na cóireálacha breise a shocraigh agus a mhaoinigh an NTPF.

¹¹¹ A chuimsíonn 13,863 Cás Máinliachta agus 4,358 Cás Míochaine (i.e. neamh-mháinliachta).

¹¹² Áirítear faoin téarma 'othar cónaitheach' duine atá ag fáil cóireála mar chás thar oíche nó lá agus déantar é a idirdhealú ón téarma othar seachtrach, a thagraíonn so dhuine atá ag feitheamh ar choinne le comhairleach.

Fíor 119 Cóireálacha Roghnacha 2005-2008

Bliain	Cóireálacha Ospidéal Phoiblí	Cóireálacha an NTPF	Céatadán Othar ar cuireadh Cóireáil orthu %
2005	450,953	14,580	3.23
2006	511,924	16,931	3.31
2007	631,987	19,769	3.13
2008	657,806	20,829	3.17

Béim an Iniúchta

Rinne an t-iniúchadh imscrúdú ar

- na nósanna imeachta i bhfeidhm chun an liosta feithimh a bhailíochtú
- na socraíochtaí le haghaidh soláthar costéifeachtach cóireálacha ag an NTPF.

Liostaí Feithimh

36.5 Maidir le gach ospidéal poiblí, cuirtear othair ar liosta feithimh cóireála an ospidéal sin ar ordú an dochtúra chomhairligh. Ceanglaítear ar ospidéal na liostaí feithimh a choimeád cothrom le dáta, agus othair a chur ar fionraí nó a bhaint den liosta i gcás inar cuí, de réir na dTreoirlínte Náisiúnta um Bainistíocht Sonraí Liosta Feithimh.

Treoirlínte Náisiúnta um Bainistíocht Sonraí Liosta Feithimh

D'fhorbair ospidéal poiblí agus an NTPF na Treoirlínte Náisiúnta um bainistíocht sonraí liosta feithimh othair chónaithigh agus cásanna lae agus thug siad isteach iad i mí Iúil 2007. Tá feidhm leo maidir leis na hospidéal go léir agus liostaí feithimh máinliachta agus míochaine othair chónaithigh agus othair lae. Leagann na treoirlínte amach

- prionsabail ghinearálta le haghaidh riarachán liostaí feitheamh, lena n-áirítear fógairt sonraí don NTPF
- ceanglas ar lucht bainistíochta an ospidéal chun an liosta feithimh a bhailíochtú gach ráithe ar a laghad
- an bonn maidir le hothair a chur leis an liosta feitheamh, a bhaint de nó a chur ar fionraí ón liosta.

Ba chóir go mbeadh othair ar liostaí feithimh aclaí ó thaobh míochaine de chun cóireáil a fháil agus a bheith ar fáil le glacadh isteach. Cuirtear othair nach bhfuil fáil orthu ar chúiseanna sóisialta nó míochaine ar liosta fionraí ina ionad sin go dtí go mbíonn siad ar fáil le haghaidh cóireála. Ba chóir othair a dhiúltaíonn cóireáil a fháil, nó nach bhfreastalaíonn ar dhá choinne tar éis dátaí glactha isteach a fháil, a bhaint ó liosta feithimh an ospidéal.

Bailiúchán Sonraí Feithimh ag an NTPF

36.6 Cuireann gach ceann de na 44 ospidéal poiblí, seachas ospidéal mháithreachais agus shíciatracha, mionsonraí othar ar an liosta feithimh ar fáil don NTPF. Cuirtear an fhaisnéis, lena n-áirítear mionsonraí teagmhála, gnáthaimh mhíochaine nó mháinliachta a theastaíonn agus dáta an chomhairliúcháin mhíochaine, ar aghaidh gach seachtain chuig an NTPF trí aistriú leictreonach.

Déanann an NTPF an fhaisnéis a chomhordú chun an PTR a chruthú. Tá an PTR ar fáil ar líne agus féadann an pobal i gcoitinne, foireann an ospidéal nó Dochtúirí Ginearálta dul i gcomhairle leis ag leibhéal éagsúla mionsonra faoi réir cosaint pasfhocail.

36.7 Cé go gcuirtear mionsonraí na n-othar go léir ar liostaí feithimh ar fáil don NTPF, is iad othair amháin atá ar an liosta feitheamh ar feadh tréimhse níos faide ná trí mhí a chuirtear ar aghaidh le tairiscint idirghabhála NTPF a fháil. Nuair a ghactar an ceanglas sin san áireamh chomh maith le forálacha na dTreoirlínte Náisiúnta um Bainistíocht Sonraí Liosta Feithimh, áirítear ar an PTR ‘gníomhach’ othair

- atá ag feitheamh níos faide ná trí mhí
- nár cuireadh ar fionraí¹¹³ iad toisc nach raibh siad oiriúnach do chóireáil a fháil, nó nach raibh siad ar fáil go sealadach ar chúiseanna sóisialta
- nár baineadh iad ar iarratas nó toisc nár fhreastail siad
- nár cuireadh ar sceideal iad le cóireáil a fháil ón ospidéal nó tríd an NTPF.

36.8 Is é an PTR ‘gníomhach’ seo an fócas atá ag gníomh an NTPF, agus is é a líon iomlán reatha an uimhir a luaitear de ghnáth mar an liosta feithimh othair chónaithigh náisiúnta. Áirítear air, na daoine sin atá ag feitheamh ar chóireálacha máinliachta agus míochaine neamhionrach, ar féidir iad a sholáthar ar bhonn cúraim lae nó a bhféadfadh fanacht thar oíche nó níos mó ná oíche amháin san ospidéal a bheith i gceist leo.

Bailíochtú Sonraí ag an NTPF

36.9 Is iad na hospidéal atá freagrach as a liostaí feithimh a bhailíochtú de réir treoirlínte náisiúnta um bainistíocht liosta feithimh agus as an bhfaisnéis sin a chur faoi bhráid an NTPF. Is é bailíochtú na faisnéise a fuarthas ó ospidéal maidir le daoine ag feitheamh ar chóireáil feidhm reachtúil an NTPF freisin, áfach. In 2007, i ndiaidh do na Treoirlínte Náisiúnta um Bainistíocht Sonraí Liosta Feithimh a thabhairt isteach, bhunaigh an NTPF Rannóg um Athbhreithniú agus Anailísiú chun a chinntiú, trí spotseicálacha, go raibh na treoirlínte á leanúint agus go raibh na sonraí ospidéal cruinn. Tugadh faoi iniúchtaí eile in 2008 agus in 2009. Ar dtús, díriodh fócas ar chásanna a bhí ag feitheamh níos faide ná 12 mí, ach leathnaíodh é ó shin leis na daoine sin atá feitheamh níos faide ná naoi mí a thabhairt san áireamh.

36.10 Déanann foireann an NTPF, i gcomhar le foireann an ospidéal, imscrúdú ar thaifid ospidéal le linn an phróisis agus comhaontaítear aon athruithe ar gá iad a dhéanamh. Ba chóir aon athchatagóirí ar othair a dhéantar mar thoradh air sin a chur i gcrích le linn an phróisis nó tar éis don ospidéal tuarascáil ón NTPF a fháil ina dhiaidh sin.

36.11 Léiríodh na nithe seo a leanas i dtorthaí na seiceálacha bailíochtaithe go dtí seo

- Ní raibh ach céatadán beag de na cásanna a tuairiscíodh mar na cinn is faide a bhí ag feitheamh (ó 17%, síos go dtí 8% sna trí sheiceáil chríochnaithe) ar fáil don tairiscint chóireála príobháidí NTPF-mhaoinithe. Ní raibh cás ar bith ar fáil i seiceáil a ndearnadh anailis pháirteach air in 2009. Léirigh an NTPF gur chéatadán é sin ar líon na n-othar a bhí de shíor ag athrú agus thart ar 3,500 i gceist leo ar an iomlán in 2008.
- Is í an chúis is coitianta nach mbíonn fáil ar dhaoine i gcomhair cóireála NTPF (idir 37% agus 46% de na cásanna) gur theip ar fhoireann riaracháin an ospidéal seiceáil a dhéanamh le hothair nár thug freagra ar theagmháil roimhe sin e.g. tairiscint dáta glactha isteach chuig an ospidéal. I mí na Samhna 2008, bhí beagnach leath den líon cásanna sa chatagóir seo i

¹¹³ Bhí thart ar 8,000 othar ar liosta na n-othar ar fionraí ag mí Aibreáin 2009.

- Baineadh 29% de na cásanna nó breis is 1,000 acu ón PTR gníomhach mar thoradh ar phróiseas bailíochtaithe an NTPF i mí na Samhna 2008. Ar na cúiseanna bhí leis sin, áiríodh gan fáil a bheith ar othair ar chúiseanna míochaine nó sóisialta, ar chóir iad a bhaint agus a chur ar liosta ‘ar fionraí’, chomh maith le hothair a raibh coinní acu cheana le haghaidh cóireála. Baineadh an líon ba mhó de na cásanna in Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn (100) agus Ospidéal Ginearálta Shligigh (70).
- In anailís pháirteach a rinneadh i mí na Bealtaine 2009, taifeadeadh 37% d’othair nó 226 as na 612 cás a ndearnadh anailís orthu go dtí seo mar mhíoiriúnach do chóireáil lasmuigh dá n-ospidéal féin ar chúiseanna cliniciúla – is méadú mór é sin ar thorthaí roimhe seo¹¹⁴.
- In 2008, léirigh próiseas bailíochtaithe an NTPF gur tuairiscíodh gur dhiúltaigh 17% ar an meán, de na hothair ar cláraíodh ar an liosta iad go raibh siad ag feitheamh níos faide ná 12 mí chun glacadh leis an rogha cóireáil a fháil in ospidéal eile faoi scéim an NTPF. Bhain an líon ab airde 124 (nó 44%) de na 282 othar sa chatagóir seo i mí na Samhna 2008 le hOspidéal Ginearálta Leitir Ceanainn.

36.12 Leagtar amach achoimhre ghinearálta ar na trí bhailíochtú tosaigh chomh maith le torthaí páirteacha ó 2009 i Fíor 120. Chuir an NTPF in iúl go n-imrítear tionchar ar na figiúirí seo le méid na samplaí agus na n-ospidéal iarbhair a imscrúdaíodh.

Fíor 120 Torthaí Bhailíochtú an NTPF ar Chásanna ar an PTR

Scóip Bhailíochtaithe	Sam. 2007	Beal 2008	Sam. 2008	Beal 2009 ^a
Ospidéal a Imscrúdaíodh	27	26	33	20
Cineál Cáis a Sampláladh	12 Mí+	12 Mí+	9 Mí+	9 Mí+
Líon na gCásanna a Imscrúdaíodh	2,729	2,711	3,555	612
Torthaí Iniúchóireachta				
Cásanna ar an PTR nach bhfuil oscailte do ghníomh ón NTPF toisc gur theip ar fhoireann riaracháin an ospidéal seiceáil a dhéanamh le hothair agus taifid a choimeád cothrom le dáta	46%	37%	46%	37%
Cásanna atá ar an PTR ach nár chóir dóibh a bheith ann faoi na Treoirlínte agus atá le baint	18%	25%	29%	14%
Cásanna le haghaidh cóireála san ospidéal féin	15%	7%	9%	37%
Cásanna a tuairiscíodh gur diúltaíodh idirghabháil an NTPF	4%	17%	8%	12%
Céatadán nach bhfuil ar fáil le haghaidh idirghabháil an NTPF	83%	86%	92%	100%

Nóta:

- a Is torthaí sealadacha iad seo atá bunaithe ar an anailís a rinne an NTPF ar 612 nó 52% de na 1,177 cás a imscrúdaíodh.

¹¹⁴ Chuir an NTPF in iúl, go bhfuil comhréir níos mó d’fhoriomlán laghdaitheach i gceist le líon statach na gcásanna nár cuireadh cóireáil orthu go bunúsach i ngach catagóir.

Athbhreithniú ar Uimhreacha Iomlána na Liostaí Feithimh agus Cásanna Feithimh níos Faide

36.13 Cuireann an NTPF mionsonraí agus anailís chuimsitheach ar fáil ar liostaí feithimh ospidéal tríd an PTR ar líne, tuarascálacha tréimhsiúla faoin PTR, agus a Thuarascáil Bhliantúil. Déantar na ranguithe ginearálta idir othair mháinliachta agus mhíochaine, agus is iad na príomhthréimhsí feithimh, idir 3-6 mí, 6-12 mí agus os cionn 12 mí. Cuireann Fíor 121 mionsonraí ar fáil faoi líon na n-othar a taifeadadh sna catagóirí seo ag mí na Nollag 2007, mí na Nollag 2008 agus mí Aibreáin 2009.

Fíor 121 Uimhreacha Iomlána na Liostaí Feithimh ag mí na Nollag 2007, mí na Nollag 2008 agus mí Aibreáin 2009

Tréimhse Feithimh	Nollaig 2007 ^a		Nollaig 2008		Aibreán 2009	
	Máinliacht a	Míochaine	Máinliacht a	Míochaine	Máinliacht a	Míochaine
3-6 Mí	7,279	1,597	7,280	1,932	7,080	2,090
6-12 Mí	5,831	1,143	5,007	1,554	4,927	1,380
>12 Mí	4,637	893	1,576	872	1,186	828
Fo-iomlán	17,747	3,633	13,863	4,358	13,193	4,298
Iomlán	21,380		18,221		17,491	

Nóta:

- a Ba í 2008 an chéad bhliain inar sholáthair na 44 ospidéal go léir a mionsonraí liosta féithimh don NTPF. Áirítear ar 2007, gach ospidéal seachas Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, Ospidéal Chontae Lú, Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin agus Ospidéal Ginearálta an Náis.

36.14 Tugann na sonraí i Fíor 121 le fios go bhfuil na huimhreacha i ngach catagóir le linn na trí tréimhse comhsheasmhach go maith, seachas an chatagóir máinliachta >12 mí a bhfuil laghdú thart ar 75% tagtha uirthi. Ba í an chatagóir seo an príomhfhócas a bhí ag gníomhaíocht bailíochtaithe an NTPF ó 2007 i leith.

36.15 Léirigh imscrúdú a rinneadh ar na 1,576 cás a bhí ag feitheamh níos faide ná 12 mí le haghaidh obráide i mí na Nollag 2008 na treochtaí seo a leanas

- Gur leathadh an líon iomlán go cothrom idir cásanna lae agus cásanna a d'éiligh oíche amháin ar a laghad a chaitheamh san ospidéal. Chuir an NTPF in iúl gur thuairiscigh na hospidéal nach raibh tromlach na n-othar cáis lae ar fáil le haghaidh gnímh ón NTPF toisc go raibh athsheiceáil ag teastáil ó fhoireann riaracháin an ospidéal, toisc gur diúltaíodh tairiscint chóireála ón NTPF nó toisc nach raibh na hothair oiriúnach go clínicíúil le tarchur chuig an NTPF.
- Gur leathadh na cásanna aosaigh go sách cothrom ar fud na gcatagóirí aoise mar seo a leanas: 19-40=>396, 41-60=>367, 61-80=>365 and 81+=>92, cé gurbh iad leanaí a bhí i gceist le 356 de na cásanna sin.
- Go raibh roinnt gnáthaimh mháinliachta níos ceannasaí, rud a léiríodh in athbhreithniú ar liostú 1,319 de na 1,576 cás, e.g. eisceadh loit chraicinn (143), timpeallghearradh fireann (97) agus ionscópacht snáthoptaice ar an drólann (93). Ar an iomlán, áfach, bhí leathadh an-ghinearálta de na gnáthaimh riachtanacha, gan ach othar amháin ag feitheamh i gcás gach ceann de 159 gnáthamh éagsúla.

36.16 Léirigh athbhreithniú ar na 13,193 cás ag feitheamh ar ghnáthaimh mháinliachta ar feadh breis is trí mhí i mí Aibreáin 2009 go raibh freastal déanta ar 66% den líon sin in 11 ospidéal, a raibh breis is 500 othar ar an liosta feithimh. Áiríodh orthu sin, roinnt de na hospidéal is mó sa Stát. Cuireann Fíor 122 in iúl cén cinn de na 11 ospidéal sin a bhfuil líon ard cásanna ag feitheamh i gcónaí iontu sna catagóirí 6-12 mí agus níos faide ná 12 mí. Sa chatagóir níos faide ná

12 mí, tá 89% de na leanaí ag feitheamh i gceist le dhá ospidéal agus taifeadtar 49% den liosta céanna do dhaoine fásta i dtrí ospidéal eile.

Fíor 122 Ospidéal a bhfuil breis is 500 Othar ar an PTR iontu ag mí Aibreáin 2009

Ospidéal	Iomlán	>300 for 6-12 Mí	>60 for >12 Mí		
			Gach Cás	Duine Fásta	Leanbh
UH Chorcaí	520	—	—	—	—
Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn	574	—	—	—	—
Mater	1,293	486	130	130	—
Ospidéal Réigiúnach an Iarthair Láir, Tuar an Daill	731	—	138	126	12
Ospidéal Réigiúnach Lár na Tíre, Tulach Mhór	531	—	—	—	—
OLHSC Cromghlinn	841	356	146	—	146
Ospidéal Ginearálta Shligigh	641	354	—	—	—
Ospidéal Shéamais	808	—	—	—	—
AMNCH, Tamhlacht	783	344	130	128	2
Ospidéal Shráid Temple (CUH)	541	—	209	—	209
Gaillimh (UCH)	1,466	501	—	—	—

Conclúidí – Bainistíocht Liosta Feithimh

Fuarthas sa phróiseas bailíochtaithe ar cuireadh tús leis in 2007 go bhfuil fáil ar níos lú ná 10% de na daoine sin a liostaíodh go raibh siad ag feitheamh is faide ar chóireáil roghnach le haghaidh cóireála faoi scéim an NTPF. Dá bharr sin, is deacair a thuiscint conas is féidir leis an NTPF a fheidhmeanna a chomhlíonadh maidir leo siúd atá ag feitheamh is faide ar chóireáil a fháil.

Tugann an nós bailíochtaithe le fios gur tháinig na príomhchatagóirí othar nach raibh in ann glacadh le tairiscint cóireála ón NTPF chun cinn i gcás

- nach ndearna ospidéal seiceáil ar othair ar theip orthu freagra a thabhairt ar theagmháil roimhe sin
- inar cheart na hothair a bhaint go sealadach nó go buan ón liosta.

Oibríonn na laigí riaracháin sin in aghaidh soláthar éifeachtúil cóireála níos tapúla ag an NTPF ach ina theannta sin, caithfidh go laghdaíonn sé an cumas a bhíonn ar ospidéal a n-othar féin a sceidealú le haghaidh cóireála.

Léirítear méadú suntasach ar bhailíochtuithe eile sa toradh ar an gcleachtas bailíochtaithe is déanaí go bhfuil líon méadaithe othar (suas go dtí 37%) á thuairisciú anois ag a n-ospidéal féin go bhfuil siad míoiriúnach do chóireáil áit eile mar thoradh ar chúiseanna cliniciúla.

Chomh maith leis sin, is cúis ionaidh é an taifead atá déanta ar líon na n-othar atá ag feitheamh níos faide ná naoi mí ag a n-ospidéal féin mar a bheith drogallach chun tairiscint chóireála príobháidí a ghlacadh faoin scéim NTPF agus caithfidh gur údar imní don NTPF é.

Tagann ceisteanna chun cinn mar thoradh ar an laghdú 75% ar líon na n-othar atá ag feitheamh ar feadh breis is 12 mí tar éis bailíochtaithe, i leith ionraic na liostaí do thréimhsí níos giorra agus cibé ar chóir don NTPF roinnt spot-tástálacha a dhéanamh sna réimsí sin.

Léirigh athbhreithniú ar na 1,576 othar ag feitheamh ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mí ag deireadh 2008 go raibh leathadh cothrom ar fud na n-aoisghrúpaí agus na gcatagóirí gnáthaimh. D'fhéadfaí a bhreathnú go réasúnta, áfach, go mbaineann fócas ospidéil leis an liosta feitheamh fadtéarmach, agus 89% de na leanaí ar an liosta sin i gceist le dhá ospidéal agus 49% de na daoine fásta ag feitheamh i gceist le trí ospidéal eile. Is cosúil go gcuirfeadh na comhchruinnithe sin deis ar fáil don NTPF chun cur chuige comhpháirtíochta fócasaithe a chruthú a rachadh chun leasa an liosta fhadtéarmaigh.

Tuairimí an NTPF

36.17 Maidir leis an bhfáil a bhíonn ar othair le haghaidh cóireála, luaigh an NTPF go raibh feachtais shonracha dírithe ar thrí ospidéal, chomh maith le treoirlínte náisiúnta liosta feithimh a chur le chéile um bainistíocht liostaí feithimh ospidéil. Bhí na feachtais sin dírithe ar na daoine is faide a bhí ag feitheamh sna hospidéal sin agus bhí laghdú suntasach mar thoradh air ar líon na ndaoine is faide a bhí ag feitheamh i Leitir Ceanainn agus Sligeach.

36.18 Bunaítear torthaí mhí na Bealtaine 2009, maidir le hothair a taifeadadh mar mhíoiriúnach do chóireáil lasmuigh den ospidéal ina bhfuil siad ag feitheamh ar chóireáil, ar chohórt beag othar agus d'fhéadfadh sé nach léiriú ceart é. Níl mórán fianaise ar ghluaiseacht ón liosta sin, áfach. Thug an fhianaise le fios go raibh moill i gceist sna hospidéal maidir le cóireáil a chur ar othair a

ndearnadh iniúchadh orthu roimhe sin sa chohórt sin. Bhí gá leis na hospidéal struchtúir a chur ar bun ar bhonn leanúnach chun na hothair sin a ghlacadh isteach.

36.19 Luaigh an NTPF gur thug a fhigiúirí le fios go raibh líon na ndaoine a bhí ag feitheamh ar feadh tréimhse níos faide a bhí ag diúltú NTPF níos cóngaraí do 10%.

36.20 Luaigh an NTPF nár léirigh an taithí go dtí seo gur bhain na treochtaí agus na saincheisteanna bailíochtaithe leis na daoine a bhí ag feitheamh ar feadh tréimhse níos faide le daoine a bhí ag feitheamh ar feadh tréimsí níos giorra. Bhíothas ag súil gur chóir do chur i bhfeidhm na dtreoirí liosta feithimh na saincheisteanna sin a mhaolú, go háirithe maidir le cúig ospidéal a luaigh nach raibh siad ag cloí leis na treoirí¹¹⁵ faoi láthair.

36.21 Bhí tuiscint mhaith ag an NTPF ar na fadhbanna aonair, go háirithe maidir le líon na n-othar a bhí ag feitheamh níos faide ná dhá mhí dhéag ar obráid. Bhí fadhbanna níos luaithe in 2008, i roinnt ospidéal ar tugadh aghaidh orthu ar bhonn aonair. Socraíodh roinnt comhchur chuige i gcomhar leis an Roinn agus FSS.

Tuairimí na Roinne

36.22 Thug Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte agus Leanaí faoi deara go raibh bailíocht, comparáideacht agus cruinneas na sonraí liosta feithimh faoi réir ceistithe agus deacair le soiléiriú. Luaigh se go raibh sraith sonraí bhríoch forbartha ag an NTPF, a bhí ag obair i gcomhpháirtíocht le hospidéal ghéarmhíochaine, a d'fhéadfaí iad a bhailíochtú de réir na dtreoirí ar comhaontaíodh iad go náisiúnta.

36.23 Mheas sé narbh aon ionadh é go léireodh cleachtais bhailíochtaithe líon mór daoine nach raibh cóireáil ag teastáil uathu nó nach raibh réidh le cóireáil a fháil ag an am sin, go háirithe nuair is iarracht náisiúnta comhaontaithe é ábhar an fhócais áirithe. Bhí an NTPF eolach ar an tsaincheist sin i gcónaí, agus d'oibrigh sé dá réir sin nuair a bhí a ghníomhaíochtaí á bpleanáil aige agus socruithe á ndéanamh aige le haghaidh cóireála d'othair aonair. Níor mheas sé go raibh aon laige ar fheidhmiú éifeachtúil nó éifeachtach an NTPF.

36.24 Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb ábhar é bailíochtú na liostaí feithimh do na hospidéal aonair chomh maith leis an NTPF. Bhí béim leagtha ag an Roinn ar a chinntiú go ndearnadh bailíochtú ar na liostaí, agus nár cuireadh moill ar chóireálacha na n-othar gan aon ghá mar thoradh ar shaincheisteanna riaracháin. Bhí an Roinn ag obair leis an NTPF agus le FSS chun a chinntiú go raibh dlúth-idirchaidreamh ar bun le hospidéal leis an NTPF maidir le tarchur mear na n-othar a raibh cóireáil ag teastáil uathu nár chóir dóibh a bheith ar an PTR. Mheas sé go raibh sé chomh tábhachtach céanna liostaí feitheamh na ndaoine sin a taifeadadh go raibh siad ag feitheamh ar feadh tréimhsí níos giorra a bhailíochtú, agus luaigh sé go n-oibreodh an Roinn leis an NTPF agus FSS ar an tsaincheist sin.

Soláthar Cóireála

36.25 Ceanglaíonn an Roinn ar an NTPF chun a leibhéil ghníomhaíochta a thabhairt chuig an leibhéal is airde agus ag an am céanna ag fanacht laistigh den bhuiséad acmhainne a soláthraíodh. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe i mbainistíocht éifeachtúil an tsoláthair chóireála ag an NTPF

- socrú leibhéal buiséad agus gníomhaíochta

¹¹⁵ Is iad na hospidéal – an Mater, MWR, Tuar an Daill, OLHSC, Cromghlinn, AMNCH, Tamhlacht agus Sráid Temple (CUH).

- aithint na n-othar le cóireáil a chur orthu
- soláthar cóireála, agus
- rialú ar chostas na cóireála.

Leibhéil Bhuiséid agus Ghníomhaíochta

36.26 I dteannta le cóireáil othair a chlúdach, áirítear ar an mbuiséad foriomlán, leithdháiltí do ghníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear soláthar MRIanna agus coinní othair sheachraigh agus forbairt na Scéime *Fair Deal for the Elderly*.

36.27 Cuirtear tograí bliantúla maidir le leibhéil ghníomhaíochta agus riachtanais chaiteachais ar aghaidh le ceadú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Comhaontaítear ar spriocanna mionsonraithe i leith leibhéil um sholáthar cóireála leis an Roinn i gcomhar le ceadú an dáilte mhaoinithe bhliantúil. Mar shampla, tá dáileadh €90.3 milliún ceadaithe le haghaidh 2009, bunaithe ar chóireáil ionchais 18,875 othar cónaitheach, lena n-áirítear miondealú réamh-mheasta idir na catagóirí feithimh 3-6 mhí ar fhad – 30%, 6-12 mí – 40% agus os cionn 12 mí – 30%. D'iarr an Roinn go socrófaí sprioc nach mbeadh aon duine ag feitheamh níos faide ná 12 mí ag deireadh 2009.

36.28 Mar fhreagairt ar iarratas iniúchóireachta ar mhiondealú lion na gcóireálacha a soláthraíodh sna catagóirí liosta feithimh idir 3-6 mhí, 6-12 mí agus os cionn 12 mí, luaigh an NTPF nár bhailigh sé an fhaisnéis de ghnáth toisc gur caitheadh le hospidéal phoiblí ar bhealaí éagsúla ag brath ar an dul chun cinn a gnóthaíodh go dtí seo. Mheas sé go mbeadh pionós á ghearradh ar na hospidéal is fearr a feidhmíodh dá ndéanfaí a mhalairt.

36.29 Chuir an NTPF ar an eolas mé go ndearnadh monatóireacht ar liostaí feithimh ar roinnt leibhéil de réir meánfhad feithimh, de réir gnáthaimh, de réir grúpa máinliachta agus míochaine agus, go suntasach, de réir ospidéal. Ba tháscaire é an ghluaiseacht sna figiúirí sin lena bhféadfaí éifeachtúlacht na gcistí a dáileadh ar an NTPF a thomhas.

36.30 Soláthraíodh mionsonraí líon na n-othar a cuireadh cóireáil orthu in 2008 agus na n-othar a bhí ag feitheamh níos faide ná 12 mí i rith chéad leath 2009. Bhí idir 47% agus 13% i gceist le comhréir mhíosúil tharchuir na ndaoine a bhí ag feitheamh ar feadh tréimhse fhada in 2008, agus meánlíon foriomlán 24% ann i gceist don bhliain. i rith na chéad sé mhí de 2009, bhí os cionn 16% de na tarchuir i gceist leis an ngrúpa os cionn 12 mí.

36.31 Chuir an NTPF mionsonraí ar fáil chomh maith maidir lena Fhrámaí Ama reatha Incháilitheachta Ospidéal a rialaíonn an plé a bhíonn acu leis na hospidéal agus speisialtachtaí éagsúla. Mar shampla, i gcás Ospidéil San Séamas, féadtar othair atá ag feitheamh níos faide ná trí mhí a tharchur chuig an NTPF, agus i gcás Ospidéil Shráid Temple, is é dhá mhí dhéag an teorainn. Luaigh an NTPF gurb í an chúis atá leis an éagsúlacht seo, i gcás Ospidéil San Séamas, nach bhfuil an líon céanna daoine ag feitheamh chomh fada sin ach i gcás Ospidéil Shráid Temple is é a mhalairt atá i gceist.

36.32 Leagtar amach na Frámaí Ama Incháilitheachta Ospidéal don chúig ospidéal a dtagraítear dóibh in alt 36.20 thuas, a bhfuil líon suntasach na ndaoine fásta agus leanaí ag feitheamh níos faide ná 12 mí iontu, i Fíor 123.

Fíor 123 Frámaí Ama Incháilitheachta Ospidéil Roghnaithe

Ospidéal	Daoine Fásta >12 Mths	Leanaí >12Mths	Fráma Ama Incháilitheacha
Mater	130	—	6 Mhí
MWR, Tuar an Daill	138	—	12 Mí
OLHSC, Cromghlinn	—	146	6 Mhí
AMNCH, Tamhlacht	128	2	8 Mí/3 Mhí
Sráid Temple (CUH)	—	209	12 Mí

Aithint na nOthar le Cóireáil a chur orthu

36.33 Is éard atá sa liosta oibre cóireála bliantúil othair a tharchuirtear chuig an NTPF, ag ospidéal othair nó go díreach ag othar nó a ionadaithe/a hionadaithe. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an NTPF tairiscintí cóireála gan iarraidh a dhéanamh d'othair bunaithe ar an PTR.

36.34 Is iad tarchuir déanta ag ospidéal foinse os cionn 90% de chóireálacha an NTPF a sholáthraítear gach bliain. Tar éis don NTPF idirbheartaíocht a dhéanamh le hoispidéal ar bhonn an PTR ghníomhaigh, déanann gach ospidéal tiomantas do chuóta tarchur othair chomh maith le sceideal ráithiúil agus míosúil gnáthamh atá le tarchur. Cuireann an sreabhadh cothrom seo ar chumas an NTPF chun pleanáil a dhéanamh do sholáthar cóireálacha ar bhonn rialta agus inbhuanaithe ó thaobh airgid de. Déanann an NTPF tosaíocht do tharchur na n-othar ar an PTR is faide atá ag feitheamh, laistigh den idirbheartaíocht sin aitheantais othair. Tugann an NTPF faoi deara, áfach, nach bhfuil foráil reachtúil ar bith chun tacú leis sin.

36.35 Chomh maith le tarchuir ospidéil a lorg, déanann an NTPF láimhseáil chomh maith ar tharchuir dhíreacha ó othair nó a n-ionadaí e.g. baill teaghlaigh nó Dochtúir Ginearálta. A luaith a chinntítear go bhfuil an t-othar ar an PTR gníomhach, cuirtear an t-othar san áireamh sa phróiseas soláthair chóireála in éineacht leis na tarchuir ospidéil. Fuair an NTPF os cionn 26,000 de na teagmhálacha tarchuir sin i rith 2008, agus bhí 6,281 i dteideal cóireáil ón NTPF a fháil. Luaigh an NTPF gur cuireadh cóireáil ar beagnach gach duine de na 6,281 othar sin. Rinneadh soláthar don tionchar a bhain le cásanna ar tarcuireadh go díreach iad¹¹⁶ i bpléití le hospidéal phoiblí cé go bhfuil éagsúlachtaí i gceist le scála an mhéid a theastaíonn ag brath ar an ospidéal.

Soláthar Cóireála

36.36 Déanann an NTPF comhaontuithe comhaontuithe leibhéil seirbhíse a idirbheartú gach bliain le hospidéal phríobháideacha le haghaidh soláthar cóireálacha éagsúla agus cuirtear comhaontuithe ar bun le hospidéal phoiblí¹¹⁷ ar feadh timthrialla níos faide de ghnáth. Déanann na comhaontuithe soláthar do ráta uileghabhálach muirir do gach cineál gnáthaimh, mionsonraí comhairleacha rannpháirtíocha agus téarmaí agus coinníollacha eile. Déantar praghasanna ar gach gnáthaimh a idirbheartú go haonair le gach ospidéal, agus bunaítear iad ar ghnáthmháinliacht¹¹⁸

¹¹⁶ Tá forlú i gceist, gan amhras, idir na figiúirí do tharchuir ospidéil agus tarchuir othar-thiomanta dhíreacha toisc go d'fhéadfadh gurbh é an NTPF a shocraigh an chóireáil tar éis pléití le hospidéal an othair, nó ar leithligh in ospidéal eile.

¹¹⁷ Faoi ordú na Roinne, ní fhéadfaidh an NTPF níos mó ná 10% dá chaiteachas cóireála a thabht ar ospidéil phoiblí. Beartaítear leis an gceanglas seo a chinntiú gurb iad cóireálacha amháin nach féidir nó nár chóir don earnáil phoiblí a chur ar fáil (e.g. sainmháinliacht phéidiatraiceach) a mhaoineítear ag an NTPF in ospidéal a mhaoinítear go poiblí. Tá sé beartaithe cúinsí a sheachaint ina gcuirfeadh an NTPF maoiniú dubailte ar fáil do ghnáthaimh in ospidéal phoiblí a sholáthrófaí seachas sin faoina mbuiséad reatha féin.

¹¹⁸ Ar na cineálacha cóireálacha a mhaoiníonn an NTPF, áirítear máinliacht chasta, cosúil le hobair agus ailt chairdiacha, agus áirítear ar na rátaí caighdeánacha a comhaontaíodh le hospidéal an gnáthmheascán cásanna ina mbeidh roinnt acu simplí go maith agus go mbeidh aimhréidh ionchais i gceist le roinnt eile.

lena mbaineann tréimhse shainithe chóiríochta ospidéil nuair a bhíonn gá. I gcásanna ina sínítear fad an fhanachta, bíonn soláthar ann do chineál éigin comhroinnte riosca. D'fhéadfadh éagsúlacht mhór a bheith i gceist leis an gcostas iarbhir lena mbaineann othair aonair, ag brath ar stair mhíochaine agus freagairt duine aonair ar an obráid. Déantar praghsanna ar chóireálacha nua nó cóireálacha ag teacht chun cinn a idirbheartú idir conarthaí, ar bhonn cáis de réir cáis.

36.37 Dáiltear othair a tarchuireadh le haghaidh cóireála, agus atá ceadaithe ag an NTPF, ar ospidéil chliant agus breathnuithe cosúil le áit chónaithe an othair, acmhainn an ospidéil, praghas gnáthaimh agus méid castachta míochaine á nglacadh san áireamh. Faightear sonraisc le híoc, chomh maith leis an doiciméadú tacaíochta gach mí ó ospidéil chliant tar éis chríochnú na cóireála.

Rialú Costais

36.38 Éilíonn timpeallacht tráchtála na hidirbheartaíochta agus iomaíochta praghais go n-úsáidfear cur chuige íogair maidir le sonraí costais ón NTPF a fhoilsiú, ach bhí mionsonraí iomlána na n-idirbheart go léir ar fáil le hathbhreithniú iniúchóireachta. Tugadh faoi dhá chleachtas ar leithligh agus é mar chuspóir acu feidhmíocht an NTPF a thomhas i leith socrú leibhéal praghais agus, ina dhiaidh sin, i leith íocaíochtaí de réir an luacha ar conradh a choimeád.

36.39 Bhunaigh athbhreithniú a rinneadh ar na conarthaí a comhaontaíodh in 2008 le hospidéil phríobháideacha agus phoiblí an meánphraghas le haghaidh seacht ngnáthamh choitianta. Léiríodh na meánphraghsanna mar chéatadán den phraghas tagarmharcála a d'eascair¹¹⁹ ó innéacs costais chaighdeánaigh *Casemix* na n-ospidéal náisiúnta. Léiríonn na torthaí a leagtar amach i Fíor 124 na nithe seo a leanas

- Tá an meánphraghas ar conradh d'ospidéil phríobháideacha níos ísle ná an figiúr *Casemix* coigeartaithe i gcúig cinn de na seacht ngnáthamh
- Tá an meánphraghas ar conradh d'ospidéil phríobháideacha 5% faoi bhun *Casemix* i measc na seacht ngnáthamh go léir
- Tá an praghas ar conradh d'ospidéil phoiblí 23% ar a laghad faoi bhun an *Casemix* coigeartaithe, agus ar an meán tá siad 31% faoina bhun. Chuir an Roinn in iúl nach bhfuil gné luacha saothair don chomhairleach cóireála mar chuid de na praghsanna íoctha ag an NTPF le haghaidh oibre in ospidéal poiblí, toisc go bhfuil tuarastal poiblí á fháil ag na pearsanra sin.

Is í an tuiscint atá idir an NTPF agus ospidéil phoiblí nach dtagraítear cásanna lena mbaineann aimhréidh nó mínormáltacht mhíchúí faoin scéim.

¹¹⁹ Comhaontaíodh leis an NTPF gur chóir figiúirí *Casemix* 2007 (is déanaí ar fáil) a mhéadú faoi 5% le bheith ullamh do mhéadú ionchais ar *Casemix* in 2008 mar thoradh ar chostais bhreise. Cuireadh méid eile leis chun teacht leis na costais choinní réamhobráide agus iarobráide nach n-áirítear faoi *Casemix* ach a áirítear sna praghsanna NTPF 'uileghabhálach'.

Casemix

Is innéacs ríofa ilchuspóireach é *Casemix* a aithnítear go hidirnáisiúnta bunaithe ar rangú galar agus gnáthamh chomh maith le sonraí cuntasáíochta airgeadais agus úsáidtear é chun costas coibhneasta mheascán cásanna an ospidéil a léiriú i gcomparáid le meascán náisiúnta cásanna. Úsáideann FSS é mar bhonn le haghaidh cuid den mhaoiniú ioncaim a sholáthraítear d'ospidéil phoiblí aonair.

Ní ghlacann *Casemix* fachtóirí san áireamh, cosúil le toradh ar infheistíocht nó costas an chaipitil, ar gnéithe suntasacha iad de chostais ospidéil príobháidigh. Ar an láimh eile, áirítear gné oiliúna air nach gá a bheith san áireamh san earnáil ospidéil phríobháidigh.

Fíor 124 Meánphraghsanna ar Conradh^a an NTPF maidir leis an *Casemix* Coigeartaithe

Gnáthamh	Ospidéal Príobháideach	Ospidéal Poiblí
	Praghas Conartha	Praghas Conartha
	%	%
Athchur Glúine	109	77
Athchur Cromáin	89	75
Eastóscadh Catarachta	93	71
Céinslíneachtóime	94	74
Fiarshúil Aontaobhach	118	75
Seach-chonair Artaire Chorónaigh	85	55
Deisiú Heirne	76	58

Nóta:

- a Léirítear faisnéis mar chéatadán den *Casemix* coigeartaithe mar thoradh ar fógaireachtaí tráchtála maidir le praghsanna absalóideacha.

36.40 Don dara tástáil, roghnaíodh íocaíocht sonraisc aonair shonraigh do gach ceann de na gnáthaimh choitianta, ar roinneadh ceithre shonrasc do gach gnáthamh idir ospidéil phríobháideacha agus poiblí. Léiríodh na costais sonraisc mar chéatadán den phraghas conartha comhaontaithe. Bhí trí chás ardaithe shuntasaigh ar chuir an NTPF na mínithe mionsonraithe ar seo a leanas fáil dóibh

Gnáthamh**Cúis an Ardaithe Phraghais**

Ionchur Glúine	Riachtanas chun oíche breise a chaitheamh san ospidéal
Eastóscadh Catarachta	Riachtanas chun oíche a chaitheamh san ospidéal
Eastóscadh Catarachta	Lionsa Bréige suiteáilte

36.41 I gcás amháin, bhí an tsuim a íocadh níos ísle ná an praghas conartha mar ghnáthamh inar caitheadh le conradh fanacht thar oíche mar chás lae. Leagtar amach na torthaí foriomlána ar an dara tástáil i bhFíor 125.

Fíor 125 Pragas Sonraisc mar Chéatadán den Phraghas Conartha d'Ospidéal Phoiblí agus Phríobháideacha

Gnáthamh	Ospidéal Phríobháideacha		Ospidéal Phoiblí	
	Sonrasc R2	Sonrasc R4	Sonrasc R2	Sonrasc R4
	%	%	%	%
Athchur Glúine	108	100	100	100
Athchur Cromáin	100	100	100	100
Eastóscadh Catarachta	112	113	100	100
Céinslíneachtóime	94	100	100	102
Fiarshúil Aontaobhach	100	100	100	100
Seach-chonair Artaire Chorónaigh	100	101	100	— ^a
Deisiú Heirme	100	100	— ^b	102

Nótaí:

a Roghnaíodh sonrasc ón dara agus ón gceathrú ráithe de 2008.

b Ní raibh aon íocaíocht sa Ráithe.

Conclúidí – Bainistíocht an tSoláthair Chóireála

Chosain an chuid is mó gnáthamh a ceannaíodh ó ospidéal príobháideacha níos lú ná an costas tagarmharcála *casemix* coigeartaithe.

Cuirtear dhá ghnáthamh – athchur glúine agus fiarshúil aontaobhach, ar chosain 109% agus 118% den tagarmharcáil faoi seach – lasmuigh den phatrún sin, agus ní léir go bhfuil imeacht chomhchosúil i gcás praghsanna bainteacha ospidéal phoiblí. Bhí trí ardú costais ‘iarchonartha’ sa sampla beag a cuireadh faoi imscrúdú mionsonraithe. Tháinig siad sin chun cinn as éilimh ar obair bhreise nó riachtanas ar oíche bhreise a chaitheamh san ospidéal.

I bhfianaise go mbíonn na cásanna réamhroghnaithe ag an gcóras tarchuir sách simplí, agus méid agus luach ghnó an NTPF á dtabhairt san áireamh, d’fhéadfaí breathnú a dhéanamh go nglacfadh na hospidéal príobháideacha scair níos mó riosca.

Tá costas na cóireála a ceannaíodh ó ospidéal príobháideacha thart ar 25% níos ísle ná an costas ospidéal phríobháidigh. Níl praghsanna ospidéal phoiblí inbhuanaithe go tráchtála, áfach, nach bhfuil ach thart ar 70% den chostas *Casemix* coigeartaithe i gceist leo agus gan táillí comhairligh san áireamh iontu.

Tuairimí an NTPF

36.42 Luaigh an NTPF go ndearnadh idirbheartaíocht ar phraghsanna roimh an gcóireáil agus áirítear orthu costais ar eachtra iomlán an chúraim (áirítear gnáthchoinní roimh an obráid agus ina diaidh, táillí gairimiúla míochaine agus cóiríocht ospidéal i bpraghsanna an NTPF). Cé gur soláthraíodh an chóireáil saor in aisce d’othair phoiblí incháilitheacha, rinne tosaíocht do luach ar airgead a ghnóthú d’airgead an cháiniócóra. Bhí na praghsanna a chuir ospidéal ar fáil faoi réir roinnt tástálacha chun a chinntiú gur gnóthaíodh an luach ar airgead sin. Áiríodh ar na tástálacha sin comparáid a dhéanamh idir praghsanna a tairgeadh i gcoinne

- Faisnéis chostais do chóireálacha comhchosúla in ospidéal phoiblí.
- Praghsanna a tairgeadh don NTPF ar chóireálacha comhchosúla in ospidéal phiara.

- Meastachán an NTPF ar phraghas réasúnta bunaithe ar chomhchodanna na cóireála áirithe (e.g. táillí dóchúla gairmiúla míochaine, costais obrádlainne, cibé an dócha go mbeidh costais phróistéise, drugaí, etc. i gceist). Tá bonn eolais cruthaithe ag an NTPF ar gnáthphatrúin na gcostas cóireála seo a chabhraíonn leis an gcomparáid sin a dhéanamh.
- I gcás ina mbíonn fáil orthu go poiblí, na praghsanna íoctha ag árachóirí míochaine príobháideacha as gnéithe na táille gairmiúla agus na cóiríochta ospidéal den chúram ospidéal.
- Sonraí idirnáisiúnta ar phraghsanna cóireála i gcás ina mbíonn siad ábhartha.

36.43 Le blianta beaga anuas, sholáthair acmhainn bhreise in earnáil sláinte phríobháideach na hÉireann deiseanna luacha breise don NTPF agus baineadh leas astu sin. Bhí idirbheartaíocht déanta ag an NTPF in 2009 chun na praghsanna gnáthaimh a thabhairt síos. Ar na samplaí a bhí orthu sin, áiríodh cás na gcromán, na nglúin agus na gcatarachtaí ina bhfuil laghdu idir 5% agus 15% tagtha ar na praghsanna. Ina theannta sin, bhí na praghsanna íoctha ag an NTPF iomaíoch i gcomparáid leis na costais foilsithe ospidéal phoiblí.

Conclúidí Foriomlána

Riarachán an NTPF

Tugann an t-imscrúdú le fios, i gcomparáid leis an tagarmharcáil *casemix*, chosain gnáthaimh a cheannaigh an NTPF ó ospidéal phríobháideacha níos lú go ginearálta ná na cinn sin a rinneadh sa chóras ospidéal a mhaoinear go poiblí. Socraítear costas tosaigh na ngnáthamh sin de réir gá ar bhonn máinliachta gan aon aimhréidh. Go ginearálta, tugann na samplaí a imscrúdáíodh le fios nach bhfuil arduithe costais teoranta do chásanna amháin a bhfuil cúram breise de dhíth orthu.

Tá níos lú ná 10% de na daoine sin a bhí ar liosta roimhe seo ar fáil anois le haghaidh cóireála faoi scéim an NTPF mar thoradh ar bhaint chuimsitheach na n-othar is faide a bhí ag feitheamh ó liostaí feithimh ospidéal a rinneadh de bharr athbhreithnithe bailíochtaithe ar thug foireann an NTPF fúthu ar an láithreán. Cruthaíonn sé sin deacracht áirithe don NTPF maidir le haghaidh a thabhairt ar a phríomhghrúpa sprice.

D'fhéadfadh go mbeadh gá le hathbhreithniú níos doimhne a dhéanamh ar shampla cásanna a baineadh ón PTR tar éis bhailíochtú NTPF d'fhonn na gnéithe seo a chinntiú

- na fachtóirí atá mar chúis leis na cásanna sin a bhaint, agus
- cén fáth a tháinig moill orthu a bhaint ón glár sa chéad dul síos.

D'fhéadfadh an cineál sin anailíse deiseanna a oscailt le haghaidh bainistíocht liosta feithimh a bheadh níos réamhghníomhaí.

Tá clárú déanta ar an méid a chuireann an NTPF le glanadh an PTR go bunúsach de bhun comhaontuithe le hospidéal. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach imscrúdú a dhéanamh ar na nithe se a leanas, áfach, toisc gur eascair 30% dá chásanna as tarchuir othair-thiomnta dhíreacha

- foinse an éilimh ar a sheirbhísí, agus
- an méid a spriocdhíríonn a ghníomhaíocht, sna coinníollacha reatha, ar na hothair is faide atá ag feitheamh.

Impleachtaí Córais níos Leithne

Ó thaobh dearcadh níos ginearálta de, is léir nach bhfuil ach comhréir bheag den tréchur foriomlán cóireálacha roghnacha ospidéal a mhaoinear go poiblí gach bliain i gceist le méid na ngnáthamh ceannaithe ag an NTPF ó ospidéal phríobháideacha – thart ar 3% de líon iomlán na gcóireálacha roghnacha nó thart ar ocht lá oibre ar an gcóras foriomlán. I bhfianaise na saincheisteanna a ardaíodh maidir le bainistíocht agus glanadh an liosta feithimh le linn an imscrúdaithe seo, b'fhiú iniúchadh a dhéanamh ar

- cibé an d'fhéadfaí úsáid a bhaint as méadú, nó cé mhéad a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as méadú ar acmhainn ospidéal phoiblí nó fáil réidh le haon acmhainn le sparáil atá ann cheana (mar thoradh ar chomhaontu a rinneadh le déanaí ar thiomantas ceithre huairé bhreise ó chomhairleacha faoin Conradh na Comhairleach 2008) chun an liosta feithimh a laghdú nó fáil réidh leis
- cibé ar féidir noirm thréchur a shocrú do ghnáthaimh shonracha do gach ospidéal a mhaoinear go poiblí ionas gur féidir éileamh a bhainistiú go héifeachtach
- cibé an d'fhéadfaí go mbeadh gá le bróicéireacht a dhéanamh ar mhalartuithe idir na hospidéal phoiblí chun glanadh liosta feitheamh níos costaséifeachtaí a ghnóthú agus
- conas a d'fhéadfaí dreasú a dhéanamh d'ospidéal chun faisnéis liosta feithimh níos cruinne a choimeád.

Caibidil 37 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Bainistiú Ioncam Othar Príobháideach

Bainistiú Ioncam Othar Príobháideach

37.1 Faoi shocruithe atá ann le fada an lá cuireann ospidéal phoiblí na hÉireann cóir leighis ar fáil do líon áirithe othar príobháideach. Mar thoradh air sin, bíonn muirir iníoctha ag na hothair sin chuig na hospidéal as a gcóiríocht agus chuig na comhairligh maidir lena dtáillí. Tá níos mó ná 50% den daonra clúdaithe ag árachas sláinte príobháideach. Dá bharr sin, faigheann na hospidéal an-chuid den ioncam ó othair phríobháideacha ar ais ó árachóirí sláinte príobháideacha.

Beartas um Chóir Leighis

Cé go gcuireann ospidéal phoiblí na hÉireann cóir leighis ar othair phríobháideacha, is é príomhchuspóir chóras na n-ospidéal poiblí ná seirbhísí a chur ar fáil d'othair phoiblí. Tá láncháilitheacht ag gach duine a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn ar sheirbhísí ospidéal. Má bhíonn árachas sláinte príobháideach ag duine ní chuireann sin isteach ar a c(h)áilitheacht le haghaidh seirbhísí mar othar poiblí. Tá sé mar chuid de pholasaí an Rialtais a chinntiú go mbíonn comhrochtain ag othair phoiblí, go ndéantar rialú cuí ar chion na gníomhaíochta príobháidí agus, chomh fada agus is féidir, go mbíonn acmhainní breise ar mhaithe le hothair phoiblí ar an gcéad dul síos.

37.2 D'fhoill leibhéal na gníomhaíochta príobháidí a rialú in ospidéal phoiblí, ag féachaint do comhrochtain a chinntiú d'othair phoiblí, tugadh isteach córas ainmniúcháin maidir le leapacha trí rialachán i 1991¹²⁰. Faoi gcóras seo, ainmníodh gach leaba mar leaba phríobháideach nó phoiblí nó fógraíodh iad gan a bheith ainmnithe¹²¹. Go ginearálta, bhí sé beartaithe ag na Rialacháin a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go gcuirfí othair phríobháideacha i leapacha príobháideacha agus sin amháin. De bharr sin tharla sé nach n-áirigh árachóirí príobháideacha ach amháin leapacha ainmnithe mar leapacha príobháideacha agus costas cothabhála othar in ospidéal a aisíoc. De bharr an phróisis ainmniúcháin, bhí thart ar 20% de leapacha ainmnithe mar leapacha príobháideacha ach le leibhéal éagsúla maidir le hainmniúchán leapacha príobháideacha in ospidéal aonair.

Rialú Poiblí : Gníomhaíocht Phríobháideach

Forálann Rialacháin na Seirbhísí Sláinte (Othair Chónaithe), 1991 gur chóir aon othar príobháideach atá á thabhairt isteach mar othar cónaithe in ospidéal mar iontráil roghnach (i.e. neamh-éigeandáil) a chur i leaba ainmnithe poiblí. Os a choinne sin, níor chóir othar poiblí atá á thabhairt isteach i gcúinsí den chineál sin a chur i leaba ainmnithe phríobháideach. Ní bhaineann an riail seo i gcás iontráil éigeandála.

¹²⁰ I.R. Uimh. 135/1991 – Rialacháin na Seirbhísí Sláinte (Othair Chónaithe), 1991.

¹²¹ Déanann leapacha nach bhfuil ainmnithe tagairt do chúram criticiúil (e.g. Aonaid Dianchúraim, Aonaid Chúraim Choronacha).

Béim an Iniúchta

Bhí sé i gceist ag an iniúchadh scrúdú a dhéanamh ar

- an méid a chuirtear cóir leighis ar othair phríobháideacha in ospidéal phoiblí agus cibé an raibh gach othar príobháideach á muirearú ag ospidéal le haghaidh cóiríochta i gcúinsí a raibh caidreamh cóir leighis príobháideach acu lena gcomhairleach.
- cibé an raibh an costas eacnamaíochta iomlán á ghearradh ar othair phríobháideacha
- cibé an mbeidh tionchar ag Conradh Comhairligh 2008 ar ghnóthú muirir chóiríochta ag ospidéal i leith othar príobháideach
- tráthúlacht na haisghabhála fiachais ag ospidéal sa chóras sláinte poiblí.

Méid Cóir Leighis i gcás Othar Príobháideach

37.3 Le linn an iniúchta, rinneadh scrúdú ar shonraí a bhain le húsáid leapacha príobháideacha agus poiblí maidir le hothair chónaithe i 24 ospidéal le haghaidh 2008. Leagtar na torthaí amach i Fíor 126.

Fíor 126 Comparáid idir Catagóirí Othar Cónaithe agus Cóiríocht a Sholáthraítear^a

	Othair Phoiblí	Othair Príobháideacha	Iomlán
Rangú Othar	1,315,441	408,267	1,723,708
Cóiríocht Othar			
Leapacha Poiblí	1,149,740	183,848	1,333,588
Leapacha Príobháideacha	83,541	203,064	286,605
Leapacha Nach Bhfuil Ainmnithe	82,160	21,355	103,515

Nóta:

a Léirítear na figiúirí go léir a luaitear i laethanta leapacha.

37.4 Ní raibh 45% de thréachur othar cónaithe príobháideach faoi réir muirear cothabhála de bharr gur cuireadh an t-othar i leaba ainmnithe phoiblí agus níor gearradh 5% breise de bharr gur cuireadh an t-othar i leaba nach raibh ainmnithe agus mar thoradh air sin ní raibh muirear cothabhála i gceist ach i gcás 50% de thréachur na n-othar príobháideach.

37.5 Ar an lámh eile, úsáideadh cóiríocht a bhí ainmnithe le haghaidh othar príobháideach suas go 83,541 lá leapacha chun freastal ar othair phoiblí. Sna cásanna seo, ó thaobh na bainistíochta airgeadais de, is í an éifeacht fhoriomlán atá ann ná gur lig córas an ospidéil uaidh an t-ioncam a d'fhéadfadh a bheith ann ó othair phríobháideacha in éiric úsáid na n-acmhainní seo chun seirbhísí a chur ar fáil d'othair phoiblí.

37.6 Léiríonn laethanta leapacha sna 24 ospidéal a rinneadh scrúdú orthu thart ar 46% d'iomlán na laethanta leapacha maidir le hothair chónaithe sa chóras ospidéal poiblí. Cé nach mbaineann na sonraí ach amháin leis na hospidéal sin a raibh a gcórais faisnéise in ann an anailís riachtanach a tháirgeadh, léiríonn sé, de réir dealraimh, an tréachur laistigh den chóras, ar bhealach réasúnta.

37.7 In 2008, b'othair phríobháideacha 124,000 (20%) de chásanna lae. Chomh maith le hothair chónaithe, níl na hospidéal i dteideal muirear cothabhála ach amháin má tá an t-othar lae i leaba

ainmnithe phríobháideach. Ní raibh aon anailís ar úsáid leapacha poiblí : príobháideacha ar fáil i leith cásanna lae, agus mar sin ní féidir a chinntiú céatadán na gcásanna nuair nach bhfuair ospidéal táille.

Conclúidí – Muirearú le haghaidh Othar Príobháideach

Ní mhuirearaítear 50% d'othair chónaithe a gcuirtear cóir leighis orthu sna 24 ospidéal a rinneadh athbhreithniú orthu dá chuid chothabhála.

Gnóthú Costas ag Ospidéal

37.8 Cinntíonn an tAire Sláinte agus Leanaí muirir chothabhála a ghearrann HSE i leith othar a chuireann cóir leighis orthu i leapacha ainmnithe príobháideacha. Déantar na rátaí a athbhreithniú, de ghnáth, in aghaidh na bliana agus le blianta beaga anuas, bhí na méaduithe céatadán i bhfad níos mó ná an ráta boilscithe. Leagtar amach rátaí 2008 i Fíor 127 thíos.

Fíor 127 Muirir le haghaidh Cothabháil Phríobháideach

Ospidéal	Catagóir Chothabhála	Réigiúnach ^a	Contae ^b	Dúiche
		2008 €	2008 €	2008 €
Príobháideach	A	758	506	217
Leathphríobháideach	B	594	407	185
Cúram Lae	C	546	362	161

Nótaí:

a Ospidéal Réigiúnacha de chuid HSE, Ospidéal Mhúinteoireachta Chomhbhoird agus Dheonacha.

b Ospidéal Chontae de chuid HSE agus Ospidéal Neamh-mhúinteoireachta Dheonacha.

37.9 Ní chlúdaíonn na rátaí costas eacnamaíoch iomlán atá ag an ospidéal poiblí ach tá méaduithe le blianta beaga anuas tar éis an bhearna a laghdú. Tá HSE tar éis an meánchostas laethúil le haghaidh 2009 a ríomh do cothabháil chatagóir A ar €1,018 le haghaidh cásanna othar cónaithe agus €733 do chásanna lae agus catagóir B ar €913 le haghaidh cásanna othar cónaithe agus €885 le haghaidh cásanna lae ¹²². Ní raibh aon chostáil ar fáil le haghaidh Chatagóir C ó Iúil 2009.

37.10 Ní raibh an scrúdú ag iarraidh na costálacha seo a fhíorú mar obair leanúnach mar chuid de staidéar mhionsonraithe chostas eacnamaíochta na cóiríochta príobháidí agus leathphríobháidí in ospidéal phoiblí faoi Ghrúpa Stiúrtha a raibh cathaoirleach neamhspleách air agus bunaithe ag an Roinn.

¹²²

Is iad na príomhthoimhdí a rinneadh chun na costais réamh-mheasta seo a ríomh le haghaidh 2009 ná – úsáidtear costais choigeartaithe bhoilscithe 2009 chun méanchostas lá leapa a ríomh. Seo í an bhliain iomlán is déanaí ina bhfuil na sonraí ar fáil. Níl aon chaipiteal nó costais dímhéasa i mbunríomh 2007. Toimhdítear cost caipitil 5% agus áirítear é i gcostas réamh-mheasta 2009.

Conclúidí – Gnóthú Costas

Níl costas eacnamaíochta iomlán na cothabhála á ghearradh. Mar sin féin, bhí méadú le blianta beaga anuas i gcion an chostais ghnóthaithe agus rinneadh táillí a mhéadú go suntasach in 2009. Chuir an Roinn grúpa le chéile chun teacht ar an mbealach is cuí chun an costas eacnamaíochta a bhaineann le soláthar seirbhísí a ghearradh ar othair phríobháideacha in ospidéal phoiblí.

Gnéithe a mbíonn tionchar acu ar Mhuirearú

37.11 Ní éilíonn córas na n-ospidéal poiblí muirir chóiríochta ach ar othair a bhíonn i leapacha ainmnithe príobháideacha. I gcás ina mbíonn othar i leaba poiblí, d’ainneoin seirbhísí comhairlithe príobháideacha a roghnú, ní féidir leis an ospidéal costas a ghearradh don chóiríocht sin. Mar a léirítear i bhFigure 1, tugtar cóiríocht do chion na n-othar poiblí i leapacha ainmnithe príobháideacha.

Tuairimí Oifigeach Chuntasaíochta HSE

37.12 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil cumas na seirbhíse sláinte chun costas cothabhála a mhuirearú ar othair phríobháideacha á srianadh ag gnéithe a imlínítear thuas agus déanann ospidéal bainistiú ar na srianta sin ar an mbealach seo a leanas

- I gcás ina gcuirtear othar i leaba poiblí ach ina mbíonn sé príobháideach i gcás an chomhairligh, ní féidir le hospidéal sna cúinsí seo muirir chóiríochta a éileamh ach amháin don am a bhíonn an t-othar príobháideach sa leaba ainmnithe príobháideach. Mar sin féin, déantar gach iarracht a chinntiú sa chás ina roghnaíonn othar bheith príobháideach, leithdháiltear cóiríocht phríobháideach dóibh ag an deis is túisce.
- Is í an ghné is tábhachtaí agus cóir leighis á cur ar aon othar ná an cúram cliniciúil cuí agus, i roinnt cásanna, cibé ainmniúchán atá ag an othar, éilíonn an cúram cliniciúil cuí go mbíonn an t-othar scoite amach i seomra aonair, i gcás othair rialaithe ionfhabhtaithe ach go háirithe. Is gné thábhachtach í go mbíonn seomraí aonair ar fáil mar shaoráidí aonraithe chun dul i ngleic leis an mbagairt a bhíonn ann le hIonfhabhtuithe Faighte Cúram Sláinte (HCAI) do shábháilteacht othar, lena n-áirítear MRSA, i suímh ospidéal géar. Dá bhrí sin, úsáidtear seomraí príobháideacha d’othair phoiblí i gcion cásanna. Chun na críche sin, d’ordaigh an tAire Sláinte agus Leanaí gur chóir leapacha ainmnithe príobháideacha a úsáid áit a mbíonn saoráidí aonraithe ag teastáil ó othair a tholgann HCAI. I gcleachtadh, ní úsáidfí leaba ainmnithe phríobháideach ach amháin áit a mbíonn saoráid aonraithe ag teastáil ó othar a bhfuil HCAI orthu agus nuair nach mbíonn saoráid aonraithe eile ar fáil.
- I roinnt cásanna cúraim – sampla ar leith a bheadh ann ná i gcás a roghnaíonn othar a thugtar isteach in Aonad Cúram Corónach (leaba nach bhfuil ainmnithe) leas a bhaint as seirbhísí lia comhairleach príobháideach agus éascaíonn an t-ospidéal an socrú seo de réir mhianta an othair - ní bheadh an t-ospidéal in ann muirir chóiríochta phríobháideacha a éileamh sa chás seo. Is é an bunús beartais le haghaidh leapacha ainmnithe ná nár chóir cóiríocht do dhaoine atá an-bhreoite nó i gcás ina mbíonn speisialtacht náisiúnta i gceist a dhifreáil. Rinneadh é sin lena chinntiú gurb iad gnéithe cliniciúla amháin a chinntíonn cad iad na hothair a fhaigheann cóiríocht sna saoráidí sin.

37.13 Maidir leis na cinní bainistíochta ar an talamh chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go ndéanann foireann speisialaithe bainistíocht leapacha sna hospidéal mhóra, agus déanann bainistíocht altranaís an t-iar am. Cuireann próisis bhainistíochta leapacha san áireamh gur féidir le hothair phríobháideacha dul i leapacha poiblí ach amháin i gcúinsí srianta dá bhforáiltear sna Rialacháin.

37.14 Maidir leis an bpointe gur ag rátaí iontrála reatha, nach mbeadh an córas ainmniúcháin leapacha in ann a chinntiú go ngearrann an t-ospidéal a chuireann cóir leighis orthu muirear cothabhála, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl go bhfuil ainmniúchán leapacha príobháideacha in ospidéal phoiblí mar chuid de bheartas an Rialtais agus go raibh sé bunaithe ar chuspóir an Rialtais chun comhrochtain a chinntiú d’othair phoiblí.

37.15 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh na céadta leapacha curtha ar fáil in ospidéal phoiblí ó rinneadh an t-athbhreithniú deiridh ar ainmniúchán na leapacha sna 1990idí, ach níl siad ainmnithe go foirmiúil mar leapacha poiblí nó príobháideacha. Tá an-chuid de na leapacha seo i seomraí príobháideacha nó leathphríobháideacha, agus d’fhéadfadh siad a bheith oiriúnach, dá bhrí sin, chun leapacha príobháideacha a ainmniú. Mar sin féin, os rud é nach bhfuil siad ainmnithe, ní ghlacann árachóirí sláinte príobháideacha le muirir chothabhála maidir leis na hothair phríobháideacha atá iontu. Cé nach bhfuil aon táille cothabhála is innhuirear le haghaidh othar a bhfuil árachas acu nach bhfuil cóiríocht acu i gceann de na seomraí nó leapacha ainmnithe, is féidir le comhairligh a chuireann cóir leighis ar na hothair sin táillí a éileamh.

37.16 Ag an am céanna, leis an úsáid níos mó de sheomraí ainmnithe príobháideacha chun freastal ar othair phoiblí, ar mhaithe le hionfhabhtú a rialú, tá caillteanas níos mó ioncaim maidir le hothair phríobháideacha i gceist leis na hospidéal phoiblí.

37.17 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfearfadh sé fáilte roimh athbhreithniú ar shocruithe ainmniúcháin leapacha, d’ainneoin cibé an bhfuil líon fhoriomlán leapacha na n-othar príobháideach athraithe nó nach bhfuil. Chuir sé in iúl dom go bhfuil HSE i gcomhfhreagrú leis an Roinn Sláinte agus Leanaí d’fhonn solúbthacht níos mó a bhaint amach in oibriú na socruithe ainmniúcháin leapacha, chun iarracht a dhéanamh an caillteanas ioncaim ionchasach seo a mhaolú.

Tuairimí Oifigeach Chuntasaíochta na Roinne

37.18 Tá sé curtha in iúl ag Oifig Cuntasaíochta na Roinne go bhforálann Gníomh Uimh. 88 i Straitéis Sláinte 2001¹²³ mar seo a leanas

‘Ainmneofar gach cuid den chumas ospidéal géar laistigh den earnáil phoiblí, i leapacha d’othair chónaithe agus leapacha lae, le haghaidh úsáid na n-othar poiblí. Ní bheidh ann mar eisceachtaí ach Aonaid Dianchúraim, Aonaid Chúraim Chorónacha agus leapacha speisialaithe eile agus leanfar ar aghaidh gan iad a ainmniú. Beidh soláthar na leapacha breise a fógraíodh sa Straitéis seo mar chéim chun cinn shuntasach lena chinntiú go bhfreastalófar sách maith ar riachtanais na n-othar poiblí’.

37.19 Dá réir sin, níor mheas an tAire go raibh sé cuí líon na leapacha a mhéadú – cibé reatha nó nua iad – in ospidéal phoiblí a ainmnítear le haghaidh úsáid othar príobháideach.

37.20 Tá caighdeán an-chuid den chóiríocht barda nua agus an riachtanas chun cosaint i gcoinne HCAI amhlaidh go bhfuil treocht níos mó ann i dtreo seomraí aonair a chur ar fáil d’othair phoiblí agus phríobháideacha araon.

37.21 Ó foilsíodh Páipéar Bán maidir le hÁrachas Sláinte Príobháideach i 1999, tá sé de nós ag beartas an Rialtais gluaiseacht i dtreo costais eacnamaíochta iomlána a mhuirearú le haghaidh úsáid na saoráidí poiblí agus seirbhísí le haghaidh othar príobháideach, fad a bhíonn sé tuisceanach ar an riachtanas atá ann le haghaidh cobhsaíocht leanúnach sa mhargadh árachais sláinte príobháideach agus ar ábhair inní boilscithe níos leithne. Tá méaduithe suntasacha le feiceáil de bharr an bheartais seo i muirir phríobháideacha le blianta beaga anuas, lena n-áirítear méadú 20% a tugadh isteach in 2009. Tá na muirir seo i dteannta leis an muirear othar cónaithe reachtúil na n-

¹²³ Cálíocht agus Cothromaíocht – Córas Sláinte Duitse

ospidéal poiblí, atá ag €75 faoi láthair maidir le gach lá a gcoinnítear duine. Is é an íocaíocht uasta maidir leis an muirear reachtúil in aon dá mhí dhéag as a chéile ná €750.

Conclúidí – Gnéithe a chuireann Srian ar Gnóthú Costas

Tá sé deacair cuspoirí a chinntíonn comhrochtain agus a uasmhéadaíonn gnóthú chostas gach othar a gcuirtear cóir leighis orthu go príobháideach a bhaint amach go comhuaineach laistigh den chóras reatha.

Is í an phríomhghné a bhíonn tionchar aici ar ghnóthú chostas chothabhála na n-othar príobháideach ná an pointe go gcuireann córas na leapacha ainmnithe a oibrítear, srian ar an méid gur féidir muirir chothabhála a ghnóthú, fiú le haghaidh othar a íocann a gcomhairligh ar bhonn táille príobháideach le haghaidh muirir cóir leighis. Faoi mar a fheicfear ón gcéad chuid eile tá catagóir an phríomhchliniceora chomhairligh cuí chomh maith le hionchas an chórais sláinte chun muirir a ghearradh le haghaidh othair phríobháideacha a chothabháil.

Tionchar Chonradh na gComhairleach Nua

37.22 I Márta 2009, rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí é a shoiléiriú gur féidir breathnú ar othar go bhfuil stádas príobháideach aige i gcás a roghnaíonn sé/sí leas a bhaint as seirbhísí comhairlithe príobháideacha in ionad seirbhísí comhairlithe poiblí faoi na hAchtanna Sláinte. Is ábhar rúnda é caidreamh an othair leis an gcomhairleach maidir leis na daoine aonair lena mbaineann.

37.23 Faoi Chonradh na gComhairleach 2008, níl aon chleachtadh príobháideach ag comhairligh áirithe in ospidéal phoiblí (Comhairligh Chatagóir A) Tá sé deimhnithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí do HSE gur othair phoiblí iad othair na gcomhairleach seo.

37.24 Rinne HSE é a thoimhdiú ar dtús go mbeadh muirir chothabhála iníoctha di maidir le hothair a bhfuil árachas príobháideach acu, a fhaigheann cóiríocht i leapacha ainmnithe príobháideacha agus cóir leighis ó chomhairleach Chatagóir A. Creideann HSE go mb'fhéidir go mbeidh caillteanas i gceist le hioncam othar os rud é go mbreathnófar ar othair a fhaigheann cóir leighis ó chomhairligh Chatagóir A anois mar othair phoiblí.

37.25 Go teoiriciúil, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh aon chaillteanas ioncaim i gceist do HSE más féidir le hospidéal a chinntiú nach gcuirtear othair phríobháideacha faoi chúram comhairleach nach i gcatagóir A iad i seomraí ainmnithe príobháideacha. I gcleachtadh, áfach, is dócha go dtarlóidh caillteanas ioncaim de bharr an ghné bhreise seo a dhéanann leithdháileadh leapacha níos casta.

37.26 Is gné eile den chonradh nua a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu le haghaidh leapacha a ainmniú ná an fhoráil go gcaidhpeáiltear méid an chleachtaidh phríobháidigh gur féidir le comhairleach nach Catagóir A é a dhéanamh in ospidéal poiblí ar chéatadán de thréchur othar a choigeartaítear le haghaidh castachta trí mheán córas casemix¹²⁴. Is beart níos sofaisticiúla de ghníomhaíocht phríobháideach é seo ná ceann a bhraitheann ar dhaoine a scaoileadh nó ar úsáid leapacha. Beidh córas tuairiscithe sonraithe ag teastáil, atá á chur i bhfeidhm ag HSE faoi láthair (Féach Caibidil 38). Tá sé fós le feiceáil conas a oibreoidh an cur chuige seo ar ghníomhaíocht phríobháideach a rialú i gcleachtadh ach is dócha go mbeidh coigeartuithe ar mheascán poiblí : príobháideach comhairligh faoin gcóras seo mar ghné a dhéanann úsáid leapacha a bhainistiú níos casta.

¹²⁴ Is córas é Casemix a chuireann castacht éagsúil na ngnáthas liachta san áireamh tríd iad a chomhshó i ngnáthaonaid inchomparáide cúraim.

Tuairimí Oifigeach Chuntasaíochta na Roinne

37.27 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh sé i gceist ag an Aire go bhfeabhsódh tabhairt isteach grád chomhairlithe Chatagóir A rochtain na n-othar poiblí ar sheirbhísí comhairlithe. Ní ghlacann an Roinn go mbeidh éifeacht ag tabhairt isteach grád Chatagóir A ar chandam ioncam na cóiríochta príobháidí. D’fhonn laghdú den sórt sin a tharlú, bheadh sé riachtanach nach mbeadh othair phríobháideacha i leapacha príobháideacha in ospidéal phoiblí ar feadh chuid shuntasach den bhliain. Luaigh an Roinn gur iarr sé ar fhianaise agus go bhfuil sé ag feitheamh uirthi, ó HSE chun tacaíocht a thabhairt don ráiteas seo ach measann sí go dtugann na sonraí i bhFigure 1 le fios nach bhfuil sé dóchúil gurb é seo an cás.

37.28 Maidir leis an tuairim go mbeidh córas ualaithe casemix chun meascán poiblí príobháideach comhairligh a thomhas faoin gconradh nua mar ghné a dhéanann úsáid leapacha a bhainistiú níos casta, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurbh é an prionsabal lárnach a bhí ann, seachas i gcúinsí ceadaithe áirithe, nach féidir cóiríocht a thabhairt d’othair phríobháideacha ach i leapacha ainmnithe príobháideacha. Tá sé seo fós i bhfeidhm agus cuireann an córas tomhais nua luamhán breise ar fáil chun cabhrú le HSE an cuspóir beartais poiblí lárnach a bhaint amach chun rochtain na n-othar poiblí a fheabhsú in ospidéal phoiblí.

Conclúidí – Aicmiú na gComhairleach

Tá sé dóchúil go mbeidh tionchar ag socruithe chun an caidreamh a chinntiú leis an bpríomhchomhairleach ar ioncam na n-othar príobháideach ionchasach ar féidir le hospidéal a ghnóthú. Tá sé deacair an éifeacht airgeadais a chainníochtú ag an bpointe seo. Mar sin féin, is comhairligh Chatagóir A iad 37% de na comhairligh go léir a roghnaigh Conradh Comhairligh 2008 a oibríonn don ospidéal phoiblí agus sin amháin agus a n-íoctar iad go hiomlán i dtuarastal.

Tráthúlacht Maidir le Gnóthú Fiachais

Buncheisteanna an Iniúchta

An 31 Nollaig 2008, ba é an méid iomlán dlite do HSE agus d’Ospidéal Dheonacha i leith muirear cothabhála ó árachóirí sláinte príobháideacha ná €164 milliún agus as sin bhí €87 milliún dlite do HSE agus €77 do na hOspidéal Dheonacha. Bhí an-chuid de na muirir seo gan íoc ar feadh tréimhse shuntasach.

Bhí sé i gceist ag an iniúchadh cúis na moille bailiúcháin a aimsiú.

Nósanna Imeachta Éileamh

37.29 Faoi nósanna imeachta reatha, tá sé riachtanach do na hospidéal éileamh críochnaithe a chur faoi bhráid na n-árachóirí, a shíneoidh ‘an Príomhchliniceoir Comhairlithe’ arb é an comhairleach a mbeidh freagrach as cúram an othair le linn a bhfanachta san ospidéal.

37.30 Déanann gach éileamh an cóir leighis a chuirtear ar fáil a shonrú, mar aon le fad an fhanachta san ospidéal agus na costais lena n-áirítear táille an Phríomhchliniceora Comhairlithe, táillí aon chomhairligh eile a chuir cóir leighis ar an othar (‘comhairligh thánaisteacha’) agus na muirir chothabhála agus dhiagnóiseacha. Má bhíonn moill ar bith ar aon cheann de na comhairligh, ar cibé cúise, a bpáipéarachas a chur faoi bhráid riarachán an ospidéal, cuirtear moill ansin ar an éileamh iomlán agus é sin le haghaidh chothabháil an othair san áireamh agus ní féidir é a phróiseáil.

37.31 Déanann na hospidéal an costas riaracháin iomlán a sheasamh lena mbaineann an t-éileamh a phróiseáil cé go mbaineann cion suntasach aon éilimh le gnóthú táillí a fhabhraíonn ar an gcomhairleach. Próiseálann ospidéal éilimh chomh maith, i roinnt cásanna, i leith táillí comhairleach cé nuair nach mbíonn aon mhuirear cothabhála iníoctha de bharr nach mbíonn cóiríocht faighte ag othar i leaba ainmnithe phríobháideach.

Suimeanna atá dlite do HSE agus d'Ospidéal Dheonacha

37.32 Thar na blianta, d'eascair moilleanna suntasacha i mbailiúchán na muirear cothabhála ó árachóirí ón riachtanas chun deimhniú a fháil ón bPríomhchliniceoir Comhairlithe. Léiríonn Fíor 128 an fiachas gan íoc an 31 Nollaig 2008 agus meánlíon an ioncaim gach mí a léiríonn sé d'ospidéal mhóra HSE.

Fíor 128 Fiachas Gan Íoc d'Ospidéal Mhóra HSE an 31 Nollaig 2008

2008	Dlite ag Deireadh na Bliana	Ioncam don Bhliain	Féichiúnaithe
	€m	€m	Míonna
Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge	12.2	13.2	11.1
Ospidéal Ginearálta Shligigh	6.3	7.6	10.0
Ospidéal Ollscoile Chorcaí	9.5	17.8	6.4
Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe	11.0	21.8	6.0
Ospidéal Réigiúnach Luimnigh	8.8	18.2	5.8
Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha	6.6	13.9	5.7
Unified Maternity	2.1	8.5	2.9
Gach Ospidéal de chuid HSE	87.0	170.8	6.1

37.33 Fíor 129 amach an fhaisnéis chomhfhreagracha d'ospidéal dheonacha.

Fíor 129 Fiachas Gan Íoc d'Ospidéal Mhóra Dheonacha an 31 Nollaig 2008

2008	<i>Dlíte ag Deireadh na Blána</i>	<i>Ioncam don Bhliain</i>	<i>Féichiúnaithe</i>
	€m	€m	Míonna
Ospidéal Mater Misericordiae	8.7	8.8	11.8
AMNCH – Tamhlacht	15.5	23.8	7.8
Beaumont	10.1	15.8	7.7
Ospidéal San Séamas	13.6	22.2	7.3
An Otharlann Theas	3.5	10.3	4.1
Ospidéal Shráid Holles	3.2	10.0	3.8
Ospidéal Ollscoile na Trócaire	4.1	13.2	3.7
Gach Ospidéal Deonach	77.1	153.5	6.0

Nóta:

- a Mar thoradh ar thabhairt isteach phróiseáil leictreonach na n-éileamh a rinneadh píolótú air in Ospidéal San Séamas, laghdaíodh an tréimhse chreidmheasa go 65 lá ina dhiaidh sin.

Cúiseanna leis na Moilleanna

37.34 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go bhfuil dhá ghné ann a chruthaíonn moilleanna agus éilimh árachais shláinte phríobháideacha a phróiseáil agus an próiseas íocaíochta ina dhiaidh sin. Seo iad an dá ghné sin

- tá an próiseas iomlán fós bunaithe ar pháipéar agus
- bíonn moill ag baint le síniú a fháil ó roinnt de na príomhchomhairligh aonair.

37.35 Teastaíonn sé ó sholáthraithe árachais phríobháideacha go síníonn an príomhchomhairleach maidir le cóir leighis gach éileamh árachais a chuirtear isteach le híoc. Ó thaobh riaracháin de, áiríonn sé seo foireann a aimsíonn gach doiciméad (10 doiciméad in aghaidh an éilimh ar an meán) maidir le gach éileamh, an doiciméadú seo a chomhordú agus socrú a dhéanamh le haghaidh síniú agus é a chur faoi bhráid árachóir príobháideach.

37.36 Tá an próiseas riaracháin reatha deartha chun éileamh na muirear cóiríochta agus na dtáillí cliniciúla a éascú ó sholáthraithe árachais phríobháideacha. Caithfidh an príomhchomhairleach maidir le cóir leighis an t-éileamh iomlán a shíniú sula n-íocfar aon chuid den éileamh. Bheadh ospidéal in ann a n-éilimh a chur isteach láithreach bonn le haghaidh cóiríocht othar príobháideach dá mba rud é nach mbeadh sé riachtanach dóibh iad a chomhordú leis na táillí comhairlithe agus na sonraí liachta.

37.37 Chuir Oifigeach Cuntasaíochta HSE in iúl dom go mbíonn deacrachtaí ann uaireanta síniú a fháil ón bpríomhchomhairleach i ngach cás aonair. Bíonn na deacrachtaí seo éagsúil mar a bhíonn idir ospidéal, ag brath ar thoilteanas na gcomhairleach aonar a bhfoirmeacha éilimh aonair a shíniú go pras.

Feidhmíocht Ospidéal ar Leith

37.38 Maidir leis na hospidéil leis na moilleanna is mó, tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta go bhfuil téamaí athfhillteacha sna mínithe a bhfuairéas ó na hospidéil seo chun éilimh a phróiseáil agus íocaíocht a fháil ó na soláthraithe árachais phríobháideacha. Go ginearálta, tharraing siad aird ar nádúr an phróisis, riachtanais na n-árachóirí sláinte príobháideacha, moilleanna na gcomhairleach ag síniú agus an pointe nach féidir le córais ospidéal faisnéis a ghabháil ar bhealach a dhéanann críoch éifeachtúil na n-éileamh a thacú.

37.39 Thug sé deimhniú dom go raibh gach ceann de na hospidéil ag obair chun luas bailiúcháin a fheabhsú. I roinnt cásanna, bhí acmhainní breise á leithdháileadh chun dul i ngleic leis an tsaincheist. I roinnt eile, bhí na hospidéil tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas le feiceáil cad ba chóir a dhéanamh chun é a dhéanamh níos éifeachtúla.

Ag Tabhairt aghaidh ar Mhoilleanna Éileamh

37.40 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta chomh maith go raibh HSE ar an eolas faoi dheacrachtaí maidir le hamanna bailiúcháin le haghaidh éileamh árachais phríobháidigh agus go raibh sé dírithe ar fheabhsuithe sa réimse seo thar tréimhse ama. Bhuaile an tAire Sláinte agus Leanaí le déanaí leis an soláthraí árachais is mó agus HSE agus shocraigh sé comhaontú ar réamhíocaíocht €50 milliún chuig HSE le haghaidh 2009 ar obair atá críochnaithe, chomh maith le comhaontú chun obair le chéile chun próiseáil éileamh árachais príobháideach a fheabhsú go ginearálta. Baineann an réamhíocaíocht seo le tréimhse ama teoranta chun obair a cheadú chun feidhmíocht fheabhsaithe a bhaint amach sa réimse seo.

37.41 I Samhain 2008, bhunaigh HSE grúpa oibre ardleibhéal beag chun teagmháil a dhéanamh go díreach le hárachóirí sláinte príobháideacha thar ceann gach ospidéal poiblí maidir leis na hábhair seo a leanas

- próisis idirbheart agus malartú sonraí a shruthlíniú
- paraiméadair le haghaidh muirir phríobháideacha agus leathphríobháideacha ó ospidéal phoiblí idir dheonach agus reachtúil
- modhanna billeála agus íocaíochta
- impleachtaí Chonradh na gComhairleach 2008
- leibhéal fiachais gan íoc
- riarachán phróiseas na n-éileamh maidir le hÁrachas Príobháideach
- riarachán na bpríomhdhéaduchtuithe ó phárolla i HSE.

37.42 Tháinig an grúpa ardleibhéal seo, a sheasann do HSE agus d'ospidéil dheonacha agus atá faoi chathaoirleacht Bainisteora Líonra Ospidéal, faoin am seo, le chéile leis na hárachóirí sláinte príobháideacha is mó agus le hoifigigh shinsearachacha ón Roinn maidir le leapacha a ainmniú i gcóras poiblí na n-ospidéal. Tá an grúpa tar éis comhaontú a shocrú le hárachóirí chun foirmeacha éileamh a shíniú ag comhairleach cliniciúil tánaisteach nó stiúrthóir cliniciúil tar éis tréimhse 90 lá, i gcás nuair nach mbíonn ospidéal in ann síniú a fháil ó phríomhchomhairleach bunaidh. Is beart eatraimh é seo agus déanfar athbhreithniú air fad a thagann dul chun cinn ar chomhshocruithe a bhaineann leis na próisis ghnó fhoriomlána.

37.43 I dteannta leis an méid thuas, tá grúpa speisialaithe ionadaithe airgeadais agus ospidéal ceaptha chun cuairt a thabhairt ar gach ospidéal aonair d'fhonn feabhsuithe a chur chun cinn i bpróisis ghnó sa réimse seo.

37.44 Tá sé ráite ag bainisteoirí ospidéal gur riachtanas atá ann go mbíonn siad ag iarraidh tréimhse uasta creidmheasa 60 lá a bhaint amach ar dtús go gearrthéarmach agus an bás seo a fheabhsú go fadtéarmach. Cuirfear smachtbhannaí cuí i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfear na targaidí seo amach.

37.45 Tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta chomh maith go bhfuil HSE ag déanamh scrúdú ar leith ar a phróiseas bailiúcháin ioncaim ina iomláine agus ar fheabhsuithe breise ar féidir iad a dhéanamh sa réimse sin trí shaoráid Bainistíochta Creidmheasa Náisiúnta seirbhísí roinnte atá bunaithe i gCill Chainnigh. Tá na moltaí don saoráid seo ar chéim ardleibhéil agus tá bás gnó cuimsitheach curtha faoi bhráid na Roinne Airgeadais le ceadú. Ag brath ar cheadú foirmiúil, tá HSE in ann dul ar aghaidh chun tairisceana faoi láthair.

Ullmhú Leictreonach na nÉileamh

37.46 Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta an tuairim go mbeadh páirt lárnach ag an bpróiseas ullmhúcháin maidir le héilimh leictreonacha chun amanna bailiúcháin a fheabhsú. Rinneadh próiseas ullmhúcháin maidir le héilimh ullmhúcháin a phíolótú in Ospidéal San Séamas. Bunaithe ar thorthaí an píolóta, creideann an tOifigeach Cuntasaíochta go mbeadh próiseas den chineál sin in ann laghdú 20% a chur ar na forchostais riaracháin a bhaineann le héilimh a ullmhú láithreach bonn. D'fhéadfadh sé laghdú láithreach a chur ar laethanta féichiúnais i ngach ospidéal géarmhíochaine i gcóras na n-ospidéal poiblí. Ina theannta sin, tharlódh comhlíonadh níos fearr sonraí, coinneáil taifead feabhsaithe, próisis bhainistíochta doiciméad fheabhsaithe agus laghdúithe i spás stórais de bharr sruthlíniú agus uathobriú an phróisis.

37.47 Tá HSE tar éis bás gnó a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí chun réiteach leictreonach a thabhairt isteach den chineál sa píolóta in Ospidéal San Séamas.

Meicníocht na nÉileamh Eile

37.48 Maidir le cibé an féidir éilimh HSE a dhíchúpláil le haghaidh muirir chothabhála ó éileamh na gcomhairleach dá dtáillí príobháideacha, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go mbeadh sé seo mar rogha réiteach HSE. Mar sin féin, d'aithin sé go raibh cleachtas ann le fada an lá chun an tseirbhís riaracháin a chur ar fáil do na comhairligh. Ina theannta sin, chuir na hárachóirí in iúl do HSE go mbíonn síniú liachta ag teastáil ó chomhlachtaí rialúcháin sula n-íoctar aon éileamh árachais príobháideach agus gurb é seo gnáthriachtanas an tionscail árachais liachta phríobháidigh. Mar sin féin, i gcás nach féidir teacht ar chomhaontú leis na hárachóirí ar fheabhsuithe ar an bpróiseas éileamh, breathnóidh HSE ar éilimh chóiríochta a chur isteach le chéile le hachóimrí scaoilte agus éileoidh siad íocaíocht le haghaidh na muirir chóiríochta.

37.49 Sa chás sin, leanfaidh HSE ar aghaidh leis na billí príobháideacha a phróiseáil ó na comhairligh nuair a fhaightear iad ar an ngnáthbhealach, d'ainneoin nach bhfuil aon dualgas conartha ar HSE nó ar na hospidéalí dheonacha chun cúnamh riaracháin a thabhairt do chomhairligh agus a n-éilimh táille príobháideach á bpróiseáil.

Conclúidí – Tráthúlacht i leith Bailiúchán Fiachas

Tá bailiúchán fiachas othar príobháideach ar bhonn tráthúil fós mar fhadhb do HSE. D'fhéadfaí na bearta eatraimh a thógtar agus an córas ullmhaithe éileamh leictreonaigh mholta cabhair a thabhairt. Mar sin féin, tugann na difríochtaí suntasacha idir ospidéalí i dtéarmaí amanna bailiúcháin le fios gurbh fhéidir níos mó a dhéanamh chun dea-chleachtas a roinnt laistigh den chóras.

Conclúidí Foriomlána

Tugann an ráta íseal gnóthaithe ioncaim ó othair a cuireadh cóir leighis orthu go príobháideach sna hospidéal le fios go bhfuil an Stát ag éascú leigheas príobháideach gan an t-ioncam céanna a fháil don seirbhís a chuireann sé ar fáil.

Ar an iomlán, tá mí-oiriúnú le feiceáil idir líon na n-othar a chuirtear i láthair mar othair phríobháideacha, líon na n-othar a gcuirtear cóir leighis orthu mar othair phríobháideacha agus líon na n-othar a gcuirtear cóir leighis orthu go príobháideach ar féidir leis na hospidéal a gcostais chóiríochta a ghnóthú. Tá sraith níos sruthlíní de phróisis ghnó inmhianaithe i dtreo is go n-athlínítear gach sruth gnó níos dlúithe lena fhoinsé maoinithe agus go ndéantar seirbhísí a bhilleáil dá réir sin.

Ar an iomlán, tugann torthaí an iniúchta le fios an méid seo a leanas

- I gcás ina ngearrann ospidéal muirear ar othair phríobháideacha le haghaidh cóiríochta, bíonn moilleanna suntasacha maidir le fiachais a bhailiú ó árachóirí. Tarlaíonn na moilleanna de bharr an méid seo a leanas
 - córais riaracháin atá as faisean
 - moilleanna na comhairligh ag síniú.
- ní mhuirearaítear 50% d’othair chónaithe phríobháideacha dá gcóiríocht.
- Ní féidir la hospidéal na hothair sin a bhfuil árachas príobháideach acu a mhuirearú agus má tá cóiríocht acu i leaba phríobháideach ach nuair a chuireann comhairligh Chatagóir A cóir leighis orthu.
- Ar deireadh thiar thall, ní léiríonn na rátaí a mhuirearaítear an costas eacnamaíochta.

Caibidil 38 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tomhas Feidhmíochta agus Feabhsúchán sa HSE

Tomhas Feidhmíochta agus Feabhsúchán sa HSE

38.1 Is é cuspóir an HSE seirbhísí a sholáthair a fheabhsaíonn, a chuireann chun cinn agus a chosnaíonn sláinte agus leas an phobail. Ó 2007 i leith, tá an HSE i mbun próisis chun tuairisciú ar fheidhmíocht a ailíniú ag trí leibhéal

- dul chun cinn maidir le comhlíonadh spriocanna an Phlean Corparáideach trí bliana a thomhas faoi dhó sa bhliain
- tuairisciú chuig an mBord agus chuig an Aire Sláinte maidir le feidhmíocht agus gnóthachtáil na riachtanas sa Phlean Seirbhíse Bliantúil ar bhonn míosúil
- tús a chur le córas faisnéise feidhmíochta agus feabhsúcháin – HealthStat – a rinneadh a phíolótú i rith 2008 agus atá i mbun oibre ó thús 2009.

38.2 Sa chaibidil seo, scrúdaítear an tríú gné den phróiseas sin – HealthStat.

38.3 Cé go ndearnadh go leor sonraí i ndáil le costais agus gníomhaíochtaí na 50 ospidéal géarmhíochaine san HSE a bhailiú ar bhonn rialta riamh anall, ní dhearnadh na sonraí sin a shaincagadh, a anailísiú agus a chur i láthair riamh roimhe sin ar shlí a cheadódh comparáid ar fheidhmíocht iarbhrí i gcoinne spriocanna nó a d'éascódh le comparáid idir ospidéil. Is é HealthStat an chéad iarracht atá déanta feidhmíocht oibríochta lánpháirtithe a thomhas. Tá 36 ospidéal san áireamh faoi láthair in HealthStat. Tá sé beartaithe an próiseas a leathnú chuig na hospidéil eile agus chuig géaga seachadta seirbhíse eile mar sheirbhísí a sheachadaítear sna hionaid Cúraim Phríomha, Phobail agus Leanúnaigh (PCCC)¹²⁵.

38.4 Tá HealthStat comhdhéanta de chóras tomhais feidhmíochta as a dtáirgítear táscairí bunaithe ar shonraí a bhailítear ó ospidéil agus ón bhFóram míosúil, faoi stiúir CEO an HSE. Freastalaíonn bainisteoirí na n-ospidéal agus stiúirthóirí cliniciúla air agus pléitear feidhmíocht na n-ospidéal aonair bunaithe ar an eolas a tháirgítear. Déantar monatóireacht ar ghníomhartha feabhais tríd an dTuairisc Gníomhartha agus pléitear dul chun cinn ar fheidhmiú gníomhartha a aithnítear roimhe sin ag tús gach cruinniú Fóraim. Is é an smaoineamh atá taobh thiar de go spreagfaidh sé sin i gcomhar le foilsiú torthaí na n-ospidéal aonair ar an idirlíon go míosúil ospidéil chun oibriú i dtreo feidhmíocht fheabhsaithe chomhsheasmhach.

38.5 Tá HealthStat bunaithe ar trí phríomhchineál táscaire, Rochtain, Lánpháirtíú agus Acmhainn

- Tá táscairí rochtana dírithe ar thréimhsí feithimh do sheirbhísí sláinte a thomhas.
- Tá táscairí lánpháirtithe beartaithe chun léargas a fháil ar thréachur ospidéil.
- Is éard atá i gceist le táscairí acmhainne na hacmhainní a úsáidtear chun na seirbhísí a sholáthair a thomhas.

38.6 Tá forbhreathnú ar an gcóras agus mionsonraí de na táscairí atá san áireamh faoi gach aon chatagóir leagtha amach in Iarscríbhinn A.

¹²⁵ Tá sé tugtha le fios ag an HSE go dtabharfar isteach sraith táscairí a bheidh deartha chun ailíniú seirbhísí ospidéil agus seirbhísí pobalbhunaithe a léiriú.

Béim an Iniúchta

Is céim tábhachtach é HealthStat i dtreo córas bainistithe feidhmíochta éifeachtach san HSE a fhorbairt. Aithnítear nach bhfuil sin ach i dtús cadhnaíochta ó thaobh forbartha agus leanfar á scagadh, á fheabhsú agus á leathnú chuig géaga eile den tseirbhís sna blianta atá amach romhainn.

Ina thaobh sin, ba é príomhaidhm an scrúdaithe a aithint mar atá HealthStat ag feidhmiú agus moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur air. Mar thoradh air sin, agus toisc nach bhfuiltear i bhfad i mbun forbartha, ní ainmnítear ospidéal aonair sna sonraí a chuirtear i láthair ach léirítear éagsúlachtaí ó thaobh feidhmíochta idir ospidéil, agus nuair is cuí, léirítear an scóip feabhsúcháin i réimsí áirithe.

Áiríodh leis an scrúdú, cuairteanna chuig roinnt ospidéal, comhchomhairle leis an bhfoireann a bhí rannpháirteach i bhforbairt agus i dtáirgeadh faisnéis HealthStat agus scrúdú ar cháipéisí a tháinig an Fóram.

Torthaí Tomhais Fheidhmíochta

38.7 Chun críche an scrúdaithe seo, scrúdaíodh sé tháscaire go mionsonrach. Athbhreithníodh dhá phríomhtháscaire i ngach aon catagóir. San iniúchadh, i gcás gach táscaire a roghnaíodh, athbhreithníodh an fheidhmíocht a tuairiscíodh, aithníodh easnaimh dealraitheacha agus rinneadh moltaí feabhais. Áiríodh na táscairí a leanas lena scrúdú

- táscairí rochtana — tréimhse feithimh d'iontrálacha roghnacha agus tréimhsí feithimh do chlinicí d'othair sheachtracha
- táscairí lánpháirtithe — rátaí cásanna lae agus scaoileadh amach moillithe
- táscairí acmhainne— foireann de réir leaba d'othair chónaitheacha agus an scoilt idir gníomhaíocht phoiblí : phríobháideach.

Táscairí Rochtana

38.8 Tá tráthúlacht ó thaobh soláthar seirbhísí mar thomhas tábhachtach ar fheidhmíocht na seirbhíse sláinte, toisc go dtomhaistear cumas na seirbhíse freastal ar an éileamh atá riachtanach. Chun críche an scrúdaithe seo, scrúdaíodh dhá¹²⁶ tháscaire rochtana.

- Tréimhse feithimh d'iontrálacha Roghnacha – An t-achar a bhíonn ar othair fanacht le gnáthaimh roghnacha¹²⁷ ón tráth a n-aithnítear an gá clínicíúil.
- Tréimhse feithimh do Chlinicí d'Othair Sheachtracha – Tréimhse feithimh do ghnáthchoinní i gclínici d'othair sheachtracha faoi stiúir comhchomhairleora.

An Tréimhse Feithimh d'iontrálacha Roghnacha

38.9 Is tomhas tábhachtach é an tréimhse a bhíonn ar othair fanacht le hiontrálacha roghnacha de chumas ospidéal aonair gnáthaimh neamh-éigeandála a sheachadadh. Cuirtear tús le tréimhse feithimh othair an tráth a n-aithnítear an gá clínicíúil agus tagann sin chun críche an tráth a

¹²⁶ Scrúdófar tréimhse feithimh iontrála ó Ranna Éigeandála i dTuarascáil Speisialta ar leithligh a eiseofar go luath.

¹²⁷ Is ionann gnáthaimh roghnach agus gnáthaimh pleanáilte nach ionann sin agus éigeandáil. Ní ionann sin agus gnáthaimh éigeandála, a chaithfear a dhéanamh láithreach, ach féadfar gnáthaimh roghnach riachtanach a sceidealú ag tráth a roghnaíonn an othar agus an máinlia.

shocraítear dáta iontrála nó an tráth a nglactar le hothar in ospidéal príobháideach faoin gCiste Ceannaigh Cóireála Náisiúnta (NTPF).

38.10 Coimeádann an NTPF bunachar sonraí de gach othar a bhíonn ag feitheamh le gnáthaimh roghnacha – Clár Cóireála na nOthar (PTR). Tá an PTR bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn ospidéal aonair. Cé go dtaifeadann an bunachar sonraí stádas na n-othar, ní áirítear leis an líon othar a thuairiscítear, othair a bhíonn sceidealaithe do ghnáthamh in ospidéal poiblí, a nglactar leo in ospidéal príobháideach faoin NPF nó nach mbíonn ar fáil ar shlí eile lena gcóireáil. Ina theannta sin, ag teacht le cleachtas idirnáisiúnta, comhdhéanann an Liosta Feithimh Náisiúnta arna thuairisciú ag an NTPF na hothair sin a bhíonn ag feitheamh níos mó ná trí mhí agus sin amháin.

38.11 Léiríonn na sonraí a bhailigh HealthStat an líon othar (daoine fásta agus leanaí) ag feitheamh i mbandaí ama sainmhínithe. Is é an sprioc atá leagtha síos ag an HSE nach mbeidh daoine fásta ag feitheamh níos faide ná sé mhí do ghnáthamh roghnach agus nach mbeidh leanaí ag feitheamh níos mó ná trí mhí. Ríomhtar táscaire ar leithligh do dhaoine fásta agus do leanaí agus díríonn an fócas ar an méid a chomhlíontar an sprioc iomchuí.

Feidhmíocht na nOspidéal

38.12 Amhail deireadh mhí Eanáir 2009, taifeadadh 37,200 othar in iomlán mar othair ag feitheamh le gnáthaimh¹²⁸. Astu sin, bhí 18,500 ag feitheamh níos mó ná trí mhí agus bhí siad san áireamh ar an Liosta Feithimh Náisiúnta. Leagtar amach le Fíor 130 an t-achar ama a bhí siad ag feitheamh ag an bpointe sin.

38.13 I mí Eanáir 2009, bhí 61% de leanaí ag feitheamh níos faide ná an sprioc thréimhse ama de thrí mhí agus bhí 21% de dhaoine fásta ag feitheamh níos faide ná an sprioc thréimhse ama de shé mhí.

Fíor 130 Tréimhsí Feithimh Othair do Ghnáthaimh Roghnacha, Eanáir 2009

	An Líon Daoine Fásta	An Líon Leanaí	Iomlán
Os cionn 12 mí	1,900	500	2,400
6 — 12 mí	5,000	1,300	6,300
3 — 6 mí	8,600	1,200	9,800
Liosta Feithimh Náisiúnta	15,500	3,000	18,500
0 — 3 mí	16,800	1,900	18,700
Na hOthair go hIomlán^a	32,300	4,900	37,200

Nóta:

a Ní áirítear othair a bhí sceidealaithe do ghnáthamh in ospidéal poiblí, a glacadh in ospidéal príobháideach faoin NTPF nó ar shlí eile nach raibh ar fáil don chóireáil.

38.14 Tá na rátaí a leithroinn HealthStat bunaithe ar ghnóthachtáil spriocanna (maidir le hospidéal a sheol sonraí ar ais) leagtha amach i Fíor 131.

¹²⁸ Níl sonraí i ndáil le tréimhsí níos luaithe curtha i láthair toisc nár léirigh na huimhreacha a tuairiscíodh in HealthStat ach na hothair a bhí ag feitheamh le gnáthaimh mháinliachta agus níor áiríodh othair a bhí ag fanacht le gnáthaimh mhíochaine toisc gur ionann sin agus leath a bhí ag feitheamh. Ceartaíodh é sin ó mhí Eanáir 2009 i leith.

Fíor 131 Rátáil HealthStat – Táscairí Tréimhsí Feithimh Roghnacha, Eanáir 2009

Rátáil HealthStat	Daoine Fásta	Leanaí
	Líon na nOspidéal	Líon na nOspidéal
Sprioc	< 6 mhí	< 3 mhí
An-mhaith (laistigh de 15% den sprioc)	9	1
Feidhmíocht mheasartha a d'fhéadfaí a fheabhsú (diallas ón sprioc idir 15% agus 35%)	15	2
Feidhmíocht neamhshásúil a éilíonn aird phráinneach (35% nó os a chionn sin níos lú ná an sprioc)	3	19
Iomlán	27	22

38.15 Bhí an fheidhmíocht sa réimse seo i bhfad níos measa i ndáil le gnóthachtáil spriocanna tréimhsí feithimh leanaí agus bhí ráta neamhshásúil ag móramh na n-ospidéal agus gá le haird phráinneach sa réimse sin.

Easnamh maidir leis an Tomhas

38.16 Baineann roinnt easnamh leis an tomhas

- Cé go dtuairiscítear cá fhad a bhí othair reatha ag feitheamh leis an dáta, ní dhéantar meastóireacht ar fheidhmíocht lena chinntiú nach mbíonn ar othair fanacht níos faide ná sé mhí le gnáthaimh roghnacha. Mar thoradh air sin, ní tomhas cruinn atá ann ar an líon othar a chóireáiltear laistigh den sprioc fhráma ama.
- Luann treoirilínte NTPF gur féidir gach othar a bhíonn sceidealaithe do ghnáthamh in ospidéal poiblí nó a nglactar leo ag ospidéal príobháideach nó nach mbíonn ar fáil ar shlí eile a fhágáil as an áireamh ón liosta feithimh. In ospidéal amháin a tugadh cuairt air, b'ionann an líon iomlán othar a bhí ag feitheamh agus a tuairiscíodh chuig HealthStat in Eanáir 2009 agus 1,741. Bhí 766 othar breise a raibh coinní faighte acu iontráil chuig an ospidéal sin a bhí fágtha as an áireamh ón liosta feithimh. Is ábhar imní é othair a bhíonn sceidealaithe do chóireáil in ospidéal poiblí a bheith fágtha as an áireamh maidir le cruinneas an tomhais toisc an baol mór a bhíonn ann gnáthaimh mar sin a bheith á gcur ar ceal toisc brú ó ghníomhaíocht na Ranna Éigeandála (ED) agus moill a bheith ar othair á scaoileadh saor.
- Bhí difríochtaí freisin idir na hospidéil a tugadh cuairt orthu maidir le conas a ndearnadh othair a raibh dátaí iontrála chuig an ospidéal sin á rangú. D'fhág roinnt ospidéal othair a raibh dátaí iontrála faighte acu as an áireamh agus lean cinn eile ag taifeadadh na n-othar sin mar othair ar an liosta feithimh. Mar thoradh air sin, níl na staitisticí a tuairiscíodh inchomparáide.

Tréimhse Feithimh d'Iontráil Roghnach – Moltaí Feabhais

Chun go bhféadfar tomhas cruinn a fháil ar fheidhmíocht ospidéal, ba chóir go mbeadh tomhas tréimhse ama d'iontrálacha roghnacha ríofa freisin d'othar go dtí go ndéanfar iad a chóireáil. Thabharfadh sé sin, i gcomhar leis an tomhas reatha léargas níos iomláine den mheántréimhse a bhíonn othar ag feitheamh i ndáiríre.

I gcás an tomhais reatha, ba chóir don Treoir d'Úsáideoirí HealthStat sainmhíniú soiléir a thabhairt ar an bhfoinse sonraí a úsáidfear. Go háirithe, ba chóir don treoir an catagóir othar nach bhfuil san áireamh san ríomhadh, mar othair a bhfuil dátaí iontrála faighte acu d'ospidéal poiblí nó a bhfuil glactha leo in ospidéal príobháideach faoin NTPF a thabhairt le fios.

Tréimhse Feithimh — Othair Sheachtracha

38.17 Ag deireadh 2008, bhí 175,000 othar ar liostaí feithimh do chlinicí d'othair sheachtracha. Cé go raibh 70% acu ag feitheamh níos lú ná bliain, bhí 19% acu ag feitheamh dhá bhliain nó níos mó.

38.18 Ríomhtar tréimhse feithimh d'othair sheachtracha tríd an t-achar a aithint chuig an gcéad ghnáthchoinne eile a bheidh ar fáil i ngach clinic. Tosaíonn an tréimhse feithimh don chlinic d'othair sheachtracha tráth a bhfaigheann an ospidéal an litir atreoraithe agus críochnaíonn sin lá an choinne. 90 lá an sprioc thréimhse feithimh do choinne d'othair sheachtracha. Cuirtear an tomhas chun cinn de réir speisialtachta agus ríomhtar sin tríd an tréimhse feithimh a chomhbhailiú de réir speisialtachta agus an líon clinicí sa speisialtacht sin a roinnt air.

38.19 Ní léiríonn an tomhas an tréimhse feithimh is faide iarbhir chlinic aonair toisc go ríomhtar tréimhsí feithimh mar mheán do gach speisialtacht. In ospidéal amháin, b'ionann an tréimhse feithimh ab fhaide do chlinic aonair agus 2,920 lá (ocht mbliana).

Feidhmíocht na nOspidéal

38.20 Tá an tréimhse feithimh do chlinicí d'othair sheachtracha (de réir speisialtachta) leagtha amach i Fíor 132. Idir Deireadh Fómhair 2008 agus Eanáir 2009 ní raibh aon laghdú suntasach ar an meán-tréimhse feithimh náisiúnta do chlinicí d'othair sheachtracha ná sna speisialtachtaí leis na tréimhsí feithimh ab airde.

Fíor 132 Na Meán-Tréimhsí Feithimh (Laethanta) do Chlinicí d'Othair Sheachtracha, Deireadh Fómhair 2008 – Eanáir 2009

Speisialtacht	D. Fómhair 2008	Samhain 2008	Nollaig 2008	Eanáir 2009
Ortaipéidic	473	480	528	461
Ota-laraingeolaíocht	376	423	407	453
Oftailmeolaíocht	265	272	276	279
Leigheas	166	192	186	160
Máinliacht	181	168	167	157
Eile	140	138	128	119
Péidiatraic	91	100	89	87
An Meán Náisiúnta – Gach speisialtacht	194	205	200	186
Líon na nOspidéal a Thuairisc Sonraí	30	31	30	32

Easnaimh maidir leis an Tomhas

38.21 Is tomhas réasúnta maith é sin de thréimhse feithimh do choinní d'othair sheachtracha ach chun cruinneas a chinntiú, ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt cleachtas mífheidhmiúla

- In ospidéal amháin ní raibh roinnt clinicí ag glacadh le hatreoruithe níos mó chun go bhféadfaí na liostaí feithimh d'othair sheachtracha a chur faoi smacht.
- In ospidéal eile, socraíodh na tréimhsí feithimh uair amháin agus ní dhearnadh an tasc in athuair. Mar sin, ní dóigh go mbeadh an tréimhse feithimh do chlinicí d'othair sheachtracha cruinn.

38.22 Bíonn an tomhas ag breathnú ar aghaidh toisc go n-aithnítear an tréimhse ama go dtí an chéad ghnáthchoinne eile. Ní ríomhtar an fhad a bhíonn na daoine sin a d'fhreastail cheana féin mar othair sheachtracha ag feitheamh. Níorbh fhéidir an tréimhse feithimh a aimsiú d'fhonn an scrúdaithe.

Tréimhse Feithimh do Chlinicí d'Othair Sheachtracha – Moltaí Feabhais

D'fhéadfaí an meán-tréimhse feithimh iarbhrí maidir leis na hothair sin a fheictear sna ranna d'othair sheachtracha a bhreithniú.

Ba chóir toirmeasc a chur ar an gcleachtas leabhar coinní d'othair sheachtracha a dhúnadh chun na tréimhsí feithimh a chur faoi smacht.

38.23 Tá tionscadal éascaithe tríd an bhFóram chun feidhmíocht chlinicí d'othair sheachtracha a fheabhsú. Tá mionsonraí an tionscadail léirithe síos.

Tionscadail Feabhais Náisiúnta – Othair Sheachtracha

I mí an Mheithimh 2008, ní raibh ach trí ospidéal ag soláthair faisnéise maidir le liostaí feithimh othair sheachtracha. Rinne ospidéal aonair obair shuntasach chun liostaí feithimh a chatalógú agus tá 38 ospidéal anois ag soláthair faisnéise i ndáil le tréimhsí feithimh othair sheachtracha. Is dul chun cinn suntasach é sin.

Tá iniúchtaí éifeachtachta chun neamhéifeachtúlachtaí a aithint sa réimse othair sheachtracha a raibh gá aghaidh a thabhairt orthu déanta ag 17 ospidéal. B'ionann an príomhchuspóir agus níos mó coinní tinrimh nua a chinntiú. Bhí gá le feabhas ar sceidealú clinicí agus coinní, ar chumarsáid leis an othar agus ar bhainistiú ó lá na lá na gclíní d'othair sheachtracha. Leis na hiniúchtaí, aithníodh an gá a bhí ann gnáthaimh oibríochta caighdeánacha a fhorbairt agus córas bainistithe feidhmíochta, lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta agus spriocanna i ndáil le hothair sheachtracha, mar aon le tuairisciú míosúil ar liostaí feithimh agus monatóireacht ar fheidhmíocht. Aithníodh an gá le prótacail atreoraithe náisiúnta sna speisialtaí ard-éilimh freisin chun a chinntiú go mbeadh gach atreorú othair sheachtracha cuí agus riachtanach. Cuireadh na saincheisteanna a aithníodh agus na réitigh a moladh isteach i gcreat oibre náisiúnta maidir le clinicí d'othair sheachtracha.

Amhail mí Iúil 2009, bhí an creat oibre dréachtaithe agus tá sé á bhailíochtú ag roinnt ospidéal faoi láthair. Cuirtear béim sa chreat oibre nach mór d'ospidéal díriú ar na nithe a leanas

- díriú ar chur leis an líon tinrimh nua trí gach clínic agus deireadh a chur le coinní leantacha neamhriachtanacha
- tuairisciú go soiléir ar spriocanna tréimhsí feithimh d'othair sheachtracha
- an líon othar nach bhfreastalaíonn a laghdú
- atreoruithe GP neamhriachtanacha a laghdú
- a chinntiú go mbaianeann gníomhaíochtaí altraí le gníomhaíocht chliniciúil agus cur leis an bpoitéinseal go mbeadh altraí ábalta othair nua a fheiceáil agus a chóireáil.

Táscairí Lánpháirtithe

38.24 Soláthraíonn táscairí lánpháirtithe faisnéis i ndáil le tréachur othar. Scrúdaíodh dhá tháscaire lánpháirtithe go mion

- Rátaí cásanna lae — tomhaistear an cion de ghnáthamh othar a dhéantar ar bhonn cás lae (i gcomparáid le hothair chónaitheacha).
- Scaoileadh amach moillithe mar chéatadán den líon laethanta leapacha a bhíonn ar fáil – tomhaistear an cailteanas cumais toisc nach mbítear ábalta othair nach n-éilíonn cúram géarmhíochaine a thuilleadh a scaoileadh amach.

Rátaí Cásanna Lae

38.25 Tomhaiseann an ráta cáis lae an cion gnáthamh a rinneadh gan gá fanacht thar oíche. Léirítear sin mar an líon gnáthamh a dhéantar ar bhonn cásanna lae mar chion de na gnáthaimh iomlána a dhéantar. Feabhsaíonn cur an méid agus is féidir le cásanna lae cumas foriomlán an ospidéal. Tá sé tábhachtach freisin ó thaobh na n-othar de toisc go n-íoslaghdaítear an t-achar a bhíonn ar an othar fanacht san ospidéal.

38.26 Suas go dtí Nollaig 2008, ríomhadh an táscaire seo ar bhonn gan gnáthamh a rinneadh. Ó Eanáir 2009, tá sé bunaithe ar shampla de 24 gnáthamh¹²⁹. Táirgeann HealthStat faisnéis freisin i ndáil le cúig speisialtachtaí.

Feidhmíocht na nOspidéal

38.27 Is ionann an sprioc agus 75% ar a laghad den chiseán de 24 gnáthamh a dhéantar ar bhonn cáis lae. Léirítear an fheidhmíocht i gcoinne na sprice sin in Eanáir 2009 i Fíor 133. Bhí an fheidhmíocht i bhfad níos ísle ná an sprioc agus 56% de na cásanna á ndéanamh ar bhonn cáis lae.

Fíor 133 Gnáthaimh Cásanna Lae Náisiúnta, Eanáir 2009

Speisialtacht	Líon na nOspidéal a dhéanann an gnáthamh	An Meán-Ráta Náisiúnta Cásanna Lae ^a	An Ráta is Ísle de Chásanna Lae in Ospidéal Aonair	An ráta is Airde de Chásanna Lae in Ospidéal Aonair
	Uimhir	%	%	%
Cataracht	10	72	3	100
Scóipeanna Imscrúdaithe	36	69	8	90
Heirne Bhléineach	30	36	1	79
Féitheacha Borrtha	27	61	0	98
Céislíneachtóime	18	1	0	25
Ciseán de 24	36	56	22	82

Nóta:

- a Ríomhtar an meán náisiúnta trí ghnáthaimh a dhéantar ar bhonn cásanna lae a thomhas mar chion den líon gnáthamh iomlán maidir le gach ospidéal a thuairiscigh sonraí.


38.28 Tá éagsúlacht leathan ó thaobh gníomhaíocht chásanna lae le héagsúlacht idir rátaí ó 22% go dtí 82% maidir leis an gciseán iomlán de 24. Is léir an éagsúlacht sin i ngach aon cheann de na gnáthamh a thuairiscítear seachas céislíneachtóime, sa chás sin tá an ráta cásanna lae foriomlán níos ísle ná speisialtachtaí eile.

38.29 Tugadh ar aird ag cruinnithe Fóraim i rith 2008 agus go luath i 2009 feidhmíocht lag sa réimse sin agus bhíothas ag lorg tiomantais ó ospidéal cur le cion na ngnáthamh a bhí á gcomhlíonadh ar bhonn cásanna lae. Tá na rátaí cásanna lae do na 36 ospidéal a thuairiscigh amhail Eanáir 2009 léirithe i bhfoirm graif i Fíor 134.

38.30 Luaigh an HSE go n-athbhreithnítear go rialta an leibhéal cásanna lae mar phríomhghné de thréachur ospidéal agus scrúdaíonn an Fóram feidhmíocht lag ina thaobh sin mar aon le gníomhartha feabhsúcháin sonracha d'ospidéal agus áirítear leo cumas lae agus cleachtas cliniciúil a scrúdú.

¹²⁹ Is sraith gnáthamh a aithnítear go hidirnáisiúnta an ciseán de 24 a fhéadfar a chomhlíonadh mar chásanna lae ar bhonn rialta, agus mar sin fágfar ar lár na gnáthaimh sin nach bhféadfar a dhéanamh de ghnáth ar bhonn cásanna lae.

Fíor 134 Cásanna Lae mar Chéatadán den Gníomhaíocht Iomlán Othair Chónaitheacha agus Cásanna Lae – Eanáir 2009



Easnaimh maidir leis an Tomhas

38.31 Aithníodh roinnt easnamh maidir leis an tomhas seo

- Níl gnáthamh a dhéantar in ionaid d'othair sheachtracha san áireamh i ríomhadh an ráta cáis lae. Chuir ospidéal amháin a tugadh cuairt air le fios don fhoireann iniúchta go mbíonn gnáthamh ar leith, ar bhraith siadsan gur gnáthamh cáis lae a bhí ann, á ndéanamh go rialta san ospidéal sin in ionad d'othair sheachtracha ach ní fhéadfaí sin a chur san áireamh agus an ráta cásanna lae á ríomh. Ina thaobh sin meastar go bhféadfaí go bhfuil feidhmíocht ganniontráilte.
- Measadh in ospidéal eile nach raibh an ciseán de 24 gnáthamh ionadaíoch ar a ngníomhaíocht cásanna lae, toisc nach raibh roinnt den líon ard gnáthamh lae san ospidéal sin san áireamh.

38.32 Luaigh an HSE go nglactar go hidirnáisiúnta leis an gciseán de 24 gnáthamh cásanna lae agus go léiríonn an cion a dhéantar in ospidéal aonair a meascán ualach cásanna foriomlán. Tugadh le fios freisin gurb é cuspóir an HSE an méid cúraim agus is féidir a dhéanamh in ionad neamhghéarmhíochaine. Mar sin féin, measadh nach raibh an leibhéal géire (ainéistéitic, obrádlann, foireann chliniciúil, etc.) a bhaineann le gnáth ghnáthamh cásanna lae i gceist le gnáthamh a dhéantar in ionaid d'othair sheachtracha.

Rátaí Cásanna Lae – Moltaí Feabhais

Tá gá le himscrúdú iomlán ar thréithe na n-ospidéal sin a bhfuil feidhmíocht an-ard iontu sa réimse sin chun na cúiseanna leis a aimsiú, foghlaim ó na ceachtanna a fhaightear agus na torthaí a scaipeadh ar shlí struchtúrtha chun go mbeidh ospidéal nach bhfuil feidhmíocht chomh ard sin iontu ábalta feidhmiú cleachtais den chineál céanna a bhreithniú. Chuideodh aithint cuimsitheach ar dhea-chleachtas leis na naoi n-ospidéal sin le rátaí cásanna lae faoi 40%.

Scaoileadh Amach Moillithe

38.33 Is éard a bhíonn i gceist le scaoileadh amach moillithe nuair nach n-éilíonn othar cúram géarmhíochaine ach nach féidir é/í a scaoileadh amach as an ospidéal. Tarlaíonn sin de ghnáth mar thoradh ar easpa saoráidí íoschéimnithe, saoráidí cúraim baile nó socrúcháin athshlánaithe oiriúnacha.

38.34 Tá tábhacht le tomhas cumais a chailltear mar thoradh ar scaoileadh amach moillithe toisc an tionchar a bhíonn acu ar fheidhmeanna eile laistigh den chóras ospidéil. Bíonn tionchar ag scaoileadh amach moillithe ar thréimhsí feithimh iontrála sa Roinn Éigeandála, ar thréimhsí feithimh iontrálacha roghnacha agus cuirtear coinní roghnacha ar ceal mar thoradh orthu.

38.35 Tomhastar scaoileadh amach moillithe bunaithe ar an líon laethanta leapacha a chailltear mar chéatadán den líon iomlán laethanta leapacha a bhíonn ar fáil. Chuir an HSE in iúl dom nach bhfuil aon sprioc socraithe faoi láthair maidir le scaoileadh amach moillithe toisc go bhfuiltear ag brath go mór cheana féin ar sheirbhísí a sholáthraíonn an PCCC sa phobal¹³⁰.

Scaoileadh Amach Othar Moillithe a Tuairiscíodh

38.36 Tá an leibhéal scaoileadh amach moillithe léirithe i Fíor 135. Maidir leis an tréimhse Deireadh Fómhair 2008 go dtí Eanáir 2009 cailleadh 5.6% ar an meán de laethanta le leapacha ar fáil mar thoradh ar scaoileadh amach moillithe. Thuairiscigh seacht n-ospidéal nach raibh aon chailliúint de laethanta leapacha agus thuairiscigh an 29 ospidéal eile cailliúintí idir 0.1% agus 23.7%. Bhí an ospidéal leis an leibhéal is airde de chailliúint cumais mar thoradh ar scaoileadh amach moillithe i bhfad níos airde ná na hospidéal eile ar fad le chéile. B'ionann raon de 0.1% agus 13% laistigh de na hospidéal eile agus b'ionann an meán náisiúnta coigeartaithe agus 5.3% agus an asluiteach fágtha ar lár.

¹³⁰

Clúdóidh na táscairí HealthStat atá á bhforbairt faoi láthair don PCCC an ghné sin den fheidhmíocht.

Fíor 135 Líon na nOspidéal le Laethanta Leapacha Caillte mar thoradh ar Scaoileadh Amach Moillithe Deireadh Fómhair 2008 – Eanáir 2009

Ospidéal				
An Céatadán Laethanta Leapacha caillte mar thoradh ar Scaoileadh Amach Moillithe	Deireadh Fómhair 2008	Samhain 2008	Nollaig 2008	Eanáir 2009
0%	8	9	9	8
0.1 – 2.5%	10	9	8	7
2.6 – 5%	6	6	7	9
5.1 – 10%	6	6	4	6
10.1 – 20%	5	5	7	4
> 20%	1	1	1	1
An Meán Náisiúnta	5.5%	5.1%	6.3%	5.4%

38.37 Idir Deireadh Fómhair 2008 agus Eanáir 2009 bhí feabhas ar éigin ar scaoileadh amach moillithe feadh na 36 ospidéal. Tháinig feabhas ar an leibhéal scaoileadh amach moillithe i gcás 14 ospidéal agus níor tharla aon athrú maidir le hocht n-ospidéal ach is beag is fiú trácht ar an laghdú toisc go raibh arduithe sna 14 ospidéal eile i rith na tréimhse.

38.38 Luaigh an HSE go ndearnadh forbairt ollmhór ar chúram san fhadtéarma, ar chúram baile agus ar chumas athshlánaithe idir 2005 agus 2008 agus gur chuidigh sin le laghduithe ar scaoileadh amach moillithe in ospidéal. Mar sin féin, tháinig laghdú ar chumas sa réimse sin mar thoradh ar shrianta airgeadais ó Fhómhar 2008.

38.39 Creidtear san HSE toisc go bhfuil othair slán de réir míochaine lena scaoileadh saor, go mbeadh sé níos cuí sonraí a sholáthar ar an tomhas sin chuig na hoifigigh sláinte áitiúla agus tá sin san áireamh faoi láthair sa HealthStat píolótach maidir leo.

Easnaimh maidir leis an Tomhas

38.40 Cé gur tomhas maith go leor é seo den chumas a chailltear mar thoradh ar scaoileadh amach moillithe, tá roinnt nithe le tabhairt faoi deara

- Baineann difríochtaí le mar a ríomhtar laethanta leapacha a chailltear i measc ospidéal. Comhaireann roinnt ospidéal gach scaoileadh amach moillithe ón dáta nár scaoileadh an othar amach agus comhaireann ospidéal eile gach scaoileadh amach moillithe amhlaidh agus go rabhadar moillithe ar feadh seacht lá den tseachtain roimhe sin, gan aird ar cathain ar chríochnaigh a ngá le cúram géarmhíochaine.
- Bhí easpa aonfhoirmeachta feadh na n-ospidéal a tugadh cuairt orthu ó thaobh na leapacha a cuireadh san áireamh agus laethanta leapacha ar fáil á ríomh. Ina theannta sin, tugadh nithe ar aird i rith an scrúdaithe nach raibh laethanta leapacha ar fáil ar tuairiscíodh in HealthStat ag teacht le taifid na n-ospidéal. Bhí an líon laethanta leapacha ar fáil ríofa go cruinn agus bhí siad ag teacht le taifid áitiúla in dhá ospidéal a tugadh cuairt orthu. Sa dá ospidéal eile, rinne HealthStat áibhéil ar an líon laethanta leapacha ar fáil le 14% agus mar sin tuairiscíodh feidhmíocht níos fearr faoin tomhas seo seachas mar a tharla. Bhain formhór den difríocht le míthuiscint maidir leis na leapacha a bhí le cur san áireamh.

Scaoileadh Amach Moillithe – Moltaí Feabhais

Ba chóir go mbeadh an táscaire sainmhínithe níos soiléire, go háirithe, ní mór ríomh na laethanta leapacha ar fáil a leagan amach.

Ba chóir go mbreithneofaí ar chóir sprioc a ghlacadh don táscaire seo. De réir mar a rachaidh HealthStat chun cinn, bheadh sé inmhianaithe an táscaire seo a nascadh le táscairí eile a mbíonn tionchar ag an bhfeiniméan seo orthu. D'fhéadfadh sin léargas a thabhairt ar an méid a mbíonn moillithe i bhfeidhmeanna eile den ospidéal mar thoradh ar scaoileadh amach moillithe. Áirítear ar fhachtóirí eile a mbeadh gá lena gcur san áireamh in athbhreithniú mar sin uainiú tástáil réamh-iontrála, an líon iontráil ar lá na máinliachta, fad achar géarmhíochaine agus an méid a úsáidtear cúram lae.

Táscairí Acmhainne

38.41 Tá táscairí acmhainne úsáideach ó thaobh éifeachtúlacht agus táirgiúlacht a thomhas. Scrúdaíodh dhá tháscaire acmhainne go mion

- An líon foirne do gach leaba othair chónaitheacha – tomhaiseann sé seo an líon foirne a theastaíonn i ndáil le gach leaba othair chónaitheacha.
- An scoilt idir Poiblí : Príobháideach – tomhaistear an cion de ghníomhaíocht ospidéal a bhíonn dírithe ar chóireáil othair phoiblí.

An Líon Foirne do Gach Leaba Othair Chónaitheacha

38.42 I bprionsabal, is tomhas táirgiúlachta tábhachtach á tomhas an líon foirne lán-ama do gach leaba othair chónaitheacha toisc gur féidir comparáid ar acmhainní a dhéanamh idir ospidéal. Déantar an líon foirne do gach leaba othair chónaitheacha a bhriseadh síos tuilleadh de réir catagóir foirne idir altranas, míochaine/déidliacht, cúram sláinte agus sóisialta, cúram othair eile, tacaíocht ghinearálta agus bainistíocht/riarachán. Níor glacadh le spriocanna don táscaire sin. Léiríodh an meán maidir le gach ospidéal mar shlí chun comparáid a dhéanamh idir píar-ospidéal. Ní thuairiscítear ar an tomhas seo a thuilleadh in HealthStat.

Feidhmíocht a Thuairiscíodh


38.43 Thuairiscigh HeathStat ar an táscaire seo go dtí mí na Nollag 2008. Ina dhiaidh sin, níor leanadh lena úsáid. Chuir an HSE in iúl dom gur glacadh an cinneadh seo ar roinnt cúiseanna

- Bhí neamhréireachtaí leanúnacha ann maidir le comhaireamh leapacha.
- Níor thuairiscigh dhá ospidéal foireann comhionann lán-ama do gach leaba idir Deireadh Fómhair 2008 agus Eanáir 2009.
- Breithníodh nár spreag an tomhas, mar atá sé faoi láthair, úsáid mhaith as acmhainní toisc gur gearradh pionós ar ospidéal a bhain tuilleadh úsáide as ranna d'othair seachtracha, as aonaid measúnaithe míochaine agus as clinicí bristeacha in ionad leapacha d'othair chónaitheacha.

38.44 B'ionann an fhoireann comhionann lán-ama do gach leaba agus thart ar 4.5 go náisiúnta maidir leis na míonna ó Dheireadh Fómhair 2008 agus Eanáir 2009. In Eanáir 2009 réimsigh na leibhéil ó thriúr foirne comhionann lán-ama do gach leaba othair chónaitheacha go dtí 10.3 do gach leaba. Bhí na leibhéil sin ag teacht den chuid is mó leis na trí mhí roimhe sin, Deireadh Fómhair go Nollaig 2008.

38.45 Tá an raon den fhoireann lán-ama do gach leaba in Eanáir 2009 léirithe i Fíor 136.

Fíor 136 An Fhoireann Comhionann Lán-Ama (WTE) do gach Leaba d'Othair Chónaitheacha – Eanáir 2009



Nóta: Áirítear leis an bhfoireann WTE iomlán gach foireann a bhíonn ag obair san ospidéal sna catagóirí seo a leanas: míochaine agus déidliacht, altranas, cúram sláinte agus sóisialta, bainistíocht agus riarachán, tacaíocht ghinearálta agus cúram othair eile. Cuirtear an líon foirne in iúl i dtéarmaí WTE beag beann ar ghrád.

38.46 Tá an leibhéal éagsúlachta idir ospidéal maidir leis na catagóirí foirne léirithe i Fíor 137.

Fíor 137 Foireann Comhionann Lán-Ama do gach Leaba de réir Catagóire maidir le hEanáir 2009

Catagóir	Ospidéal leis an WTE is Lú in iomlán do gach Leaba	Ospidéal leis an WTE is Airde in iomlán do gach Leaba	An Meán Náisiúnta
Míochaine / Déidliachta	0.3	1.2	0.5
Altranas	1.4	3.8	1.8
Cúram Sláinte & Sóisialta	0.0	1.9	0.6
Bainistíocht / Riarachán	0.3	2.1	0.7
Tacaíocht Ghinearálta	0.2	0.9	0.6
Cúram Othair Eile	0.8	0.4	0.3
Iomlán gach Catagóir Foirne	3.0	10.3	4.5

Easnamh maidir leis an Tomhas

38.47 Tá tábhacht le faisnéis maidir le chomh héifeachtúil agus a bhíonn foireann in ospidéal. Bhain roinnt easnamh leis an tomhas ina leith sin. Go háirithe, ó thaobh ríomh an tomhais sin, cuireadh an fhoireann go léir san áireamh cé nár úsáideadh ach leapacha d'othair chónaitheacha.

Mar thoradh air sin, bheadh míbhuntáiste ag ospidéal le líon mór cásanna lae, othair sheachtracha agus gníomhaíochtaí éigeandála toisc go ndéantar an líon foirne atá fostaithe maidir leis na feidhmeanna sin a chomhaireamh ach ní chomhairtear na leapacha in aon chorr.

Foireann WTE do gach Leaba – Moltaí Feabhais

Cé go bhfuil deireadh curtha leis an tomhas, ní mór táscaire táirgiúlachta athsholáthair a dhéanann cuntas cuí ar chastacht nó meascán othar san ospidéal a éabhlóidiú.

Ba chóir beart athbhreithnithe a ghlacadh le haird ar an ngá a bheadh le hospidéal a spreagadh chun an méid úsáide agus is féidir a bhaint as acmhainní. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach an fhoireann a roinnt idir cúram d'othair chónaitheacha, cásanna lae, an Roinn Éigeandála agus cúram d'othair sheachtracha agus go mbeadh táscairí táirgiúlachta ar leithligh ann do gach aon cheann.

An Scoilt idir Gníomhaíocht Phoiblí : Phríobháideach

38.48 Tá tábhacht le bainistiú comhpháirteanna poiblí agus príobháideacha i gcomhthéacs feidhmiú polasaí rialtais go mbeadh ar a laghad 80% den ghníomhaíocht in ospidéal ghéarmhíochaine ina ghníomhaíocht phoiblí. Mar a léiríodh i gCaibidil 37 bíonn tionchar ar a bhainistiú ar cibé an mbaintear an méid leasa agus is féidir as ioncam ó othair phríobháideacha. Fachtóir eile ná nach mór na nithe a leanas a chinntiú

- comhchomhairleoirí a fhaigheann a luach saothair iomlán ó thuarastal toisc iad ag cóireáil othair phoiblí agus sin amháin¹³¹
- comhchomhairleoirí eile ag oibriú laistigh de na teorainneacha de chleachtas príobháideach atá socraithe ina gconarthaí (Féach Caibidil 39).

38.49 Tomhaiseann an táscaire an scoilt i ngníomhaíocht ospidéal (tomhaiste ag scaoileadh amach othair chónaitheacha agus cásanna lae) idir othair phoiblí agus othair phríobháideacha agus déantar anailís bhreise idir cásanna lae agus othair chónaitheacha roghnacha agus éigeandála. Is é an sprioc atá socraithe nach mór go mbeadh 80% den ghníomhaíocht iomlán ina ghníomhaíocht phoiblí.

Feidhmíocht a Tuairiscíodh

38.50 B'ionann an meán náisiúnta de ghníomhaíocht cóireála othair phoiblí agus 78% in Eanáir 2009 agus d'fhan an céatadán sin cobhsaí go maith ó Dheireadh Fómhair 2008. Mar sin féin, bhí éagsúlachtaí idir ospidéal ó 45% in ospidéal amháin go dtí 94% in ospidéal eile. Tá an leibhéal gníomhaíochta poiblí maidir le mí Eanáir 2009 mionsonraithe i Fíor 138 i ndáil le 35¹³² ospidéal.

¹³¹ Déantar a leibhéal tuarastail fheabhsaithe a réamhshocrú ar an mbonn sin.

¹³² Chumaisc dhá ospidéal – Ospidéal Pháirc Merlin agus UCHG i mí Eanáir 2009.


Fíor 138 Ráta Poiblí Gníomhaíochta Náisiúnta, de réir Speisialtachta Eanáir 2009

Speisialtacht	Líon na nOspidéal ^a	An Meán Náisiúnta %
Oftailmeolaíocht	12	87
Leigheas Ginearálta	29	81
Eile	23	80
Ota-laraingeolaíocht	16	77
Péidiatraic	21	75
Ortaipéidic	23	72
Máinliacht Ghinearálta	30	72
An Meán Náisiúnta – Gach Speisialtacht	35	78

Nóta:

- a Cé go dtugann na céatadáin léargas leathan, ní mór a bheith cúramach á léirtheiscint toisc nach ndéanann gach ospidéal na gnáthamh go léir atá luaite.

38.51 Tá an raon de ghníomhaíocht phoiblí de réir ospidéil leagtha amach i Fíor 139 thíos.

Fíor 139 An Scoilt idir Poiblí : Príobháideach Eanáir 2009

38.52 Léirigh scrúdú ar na sonraí bunúsacha i ndáil leis na hospidéal aonair, tríd agus tríd, nach raibh aon tionchar ag aon speisialtacht amháin ar chéatadán na gcásanna poiblí. B'ionann na céatadáin foriomlána de ghníomhaíocht phoiblí d'ospidéal aonair agus an patrún do na speisialtachtaí don ospidéal sin.

38.53 Bhí leibhéal ard éagsúlachta i gceist maidir leis na hospidéal arna rátáil ag HealthStat agus thart ar leath de gach ospidéal a raibh feidhmíocht mheasartha nó feidhmíocht lag acu agus ciallaíonn sin go bhfuil scóip ann níos mó fócais a thabhairt ar an tsaincheist sin ag an bhFóram.

In Eanáir 2009, rátáladh go raibh feidhmíocht lag ag 15 ospidéal agus go raibh gá le haird phráinneach, rátáladh go raibh feidhmíocht mheasartha ag trí ospidéal a d'fhéadfaí a fheabhsú agus bhí 17 ospidéal sásúil.

Easnamh maidir leis an Tomhas

38.54 Ní chuireann an táscaire seo, mar a ríomhtar faoi láthair é, san áireamh castacht na gcásanna toisc go bhfuil sé bunaithe ar scaoileadh amach amháin seachas ar othair phoiblí agus príobháideacha.

An Scoilt idir Poiblí: Príobháideach – Moltaí Feabhais

D'fheabhsófaí tomhas an scoilt idir poiblí agus príobháideach trí ualúcháin a úsáid chun léargas níos fearr a fháil ar an gcastacht a bhíonn i gceist sna cásanna a ndéileálann na hospidéil aonair leo.

D'fhéadfadh go mbeadh gá, tráth a dtabharfar socruithe conartha le comhchomhairleoirí chun críche, sprioc náisiúnta coigeartaithe a shocrú a chuireann san áireamh catagóirí comhchomhairleoirí.

38.55 Tá sé luaite ag an HSE go bhfuil súil acu, ó Mheán Fómhair 2009, an táscaire seo a chur i láthair in dhá chuid, cuid amháin an scoilt foriomlán idir poiblí agus príobháideach in ospidéil agus an chuid eile comparáid idir an scoilt idir poiblí agus príobháideach le teorainneacha comhaontaithe i ndáil le comhchomhairleoirí aonair a bheidh mar thoradh ar Chonradh na gComhchomhairleoirí 2008 a bheidh ualaithe de réir castachta trí leas as casemix¹³³.

Luach a Fháil ó Thomhas Feidhmíochta

38.56 Ó cheart, ba chóir go mbeadh córas tomhais fheidhmíochta cothromaithe agus éifeachtach ó thaobh costais, is é sin, ba chóir do na táscairí a bheadh roghnaithe gach gné den fheidhmíocht a chlúdach agus níor chóir go mbeadh an costas a bhaineann leis an bhfaisnéis riachtanach a bhailiú mar bhac in aon slí. Mar sin féin, tá níos mó i gceist ná díreach táirgeadh faisnéise agus níl sin úsáideach ach má úsáidtear é chun feabhsúcháin ar fheidhmíocht a stiúradh. Áirítear na nithe a leanas ar chéimeanna a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo chun feabhas a chur ar an bpróiseas

- tuilleadh lánpháirtiú ar tháscairí chun dearcadh comhnasctha ar fheidhmíocht a thabhairt
- táscairí costais agus gníomhaíochtaí iomchuí a fhorbairt
- socruithe d'aistriú dea-chleachtais a fheabhsú tuilleadh trí chur chuig níos struchtúrtha a ghlacadh maidir leis an bpróiseas aistrithe
- tomhas feidhmíochta a nascadh le luach ar airgead
- bailiú sonraí agus gnáthamh fíorúcháin a fheabhsú.

Táscairí Reatha a Lánpháirtiú

38.57 Faoi láthair, léirítear faisnéis i ndáil le gach táscaire ar leithligh. Admhaítear go gceadaíonn a gcur i láthair i bhfoirm 'deaise' don leibhéal bainistíochta na naisc idir táscairí aonair a

¹³³

Déanann casemix gach eipeasóid cúraim a chaighdeánú in aonaid chúraim chaighdeánacha. Feidhmítear ualúchán ar gach diagnóis de réir déine agus castacht na diagnóise sin. Ceadáíonn na hualúcháin sin aonaid chúraim a chur i gcomparáid le chéile feadh na n-ospidéal le meascán éagsúl othar.

iniúchadh. Bheadh sé úsáideach áfach, chun cur leis an bhfaisnéis a chuirtear i láthair lena phlé, roinnt tomhas a lánpháirtiú ar bhonn tréimhsiúil chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ospidéal ar shlí iomlánaíoch. D'fhéadfadh sin léargais úsáideacha a thabhairt ar an gcaidreamh idir gnéithe éagsúla d'fheidhmíocht na n-ospidéal.

Táscairí Costais agus Gníomhaíochta a Fhorbairt

Bheadh sé úsáideach ionchuir a nascadh tuilleadh le haschuir chun léargas a thabhairt ar chomh éifeachtúil agus a bhíonn acmhainní á n-úsáid chun an tseirbhís riachtanach a sheachadadh. D'fhéadfadh na táscairí sin a bheith mar chabhair chun éifeachtúlacht a thomhais agus nuair a d'úsáidtear sin i gcomhar le tuairisciú de réir cineáil ospidéal, d'fhéadfaí comparáidí a dhéanamh thar thréimhsí ama agus idir ospidéal inchomparáide. Áirítear ar na nithe a d'fhéadfaí a úsáid mar tháscairí níos fearr

- Costas an Othair a Scaoiltear Amach
- Gníomhaíocht na Foirne Comhionann Lán-Ama.

38.58 Thar am, d'fhéadfaí iad a bheachtú trí ualúcháin casemix a fheidhmiú chun leibhéil gníomhaíochta níos cruinne a léiriú.


Costas an Othair a Scaoiltear Amach

38.59 Léireodh costas an othair a scaoiltear amach an costas a bhaineann le cuairt an ghnáthothair chuig an ospidéal agus ligfí don ospidéal éifeachtúlacht a rianú thar am agus comparáidí a dhéanamh le soláthróirí eile.

38.60 Mionchoigeartú eile ná na comhchodanna costais a bhriseadh síos idir costais pá míochaine, costais pá neamhmhíochaine agus costais neamhphá.

38.61 Ríomhadh an costas in Eanáir 2009 a bhain le scaoileadh amach maidir le gach ospidéal d'fhonn an scrúdaithe seo. Léiríonn na torthaí a chuirtear i láthair i bhfoirm graif i Fíor 140 difríocht idir na deich n-ospidéal mhóra le héagsúlacht idir €733 agus €1,189 agus le meán-chostas de €986 ar gach scaoileadh amach i gcomparáid leis na hospidéal eile le héagsúlacht idir €424 agus €1,101 agus meán-chostas de €742.


38.62 Le ríomhadh an bunphraghais choigeartaithe Casemix atá san áireamh in HealthStat i ndáil le gach ospidéal meastar costas aonad caighdeánaigh cúraim gach aon ospidéal. Ní áirítear leis áfach ach costais d'othair chónaitheacha agus fágfar ar lár grúpaí gníomhaíochta suntasacha mar scaoileadh amach cásanna lae, teagmhálacha le hothair sheachtracha agus tréachur tríd an Roinn Éigeandála nach n-iontráiltear.

Fíor 140 Meán-Costas^a an Othair a Scaoiltear Amach^b, Eanáir 2009**Nótaí:**

- a Ríomhtar an táscaire trí chaitechas iomlán don tréimhse a leithroinnt thar an líon othar a scaoiltear amach sa tréimhse chun teacht ar mheán-costas.
- b Áirítear ar othair a scaoiltear amach, othair chónaitheacha agus cásanna lae, othair nár iontráladh ón Roinn Éigeandála agus tinreamh othair sheachtracha.

Gníomhaíocht na Foirne Comhionann Lán-Ama

38.63 D'fhéadfadh tiomsú táscaire, a léiríonn an meán tréachur othar in aghaidh gach ball foirne agus an comparáid le soláthróirí piaraí eile agus thar am, léargas a thabhairt ar cá háit a d'fhéadfaí éifeachtúlachtaí a bhaint amach. Trí scaoileadh amach a úsáid in ionad tréachur, léirítear an scaoileadh amach in aghaidh na foirne comhionann lán-ama maidir le mí Eanáir 2009 i Fíor 141.

Fíor 141 Othair a Scaoileadh Amach^a in aghaidh na mBall Foirne^b, Eanáir 2009

Nótaí:

- a Áirítear le hOthair a Scaoileadh Amach othair chónaithe agus cásanna lae, cásanna nach iontráladh sa Roinn Éigeandála agus tinreamh othair sheachtracha.
- b Ríomhtar an táscaire mar an líon iomlán othar a scaoileadh amach sa tréimhse roinnte ar an líon iomlán foirne don tréimhse.

38.64 Arís tá difríocht idir na deich n-ospidéal mhóra agus na hospidéal eile. Sna deich n-ospidéal mhóra, bhí éagsúlacht idir tréachur othar an ball foirne idir 6.2 agus 10.6 agus meán de 7.9. Réimsigh na figiúirí comhfheagraacha do na hospidéal eile chomh íseal le 6.1 go dtí airde de 13.4 agus bhí na hospidéal sin ag scaoileadh 9.2 othar an ball foirne amach ar an meán.

Deiseanna d'Fhorbairt Táscairí

Sholáthródh na táscairí atá léirithe thuas tomhais úsáideacha maidir le héifeachtúlacht foriomlán. Tá na táscairí sin garbh ina bhfoirm reatha agus tá scóip ann iad a fhorbairt tuilleadh chun faisnéis níos suntasaí a sholáthair trí aird a thabhairt ar chastacht chásualach na n-ospidéal. Ina theannta sin, cé go bhfuil faisnéis ar fáil maidir le hothair a scaoiltear amach de réir cineáil cúraim, (othair chónaitheacha agus cásanna lae, othair sheachtracha agus Roinn Éigeandála), níl an briseadh síos céanna déanta maidir le caiteachas gaolmhar agus an líon foirne.

Amach anseo, d'fhéadfaí na táscairí a fheabhsú agus a shaincagadh trí na nithe a leanas

- leas a bhaint as ualúcháin casemix chun scaoileadh amach a chaighdeánú in ionaid cúraim chaighdeánacha
- leas a bhaint as ionaid chostais chun caiteachas iomlán a bhriseadh idir scaoileadh amach othair chónaitheacha agus cásanna lae, tinreamh sa Roinn Éigeandála agus tinreamh othair sheachtracha
- grúpaí de phiar-ospidéal ag tuairisciú agus dá réir ag éascú le comparáid níos fearr idir piar-ospidéal.

Dea-Chleachtas a Aistriú

38.65 Is é cuspoir an Fhórait, a bunaíodh i gcomhar le HealthStat, piaraí ag cur feidhmíocht i gcomparáid, díriú ar ghníomhartha feabhais agus dea-chleachtas ospidéal ardfheidhmíochta a scaipeadh. Soláthraíonn an Fóram deis chun dea-chleachtas a aithint feadh raon gníomhaíochtaí trí iarraidh ar ospidéal a bhfuil feidhmíocht mhaith acu i réimsí ar leith tiománaithe na feidhmíochta sin a aithint.

38.66 I rith chéim phíolótach HealthStat, rinne an Stiúrthóir Náisiúnta Ospidéal agus na hocht mbainisteoirí líonra ionadaíocht ar ospidéal. Reáchtáladh an chéad Fhóram i mí Feabhra 2008. Breathnaíodh ar na deich n-ospidéal mhóra. Beartaíodh nuair a bheadh an chéim phíolótach sa tsiúl go maith go ndéanadh CEO na n-ospidéal, a mbainisteoirí ginearálta agus a stiúrthóirí cliniciúla ionadaíocht ar na hospidéal agus tharla sin den chéad uair i mí na Samhna 2008 nuair a scrúdaíodh feidhmíocht cúig ospidéal. I ngach Fóram ina dhiaidh sin, scrúdaíodh idir ceithre agus sé n-ospidéal agus faoi mhí an Mhárta 2009 bhí ospidéal ag filleadh ar a dara cuairt. Bhí pleananna gnímh feabhsúcháin feidhmíochta sain-ospidéal mar chuid den idirphlé ón tús i Feabhra 2008.

38.67 Is é an aidhm atá ann cuairt a thabhairt ar gach ospidéal trí huaire sa bhliain. Is ionann leagan amach an chruinnithe agus idirphlé tráth a bpléitear feabhas nó lagú feidhmíochta agus déanann comhaltaí an Fhórait iarraidh na cúiseanna a bhfuil a gcuid ospidéal ag feidhmiú níos fearr nó níos measa ná a bpiar-ospidéal a phlé le bainisteoirí líonra agus ospidéal, le CEOanna agus stiúrthóirí cliniciúla. Nuair is cuí, moltar do bhainisteoir ospidéal dul i mbun idirphlé le bainisteoirí na n-ospidéal sin le feidhmíocht mhaith maidir le conas is fearr a bhféadfaí feabhsú i réimse ar leith.

38.68 D'fháiltigh bainisteoirí sna hospidéal a tugadh cuairt orthu i rith an scrúdaithe sin roimh fhócas an Fhórait ar fheabhsúchán leanúnach seachas a bheith ag iarraidh locht a fháil ar fheidhmíocht lag. Tríd is tríd, cheap siad go raibh cruinniú an Fhórait cuiditheach.

38.69 Mar sin féin, deir bainisteoirí na n-ospidéal freisin go rabhthas ag leanúint leis an gcuspoir foghlama ar shlí ad hoc trí theagmháil neamhfhoirmiúil idir pearsanra in ospidéal aonair. Chreid siad go bhféadfaí teacht ar chur chuige níos struchtúrtha maidir le dea-chleachtas a scaipeadh.

38.70 Go dtí seo, d'éascaigh an Fóram le dhá thionscadal feabhsúcháin. Is iad sin

- Neamhláithreachas – Sa chás sin eisíodh treoirlinnte neamhláithreachais nua.
- Othair Sheachtracha — Tá scrúdú leanúnach á dhéanamh ar an bpróiseas riaracháin chun é a dhéanamh níos éifeachtúlaí.

38.71 Tá leibhéal ard éagsúlachta ó thaobh feidhmíochta in ospidéal aonair feadh raon tomhas, go háirithe, i réimsí mar an cion cásanna lae, an leibhéal gníomhaíochta poiblí agus an líon laethanta leapacha a chailltear trí scaoileadh amach moillithe. D'fhéadfadh an Fóram níos mó a dhéanamh chun deitéarmanaint dea-fheidhmíochta sna réimsí sin a aithint le súil agus an t-eolas sin a roinnt le hospidéal le feidhmíocht níos lú ná an meán. Is cosúil gurb é an cur chuige is fearr chun é sin a bhaint amach ná treoir dea-chleachtais a bhailítear go lárnach a chomhnascadh le foghlaim ó phiaraí mar atá ag tarlú faoi láthair.

38.72 Léirigh roinnt ospidéal a tugadh cuairt orthu ábhar imní i ndáil le scóip HealthStat conas feabhas a chur ar fheidhmíocht ina gcásanna aonair toisc go raibh córais bainistithe feidhmíochta acu cheana féin a bhí níos sofaisticiúil ná HealthStat.

38.73 Cé go nglactar leis go bhfuil scóip ó thaobh forbartha ag HealthStat, mar chóras náisiúnta, agus go mbeidh forluí i gceist le córais atá forbartha cheana féin ag roinnt ospidéal, chun go

bhfeabhsófar an córas d'fhéadfadh scóip a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar láidreachtaí modúil reatha na n-ospidéal.

Deiseanna chun Dea-Chleachtas a Aistriú

D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith san áireamh i gcur chuige a bheadh níos struchtúrtha chun dea-chleachtas a aithint agus a aistriú

- réimsí chun treoir dea-chleachtais a rolladh amach go náisiúnta a aithint
- an píar-fhoghlaim reatha a chomhnascadh le cur chuige níos struchtúrtha ó thaobh scaipeadh ceachtanna a fhoghlaimítear trí fhorbairt treoracha dea-chleachtais de réir a chéile, déanfar iad a fhorbairt go lárnach agus léireofar na cur chuigí a chuidigh le feidhmíocht mhaith i réimsí ar leith.

Breisluaigh ó Thomhas Feidhmíochta a Chinntiú

38.74 Mar aon le meicníocht a sholáthair, tríd an bhFóram chun dea-chleachtas a aistriú, áirítear ar chur chuige comhlántach tomhas feidhmíochta a nascadh níos dlúithe le tionscnaimh eile lena n-áirítear brú luach ar airgead an HSE, atá léirithe síos.

Clár Luach ar Airgead an HSE

I Ráitis Straitéise le déanaí an HSE, tugtar tiomantas go rachfar i mbun anailíse cáilíochtúil agus cainníochtúil ar luach ar airgead chun na nithe a leanas a aithint

- Bearta srianta costas – coigilteas cainníochtúil ó thaobh costais laghdaithe e.g. coigilteas ar sholáthair.
- Gnóthachain táirgiúlachta – Coigilteas cainníochtúil trí na haschuir chéanna a tháirgeadh ar ionchuir níos mó nó aschuir níos mó ar an ionchur chéanna.
- Gnóthachain Luacha — Gnóthachan cáilíochtúil ó thaobh na torthaí céanna nó torthaí níos fearr ar níos lú ionchuir nó ar na hionchuir chéanna.
- Binsemharcáil — Caighdeán 'binsemharcáilte' nó leibhéil acmhainne a tháirgeadh i dtaobh an daonra agus a gcuid riachtanas agus iad sin a chur i gcomparáid leis an leibhéal reatha foirne agus maoinithe.
- Measúnaithe Teicneolaíochta Sláinte (HTA) — Cuidiú le cinntí trí theicneolaíochtaí a aithint a bhíonn ábalta na torthaí is fearr a bhaint amach ar na hacmhainní a leithroinntear.

38.75 Go dtí seo bhain príomhfhócas an bhrú luach ar airgead le bearta srianta costas. Oibríodh é sin trí choigilteas a aithint i gcomhchomhairle le haonaid ghnó. Meastar go gcuirfear isteach ar an aonad luach ar airgead chun luach ar airgead a chinntiú áfach mar thoradh ar bhacainní acmhainní i ndiaidh srian a bheith curtha ar earcaíocht le déanaí.

Deis chun Tomhas agus an Tóir ar Luach a Nascadh

Bealach amháin soiléir a bheadh ann chun an clár oibre luacha a bheith éifeachtach ó thaobh costais de ná roinnt d'obair an aonaid luach ar airgead a bhunú ar athbhreithniú leanúnach ar tháscairí HealthStat

- na cúiseanna don fheidhmíocht a thuairiscítear trí scrúduithe neamhspleácha a mhionscrúdú
- gnásanna agus caighdeáin a aithint d'oibríochtaí amach anseo agus aird ar chastacht
- éifeachtúlachtaí féideartha a chainníochtúil agus a ngnóthachtáil a bhailíochtú.

Iontaofacht Sonraí

38.76 Tá sonraí iontaofa agus cruinn ríthábhachtach chun inchreidteacht aon chóras tomhais fheidhmíochta a chinntiú. Cé gur dheimhnigh tástálacha a rinneadh d'fhonn an iniúchta seo, tríd is tríd, cruinneas na sonraí, aithníodh roinnt baol iontaofachta i rith na gcuartheanna chuig ospidéal aonair lena n-áirítear na nithe a leanas

- Cé go bhfuil treoir d'úsáideoirí HealthStat forbartha, bhí ospidéal ag léirtheiscint na sonraí a bhí riachtanach chun na táscairí soláthraithe a ríomhadh ar shlí éagsúil ó chéile i réimsí mar sainmhíniú ar an líon leapacha agus sainmhíniú ar othair ag fanacht le gnáthaimh roghnacha.
- Bhí tionchar ag modhanna gabhála sonraí ar chumas na n-ospidéal faisnéis chruinn a sholáthair. Bhrath sin ar mhéid na n-ospidéal agus bhí córais ICT dea-fhorbartha ag ospidéal mhóra, go ginearálta agus bhrath ospidéal bheaga den chuid is mó ar chórais láimhe.
- I roinnt beag cásanna, bhí na sonraí a soláthraíodh neamhchruinn. Creidtear san HSE go n-aimsítear neamhréireachtaí ó earráidí sna sonraí a sholáthraítear i rith seiceálacha réasúntachta agus go gceartaítear iad sula gcuirtear in HealthStat iad.
- I roinnt cásanna, go háirithe, i ndáil le ríomhadh na foirne Comhionann Lán-Ama ní coimeádadh an cháipéisíocht agus ní fhéadfaí na sonraí a soláthraíodh a dheimhniú i rith na gcuartheanna chuig na hospidéal.

Deis chun Iontaofacht Sonraí a Fheabhsú

Tá scóip ann sainmhíniú níos cruinne a dhéanamh ar na sonraí atá le soláthair agus táscairí á ríomhadh.

Tá gá le hiontaofacht sonraí a fheabhsú trí hiniúchtaí tréimhsiúla a dhéanamh chun cruinneas na sonraí a sholáthraítear a dheimhniú.

San fhadtéarma, tá scóip ann d'fhorbairt prótacail lárnacha i ndáil le bailiú, fíorú agus tuairisciú sonraí.

Feabhsúcháin atá Beartaithe

38.77 Tá sé i gceist ag an HSE Stiúrthóireacht Pleanála agus Feidhmíochta a bhunú faoi dheireadh 2009. Táirgeoidh an Stiúrthóireacht sin faisnéis feidhmíochta maidir leis na hospidéal arna maoiniú ag an HSE mar aon leo sin sa réimse seirbhísí pobail. Beifear freagrach freisin as a chinntiú go mbeidh na sonraí a tháirgeofar cruinn agus as sonraí feidhmíochta lánpháirtithe a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh.

38.78 Faoi láthair, tugtar rátáil comhiomlán do gach cineál táscaire (Táscaire Rochtana, Lánpháirtithe agus Acmhainne) agus don ospidéal in iomlán. Ní ualaíonn an comhiomlánú sin na táscairí aonair. Tá sé luaite ag an HSE go bhfuil meicníocht ualúcháin á forbairt faoi láthair.

Conclúidí Foriomlána

Is céim thábhachtach tosaigh é an tús atá curtha ag an HSE le córas a dhéanfaidh monatóireacht ar fheidhmíocht a líonra ospidéal chun an eagraíocht a bhogadh chun cinn i dtreo cuntasacht maidir le feidhmíocht agus feabhas a éascú.

Seo a leanas conclúidí an athbhreithnithe ar an iniúchadh

- Cé go bhfuil roinnt leasuithe molta sa chaibidil seo, baineann na cineálacha tomhas a bhfuiltear a thuairisciú leis an tseirbhís ospidéil
- bheadh síneadh leanúnach na dtáscairí iomchuí chuig codanna eile den tseirbhís úsáideach
- d'fhéadfadh nascadh tréimhsiúil ar tháscairí, b'fhéidir mar chuid de mhionstaidéir ócáideacha cuidiú chun léargas a thabhairt ar naisc agus ar spleáchas, mar shampla, idir saincheisteanna rochtana mar thréimhsí feithimh roghnacha agus fachtóirí mar an méid cásanna lae a dhéantar nó an méid scaoileadh amach moillithe
- d'fhéadfaí leas a bhaint as an mbunábhar chun táscairí éifeachtúlachta níos mó a chruthú mar chostas an othair a scaoiltear amach agus tríd is tríd cur leis an díospóireacht feidhmíochta – ag bogadh níos faide ar aghaidh ar speictream ó thomhas aschuir chuig bainistiú feidhmíochta.

Ní mór go mbeadh táscairí bunaithe ar bhanc sonraí atá comhsheasmhach agus iontaoifa. Moltar leis an athbhreithniú nach mór don HSE a chinntiú go dtáirgeann gach ospidéal bunachar sonraí inchomparáide maidir le caighdeáin chomónta.

Tríd is tríd, d'fhéadfadh na tomhais éagsúla agus an raon feidhmíochta a thuairiscítear a bheith ina réimse iniúchta suimiúil d'aonad luach ar airgead inmheánach an HSE.

Iarscríbhinn A An Córas HealthStat

Déanann treoir d’úsáideoirí cur síos ar gach táscaire agus aithnítear foinse na sonraí bunúsacha, an mhinicíocht tuairiscithe, úinéir na sonraí agus an t-aonán tuairiscithe. Leagtar amach an fhoirmle chun gach aon táscaire a ríomh freisin agus an sprioc atá socraithe.

Táscairí

Tá HealthStat bunaithe ar thrí chineál táscaire. Táscaire Rochtana, Lánpháirtithe agus Acmhainne. Tomhaiseann táscairí rochtana tréimhsí feithimh do sheirbhísí sláinte éagsúla, tomhaiseann táscairí lánpháirtithe tréchur othar agus tomhaiseann táscairí Acmhainne úsáid acmhainní. Tá na táscairí atá san áireamh faoi gach cineál leagtha amach i Fíor 142.

Fíor 142 Táscairí atá san áireamh in HealthStat

Táscairí	Tréimhsí Feithimh do ghnáthaimh roghnacha
Rochtana	Tréimhsí Feithimh d’iontráil ón Roinn Éigeandála Tréimhsí feithimh do chlinicí d’othair sheachtracha
Táscairí	An Meán-Achar san Ospidéal
Lánpháirtithe	Rátaí Cásanna Lae Scaoileadh Amach Moillithe Iontráil ar Lá an Ghnáthaimh Oiriúnacht Iontrála agus Cúraim Scaoileadh Amach a iontráladh ar HIPE
Táscairí	Úsáid as Airgeadas agus as Acmhainní
Acmhainne	Plean Gníomhaíochta v Seirbhíse don Líon iomlán Othair Sheachtracha, Cásanna Lae agus Othair Chónaitheacha Athraitheas Foirne WTE ón Uasteorainn Foirne Céatadán Uaire Caillte trí NeamhláithreachasDáileadh Foirne Cóimheas Comhchomhairleoirí v NCHD Gníomhaíocht Lucht Gairmiúla Cúram Sláinte Aontaithe (e.g. Físíteiripeoirí) Gníomhaíocht Diagnóise Ospidéil in aghaidh na Foirne WTR iomchuí Othair mar Chéatadán de Chlinicí d’Othair Sheachtracha An Scoilt Gníomhaíochta idir Poiblí : Príobháideach Cásanna Lae mar Chéatadán den Ghníomhaíocht Iomlán

Tá spriocanna socraithe ag an HSE bunaithe ar fhoinsí éagsúla. Bhí spriocanna idirnáisiúnta mar bhonn do naoi dtáscaire agus socraíodh sainspriocanna náisiúnta don ocht gcinn eile. Sa chás nach raibh aon spriocanna idirnáisiúnta ná náisiúnta ann do tháscairí, péire in iomlán, roghnaíodh an fheidhmíocht is fearr a bhí á comhlíonadh in Éirinn mar an sprioc. Bhain sin le táscairí mar an meán-achar san ospidéal agus gníomhaíocht ghairmiúil chúram sláinte aontaithe.

Ag an gcéim tuairiscithe, baintear leas as córas ‘soilse tráchta’ chun feidhmíocht a rátáil i ndáil le gach táscaire. Is ionann feidhmíocht laistigh de 15% den sprioc agus feidhmíocht an-mhaith agus léirítear sin le solas glas. Is ionann diallas ón sprioc idir 15% agus 35% agus feidhmíocht mheasartha a d’fhéadfaí a fheabhsú agus léirítear sin le solas ómrach. Déantar feidhmíocht de 35% nó os a chionn sin níos ísle ná an sprioc a chatagóru mar fheidhmíocht neamhshásúil agus gá le haird phráinneach agus léirítear sin le dath dearg. Tugtar rátáil comhiomlán maidir le gach cineál táscaire (Táscaire Rochtana, Lánpháirtithe agus Acmhainne) agus don ospidéal in iomlán.

Caibidil 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Cur i bhfeidhm Chonradh na gComhairleoirí Leighis

Cur i bhfeidhm Chonradh na gComhairleoirí Leighis

39.1 I mí Iúil 2008, thángthas ar chomhaontú idir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus eagraíochtaí ionadaíochta na gcomhairleoirí mairir le Conradh nua Comhairleoirí (Conradh Comhairleora 2008). Faoi gconradh nua, cuirtear na comhairleoirí, den chéad uair, i riocht fostaithe - iad ag obair faoi théarmaí agus faoi choinníollacha cosúil leo sin atá i bhfeidhm maidir le hoibrithe ar fud na seirbhíse sláinte. Tugtar i bhfeidhm athrú ar uaireanta oibre na gcomhairleoirí, ar an gcaidreamh tuairiscíochta, ar an leagan amach maidir lena gcuid fostaíochta agus ar na téarmaí rialachais maidir leis an gcleachtadh príobháideach. Tugtar isteach freisin nósanna imeachta maidir le cúrsaí araíonachta i leith na gcomhairleoirí atá cosúil leo sin atá i bhfeidhm maidir le fostaithe eile.

Athbhreithniú roimhe seo ar Chonradh na gComhairleoirí Leighis

39.2 Foilsíodh Tuarascáil Speisialta i mí Aibreán 2007 maidir le scrúdú ar oibriú an chórais faoi leagan roimhe seo de Chonradh na gComhairleoirí Leighis. Tugadh tuairisc ar a oiread a bhí téarmaí an chonartha sin, a aontaíodh sa bhliain 1997, á gcur i bhfeidhm in earnáil na n-ospidéal géarchúraim. Luadh sa tuarascáil go raibh easaontas leanúnach ann ar feadh tréimhse deich mbliana faoi cheangaltas ama na gcomhairleoirí agus gur bheag an mhonatóireacht a rinne lucht bainistíochta na n-ospidéal maidir leis an gceangaltas sin a thabhairt i gcrích.

39.3 Bhreithnigh an Coiste um Chuntais Phoiblí i nDáil Éireann toradh an scrúdaithe i mí Bealtaine 2008. Ba é comhairle an Choiste sa tuarascáil¹³⁴

- Gur chóir go ndéanfaí soláthar le conradh nua na gcomhairleoirí d'fhollasacht iomlán maidir le ceangaltas ama dhaoine den fhoireann comhairleoirí i ndáil le dualgas san ospidéal poiblí agus gur chóir monatóireacht a dhéanamh mar gheall ar an gceangaltas agus é a chur i bhfeidhm d'fhonn cinntiú go ndéantar fiúntas de réir na dtuarastal a íoctar leis na comhairleoirí leighis.
- Gur chóir don HSE réimeas géar monatóireachta a thabhairt isteach maidir le líon na gcásanna poiblí agus na gcásanna príobháideacha in ospidéal agus gur chóir sonraí faoi leibhéal na hoibre sa chleachtadh príobháideach in ospidéal poiblí a fhoilsiú maidir le gach comhairleoir faoi seach.
- Gur chóir téarmaí chonaradh na bliana 1997 a chur i bhfeidhm go docht maidir leis na comhairleoirí sin nach n-aistríonn go dtí an conradh nua go bhfeictear go gcuireann na comhairleoirí seirbhísí ar fáil de réir mar atá ceangailte orthu.
- Gur chóir don ghrúpa forfheidhmiúcháin maidir leis an gconradh, a bheidh ag déanamh maoirseachta i ndáil le próiseas an athraithe, tuairiscí ar an dul chun cinn a chur faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanáí gach sé mhí.

Socruithe nua maidir le Conarthaí

39.4 Tá ceithre chineál conartha ann faoi na socruithe nua faoi mar a leagtar amach i Fíor 143.

¹³⁴ An Coiste um Chuntais Phoiblí i nDáil Éireann – An Tríú Tuarascáil Eadramhach ar Thuairisc na Bliana 2006 ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste – Caiteachas ar na Seirbhísí Sláinte (Mí na Samhna 2008).

Fíor 143 Na Cineálacha Conarthaí do Chomhairleoirí a thagann faoi na Socruithe Nua maidir le Conarthaí

Cineál	
A	Comhairleoirí a oibríonn don ospidéal poiblí amháin agus ar le tuarastal amháin a chuitítear an saorthar leo.
B	Comhairleoirí a thugann faoi chleachtadh príobháideach lena n-áirítear - comhairleoirí atá ag tosú i mbun a gcuid oibre a fhéadann tabhairt faoi chleachtadh príobháideach ar an láthair de réir choibhneas 80% poiblí in aghaidh 20% príobháideach. - comhairleoirí atá i mbun oibre cheana féin a fhéadann tabhairt faoi chleachtadh príobháideach de réir choibhneas 70% poiblí in aghaidh 30% príobháideach agus cleachtadh príobháideach d'othair sheachtracha a choinneáil ar láthair eile.
B*	Comhairleoirí atá i mbun oibre cheana féin a fhéadann tabhairt faoi chleachtadh príobháideach de réir choibhneas 70% poiblí in aghaidh 30% príobháideach agus cleachtadh príobháideach d'othair sheachtracha agus d'othair chónaitheacha a choinneáil ar láthair eile.
C	Comhairleoirí atá ag tosú i mbun a gcuid oibre a fhéadann tabhairt faoi chleachtadh príobháideach d'othair chónaitheacha agus d'othair sheachtracha. (Níl a leithéid le cruthú ach amháin nuair is féidir a léiriú go bhfuil buntáiste ann don chóras sláinte poiblí).

39.5 Vótáladh Meastachán Forlíontach, dar luach €68 milliún don HSE sa bhliain 2008. Bhí an chuid is mó de sin le cur i leith riaráiste pá a íoc le comhairleoirí leighis tar éis glacadh leis na téarmaí conartha nua agus iad a chur i bhfeidhm. Níor tharla na híocaíochtaí i rith na bliana 2008 agus de réir na rialacha maidir le cuntasáocht i leith airgid thirim, géilladh an ciste don Státchiste. Tosaíodh ar íocaíochtaí a dhéanamh de bhun na gconarthaí i mí Bealtaine 2009. Cuireadh soláthar €91 milliún ar fáil ina leith.

Na Príomhfhórlacha – Conradh Comhairleora 2008

39.6 Seo a leanas na príomhghnéithe a bhaineann le Conradh Comhairleora 2008

- Leagtar síos sainmhíniú i gconradh na bliana 2008 gur ionann ceangaltas gach comhairleora agus seachtain oibre 37 uair a chloig de réir sceidil arna chur i gcrích i rith na tréimhse 8 r.n. – 8 i.n. ó Luan go hAoine, ardú de cheithre uaire a chloig i gcomparáid leis an tseachtain oibre de réir sceidil roimhe seo. Chomh maith leis sin is féidir anois comhairleoirí a chur ar an uainchlár maidir le hobair ar an láthair suas le cúig uaire a chloig ar an Satharn, an Domhnach nó ar lá saoire poiblí.
- Forálar sa chonradh d'obair foirne lena mbaineann diagnóis a chur ar fáil, cóireáil a chur ar othair agus cúram a dhéanamh d'othair atá faoi chúram chomhairleora eile de chuid na foirne céanna. Leanann sin go dtí scaoileadh an othair ón ospidéal agus socruithe maidir le cóireáil bhreise ionas go réitítear an bealach d'othair a scaoileadh amach as an ospidéal níos tráthúla agus do thógáil isteach othair eile níos luaithe.
- Éilítear ar gach comhairleoir tuairiscíocht a dhéanamh le Stiúrthóir Cliniciúil a dhéanfaidh, *inter alia*, Plean Seirbhíse don Stiúrthóireacht Chliniciúil a ullmhú ina leagtar amach an modh ina dtugtar seirbhísí cliniciúla i gcrích, ina gcuirtear acmhainní comhairleoireachta chun feidhme agus a ndéantar bainistíocht ina leith trí uainchláir (le béim go gearrhéarmach agus go meántéarmach ar an athrú go dtí lá oibre idir 8 r.n. – 8 i.n. agus an tairbhe a bhaint as na ceithre huair a chloig breise d'am comhairleoireachta in aghaidh na seachtaine).
- Beidh gach comhairleoir, cé go bhfanfaidh siad neamhspleách ó thaobh cliniciúlachta de maidir le cinneadh faoi dhiagnóis, cóireáil agus cúram i leith othair faoi leith, faoi réir anois

freisin ag polasaithe agus nósanna imeachta corparáide an ospidéal ina bhfuil siad fostaithe, lena n-áirítear, *inter alia*, rialachas clinice agus bearta maidir le sábháilteacht na n-othar, páirt a ghlacadh i socruithe dearbhú inniúlachta, creat cáilíochta agus riosca a chur i bhfeidhm, cláir riosca a choinneáil, agus oideachas agus oiliúint a chur ar fáil do chliniceoirí eile.

- Tugtar isteach le Conradh Comhairleora 2008 bearta d'fhonn feabhas ó thaobh cothromais don othar poiblí, lena n-áirítear teorainn de 20% ar an gcleachtadh príobháideach i gcás comhairleoirí nua. Is féidir le comhairleoir a bhí fostaithe roimhe seo faoi Chonradh Comhairleora na bliana 1997 dul i mbun cleachtadh príobháideach 30% den am. Tá liosta feithimh coitianta le tabhairt isteach maidir le diagnóis don othar seachtrach (seirbhísí raideolaíochta agus saotharlainne san áireamh). Tiocfaidh na seirbhísí sin faoi réir an choibhneasa ceadaithe idir cleachtadh poiblí agus príobháideach agus ní mór an fostóir a bheith sásta go bhfuil eisiúint na mbillí i leith na seirbhísí sin ag teacht leis an gcoibhneas ceadaithe.

Béim an Iniúchta

Tá na gnéithe seo a leanas cinniúnach maidir le bainistíocht den rath ar an athrú sa réimse seo

- conarthaí a cheangal le sciar chinniúnach de na comhairleoirí agus deimhniú go bhfuil an téarmaí a aontaíodh trí idirbheartaíocht lárnach á gcur i bhfeidhm
- deimhniú gur léir ar uainchláir ar an láthair go bhfuil an ceangaltas ama ag teacht i bhfeidhm agus go bhfuil socruithe curtha i bhfeidhm d'fhonn deimhniú go gcloítear leis an gcoibhneas idir cleachtadh poiblí agus cleachtadh príobháideach
- cinntiú go bhfuil múnlaí stiúrtóireachta clinice i bhfeidhm agus, sa chás nach bhfuil, go bhfuil socruithe leordóthaineacha i bhfeidhm lena gcinnteofar go dtabharfar na socruithe nua i bhfeidhm
- forfheidhmiúchán maidir le sásamh na gceangaltas ar na comhairleoirí sin a fhanann ar chonradh na bliana 1997.

Féachadh san iniúcháireacht leis an dul chun cinn i leith gach gné acu sin thuas a dheimhniú.

Torthaí na hIniúcháireachta

39.7 Bhí meascán de chomhairleoirí arna gceapadh go buan, go sealadach agus ar bhonn locum ar an bhfoireann comhairleoirí i rith na bliana 2009. B'ionann coibhéis na foirne lánaimseartha a bhí i dteideal tairiscint ar Chonradh Comhairleora 2008 agus 1,888 fostaí buan agus 312 fostaí locum nó sealadach - 2,200 san iomlán.

39.8 Faoi mí Iúil 2009, bhí 1,688 comhairleoir as an 1,888 comhairleoir buan a raibh glactha acu leis na socruithe conartha nua. Bhí an briseadh síos i ndáil leis na conarthaí sin mar a leagtar amach in Fíor 144.

Fíor 144 Poist Comhairleora Líonta arna lua de réir Chineál an Chonartha

Cineál	Líon
A	629
B	703
B*	356
	1,688

Is ionann sin agus ráta glactha isteach is amach le 89%.

39.9 Cé gur ghlac mórchuid mhór de na fostaithe locum nó sealadacha le Conradh Comhairleora 2008 nuair a tairgíodh é, tá fostaíocht sa tseirbhís sláinte fágtha ag go leor acusan ó tháinig deireadh leis an gconradh a bhí acu faoin 1 Meitheamh 2009.

39.10 Tá tús curtha – ó mhí Meitheamh 2009 – ag na cúig Ollscoil a fhostaíonn Comhairleoirí Acadúla le Conradh Comhairleora 2008 a thairiscint do na comhairleoirí sin atá fostaithe acu. Faoin 7 Iúil 2009, bhí glactha le téarmaí na gconarthaí nua ag timpeall is 50% de na Comhairleoirí Acadúla.

39.11 As 326 post comhairleora a chruthaigh an HSE idir an 1 Márta 2008 agus an 1 Aibreán 2009 (tréimhse 13 mí), ba de Chineál A 76 acu, de Chineál B 250, agus ní raibh aon phost orthu de Chineál C.

Deimhniú go gCloítear le Téarma an Chonartha

39.12 Chuir an HSE in iúl dom go ndearna Aonad Iniúchta Inmheánach na heagraíochta sin athbhreithniú d'fhonn deimhniú nach raibh aon athrú ón gconradh caighdeánach a aontaíodh i gceist leis an 1,667 cáipéis conartha mar a síníodh iad i mí Márta 2009.

39.13 I ndáil le scóip na hoibre a rinneadh, ba ar leibhéal an-ard an t-athbhreithniú ach scrúdaíodh na conarthaí ar fad a eisíodh agus ar ghlac comhairleoirí leo atá fostaithe i HSE agus in áisíneachta arna maoiniú ag HSE. Rinneadh athbhreithniú i ndáil le gach conradh d'fhonn aon athrú ar na téarmaí agus na coinníollacha mar atá sa chonradh *pro forma* a aontaíodh le eagraíochtaí ionadaíochta lucht leighis i mí Iúil 2008 a thabhairt faoi deara.

39.14 Ba é a fuarthas amach leis an athbhreithniú

- Bhí mórchuid mhór na gconarthaí a shínigh comhairleoirí agus a d'údaraigh an fostóir ag teacht leis na téarmaí agus leis na coinníollacha caighdeánacha.
- Bhí céatadán beag de na conarthaí ar shínigh an fostóir iad arna n-aontú sular eisíodh chuig an bhfostaí iad (ní raibh aon iomrall i gceist le haon cheann díobh seo).
- Bhí céatadán beag de na conarthaí nach raibh sínithe de láimh arna n-údarú ag an bhfostóir, ach iad á dtabhairt san áireamh i dtaifid an fhostóra mar chonarthaí a eisíodh.
- Bhí líon beag de na conarthaí a raibh leasuithe curtha de láimh leo maidir leis an gcóireáil ar othair sheachtracha príobháideacha, ach ní bhfuair go raibh difear ábhartha á dhéanamh leo sin do na téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha.

39.15 Maidir leis an oiread a bhíodhas ag imeacht ó na téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha sna cásanna a aimsíodh leis an Iniúchadh Inmheánach, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom nach raibh a leithéid i gceist ach amháin i gcás líon beag conarthaí a bhí sínithe ag an gcomhairleoir ach gan iad sínithe ná údaraithe ag Bainisteoir an Ospidéal ná ag

Príomhfheidhmeanna an Ospidéal agus dhá chás ina raibh conradh a rangáíodh mar chonradh de Chineál C sínithe ag comhairleoirí, cé nach raibh Cineál C ar tairiscint do na comhairleoirí sin.

Ceangaltas Ama ar Uainchlár agus Obair Phríobháideach

39.16 Rinne Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna (HR) HSE beart deimhniúcháin maidir le sceidil oibre d'fhonn cinntiú go raibh ceangaltas 37 uair a chloig á léiriú iontu agus ceithre huair a chloig breise de réir sceidil curtha i leith obair chlinice, lena n-áirítear

- an neartú ar an tseirbhís de thoradh ardú ó 33 uaire a chloig oibre go dtí 37 uaire a chloig oibre de réir sceidil in aghaidh na seachtaine.
- oiread na seirbhíse a chuirtear ar fáil ar feadh lá fada oibre mar a éilítear (8 r.n. go dtí 8 i.n. i gcomórtas le 9 r.n. go dtí 5 i.n.)
- ragobair sceidealaithe a thabhairt isteach ar an Satharn, ar an Domhnach nó ar laethanta saoire bairc in áit íocaíochtaí Toisc C¹³⁵ i ndáil le dualgais a dhéanann comhairleoirí ar an láthair nuair atáthar ar glao-dhualgas taobh amuigh de na huaireanta sceidealaithe, an gnóthachan dá bharr ó thaobh seirbhíse agus an bonn costais maidir leis
- socruithe tomhais maidir le gach gné de obair chlinice an chomhairleora, lena n-áirítear othair chónaitheacha, cásanna lae, othair sheachtracha agus diagnóis
- an oiread a chloítear leis gcoibhéis atá sonraithe idir cleachtadh poiblí agus cleachtadh príobháideach
- an oiread atá liosta feithimh amháin tugtha isteach i ndáil le diagnóis i gcás othar seachtrach.

39.17 Rinneadh an oiread a bhí na sceidil oibre ag teacht leis na hathruithe a aontaíodh a chlárú mar chuid den phróiseas deimhniúcháin. Ní dheanadh deimhniúchán ach amháin i gcás sceidil iomlána agus cuireadh sceidil neamhiomlána ar leataobh d'fhonn leasú agus athbhreithniú arís. Tá an t-athbhreithniú breise sin tugtha chun críche anois.

39.18 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur tugadh faoi dheimhniúchán AD go díreach tar éis an dáta deiridh maidir le glacadh le Conradh Comhairleora 2008 sa chaoi agus go gcinnteofaí go raibh gnéithe buntábhachta de chuid an chonartha ar bun sula mbeadh íocaíochtaí á ndéanamh faoin gconradh. Deimhniú go raibh gach ceann de na gnéithe ar fáil a bhain leis an mbeart deimhniúcháin, seachas a oiread a bhí an ghné i bhfeidhm a chlárú.

39.19 Tá líon beag ospidéal a bhfuiltear fós ag déileáil le deacrachtaí iontu maidir le sonraí a bhailiú, go háirithe le tuairiscíocht ar obair maidir le roinn d'othair sheachtracha príobháideacha lae ar an láthair agus diagnóis. Tá iarrtha ar na comhairleoirí sna hospidéal sin sonraí a chur ar fáil faoin obair sa chleachtadh príobháideach ach níor cuireadh sin ar fáil go fóill. Tá an Bainisteoir Ospidéal sna hospidéal áirithe lena mbaineann sin ag leanacht den obair leis na sonraí a fháil. Tá breis cainteanna ar siúl le hOspidéal Máithreachais i mBaile Átha Cliath faoin riachtanas speisialta a bhaineann leis an tseirbhís Máithreachais i ndáil leis an tomhas ar an gcleachtadh príobháideach.

39.20 Tá Oifig Náisiúnta na nOspidéal (NHO) i HSE ag cur tabhairt isteach an liosta feithimh comhchoiteann chun cinn maidir le diagnóis ar othair sheachtracha.

¹³⁵

Baineann siad seo le hÍocaíochtaí, de réir an ghlaoch amach, maidir le seirbhísí arna gcur ar fáil ag comhairleoir nuair atáthar ar glao-dhualgas taobh amuigh den cheangaltas 37 uaire a chloig de réir sceidil in aghaidh na seachtaine.

Monatóireacht ar an gCleachtadh Príobháideach

39.21 Ó mhí Meán Fómhair 2008, tá córais tugtha isteach ag HSE maidir le tuairiscíocht ar obair le hothair chónaitheacha poiblí agus príobháideacha agus ar chásanna aon lae de réir gach comhairleoir faoi leith. Tá tuairiscí ón gcóras sin á gcur ar fáil ina gcláraítear cleachtadh poiblí agus cleachtadh príobháideach an chomhairleora i ndáil le hothair chónaitheacha, cásanna aon lae, othair sheachtracha agus obair dhiagnóise. Táthar cúig mhí chun deiridh faoi láthair leis na tuairiscí míosúla seo. Chuir HSE in iúl dom go mbeifear in ann tuairiscí mar gheall ar an gcéatadán de na comhairleoirí incháilithe atá ag feidhmiú taobh istigh de na teorainneacha a leagtar amach go sonrach i gConradh Comhairleora 2008 agus ar an gcomhlíonadh ginearálta ar leibhéal an ospidéal i rith an dara leath den bhliain 2009. Tosófar an tráth sin ag cur an eolais in úsáid agus is i bhfianaise an eolais a dhéanfar socruithe faoi stiúrtóireachtaí cliniciúla.

39.22 Cuirfear an tuairisc go dtí an Stiúrthóir Cliniciúil agus go dtí Bainisteoir an Ospidéal agus ullmhófar tuairisc faoin stádas ginearálta ar mhaithe le monatóireacht inmheánach i HSE agus chun críche na bainistíochta agus cuirtear ar fáil é don Roinn agus do chumainn ionadaíochta na gcomhairleoirí.

39.23 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur riachtanas buntábhachta maidir le Conradh Comhairleora 2008 a chur i bhfeidhm an mhonatóireacht ar an obair a dhéanann gach comhairleoir faoi seach sa chleachtadh príobháideach. Bhí córais nua tomhais á dtabhairt chun cinn roimh, le linn agus i ndiaidh an bhirt deimhniúcháin d'fhothn freastal don riachtanas seo ar an mbealach a leagadh amach le linn na hidirbheartaíochta faoin gConradh, i.e. tomhas a dhéanamh ar an obair chlinice arna choigeartú de réir meascán na gcásanna. Tá na gnéithe seo a leanas ag baint leis an gcóras tomhais

- An córas tomhais a thabhairt chun cinn i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá sin tugtha isteach anois sna 49 ospidéal géarchúraim tríd an gCóras HIPE¹³⁶ (*Hospital In-Patient Enquiry* i mBéarla). Cláraítear sa chóras tomhais an obair ar chásanna othar cónaitheach agus ar chásanna aon lae (arna ualú de réir mheascán na gcásanna¹³⁷) de réir an chomhairleora agus tugtar tuairisc ar leibhéal na hoibre sa chleachtadh príobháideach gach mí.
- Tá sonraí faoi fhuílleach oibre nach dtagann faoi scáth an chórais HIPE go fóill, sonraí faoi obair ar an láthair maidir le hothair sheachtracha príobháideacha agus obair dhiagnóise áirithe san áireamh, á mbailiú de láimh ag na hospidéal mar bheart eadramhach go dtí go dtugtar córas bailithe sonraí uathobreach chun cinn.
- Ní féidir moill áirithe (4 mhí ar a laghad) a sheachaint maidir le tuairiscí a chur ar fáil, mar gheall ar an am a theastaíonn chun cód a chur leis an obair a luaitear ar chairt an othair. Bhí na chéad tuairiscí tomhais maidir le mí Eanáir 2009 ag teacht chun cinn i lár na bliana 2009 agus eisíodh gach ceann chuig an gcomhairleoir féin.
- Tá na tuairiscí sin á n-ullmhú le cur faoi bhráid na Stiúrthóirí Cliniciúla agus na mBainisteoirí Ospidéal chun críche na monatóireachta ar an gcomhlíonadh.

39.24 Tá tuairisc faoi gach comhairleoir faoi leith á thabhairt don chomhairleoir féin gach mí ó thús na bliana 2009.

¹³⁶ Cruinnítear sonraí déimeagrafaíochta, clinice agus riaracháin faoi othair sna hospidéal ghinearálta géarchúraim ar fud na tíre sa chóras HIPE.

¹³⁷ Soláthraíonn cásmheascán bealach chun sonraí a bhailítear ar ghníomhaíocht agus ar chostais laistigh d'ospidéal ghéarmhíochaine a chaighdeánú, le gur féidir comparáidí bríomhara a dhéanamh idir réimsí difriúla gníomhaíochtaí agus idir ospidéal dhifriúla.

Cur i bhFeidhm agus Oibriú na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla

39.25 Déantar soláthar leis na socruithe leasaithe do phost nua sa bhainistíocht shinsearach ar fud na seirbhíse – an Stiúrthóir Cliniciúil. Bítear ag súil go ndéanfaidh an Stiúrthóir Cliniciúil

- cinntiú go dtagtar leis na caighdeáin seirbhíse agus leis na coinníollacha rialachais
- monatóireacht agus bainistíocht ar an meascán idir cleachtadh poiblí agus cleachtadh príobháideach
- uainchláir na gcomhairleoirí a thabhairt chun cinn agus bainistíocht a dhéanamh ina leith, déileáil le cásanna gearáin agus aighnis
- bainistíocht a dhéanamh ar na céimeanna tosaigh sa phróiseas araíonachta agus
- cúnamh a thabhairt le hoideachas agus oiliúint i gcúrsaí leighis a eagrú.

39.26 I mí na Nollag 2008, chuir HSE tús le próiseas ceapacháin maidir le Stiúrthóirí Cliniciúla. Faoi 1 Iúil 2009, bhí 46 Stiúrthóir Cliniciúil, ó na comhairleoirí sin a ghlac le Conradh Comhairleora 2008, ceaptha ar fud chóras na n-ospidéal. Tá HSE ag tuar go ndéanfar Stiúrthóirí Cliniciúla breise a cheapadh i rith an dá bhliain atá ag teacht de réir mar a thagann athrú ar na seirbhísí.

39.27 Faigheann Stiúrthóirí Cliniciúla a cheaptar faoi Chonradh Comhairleora 2008 liúntas €50,000 in aghaidh na bliana.

39.28 Níl tús curtha leis an obair dheimhniúcháin maidir le hoibriú na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla. Tá na téarmaí tagartha d'iniúchadh le haontú go fóill. Tá i gceist go ndíreofar ar fhianaise atá ar fáil a chuirfeadh bonn taca faoi uaireanta breise oibre, solúbthacht bhreise maidir le teacht ar théatair, feabhas ar rátaí maidir le othair a scaoileadh as an ospidéal, teacht leis an gcoibhneas aontaithe idir cleachtadh poiblí agus cleachtadh príobháideach, laghdú ar amanna feithimh i Rannóga Éigeandála.

39.29 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil athruithe á gcur i bhfeidhm ag lucht bainistíochta ospidéal go háitiúil agus go réigiúnach le cúnamh taca agus treoir ó HR agus NHO. Maidir le bainistíocht ar an athrú, tá HSE ag féachaint faoi láthair le clár seirbhísí slánchóirithe a thabhairt i bhfeidhm lena mbaineann Stiúrthóirí Oibriúcháin Réigiúnach agus Stiúrthóirí Cliniciúla i réimsí buntábháichta a cheapadh. Tá rólanna ceannródaíochta á ndéanamh ag na Stiúrthóirí Cliniciúla – arna gceapadh faoi Chonradh Comhairleora 2008 – maidir leis na seirbhísí a thabhairt lena dteastaíonn ó othair, caighdeáin cúraim agus cáilíochta a shásamh agus an ceangaltas ar na comhairleoir a leagan amach dá réir sin. Feidhmíonn na Stiúrthóirí Cliniciúla mar bhainisteoirí sinsearach sna hospidéal mhóra agus iad ag déanamh tuairiscíochta ar leibhéal an ospidéal nó ar leibhéal an réigiúin.

39.30 Sular tugadh isteach Conradh Comhairleora 2008, bhí réimse post ceannaireachta, Stiúrthóir Cliniciúil, Stiúrthóir Leighis agus eile, faoi shocrú áitiúla stairiúla in ospidéal éagsúla agus i réimse an phobail. Ba bheag leanúnachas a bhain leis na rólanna a bhí á gcur i leith na bpost sin agus sa chuid is mó de na cásanna, ní raibh ról bainistíochta i leith chomhairleoirí eile ag na comhairleoirí a bhí sna poist seo. Is féidir le comhairleoirí a raibh rólanna ceannaireachta le cúiteamh airgid acu faoi Chonradh Comhairleora 1997 na rólanna sin a choinneáil agus íocaíochtaí a fháil faoi Chonradh Comhairleora 2008 pro-rata a gcuid íocaíochtaí faoi Chonradh Comhairleora 1997. Níl tuairisc ar líon na gcomhairleoirí a bhfuil tairbhe acu ó na socruithe seo á choinneáil go lárnach agus ní raibh sin ar fáil tráth an athbhreithnithe.

39.31 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur tharla i gcuid mhaith cásanna gur éirigh le comhairleoirí a raibh ról Stiúrthóra Cliniciúil nó ról cinnireachta eile acu faoin gconradh roimhe seo ceapachán nua mar Stiúrthóir Cliniciúil a fháil faoi Chonradh Comhairleora 2008 nó go raibh

ról eile glactha acu sna eagar nua bainistíochta. Sa chás nár tharla sin, tá an lucht bainistíochta ag féachaint le cur leis an tairbhe a bhaineann le ról an chomhairleora san am i láthair, sin a thabhairt leis an eagar nua bainistíochta agus an éifeachtacht is mó is féidir ó thaobh costais de a chinntiú.

Na Comhairleoirí a fhanann ar an gConradh roimhe seo

39.32 Ní thiocfaidh Comhairleoirí a fhanann ar Chonradh Comhairleora 1997, an Conradh Comhairleora Acadúil 1998, Conradh Comhairleora 1991 nó socrúithe conartha roimhe sin faoi réir téarmaí agus choinníollacha Chonradh Comhairleora 2008. Luaigh HSE go mbeidh ceangal orthu ina dhiaidh sin féin oibriú go dlúth le Stiúrthóirí Cliniciúla mar bhainisteoirí sinsearach sa tseirbhís sláinte. Tá curtha in iúl dom ag HSE go raibh roghnaithe ag tuairim is 200 comhairleoir fanacht ar na socrúithe conartha roimhe seo.

39.33 Tá ráite ag HSE go gcinnteofar an leanúnachas maidir leis na socrúithe conartha éagsúla a bhaineann leis na comhairleoirí a chur i bhfeidhm go seasta. Maidir le Conradh Comhairleora 1997 agus Conradh Comhairleora Acadúil 1998, tiocfaidh san áireamh leis sin cur i bhfeidhm iomlán ar na forálacha a bhaineann leis an gceangaltas ama ar an gcomhairleoir i leith an ospidéil phoiblí agus an teideal atá ag an gcomhairleoir ar oibriú i gcleachtadh príobháideach. Tá tugtha le fios ag HSE go dtosófar ar na forálacha sin a chur i bhfeidhm a luaithe a bhíonn na híocaíochtaí tosaigh faoi Chonradh Comhairleora 2008.

Conclúidí

Tá na socrúithe conartha nua roghnaithe ag 89% de na comhairleoirí buana. Tá obair déanta d'fhonn cinntiú go dtagann na conarthaí a shínigh ospidéil leis na téarmaí caighdeánacha agus go dtugtar an ceangaltas ama breise a pléadh san áireamh leis na sceidil.

Tá bonn le cur go fóill faoi shocrúithe d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar an gcleachtadh príobháideach, na hathruithe a bhaineann le múnla na Stiúrthóireachta Cliniciúla agus monatóireacht ar an gcomhlíonadh i leith na gcomhairleoirí sin a fhanann ar na socrúithe conartha a théann siar roimh Chonradh Comhairleora 2008.

Is gá do HSE brú ar aghaidh le socrúithe d'fhonn deimhniúchán a fháil go bhfuil an toradh gnóthachain a rabhtas ag súil leis, de bharr acmhainn bhreise a bheith ar fáil agus athrú ar phróisis bainistíochta, á thabhairt i gcrích i ndáiríre.

Caibidil 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Seirbhís Otharcharranna Bhaile Átha Cliath

Seirbhís Otharcharranna Bhaile Átha Cliath

40.1 Roimh 1960 ba ar na húdaráis sláinte a bhí an fhreagracht seirbhísí sláinte a sholáthar lena n-áirítear seirbhís otharcharranna. Faoin Acht um Údaráis Sláinte, 1960 dílsíodh freagracht reachtúil maidir le soláthar seirbhísí sláinte i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath ar Údarás Sláinte Bhaile Átha Cliath a bhí nuabhunaithe ag an am. Chomhaontaigh na húdaráis áitiúla agus Údarás Sláinte Bhaile Átha Cliath go leanfadh na húdaráis áitiúla ag soláthar seirbhís otharcharranna i gceantar Bhaile Átha Cliath thar ceann Údarás Sláinte Bhaile Átha Cliath.

40.2 Nuair a bunaíodh Bord Sláinte an Oirthir ar cheann de na boird sláinte réigiúnacha a tháinig in ionad na nÚdarás Sláinte faoi Acht Sláinte, 1970 lean an socrú sin. In 1983 tháinig deireadh leis an socrú i gceantar Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin agus ghlac Bord Sláinte an Oirthir freagracht ar sheirbhís otharcharranna a sholáthar sa cheantar riaracháin sin.

40.3 I 2000, roinneadh Bord Sláinte an Oirthir de réir trí cheantar sláinte réigiúnacha. Ina dhiaidh sin, ghlac ceann de na húdaráis sláinte réigiúnacha sin – Bord Sláinte Limistéar an Chósta Thoir – an ról seirbhís otharcharranna sa réigiún a chomhordú. Ina dhiaidh sin arís ghlac Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), nuair a bunaíodh í i 2005, freagracht maidir le seirbhís otharcharranna ar fud na tíre.

An Soláthar Seirbhíse Reatha

40.4 Go praiticiúil, cuireann dhá sheirbhís otharcharranna seirbhísí lán-aimseartha ó cheann ceann na bliana ar fáil i gcathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath – Seirbhís Dóiteáin Bhaile Átha Cliath (DFS) agus Seirbhís Otharcharranna an HSE.

40.5 I 1998, tugadh le chéile feidhmeanna Ordaithe agus Rialaithe an Bhoird Sláinte agus an DFS ag aon suíomh amháin in aonad a tógadh go speisialta ar Shráid Chnoc na Lobhar, Baile Átha Cliath. An cuspóir a bhí leis sin ná an dá sheirbhís a thabhairt le chéile le súil is go mbainfí an úsáid is éifeachtaí as acmhainní agus le cúram othar ag an gcaighdeán is airde a chinntiú.

40.6 Bhunaigh HSE an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) i 2006 agus faoin tseirbhís cuirtear seirbhísí éigeandála otharcharranna agus seirbhísí iompair othar ar fáil. I Réigiún an Oirthir cuirtear seirbhís otharcharranna a chumhdaíonn contaetha Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus Chill Mhantáin ar fáil. Tá 242 ball foirne ag obair i Réigiún an Oirthir. Ina measc sin tá foireann iompair othar, rialtóirí otharcharranna, TMEanna¹³⁸, bainisteoirí agus foireann riaracháin chomh maith le bainisteoirí agus foireann riaracháin an Choláiste Náisiúnta Seirbhíse Otharcharranna. I Fíor 145 tá mionsonraí ar leithroinnt fhoireann otharcharranna HSE i Réigiún an Oirthir.

¹³⁸ Teicneoir Míochaine Éigeandála

Fíor 145 Foireann Otharcharranna FSS i Réigiún an Oirthir– Iúil 2009

Catagóir	Líon
Foireann Otharcharranna	183
Foireann Iompair Othar	15
Coláiste Náisiúnta Otharcharranna	12
Riarachán, etc. cúltaca	11.5
Bainistíocht/Maoirseoir	14
Folúntais	6.5
Iomlán	242

40.7 Cuireann Réigiún an Oirthir HSE an tseirbhís ar fáil le 55 otharcharr lena n-áirítear ceithre fheithicil bhreise. Chomh maith leis sin, cuireann aonad gluaisrothar seirbhís mhearfheagartha ar fáil ar ghlaonna éigeandála. Faoi tseirbhís freisin cuirtear seirbhís náisiúnta nuabheirthe agus seirbhís náisiúnta dianchúraim aisghabhála soghluaiste tiomanta ar fáil. Chomh maith le glaonna éigeandála a fhreagairt, faoin tseirbhís freisin aistrítear othair ó ospidéal go hospidéal agus freagraítear glaonna práinne ó dhochtúirí. I Fíor146 tá mionsronraí na n-otharcharranna HSE i Réigiún an Oirthir.

Fíor146 Otharcharranna FSS i Réigiún an Oirthir – Iúil 2009

Réigiún	An Líon is mó ar Dualgas	Breise^a	Iomlán
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath			
Sráid San Séamas	7	7	14
Tamhlacht	1	1	2
Sord	2	1	3
Baile Uí Lachnáin	4	3	7
Réigiún eile an Oirthir			
Cill Mhantáin	3	3	6
An tInbhear Mór	1	1	2
Bealach Conglais	1	1	2
Maigh Nuad	1	1	2
An Nás	4	4	8
Baile Átha Í	2	2	4
Seirbhísí Náisiúnta			
Baile Uí Lachnáin	2	-	2
Sráid San Séamas	3	-	3
Iomlán	31	24	55

Nótaí:

- a Bíonn na hotharcharranna breise a bhíonn le spárail ag teastáil le go mbeifear ábalta tús a chur le dualgas sa chás is nach mbíonn criúnna atá ar dualgas tagtha ar ais chuig an mbunáit in am don chéad seal oibre eile. Déantar freastal ar ghnáthsheirbhísí agus ar fheithicilí a chliseadh trí otharcharranna a bhogadh ó shuíomh amháin go suíomh eile nuair is gá.
- b Tá dhá otharcharr freagartha teagmhas lonnaithe i mBaile Uí Lachnáin.
- c Tá dhá otharcharr nuabhreithe agus dhá otharcharr dianchúraim soghluaiste lonnaithe ar Shráid San Séamas.

40.8 Ní sholáthraíonn an DFS ach freagairt éigeandála amháin. Tá prótacál comhaontaithe go bhfreagóidh an t-otharcharr is gaire atá ar fáil éigeandáil. Cuireann an DFS, ag a bhfuil haon déag

otharcharr agus trí cinn bhreise, seirbhísí ar fáil ó dheich shuíomh ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.

Socruithe leis an DFS

40.9 Seasann an HSE costais an DFS. Íocann HSE an DFS ar 105 duine móide 10% ar chostais maoirseoireachta chun an tseirbhís otharcharranna a sholáthar. Ní rachadh i mbun aon phróiseas soláthair foirmiúil, áfach, chun an DFS a cheapadh le seirbhís éigeandála otharcharranna a sholáthar.

40.10 I mí Meithimh 1998, dhréachtaigh Bord Sláinte an Oirthir agus Briogáid Dóiteáin Bhardas Bhaile Átha Cliath dréacht-chomhaontú ar sholáthar seirbhísí éigeandála otharcharranna. Mar thoradh ar an dréacht-chomhaontú rinne An Coimisiún Eorpach gearán a deir gur mba cheart de réir riachtanas Threoir 92/50 ón AE é a bheith fógraithe roimh ré.

40.11 D'iarr An Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach a dhearbhu nár chomhlíon Éire a hoibleagáidí faoi Chonarthaí AE ná prionsabail ghinearálta Dhlí an Chomhphobail mar gur cheadaigh sí soláthar seirbhísí éigeandála otharcharranna gan é a fhógairt roimh ré. Deir an Coimisiún gur sárú ar rialacha Chonradh AE a bhí ann comhaontú a chothabháil gan fógraíocht a dhéanamh roimh ré agus dhá bhrí sin gur sárú a bhí ann ar phrionsabail ghinearálta Dhlí an Chomhphobail, go háirithe prionsabal na trédhearcachta.

40.12 Níor ghlac an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach le cointinn an Choimisiúin agus chinn sí nár léirigh argóintí an Choimisiúin ná na doiciméid a cuireadh ar fáil gur bronnadh conradh poiblí ó tharla gur féidir go soláthraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath seirbhísí éigeandála otharcharranna i bhfeidhmiú a cumhachtaí a eascraíonn go díreach ón reachtaíocht. Ina theannta sin ó tharla go mbíonn socruithe maoinithe i gceist i ndáil le seirbhísí, mar a bheadh idir dhá chomhlacht poiblí, ní shin le rá gur ionann na seirbhísí sin a sholáthar agus conradh poiblí a bhronnadh a gcaithfí measúnú a dhéanamh air i ndáil le rialacha bunúsacha an Chonartha.

Costas na Seirbhíse Éigeandála DFS

40.13 Seasann an HSE na costais seo a leanas don DFS

- Costais phárolla na foirne
- aoisliúntas¹³⁹
- muirear 10% ar mhaoirseacht

40.14 D'fhéach Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le híocaíocht a fháil ó HSE ar ghnéithe breise costais. Cheistigh HSE, áfach, ar cheart gur muirir a bheadh iontu sin mar nár chomhaontaigh sí riamh an costas bhain leis na nithe sin a sheasamh. Baineann na réimsí a ceistíodh le:

- Seirbhís Otharcharranna Shoir
- Costais earcaíochta agus oiliúna
- Costais an tseomra rialaithe (16 ball foirne)
- Sársheirbhís pharaimhíochaine.

¹³⁹ Ríomhtar an muirear aoisliúntais ag 1/7ú den chaiteachas turastail glan.

40.15 I ndiaidh idirbheartaíochtaí fada shocraigh HSE i 2006 na gnéithe a bhí á gceistiú a íoc agus d'íoc sí riaráistí €2 milliún an bhliain sin le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus €1.09 milliún breise i 2007. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2008 ba í an tsuim a bhí fós á ceistiú ná €2.9 milliún lena n-áirítear €381,958 a bhí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a éileamh ar mhéadú ar an gcostas maireachtála.

40.16 Tá na híocaíochtaí a rinne HSE le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do na blianta 2004 – 2008 mionsonraithe i Fíor147.

Fíor147 Aisíocaíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2004 – 2008

	Íocaíochtaí^a
	€
2004	6,833,519
2005	7,454,748
2006	9,454,748
2007	11,017,625
2008	9,306,396

Nóta:

a €2.8 milliún a héilíodh go dtí 31 Nollaig 2008 á ceistiú agus níor híocadh go fóill.

Creat Seirbhíse

40.17 Níl aon chomhaontú maidir le leibhéal seirbhíse i bhfeidhm idir HSE agus an DFS chun seirbhísí éigeandála otharcharranna a sholáthar i mBaile Átha Cliath. Ó tharla nach bhfuil comhaontú maidir le leibhéal seirbhíse ann agus nach bhfuil táscairí feidhmíochta comhaontaithe bíonn sé deacair feidhmíocht na seirbhíse otharcharranna a sholáthraíonn an DFS a thomhais go héifeachtach ná aon chomparáid a dhéanamh idir í agus an tseirbhís a sholáthraíonn a seirbhís otharcharranna féin.

40.18 Ní éascaíonn an caidrimh tuairiscithe atá ag HSE leis an Roinn Sláinte agus Leanaí ná ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an Roinn Comshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil pleanáil chomhtháite. Tá an scéal níos casta fós mar go bhfuil dhá ghrúpa fostaithe ar leithligh i gceist a bhfuil pá, téarmaí agus coinníollacha oibre fostaíochta agus ionadaíochta foirne difriúla ag dul dóibh.

40.19 Is é príomhchuspóir NAS ná seirbhísí iompair agus cúraim réamhospidéal tráthúla agus cuí a sholáthar. Le seirbhís otharcharranna ar ardchaighdeán a sholáthar bíonn ar NAS oibriú i gcomhpháirtíocht le réimse leathan eagraíochtaí príobháideacha agus reachtúla. Bíonn obair go dlúth le soláthróirí cúraim sláinte ag leibhéal príomhúil agus pobail ó thaobh géarchúraim agus cúraim phobail i gceist.

Córais Chumarsáide

40.20 Ó comhlonnaíodh feidhmeanna Ordaithe agus Rialaithe otharcharranna an Bhoird Sláinte agus an DFS chuig aonad a tógadh go speisialta i 1998 ar Shráid Chnoc na Lobhar tá iarrachtaí á ndéanamh chun ionad a bheadh comhtháite go cuí a bhúnú ag a mbeadh creat bainistíochta oiriúnach amháin. Chuir HSE ar an eolas mé gur cheannaigh an DFS córas seolta ríomhchuidithe i 1998 nuair a chuir an tseirbhís Ordaithe agus Rialaithe tús le hoibríochtaí. An phríomhfhéidhm a bhí leis ná cuidiú glaonna dóiteáin a fhreagairt. Ceannaíodh modúl ina dhiaidh sin chun glaonna a rianú agus le feithiclí otharchairr seirbhíse dóiteáin a sheoladh. Dúirt HSE gur chruthaigh an

modúl breise seo deacrachtaí oibríochta leanúnacha maidir le córas amháin comhtháite a bhaint amach.

40.21 Moladh i dtuarascáil¹⁴⁰ neamhspleách athruithe móra ar shocruithe sa todhchaí maidir le hinfrastuchtúr cumarsáide a sholáthar do na seirbhísí otharcharranna foriomlána. Ba iad na príomh-mholtaí:

- Ceithre ionad glaonna seirbhíse sláinte a bhunú – ceann le tacú le gach ceantar riaracháin HSE
- Tacaíocht seirbhíse cumarsáide comhtháite a sholáthar do sholáthróirí ildhisciplíneacha le tacú le seirbhísí iomlánaíocha d’othair
- Déileáil le gach riachtanas cumarsáide seirbhíse sláinte ó na hionaid sin.

40.22 Moladh inti freisin go gcuirfeadh na hionaid na seirbhísí seo a leanas ar fáil

- Otharcharranna a sheoladh i gcásanna éigeandála
- Aistrithe idir-ospidéal d’othair atá thar a bheith tinn
- Seirbhísí iompair othar – bunaithe ar shínteáin ag leibhéal cúraim idirmheánach
- Seirbhísí monatóireachta leaba
- Seirbhísí iompair othar ó chonraitheoirí
- Gach seirbhís a bhaineann le glaonna míochaine lasmuigh de ghnáthuaireanta
- Seirbhísí tacaíochta sláinte speisialtóireachta mar altracht sláinte phoiblí, oibrithe sóisialta, etc., a bhíonn ag teastáil lasmuigh de ghnáthuaireanta
- Ionaid phríomhchúraim
- Seirbhísí comhairle agus tarchuir othar

40.23 Is é staid reatha HSE maidir le bunú ceithre ionad glaonna seirbhíse sláinte ná go bhfuil breis measúnaithe de dhíth chun a aithint an féidir le dhá ionad glaonna an tseirbhís a sholáthar. Chuir an tOifigeach Cuntasachta ar an eolas mé go gceapann seisean gur cheart na feidhmeanna atá liostaithe sa tuarascáil a sholáthar mar a tharlaíonn i go leor tíortha eile.

Athbhreithniú ar an tSeirbhís

40.24 Bunaíodh Grúpa Athbhreithnithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhíse otharcharranna laistigh de chathair agus de chontae Bhaile Átha Cliath i mí Deireadh Fómhair 2005 agus an thug an grúpa tuairisc i Feabhra 2007. Comhghrúpa de chuid HSE agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhí ann agus bhí Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de chuid na seirbhíse otharcharranna réigiúnaí na Ríochta Aontaithe i measc an ghrúpa freisin. Fostaíodh cuideachta as an Ríocht Aontaithe a raibh speisialtóireacht aici in anailís a dhéanamh ar shonraí seirbhísí éigeandála chun tacú le hobair an Ghrúpa Athbhreithnithe.

40.25 Mhóthaigh HSE agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go raibh gá athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné d’oibríochtaí otharcharranna seachas gnáthsheirbhísí iompair othar a ndéanann an NAS agus sin amháin bainistiú agus seachadadh orthu. Údar tábhachtach a thug spreagadh don athbhreithniú ab ea gur breithníodh go raibh na hamanna freagartha maidir le seirbhísí éigeandála otharcharranna a sheachadadh i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath an-íseal i gcomparáid le cathracha eile cosúil léi ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa. Ní

¹⁴⁰ Cumarsáid sna Seirbhísí Otharcharranna 2005, (Tuarascáil Mason).

bhaintear amach an t-am freagartha d'ocht nóiméad ar fhreagairt éigeandála i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath ach i dtuairim is 25% de chásanna, dona go leor i gcomparáid leis an am freagartha d'ocht nóiméad go ginearálta a bhaintear amach i 75% de chásanna i Sasana nuair a bhítear ag déileáil le glaonna a d'fheádfadh a bheith bagrach don bheatha.

40.26 Mheas an Grúpa Athbhreithnithe nach raibh an soláthar seirbhíse otharcharranna atá ann faoi láthair ina ndéananna dhá eagraíocht éagsúla seachadadh ar sheirbhísí ag baint leasa as córais chumarsáide dhifriúla agus bogearraí bainteacha ag teacht le go leor d'aidhmeanna ná de spriocanna na dtuarascálacha straitéiseacha ar fad ar sheirbhísí otharcharranna ná le Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte.

Saincheisteanna Suntasacha a d'Aithin an Grúpa Athbhreithnithe

40.27 Maidir le socruithe ordaithe agus rialaithe, fuair an Grúpa Athbhreithnithe amach go n-oibríonn agus go seolann an dá ionad rialaithe na hacmhainní otharcharranna ar fud chathair agus chontae Bhaile Átha Cliath mar dhá aonán éagsúla cé go bhfuil siad lonnaithe sa seomra céanna agus gur beag comhthathaithe a bhaineann le leithdháileadh na seirbhísí sin. Cé go raibh roinnt comhordaithe ag baint le glaonna 999 in ionad Chnoc na Lobhar is é tuairim HSE nach bhfuil an córas seo sách comhtháite chun seirbhísí otharcharranna réidh a sholáthar do dhaonra chathair agus chontae Bhaile Átha Cliath. Facthas go raibh an tseirbhís seo fadálach agus go mbaineann cúrsaí mar atá an mhaith as ceann de phríomhchuspóirí Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte.

40.28 Thug an Grúpa le fios nach raibh sé sásúil nach mbeadh pointe amháin teagmhála ann do gach glaoch otharcharranna i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath chun tacú le riachtanais othar nó le cliniceoirí a bhíonn ag lorg seirbhíse otharcharranna. Thug an grúpa ar aird go raibh easpa comhthathaithe ag baint le seirbhísí rialaithe agus le seachadadh seirbhíse.

40.29 Thuairisc an Grúpa nach gá go seoltar an acmhainn otharchairr is gaire chun freastal ar riachtanais na n-othar ag bhíonn ag éileamh na seirbhísí.

40.30 Ó thaobh luach ar airgead, thug an Grúpa Athbhreithnithe ar aird go raibh dubailt ag baint leis an dá chóras neamhspleácha agus go raibh infrastruchtúr agus córais tacaíochta ag teastáil ó gach aon cheann acu.

40.31 Maidir le rioscaí cliniciúla agus airgeadais thug an Grúpa Athbhreithnithe faoi deara go bhfuil rioscaí airgeadais agus cliniciúla ag baint leis an gcur chuige atá ann maidir le seachadadh seirbhíse. Ceist nach mór aghaidh a thabhairt uirthi go práinneach chun na rioscaí sin a mhaolú agus chun córas airgeadais agus cuntasachta cliniciúil a sholáthar is ea nach bhfuil Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí atá ann a sholáthar.

40.32 D'eisigh an Grúpa Athbhreithnithe sraith moltaí maidir leis na réimsí rialú, oibríochtaí, éifeachtacht chliniciúil agus caighdeán. Tá siad leagtha amach in Iarscríbhinn A.

Buncheistean na Iníúchta

D'fhiafraigh mé don Oifigeach Cuntasachta cén gníomh a glacadh nó a mholfaí chun

- Seachadadh na seirbhíse otharcharranna a thabhairt níos gaire d'aidhmeanna straitéiseacha HSE agus
- Dul i ngleic leis na himní a leagadh amach i dtuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe agus gluaiseacht i dtreo struchtúr eagraíochtúil de réir na moltaí.

D'éiligh mé eolas freisin ar an luach ar airgead faoi na socruithe oibríochtúla reatha agus stádas na n-éileamh a rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ach a ceistíodh.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasachta

40.33 Chuir an tOifigeach Cuntasachta ar an eolas mé go bhfuil HSE le Meabhrán Tuisceana foirmiúil a bhunú leis an DFS ina n-aithneofar ann riachtanais seachadta seirbhíse. Dúirt sé ó tharla go raibh go mbíonn an dá eagraíocht ag tuairisciú do dhá roinn rialtais éagsúla nach ionann na tosaíochtaí a bhí acu agus go raibh tionchar aige sin ar phleanáil chomhtháite. Beidh roghanna seachadta níos casta amach anseo ó tharla téarmaí agus coinníollacha fostaíochta éagsúla a bheith ann chomh maith le socruithe scoir éagsúla, dúshláin a bhaineann leis an té a bhfuil scileanna cliniciúla acu a choinneáil agus cultúir eagraíochtúla difriúla agus ar a bharr sin ní hionann cúspóirí seirbhíse agus freagrachtaí foriomlána HSE leo sin atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

40.34 Mar fhreagra ar mo cheist maidir le tuarascáil athbhreithnithe 2007 dúirt an tOifigeach Cuntasachta go raibh smaointeoireacht nua tagtha chun cinn ó foilsíodh an tuarascáil maidir le cumas HSE agus an DFS an tseirbhís seo a sholáthar. Mar chuid den smaointeoireacht nua seo bheadh feidhmíocht laistigh den am freagartha chomh maith le gnáthsheirbhísí iompair othar. An t-athrú is mó ná go bhfuil HSE le hArdchóras Seolta Tosaíochta Míochaine a cheannach a bheidh ábalta éigeandálacha a mbeadh bagairt don bheatha a aithint chomh maith leis na riachtanais acmhainne chuí. Cuirfidh an rialtóir otharcharranna sraith ceistean na ar an té atá ag glaoch agus leis sin cinnfear an éigeandáil é a bhfuil bagairt á dhéanamh don bheatha. Tarlaíonn seo in idir 5% agus 15% de ghlaonna éigeandála go hidirnáisiúnta. Meicníocht a bheidh anseo ag HSE le hacmhainní a sheoladh chuig an nglaoh is mó tosaíochta agus dhá bhrí sin tiocfaidh feabhas ar amanna freagartha. Thug an tOifigeach Cuntasachta ar aird go bhfreagraítear 50% de ghlaonna i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath laistigh de 8 nóiméad ach go laghdaíonn sé seo go 23%-27% nuair a ghlahtar glaonna Chill Dara agus Chill Mhantáin sa áireamh sa chreat tuairiscithe.

40.35 Dúirt an tOifigeach Cuntasachta freisin nach bhfuil dhá eagraíocht sa bhfoirgneamh céanna a úsáideann dhá chóras seolta ríomhchuidithe éagsúla oiriúnach ó thaobh oibríochta, cliniciúlachta ná airgeadais de. Ní mór go gcinnteofaí faoi aon socruithe seachadta seirbhíse a chomhaontófaí leis an DFS amach anseo go ndéanfaidh aon chóras seolta ríomhchuidithe amháin i dteannta leis an teicneolaíocht bhainteach leis an ngíomhaíocht oibríochtúil a aimsiú agus le hacmhainní otharcharranna a sheoladh cibé an leis an HSE nó an DFS iad.

40.36 Maidir le socruithe ordaithe agus rialaithe, dúirt an tOifigeach Cuntasachta gur déanadh iarrachtaí go leor ó 1998 an dá chóras a chomhtháthú ach nár tharla sin riamh mar gheall ar chúiseanna éagsúla. An t-aon réiteach air ná córas seolta ríomhchuidithe tiomanta do ghníomhaíocht a bhaineann le hotharcharranna a cheannacht.

40.37 Maidir leis an easpa comtháthaithe dúirt sé nach mbainfí amach polasaí na Roinne mura ndéanfaí infheistíocht lena chinntiú go ndéanfar an soláthar seirbhíse a chomtháthú. Thug an tOifigeach Cuntasachta ar aird go bhfuil sé tábhachtach an acmhainn is gaire a sheoladh, rud nach dtarlaíonn i gcónaí. Dúirt sé gur mar gheall ar easpa sioncronaithe é seo chomh maith le go bhfuil dhá chóras seolta ríomhchuidithe ann agus saincheistanna maidir le nós imeachta agus próiseáil.

40.38 Ghlac an tOifigeach Cuntasachta leis go bhfuil inní ann maidir le luach ar airgead faoin tslí a sholáthraítear seirbhís otharcharranna i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath agus go bhfuil cur chuige nua maidir le seirbhísí ordaithe agus rialaithe a fhorbairt de dhíth. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach trí dhá ionad rialaithe de chuid HSE a bheith ann don tír ar fad a ghlacfadh le gach saincheist sláinte - ó sholáthar seirbhíse éigeandála go seirbhísí sóisialta lasmuigh den ghnáthuaireanta. Chinnteodh cur chuige den chineál sin nach mbeadh ach córas amháin ann a ghlacfadh le glaonna éigeandála agus le seoladh cuma cén gníomhaireacht a bheadh ag freagairt.

40.39 Cé go bhfuil rioscaí bunúsacha ag baint leis an gcóras reatha nach mór bainistiú a dhéanamh orthu ar bhonn leanúnach dúirt sé go bhféadfaí leas níos fearr a bhaint as an am agus an iarracht bainistíochta sin. Teastaíonn plean fadtéarmach agus láithreach ón HSE chun dul i ngleic leis na rioscaí seo. Ní mór go mbeadh socruithe rialachais cliniciúla slán, príomhtháscairí feidhmíochta, nósanna imeachta maidir le gearáin agus fiosrúcháin agus spriocanna luach ar airgead san áireamh i Meabhrán Tuisceana maidir le seirbhísí. Dhá chóras ordaithe agus rialaithe chomh maith le teicneolaíocht bhainteach a dhéanfaidh freastal ar an tír ar fad a chaithfidh a bheith sa bplean fadtéarmach.

40.40 Dúirt an tOifigeach Cuntasachta cé nár baineadh amach riamh príomhmholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe gur cuireadh i bhfeidhm roinnt de na moltaí beaga a rinne an Grúpa Athbhreithnithe. An phríomhchúis a bhí leis seo ná go raibh an dá eagraíocht ag fanacht le toradh chinneadh na Cúirte Breithiúnais san Eoraip ar sholáthar poiblí. D'imigh an t-am agus cé go bhfuil socruithe eatramhacha nach mór a chur i bhfeidhm is é an straitéis fhadtéarmach, mar a dúradh maidir le gnéithe seirbhísí eile, nach mbeadh ach dhá ionad ordaithe agus rialaithe ann don tír ar fad a phléfeadh le gach seirbhís sláinte a mbeadh éigeandáil ag baint leo.

Conclúidí

Faoi láthair cuirtear seirbhís otharcharranna i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath ar fáil tríd meascán seirbhísí a sholáthraítear go díreach agus riarann HSE agus seirbhísí a fhaigheann HSE ón DFS. Níl na socruithe leis an DFS faoi réir socrú foirmiúil. Íocadh €9.3 milliún le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i 2008 maidir le seirbhís otharcharranna DFS.

Ó tharla go bhfuil comhtháthú idir an dá sheirbhís otharcharranna teoranta tá inní ann maidir le caighdeán na seirbhíse a sheachadaítear agus a thomhaistear de réir am freagartha ar ghlaonna éigeandála. Tá an dubailt atá ann ó thaobh cumarsáide agus forchostais ag dul i gcoinne luach ar airgead a bhaint amach.

Tá an chosúlacht air gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar bhairinneacht na socruithe foriomlána agus ní mór leibhéil foirne agus costas gach seirbhís a ghlacadh san áireamh.

I ndeireadh na dála, má leantar leis na socruithe mar atá faoi láthair is gá comhordú nó chomhtháthú níos fearr a dhéanamh ar an tseirbhís chun seirbhís thrédhearcach agus níos tomhaiste a sholáthar inar léiriú iad na costais ar chúspóirí seirbhísí agus a mbeidh oifigeach Cuntasachta amháin freagrach as leibhéil seirbhíse.

Thug an tOifigeach Cuntasach ar aird nach mór aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo i gcomhthéacs athstruchtúrá a dhéanamh ar an gcóras cumarsáide seirbhíse agus rinne sé achoimre ar na céimeanna nach mór a ghlacadh chun seachadadh seirbhíse otharcharranna a thabhairt de réir aidhmeanna straitéiseacha HSE ina dtaobh seo a leanas

- Ní mór dul i ngleic go foirmiúil le socruithe ghnó eatramhacha i bhfoirm Meabhráin Tuisceana.
- Ní mór roghanna a mheas agus anailís costais is tairbhe a dhéanamh chun todhchaí seirbhísí ordaithe agus rialaithe otharcharranna don tír a chinneadh lena n-áirítear seirbhísí do chathair agus do chontae Bhaile Átha Cliath atá lonnaithe ar Shráid na Lobhar.
- Ní mór cinntí a ghlacadh bunaithe ar anailís agus ní mór foirne tionscadail a bhunú chun cuspoirí a sheachadadh.

Iarscríbhinn A Moltaí an Athbhreithnithe ar Sholáthar Seirbhíse Otharcharranna laistigh de Chathair agus de Chontae Bhaile Átha Cliath, Feabhra 2007

Rinne an Grúpa Athbhreithnithe moltaí sonracha. An prionsabal is mó a dearnadh cúram de i moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe ná go mbeadh pointe amháin teagmhála ag an bpobal nó ag gairmí sláinte do sheirbhís éigeandála otharcharranna a dhéanann freastal ar chathair agus ar chontae Bhaile Átha Cliath agus go bhfaighfí freagairt ón acmhainn cúraim éigeandála cuí is gaire laistigh den tréimhse ama is giorra agus is féidir. Tá na moltaí curtha i ngrúpaí faoi thrí cheannteideal- rialachas eagraíochta, oibríochtaí agus saincheisteanna cliniciúla.

Rialachas Eagraíochta

- Go mbunófaí Bord um Bhainistíocht Straitéiseach don Aonad Cumarsáide chun polasaí a leagan amach agus chun straitéis a chomhaontú d'fheidhmiú an Aonaid Chumarsáide.
- Go gceapfaí Grúpa Bainistíochta Oibríochtúil chun maoirsiú a dhéanamh ar oibríochtaí laethúla an Ionaid.
- Go mbunófaí Grúpa Oibre i gComhpháirtíocht chun déileáil le gnáthshaincheisteanna comhpháirtíochta a bhainfeadh le hoibríochtaí an Aonaid Chumarsáide.

Oibríochtaí

- Go mbunófaí Aonad Ordaithe agus Rialaithe comhtháite ina mbeadh baill foirne an DFS agus NAS chun glacadh le gach glaoch éigeandála, práinne agus aistrithe othar atá an-dona tinn, tosaíocht a thabhairt dóibh agus iad a sheoladh.
- Go mbeadh an tAonad Rialaithe lonnaithe in aon áit fhisiciúil amháin, go mbeadh infrastruchtúr cumarsáide agus córais bogearraí a d'aithneodh gach glaoch othcharranna isteach agus cinn nár freagraíodh agus a dhéanfadh monatóireacht ar acmhainní na bhflít otharcharranna ar bhonn leanúnach.
- Go leanfadh an DFS ag déanamh obair Éigeandála Roinne ach go sínfí é seo le go mbeadh siad ag déileáil le haistrithe práinne agus aistrithe idir-ospidéal ar othair atá an-dona tinn.
- Go mbeadh ar an bhflít otharcharranna foriomlán freagairt do gach obair éigeandála, práinne agus aistrithe othar atá go han-dona tinn mar aonad amháin soláthair sheirbhíse.
- Go nglacfadh gach ball foirne a bhfuil baint acu le seirbhísí otharcharranna, sa réimse rialaithe nó oibríochtaí bóthair, páirt i gcomhchláir oiliúna/gcleachtais chun comhleanúnachas gníomhartha agus freagairtí oibríochtúla a chinntiú.
- Príomhriachtanas is ea go nglacfadh an dá sheirbhís cur chuige i gcomhar ó thaobh straitéise agus oirbheartaíochta maidir le pleanáil agus le hacmhainniú seirbhísí chun Pleananna Usáide Oirbheartaíochta (TDP) a thabhairt isteach i ndáil le freagairt otharcharranna. Tá an cur chuige seo riachtanach chun a chinntiú go gcuirtear feabhas seachas mar atá faoi láthair ar am freagartha.
- Ba chóir athlíniú a dhéanamh ar acmhainní otharcharranna chun a chinntiú go ndéantar gach acmhainn a chur i dtreo éilimh sheirbhíse.
- Go dtabharfaí an tseirbhís aistrithe othar ón mbunáit acmhainne feithicle éigeandála. Léiríonn taighde go dtagann ardú ar am freagartha ó 1.4% go 1.8% in aghaidh gach feithicil a thugtar ón ngníomhaíocht seo.

- Go leithroinnfí breis acmhainní chun Scéimeanna Pobail Chéad Fhreagróra¹⁴¹ a fhorbairt.
- Go ndéanfaí breis taighde fad is a bhíonn na moltaí seo á gcur i bhfeidm chun a fháil amach an bhfuil aonaid bhreise otharcharranna ag teastáil.

Cliniciúil

- Go mbunófaí grúpa rialachais chliniciúil chun maoirsiú a dhéanamh ar chaighdeán agus ar éifeachtacht an chúraim a fhaigheann othair ón nuair a nglactar le glaoch go dtí go nglacann gairmí sláinte eile cúram ar an othar.
- Go nglacfadh an NAS agus an DFS cuntasacht iomlán cliniciúil agus go ndéanfaí laghdú láithreach ar na rioscaí aitheanta agus go gcomhlíonfaí gach gníomh i gcomhthéacs an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

¹⁴¹ Cuireann an Scéim freagairt áitiúil ar fáil ar dtús chun an t-othar a chobhsú nó go dtagann pearsanra leighis. Cuideoidh sé seo le feabhas a chur ar am freagartha i bpobail a bhfuil dlús daonra íseal nach bhfuil gar do ghnáthionaid acmhainne otharcharranna.

**Caibidil 41 Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta**

Feidhmeanna agus Feidhmiú NTMA

Feidhmeanna agus Feidhmiú NTMA

41.1 Faigheann Gníomhaireacht Náisiúnta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) airgead ar iasacht thar ceann an Stáitchiste agus déanann sí bainistíocht ar Fhiachas Náisiúnta na hÉireann. Tugann sé faoi na feidhmeanna seo faoi rialú agus maoirseacht ghinearálta an Aire Airgeadais. Le blianta beaga anuas, tugadh raon feidhmeanna eile di, a bhfuil na príomhfheidhmeanna liostaithe thíos a leanas

- feidhmiú mar Bhainisteoir ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean
- bainistíocht a dhéanamh ar éilimh chúitimh thar ceann gníomhaireachtaí Stáit
- feidhmeanna na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais a chomhlíonadh
- creidmheasanna carbóin a cheannach a n-éilítear iad chun oibleagáidí athrú aeráide na hÉireann a chomhlíonadh
- seirbhísí lánacha cisteáin a sholáthar do ranna rialtais agus gach comhlacht neamhthráchtála Stáit.

Iniúchadh ar an nGníomhaireacht

41.2 Faoi fhorálacha an Achta um Ghníomhaireacht Náisiúnta an Chisteáin Náisiúnta 1990, Ceanglaítear orm iniúchadh a dhéanamh ar chuntais na Gníomhaireachta agus, nuair a bhíonn mo Thuarascáil Bhliantúil maidir leis na Cuntais Leithreas á cur le chéile agam, tuarascáil a chur faoi bhráid Dháil Éireann chomh maith, i leith chruinneas na suimeanna a chuir an Ghníomhaireacht chun cuntais i rith na bliana.

41.3 Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Gníomhaireacht do 2008 agus cuireadh na cuntais, lena n-áirítear cuntas riaracháin agus cuntais a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta, faoi bhráid an Aire a chuir cóipeanna díobh os comhair dhá Theach an Oireachtais.

Seirbhísí Breise Chomhairliúcháin

41.4 Áirítear €2.4m ar chostais riaracháin na Gníomhaireachta do 2008, maidir le seirbhísí comhairliúcháin a sholáthair an Ghníomhaireacht de bhun iarratais ón Aire Airgeadais ar chomhairle i leith saincheistanna struchtúracha sna margáí airgeadais. Chomhaontaigh an Ghníomhaireach conradh i mí Mheán Fómhair 2008 le gnólacht idirnáisiúnta chomhairleach airgeadais. Iarradh ar na comhairligh comhairle airgeadais a sholáthar i leith staid na n-institiúidí airgeadais sna margáí creidmheasa agus an dearcaidh do roghanna leachtachta agus seirbhísí comhairleacha airgeadais chomh maith maidir le hidrbheart ar bith inar fuair an Ghníomhaireacht nó an Stát aon chuid de scair chaipitil, sócmhainní, ioncaim ná gnó bairc ar bith go díreach nó go hindíreach. Comhaontaíodh ar an gconradh ar dtús go dtí deireadh 2008 agus síneadh é sin ina dhiaidh sin.

41.5 Rinneadh fócaíocht eile €4.9m in 2009 de bhun na comhairle a tugadh maidir le hinfheistíocht airgead an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean trí scaireanna tosaíochta in institiúidí airgeadais.

Buncheisteanna an Iniúchta

Lorg mé míniú ón Oifigeach Cuntasaíochta ar na choinníollacha agus an réasúnaíocht a bhí ann don Ghníomhaireacht chun an Conradh a shocrú chomh maith le míniú ar cén fáth nár cuireadh próiseas tairisceana i bhfeidhm.

41.6 Mar fhregairt air sin, chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom gur ordaigh an tAire Airgeadais don Ghníomhaireacht na socraíochtaí sin a chur i gcrích faoi alt 4 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990. Lean sé ar aghaidh agus é á lua gur spreag an meath ar an timpeallacht bhaincéireachta idirnáisiúnta i rith mhí Mheán Fómhair 2008 agus go háirithe, na fadhbanna maoinithe a bhí ag baint na hÉireann tar éis chliseadh Lehman Brothers agus AIG, don Rialtas, chun iarratas a dhéanamh tríd an Aire Airgeadais, ar an nGníomhaireacht le comhairleoirí baincéireachta infheistíochta a cheapadh nach raibh faoi choimhlint. Níor cheadaigh srianta ama próiseas tairisceana iomlán, toisc nach raibh ach líon teoranta comhairleoirí poitéinsiúla agus bhí baint na hÉireann á lorg chomh maith. Cheap an Ghníomhaireacht Merrill Lynch mar chomhairleoirí eisiacha don Rialtas, ar ordú an Aire. D'imigh an Conradh in éag an 30 Meitheamh 2009 agus meastar gurbh ionann an costas iomlán uileghabhálach agus €7.3 milliún, CBL agus speansais as-póca.

Conclúidí

Táim sásta go léirítear idirbhearta na Gníomhaireachta do 2008 go cuí sna cuntais, chomh maith lena hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Áirítear €2.4 milliún ar na cuntais a íocadh le comhairleoirí as comhairle a bhain le saincheisteanna struchtúracha i margaí airgeadais. Ar deireadh, bhí €7.3 milliún tabhaithe suas go dtí an 30 Meitheamh 2009 nuair a d'imigh an Conradh in éag. Bronnadh an Conradh gan iomaíocht sna coinníollacha a mhínigh an tOifigeach Cuntasaíochta.

Caibidil 42

**Gníomhaireacht Bainistíochta an
Chisteáin Náisiúnta**

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsin

42.1 Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin trí reachtaíocht in 2001 agus an cuspóir a bhí leis ná ciste a chur ar fáil chun freastal ar na costais leasa shóisialaigh agus ar chostais phinsin na seirbhíse poiblí sa todhchaí. Bunaíodh Coimisiún neamhspleách chomh maith (Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin) faoin reachtaíocht chun an Ciste a rialú agus a bhainistiú leis an údarás lánroghnach chun straitéis infheistíochta a chinntiú agus a chur i bhfeidhm don Chiste.

42.2 Agus a straitéis infheistíochta á cur i bhfeidhm aige, féachann an Coimisiún le tuairisceáin a uasmhéadú laistigh de leibhéal riosca inghlactha ag díriú ar an bhfadtréimhse, os rud é go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Ciste leis na costais pinsean a mhaoiniú ó 2025 go 2055. De réir reachtaíocht 2001, caitheann an tAire Airgeadais 1% den GNP (Olltáirgeacht Náisiúnta) a íoc isteach sa Chiste gach bliain.

Feidhmíocht Airgeadais an Chiste

42.3 Ba é €16.1 billiún luach margaidh an Chiste an 31 Nollaig 2008 (2007: €21.2 billiún). In 2008 fuair an Ciste ranníocaíocht Státhiste¹⁴² €1.69 billiún agus thuill sé ioncam infheistíochta €695 milliún. Bhí luach margaidh na n-infheistíochtaí laghdaithe €7.34 billiún faoi dheireadh na bliana.

Fíor 148 Luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin ó 2006 go 2008

Deireadh Tréimhse	An Cúlchiste Náisiúnta Pinsin €m (ar luach an mhargaidh)	Luach Ciste mar chéatadán den GNP
2006	18,900	10.7%
2007	21,153	11.1%
2008	16,142	8.9%

42.4 Bhí tuairisceán infheistíochta diúltach 30.4% ag an gCiste in 2008, de bharr an titim i luach na ngnáthscaireanna ar mhargaí airgeadais idirnáisiúnta go mórmhór. Déanann an Coimisiún feidhmíocht an Chiste a thomhas i gcoinne punann tagarmhairc atá i gcomhréir lena leithdháileadh sócmhainne straitéiseach. D’ainneoin an laghdú i luach a n-infheistíochtaí chríochnaigh an Ciste 2.4% chun cinn ar a thagarmharc in 2008. Laghdaigh tuairisceán diúltach 2008 tuairisceán bliantúil an Chiste¹⁴³ ag deireadh 2008 go 0.5% (6.1% ag deireadh 2007).

42.5 Is iad na ranníocaíochtaí Státhiste carnach a rinneadh chuig an gCiste ó bunaíodh é go deireadh 2008 ná €16.87 billiún, ag sárú luach an Chiste dá bhrí sin. Tá tuairisceán bliantúil dearfa an Chiste bunaithe ar an mbeart feidhmíochta a chuirtear i bhfeidhm.

¹⁴² Is ionann an ranníocaíocht seo agus 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta arna mheas sa bhuiséad bliantúil.

¹⁴³ Is é tuairisceán carnach an Chiste ó bunaíodh é go 31 Nollaig 2008 ná 3.5% nó 0.5 ina aghaidh na bliana.

Bonn le haghaidh an Tuairisceán Bliantúil a Ríomh

Déantar feidhmíocht an Chiste a ríomh ag baint úsáid as tuairisceán ualaithe ó thaobh ama de, ar é caighdeán an tionscail le haghaidh feidhmíocht a thuairisciú ag teacht leis na Caighdeáin Feidhmíochta Infheistíochta Domhanda. Déantar é a ríomh trí chlog a stopadh gach uair a tharlaíonn sreabhadh airgid thirim nua. Déantar tuairisceán ar na cistí infheistithe a ríomh do thréimhse shreabhadh airgid thirim amháin go dtí an chéad cheann eile. Déantar na tuairisceáin foroinnte seo a chnardh ansin chun an tuairisceán ualaithe ó thaobh ama de a thabhairt don thréimhse i gceist.

42.6 Fíor 149 - leagtar amach idirbhearta agus torthaí an Chiste go deireadh Mheitheamh 2009.

Fíor 149 Gluaiseacht i luach an CNP go Meitheamh 2009 (neamhiniúchta)

	€m
Luach an Chiste an 1 Eanáir 2009	16,142
Ranníocaíocht an Stáitchiste chuig an gCiste	3,000
Ioncam Infheistíochta Glan (lúide costais)	323
Athrú i Luach Infheistíochtaí	(59)
Luach an Chiste an 30 Meitheamh 2009	19,406
Sa Chiste tá	
▪ Infheistíochtaí Díreacha	7,000
▪ Infheistíochtaí Eile	12,406

42.7 Ní chuirtear Luach an Chiste, arbh é 8.9% an GNP an 31 Nollaig 2008, san áireamh nuair a ríomhtar Fiachas Rialtais Ginearálta, a léirigh 44% den GNP é féin.

Infheistíocht Dhíreach faoi Bhearta Cobhsaithe Baincéireachta

42.8 Ba mhór-ócáid í roimh dheireadh na bliana a raibh tionchar aige ar chomhdhéanamh infheistíochta an Chiste ná achtú Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsin agus Forálacha Ilghnéitheacha 2009. Cuireann an tAcht ar chumas an Aire an Coimisiún a ordú chun infheistiú in institiúidí creidmheasa atá liostaithe nó saincheisteanna scaireanna a fhrithghealladh ag na hinstiúidí sin, sa chás a chineann sé go bhfuil ordú den sórt sin chun leas an phobail. Féadfaidh an tAire an Coimisiún a ordú maidir leis na hinfeistíochtaí sin a bhainistiú agus a dhiúscairt.

42.9 Ar an 30 Márta 2009, d'ordaigh an tAire don Choimisiún €3.5 billiún a infheistiú i scaireanna tosaíochta a d'eisigh Banc na hÉireann agus ar an 12 Bealtaine, leis sin, d'ordaigh sé don Choimisiún €3.5 billiún a infheistiú i scaireanna tosaíochta a d'eisigh Bainc-Aontais Éireann cpt. Is scaireanna tosaíochta buan iad na scaireanna le díbhinn sheasta neamhcharnach 8% is iníochta in airgead tirim nó, mura n-íoctar an dhíbhinn airgid thirim, gnáthscaireanna in lieu.

42.10 Tugann barántais a eisítear leis na scaireanna tosaíochta, ach a bhfuil inbhainte uathu, rogha don Chiste, i gcás gach banc suibscríobh le haghaidh gnáthscaireanna den líon céanna le 25% de ghnáth-scairchaipiteal gach banc¹⁴⁴. Dá gcuirfí na roghanna i bhfeidhm ina iomláine, bheadh

144 Ríomhtar é seo bunaithe ar líon na scaireanna arna mhéadú ag na scaireanna nuair ba ghá iad a eisiúint de dhroim na barántais a chur i bhfeidhm.

25% de ghnáth-scairchaipiteal gach banc i seilbh an Chiste. Rinneadh an praghas ceangail¹⁴⁵ den chéad 15% de na barántais a shocrú ar €0.975 le haghaidh Bainc-Aontais Éireann cpt agus €0.52 le haghaidh Banc na hÉireann. Is é praghas ceangail iarmhéid na mbarántas ná €0.375 agus €0.20 faoi seach. Is féidir leas a bhaint as na barántais idir cúig agus deich mbliana ó dháta eisiúna na scaireanna tosaíochta nó níos túisce, má mholann aon pháirtí eile rialú a fháil ar an mbanc nó úinéireacht chuid shuntasach dá shócmhainní nó dá ghnó.

42.11 Is féidir le ceachtar banc na scaireanna tosaíochta a fhuascailt ar pharluch laistigh de 5 bliana óna dháta eisiúna i gcuid nó ina iomláine, ó bhrabúis atá ar fáil le dáileadh nó ó fháltais aon eisiúint stoic nó urrús ina mbeadh caipiteal lárnach Ciseal 1 i gceist¹⁴⁶. Ina dhiaidh sin, bheadh an praghas fuascailte mar 125% den phraghas eisiúna. Má fhuasclaíonn ceachtar banc suas go €1.5 billiún d'infheistíocht an Chiste i scaireanna tosaíochta ó chaipiteal Ciseal 1 atá foinsithe go príobháideach roimh 31 Nollaig 2009, ansin laghdaítear na barántais pro rata don fhuascailt sin go dtí méid a léiríonn sin nach mbeidh níos lú ná 15% de ghnáthscaireanna an bhainc lena mbaineann. Ní bheidh tionchar ar bith ag aon fhuascailt tar éis an dáta sin ar na barántais.

42.12 I dteannta an ordacháin chun €7 billiún a infheistiú sa dá bhanc, d'ordaigh an tAire don Choimisiún chomh maith chun aghaidh a thabhairt ar roinnt feidhmeanna maidir le hinfheistíochtaí sna bainc ar nós monatóireacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht airgeadais, dul i gcomhairle leis an Aire maidir le saincheisteanna luach saothair stiúrthóirí sinsearach feidhmiúcháin nó neamhfheidhmiúcháin agus tuairisciú don Aire ar ghnóthaí a bhaineann le hinfheistíocht.

42.13 Léirigh an dá infheistiú ordaithe sna hinstiúidí airgeadais nuair a thógtar le chéile iad 36.1% de luach an Chiste an 30 Meitheamh 2009. D'ordaigh an tAire go gcoinneofar na hinfheistíochtaí scaireanna tosaíochta ar chostas.

42.14 Rinne na hinfheistíochtaí ordaithe a mhaoiniú le €4 billiún ó acmhainní reatha an Chiste agus soláthraíodh réamhíocaíochtaí €3 billiún chuig an gCiste trí ranníocaíochtaí an Stáitchiste a thús-ualú le haghaidh 2009 agus 2010.

Conclúidí

Bhí luach an Chiste don 31 Nollaig 2008 beagánín níos lú ná ranníocaíocht chernach an Stáit ó bunaíodh é in 2001. Tá comhdhéanamh a sócmhainní tar éis athrú go suntasach le 36% den Chiste á infheistiú i scaireanna tosaíochta in dhá bhanc in Éirinn an 30 Meitheamh 2009. Braitheann luach na n-infheistíochtaí ar thoradh athstruchtúrú na sócmhainní, ar fheidhmíocht trádála sa todhchaí agus ar mhaoiniú na mbanc.

¹⁴⁵ Is féidir leas a bhaint as an bpraghas a bharántaíonn suibscríobh le haghaidh gnáthscaireanna gach banc.

¹⁴⁶ Áirítear ar chaipiteal Ciseal 1 gnáthscaireanna, tuilleamh coinnithe agus urrúis fhadtéarmacha eile atá faoi íochtar gach éileamh eile ón mbanc.

Aguisíní

Aguisín A Torthaí Airgeadais an Rialtais Láir

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí an Rialtais trí mheastacháin a cheadú i leith na suimeanna a bheidh riachtanach do na seirbhísí sin i rith na bliana, agus trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Soláthraítear don chaiteachas faoi shraith “vótaí”. De réir dlí, ní mór cuntas leithghabhála a tháirgeadh le haghaidh gach vóta. Ní mór go soláthróidh an cuntas mionsonraí na dtorthaí don bhliain in aghaidh na suime a sholáthróidh Dáil Éireann.

Fíor 150 tugtar achoimre ar na torthaí ar chaiteachas agus ar fháltais i dtaobh na suimeanna a leithghabhadh do sheirbhísí poiblí.

Fíor 151 léirítear cén chaoi ar cuireadh leithghabhálacha breise i bhfeidhm i 2008 — trí chaiteachas a bheith iarchurtha go dtí 2009 nó trí ghéilleadh don Státchiste.

Fíor 152 léirítear fáltais Státchiste Breise a bhíodhas ag súil leo agus a baineadh amach.

Tugtar mínithe thíos ar chuid de na téarmaí a n-úsáidtear sna táblaí.

Deontas Soláthair	An t-airgead arna bronnadh (nó arna vótáil) ag Dáil Éireann do gach seirbhís phoiblí.
Iarchurtha ó 2007	Suimeanna airgid chaipitil nár caitheadh i 2007 agus a tugadh ar aghaidh do chaiteachas ar sheirbhísí caipitil i 2008. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt ar aghaidh na suimeanna sin san Acht Leithreasa 2007.
Leithghabhálacha i gCabhair	Fáltais rannaigh a d'fhéadfaí a choinneáil, le comhaontú Dáil Éireann, chun speansais an vóta dá dtagraíonn siad a ghlanadh.
Leithghabhálacha Iomlána	Suim comhdhéanta den deontas soláthair, d'airgid chaipitil iarchurtha 2007 (más ann) agus de leithreasaí i gcabhair.
Géilleadh Iarchurtha	Suim airgid chaipitil nár caitheadh i 2008 agus a tugadh ar aghaidh do chaiteachas i 2009. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt ar aghaidh na suimeanna sin san Acht Leithreasa 2008.
Suim le géilleadh	Suim airgid a leithghabhadh i 2008 ach nár caitheadh sa bhliain é nó nach bhfuil iarchurtha go dtí 2009, agus caithfear dá bhrí sin é a ghéilleadh don Státchiste.
Fáltais Státchiste Breise	Fáltais rannaigh nach fáltais leithghabhálacha-i-gcabhair iad, ach a n-íoctar díreach leis an Státchiste.

Fíor 150 Achoimre ar Leithreasáí le haghaidh Seirbhísí Poiblí i 2008, in aghaidh an Vóta

Vóta	Seirbhís	Suim a Leithreasaíodh				Torthaí			Soláthar i gComparáid le Torthaí		
		Deontais Sholáthair	larchurtha ó 2007	Leithreasáí-i-gCabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasáí-i-gCabhair a baineadh amach	Glan-Chaiteachas	Barrachas/ (Easnamh) Soláthair d'Ollchaiteachas	Iomarca/ (Easnamh) i bhFáltais	Glan-Bharrachas
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
1	Áras an Uachtaráin	3,535	—	—	3,535	3,066	—	3,066	469	—	469
2	Roinn an Taoisigh	42,206	—	100	42,306	33,121	224	32,897	9,185	124	9,309
3	Oifig an Ard-Aighne	19,551	—	8	19,559	18,110	4	18,106	1,449	(4)	1,445
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	51,130	—	740	51,870	50,188	535	49,653	1,682	(205)	1,477
5	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	10,164	—	4,285	14,449	13,038	5,207	7,831	1,411	922	2,333
6	Oifig an Aire Airgeadais	96,360	800	8,550	105,710	95,356	8,208	87,148	10,354	(342)	10,012
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	265,159	—	69,000	334,159	333,647	82,533	251,114	512	13,533	14,045
8	Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc	671	—	—	671	479	—	479	192	—	192
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	444,818	—	42,800	487,618	484,879	49,202	435,677	2,739	6,402	9,141
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	659,017	35,650	21,808	716,475	634,861	25,528	609,333	81,614	3,720	85,334
11	Saotharlann Stáit	10,488	—	150	10,638	10,251	525	9,726	387	375	762
12	An tSeirbhís Socrúcháin	818	—	—	818	608	—	608	210	—	210
13	Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	41,283	—	500	41,783	41,352	708	40,644	431	208	639
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	44,522	—	15	44,537	44,362	117	44,245	175	102	277
15	Oifig Luchála	12,096	—	1,638	13,734	11,970	2,572	9,398	1,764	934	2,698
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	15,162	—	150	15,312	14,187	241	13,946	1,125	91	1,216
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	1,437	—	—	1,437	1,155	—	1,155	282	—	282
18	Oifig an Ombudsman	8,773	—	5	8,778	7,816	7	7,809	962	2	964
19	Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	480,410	—	27,917	508,327	505,893	29,174	476,719	2,434	1,257	3,691
20	Garda Síochána	1,577,538	—	53,539	1,631,077	1,619,003	53,726	1,565,277	12,074	187	12,261

		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
21	Príosúin	404,167	—	2,179	406,346	404,375	2,057	402,318	1,971	(122)	1,849
22	An tSeirbhís Chúirteanna	107,261	—	38,935	146,196	138,038	39,018	99,020	8,158	83	8,241
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	46,820	500	—	47,320	46,216	—	46,216	1,104	—	1,104
24	Tabhartas agus Tiomnachaí Carthanúla	481	—	1	482	375	—	375	107	(1)	106
25	Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	3,183,750	—	14,517	3,198,267	3,168,531	14,217	3,154,314	29,737	(300)	29,437
26	Oideachas agus Eolaíocht	9,068,952	—	249,843	9,318,795	9,295,040	265,364	9,029,676	23,755	15,521	39,276
27	Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	508,595	—	48,480	557,075	540,421	49,941	490,480	16,654	1,461	18,115
28	Gnóthaí Eachtracha	233,437	—	39,000	272,437	255,660	38,165	217,495	16,777	(835)	15,943
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	814,050	—	150	814,200	768,575	997	767,578	45,625	847	46,472
30	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	289,037	2,047	247,024	538,108	487,853	237,245	250,608	50,255	(9,779)	40,476
31	Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia	1,699,921	31,413	413,367	2,144,701	2,104,574	404,650	1,699,924	40,127	(8,717)	31,410
32	Iompar	3,226,494	—	610,889	3,837,383	3,719,338	609,587	3,109,751	118,045	(1,302)	116,743
33	Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	12,610	—	1	12,611	12,467	12	12,455	144	11	155
34	Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	1,492,917	23,428	95,439	1,611,784	1,536,946	79,638	1,457,308	74,838	(15,801)	59,037
35	Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht	700,162	25,181	1,765	727,108	718,762	1,522	717,240	8,346	(243)	8,103
36	Cosaint	875,111	3,000	13,015	891,126	879,836	14,471	865,365	11,290	1,456	12,746
37	Pinsin an Airm	196,803	—	6,900	203,703	203,676	6,995	196,681	27	95	122
38	Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	9,447,217	—	184,530	9,631,747	9,518,091	190,051	9,328,040	113,656	5,521	119,177
39	Sláinte agus Leanaí	529,282	4,100	1	533,383	501,690	4,014	497,676	31,693	4,013	35,706
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	12,752,045	—	2,255,275	15,007,320	14,893,139	2,222,552	12,670,587	114,181	(32,723)	81,458
41	Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	675,396	—	20,283	695,679	644,614	25,291	619,323	51,065	5,008	56,073
		50,049,646	126,119	4,472,799	54,648,564	53,761,559	4,464,298	49,297,261	887,006	(8,501)	878,506

Fíor 151 Cur i bhFeidhm Leithreasaí Breise 2008, in aghaidh an Vóta

Vóta	Seirbhís	Glanbha -rrachas	Géilleadh larchurtha	Méid le Géilleadh
		€000	€000	€000
1	Áras an Uachtaráin	469	—	469
2	Roinn an Taoisigh	9,309	—	9,309
3	Oifig an Ard-Aighne	1,445	—	1,445
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	1,477	—	1,477
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	2,333	—	2,333
6	Oifig an Aire Airgeadais	10,012	—	10,012
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	14,045	—	14,045
8	Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc	192	—	192
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	9,141	—	9,141
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	85,334	5,000	80,334
11	Saotharlann Stáit	762	—	762
12	An tSeirbhís Socréideach	210	—	210
13	Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	639	—	639
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	277	—	277
15	Oifig Luchála	2,698	—	2,698
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	1,216	—	1,216
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	282	—	282
18	Oifig an Ombudsman	964	—	964
19	Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	3,691	—	3,691
20	Garda Síochána	12,261	—	12,261

Fíor 152 Fáltais Stáitchiste Bhreise, 2008

Vóta	Seirbhís	Fáltais Bhreise Measta	Fáltais Bhreise Réadaithe
		€000	€000
1	Áras an Uachtaráin	—	4
2	Roinn an Taoisigh	—	—
3	Oifig an Ard-Aighne	—	—
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	—	4
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	—	—
6	Oifig an Aire Airgeadais	—	179
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	—	—
8	Oifig na gCoimisinéirí um Athchomhairc	—	—
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	—	2,000
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	—	7,100
11	Saotharlann Stáit	—	—
12	An tSeirbhís Socréideach	—	—
13	Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	—	1,209
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	—	448
15	Oifig Luchála	—	—
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	—	—
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	—	—
18	Oifig an Ombudsman	—	122
19	Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	—	2
20	Garda Síochána	23,250	22,246

		€000	€000	€000
21	Príosúin	1,849	—	1,849
22	An tSeirbhís Chúirteanna	8,241	—	8,241
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	1,104	350	754
24	Tabhartas agus Tiomnachaí Carthanúla	106	—	106
25	Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	29,437	6,277	23,160
26	Oideachas agus Eolaíocht	39,276	—	39,276
27	Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	18,115	—	18,115
28	Gnóthaí Eachtracha	15,943	—	15,943
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	46,472	—	46,472
30	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	40,476	15,500	24,976
31	Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia	31,410	—	31,410
32	Iompar	116,743	—	116,743
33	Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	155	—	155
34	Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	59,037	18,326	40,711
35	Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht	8,103	1,500	6,603
36	Cosaint	12,746	3,000	9,746
37	Pinsin an Airm	122	—	122
38	Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	119,177	—	119,177
39	Sláinte agus Leanaí	35,706	—	35,706
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	81,458	—	81,458
41	Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	56,073	—	56,073
		878,506	49,953	828,553

		€000	€000
21	Príosúin	—	—
22	An tSeirbhís Chúirteanna	14,900	21,799
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	74,140	65,596
24	Tabhartas agus Tiomnachaí Carthanúla	—	—
25	Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	—	556
26	Oideachas agus Eolaíocht	—	530
27	Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	—	664
28	Gnóthaí Eachtracha	—	—
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	—	—
30	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	—	1,015
31	Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia	—	3,365
32	Iompar	—	204
33	Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	—	—
34	Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	22,461	13,653
35	Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht	—	45
36	Cosaint	—	10
37	Pinsin an Airm	—	—
38	Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	—	2,962
39	Sláinte agus Leanaí	—	—
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	—	4,023
41	Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	—	—
		134,751	147,736

Aguisín B Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá coiste iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchadh Inmheánach

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

Josephine Feehily***Oifigeach Cuntasaíochta******Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim******31 Márta 2009***

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá imscrúdú déanta agam ar na ráitis airgeadais a bhaineann le fáil agus diúscairt Ioncaim an Stáit i rith na bliana 2008 a bhailigh na Coimisinéirí Ioncam a leagtar amach ar leathanaigh 445 go 451 faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá anseo, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas ar Fháil agus Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh agus na nótaí lena mbaineann.

Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Faoi Seach

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Is í an fhreagracht atá ormsa ná na ráitis airgeadais a scrúdú faoi réir ag na riachtanais dhlíthiúla agus reachtúla bainteacha agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire).

Tuairiscím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais curtha i láthair i gceart de réir na mBeartas Cuntasaíochta i mo thuairim nó nach bhfuil. Tuairiscím freisin ar coinníodh leabhair chuntais chuí i mo thuairim nó nár coinníodh. Chomh maith leis sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag aontú leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím aon chás a bhaineann le hábhar nuair nach bhfuil na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo chun críche m'iniúchta.

Bunús Tuairime

Ag cleachtadh mo fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi scrúdú ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na breathnuithe speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir le hiad a bhainistiú agus a fheidhmiú. Thug mé faoi m'imscrúdú ar bhonn trialach a rinne athbhreithniú ar fhianaise ar ábhartha í do na méideanna agus don nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a bhí san áireamh sna ráitis airgeadais. Chuimsigh sé freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus an raibh na beartais chuntasaíochta oiriúnach, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus arna nochtadh go leordhóthanach.

Rinne mé pleanáil ar m'iniúchadh agus thug mé faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir, faisnéis agus sainmhínithe a mheas mé a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise, nó neamhrialtachta nó earráide eile. Le teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar leordhóthanacht fhoriomlán de chur i láthair faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is í an tuairim atá agam ná go dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn ar an gcuntas fáltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 agus ar na hiarmhéideanna iarmharacha ar an dáta sin.

Is í an tuairim atá agam ná gur choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag aontú leo.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

25 Lúnasa 2009

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Beartais Chuntasaíochta

1. Cuireann na cuntais seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí Ioncaim i láthair, ag aistriú na bhfáltais chuig an Státchiste. Ullmhaíodh na cuntais seo faoi réir Alt 3 (9) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.
2. Níl muirear ar bith san áireamh sna cuntais seo le haghaidh costais riaracháin nó oibriúcháin de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an tOireachtas cistí don chuspóir sin a vótáil agus tá cuntas orthu sa Chuntas Leithreas bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.
3. Tugtar suimeanna a fuarthas i leith pionóis agus ús a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim chun cuntais leis na socruithe cánach agus dleachta bainteacha. Tugtar fineálacha agus pionóis cúirte chun cuntais mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.
4. Cuireann na cuntais seo na fáltais a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do ranna agus ghníomhaireachtaí Rialtais eile i láthair mar seo a leanas:
 - An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Ranníocaíocht ÁSPC).
 - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Tobhach Sláinte agus Tobhach Tobac).
 - An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha).
 - An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna).
 - Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Soilse).
 - An Roinn Iompair (Táillí Muirí).
 - Íoctar Stampaí Táille i leith Chlárlann na nGníomhas, Táillí Eadrána agus Stampaí Táille i leith Táillí um Chlárú Cuideachtaí leis an Státchiste.
5. Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirear chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha agus Dleachtanna Soilse a bhailiú. Níl suimeanna a fuarthas i leith na muirir seo san áireamh sna cuntais seo ach tugtar cuntas orthu mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.
6. Ullmhaíodh na cuntais seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail de Chuntasaíocht Rialtais. Ach amháin san áit a déantar cur síos air in alt 7, taispeánann na cuntais na suimeanna iarbhrí a fuarthas agus a íocadh sa bhliain. Sa chás go bhfaightear suimeanna breise cánach, dleachta srl. i mblianta ina dhiaidh sin nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na nithe sin a thaifeadadh sa bhliain a fhaightear nó a aisíoctar iad.
7. Tugtar cuntas ar dhleachtanna custaim agus máil áirithe agus CBL ar iompórtálacha ar bhonn fabhrúithe sa mhéid is go ndéantar iad a thaifead mar fháltais sa bhliain lena mbaineann siad cé nach bhfaightear iad go dtí deireadh na bliana. Taispeántar an tsócmhainn chomhfhreagrach mar ioncam fabhrúithe i Ráiteas na nIarmhéideanna.
8. Tá fritháirimh san áireamh sna figiúirí d'fháltais agus aisíocaíochtaí comhlán do gach ceanteideal cánach i.e. cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar é a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile atá gan íoc.

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Cuntas ar Fháltas agus ar Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh

	Nótaí	2008 €000	2007 €000
Ollfháltais			
Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh	1	50,251,063	56,639,866
Fáltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile	2	9,809,999	9,508,543
Ollfháltais ioncaim iomlána a Bailíodh		60,061,062	66,148,409
Aisíocaíochtaí			
Aisíocaíocht ar Chánacha agus Dleachtanna	3	(9,177,659)	(9,137,372)
Aisíocaíocht ar Fáltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile	6	(71,020)	(74,677)
Aisíocaíochtaí iomlána		(9,248,679)	(9,212,049)
Glanfháltais			
Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh	4	41,073,404	47,502,494
Fáltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Gníomhaireachtaí Eile	6	9,738,979	9,433,866
Glanfháltais ioncaim iomlána a Bailíodh		50,812,383	56,936,360
Diúscairt na nGlanfháltas			
Cáin agus Dleachtanna Aistrithe chuid an Stáitchiste	5	(40,776,164)	(47,246,851)
An Tobhacha Tobac a Aistriú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	5	(167,605)	(167,605)
Fáltais a Aistriú chuig Ranna/Gníomhaireachtaí Eile	6	(9,741,943)	(9,432,944)
Diúscairt iomlán na bhFáltas ioncaim a Bailíodh		(50,685,712)	(56,847,400)
Glanfháltais a coinníodh ag Deireadh na Bliana		126,671	88,959
Iarmhéid Tosaigh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt Ioncaim amhail an 1 Eanáir		(314,958)	(403,917)
Iarmhéid Deiridh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt ioncaim amhail an 31 Nollaig		(188,287)	(314,958)

Tá aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí a dhéanann suas iad

Is cuid de na Cuntais seo na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12

Liam Irwin

Ard-Chuntasóir

31 Márta 2009

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Josephine Feehily

Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2009

Oifig na gCoimisinéirí Cuntasaíochta

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Ráiteas ar larmhéideanna

	Nótaí	2008 €000	2007 €000
Sócmhainní			
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	7	120,200	40,132
Ioncam Fabhraithe	8	14,523	20,367
Réamhíocaíochtaí ar mhaithe le hIoncam	9	82	146
Méideanna dlite ó Ranna Rialtais	10	3,159	3,465
Iomlán na Sócmhainní		137,964	64,110

Dliteanais

Méideanna ag Feitheimh Fáltas agus Leithdháileadh	11	(111,075)	(83,732)
Taiscí i Seilbh	12	(215,176)	(295,336)
Iomlán na nDliteanas		(326,251)	(379,068)

Glandliteanais		(188,287)	(314,958)
-----------------------	--	------------------	------------------

Arna mhaoiniú ag:

larmhéid Deiridh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt Ioncaim

larmhéid ar Chánacha agus Dhleachtanna dlite ón Stáitchiste	5	(199,417)	(329,052)
larmhéid ar Fháltas bailithe agus dlite chuig Ranna/Gníomhaireachtaí eile	6	11,130	14,094
		(188,287)	(314,958)

Tá aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí a dhéanann suas iad

Is cuid de na Cuntais seo na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12

Liam Irwin

31 Márta 2009

Ard-Chuntasóir

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Josephine Feehily

31 Márta 2009

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 1. Cánacha agus Dleachtanna Comhlána a Bailíodh

	2008	2007
	€000	€000
Cáin Bhreisluacha	17,991,949	19,248,495
Cáin Ioncaim	16,592,722	16,788,418
Cáin Chorparáide	6,046,034	7,329,215
Dleacht Mháil	5,702,770	6,126,508
Dleachtanna Stampála	1,812,685	3,308,864
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	1,493,984	3,160,762
Cáin Fháltas Caipitiúil	350,536	397,482
Dleacht Chustaim	260,383	280,123
	50,251,063	56,639,866

Nóta 2. Ollfháltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Gníomhaireachtaí Eile

	2008	2007
	€000	€000
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	9,612,279	9,291,349
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	166,037	187,655
An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil	26,287	22,499
Coimisinéirí Soilse na hÉireann	4,306	4,760
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	958	1,838
An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach)	129	427
An Roinn Iompair (Táillí Muirí)	3	15
	9,809,999	9,508,543

Nóta 3. Aisíocaíochtaí ar Chánacha agus Dhleachtanna

	2008	2007
	€000	€000
Cáin Bhreisluacha	(4,559,883)	(4,729,677)
Cáin Ioncaim	(3,397,711)	(3,206,246)
Cáin Chorparáide	(974,569)	(935,822)
Dleacht Mháil	(103,206)	(123,141)
Dleachtanna Stampála	(49,272)	(64,860)
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	(70,052)	(63,384)
Cáin Fháltas Caipitiúil	(7,765)	(6,860)
Dleacht Chustaim	(15,201)	(7,381)
	(9,177,659)	(9,137,372)

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 4. Ollfháltais Cánacha agus Dleachtanna

	Ollfháltais	Aisíocaíochtaí	Glanfháltais	
	2008	2008	2008	2007
	€000	€000	€000	€000
Cáin Bhreisluacha	17,991,949	(4,559,883)	13,432,066	14,518,817
Cáin Ioncaim	16,592,722	(3,397,711)	13,195,011	13,582,172
Cáin Chorporáide	6,046,034	(974,569)	5,071,465	6,393,392
Dleacht Mháil	5,702,770	(103,206)	5,599,564	6,003,366
Dleachtanna Stampála	1,812,685	(49,272)	1,763,414	3,244,004
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	1,493,984	(70,052)	1,423,932	3,097,378
Cáin Fháltais Caipitiúil	350,536	(7,765)	342,771	390,623
Dleacht Chustaim	260,383	(15,201)	245,183	272,742
	50,251,063	(9,177,659)	41,073,404	47,502,494

Nóta 5. Cánacha agus Dleachtanna aistrithe chuig an Státhiste

	larmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	Glanfháltais	lomlán Aistrithe Transfers	larmhéid amhail an 31 Nollaig 2008
	€000	€000	€000	€000
Cáin Bhreisluacha	30,070	13,432,066	(13,429,602)	32,533
Cáin Ioncaim	(24,810)	13,195,011	(13,176,857)	(6,657)
Cáin Chorporáide	1,318	5,071,465	(5,065,894)	6,889
Dleacht Mháil	(157,846)	5,599,564	(5,610,943) ^a	(169,225)
Dleachtanna Stampála	(176,793)	1,763,414	(1,650,792)	(64,171)
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	5,503	1,423,932	(1,430,080)	(644)
Cáin Fháltais Caipitiúil	(10,695)	342,771	(331,600)	476
Dleacht Chustaim	4,201	245,183	(248,001)	1,382
	(329,052)	41,073,404	(40,943,769)	(199,417)

a Áirítear sa suim de €5,610,943,000, €167,605,000 a íocadh as na fáltais ón Dleacht Máil ar Thobac chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Alt 3 den Acht Leithreasa Act, 1999, arna leasú ag an Acht Leithreasa, 2005.

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 6. Aistriú Fáltas chuig Ranna/Gníomhaireachtaí Eile

	larmhéid amhail an	Glanfháltais	lomlán	larmhéid amhail an
	1 Eanáir 2008		Aistrithe	31 Nollaig 2008
	€000	€000	€000	€000
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ^a	8,357	9,541,289	(9,542,633)	7,012
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	4,853	166,037	(167,677)	3,214
An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ^b	421	26,279	(26,181)	520
Coimisinéirí Soilse na hÉireann	129	4,306	(4,196)	239
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	218	958	(1,032)	145
An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach) ^c	101	107	(210)	(2)
An Roinn Iompair (Táillí Muirí)	15	3	(15)	3
	14,094	9,738,979	(9,741,943)	11,130

a Tá an tsuim de €9,541,288,595 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €70,990,151

b Tá an tsuim de €26,279,453 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €7,611

c Tá an tsuim de €106,720 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €22,028

Nóta 7. Airgead sa Bhanc agus ar Láimh

	2008	2007
	€000	€000
larmhéid na gCuntas Ioncam sa Bhanc Ceannais	28,038	21,613
Airgead ar Láimh	92,162	18,519
	120,200	40,132

Léiríonn airgead ar láimh suimeanna atá á gcoinneáil i gcuntais na gCoimisinéirí Ioncaim i mbancanna tráchtála ar feitheamh próiseáil a chur i gcrích trí chórais chuntasaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nóta 8. Ioncam Fabhráithe

Léiríonn Ioncam Fabhráithe suimeanna chuí atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim do 2008 áit a bhfuarthas íocaíocht ina leith tar éis dheireadh na bliana. Rinneadh na suimeanna sin a thaifeadú mar suimeanna airgird thirim a fuarthas in 2009.

Nóta 9. Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hIoncam

Bíonn Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hIoncam ann mar thoradh ar nós imeachta cuntasaíochta a fheidhmítear sna dúichí i leith Dleachtanna Custaim agus Máil. Nuair atá easnamh maidir le hairgead a bhailiú mar thoradh ar nithe cosúil le seic atá gan íoc déantar é a líonadh go sealadach leis an meicníocht de "réamhíocaíocht" a tharraingítear ar chuntas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Déantar na "réamhíocaíochtaí" seo a ghlanadh ina dhiaidh sin nuair a fhaightear íocaíocht ón trádálaí.

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 10. Suimeanna Dlíte ó Ranna Rialtais

Nuair a bhíonn dliteanas ann mar thoradh ar Ranna Rialtais a bheith ag iompórtáil earraí, scaoiltear na hearraí gan dleachtanna ná cánacha a íoc láithreach agus gearrtar an tsuim atá dlite ar an Roinn ina dhiaidh sin.

Nóta 11. Suimeanna ar Feitheamh Fáltas agus Leithdháileadh

	2008	2007
	€000	€000
Taiscí Cánacha gan Leithdháileadh	(28,038)	(21,612)
Fáltais Chánach ar feitheamh Aistriú agus Leithdháileadh	(82,872)	(61,998)
Ilgheithreach	(165)	(122)
	(111,075)	(83,732)

Tá Taiscí Cánach gan Leithdháileadh (TCL) déanta suas don chuid is mó d'íocaíochtaí a dhéantar ar chuntas le linn iniúchtaí cánach agus socruithe iniúchta nach bhfuil treoracha cuntasáíochta curtha i gcrích dóibh fós. Dá réir sin, ní féidir na híocaíochtaí a leithdháileadh chuig na ceannuideil chánacha chuí agus coinníonn na Coimisinéirí Ioncam i gcuntas TCL sa Bhanc Ceannais iad.

Nóta 12. Taiscí i Seilbh

	2008	2007
	€000	€000
Stampaí	(76,032)	(160,199)
Bailitheoirí C&E	(6,340)	(25,924)
Bailitheoir AEP	(132,804)	(109,213)
	(215,176)	(295,336)

Léiríonn taiscí i seilbh suimeanna atá íoctha ag cáiníocóirí d'idirbhearta nár próiseáladh trí chórais chuntasáíochta na gCoimisinéirí Ioncaim fós iad.